backwards *adv* (*move, go*) ar gcúl, siar; (*read a list*) droim ar ais; (*walk*) i ndiaidh do chúil, ar lorg do thóna; **to fall backwards** titim i ndiaidh do chúil

backwater *n* (*fig*) iargúil *f*

backyard *n* clós *m1* cúil, cúlchlós *m1*

bacon *n* bagún *m1*, muiceoil *f3*

bacteria *npl* baictéir *mpl*1

bad *adj* olc, dona; (*child*) crosta, dána, dalba; (*mistake, accident etc*) droch-; (*meat, food*) lofa; **his bad leg** a chos thinn or nimhneach; **to go bad** (*meat, food*) cor a theacht i; (*milk*) cor a theacht i, géarú; **to go to the bad** dul chun an donais; **it's not bad** níl cail air

badge *n* suaitheantas *m*1

badger *n* broc *m*1

badly *adv* (*work, dress etc*) go dona, go holc, go hamscaí; **badly wounded** gonta go dona, loite go dona; **he needs it badly** tá sé de dhíth go géar air, teastaíonn sé uaidh go géar

badly off *adj*, *adv* go dona as, i drochdhóigh

badminton *n* badmantan *m*1

badness *n* olcas *m*1, donacht *f*3; (*trait*) olc, mailís; **out of sheer badness** le tréan mioscaise

bad-tempered *adj* colgach, confach

baffle *vt* mearaigh, cuir mearú or mearbhall ar

bag *n* mála *m*4 ♦ *vt* cuir i mála; (*inf: nab*) croch leat; **bags of money** na múrtha airgid

baggage *n* bagáiste *m*4

baggage allowance *n* liúntas *m*1 bagáiste

baggy *adj*: **baggy trousers** briste atá ina mhála; **to have baggy eyes** sprochaillí a bheith faoi na súile agat

bagpipes *npl* píob fsg2 mhór, píob mhála, píoba *fp*2

bail *n* (*payment*) bannaí *mpl*4 ♦ *vt* (*prisoner: also: grant bail to*) lig amach ar bannaí; (*boat: also: bail out*) taosc; **on bail** (*prisoner*) faoi bhannaí, ar bannaí; **to jump bail** bannaí a bhriseadh

► **bail out** *vt* (*prisoner*) téigh i mbannaí ar; *see also* bale

bailiff *n* báille *m*4

bait *n* baoite *m*4 ♦ *vt* cuir suas baoite; (*fig: tease*): **to bait sb** bheith ag spochadh as duine

bake *vt* bácáil, bruith ♦ *vi* bácáil

baked beans *npl* pónairí *fp*4 bruite

baker *n* báicéir *m*3

bakery *n* bácús *m*1, teach *m* báicéireachta

baking *n* báicéireacht *f*3

baking powder *n* púdar *m*1 bácála

balance *n* cothrom *m*1, cóimheá *f*4, cothromaíocht *f*3; (*COMM, sum*) iarmhéid *m*4; (*remainder*) fuilleach *m*1; (*scales*) scálaí *mpl*4, meá *f*4 ♦ *vt* cothromaigh, meáigh; (*budget, account*) comharthaigh; **balance of payments/trade** comhardú na n-íocaíochtaí/na trádála; **to hang in the balance** bheith idir dhá cheann na meá; **she lost her balance** baineadh dá cothrom í

balanced *adj* cothrom; (*judgement etc*) cóir

balance sheet *n* clár *m*1 comhardaithe

balcony *n* balcóin *f*2, grianán *m*1; (*in theatre*) áiléar *m*1

bald *adj* maol, blagadach; (*tyre*) maol; (*statement*) lom; **bald man** blagadán;

bald patch plait, blagaid

balding *adj* sceadach

baldly *adv* go lom, gan fiacail a chur ann

bale *n* burla *m*4, corna *m*4 ♦ *vt* corn

► **bale out** *vi* (*of a plane*) toirléim

baler *n* (*AGR*) burlaire *m*4

ball *n* liathróid *f*2, bál *m*1; (*FOOTBALL*) peil *f*2; (*for hurling*) sliotar *m*1, cnag *m*1; (*of wool, thread, string*) ceirtlín *m*4; (*dance*) bál *m*1; **to play ball (with sb)** (*fig: cooperate*) comhoibriú (le duine)

ballad *n* bailéad *m*1

ballast *n* ballasta *m*4

ball bearings *npl* gráinní *mpl*4 iompair

ballerina *n* bailéiríne *f*4

ballet *n* bailé *m*4

ballet dancer *n* rinceoir *m*3 bailé

balloon *n* balún *m*1; (*in comic strip*) bolgán *m*1

ballot *n* ballóid *f*2

ballot paper *n* páipéar *m*1 ballóide, páipéar vótála

ballplayer *n* (*US*) = football player

ballpoint (pen) *n* badhró *m*4, peann *m*1 gránbhiorach

ballroom *n* bálseomra *m*4

balm *n* íocshláinte *f*4, balsam *m*1

Baltic: the Baltic (Sea) Muir Bhailt

bamboo *n* bambú *m4*

ban *n* cosc *m1*, cros *f2* ♦ *vt* cosc, toirmeasc, cuir cosc ar

banana *n* banana *m4*

band *n* banda *m4*; (*MUS*) banna *m4* or buion *f2* ceoil

▶ **band together** *vi* cruinnigh le chéile

bandage *n* bindealán *m1*, bréid *m4* ♦ *vt* cuir bindealán or bréid ar

Bandaid (*us*) ® *n* plástar *m1*; greimlín *m4*

bandy *vt* (*jokes, insults, ideas*) malartaigh; (*words, fire etc*) tabhair malairt + *gen* dá chéile

bandy-legged *adj* camchosach, camloirgneach, bórach

bang *n* pléasc *f2*; (*of door*) tailm *f2*, plab *m4* ♦ *vt* pléasc; (*door*) dún de phlab, plab

♦ *vi* pléasc ♦ *excl* plimp; **the door closed with a bang** dhún an doras de phlab

bangs (*us*) *npl* (*fringe*) frainse *msg4*

banish *vt* díbir

banister(s) *n(pl)* balastair *mpl1*, ráillí *mpl4* staighre

banjo *n* bainseó *m4*

bank *n* banc *m1*; (*of river, lake*) bruach *m1*; (*of earth*) carnán *m1* ♦ *vi* (*AVIAT*) claon sciathán

▶ **bank on** *vt fus* braith ar, cuir do mhuintín i

bank account *n* cuntas *m1* bainc

bank card *n* cárta *m4* baincéara

banker *n* baincээр *m3*

banker's card *n* = **bank card**

bank holiday *n* lá *m* saoire bainc

banking *n* baincéireacht *f3*

banknote *n* nóta *m4* bainc

bank rate *n* ráta *m4* bainc

bankrupt *adj* féimheach; **he went**

bankrupt breithníodh ina fhéimheach é, briseadh ina ghnó é

bankruptcy *n* féimheacht *f3*

bank statement *n* ráiteas *m1* bainc

banner *n* meirge *m4*, bratach *f2*, fleaiqe *m4*

bannister(s) *n(pl)* = **banister(s)**

banns *npl* fógairt *msg3* pósta

banquet *n* féasta *m4*; **wedding banquet**

bainis *f2*

banshee *n* bean *f* sí

baptise *vt* baist

baptism *n* baisteadh *m*

bar *n* (*also MUS*) barra *m4*; (*pub, counter in pub*) beár *m1*; (*rod: of metal etc: lock*) bolta *m4*, sparra *m4*; (*on window etc*) sparra; (*fig*) bac *m1*, constaic *f2*; (*ban*) cosc *m1*, toirmeasc *m1* ♦ *vt* (*road*) dún; (*door*) sparr, cuir sparra le; (*person, activity*) cuir cosc ar; **bar of soap** barra sópa; **the Bar** (*LAW*) an Barra; **to call sb to the Bar** glaoch chun an bharra ar dhuine; **behind bars** (*prisoner*) faoi ghlas; **bar none** gan aon eisceacht

barbaric *adj* barbartha

barbecue *n* barbaiciú *m4*, fulacht *f3*

barbed wire *n* sreang *f2* dheilgneach

barber *n* bearbóir *m3*

barbiturate *n* barbatúráit *f2*

Barcelona *n* Barcelona *f4*

bar code *n* barrachód *m1*

bare *adj* nocht, lom ♦ *vt* nocht; **the bare necessities** na bunriachtanais

bareback *adv* droimnocht

barefaced *adj* gan náire, mínáireach;

barefaced lie deargbhréag *f2*

barefoot *adj, adv* cosnochta

barely *adv* ar éigean

bargain (*transaction*) margadh *m1*;

(*good buy*) sladchonradh *m*, margadh

maith ♦ *vi* (*haggle*) déan margáil;

(*negotiate*): **to bargain (with sb)** margáil

de dhéanamh (le duine); **into the bargain**

de bharr ar an iomlán

▶ **bargain for** *vt fus*: **he got more than**

he bargained for fuair sé rud nach

ndearna sé margadh air

bargen báirse *m4*; **to barge into** bualadh

or greadadh in éadan + *gen*

▶ **barge in** *vi* (*walk in*) gread isteach, tar

isteach de ruid, siúil romhat isteach;

(*interrupt talk*) bris isteach ar, téigh roimh

bark (*of tree*) coirt *f2*, rúsc *m1*; (*of dog*)

tafann *m1*, glam *f2* ♦ *vi*: **to bark** lig glam

(as), déan tafann, bheith ag tafann or ag

amhastrach; **his bark is worse than his**

bite is measa a ghlam ná a ghreim

barley

barley *n* eorna *f*4barley sugar *n* eornóg *f*2barmaid *n* cailín *m*4 beáir, bean *f* an leannabarman *n* fear *m*1 beáir, fear *m*1 an leannabarn *n* scioból *m*1barometer *n* baraiméadar *m*1baron *n* barún *m*1baroness *n* banbharún *m*1baroque *adj* barócachbarracks *npl* beairic *fsg*2barrage *n* (*MIL*, *dam*) baráiste *m*4; (*fig*) rois *f*2barrel *n* bairille *m*4barren *adj* aimrid, seascbarricade *n* baracáid *f*2 • *vt* cuir baracáid arbarrier *n* bac *m*1, bacainn *f*2; (*fig*: to progress etc) constaic *f*2barring *prep* ach amháinbarrister *n* abhcóide *m*4barrow *n* (*wheelbarrow*) barra *m*4 (rotha)bartender (*US*) *n* freastalaí *m*4 beáirbarter *vt* babhtáil, malartaighbase *n* bun *m*1; (*foundation*) bonn *m*1; (*MIL*) bunáit *f*2 • *vt*: to base sth on rud a bhunú ar • *adj* suarach, táirbaseball *n* baseballbasement *n* íoslach *m*1bash *vt* cnag, buail, gread, bascbashful *adj* cúthail, cotúilbasic *adj* bunúsach, bunaidh, bun-basically *adv* go bunúsach; (*in fact*) is amhlaidh (*go*)basil *n* basal *m*4, lus *m*3 mic ríbasin *n* (*vessel*) mias *f*2; (*GEOG*) imchuach *m*4; (*of river*) abhantrach *f*2; (*also*: washbasin) báisín *m*4, scála *m*4basis *n* bun *m*1, bonn *m*1, bunús *m*1, dúshraith *f*2; on a trial basis ar bhonn trialach; on a part-time basis ar bhonn páirtaimsearthabask *vi*: to bask in the sun bolg le gréin a dhéanamh, gránaíocht a dhéanamhbasket *n* bascaed *m*1, ciseán *m*1, cliabh *m*1basketball *n* cispheil *f*2Basque *adj*, *n* Bascach *m*1; (*UNG*) Bascais*f*2; the Basque country Tír na mBascach
bass *n* (*MUS*) dord *m*1; (*voice*) dordghuth *m*3bassoon *n* (*MUS*) basún *m*1bastard *n* tuilí *m*4, mac *m*1 suirí; (*infl*) bastard *m*1bat *n* buailteoir *m*3, slacán *m*1; (*ZOOL*) sciathán *m*1 leathair • *vt*: he didn't bat an eyelid súil níor chaoch sébatch *n* dol *m*3; (*of turf, eggs, potatoes*) baisc *f*2bated *adj*: with bated breath ar bior, ar bíbath *n* folcadh *m*; (*bathtub*) folcadán *m*1 • *vt* folc; to have a bath tú féin a fholcadh; see also bathsbathe *vi* folc • *vt* (*wound*) nigh, ionnailbathing *n* snámh *m*3bathing costume, (*US*) bathing suit *n* culaith *f*2 shnámabathrobe *n* fallaing *f*2 folcthabathroom *n* seomra *m*4 folcthabaths *npl* (*also*: swimming baths) poll *msg*1 or linn *f*2 snámhabath towel *n* tuáille *m*4 folcthabaton *n* (*MUS*) baitín *m*4; (*club*) bata *m*4, smachtín *m*4batter *vt* gread, batráil • *n* fuidreamh *m*1battered *adj* (*hat, pan*) briste brúite, seanchaitebattery *n* (*ELEC*) cadhnra *m*4, ceallra *m*4battle *n* cath *m*3, briseadh *m* • *vi*: to battle against sth troid in aghaidh ruda, streachailt in éadan rudabattlefield *n* páirc *f*2 an áirbattleship *n* cathlong *f*2baud *n* (*COMPUT*) bád *m*1bawdy *adj* graosta, gáirsiúil, madrúilbawl *vi* béic, lig béic; the child is bawling tá an leanbh ag screadach caintebay *n* (*of sea*) bá *f*4; (*small*) camas *m*1; (*tree*) crann *m*1 labhraís; to hold sb at bay srian a choinneáil ar dhuinebay leaf *n* duilleog *f*2 labhraísbay window *n* fuinneog *f*2 bhá, báfhuinneog *f*2bazaar *n* basár *m*1B.C. *adv abbr* (= before Christ) R.Ch.,

Roimh Chríost

KEYWORD

be *aux vb* 1 (with present participle: forming continuous tenses): **what are you doing?** cad é atá tú a dhéanamh?; **they're coming tomorrow** beidh siad ag teacht amárach; **I've been waiting for you for two hours** tá mé ag fanacht leat le dhá uair an chloig
2 (with *pp*: forming passives): **he was killed** maraíodh é; **he was nowhere to be seen** ní raibh sé le feiceáil thoir ná thiar

3 (in tag questions): **it was fun, wasn't it?** ba mhór an chuideachta or an spraoi é, nár mhór?; **she's back, is she?** tá sí ar ais, an bhfuil?

4 (+ *to + infin*): **the house is to be sold** tá an teach le díol; **he's not to open it** caithfidh sé gan é a oscailt, ná hosclaíodh sé é

• *vb + complement is, bí* 1 (*gen*): **I'm Irish** is Éireannach mé; **I'm tired** tá tuirse orm, tá mé tuirseach; **I'm hot/cold** tá mé fuar/te; **he's a doctor** is dochtúir é; **2 and 2 are 4** a dó is a dó a ceathair

2 (*health*): **how are you?** cad é mar atá tú?, cén chaoi a bhfuil tú?, conas atá tú?; **he's fine now** tá sé go breá anois; **he's very ill** tá sé an-bhreoite

3 (*age*): **how old are you?** cén aois atá agat?; **I'm sixteen (years old)** tá mé sé bliana déag (d'aois)

4 (*cost*): **how much was the meal?** cá mhéad a bhí ar an mbéile?; **that'll be £5, please** cúig phunt, le do thoil

• *vi* 1 (*exist, occur etc*): **the prettiest girl that ever was** an cailín is deise dá raibh riamh ann; **be that as it may** bíodh sin mar atá, bíodh sin amhlaidh nó ná bíodh; **so be it** bíodh amhlaidh

2 (*referring to place*): **I won't be here tomorrow** ní bheidh mé anseo amárach; **Edinburgh is in Scotland** tá Dún Éideann in Albain, is in Albain atá Dún Éideann

3 (*referring to movement*): **where have**

you been? cén áit a raibh tú?

• *impers vb* 1 (*referring to time, distance*): **it's 5 o'clock** tá sé a cúig a chlog; **it's the 28th of April** an t-ochtú lá is fiche de Mhí Aibreán atá ann; **it's 10 km to the town** tá sé deich gceiliméadar chun an bhaile mhóir

2 (*referring to the weather*): **it's too hot/cold** tá sé róthe/rófhuar; **it's windy** tá sé gaofar

3 (*emphatic*): **it's me/the postman** mise atá ann/fear an phoist atá ann

beach *n* trá *f4* • *vt* (*boat*) tabhair rith cladaigh do

beacon (*lighthouse*) solas *m1*; (*marker*) rabhchán *m1*

bead (*decorative*) coirmín *m4*; (*of sweat, blood*) deoir *f2*; **Rosary beads** Paidrín *msg4*, Coróin *fsg* Mhuire

beak *n* gob *m1*

beaker *n* eascra *m4*, corn *m1*

beam (*of wood*) maide *m4*; (*of light*) ga *m4* • *vi* soilsigh, lonraigh; **she was beaming** bhí aoihb an ghéire uirthi

bean *n* pónaire *f4*; **runner/broad bean** pónaire reatha/leathan

beansprouts *npl* spruitíní *mpl4* soighe

bear *n* béar *m1* • *vt* (*carry*) iompair; (*endure*) fulaing • *vi*: **to bear right/left** coinneáil ar dheis/ar chlé

► **bear out** *vt* (*fact*) deimhnigh, cruthaigh

► **bear up** *vi* (*person*) fulaing go cróga

bearable *adj* sofhulaingthe

beard *n* féasóg *f2*; **goat's beard** meigeall *m1*

bearded *adj* féasógach

bearer *n* iompróir *m3*; (*of passport*) sealbhoir *m3*

bearing *n* iompar *m1*, siúl *m1*;

(*connection*) baint *f2*; **bearings** *npl* (*also*:

ball bearings) gráinní *mpl4* iompair; **to take a bearing on** marc a thógáil ar; **he lost his bearings** chuaigh sé ar seachrán

beast *n* ainmhí *m4*, beithíoch *m1*; (*inf: person*) brúid *f2*

beastly *adj* brúidiúil, gránna

beat *n* bualadh *m*; (*mus*) buille *m4*; (*of*

beating

- policeman*) cuairt f2, stádar m1 ♦ vt, vi
buail; **off the beaten track** scoite,
iargúlta; **beat it!** gread leat!
▶ **beat off** vt cuir an ruaig ar
▶ **beat up** vt (*inf*) buail, tabhair greasáil or
léasadh do; (*egg*) buail
beating n bualadh m, greasáil f3, léasadh
m
beautiful adj álainn, scéimhiúil, galánta,
sciamhach
beautifully adv go hálainn, go
scéimhiúil, go sciamhach
beauty n áilleacht f3, scéimh f2; **beauty
products** earraí áillithe; **the beauty of it
is that** is é an chuid is fearr de go;
beauty is in the eye of the beholder
nochtann grá gnaoi
beauty spot n (*TOURISM*) ball m1 áilleachta
beaver n béabhar m1
becalm vt ciúnaigh
becalmed adj ar díth córa
because conj óir, mar, toisc
because of prep mar gheall ar, de bharr +
gen, de thairbhe, de dheasca
beck n: **to be at sb's beck and call**
bheith ar teagrán ag duine; **he's at
your beck and call** níl (agat) ach
sméideadh air, tá sé ar teagrán agat
beckon vt: **beckon** to sméid ar
become vi éirigh; **to become fat/thin**
éirí ramhar/caol; **he became tired/sick**
d'éirigh sé tuirseach/tinn; **he became
afraid** tháinig eagla air; **he became
worse** chuaigh sé chun donachta; **it is
becoming colder** tá sé ag éirí níos
fuaire, tá sé ag dul i bhfuaire; **he
became a priest** rinneadh sagart de; **he
became a Catholic** d'iompaigh sé ina
Chaitliceach; **he became a soldier**
chuaigh sé sna saighdiúirí; **that does
not become you** ní fhóireann sin duit;
what became of him? cad (é) a d'éirigh
dó?
becoming adj (*behaviour*) cuí; (*clothes*)
maisíúil
bed n leaba f; (*of flowers*) ceapach f2; (*of
coal, clay*) scair f2; (*of sea*) grinneall m1;
to make the bed an leaba a chóiriú; **he**

28

beggar

- went to bed** chuaigh sé a luí; **he is in
bed** tá sé ina luí
bed and breakfast n leaba f agus
bricfeasta
bedclothes npl éadaí mpl1 leapa
bedding n córacha fpl3 leapa
bedraggled adj (*person, clothes*)
míshlachtsmhar, gioblach; (*wet hair*) ina
líbíní
bedridden adj cróilí, ag coinneáil na
leapa
bedroom n seomra m4 leapa
bedside n: **at sb's bedside** ag colbha na
leapa ag duine
bedsit(ter) n seomra m4 suí is leapa,
suanlann f2 chónaithe
bedspread n scaraoid f2 leapa
bedtime n am m3 luí
bee n beach f2
beech n fáibhile m4, feá f4
beef n mairteoil f3; **roast beef** mairteoil
rósta
beefburger n martbhorgaire m4
beefy adj toirtiúil, feolmhar, téagartha;
he is beefy tá sé ina mhart
beehive n coirceog f2
beeline n: **to make a beeline for**
tarraingt caol díreach ar
beer n beoir f, leann m3
beet n (*vegetable*) biatas m1; (*us: also: red
beet*) biatas dearg
beetle n ciaróg f2, daol m1
beetroot n meacan m1 biatais, biatas m1
before prep (*in time*) roimh; (*preference*)
thar; (*in space*) os comhair + gen, os
coinne + gen ♦ conj sula ♦ adv ar tosach,
roimhe sin, cheana; **before going** roimh
imeacht; **before she goes** sula n-imíonn
sí; **the week before** an tseachtain
roimhe sin; **I've seen it** before chonaic
mé cheana é
beforehand adv roimh ré
beg vi: **to beg** bheith ag iarraidh na
déirce ♦ vt impigh ar; (*forgiveness, mercy
etc*) agair; (*entreat*) achainigh ar; *see also
pardon*
beggar n bacach m1, fear m1 déirce, bean
f déirce; **beggars can't be choosers** is

buí le bocht an beagán

begin *vt, vi* tosaigh, cuir tús le; **to begin doing** or **to do sth** to sú ar rud a dhéanamh

beginner *n* tosaítheoir *m3*

beginning *n* tús *m1*, tosach *m1*

behalf *n*: **on behalf of sb** (*representing*)

thar ceann duine; **on behalf of** (*for benefit of*) ar son + *gen*; **on my/his behalf** thar mo/a cheann

behave *vi* iompair; (*well*: *also*: **behave o.s.**) tú féin a iompar go maith; **behave yourself** bíodh múineadh ort

behaviour, (*us*) **behavior** *n* iompar *m1*; **good/bad behaviour** dea-/drochiompar *m1*

behead *vt* dícheann, bain an cloigeann de

behind *prep* taobh thiar de, laistiar de, ar chúl + *gen*; (*time, work, studies*) siar, ar deireadh ♦ *adv* thiar, chun deiridh ♦ *n* tóin *f3*; **to be behind** (*schedule*) bheith ar deireadh (leis an obair); **behind the scenes** ar chúl stáitse, ar an gcúlraí

behold *vt* féach (ar), breathnaigh (ar), dearc (ar), amharc (ar)

beige *adj* béas

Beijing *n* Beijing *f4*

being *n* neach *m4*; (*existence*) beith *f2*

Beirut *n* Béarút *m4*

Belarus *n* an Bhilearúis *f2*

belated *adj* deireanach, mall

belch *vi* brúcht ♦ *vt* (*also*: **to belch out**:

smoke etc) bheith ag tonnadh

Belfast *n* Béal *m* Feirste; **Belfast Lough**

Loch *m* Lao

belfry *n* cloigtheach *m*, clogás *m1*

Belgian *adj, n* Beilgeach *m1*

Belgium *n* an Bheilg *f2*

believe *vt* bréagnaigh

belief *n* (*opinion*) barúil *f3*, tuairim *f2*;

(*trust, faith*) creideamh *m1*; **it is my**

belief ... is é mo thuairim ...

believe *vt, vi* creid; **to believe in** (*God, method*) creidiúint *i*; (*ghosts*) tabhairt

isteach do

believer *n* (*REL*) creidmheach *m1*; (*in idea, activity*): **believer in** duine a chuireann a

dhóchas *i*, fear mór/bean mhór + *gen*

belittle *vt* déan a bheag de

bell *n* clog *m1*

belligerent *adj* (*person, attitude*) trodach, bruíonach, achrannach

bellow *vi* (*bull*) búir; (*person*) béic

belly *n* bolg *m1*

belong *vi*: **that belongs to me** is liomsa sin; (*group*): **she belongs to that party** is ball den pháirtí úd *i*; (*place*): **I don't belong to this town** ní as an mbaile seo mé

belongings *npl* giuirleáid *fp12*

beloved *adj* ionúin ♦ *n* muirín *m4*

below *prep* faoi ♦ *adv* thíos, laistíos; **see below** féach thíos; **to go below** dul síos, dul ar íochtar; **from below** aníos

belt *n* crios *m3*, beilt *f2*; (*of land, TECH*) crios ♦ *vt* (*thresh*) buail, tabhair greadadh do, tabhair léasadh do

beltway (*us*) *n* (*AUT, motorway*)

cuarbhóthar *m1*

bemused *adj* trí chéile, trína chéile

bench *n* binse *m4*; **the Bench** (*LAW*) An Binse *m4*

bend *vt* lúb ♦ *vi* lúb, crom ♦ *n* (*in road*) cor *m1*, lúb *f2*; (*in pipe*) lúb; (*in river*) lúb, camas *m1*; **the bends** (*MED*) tinneas *m1* tumadóra

► **bend down** *vi* crom síos

► **bend over** *vi* crom

beneath *prep* (thíos) faoi ♦ *adv* thíos; **it is**

beneath me ní chromfainn air

benefactor *n* pátrún *m1*

beneficial *adj* tairbheach, sochrach;

beneficial to the health tairbheach don tsláinte

benefit *n* sochar *m1*, leas *m3*, tairbhe *f4*;

(*also*: **unemployment benefit**) sochar

dífhostaíochta ♦ *vt* téigh chun sochair do;

it benefited me chuaigh sé chun

sochair dom ♦ *vi* bain sochar as; **I**

benefitted from it bhain mé sochar as;

he used it to his own benefit chuir sé

dá leas féin é or chun tairbhe dó féin é;

for the benefit of mar mhaithe le; **to**

give sb the benefit of the doubt sochar

an amhrais a thabhairt do dhuine

Benelux *n* Benelux *m4*

benevolent

benevolent *adj* dea-mhéineach; a
benevolent society cumann *m1*
carthanach

benign *adj* (*person, smile*) caoin; (*MED*)
neamhainciseach, neamhurchóideach

bent *adj* cam • *n*: **he has a bent for it** tá
claonadh *or* lú aige leis; **he is bent on**
escaping tá rún daingean aige éalú

bequeath *vt* tiomnaigh, fág le huacht

bequest *n* tiomnacht *f3*

bereave *vt* bain de; **an accident**

bereaved him of his father maraíodh a
athair go tubaisteach air; **anger had**
bereft him of speech níor fágadh focal
ann le fearg

bereaved *n*: **the bereaved** muintir *f2* an
mharbhánaigh

beret *n* bairéad *m1*

Berlin *n* Beirlín *f4*

berry *n* caor *f2*

berserk *adj*: **to go berserk** dul ar steallai
mire, dul ar dásacht

berth *n* (*bed*) leaba *f* (loinge); (*for ship*)
leaba ancaire • *vi* (*in harbour*) tar le cé;

(*at anchor*) téigh ar ancaire; **to give sb a**
wide berth an bealach a fhágáil ag duine

besech *vt* agair ar

beset *vt* sáinnigh

beside *prep* in aice (*le*), le hais + *gen*,
taobh le; **that's beside the point** ní
bhaineann sin le hábhar; **he was beside**
himself with anger bhí sé thairis féin le
fearg

besides *adv* le cois, freisin, chomh maith;
(*in any case*) thairis sin, cár bith • *prep*
(*as well as*) seachas, diomaite de, chomh
maith le; **besides which** diomaite de sin,
cé is moite de sin, thairis sin

besiege *vt* (*town*) cuir faoi léigear; (*fig*)
ciap, sáinnigh

best *adj, adv* is fearr; **the best part of** an
mhórchuid de; **at best** ar an chuid is
fearr de; **to make the best of sth** a mhór
a dhéanamh de rud; **to do one's best** do
dhícheall a dhéanamh; **to the best of**
my knowledge ar feadh m'eolais; **to the**
best of my ability a fheabhas agus is
féidir liom, chomh maith agus a thig

30

liom

best man *n* finné *m4* fir, vaidhtéir *m3*

bestow *vt*: **to bestow sth on sb** rud a
bhronnadh ar dhuine

bestseller *n* leabhar *m1* móréilimh

bet *n* geall *m1* • *vt, vi* cuir geall (*ar*); **I bet**
five pounds on a horse chuir mé (geall)

cúig phunt ar chapall; **I'll bet you he**
comes bíodh geall go dtiocfaidh sé

betray *vt* braith, feall ar; (*secret*) sceith;
(*feeling*) taispeáin

betrayal *n* feall *m1*

better *adj, adv* níos fearr • *vt* sáraigh,
feabhsaigh • *n*: **to get the better of** an
lámh in uachtar a fháil ar; **you had**
better do it b'fhearr duit é a dhéanamh;
he thought better of it rinne sé
athchomhairle; **to get better** bisíú, dul i
bhfeabhas

better off *adj* níos fearr as; (*fig*): **you'd**
be better off this way b'fhearr as mar
seo tú

betting *n* geallchur *m1*

betting shop *n* siopa *m4* geallghlacadóra

between *prep* idir • *adv*: (*in*) **between** i
lár báire; **between meals** idir bhéilí;

between Belfast and Dublin idir Béal
Feirste agus Baile Átha Cliath

beverage *n* deoch *f*

bevy (*inf*) *n* deoch *f* • *vi* téigh ag ól

beware *vi* seachain; "beware of the
dog" "seachain an madra"; **beware of**
him fainic thú féin air, bí ar d'fhaichill
air

bewildered *adj* ar mearbhall, trí (*na*)
chéile

beyond *prep* (*in space, time*) ar an taobh
thall (*de*); (*exceeding*) thar, os cionn

• *adv* ansíúd, thall • *n*: **the Beyond** an
taobh thall; **beyond doubt** gan aon
amhras; **it is beyond repair** tá sé ó
chóiriú; **at the back of beyond** ar an
iargúil; **I went beyond my resources**
chuaigh mé thar m'acmhainn; **they are**
beyond my control tá siad ó smacht orm

bias *n* (*prejudice*) claonadh *m*

bias(s)ed *adj* leataobhach, claonta; **he is**
bias(s)ed towards/against women tá sé

bib

claonta i leith/i gcoinne na mban

bib *n* bráidín *m4*

Bible *n* Bíobla *m4*

bicarbonate of soda *n* décharbónáit *f2*
sóide

biceps *n* bicéips *f2*

bicker *vi*: to bicker over sth bheith ag
cnádánacht faoi rud

bickie *n* (*inf*) = biscuit

bicycle *n* rothar *m1*

bid *n* (*at auction etc*) tairiscint *f3*;

(*attempt*) iarraidh *f*, iarracht *f3* • *vi* tairg,
déan tairiscint • *vt* ordaigh do; **he bid**

me good morning bheannaigh sé dom;

he bid me goodbye d'fhág sé slán

agam; **he bid five pounds for it** thairg sé

cúig phunt air; **do as you are bid** déan
mar a iarrtar ort

bidder *n* tairgeoir *m3*; **the highest**

bidder an té a thairgeann an t-airgead is
mó

bidding *n* tairiscint *f3*

bide *vt*: to bide one's time an fhaill a
fhaire, fanacht le cóir

bifocals *npl* défhócasai *mpl1*

big *adj* mór

bigamy *n* biogamacht *f3*, déchéileachas
m1

bigheaded *adj* sotalach, leitheadach; **he**
is bigheaded tá a cheann séidte, tá sé
mór as féin

bigot *n* biogóid *m4*

bigoted *adj* biogóideach

bigotry *n* biogóideacht *f3*

big top *n* ollphuball *m1* sorcais

bike *n* rothar *m1*

bikini *n* bicíní *m4*

bilateral *adj* déthaobhach

bilingual *adj* dátheangach

bill *n* (*also POL*) bille *m4*; (*us: banknote*)
nóta *m4* bainc; (*of bird*) gob *m1*; (*THEAT*):

on the bill ar an gclár; **"post no bills"**

"cros ar fhógráin"; **to fit or fill the bill**

(*fig*) cúis a dhéanamh • *vt*: **to bill sb**

bille a chur chuig duine

billboard *n* clár *m1* fógraí

billet *n* billéad *m1*

billfold (*us*) *n* sparán *m1*

31

billiards *n* billéardaí

billion *n* (*BRIT*) billiún *m1* + *sg*; (*us*) míle
m4 milliún + *sg*

bin *n* araid *f2*; (*also: dustbin*) bosca *m4*
bruscair

binary *adj* dénártha

bind *vt* (*tie*) ceangail, nasc; (*book*)

ceangail; (*oblige*): **to bind sb to do sth**

iallach a chur ar dhuine rud a dhéanamh
• *n* (*nuisance*) crá *m4* croí

binding *adj* (*contract*) ceangailteach

binge (*inf*) *n* ragús *m1* óil, drabhlás *m1*;

to go on a or the binge dul ar an ól or
ar na cannaí

bingo *n* biongó *m4*

binman *n* fear *m1* bruscair

binoculars *npl* déshúiligh *mpl1*

biochemistry *n* bithcheimic *f2*

biodegradable *adj* bith-indighrádaithe

biographer *n* beathaisnéis *m4*

biographic *adj* beathaisnéiseach

biography *n* beathaisnéis *f2*

biological *adj* bitheolaíoch

biological clock *n* clog *m1* bitheolaíoch

biological diversity *n* ilghnéitheacht *f3*

bhitheolaíoch

biology *n* bitheolaíocht *f3*

biorhythm *n* bithrithim *f2*

biotechnology *n* bith-theicneolaíocht *f3*

birch *n* beith *f2*

bird *n* éan *m1*

bird's-eye view *n* radharc *m1* anuas; (*fig*)

léargas *m1* ginearálta

bird-watcher *n* éanfhairtheoir *m3*,

éaneolaí *m4*

Biro® *n* badhró *m4*

birth *n* breith *f2*; **she gave birth to a son**
rugadh mac di; **he's Irish by birth** is

Éireannach ó dhúchas é

birth certificate *n* teastas *m1* beireatais

birth control *n* (*policy*) cosc *m1*

beireatais; (*method*) frithghiniúint *f3*

birthday *n* breithlám, lá *m* breithe • *cpd*

breithlae *n* gen

birthplace *n*: **my birthplace** an áit ar

rugadh mé; (*fig*) *m'*áit *f2* dhúchais

birth rate *n* ráta *m4* beireatais

biscuit *n* (*BRIT*) briosca *m4*; (*us*) toirtín *m4*

bishop *n* (also *CHESS*) easpag *m1*

bit *n* giota *m4*, blúire *m4*, píosa *m4*; (*of tool*) béalmhír *f2*; (*for horse*) béalbhach *f2*; (*COMPUT*) giotán *m1*; **a bit of** píosa *de*, giota *de*; **a bit mad** rud beag ar mire; **a bit tired** rud beag tuirseach; **bit by bit** *de réir a chéile*, diaidh ar ndiaidh, ó ghiota go giota; **every bit as clever as ...** lán chomh cliste le ...

bitch *n* (*dog*) soith *f2*, bitseach *f2*; (*infl*) raicleach *f2*, bitseach (*mná*)

bite *vt*, *vi* bain greim or plaic or sclamh as; (*insect*) cailg • *n* (*insect bite*) cailg *f2*, greim *m3*; (*mouthful*) greim; (*FISHING*) broideadh *m*; **let's have a bite (to eat)** beidh greim bia againn; **to bite one's nails** d'ingne a ithe

bitter *adj* goirt, searbh, gangaideach; (*weather, wind*) nimhneach, feanntach; (*person*) domlasta; (*criticism*) géar, dian, feanntach; (*struggle*) géar • *n* (*beer*) leann *m3* searbh

bitterness *n* searbhás *m1*, gangaid *f2*; nimh *f2* san fheoil; (*taste*) seirbhe *f4*, domlas *m1*

bizarre *adj* ait, aisteach, saoihiúil

blab *vi*: **to blab** bheith ag clabaireacht

black *adj* dubh • *n* (*colour*) dubh *m1*; (*person*): **Black Gormach** *m1*, duine *m4* gorm • *vt* (*IND*) baghcatáil; **to give sb a black eye** súil dhubh a fhágáil ag duine; **to be in the black** (*in credit*) bheith ar thaobh an tsochair; **as black as soot** chomh dubh leis an súiche

blackberry *n* sméar *f2* dhubh

blackbird *n* lon *m1* dubh, céirseach *f2*

blackboard *n* clár *m1* dubh

black coffee *n* caife *m4* dubh

blackcurrant *n* cuirín *m4* dubh

blacken *vt* dubhaigh

black ice *n* oighear *m1* dubh

blackleg *n* cúl *m1* le stailc

blacklist *n* liosta *m4* dubh

blackmail *n* dúmhál *m1* • *vt* cuir faoi dhúmhál, dúmhál

black market *n* margadh *m1* dubh

blackout *n* (*ELEC*) lánmhúchadh *m*; **to have a blackout** (*fainting*) titim i laige,

dul i dtámh or i dtámhnéal • *vi* (*TV etc*) dul as

Black Sea *n*: **the Black Sea** an Mhuir *f3*

Dhubh

black sheep *n* (*fig*) coilíneach *m1*

blacksmith *n* gabha *m4* (dubh)

black spot (*AUT*) *n* ball *m1* báis

bladder *n* lamhnán *m1*; (*football*) scrathóg *f2*

blade *n* (*of weapon*) lann *f2*, faobhar *m1*; (*of oar, hurling stick, shoulder*) bos *f2*;

blade of grass gas *m1* or ribe *m4* féir

blame *n* locht *m3*, milleán *m1* • *vt*: **to blame sb/sth for sth** an locht a chur ar dhuine/ar rud as rud; **who's to blame?** cé air an locht or an milleán?; **he is to blame** eisean is ciontai; **you have only yourself to blame** bí ag éileamh ort féin

blameless *adj* gan locht, neamhlochtach

blancmange *n* bánghlóthach *f2*

bland *adj* (*taste, food*) tur, leamh

blank *adj* bán, folamh; (*look*) folamh,

bómánta • *n* (*space*) bearna *f4*; (*cartridge*)

cartús *m1* caoch; **his mind was a blank**

ní raibh aon smaoineamh ina cheann

blank cheque *n* seic *m4* bán

blanket *n* blaincéad *m1*, pluid *f2*; (*of snow, cloud*) cumhdach *m1*

blare *vi* búir

blaspheme *vi* diamhaslaigh

blast *n* (*of wind*) rois *f2*, soinneán *m1*; (*of explosive*) pléasc *f2* • *vt* pléasc, réab

blastoff *n* (*SPACE*) scaoileadh *m*

blatant *adj* lom-, dearg-; (*clear*) follasach;

a blatant lie deargbhréag

blaze *n* (*fire*) dóiteán *m1*, gléireán *m1*; (*on animal*) scead *f2* • *vi*: **to blaze** (*fire*)

bheith ag bladhmadh; (*sun*) bheith ag

scalladh or spalpadh • *vt*: **to blaze a trail**

(*fig*) ceannródaíocht a dhéanamh

blazer *n* bléasar *m1*

bleach *n* bléitse *m4* • *vt* (*linen etc*)

bánaigh, tuar

bleached *adj* (*hair*) tuartha

bleak *adj* sceirdiúil, deileoir; (*future*)

gruama

bleat *vi*: **to bleat** bheith ag méileach • *n*

(*of sheep*) méileach *f2*; (*of goat*)

meigeallach *f2*

bleed *vt* (MED) bain *or* lig fuil as, déan cuisleoireacht ar • *vi* cuir fuil, fuiligh (ar); **he is bleeding** tá sé ag cur fola; **his nose was bleeding** bhí sé ag cur fuil shróine

bleeper *n* (device) blípire *m4*

blemish *n* ainimh *f2*, máchail *f2*, smál *m1*; (on fruit, reputation) smál • *vt* smálaigh

blend *n* cumasc *m1*, meascán *m1* • *vt* cumaisc, measc • *vi*: **to blend (in)** (colours etc) dul isteach ina chéile, cur le chéile

blender *n* cumascóir *m3*

bless *vt* beannaigh, coisric; **bless you!** (after sneeze) Dia leat!; Dia linn!; **to bless o.s.** tú féin a choisreac

blessing *n* beannacht *f3*, coisreac *m1*; (godsend) tabhartas *m1* Dé, tíolacadh *m6* neamh

blight *vt* smol, mill; **to blight sb's hopes** duine a chur dá dhóchas *or* as a dhóchas

blimey (*inf*) *excl* a thiarcais!

blind *adj* dall, caoch • *n* (for window) dallóg *f2*; **the blind** *npl* na daoine *mpl4* dalla, na dail *mpl1* • *vt* dall, caoch

blind alley *n* clós *m1* caoch

blind corner *n* coirnéal *m1* caoch

blindfold *n* púicín *m4* • *adj*, *adv* faoi phúicín • *vt* cuir púicín ar

blindly *adv* go dall, go haingialta

blindness *n* daille *f4*, caoiche *f4*

blind spot *n* (AUT) caochspota *m4*; **that is her blind spot** (*fig*) sin an rud nach bhfuil ciall ar bith aici dó

blink *vi* (light) preab; **to blink an eye** súil a chaochadh *or* a bhobáil • *n*: **in the blink of an eye** i bhfaiteadh na súl

blinkers *npl* léaróga *fp2*

bliss *n* aoibhneas *m1*

blister *n* (on skin) spuaic *f2*, clog *m1*; (on paintwork, rubber) clog • *vi* (paint) clog; **it blistered** d'éirigh clog air

blizzard *n* síobadh *m* sneachta

bloated *adj* ata, séidte, borrrtha

blob *n* (drop) daba *m4*, braon *m1*; (*daub, lump*) daba *m4*; (*stain*) smál *m1*; (*spot*)

ball *m1*

block *n* bloc *m1*, ceap *m1*; (*in pipes*) bacainn *f2*; (*toy*) bloicín *m4*; (*of buildings*) ceap *m1* • *vt* coisc, cuir bac *or* cosc ar, stop; (*ball*) stop, blocáil; (*fig*) téigh roimh; **mental block** bac intinne

blockade *n* imshuí *m4*

blockage *n* caochaíl *f3*, bac *m1*

block capitals, block letters *npl*

bloclitreacha *fpl*, mórlitreacha *fpl* bloic

block of flats *n* áraslann *f2*, ceap *m1* árasán

bloke (*inf*) *n* diúlach *m1*

blond(e) *adj* fionn, bán • *n* duine *m4* fionn

blood *n* fuil *f*; **to have sth in the blood** (*fig*) rud a bheith sa dúchas agat

blood donor *n* deontóir *m3* fola

blood group *n* fuilghrúpa *m4*

bloodhound *n* cú *m4* fola

bloodless *adj* gan fuil, neamhfholach

blood poisoning *n* nimhiú *m* fola

blood pressure *n* brú *m4* fola

bloodshed *n* ár *m1*, doirteadh *m* fola, fuildoirteadh *m*

bloodshot *adj* sreangach

bloodstream *n* sruth *m3* (na) fola

blood test *n* triail *f* fola

bloodthirsty *adj* fuilchíocrach; **to be**

bloodthirsty mian fola a bheith ort

blood vessel *n* fuileadán *m1*, soitheach *m1* fola

bloody *adj* fuilteach; (*inf!*): **this bloody ...** an mallaithe seo; **bloody**

strong/good damanta láidir/maith

bloody-minded (*inf*) *adj* cadránta, ceanndána

bloom *n* bláth *m3*, snas *m3*, snua *m4* • *vi* tar i mbláth

blossom *n* bláth *m3*, plúr *m1* • *vi* bláthaigh, tar i mbláth

blot *n* smál *m1* • *vt* smálaigh

▶ **blot out** *vt* (memories) cuir as do cheann; (view) folaigh, ceil

blotting paper *n* páipéar *m1* súite

blouse *n* blús *m1*

blow *n* buille *m4* • *vi* (wind) séid; (fuse) dóigh • *vt* séid; (instrument) séid; **to**

blow one's nose do shrón a shéideadh;
to blow a whistle feadóig a shéideadh

► **blow away** vt séid ar shiúl, séid chun siúil

► **blow down** vt séid chun talún

► **blow off** vt séid de, síob de

► **blow out** vt (*fire, flame*) múch, séid amach • vi téigh as

► **blow over** vi siothlaigh

► **blow up** vt séid; (*tyre*) séid, teann, cuir aer i; (*PHOT*) méadaigh • vi pléasc

blowlamp *n* séidlampa *m4*

blowout *n* (*of tyre*) polladh *m*

blowtorch *n* = **blowlamp**

blow-up *n* (*PHOT*) méadú *m*

blue *adj* gorm; (*fig*) graosta, gáirsiúil • *n*:

the blues (*MUS*) na bliúanna *mpl4*, na gormacha *mpl*; **blue joke** scéal (grinn) graosta; **blue movie** scannán pornagrafaíochta; **to come out of the blue** (*fig*) teacht mar a bheadh splanc ann, teacht gan choinne

bluebell *n* cloigín *m4* górm

bluebottle *n* cuil *f2* ghorm

blueprint *n* (*fig*) bunphlean *m4*

bluff *vi*: **he was bluffing** bhí sé ag cur i gcéill • *vt* cuir dallamullóg ar • *n* cur *m1* i gcéill; **to call sb's bluff** tabhairt ar dhuine cur lena chuid cainte

blunder *n* botún *m1*, meancóg *f2* • *vi* déan botún *or* meancóg

blunt *adj* (*person*) giorraisc; (*knife, pencil*) maol

blur *n* dusma *m4* • *vt* smálaigh, doiléirigh

blurb *n* blurba *m4*, achoimre *f4*

bolscaireachta

blurt out *vt* (*reveal*) spalp amach, sceith, lig amach

blush *vi* dearg, las • *n* lasadh *m*, luaisne *f4*;

she blushed las sí san aghaidh

blustery *adj* (*weather*) stamhlai

boar *n* collach *m1*

board *n* clár *m1*, bord *m1*; (*on wall, for chess*) clár; (*cardboard*) cairtchlár *m1*;

(*committee*) coiste *m4*; (*in company*) bord; (*NAUT, AVIAT*): **on board** ar bord • *vt*

(*ship*) téigh ar bord; (*train*) téigh ar;

full/half board lánchothú/leathchothú;

board and lodging bia agus leaba; **which goes by the board** (*fig*) a ligtear ar lár

► **board up** *vt* (*door, window*) dún le cláir

boarder *n* (*SCOL*) scoláire *m4* cónaithe

boarding card *n* = **boarding pass**

boarding house *n* teach *m* lóistín

boarding pass *n* (*AVIAT, NAUT*) cárta *m4* *or* pas *m4* bordála

boarding school *n* scoil *f2* chónaithe

board room *n* seomra *m4* comhairle

boast *vi*: **to boast** (*about or of*) maíomh (as), mórtas a dhéanamh (as), gaisce a dhéanamh (as) • *n* maíomh *m1*, mórtas *m1*, gaisce *m4*

boat *n* bád *m1*; (*small*) coite *m4*

bob *vi* (*boat, cork, on water*: also: **bob up and down**) damhsaigh

bobby (*inf*) *n* póilín *m4*

bobsleigh *n* carr *m1* sleamhnáin

bode *vi*: **it bodes well/ill for the future** is maith/ní maith an tuar é don am atá le ,teacht

bodily *adj* corpartha • *adv*: **Seán was thrown out bodily** caitheadh Seán amach idir chorp is chleiteacha; **bodily strength** neart coirp

body *n* corp *m1*, colainn *f2*; (*dead*) corp, corpán *m1*, marbhán *m1*; (*of car, plane*) cabhail *f*; (*fig: society*) comhlacht *m3*; (*of wine*) tathag *m1*; **body odour** (*B.O.*)

boladh *m1* coirp

body building *n* corpdhéanamh *m1*

body clock *n* clog *m1* an choirp

bodyguard *n* garda *m4* cosanta

body stocking *n* stoca *m4* cabhlach

bodywork *n* cabhalra *m4*

bog *n* portach *m1*, caorán *m1* • *vt*: **to get**

bogged down (*fig*) dul in abar

bogus *adj* bréagach; **bogus company** comhlacht *m3* bréige

boil *vt, vi* beirigh, fiuch, bruith • *n* (*MED*) neascóid *f2*; **to come to the boil**, **to come to a boil** (*US*) tosú ag fiuchadh,

tosú ag gail; **to bring to the boil** *gal* *or* fiuchadh a bhaint as; **his blood was boiling** bhí a chuid fola ag coipeadh

► **boil down to** *vt* *fus* (*fig*): **it boils down**

boiled egg

- to is é bun agus barr an scéil**
► **boil over** *vi* téigh thar maoil
boiled egg *n* ubh *f2* bhruite
boiled potatoes *npl* prátaí *mpl4* bruite
boiler *n* coire *m4*, gaileadán *m1*
boiling point *n* pointe *m4* fiuchta
boisterous *adj* gleoiréiseach, spleodrach, callánach
bold *adj* dána, dalba, neamheaglach; (*pej*: *cheeky*) crosta, soibealta; (*clear and distinct*) glan soiléir; (*print*) trom
Bolivia *n* an Bholáiv *f2*
bollard *n* (AUT) mullard *m1*
bolster *vt*: **bolster up** neartaigh le, tacaigh le
bolt *n* (lock) bolta *m4*, sparra *m4*; (*with nut*) bolta • *adv*: **bolt upright** ina cholgshéasamh • *vt* boltáil, cuir bolta *or* sparra ar; (*TECH*: *also*: **bolt on, bolt together**) boltáil; (*food*) alp, slog, pulc • *vi*: **the horse bolted** d'ímhig an capall chun scaoil; **he bolted** d'ímhig sé de sciótán, thug sé do na boinn é; **bolt of lightning** splanc thintrí
bomb *n* buama *m4*, pléascán *m1* • *vt* buamáil
bomb disposal unit *n* aonad *m1* diúscartha buamáí
bomber *n* (AVIAT) buamadóir *m3*
bombing *n* buamáil *f3*
bombshell *n* (*fig*): **it came like a bombshell** to us bhí sé mar a thitfeadh splanc orainn
bona fide *adj* (*traveller*) bona fide, iontaofa
bond *n* cuibhreach *m1*, ceangal *m1*; (*binding promise*) gealltanas *m1*, conradh *m*; (*COMM*) banna *m4*; **in bond** (*of goods*) faoi bhanna
bondage *n* braighdeanas *m1*; **to keep sb in bondage** duine a choinneáil i ngeimhle
bone *n* cnámh *f2* • *vt* bain na cnámha as, díchnámhaigh
bonfire *n* tine *f4* chnámh
bonnet *n* boinead *m1*
bonus *n* bónas *m1* • *adj* breise *n* gen;
bonus number uimhir bhreise

35

border

- bony** *adj* cnámhach
boo *excl* bú • *vt*: **to boo sb** faíreach a dhéanamh faoi dhuine
booby trap *n* bobghaiste *m4*
book *n* leabhar *m1*; (*of stamps, tickets*) leabhrán *m1* • *vt* (*ticket, seat, room*) cuir in áirithe; (*football player*) glac ainm, cuir sa leabhar; **books** *npl* (*accounts*) leabhair *mpl1* chuntas
bookcase *n* prios *m3* leabhar, leabhragán *m1*
booking office *n* oifig *f2* ticéad
book-keeping *n* cuntasóireacht *f3*, leabharchoimeád *m*
booklet *n* leabhrán *m1*
bookmaker *n* geallghlacadóir *m3*
bookseller *n* díoltóir *m3* leabhar
bookshop, bookstore *n* siopa *m4* leabhar
bookstall *n* stalla *m4* leabhar
boom *n* tormán *m1*, búireach *f2*; (*in prices, population*) borradh *m* • *vi*: **to boom** bheith ag búireach; (*prices etc*) bheith ag borradh
boon *n* buntáiste *m4*; (*from God*) logha *m4*
boost *n* méadú *m*, spreagadh *m* • *vt* treisigh, méadaigh, tabhair uchtach (*do*); **to boost the power** an chumhacht a mhéadú
booster *n* (MED) treiseoir *m3*
boot *n* bróg *f2* mhór, buatais *f2*; (*for football etc*) bróg pheile; (*of car*) cófra *m4* • *vt* (COMPUT) tosaigh; **to boot** (*in addition*) de bhabhta leis, chomh maith, lena chois
booth *n* (*at fair*) stáinín *m4*; (*telephone etc*) both *f3*; (*also*: **voting booth**) both vótála
booty *n* creach *f2*, éadail *f3*
booze (*inf*) *n* an braon *m1* crua, biotáille *f4* • *vi* déan pótaireacht *or* póit; **to be on the booze** bheith ar an ól, bheith ar na cannaí
border *n* ciumhais *f2*, teorainn *f*, imeall *m1*; (*of a country*) teorainn, críoch *f2* • *vt*: **to border (on)** (*country*) bheith ag críochantacht (*le*) • *n*: **the Border** (IRL: GEOG) An Teorainn; **border road** bóthar

teorainn; **to cross the border** dul thar an teorainn

► **border on** *vt fus*: **it borders on my land** tá sé ag críochantacht liom, tá sé sa chríoch agam; **it's bordering on a hundred pounds** tá suas le céad punt ann, tá sé ag bordáil ar chéad punt

borderline *n (fig)* teorainn *f*

bore *vt (hole)* poll, toll; (*oil well, tunnel*)

toll; (*person*) tuirsigh, cráigh • *n* leadránaí *m4*, liostachán *m1*; (*of gun*) cró *m4*; **to be bored** bheith dubh dóite; **he's such a bore!** a leithéid de strambánaí!

boredom *n* leamhthuirse *f4*

boring *adj* leadránach, tuirsíúil; **a boring story** strambán

born *adj*: **to be born** teacht ar an saol; **when were you born?** cén bhliain a rugadh tú?; **I was born in 1981** rugadh i 1981 mé

borough *n* buirg *f2*

borrow *vt*: **to borrow sth (from sb)** rud a fháil ar iasacht (ó dhuine)

Bosnia *n* Boisnia *f4*

boss *n* brollach *m1*, cliabh *m1*, ucht *m3* **boss** *n* saoisite *m4*, máistir *m4*, maor *m1* • *vt*: **to boss sb (around or about)**

barrastóireacht *or* saoißtíocht a dhéanamh ar dhuine

bossy *adj* tiarnúil

Boston *n* Bostún *m1*

bosun *n* bósan *m1*

botanical *adj* luibheolaíoch

botany *n* luibheolaíocht *f3*

botch *vt (also: botch up)* déan praiseach de

both *adj* araon • *pron*: **both (of them)** (s)iad beirt; **both of us went, we both went** chuaigh an bheirt againn; **both of you** sibh araon, an bheirt agaibh; **both (of) the books** an dá leabhar; **both men and women** idir fhir agus mhná

bother *vt (worry)* cráigh, clip, buair; (*disturb*) cuir as do • *vi*: **to bother (o.s.)** an stró a chur ort féin, bacadh le • *n* crá *m4*, buairt *f3*; **it is a real bother** is mór an crá croí é; **it's no bother** ní stró ar bith é; **to bother doing sth** bacadh le

rud a dhéanamh, an saothar a chur ort
rud a dhéanamh; **don't be bothering me** ná bí do mo chrá

bottle *n* buidéal *m1* • *vt*: **to bottle sth** rud a chur i mbuidéal, rud a bhuidéalú

► **bottle up** *vt (emotion)* brúigh fút

bottle bank *n* gabhdán *m1* buidéal

bottleneck *n* caolas *m1*, scrogall *m1*, scroig *f2*

bottle-opener *n* osclóir *m3* buidéal

bottom *n (of container etc)* bun *m1*, íochtar *m1*; (*of sea, lake*) grinneall *m1*, íochtar; (*buttocks*) tóin *f3*; (*of page, list*) bun • *adj* bun-; **the bottom of the class** bun an ranga

bottomless *adj (funds)* gan teorainn, gan deireadh

bough *n* craobh *f2*, géag *f2*

boulder *n* bollán *m1*, moghlaeir *m3*

bounce *vi (ball)* preab, bocáil, léim; (*cheque*) preab • *vt* preab • *n (rebound)* preab *f2*

bouncer (*inf*) *n (at dance, club)* fear *m1* (an) dorais

bound *n (gen pl)* teorainn *f*; (*leap*) léim *f2*, abhóg *f2* • *vi (leap)* léim, preab • *vt (limit)* teorannaigh • *adj*: **to be bound**

to do sth (obliged) é a bheith mar oibleagáid ort rud a dhéanamh, ceangal a bheith ort rud a dhéanamh; **it's bound to happen (likely)** is cinnte go dtarlóidh sé; **to be bound by (law, regulation)** iallach + *gen* a bheith ort; **to be bound for ...** bheith ag triall ar ...; **out of bounds** toirmisce; (*SPORT*) thar teorainn

boundary *n* teorainn *f*

boundless *adj* gan teorainn

bouquet *n* crobhaing *f2*; (*of wine*) cumhracht *f3*

bout *n* dreas *m3*; (*of malaria etc*) ráig *f2*, taom *m3*; (*BOXING etc*) babhta *m4*

bow¹ *n (ribbon)* cuach *f2*, cuan *m1*, cuachóg *f2*; (*weapon, MUS*) bogha *m4*

bow² *n (with body)* umhlú *m*; (*NAUT: also: bows*) tosach *m1* *or* ceann *m1* báid • *vi* sléacht, umhlaigh; (*yield*): **to bow to** *or* **before** géilleadh do

bowels *npl* inní *mpl4*, ionathar *msg1*

bowl *n* (for eating) babhla *m4*, cuach *m4*
 ♦ *vi* (CRICKET, BASEBALL) babhláil; **bowls**
 (SPORT) bollaí *mpl4*

bowler *n* (CRICKET, BASEBALL) babhlálaí *m4*;
 (also: **bowler hat**) babhlaer *m1*

bowling *n* (game) bollaí *mpl4*

bowling green *n* faiche *f4* bollaí

bow tie *n* carbhat *m1* cuachóige

box *n* (also THEAT) bosca *m4*; (large) cófra
m4 ♦ *vt* cuir i mbosca; (SPORT) dornáil ♦ *vi*
 dornáil; **cardboard box** bosca cairtchláir

boxer *n* (fighter) dornálaí *m4*

boxing *n* dornálaíocht *f3*

Boxing Day *n* Lá *m* Fhéile Stiofáin

boxing gloves *npl* lámhainní *fp2* dornála

boxing ring *n* cró *m4* dornálaíochta

box office *n* oifig *f2* ticéad

boxroom *n* seomra *m4* bagáiste

boy *n* buachaill *m3*, gasúr *m1*, garsún *m1*;
 (young man) stócach *m1*

boycott *n* baghat *m1* ♦ *vt* baghatáil

boyfriend *n* stócach *m1*, buachaill *m3*

boyish *adj* (behaviour, looks) óigeanta; a
boyish girl cailín báire

bra *n* cíochbheart *m1*

brace *n* (on teeth) cuing *f2*, teanntán *m1*;
 (tool) bíomal *m1* ♦ *vt* (knees, shoulders)
 teann; **braces** *npl* (for trousers) guailleáin
mpl1, gealasacha *mpl1*; **to brace o.s.** tú
 féin a chur i dtaca; (*fig*) tú féin a chur
 faoi réir

bracelet *n* bráisléad *m1*

bracing *adj* folláin

bracken *n* raithneach *f2*

bracket *n* (TECH) brac *m1*; (group) aicme *f4*;
 (also: **brace bracket**) cuing *f2*; (also:
 round/square bracket) lúbín *m4*
 cruinn/cearnach ♦ *vt* cuir idir lúbíní;
 (*fig*: also: **bracket together**) cuir ar aon
 chéim; **tax bracket** réim *f2* chánach

brag *vi* déan mórtas

braid *n* (trimming) bréad *m1*, órshnáithe
m4; (*of hair*) dual *m1*, trlseán *m1*

brain *n* inchinn *f2*; **brains** *npl* (intellect)
 eagna *fs4* chinn; **he's got brains** tá
 éirim ann, tá eagna chinn aige

brainwash *vt* déan síolteagasc ar

brainy *adj* intleachtach, éirimiúil

braise *vt* galstobh

brake *n* (on vehicle, also *fig*) coscán *m1*
 ♦ *vi*: **to brake** na coscáin a theannadh

brake fluid *n* sreabhán *m1* coscán

brake light *n* solas *m1* coscán

bran *n* bran *m4*

branch *n* craobh *f2*, géag *f2*; (*of river*,
road) gabhal *m1*, géag, brainse *m4*;
 (COMM) brainse, gasra *m4* ♦ *vi* (*road*: also:
to branch off from) imeacht ó, géagú ó

brand *n* branda *m4*, marc *m1* ♦ *vt* (cattle)
 brandáil

brand-new *adj* úmua

brandy *n* branda *m4*

brash *adj* sotalach, teanntásach

brass *n* práis *m1*

brass band *n* banna *m4* práis

brassiere *n* cíochbheart *m1*

brat (*pej*) *n* sotalaire *m4*, dailtín *m4*

brave *adj* cróga, calma ♦ *n* laoch *m1*
 Indiach ♦ *vt* tabhair aghaidh ar, tabhair
 dúshlán + *gen*

bravery *n* crógacht *f3*, calmacht *f3*

brawl *n* maicín *m4*, racán *m1*

brawn *n* (strength) arrachtas *m1*; (meat)
 toirceoil *f3*

bray *vi* bheith ag grágáil

brazen *adj* prásach, dána ♦ *vt*: **to brazen**
it out aghaidh dhána a chur ort féin

Brazil *n* ciseán *m1* tine

Brazilian *adj*, *n* Brasaíleach *m1*

breach *vt* bearnaigh ♦ *n* (gap) bearna *f4*;
 (breaking): **breach of contract** sárú *m*
 conartha; **breach of the peace** breiseadh
 na síochána

bread *n* arán *m1*; **bread and butter** arán
 agus im *m*; (*fig*) cothú *m*, slí *f4* beatha

breadbin, **bread box** (*us*) *n* bosca *m4*
 aráin

breadcrumbs *npl* grabhróga *fp2* aráin

headline *n*: **he is on the headline** níl
 aige ach ón lámh go dtí an béal

breadth *n* fairsinge *f4*, leithead *m1*

breadwinner *n* saothraí *m4*

break *vt* bris; (*promise*) bris; (*law*) sáraigh,
 bris ♦ *vi* bris; (*weather*) claochlaigh, bris;
 (*story, news*) sceith; (*day*) bánaigh ♦ *n*

breakable

(*gap*) bearna *f4*; (*fracture*) briseadh *m*; (*pause, interval*) scíth *f2*, sos *m3*; (*at school*) am *m3* sosa; (*chance*) deis *f2*, faill *f2*; **to break one's leg** do chos a bhriseadh; **to break a record** curriarracht a bhriseadh; **to break the news to sb** an drochscéal a ligean le duine; **to break even** gan gnóthú ná cailleadh; **to break free or loose** éalú; **to break open** (*door etc*) briseadh

- ▶ **break down** *vt* (*figures, data*) miondealaigh • *vi*: **his health broke down** bhris ar a shláinte; **the car broke down** chlis an carr, bhris an carr anuas
- ▶ **break in** *vt* (*horse etc*) bris • *vi* (*burglar*) bris isteach; (*interrupt*): **to break in on sb** briseadh isteach ar dhuine
- ▶ **break into** *vt fus* (*house*) bris isteach i
- ▶ **break off** *vi* (*speaker*) stad; (*branch*) scoith
- ▶ **break out** *vi* bris amach; (*war*) tosaigh; (*prisoner*) éalaigh; **to break out in spots or a rash** baill or gríos a theacht ort
- ▶ **break up** *vi* (*ship*) tit as a chéile, scoir; (*crowd*) scaip; (*scol, meeting*) scoir; (*marriage*) clis (ar), scoir • *vt* bris ina pháis; (*fight etc*) réitigh

breakable *adj* briosc, sobhriste

breakage *n* briseadh *m*

breakdown *n* (*AUT, fig*) cliseadh *m*; (*of statistics*) anailís *f2*, miondealú *m*;

nervous breakdown (*MED*) cliseadh néarógach

breakers *npl* maidhmeanna *fp2*,

bristeacha *mpl*

breakfast *n* bricfeasta *m4*

break-in *n* briseadh *m* isteach

breakthrough *n* céim *f2* (mhór) ar aghaidh

breakwater *n* tonnchosc *m1*

breast *n* (*of woman*) cíoch *f2*, brollach *m1*; **breast of chicken** brollach sicín

breast-feed *vt, vi* tabhair an chíoch do

breaststroke *n* bang *m3* brollaigh

breath *n* anáil *f3*; **out of breath** rite as anáil, píopáilte

Breathalyser ® *n* anáilíseoir *m3*

breathe *vt, vi* tarraing anáil, análaigh

38

brilliance

▶ **breathe in** *vi* tarraing d'anáil isteach

• *vt* ionanálaigh

▶ **breathe out** *vi* cuir d'anáil amach • *vt* easanálaigh

breather (*inf*) *n* scíth *f2*, sos *m3*

breathing *n* anáil *m*

breathing space *n* faoiseamh *m1*, faill *f2* chun d'anáil a tharraingt

breathless *adj* séidte, as anáil

breathtaking *adj* iontach, millteanach; **it was breathtaking** bhain sé an anáil díom

breed *vt, vi* póraigh, síolraigh • *n* pór *m1*, sliocht *m3*

breeding *n* (*upbringing*) tógáil *f3*, múineadh *m*

breeze *n* leoithe *f4*, feothan *m1*

breezy *adj* gaofar

Breton *adj, n* Briotánach *m1*

brevity *n* gontacht *f3*, achomaireacht *f3*

brew *vt* (*tea*) déan; (*beer*) grúdaigh • *vi* (*storm*) bheith ag cruinniú

brewery *n* grúdlann *f2*

bribe *n* breab *f2* • *vt* breab, ceannaigh

bribery *n* breabaireacht *f3*

brick *n* bríce *m4*

bricklayer *n* bríceadóir *m3*

bridal *adj* bainise *n gen*

bride *n* brídeach *f2*

bridegroom *n* grúm *m1*

bridesmaid *n* cailín *m4* coimhdeachta

bridge *n* droichead *m1*; (*of nose*) caol *m1* na sróine; (*CARDS*) beiriste *m4* • *vt* (*fig: gap, gulf*) líon

bridle *n* srian *m1*, aráí *f*

brief *adj* achomair, gairid • *n* (*guidelines*)

treoir *f*; (*LAW*) mionteagasc *m1* • *vt* cuir ar an eolas; **briefs** *npl* (*undergarment*)

fobhríste *msg4*, brístín *msg4*

briefcase *n* mála *m4* cáipéisí

briefly *adv* i mbeagán focal, go hachomair

bright *adj* geal, glé; (*clever*) cliste,

éirimíúil; (*cheerful*) gealgháireach; **a**

bright idea smaoinreamh maith

brighten (*also: brighten up*) *vt* geal, cuir

beocht i • *vi*: **the weather is**

brightening up tá sé ag gealadh; **she**

brightened up tháinig aobh uirthi

brilliance *n* niamh *f2*, loinnir *f*,

brilliant

laomthacht f3

brilliant *adj* lonrach; (*great*) ar dóigh, iontach

brim *n* béal m1; (*of hat*) duilleog f2

brine *n* (CULIN) sáile m4

bring *vt* tabhair leat, beir leat

► **bring about** *vt*: it was he who brought it about ba é ba chúis leis, ba é faoi deara é

► **bring back** *vt* tabhair ar ais

► **bring down** *vt* (*price*) ísligh, laghdaigh; (*enemy plane*) leag; (*government*) bris

► **bring forward** *vt* tabhair chun tosaigh

► **bring off** *vt* (*task, plan*) cuir i gcrích

► **bring out** *vt* (*meaning*) léirigh; (*book*) foilsigh; (*object*) cuir ar an margadh

► **bring round, bring to** *vt* (*revive*): to bring sb round or to duine a thabhairt chuige féin

► **bring up** *vt* (*child*) tóg; (*carry up*) tabhair suas; (*question*) cuir i dtreis, tarraing ort; (*food: vomit*) urlaic, aisig, cuir amach; she was brought up in Ireland tógadh in Éirinn í

brink *n* bruach m1; on the brink of ar bhruach, ar tí; on the brink of war ar bhruach cogaidh

brinkmanship *n* bruachaireacht f3

brisk *adj* briosc, bíogúil

bristle *n* guaire m4, colg m1 ♦ *vi*: he bristled with anger d'éirigh colg feirge air

Brit (*inf*) *n* Gall m1, Sasanach m1

Britain *n* (also: Great Britain) an Bhreatain f2 Mhór

British *adj* Briotanach ♦ *npl*: the British na Briotanaigh *mpl*1

British Isles *npl*: the British Isles na hOileáin *mpl*1 Bhriotanacha, Oileáin Iarthair Eorpa

Briton *n* Briotanach m1

Brittany *n* an Bhriotáin f2

brittle *adj* sobhriste, briosc

broach *vt* (*subject*) tabhair chun cinn, tarraing ort

broad *adj* leitheadach, leathan; (*distinction*) ginearálta; (*accent*) láidir; in broad daylight i lár an lae ghil

39

broadcast *n* craoladh m, craobhscaoileadh m ♦ *vt, vi* craol, craobhscaoil

broadcasting *n* craolachán m1, scaipeadh m

broaden *vt* fairsingigh, leathnaigh ♦ *vi* leath; to broaden one's mind d'intinn a fhairsingiú

broadly *adv* go ginearálta

broad-minded *adj* leathanaigeanta

broccoli *n* brocaillí m4

brochure *n* bróisiúr m1

broil *vt* (CULIN) gríos

broke *adj* (*inf*) briste, sportha, creachta

broken *adj* briste; (also: broken down) as gléas; in broken English/French i mBéarla briste/i bhFraincis bhriste;

broken leg cos bhriste

brokenhearted *adj* croíbhriste

broker *n* bróicéir m3

broly (*inf*) *n* scáth m3 fearhainne

bronchitis *n* brinccíteas m1

bronze *n* umha m4, cré-umha m4

brooch *n* dealg f2, bróiste m4

brood *n* ál m1 ♦ *vi*: to brood over sth gor a dhéanamh ar rud

broom *n* scuab f2; (BOT) giolcach f2 shléibhe

broomstick *n* crann m1 scaibe

broth *n* brat m1, anraith m4

brothel *n* drúthlann f2, teach m striapachais

brother *n* deartháir m; (REL) bráthair m;

Brother Patrick an Bráthair Pádraig

brother-in-law *n* deartháir m céile

brow *n* (forehead) clár m1 an éadain; (eyebrow) mala f4, fabhra m4; (of hill) grua f4

brown *adj* donn; (tanned) crón, donn ♦ *n* (colour) donn m1 ♦ *vt* (CULIN) donnaigh

brown bread *n* aran m1 donn

Brownies *npl* (also: Brownie Guides)

Bridíní *pl*

brown paper *n* páipéar m1 donn

brown sugar *n* siúcra m4 donn

browse *vi* (among books) bheith ag caitheamh do shúile thar; (in field) bheith ag creimeadh or ag iniór; to

browse

bruisse through a book
measpléachadh a thabhairt ar leabhar

bruisse *n* brú *m4*, ball *m1* gorm • *vt* brúigh

brunette *n* cailín *m4* donn

brunt *n*: the brunt of (*attack, criticism etc*) meáchan + *gen*

brush *n* scuab *f2*; (*for painting*) cleiteán *m1*; (*for shaving*) scauibín *m4*; (*quarrel*) imreas *m1*, teagmháil *f3* (bheag) • *vt* scuab; (*also: brush against*) cuimil de, teagmhaigh le

► **brush aside** *vt* déan a bheag de

► **brush up** *vt* (*knowledge*) bain an mheirg de; **to brush up on sth** athstaidéar a dhéanamh ar rud

brushwood *n* scrobarnach *f2*

Brussels *n* an Bhruiséil *f2*

Brussels sprout *n* bachlóg *f2* Bhruiséile

brutal *adj* brúidiúil

brute *n* brúid *f2* • *adj*: by brute force le tréan urra

bubble *n* boilgeog *f2*, bolgán *m1*, súil *f2*
• *vi* bheith ag boilgearnach; **to bubble with joy** cluaisíní croí a bheith ort

bubble bath *n* folcadh *m* sobalach

bubble gum *n* guma *m4* coganta

buck *n* poc *m1*, boc *m1*; (*us: inf*) dollar *m1*
• *vi* rad; **to pass the buck (to sb)** an fhreagairt a fhágáil uait (*chuig duine*)

► **buck up** *vi* (*cheer up*) croith suas tú féin

bucket *n* buicéad *m1*

buckle *n* búcla *m4* • *vt* (*belt etc*) búcla • *vi* (*warp*) lúb, cam

bud *n* bachlóg *f2* • *vi* bachlaigh, sceith

Buddhism *n* Búdachas *m1*

Buddhist *n* Búdaí *m4* • *adj* Búdaíoch

budding *adj* (*poet etc*) atá ag teacht i gcrann

buddy (*us*) *n* compánach *m1*

budge *vt* bog, corraigh; (*fig: person*) bain feacadh as • *vi* corraigh, bog

budgerigar *n* budragár *m1*

budget *n* buiséad *m1*, cáinainéis *f2* • *vi*: **to budget for sth** buiséad le haghaidh + *gen*

budgie *n* = budgerigar

buff *adj* donnbhú • *n* (*inf: enthusiast*) móidín *m4*; a film buff saineolaí

scannánaíochta

buffalo *n* buabhall *m1*

buffer *n* (*also COMPUT*) maolaire *m4*

buffet¹ *vt* tuairteáil

buffet² *n* (*bar*) cuntar *m1* bia; (*food*) buifé *m4*

buffet car *n* (*RAIL*) carráiste *m4* bia

bug *n* feithid *f2*; (*fig: germ*) frid *f2*; (: *spy device*) gaireas *m1* cúléisteachta; (*COMPUT*) fabht *m4* • *vt* (*inf: annoy*) cráigh, ciap

bugle *n* stoc *m1*, buabhall *m1*

build *n* (*of person*) déanamh *m1* • *vt* tóg, déan

► **build up** *vt* carn, méadaigh, neartaigh

builder *n* tógálaí *m4*, foirgneoir *m3*

building *n* (*trade*) foirgníocht *f3*; (*house, structure*) foirgneamh *m1*

building society *n* cumann *m1* foirgníochta

built-in *adj* (*cupboard, oven*) ionsuite; (*device*) inlonnaithe

built-up area *n* limistéar *m1* faoi fhoirgnimh

bulb *n* (*ELEC*) bolgán *m1*, bulba *m4*; (*BOT*) bleib *f2*

Bulgaria *n* an Bhulgáir *f2*

Bulgarian *adj*, *n* Bulgárach *m1* • *n* (*LING*) Bulgáiris *f2*

bulge *n* boilsc *f2* • *vi* (*pocket, file etc*) boilsigh; (*cheeks*) séid

bulk *n* téagar *m1*, toirt *f2*, bulc *m1*; **in bulk** (*COMM*) ar an mórchóir; **the bulk of ...** an mhórchuid de ...

bulky *adj* toirtiúil, téagartha

bull *n* tarbh *m1*; (*male whale*) míol *m1* mór fireann; (*male elephant*) eilifint *f2* fhireann

bulldog *n* bulladóir *m3*, tarbhghadhar *m1*

bulldoze *vt* réitigh le hollscartaire

bulldozer *n* ollscartaire *m4*

bullet *n* piléar *m1*

bulletin *n* bileog *f2* nuachta; (*TV, RADIO, news bulletin*) feasachán *m1*

bulletproof *adj* piléardhíonach

bullfight *n* tarbhchomhrac *m1*

bullfighter *n* tarbhchomhraiceoir *m3*

bullfighting *n* tarbhchomhrac *m1*

bullion *n* builleán *m1*

bullock

bullock *n* bológ *f2*, bullán *m1*

bullring *n* cró *m4* tarbhchomhraic

bull's-eye *n* súil *f2* sprice

bully *n* bulaí *m4* ♦ *vt*: to **bully sb** bheith ag maistíneacht ar dhuine

bum *n* (*inf*: *backside*) geadán *m1*, tóin *f3*; (*esp* *us*: *tramp*) geocach *m1*, fánaí *m4*, ráigí *m4*

► **bum around** *vi*: to **bum around** bheith ag fánaíocht or ag ráigíocht

bumblebee *n* bumbóg *f2*

bump *n* (*swelling*) cnapán *m1*; (*in car*: *minor accident*) tuairt *f2*; (*jolt*) croitheadh *m*; (*on road etc, on head*) uchtóg *f2* ♦ *vt* buail, gread, tuairteáil

► **bump into** *vt* *fus* buail in éadan + *gen*; (*meet*) buail le; I **bumped into Sean** casadh Seán orm

bumper *n* cosantóir *m3*, maolaire *m4*

♦ *adj* (*edition*) móir; **bumper**

crop/harvest barr/fómhar den scoth

bumpy *adj* tuairteálach, cnapánach, corrach

bun *n* borróg *f2*; (*in hair*) cocán *m1*

bunch *n* (*of flowers*) dos *m1*, scoth *f3*, triopall *m1*; (*of keys*) cloigin *m4*; (*of bananas*) dornán *m1*; (*of people*) baiclé *f4*, drong *f2*; **bunches** *npl* (*in hair*) snaidhmeanna *fp12*; **bunch of grapes** triopall caor fíniúna

bundle *n* burla *m4*, beart *m1*; (*of paper*) cual *m1* ♦ *vt* (*also*: **bundle up**) cnap; (*put*): to **bundle sth/sb into** rud/duine a chuachú isteach i

bungalow *n* bungaló *m4*

bungle *vt* déan praiseach de

union *n* pachaille *f4*, buinneán *m1*

bunk *n* bunc *m4*

bunk bed *n* leaba *f* bunc

bunker *n* (*coal store*) gualchró *m4*; (*MIL*)

buncaer *m1*, tochtaltán *m1*

bunny (*rabbit*) *n* coinín *m4*

bunting *n* stiallbhratacha *pl*

buoy *n* baoi *m4*, bulla *m4*

► **buoy up** *vt* coinneigh ar snámh; (*fig*) tabhair tacaíocht do, neartaigh le

buoyant *adj* snámhach; (*carefree*) aigiantach; (*economy*) buacach, bríomhar

41

business

burden *n* eire *m4*, ualach *m1*; (*responsibility*) muirear *m1*, cúram *m1*

♦ *vt* (*trouble*) ualaigh, cuir ualach ar

bureau *n* (*BRIT: writing desk*) biúró *m4*; (*us*: *chest of drawers*) cófra *m4* tarraiceán; (*office*) oifig *f2*

bureaucracy *n* maorlathas *m1*

burglar *n* buirgléir *m3*

burglar alarm *n* rabhchán *m1*

burglarize (*us*) *vt* = **burgle**

burglary *n* buirgléireacht *f3*

burgle *vt* bris isteach i, déan buirgléireacht ar; **we've been burgled** creachadh muid

burial *n* adhlacadh *m*, cur *m1*

burly *adj* téagartha

burn *vt, vi* dóigh ♦ *n* dó *m4*, ball *m1* dóite

► **burn down** *vt* dóigh go talamh

burner *n* dóire *m4*

burning *adj* loiscneach; (*house*) (atá) trí thine; (*ambition*) díochra

burrow *n* (*gen*) uachais *f2*; (*rabbit's*) poll *m1* coinín; (*badger's*) brocach *f2* ♦ *vt* tochail

burstary *n* sparánacht *f3*

burst *vt* maidhm, pléasc; (*subj: river: banks etc*) maidhm ♦ *vi* pléasc, maidhm; (*tyre*) pléasc ♦ *n* (*of gunfire*) rois *f2*; (*also*: **burst pipe**) réabadh *m*; **a burst of enthusiasm/energy** tallann

díograise/fuinnimh; **to burst into flames** lasadh d'aon bhladh; **to burst out laughing** pléascadh amach ag gáire, racht gáire a ligean asat; **to be bursting with ...** bheith ag cur thar maoil le ...

► **burst into** *vt* *fus* (*room etc*) téigh isteach de ruid

bury *vt* adhlaic, cuir

bus *n* bus *m4*

bush *n* tor *m1*, tom *m1*; (*scrubland*)

mongach *m1*, díthreabh *f2*; **to beat**

about the bush teacht thart ar an scéal

bushy *adj* tomógach, mothallach

busily *adv* go gnóthach, go cruógach

business *n* (*trading*) gnó *m4*, gnóthas *m1*; (*firm*) gnólacht *m3*; **to be away on business** bheith as láthair ar chúrsaí gnó; **it's none of your business** ní de do

ghnó é, ní bhaineann sé duit; **mind your own business!** déan do ghnóthaí duit féin!; **he means business** tá sé dáiríre

businesslike *adj* ar bhonn ordúil

businessman *n* fear *m1* gnó

business trip *n* turas *m1* gnó

businesswoman *n* bean *f* ghnó

busker *n* ceoltóir *m3* sráide

bus pass *n* pas *m4* bus

bus stop *n* stad *m4* bus

bust *n* bráid *f*, busta *m4*, brollach *m1* ♦ *adj* (*inf: broken*) as gléas, briste; **to go bust** cliseadh

bustle *n* fuadar *m1* ♦ *vi* fuaidrigh

bustling *adj* fuadrach

busy *adj* gnóthach, cruógach, broidiúil

♦ *vt: to busy o.s. with sth* bheith ag gabháil do rud, tú féin a choinneáil gnóthach le rud

busybody *n* socadán *m1*

KEYWORD

but *conj* ach; **I'd love to come, but I'm**

busy ba bhreá liom teacht, ach tá mé gnóthach

♦ *prep (apart from, except)* ach; **we've had nothing but trouble** ní raibh a dhath againn ach trioblóid; **no-one but him can do it** ní thig le duine ar bith é a dhéanamh ach é féin; **but for you/your help** ach ab é *or* murach tusa/do chuidiúsa; **anything but that** gach rud ach é sin

♦ *adv (just, only)* ach; **she's but a child** ní inti ach páiste; **had I but known** ach fios a bheith agam; **all but finished** beagnach críochnaithe

butcher *n* búistéir *m3* ♦ *vt* déan

búistéireacht ar

butcher's (shop) *n* siopa *m4* búistéara

butler *n* buitléir *m3*

butt *n* (large barrel) buta *m4*; (*of gun*) stoc

m1; (*of cigarette*) bun *m1*; (*fig: target*)

ceap *m1* ♦ *vt* buail sonc ar

► **butt in** *vi (interrupt)* bris isteach, cuir do ladar i

butter *n* im *m* ♦ *vt* cuir im ar; **to butter**

sb up béal bán a thabhairt do dhuine, duine a chuimilt

buttercup *n* cam *m1* an ime

butterfly *n* féileacán *m1*; **butterfly stroke**

bang *m3* an fhéileacáin

buttocks *npl* mása *mpl1*, tóin *fsq3*

button *n* cnaipe *m4*; (*us: badge*)

suaitheantas *m1* ♦ *vt: to button (up)*

one's coat cnaipí do chóta a cheangal *or* a dhúnadh

buttonhole *n* lúbóg *f2*, poll *m1* cnaipe

buttness *n* taca *m4*

buxom *adj* bloiscíneach; **a buxom**

woman sodóg *f2*

buy *vt* ceannaigh ♦ *n* ceannach *m1*; **to**

buy sb sth/sth from sb rud a cheannach do/ó dhuine; **to buy sb a drink** deoch a cheannach do dhuine

buyer *n* ceannaí *m4*

buzz *n* crónán *m1*, dordán *m1*; (*of*

talking) monabhar *m1*; (*inf: phone call*):

to give sb a buzz glaoch a chur ar dhuine ♦ *vi* bheith ag dordán

buzzard *n* clamhán *m1*

buzzer *n* dordánaí *m4*

buzz word (*inf*) *n* focal *m1* atá i mbéal gach duine, focal na huairé

KEYWORD

by *prep 1 (referring to cause, agent)* le, ag; **he was killed by lightning** splanc thintrí

a mharaigh é; **he was struck by a stone** buaileadh le cloch é; **the house was**

surrounded by a fence bhí sionsa thart timpeall ar an teach *or* timpeall an tí; **a**

painting by Picasso pictiúr le Picasso

2 (referring to method, manner, means):

by bus/train ar an *or* leis an mbus/traein; **by car** i gcarr *or* sa charr; **to**

pay by cheque íoc (as) le seic; **by saving hard** trí choigilt mhór a dhéanamh

3 (via, through) trí, tríd; **we came by**

Dublin thángamar trí Bhaile Átha Cliath

4 (close to, past) in aice + *gen*, in aice le, taobh le, lámh le, cois + *gen*; **the house**

by the school an teach in aice leis an scoil; **a holiday by the sea** laethanta saoire cois (na) farraige; **she sat by the**

bye(-bye)

bed shuigh sí ag colbha na leapa; **she went by me** chuaigh sí tharam *or* thart liom; **I go by the post office every day** téim thart le hoifig an phoist gach lá **5** (*with time: not later than*) roimh; (*during*): **by daylight** de sholas an lae, de lá, sa lá; **by night** d'óiche, san oíche; **by 4 o'clock** roimh a 4 a chlog; **by this time tomorrow** faoin am seo amárach; **by the time I got there it was too late** faoin am ar tháinig mé ann bhí sé rómhall **6** (*amount*): **by the kilometre** an ciliméadar; **he is paid by the hour** íoctar in éadan na huaire é **7** (*MATH, measure*): **to divide by 3** roinnt ar 3; **to multiply by three** méadú faoi thrí; **a room 3 metres by 4** seomra atá trí mhéadar ar cheithre mhéadar; **it's broader by a metre** is leithne de mhéadar é; **one by one** ceann i ndiaidh an chinn eile, ina gceann is ina gceann, ceann ar cheann, ina nduine is ina nduine; **little by little** de réir a chéile, ó ghiota go giota, beagán ar bheagán **8** (*according to*) le, ar, de réir; **it's 3 o'clock by my watch** tá sé a trí a chlog de réir an chloig/an uaireadóira s'agamsa;

43

by-your-leave

it's all right by me i dtaca liomsa de, tá sin i gceart
9: (all) by o.s. etc i d'aonar (ar fad), leat féin *etc*
10: by the way dála an scéil
♦ *adv*1 *see go; pass etc*
2: by and by ar ball (beag), i gceann na haimsire; **by and large** tríd is tríd, den chuid is mó

bye(-bye) *excl* slán leat, slán agat

by(e)-law *n* fodhlí *m*4

by-election *n* fothoghchán *m*1

bygone *adj* caite, thart, fadó ♦ *n*: **let bygones be bygones** an rud atá thart bíodh sé thart

bypass *n* seachród *m*1; (*MED*) seach-chonair *f*2 ♦ *vt* seachain

by-product *n* seachtháirge *m*4; (*fig*) fothoradh *m*1

bystander *n* féachadóir *m*3

byte *n* (*COMPUT*) beart *m*1

byword *n*: **to be a byword for ...** bheith mar leathfhocal do ...

by-your-leave *n*: **without so much as a by-your-leave** gan chead gan chomhairle

C

C *n* (MUS) c

cab *n* cab *m4*, tacsáí *m4*; (of train, truck) cábán *m1*

cabaret *n* (show) seó *m4*, cabaret *m4*

cabbage *n* cáil *m1*, cabáiste *m4*

cabin *n* (house) bothóg *f2*, bothán *m1*; (on ship) cábán *m1*

cabinet *n* (POL) comh-aireacht *f3*; (furniture) caibinéad *m1*, clóiséad *m1*; (also: **filing cabinet**) comhadchaibinéad *m1*

cab *n* cábla *m4*; (of anchor) téad *f2*; =

cable television ♦ vt cáblaigh, cuir sreangscéal chuig

cable car *n* carr *m1* cábla

cable television, cable TV *n* teilifís *f2* chábla

cache *n* folachán *m1*, taisce *f4*, ceallóg *f2*; (also: **arms cache**) taisce arm

cackle *vi* bheith ag scolgarnach or ag grágarsach

cactus *n* cachtas *m1*

cadet *n* (MIL) dalta *m4*

cadge (*inf*) vt: **to cadge** (from or off) bheith ag diúgaireacht (ar)

Caesarean *n* (also: **Caesarean** (section)) gearradh *m* Caesarach

café *n* caife *m4*

cafeteria *n* caifitéire *m4*, caifelann *f2*

cage *n* caighean *m1*, cás *m1*; (bird cage) éanadán *m1* ♦ vt cuir isteach i gcaighean or i gcás

cagey (*inf*) *adj* faichilleach, fuireachair; **to be cagey of sth** bheith ar d'aire ar rud

cagoule *n* cóta *m4* éadrom fearthainne

cajole vt bladair, meall; **to cajole sb into**

doing sth duine a bhladair or a mhealladh le rud a dhéanamh

cake *n* cáca *m4*, ciste *m4*; **cake of soap** bloc *m1* gallúnaí or sópa

calamine *n* cailmín *m4*

calamitous *adj* tubaisteach, púrach

calamity *n* tubaiste *f4*, púir *f2*, anachain *f2*

calcium *n* cailciam *m4*

calculate vt áirigh, comhair, ríomh;

(estimate: chances, effect) meas

calculation *n* áireamh *m1*, comhaireamh *m1*, ríomh *m3*, ríomhaireacht *f3*

calculator *n* áireamhán *m1*

calendar *n* féilire *m4*, caileandar *m1*

calendar month *n* mí *f* fhéilire

calf *n* (of cow) gamhain *m3*, lao *m4*; (of other animals) ceann *m1* óg; (also: **calfskin**) laochraiceann *m1*; (ANAT) colpa *m4*

calibre, (US) caliber *n* (MIL) calabra *m4*; (of character) mianach *m1*

call vt glaoigh ar, scairt ar; (name) tabhair ar; (meeting) tabhair le chéile, gair; (to visit: also: **call in, call round**) tabhair cuairt ar; (for help) glaoigh ar chúnaimh

♦ *n* (shout) scairt *f2*, glao *m4*, gairm *f2*; (also: **telephone call**) glao, scairt

ghutháin; (visit) cuairt *f2*; **he is called Patrick** Pádraig atá air; **to be on call**

bheith ar dualgas

► **call back** *vi* (return) tar ar ais ♦ vt (TEL) glaoigh ar ais

► **call for** vt *fus* (demand) iarr; (fetch) buail isteach faoi choinne + *gen*, tar ag iarraidh + *gen*

► **call off** vt (meeting) cuir ar ceal; (strike) cuir deireadh le; (dogs) glaoigh ar ais ar

► **call on** vt *fus* (visit) téigh ar cuairt chuig, buail isteach chuig; (request): **to call on sb to do sth** iarraidh ar dhuine rud a dhéanamh

► **call out** *vi* glaoigh amach, scairt amach

► **call up** vt (MIL) cuir gairm slógaidh ar; (TEL) glaoigh or scairt ar

call box *n* (TEL) bosca *m4* teileafóin or gutháin

caller *n* (TEL) scairteoir *m3*; (visitor) cuairteoir *m3*

call girl *n* meirdreach *f2*, striapach *f2*

calling *n* gairm *f2*

calling card (US) *n* cárta *m4* gnó

callous *adj* fuarchróich, gan taise gan

trócaire

calm *adj* socaire, ciúin; (*weather*)
soineanta, ciúin ♦ *n* ciúnas *m1*, calm *m1*
♦ *vt, vi* ciúnaigh, suaimhnigh
► **calm down** *vt, vi* socraigh, suaimhnigh,
ciúnaigh

Calor gas ® *n* gás *m1* Calor**calorie** *n* calra *m4***camber** *n* cuaire *f4*, dronn *f2*; (*of road*)
dromán *m1***Cambodia** *n* an Chambóid *f2***camcorder** *n* ceamthaifeadán *m1***camel** *n* camall *m1***camera** *n* (PHOT) ceamara *m4*; (*also*):

cine-camera, movie camera)

ceamthaifeadán *m1*; **in camera** *i* gcúirt
iata**cameraman** *n* ceamaradóir *m3***camomile** *n* fiógadán *m1*, camán *m1*
meall *or* míonla; **camomile tea** tae
fiógadán**camouflage** *n* duaithníocht *f3* ♦ *vt*
duaithnigh, cuir bréagriocht ar**camp** *n* (*also MIL*) campa *m4*; (*camping*
place) áit *f2* *or* láthair *f* champála ♦ *vi*
campáil ♦ *adj* (*man*) piteogach, baineann**campaign** *n* (MIL, POL *etc*) feachtas *m1* ♦ *vi*
(POL) déan toghchánaíocht**camp bed** *n* leaba *f* champa**camper** *n* campálaí *m4*; (*vehicle*) carr *m1*
campála**camping** *n*: **to go camping** dul ag
campáil**campsite** *n* áit *f2* champála, láithreán *m1*
campála**campus** *n* campas *m1***can**¹ *n* canna *m4*, stán *m1* ♦ *vt* cannaigh,
cuir *i* gcannaí, stánaigh**KEYWORD**

can² *aux vb1* (*be able to*) féad, is féidir le;
you can do it if you try féadann tú é a
dhéanamh má thugann tú faoi, beidh tú
ábalta é a dhéanamh má thugann tú
faoi; **I can't hear you** ní chluinim thú,
ní chloisim thú

2 (*know how to*): **I can swim/drive** tá
snámh/tiomáint agam; **can you speak**

French? an bhfuil Fraincis agat?**3** (*may*): **can I use your phone?** an
bhfuil cead agam glooch gutháin *or*
teileafóin a dhéanamh?**4** (*expressing disbelief, puzzlement etc*): **it**
can't be true! ní thiocfadh leis bheith
fíor!; **what CAN he want?** cad é bheadh
de dhíth air ar chor ar bith?**5** (*expressing possibility, suggestion etc*):
he could be in the library d'fhéadfadh
sé bheith sa leabharlann; **she could**
have been delayed thiocfadh dó gur
cuireadh moill uirthi**Canada** *n* Ceanada *m4***Canadian** *adj, n* Ceanadach *m1***canal** *n* canáil *f3***canary** *n* canáraí *m4***cancel** *vt* cealaigh, cuir ar ceal; (*cross out*)
scrios amach, síog**cancellation** *n* cealú *m*, cealúchán *m1***cancer** *n* (MED) ailse *f4*; **Cancer** (ASTROL) An
Portán *m1***candid** *adj* ionraic, oscailte, neamhbhalbh**candidate** *n* iarrthóir *m3***candle** *n* coinneal *f2*; **he wouldn't hold a**
candle to you ní choinneodh sé
coinneal duit, ní dhéanfadh sé croí duit
or díot**candlelight** *n*: **by candlelight** le solas
coinnle**candlestick** *n* coinneoir *m3*; (*bigger,*
ornate) coinneoir craobhach**candour**, (US) **candor** *n* oscailteacht *f3*,
ionracas *m1*, neamhbhailbhe *f4***candy** *n* candaí *m4*; (US) milseáin *mpl1***candyfloss** *n* flas *m3* candaí**cane** *n* (*for walking*) bata *m4* siúil; (SCOL)
slat *f2*; (*for furniture, baskets etc*) cána
m4; (BOT) giolcach *f2* ♦ *vt* (SCOL): **to cane**
sb an tslat a thabhairt do dhuine**canister** *n* ceanastar *m1***cannabis** *n* (*drug*) cannabis *m1***canned** *adj* (*food*) stánaithe, cannaithe;
(*inf: drunk*): **to be canned** bheith ar na
cannaí**cannon** *n* canóin *f3*, gunna *m4* mór**canoe** *n* canú *m4*, curach *f2*; **to paddle**

canoeing

one's own canoe (*fig*) d'iomaire féin a threabhadh

canoeing *n* curachóireacht *f3*

canon *n* (*clergyman*) canónach *m1*; (*rule*) prionsabal *m1*

can-opener *n* stánoscloír *m3*

canopy *n* forscáth *m3*, ceannbhrat *m1*; (*bed*) téastar *m1*

canteen *n* ceaintín *m4*, bialann *f2*; (*flask*) ceaintín

canter *vi* (*horse*): **to be cantering** bheith ag gearrshodar

canvas *n* bréid *m4*, anairt *f2* (bheag); (*for painting*) canbhás *m1*

canvass *vi* (*POL*): **to canvass for** vótaí a iarraidh ar son + *gen*, toghchánaíocht a dhéanamh ar son + *gen* • *vt* (*investigate: opinions etc*) canbhásáil

canyon *n* cainneon *m1*

cap *n* caidhp *f2*, caipín *m4*, bairéad *m1*; (*contraceptive, of pen, for toy gun*) caipín; (*of bottle*) claibín *m4*, caipín • *vt* (*outdo*): **to cap sb** duine a sháru; (*put limit on*) teorainn a chur le

capability *n* cumas *m1*, ábaltacht *f3*, inniúlacht *f3*

capable *adj* ábalta, cumasach; **to be capable of doing sth** bheith inniúil ar rud a dhéanamh

capacity *n* toilleadh *m*; (*for heat, drink etc*) acmhainn *f2*; (*of factory*) cumas *m1* táirgthe

cape *n* (*garment*) cába *m4*, clóca *m4*; (*GEOG*) ceann *m1* or rinn *f2* tíre

caper *n* ceafar *m1* • *vi* ceáfráil, pramsáil

capital *n* (*also: capital city*) príomhchathair *f*; (*money*) caipiteal *m1*; (*also: capital letter*) ceannlitir *f*

capitalism *n* caipitleachas *m1*

capitalist *adj* caipitlioch • *n* caipitlí *m4*

capitalize *vi*: **to capitalize on** buntáiste a bhaint as

capital punishment *n* pionós *m1* an bháis

capitulate *vi* géill

Capricorn *n* (*ASTROL*) An Gabhar *m1*

capsize *vt, vi* tiontaigh, iompaigh; **the currach capsized** chuaigh an churach

thar a corp

capsule *n* capsúl *m1*

captain *n* captaen *m1*

caption *n* ceannteideal *m1*, fortheideal *m1*

captive *n* braithdeanach *m1*, geimhleach *m1* • *adj* geimhleach, gafa

capture *vt* gabh, tóg; (*attention*) tarraing • *n* gabháil *f3*; (*data capture*) gabháil sonraí

car *n* carr *m1*, gluaiстеán *m1*; (*RAIL*) carr, carráiste *m4*, cóiste *m4*

carafe *n* caraf *m4*

caramel *n* caramal *m1*

carat *n* carat *m1*

caravan *n* carbhán *m1*

caravan site *n* láithreán *m1* carbhán

caraway *n* (*also: caraway seed*) cearbhas *m1*, siól *m1* cearbhais or ainise

carbohydrate *n* carbaihiodráit *f2*

car bomb *n* carbhuaama *m4*

carbon *n* carbón *m1*

carbon dioxide *n* dé-ocsaíd *f2* charbóin

carbon monoxide *n* aonocsaíd *f2* charbóin

carbon paper *n* páipéar *m1* carbóin

carburettor, (*US*) **carburetor** *n* carbradóir *m3*

carcinogenic *adj* carcanaigineach

card *n* cárta *m4*

cardboard *n* cairtchlár *m1*; **cardboard box** bosca cairtchláir

card game *n* cluiche *m4* cártaí

cardiac *adj* cairdiach

Cardiff *n* Caerdydd *m4*

cardigan *n* cairdeagan *m1*

cardinal *adj* príomh-, bunúsach, cairdinéalta • *n* cairdinéal *m1*

cardphone *n* cártafón *m1*

care *n* aire *f4*, cúram *m1*, faichill *f2*; (*worry*) buairt *f3*, imní *f4*; (*charge*) cúram *m1* • *vi*: **to care about sb** cion a bheith agat ar dhuine, cás a bheith agat i nduine; **care of** faoi chúram + *gen*; **in sb's care** faoi chúram + *gen*; **to take care** a bheith faichilleach; **to take care to do sth** tabhairt do d'aire rud a dhéanamh; **to take care of** aire a thabhairt do; **I don't care** is cuma liom

► **care for** *vt fus* tabhair aire do; (*like*): **to care for sb** cion a bheith agat ar dhuine

career *n slí f4* bheatha. *vi*: **to career (along)** imeacht de rúchladh, strócadh (leat)

carefree *adj* neamhbhuartha

careful *adj (cautious)* cúramach, faichilleach, cáiríseach; (**be**) **careful!** aire!, seachain!, faichill!

carefully *adv* go cúramach

careless *adj* míchúramach, leibideach, amscái; (*heedless*) neamhairdiúil, neamh-aireach

carer *n (MED)* feighlí *m4*

caress *n* muirniú *m*. *vt* muirnich

caretaker *n* airíoch *m1*

car-ferry *n* bád *m1* fartha gluaisteán

cargo *n* lasta *m4*, ládáil *f3*

car hire *n* fruiliú *m* carranna *or* gluaisteán, carranna ar cíos

Caribbean *adj*: the Caribbean (Sea) Muir *f3* Chairib

caricature *n* caracatúr *m1*, scigphictiúr *m1*

caring *adj (person)* dea-chroíoch, cásmhar; (*society, organization*) carthanach

Carlow *n* Ceatharlach *m1*

carnal *adj* collaí

carnation *n* coróineach *f2*

carnival *n (public celebration)* carnabhal *m1*

carol *n*: (Christmas) carol carúl *m1*

carp *n* carbán *m1*

car park *n* carrchlós *m1*

carpenter *n* saor *m1* adhmaid, cearpantóir *m3*

carpentry *n* adhmadóireacht *f3*, cearpantóireacht *f3*

carpet *n* cairpéad *m1*, brat *m1* urláir

carpet sweeper *n* scuabadóir *m3* cairpéad

car phone *n* carrfón *m1*

carriage *n* carráiste *m4*, cóiste *m4*; (*of goods*) iompar *m1*, carraieacht *f3*

carriageway *n* carrbhealach *m1*

carrier *n (MED)* iompróir *m3*; (*company*) carraeir *m3*; (*mechanical*) iomprán *m1*

carrier bag *n* mála *m4* iompair

carrot *n* cairéad *m1*, meacan *m1* dearg

carry *vt* iompair; (*involve: responsibilities etc*): **it carries power** tá cumhacht ag siúl leis. *vi (sound)*: **his voice carries** tá guth láidir cinn aige, chluinfeá míle ó bhaile é; **to get carried away (fig)** dul thar fóir

► **carry on** *vi*: **to carry on with sth/doing sth** dul ar aghaidh le rud/ag déanamh ruda. *vt (conversation, work)* lean de

► **carry out** *vt (orders)* comhlíon; (*investigation*) déan, cuir i bhfeidhm; **to carry out an experiment** turgnamh a dhéanamh

carrycot *n* cliabhán *m1* iompair

carry-on (*inf*) *n* ruaille buaille *m4*, hurlamaboc *m4*; **what a carry-on!** a leithéid d'obair!

cart *n* cairt *f2*, trucail *f2*. *vt (inf: lug)* tarraing, srac (leat)

cartilage *n* loingeán *m1*

carton *n* cartán *m1*

cartoon *n* cartún *m1*

cartridge *n* cartús *m1*

carve *vt (meat)* spól, gearr; (*wood, stone*) snoigh, gearr, gearn

► **carve up** *vt* gearr, roinn

carving *n* snoíodóireacht *f3*

carving knife *n* scian *f2* spólta

car wash *n* carrfholcadh *m*

case *n* cás *m1*; (*LAW*) cás, cúis *f2*; (*also: suitcase*) mála *m4* taistil; **in case of** ar eagla + *gen*, i gcás go; **in case he comes** ar eagla go dtiocfadh sé; **just in case** ar eagla na heagla; **in any case** ar aon chaoi

cash *n* airgead *m1* tirim. *vt* bris; **to pay (in) cash** íoc in airgead; **cash on delivery** íoc ar sheachadadh

cash card *n* cárta *m4* airgid

cash desk *n* deasc *f2* airgid

cash dispenser *n* dáileoir *m3* airgid

cashew *n (also: cashew nut)* cnó *m4* caisiú

cashier *n* airgeadóir *m3*

cashmere *n* caismír *f2*

cash register *n* scipéad *m1* cláraithe

casing *n* cásáil *f3*

casino *n* cásine *m4*

casket *n* cisteog *f2*; (*us: coffin*) cónra *f4*

casserole

casserole *n* casaról *m1*

cassette *n* caiséad *m1*

cassette deck *n* deic *f2* caiséad

cassette player *n* seinnteoir *m3* caiséad

cassette recorder *n* taifeadán *m1* caiséid

cast *vt* (*throw*) caith, teilg, díúraic; (*shed*)

scoith, caith; (*THEAT*): **to cast sb as**

Hamlet páirt Hamlet a thabhairt do

dhuine • *n* (*THEAT*) foireann *f2*; (*also*:

plaster cast) múnla *m4* plástair; **to cast**

one's vote do vóta a chaitheamh

► **cast off** *vi* (*NAUT*) scaoil an feistiú;

(*KNITTING*) lig síos, leag (lúb)

► **cast on** *vi* (*KNITTING*) tóg (lúb)

castaway *n* duine *m4* longbhriste

caster sugar *n* siúcra *m4* mín

casting vote *n* vóta *m4* réitigh

cast iron *n* iarann *m1* múnla

castle *n* caisleán *m1*; (*CHESS*) caiseal *m1*

castor *n* (*wheel*) rothán *m1*

castor oil *n* ola *f4* ricne

castrate *vt* spoch, coill

casual *adj* (*by chance*) fánach,

teagmhasach; (*unconcerned*)

neamhchúiseach; (*conversation*) fánach;

(*dress*) neamhfhoirmiúil

casual employment *n* obair *f2* ócáideach

casually *adv* go fánach, ar nós na réidhe;

(*dress*) go neamhfhoirmiúil

casualty *n* taismeach *m1*; (*MED*,

department) An Roinn *f2* Éigeandála

casual worker *n* oibrí *m4* ócáideach

cat *n* cat *m1*

catalogue, (*US*) **catalog** *n* catalóg *f2*, clár

m1 • *vt* cláraig

catalyst *n* catalaíoch *m1*

catalytic convertor *n* tiontaire *m4*

catalaíoch

catapult *n* (*sling*) crann *m1* tabhail

cataract *n* (*MED*) fionn *m1*; (*waterfall*) eas

m3

catarrh *n* réama *m4*

catastrophe *n* matalang *m1*, tubaiste *f4*

catch *vt* beir ar, gabh, ceap; (*grip*) beir

greim ar; (*fish*) ceap, maraigh; (*by*

surprise) beir (amuigh) ar; (*understand*,

hear): **I didn't catch that** níor chuala mé

sin i gceart • *vi* (*fire*) téigh le thine;

48

cause

(*become trapped*) téigh i bhfostú • *n*

gabháil *f3*; (*trick*) cleas *m1*; (*of door*) laiste

m4; **to catch sb's attention or eye** iúl

duine a tharraingt; **she caught her**

breath baineadh an anáil di; **to catch**

sight of amharc a fháil ar; **to catch a**

cold slaghdán a thógáil or a tholghadh

► **catch on** *vi* (*understand*) tuig; (*grow*

popular) éirigh faiseanta; **it has caught**

on tá an saol mór ag gabháil dó, tá sé

san fhaisean

► **catch up** *vi* tabhair isteach do bhris

► **catch up with** *vt* beir ar, tar suas le,

tarraing isteach

catching *adj* (*MED*) tógalach

catchment area *n* (*of river*)

dobharcheantar *m1*; (*of school*)

scoilcheantar *m1*

catch phrase *n* leathfhocal *m1*

catchy *adj* (*tune*) aigeanta, tarraingteach

category *n* catagóir *f2*, earnáil *f3*, rangú *m*

caterer *n* lónadóir *m3*

cater for *vt* fus (*needs*) freastail ar;

(*provide food*): **to cater for sb** riar ar

dhuine

catering *n* lónadóireacht *f3*

caterpillar *n* bolb *m1*, péist *f2* chapail or

chabáiste

cathedral *n* ardeaglais *f2*

catheter *n* caitidéar *m1*

Catholic *n*, *adj* Caitliceach *m1*

catholic *adj* (*tastes etc*) ilchineálach,

ilghnéitheach

Catseye ® *n* (*AUT*) súil *f2* chait

cattle *npl* eallach *msg1*, bólacht *fsg3*, buar

msg1

catty *adj* binbeach, gangaideach,

mailíseach

caucus *n* cácas *m4*; (*US: POL*) cruinniú *m*

toghchánach

cauliflower *n* cóilis *f2*

cause *n* údar *m1*, fáth *m3*, cúis *f2* • *vt*: **to**

cause trouble brúin a tharraingt; **to**

cause sb to travel siúl a bhaint as duine;

what caused them to fight? cad é a

tháinig eatarthu?; **cause for pride** cúis

bhróid; **I am the cause of it** mise is cúis

leis

causeway

causeway *n* cabhsa *m4*, tóchar *m1*

caustic *adj*, *n* loisneach *m1*

cauterize *vt* poncloisc

caution *n* faichill *f2*, fuireachas *m1*;
(warning) rabhadh *m1* ♦ *vt* tabhair
rabhadh do

cautious *adj* faichilleach, airdeallach,
fuireachair

cavalry *n* marcshlua *m4*

Cavan *n* an Cabhán *m1*

cave *n* uaimh *f2*, prochóg *f2*, pluais *f2*

► **cave in** *vi* (roof etc) tit isteach, tabhair
uaidh

caveman *n* fear *m1* pluais

caviar(e) *n* caibheár *m1*

cavort *vi* pramsáil

CD *n* abbr (= compact disc) dlúthdhiosca
m4

CD player *n* seinnteoir *m3* dlúthdhioscaí

CD-ROM *n* (COMPUT) dlúthdhiosca *m4*
ROM

CD-ROM drive *n* (COMPUT) tiomáint *f3*
dlúthdhiosca ROM

cease *vt* stad (de), éirigh as ♦ *vi* stad,
éirigh as

ceasefire *n* sos *m3* lámhaigh or cogaidh

ceaseless *adj* gan stad, síoraí

cedar *n* céadar *m1*

Ceefax ® *n* = Aertel

ceiling *n* síleáil *f3*

celebrate *vt*, *vi* ceiliúir, comóir; to

celebrate Mass aifreann a léamh or a
cheiliúradh

celebrated *adj* cáiliúil, clúiteach

celebration *n* ceiliúradh *m*, comóradh *m1*

celebrity *n* duine *m4* cáiliúil or clúiteach

celery *n* soilire *m4*

cell *n* cill *f2*, cillín *m4*

cellar *n* siléar *m1*

cello *n* dordveidhíl *f2*

cellophane *n* ceallafán *m1*

cellphone *n* teiléfón *m1* ceallach

cellular *adj* ceallach

Celt *n* Ceilteach *m1*

Celtic *adj* Ceilteach ♦ *n* (LING) Ceiltis *f2*

Celtic Sea *n* an Mhuir *f3* Cheilteach

cement *n* suimint *f2*, stroighín *f2* ♦ *vt*
stroighnigh; (friendship) daingnigh,

neartaigh

cement mixer *n* meascthóir *m3* suiminte
or stroighne

cemetery *n* reilig *f2*

censor *n* cinsire *m4* ♦ *vt* coisc, déan
cinsireacht ar

ensorship *n* cinsireacht *f3*

censure *vt* faigh locht ar, cáin

census *n* daonáireamh *m1*

cent *n* (US etc: coin) ceint *m4*; per cent
faoin gcéad

centenary *n* ceiliúradh *m* or comóradh
m1 céad bliain

center (US) *n* = centre

centigrade *adj* ceinteagrádach

centimetre, (US) **centimeter** *n*
ceintiméadar *m1*

centipede *n* céadchosaich *m1*

central *adj* lárnach; **Central Bank of
Ireland** Banc Ceannais na hÉireann

Central America *n* Meiriceá *m4* Láir

central heating *n* téamh *m1* lárnach

centralize *vt* láraigh

central locking *n* glasáil *f3* lárnach

central processing unit *n* (COMPUT)
lárionad *m1* próiseála

central reservation *n* (AUT) tearmann *m1*
láir

centre, (US) **center** *n* lár *m1*, lárphointe
m4, ceartlár *m1*; (building) lárionad *m1*
♦ *vt*: to centre sth rud a chur i lár báire

centre forward *n* (SPORT) lárthosaí *m4*

centre half *n* (SPORT) leathchúlaf *m4* láir

century *n* aois *f2*, céad *m1*; **20th century**
an fichiú haois or céad

ceramic *adj* criaga, ceirmeach

cereal *n* gránach *m1*, arbhar *m1*

ceremony *n* searmanas *m1*, deasghnáth
m3; to stand on ceremony an

ghalántacht a imirt

certain *adj* cinnte, dearfa; (particular)
áirithe; for certain gan amhras

certainly *adv* go cinnte, go deimhin

certainly *n* cinnteacht *f3*, deimhneacht *f3*

certificate *n* teastas *m1*, teistiméireacht
f3, deimhniú *m*

certified mail (US) *n*: by certified mail le
post cláraithe

certified public accountant

50

character**certified public accountant** (*us*) *n*
cuntasóir *m3* deimhnithe poiblí**certify** *vt* deimhnigh, dearbhaigh**cervical** *adj*: **cervical cancer** ailse *f4*
ceirbheacsach; **cervical smear** smearadh
m1 ceirbheacsach**cervix** *n* ceirbheacs *m4*, muineál *m1***ch.** *abbr* (= *chapter*) caib.**chafe** *vt* scríob**chaffinch** *n* rí *m4* rua**chain** *n* slabhra *m4*; (*of islands, poems*)
sraith *f2* ♦ *vt* (*also: chain up*) cuir ar
slabhra, ceangail le slabhraí; **chain**
stores sreangshíopaí *mpl4***chain reaction** *n* imoibriú *m* slabhrúil**chair** *n* cathaoir *f*; (*armchair*) cathaoir
uilleach *or* uilleann; (*of university*)
ollúnacht *f3*; (*of meeting, committee*)
cathaoirleacht *f3* ♦ *vt*: **to chair a**
meeting bheith sa cathaoir ag cruinniú**chairman** *n* cathaoirleach *m1***chairperson** *n* cathaoirleach *m1***chalet** *n* sealla *m4***chalice** *n* cailís *f2***chalk** *n* cailec *f2***challenge** *n* dúshlán *m1* ♦ *vt* (*statement,*
right) caith amhras ar, cuir i gcoinne +
gen; **to challenge sb** dúshlán duine a
thabhairt; **he challenged me to do it**
thug sé mo dhúshlán é a dhéanamh; **to**
challenge sb to a fight troid a chur ar
dhuine**challenging** *adj* dúshlánach**chamber** *n* seomra *m4*; **chamber of**
commerce Cumann *m1* Lucht Tráchtála**chambermaid** *n* cailín *m4* aimsire**chamber music** *n* ceol *m1* aireagail**chamois leather** *n* seamaí *m4***champagne** *n* seaimpéin *m4***champion** *n* seaimpín *m4*, curadh *m1*; **he**
was a champion of the poor bhí sé ina
chrann cosanta ag na daoine bochta**championship** *n* craobh *f2*,
craobhchomórtas *m1***chance** *n* (*fate*) cinniúint *f3*; (*opportunity*)
áiméar *m1*, faill *f2*; (*hope, likelihood*)
seans *m4*; (*risk*) fiontar *m1*, seans ♦ *vt*: **to**
chance it triail a bhaint as, dul sa seansair ♦ *adj* teagmhasach, taismeach,
cinniúnach; **to take a chance** dul sa
seans; **by chance** de sheans, de thaisme**chancellor** *n* seansailéir *m3***Chancellor of the Exchequer** *n*
Seansailéir *m3* an Státchiste**chandelier** *n* coinnleoir *m3* craobhach,
crann *m1* solais**change** *vt* athraigh; (*COMM, FIN*) sóinseáil,
bris; (*transform*): **to change water into**
wine fion a dhéanamh d'uisce ♦ *vi*
athraigh; (*one's clothes*) cuir malairt
éadaigh ort féin ♦ *n* athrú *m*, malairt *f2*;
(*money*) briseadh *m*, sóinseáil *f3*; **to**
change one's mind athchomhairle a
dhéanamh, d'intinn a athrú; **to change**
sth beyond recognition rud a chur as
aithne *or* as a riocht ar fad; **the weather**
has changed (*for the worse*)
chlaochlaigh an aimsir; (*for the better*)
bhisigh an aimsir; **it changed my life**
chuir sé cor i mo chinniúint; **a change**
of clothes malairt éadaigh; **for a change**
mar athrú**changeable** *adj* inathraithe,
inmhalartaithe; (*weather*)
claochlaitheach, luaineach**change machine** *n* inneall *m1* sóinseála**changing** *adj* athraitheach,
claochlaitheach, malartach**changing room** *n* seomra *m4* gléasta**channel** *n* (*TV*) cainéal *m1*, bealach *m1*;
(*for water*) cainéal *m1*; (*gully*) clais *f2*;
(*at low tide*) deán *m1*; (*irrigation*)
caidhséar *m1* ♦ *vt* díriú ar; **the (English)****Channel Muir** *f3* nloch; **the Channel**
Islands Oileáin *mpl1* Mhuir nloch**chant** *n* coigeadal *m1*; (*REL*) cantaireacht *f3*
♦ *vt* déan cantaireacht**chaos** *n* anord *m1***chaotic** *adj* anordúil, bunoscionn**chap** (*inf*) *n* (*man*) diúlach *m1***chapel** *n* séipéal *m1*, teach *m* pobail**chaplain** *n* séipléineach *m1***chapped** *adj* (*skin, lips*) gágach**chapter** *n* caibidil *f2***char** *vt* (*burn*) gualaigh**character** *n* carachtar *m1*, pearsa *f*;

characteristic

(*quality*) tréith *f2*; (*eccentric*) mac *m1*
barrúil

characteristic *adj* tréitheach • *n* tréith *f2*

charcoal *n* gualach *m1*, fíoghual *m1*

charge *n* (*cost*) táille *f4*, costas *m1*,
muirear *m1*; (*accusation*) cúis *f2*,
chúiseamh *m1*; (*ELEC*) lucht *m3*; (*of gun*)
lánán *m1* • *vt* (*battery*) luchtai; (*enemy*)
tabhair ruathar faoi; **to charge sb (with)** duine a chúiseamh (as); (*customer, sum*): **she charged him five pounds** ghearr sí cúig phunt air • *vi* tabhair ruathar; **charges** *npl* (*costs*) muirir *mpl1*, costais *mpl1*; **to reverse the charges** (*TEL*) glao (táille) frithmhuirir a chur; **to take charge of** aire a thabhairt do, dul i gceannas ar; **to be in charge of** bheith i gceannas ar; **how much do you charge?** cá mhéad atá agat air?; **to charge an expense (up) to sb** costas a chur ar dhuine

charge card *n* cárta *m4* muirir

charity *n* déirc *f2*, grá *m4* dia; (*organization*) cumann *m1* carthannachta

charm *n* cuannacht *f3*, meallacacht *f3*; (*spell*) ortha *f4*; (*amulet*) briocht *m3* • *vt* meall, cuir faoi dhraíocht

charming *adj* cuannach, meallacach

chart *n* cairt *f2*, graf *m1*; (*NAUT, map*) cairt • *vt* (*coast*) déan cairt de

charter *vt* (*plane etc*) cairtfothaigh • *n* (*document*) cairt *f2*

chartered accountant *n* cuntasóir *m3* cairte

charter flight *n* eitilt *f2* chairtfohstaithe

charwoman *n* bean fghlantacháin

chase *vt* téigh sa tóir ar, seilg; (*also: chase away*) ruaig, cuir an ruaig ar • *n* tóir *f3*, seilg *f2*; (*rout*) ruaig *f2*

chasm *n* (*abyss*) duibheagán *m1*; (*opening*) gáibéal *m1*

chassis *n* fonnadh *m1*, fráma *m4*, creat *m3*

chat *vi*: **to (have a) chat** tamall comhrá a dhéanamh • *n* comhrá *m4*

chat show *n* seó *m4* cainte

chatter *vi* déan geabaireacht or cabaireacht; (*teeth*) déan gliogar • *n* geabaireacht *f3*, cabaireacht *f3*; (*of teeth*)

51

cheeky

gliogar *m1*; **her teeth were chattering** bhí a cár ag greadadh ar a chéile

chatterbox (*inf*) *n* cabaire *m4*, geabaire *m4*

chatty *adj* (*style*) comhráiteach; (*person*) brioscghlórach, cainteach

chauffeur *n* tiománaí *m4*

chauvinist *n* seobhaineach *m1*

cheap *adj* saor; (*joke*) suarach, táir • *adv* go saor; **cheap at the price** saor ar a luach

cheaply *adv* go saor

cheat *vi* bheith ag rógaireacht, déan séitéireacht • *vt* déan calaois ar, cuir dallamullóg ar • *n* séitéir *m3*, caimiléir *m3*

Chechen *adj, n* Seitniach *m1*

Chechnya *n* an tSeitnia *f4*

check *vt* deimhnigh, seiceáil; (*halt*) stad; (*restrain*) srian, cuir srian le; (*chess*) sáinnigh • *n* seiceáil *f3*; (*curb*) srian *m1*; (*us: bill*) bille *m4*; (*pattern*) seic *m4*; (*us*) =

cheque • *adj* (*pattern*) seicear; (*cloth*) páircíneach; **check!** (*chess*) sáinn!

► **check in** *vi* (*at airport, hotel*) cláraigh, seiceáil isteach

► **check out** *vi* (*from hotel*) imigh, seiceáil amach

► **check up** *vi*: **to check up on sth** rud a fhiosrú or a chinntiú; **to check up on sb** fiosrú a dhéanamh ar dhuine

checkered (*us*) *adj* = **chequered**

checkers (*us*) *npl* cluiche *msg4* táiplise

check-in (desk) *n* deasc *f2* cláraithe

checking account (*us*) *n* (*current account*) seic-chuntas *m1*

checkmate *n* marbshháinn *f2*

checkout *n* (*in shop*) cuntar *m1* amach

checkpoint *n* ionad *m1* seiceála

checkroom (*us*) *n* (*left-luggage office*) seomra *m4* bagáiste

checkup *n* (*MED*) scrúdú *m* dochtúra

cheddar *n* céadar *m1*

cheek *n* (*ANAT*) grua *f4*, leiceann *m1*;

(*nerve*) dánacht *f3*, soibealtacht *f3*

cheekbone *n* cnámh *f2* grua

cheeky *adj* dalba, soibealta; **cheeky person** coicare *m4*

cheep *vi* gíogcheer *vt* (*team etc*) bheith ag gárthaí ar son; (*gladden*) tabhair a chroí do • *vi* lig gáir mholta • *n* (*of crowd*) gáir *f2* mholta; (*disposition*) meanma *f*; **cheers!** sláinte!► **cheer up** *vi* glac misneach • *vt*: **to cheer sb up** aigne a chur i nduine, cian a thógáil de dhuine; **cheer up!** bíodh misneach agat!cheerful *adj* meanmnach, gealgháireach, croíúilcheering *n* gártha *pl2* moltacheerio *excl* sláncheese *n* cáis *f2*cheeseboard *n* clár *m1* cáisecheesecake *n* ciste *m4* cáisecheetah *n* síota *m4*chef *n* príomhchócaire *m4*, cócaire *m4*chemical *adj* ceimiceach • *n* ceimiceán *m1*chemist *n* (*pharmacist*) ceimiceoir *m3*, poitigéir *m3*chemistry *n* ceimic *f2*chemist's (shop) *n* siopa *m4* ceimiceora or poitigéarachemotherapy *n* ceimiteiripe *f4*cheque *n* seic *m4*chequebook *n* seicleabhar *m1*cheque card *n* seic-chárta *m4*chequered, (*us*) checkered *adj* (*fig*) súgánachcherish *vt* muirnighcherished *adj* (*memory*) gealcherry *n* silín *m4*; (*also*: cherry tree)crann *m1* silíníchess *n* ficheall *f2*chessboard *n* clár *m1* fichillechest *n* cliabh *m1*, cliabhrach *m1*, ucht*m3*; (*box*) cófra *m4*, ciste *m4*chestnut *n* (*horse*) cnó *m4* capaill; (*Spanish*) castán *m1*; (*also*: chestnut tree) crann *m1* castánchest of drawers *n* cófra *m4* tarraiceánchew *vt*, *vi* cogain, mungailchewing gum *n* guma *m4* cogantachic *adj* faiseantachick *n* scalltán *m1*, sicín *m4*; (*inf*) báb *f2*, leadhb *f2*chicken *n* eireog *f2*, sicín *m4*; (*food*) circeoil *f3*, sicín; (*inf*: coward) faiteachán *m1*; **don't count your chickens before they're hatched** ná maraigh an fia go bhfeice tú é► **chicken out** (*inf*) *vi* ob, loicchickenpox *n* deilgneach *f2*chickpea *n* piseánach *m1*chicory *n* siocaire *m4*chief *n* (*of a tribe*) taoiseach *m1*; (*boss*)ceann *m1* urra • *adj* príomh-, ard-
chief executive, (*us*) chief executive officer *n* príomhoifigeach *m1* feidhmiúcháinchiefly *adv* go príomha, go mór mórchiffon *n* sreabhann *m1*chilblain *n* fochma *m4*, fuachtán *m1*child *n* leanbh *m1*, páiste *m4*, gasúr *m1*child abuse *n* drochíde *f4* ar pháistíchildbirth *n* breith *f2* clainnechildhood *n* leanbaíocht *f3*, macacht *f3*childish *adj* leanbaí, páistiúilchildlike *adj* leanbaí, naíondachild minder *n* feighlí *m4* páistíChile *n* an tSile *f4*chill *n* fuacht *m3*, crithfhuacht *m3* • *vt* (*CULIN*) fuaraighchil(l)i *n* cilí *m4*chilly *adj* féithuar; **to feel chilly** fuacht a bheith ort, aireachtáil pas beag fuarchime *n* cling *f2* • *vi* clingchimney *n* simléar *m1*chimney sweep *n* glantóir *m3* simléarchimpanzee *n* simpeansaí *m4*chin *n* smig *f2*China *n* an tSín *f2*china *n* poirceallán *m1*; (*crocery*) gréithe *pl* poircealláinChinese *n* Síneach *m1*; (*LING*) Sínis *f2* • *adj* Síneachchink *n* (*opening*) gág *f2*; (*noise*) gligleáil *f3*chip *n* (*CULIN, BRIT*) sceallóg *f2* phrátaí; (: *us*: potato chip) brioscán *m1* phrátaí; (*of wood*) slis *f2*; (*of stone*) sceall *m3*, scealpóg *f2*; (*also*: microchip) slis • *vt* (*cup, plate*) bain slis de► **chip in** *vi*: **to chip in** do ladar a chur isteach; (*contribute*) do chion a íoc

chiropodist

chiropodist *n* coslía *m4*

chirp *vi* gíog, lig gíog (asat)

chisel *n* siséal *m1*

chit *n* nóta *m4*, admháil *f3*

chitchat *n* clabaireacht *f3*

chivalry *n* ridireacht *f3*, cúirtéis *f2*

chives *npl* síobhais *mpl1*

chlorine *n* clóirín *m4*

chock-a-block, chock-full *adj* lán go doras

chocolate *n* seacláid *f2*; **a box of chocolates** bosca seacláidí

choice *n* rogha *f4*, togha *m4* ♦ *adj* tofa, scothúil

choir *n* cór *m1*, claisceadal *m1*

choirboy *n* córbhuachaill *m3*, buachaill *m3* cóir

choke *vt, vi* tacht ♦ *n* (AUT) tachtóir *m3*; **street choked with traffic** sráid plódaithe le trácht

cholesterol *n* colaistéaról *m1*

choose *vt* togair, togh, roghnaigh

choosy *adj*: (to be) choosy (bheith) éisealach

chop *vt* (wood) gearr (le tua), tuaigh; (CULIN: also: **chop up**) gearr ina phíosáí, mionghearr ♦ *n* (CULIN) gríscín *m4*; **chops** (jaws) geolbhaigh *mpl1*

chopper *n* (helicopter) héileacaptar *m1*

choppy *adj* (sea) coipthe, corraithe, scréachta

choral *adj* córúil

chord *n* (MUS) corda *m4*

chore *n* creachlaois *f2*; **household chores** poistíneacht *fsg3* tí, dioscáireacht *fsg3*

chortle *vi* déan sclogaíl

chorus *n* cór *m1*; (of song, fig) curfá *m4*, loinneog *f2*

Christ *n* Críost *m4*

christen *vt* baist

christening *n* baisteadh *m*

Christian *adj* Críostaí, Críostúil ♦ *n* Críostaí *m4*

Christianity *n* An Chríostaíocht *f3*

Christian name *n* ainm *m4* baiste

found *vt* (*establish*) bunaigh

foundation *n* (*act*) bunú *m*; (*base*) bonn *m1*, dúshraith *f2*; (*institution*) fondúireacht *f3*; (*also: foundation cream*) fochosmaid *f2*

founder *n* bunaitheoir *m3* ♦ *vi* teipeann ar; **the ship foundered** bádh an long, chuaigh an long go grinneall

foundry *n* teilgchearta *f4*

fountain *n* fuarán *m1*, foinse *f4*

fountain pen *n* peann *m1* tobair

four *num* ceathair; **four bottles** ceithre bhuidéal; **four people** ceathrar *m1*; **on all fours** ar ceithre boinn

four-poster *n* (*also: four-poster bed*) leaba *f* ceithre phost

fourteen *num* ceathair déag; **fourteen bottles** ceithre bhuidéal déag; **fourteen people** ceithre dhuine dhéag

fourth *num* ceathrú; **the fourth woman** an ceathrú bean

fowl *n* éan *m1* ♦ *npl* éanlaith *fsg2*

fox *n* sionnach *m1*, madra *m4* rua ♦ *vt* buail bob ar

foyer *n* forhalla *m4*

fraction *n* codán *m1*

fracture *n* briseadh *m*

fragile *adj* sobhriste

fragment *n* blúire *m4*, stiall *f2*

fragrant *adj* cumhra

frail

frail *adj* anbhann, lag

frame *n* fráma *m4*; (*body*) cabhail *f*;
(*figure*) fíoraíocht *f3* • *vt* frámaigh; **frame of mind** meon *m1*, staid *f2* intinne; **to frame sb** duine a fhágáil in áit chos an ghadai

framework *n* creatlach *f2*, plean *m4*;
framework document deilbhcháipéis *f2*

France *n* an Fhrainc *f2*

franchise *n* (POL) ceart *m1* votála; (COMM) saincheadúnas *m1*

frank *adj* ionraic, neamhbhalbh • *vt*
(*letter*) frainceáil

frankly *adv* leis an fhírinne a dhéanamh, déanta na fírinne

frantic *adj* (*hectic*) mear; (*distraught*) i mbarr do chéille

fraternity *n* (*brotherliness*) dáimh *f2*, bráithreachas *m1*; (*group*) comhaltas *m1*, cumann *m1*

fraud *n* calaois *f2*; (*person*) caimiléir *m3*

fraught *adj*: **fraught with** lán + *gen*, lán de

fray *n* racán *m1* • *vi* scamh; **tempers were frayed among them** bhí ag briseadh ar an bhfoighne acu

freak *n* torathar *m1*, anchúinse *m4*

freckle *n* bricín *m4* (gréine)

free *adj* saor; (*gratis*) in aisce • *vt* (*prisoner etc*) scaoil saor; (*jammed object, person*) scaoil amach; **free of charge** saor in aisce

freedom *n* saoirse *f4*

free-for-all *n* racán *m1*, maicín *m4*

freehold *n* saorghabháltas *m1*, ruileas *f2*

free kick *n* cic *m4* saor

freelance *adj* neamhspleách

freely *adv* go réidh; (*liberally*) go fairsing

Freemason *n* máisiún *m1*

Freepost © *n* Post *m1* saor

Free State *n* (*also: Irish Free State*)
Saorstát *m1* na hÉireann

free trade *n* saorthrádál *f3*

freeway (*us*) *n* = mótarbhealach *m1*

free will *n* toil *f3* shaor; **by her own free will** dá deoin féin

freeze *vt, vi* sioc, reoigh; (*person*) conáil; (*prices, salaries*) calc • *n* sioc *m3*; (*on prices, salaries*) calcadh *m*

freezer *n* reoiteoir *m3*

freezing *adj*: **freezing (cold)** (*weather, water*) teanntach • *n*: **three degrees**

below freezing trí chéim faoin reophointe; **it is freezing** tá sé ag sioc; (*fig*) chonálfadh sé na corra; **I'm freezing** tá mé conáilte *or* sioctha

freezing point *n* reophointe *m4*

freight *n* (*goods*) lasta *m4*; (*charge*) last-táille *f4*

freight train *n* traein *f* earraí

French *adj* Francach • *n* (LING) Fraincis *f2*;
the French *npl* na Francaigh *mpl1*

French bean *n* pónaire *f4* fhrancach

French fries *npl* sceallóga *fp12*

Frenchman *n* Francach *m1*

French window *n* fuinneog *f2* fhrancach

Frenchwoman *n* Francach *m1* (mná)

fenzy *n* buile *f4*, mire *f4*

frequency *n* minicíocht *f3*

frequent *adj* minic • *vt* taithigh, gnáthaigh

frequently *adv* go minic

fresh *adj* úr, nua, glan; (*cheeky*) soibealta

freshen *vi* (*wind*) géaraigh

fresher, freshman (*us*) *n* (SCOL) mac *m1* léinn úr

freshly *adv* go húrnuá

freshness *n* úire *f4*

freshwater *adj* (*fish*) uisce abhann, uisce locha

fret *vi*: **to fret about or over sb/sth** tú féin a bhuaireamh faoi dhuine/rud

friar *n* bráthair *m*

friction *n* (*lit*) cuimilt *f2*; (*fig*) imreas *m1*

Friday *n* (An) Aoine *f4*; **on Friday** Dé hAoine; **he comes on Fridays** tagann sé ar an Aoine

fridge *n* cuisneoir *m3*

fried *adj* friochta

friend *n* cara *m*

friendly *adj* cairdiúil; **to be friendly with sb** bhéith mór le duine

friendship *n* cairdeas *m1*

fries *npl* (*esp us*) sceallóga *fp12*

frieze *n* bréid *m4*

fright *n* scanradh *m1*, scéin *f2*; **she took**

fright scanraigh *sí*

frighten

frighten vt scanraigh, cuir scéin i
frightened adj: he was frightened of it
bhí scanradh air roimhe

frightening adj scanrúil, scáfar

frightful adj scanrúil, scáfar

frigid adj (woman) fuaránta

frill n rufa m4

fringe n (of hair) frairse m4; (edge: of forest etc) imeall m1

fringe benefits npl sochair mpl1
imeallacha

frisk vt cuardaigh

fritter n friochtóg f2

frivolous adj aerach, giodamach, éaganta

fro adv: to go to and fro dul anonn agus anall

frock n gúna m4

frog n frog m1, loscann m1; (in throat) sceach f2

frogman n frogaire m4

frolic vi: to frolic about bheith ag rancás
or ag princeam

KEYWORD

from prep ó, as, de 1 (indicating starting place, origin etc) ó, as; **where do you come from?, where are you from?** cárb as tú or duit?; **from London to Paris** ó Londain go Páras; **a letter from my sister** litir ó mo dheirfiúr; **to drink from the bottle** ól as an mbuidéal
2 (indicating time) ó; **from one o'clock to or until or till two** óna haon a chlog go dtí a dó; **from January (on)** ó Mhí Eanáir amach
3 (indicating distance) ó; **the hotel is one kilometre from the beach** tá an óstlann ciliméadar ón trá
4 (indicating price, number etc) ó; **the interest rate was increased from 9% to 10%** ardaíodh an ráta úis ó 9% go 10%
5 (indicating difference) idir ... agus; **he can't tell red from green** ní aithníonn sé idir dath dearg agus dath glas
6 (because of, on the basis of): **from what he says** ón méid a deir sé; **weak from hunger** lag leis an ocra

front n (aspect) aghaidh f2; (section) tosach m1; (MIL) tosach catha; (fig: appearances) cur m1 i gcéill ♦ adj tosaigh n gen; **in front (of) (ahead)** roimh; (opposite) os comhair + gen

front door n doras m1 tosaigh

frontier n teorainn f

front page n leathanach m1 tosaigh

front room n seomra m4 suí

front-wheel drive n tiomáint f3 rotha tosaigh

frost n sioc m3; (also: hoarfrost) sioc bán or geal

frostbite n dó m4 seaca

frosted adj (glass) sioctha

frosty adj (weather) siocúil, seaca; (fig): **he was frosty with me** bhí sé fuar ionam

froth n cúr m1, coipeadh m

frown vi cuir púic or gruig ort féin

fruit n toradh m1

fruiterer n torthóir m3, ceannaí m4 torthaí

fruitful adj torthúil; (fig) tairbheach

fruition n: to come to fruition teacht i mbláth

fruit juice n sú m4 torthaí

fruit salad n sailéad m1 torthaí

frustrate vt (person) cuir frustrachas ar; (plan) sáraigh, mill

fry vt frioch ♦ n friochadh m

frying pan n friochtán m1

fudge n (CULIN) faoiste m4

fuel n breosla m4

fuel tank n (in vehicle) umar m1 breosla
fugitive n teifeach m1, duine m4 atá ar a sheachaint

fulfil, (US) **fulfill** vt (function, condition, order) comhlíon, cuir i gcrích; (wish, desire) sásaigh

fulfilment n comhlíonadh m, cur i gcrích; (of wishes etc) sásamh m1

full adj lán; (details, information) iomlán, gach ♦ adv: **he knew full well** that is maith a bhí a fhios aige go; **I'm full (up)** tá mé lán go béal; **a full two hours** dhá uair druidte; **at full speed** ar lánluas; **in full** (reproduce, quote) ar fad; **paid in full** íoctha ina iomlán, láníoctha

full employment

full employment *n* lánfhostaíocht *f*3

full-length *adj* (*film, portrait, mirror*)
lánfhada; (*coat*) go colpaí

full moon *n* iomlán *m*1 gealaí

full-scale *adj* (*attack, war*) oll-; (*model*)
cuimsitheach

full stop *n* lánstad *m*4

full-time *adj* (*work*) lánaimseartha ♦ *adv*
go lánaimseartha

fully *adv* ar fad, go hiomlán, go lán-

fully fledged *adj* déanta, críochnaithe

fumble *vi*: **to fumble with sth** bheith ag
méirinteacht *or* ag útamáil le rud

fume *vi*: **he fumed with rage** bhí sé ag
fiuchadh le fearg

fumes *npl* múch *fsg*2

fun *n* spraoi *m*4, spórt *m*1, greann *m*1; **to have fun** spraoi a dhéanamh; **for fun** le greann; **to make fun of sb** ceap magaidh a dhéanamh de dhuine

function *n* feidhm *f*2; (*social occasion*)
féasta *m*4, oíche *f*4 chaidrimh ♦ *vi*
feidhmigh

functional *adj* (*working*) i bhfeidhm;
(*hard-wearing*) buanfasach; (*practical*)
feidhmiúil

fund *n* ciste *m*4; (*source, store*) stór *m*1;

funds *npl* maoin *fsg*2, acmhainn *fsg*2

fundamental *adj* bunúsach, bunaidh *n*
gen

funeral *n* tórramh *m*1, sochraid *f*2

funeral mass *n* aifreann *m*1 na marbh

funeral service *n* seirbhís *f*2 na marbh

funfair *n* aonach *m*1 seó

fungus *n* fungas *m*1

funnel *n* fóiséad *m*1, tonnadóir *m*3; (*of ship*) simléar *m*1

funny *adj* greannmhar; (*strange*) aisteach,
saoithiúil

fun *n* fionnadh *m*1; (*in kettle etc*) coirt *f*2,
screamh *f*2

fun coat *n* cóta *m*4 fionnaidh

115

fuzzy

furious *adj* fíochmhar, fraochta; **to be furious with sb** bheith ar an daoraí le duine

furlog *n* staid *f*2

furnace *n* foirnéis *f*2

furnish *vt*: **to furnish a house** troscán a chur i dteach; (*supply*): **to furnish sb with sth** rud a sholáthar do dhuine

furnishings *npl* feisteas *msg*1

furniture *n* troscán *m*1, trealamh *m*1, trioc *m*4; **piece of furniture** ball *m*1 troscáin

furrow *n* clais *f*2

furry *adj* (*animal*) clúmhach; (*toy*) bog

further *adj* (*additional*) breise *n* *gen* ♦ *adv*
de bhreis; (*more*) tuilleadh + *geri*;
(*moreover*) ar a bharr sin ♦ *vt* cuir chun cinn

further education *n* oideachas *m*1 tríú leibhéil

furthermore *adv* a dhála sin, thairis sin, chomh maith leis sin

fury *n* buile *f*4

fuse, (*us*) **fuze** *n* fiús *m*1; (*for bomb etc*)
aidhnín *m*4 ♦ *vt, vi* (*metal*)
comhtháthaigh; **it has fused** tá teipthe ar an bhfiús, tá an fiús dóite

fuse box *n* bosca *m*4 fiúsanna

fuss *n* (*excitement*) fuadar *m*1, griothal *m*1; (*complaining*) gluaireán *m*1 ♦ *vi*
fuirsigh; **to make a fuss** raic a thógáil; **to make a fuss of sb** adhnua a dhéanamh de dhuine, a mhór a dhéanamh de dhuine

fussy *adj* (*person*) gluaireánach; (*eater*)
beadaí; (*dress, style*) cúirialta

future *adj* le teacht ♦ *n* todhchaí *f*4; (*LING*)
aimsir *f*2 fháistineach; **in future** as seo amach

fuse (*us*) *n, vt, vi* = **fuze**

fuzzy *adj* (*PHOT*) doiléir; (*hair*)
míonchatach

G

- gable** *n* binn *f2*
gadget *n* gaireas *m1*
Gaelic *adj* Gaelach ♦ *n* (LING: also: Irish Gaelic) Gaeilge *f4*; (also: Scots or Scottish Gaelic) Gaeilge na hAlban; **Gaelic football** peil *f2* ghaelach; **Gaelic speaker** Gaeilgeoir *m3*
Gaelic coffee *n* caife *m4* gaelach
gag *n* (on mouth) gobán *m1*; (joke) scéal *m1* grinn ♦ *vt*: to gag gobán a chur i mbéal duine, glas béil a chur ar dhuine
gain *n* (profit) sochar *m1*, brabach *m1*, gnóthachan *m1*; (increase): gain (in) méadú *m* (ar) ♦ *vt* gnóthaigh ♦ *vi* (watch): to gain bheith gasta or mear; to gain three lbs (in weight) trí phunt meáchain a chur suas; to gain on sb (catch up) teannadh le duine; to gain from/by gnóthú ar/as
gait *n* leagan *m1* siúil
gale *n* gála *m4*
gallant *adj* curata; (polite) cúirtéiseach, dea-bhéasach
gall bladder *n* máilín *m4* domlais
gallery *n* áiléar *m1*, gailearaí *m4*; (also: art gallery) dánlann *f2*
galley *n* (ship's kitchen) cistin *f2* loinge
gallon *n* galún *m1*
gallop *n*: at a gallop ar cosa in airde ♦ *vi*: to gallop dul ar cosa in airde
gallows *n* croch *fsg2*
gallstone *n* cloch *f2* dhomlais
galore *adv* go leor, fairsinge + *gen*
Galway *n* Gaillimh *f2*
gambit *n* (CHESS) fiontar *m1*
gamble *n* buille *m4* faoi thuairim, amhantar *m1* ♦ *vi*: to gamble imirt, bheith ag cearrbhachas ♦ *vt*: to gamble sth rud a chur i ngeall; to gamble on (fig) dul sa seans (go)
gambler *n* cearrbhach *m1*
gambling *n* cearrbhachas *m1*
game *n* cluiche *m4*; (HUNTING) géim *m4*, seilg *f2* ♦ *adj* (willing): to be game (for) bheith i bhfách (le); big game seilg mhór
gamekeeper *n* maor *m1* géim
gammon *n* (bacon) ceathrú *f* dheataithe; (ham) liamhás *m1* deataithe
gamut *n* réimse *m4*; (MUS) ceolraon *m1*
gang *n* drong *f2*; (of workmen) meitheal *f2*
 ▶ **gang up** *vi*: to gang up on sb ceann corr a thógáil do dhuine
gangster *n* drongadóir *m3*
gangway *n* clord *m1*; (of bus, plane) pasáiste *m4*
gaol *n* = jail
gap *n* bearna *f4*
gape *vi*: to gape at sb bheith ag stánadh ar dhuine
gaping *adj* (hole) béal-leata; (wound) oscailte
garage *n* garáiste *m4*
garbage *n* (us: rubbish) bruscar *m1*; (inf: nonsense) seafóid *f2*
garbage can (us) *n* bosca *m4* bruscair
Garda *n* (policeman) Garda *m4*; the Garda (POLICE) na Gardaí *mpl4*
garden *n* gairdín *m4*, garraí *m4*
gardener *n* garraíodóir *m3*
gardening *n* garraíodóireacht *f3*
gargle *vi* craosfhoc
garish *adj* gáifeach; (light) scéiniúil
garland *n* bláthfhleasc *f2*
garlic *n* gairleog *f2*
garment *n* ball *m1* éadaigh
garrison *n* garastún *m1*
garter *n* gairtéar *m1*
gas *n* gás *m1*; (us: gasoline) peitreal *m1*, artola *f4* ♦ *vt* gásaigh
gas cooker *n* cócaireán *m1* gáis, gáschócaireán *m1*
gas cylinder *n* sorcóir *m3* gáis
gas fire *n* tine *f4* gháis
gash *n* créacht *f3*, forba *m4*
gasket *n* (AUT) gaiscéad *m1*

gas mask

gas mask *n* gásphúicín *m4*

gas meter *n* gásmhéadar *m1*

gasoline (*US*) *n* peitreal *m1*, artola *f4*

gasp *vi* lig cnead; **gasp for breath** d'anáil a bheith i mbarr do ghoib agat, ga seá a bheith ionat

gas station (*US*) *n* stáisiún *m1* peitрил

gastric *adj* gastrach, goile *n* *gen*; **gastric flu** ulpóg ghoile

gate *n* (*of garden*) geata *m4*

gate-crash *vt*: **to gate-crash a party** stocaireacht a dhéanamh ar chóisir

gateway *n* geata *m4*, bealach *m1* isteach

gather *vt* cruinnigh, bailigh; (*flowers, fruit*) bain; (*assemble*) cruinnigh le chéile; (*understand*) tuig ♦ *vi* (*assemble*) cruinnigh; **to gather speed** siúl a thógáil

gathering *n* cruinniú *m*

gaudy *adj* spiaiáí

gauge *n* (*instrument*) tomhsaire *m4* ♦ *vt* tomhais

gaunt *adj* (*thin*) lom; (*grim, desolate*) gruama

gauntlet *n* (*glove*) lámhainn *f2* iarainn; (*fig*): **to run the gauntlet** bascadh reatha a fháil, dul faoi na súistí; **to throw down the gauntlet to sb** dúshlán a chur faoi dhuine

gauze *n* uige *f4*

gay *adj* (*homosexual*) aerach; (*cheerful*) aigeantach, meidhreach; (*colour etc*) péacach ♦ *n* homaighnéasach *m1*

gaze *n* amharc *m1* ♦ *vi*: **to gaze at** stánadh ar

gear *n* (*equipment*) trealamh *m1*, gléasra *m4*; (*TECH*) fearas *m1*; (*AUT*) gear *m1* ♦ *vt*

(*fig*: *adapt*): **to gear sth to** rud a chur in oiriúint do; **top gear, high gear** (*US*) ardghiar; **low gear** ísealghiar; **in gear** i ngiar

gear box *n* gearbhosca *m4*

gear lever, (*US*) **gear shift** *n* luamhán *m1* an ghiair

gel *n* glóthach *f2*

gelignite *n* geillignít *f2*

gem *n* seoid *f2*

Gemini *n* (*ASTROL*) An Cúpla *m4*

gender *n* cineál *m1*; (*UNG*) inscne *f4*

genealogy *n* ginealach *m1*, ginealas *m1*

general *n* ginearál *m1* ♦ *adj* ginearálta, gnáth-; **in general** i gcoitinne

general election *n* olltoghchán *m1*

generally *adv* de ghnáth, go hiondúil

general practitioner *n* gnáthdhochtúir *m3*

generate *vt* gin

generation *n* glúin *f2*; (*of electricity etc*) giniúint *f3*

generator *n* gineadóir *m3*

generosity *n* féile *f4*, flaitiúlacht *f3*

generous *adj* fial

genetic engineering *n* innealtóireacht *f3* ghéiniteach

genetics *n* géineolaíocht *f3*

Geneva *n* an Ghinéiv *f2*

genial *adj* lách, suáilceach

genitals *npl* baill *mpl1* ghiniúna

genius *n* (*natural talent*) bua *m4*; (*person*) sárintleachtach

genteel *adj* caoinbhéasach, galánta

gentle *adj* caoin, séimh, maránta

gentleman *n* duine *m4* uasal

gently *adv* go caoin, go réidh

gentry *n*: **the gentry** na huaisle *mpl1*

gents *n* leithreas *m1* na bhfear; "**Gents**" (*on sign*) "Fir"; **where's the gents?** cá bhfuil leithreas na bhfear?

genuine *adj* fíor-, dílis; (*person*) ionraic, macánta

geography *n* tíreolaíocht *f3*

geology *n* geolaíocht *f3*

geometric(al) *adj* geoméadrach

geometry *n* céimseata *f*

Georgian *adj*, (*n*) (*GEOG*) Seoirseach *m1*

geranium *n* geiríniám *m4*

geriatric *adj* seanliach, seanliachta *n* *gen*
germ *n* (*MED*) frídín *m4*, geirim *f2*, bitheog *f2*

German *adj*, *n* Gearmánach *m1*; (*UNG*) Gearmáinis *f2*

German measles *n* an bhruitíneach *f2* dhearg

Germany *n* an Ghearmáin *f2*

gesture *n* gotha *m4*, geistear *m1*; (*sign*) comhartha *m4*

KEYWORD

get vi 1 (*become, be*) éirigh; **to get old/tired** éirí sean/tuirseach; **to get drunk** dul ar meisce; **he got killed** maraíodh é; **when do I get paid?** cá huair a gheobhaidh mé mo thuarastal?; **it's getting late** tá sé ag éirí mall

2 (*go*): **to get to/from somewhere** áit a bhaint amach/imeacht ó áit; **to get home** an baile a bhaint amach; **how did you get here?** cén dóigh *or* cén chaoi ar tháinig tú anseo?

3 (*begin*): **I'm getting to know him** tá mé ag cur aithne air; **let's get going or started** (*on journey*) bimis or beidh muid ag imeacht, buailfidh muid an bóthar

4 (*modal aux vb*): **you've got to do it** caithfidh tú é a dhéanamh; **I've got to tell the police** caithfidh mé scéala a chur chuig na póilíní

♦ **vt 1: to get sth done** rud a (chur á) dhéanamh; **to get one's hair cut** do chuid gruaige a bharradh; **to get sb to do sth** tabhairt ar dhuine rud a dhéanamh; **to get sb drunk** duine a chur ar meisce

2 (*obtain: money, permission, results*) faigh; (*find: job, flat*) faigh; (*fetch: person, doctor, object*) téigh faoi dhéin + *gen* or faoi choinne + *gen*; **to get sth for sb** rud a fháil do dhuine; **get me Mr Jones on the phone, please** faigh Mr. Jones ar an nguthán or ar an teileafón dom, le do thoil; **can I get you a drink?** ar mhaith leat deoch?

3 (*receive: present, letter*) faigh; (*acquire: reputation*) faigh, tabhaigh; (*prize*) faigh, gnóthaigh; **what did you get for your birthday?** cad é a fuair tú cothrom an lae or ar do lá breithe?

4 (*catch*) ceap, gabh, faigh greim ar; (*hit: target etc*) aimsigh; **to get sb by the arm/throat** greim sciatháin/scornaí a fháil ar dhuine; **get him!** beir air!, gabh é!

5 (*take, move*) tabhair; **do you think we'll get it through the door?** meas tú

an rachaidh sé isteach ar an doras?; **I'll get you there somehow** fágfaidh mé thú ann ar dhóigh éigin

6 (*catch, take: plane, bus etc*) gabh ar, faigh; **he got the bus** chuaigh sé ar an mbus

7 (*understand*) tuig, cluin, clois; **I've got it!** tá sé agam!; (*hear*): **I didn't get your name** níor chuala mé d'ainm

8 (*have, possess*): **to have got sth** rud a bheith agat; **how many have you got?** cá mhéad atá agat?

- ♦ **get about vi** (*be socially active*) bheith i gcónaí ar do chois; (*after illness*) bheith ar do bhoinn arís; (*news*) leath, scaip
- ♦ **get along vi** (*agree*) tar or tarraing le chéile; (*depart*) imigh (leat); **they get along well together** tá siad ag tarraingt go maith le chéile; (*manage*) = **get by**
- ♦ **get at vt fus** (*attack*) tabhairt faoi; (*niggle*) bain as; (*facts*) tar ar; (*reach*) sroich, bain amach
- ♦ **get away vi** imigh; (*escape*) éalaigh
- ♦ **get away with vt fus: to get away with the money** an t-airgead a fháil leat; **he won't get away with it** ní ligfear leis é
- ♦ **get back vi** (*return*) fill, tar ar ais ♦ *vt* faigh ar ais
- ♦ **get by vi** (*pass*) gabh thar; (*manage*) tar le; **we had to get by with what we had** b'éigeán dúinn teacht leis an méid a bhí againn
- ♦ **get down vi, vt fus** téigh síos, tar anuas ♦ *vt* (*depress*) cuir gruaim ar; (*on paper*) breac síos
- ♦ **get down to vt fus** (*work*) crom ar, díriú ar, luigh isteach ar
- ♦ **get in vi** (*train*) tar isteach; **the train got in at six o'clock** tháinig an traein isteach ar a sé a chlog
- ♦ **get into vt fus** (*car, train etc*) téigh isteach i; (*clothes*) cuir ort; **to get into bed** dul a luí; **to get into a rage** racht or taom feirge a theacht ort, dul le cuthach
- ♦ **get off vi** (*from train etc*) tuirling, tar anuas; (*depart: person, car*) imigh; (*escape*): **he got off** scaoileadh saor é ♦ *vt* (*remove: clothes*) bain díot; (: *stain*) bain

getaway

amach • *vt fus (train, bus)* tuirling de, tar anuas de

- ▶ **get on** *vi (at exam etc)* éiríonn le; (*agree*): **to get on with each other** réiteach le chéile, tarraingt le chéile • *vt fus (horse)* téigh in airde ar
- ▶ **get out** *vi (of vehicle)* téigh amach as, éirigh amach as, tuirling • *vt (take out)* tabhair amach
- ▶ **get out of** *vt fus* éirigh as; (*duty etc*) éalaigh ó
- ▶ **get over** *vt fus (illness)* tar slán ó, cuir tharat
- ▶ **get round** *vt fus* téigh timpeall ar; (*fig: person*) meall; **to get round sb** duine a fháil le cabhadh
- ▶ **get up** *vi (rise)* éirigh • *vt fus* cuir ina shuí • *vt fus* téigh suas; **have you got up yet?** an bhfuil tú i do shuí go fóill?
- ▶ **get up to** *vt fus (reach)* sroich, bain amach; (*prank etc*) déan; **he is getting up to his old tricks** tá an tseanchleasaíocht arís air

getaway *n*: to make one's getaway do chosa a bhreith leat

geyser *n* géasar *m1*

Ghana *n* Gána *m4*

ghastly *adj* uafar; (*pale*) mílíteach, geal bán san aghaidh

gherkin *n* gircín *m4*

ghost *n* taibhse *f4*

giant *n* fathach *m1* • *adj* ollmhór

gibberish *n* gibiris *f2*, raiméis *f2*

giblets *npl* gipis *fsg2*

Gibraltar *n* Giobráltar *m4*

giddy *adj* (*scatterbrained*) uallach; (*dizzy*): **to be or feel giddy** meadhrán a bheith i do cheann

gift *n* bronntanas *m1*, féirín *m4*; (*ability*) bua *m4*; **she has the gift of the gab** tá fad na teanga uirthi

gifted *adj* tréitheach, ábalta

gift token *n* éarlais *f2* bhronntanais

gigantic *adj* ábhalmhór

giggle *vi* déan sciotaíl (gháire)

gill *n* (*measure*) ceathrú *f* pionta

gills *npl* (*of fish*) geolbhach *msg1*

119

gilt *adj* órnite • *n* órú *m*

gilt-edged *adj* (*COMM*) órchiumhsach

gimmick *n* seift *f2*, ciúta *m4*

gin *n* jin *f2*

ginger *n* sinséar *m1*

ginger ale *n* leann *m3* sinséir

ginger beer *n* beoir *f* shinséir

gingerbread *n* arán *m1* sinséir

gingerly *adv* go cáiréiseach, go faichilleach

gipsy *n* gíofóg *f2*

giraffe *n* sioráf *m1*

girder *n* cearchaill *f2*

girdle *n* (*corset*) sursaing *f2*

girl *n* cailín *m4*, girseach *f2*; (*daughter*) iníon *f2*

girlfriend *n* (*of girl*) cara *m* mná, banchara *m4*; (*of boy*) cailín *m4*, leannán *m1*

giro *n* (*bank giro*) gioró *m4* bainc; (*post office giro*) gioró poist; (*welfare cheque*) seic *m4* dóil

gist *n* éirim *f2*, bunbhri *f4*

give *vt* tabhair • *vi* (*break*) géill; (*stretch: fabric*) sín; **to give sb sth, give sth to sb** rud a thabhairt do dhuine; **to give a cry/sigh** scread/osna a ligean

▶ **give away** *vt* tabhair uait (in aisce); (*betray*) feall ar; (*disclose*) sceith, scil; (*bride*) tionlaic (chun na haltóra)

▶ **give back** *vt* tabhair ar ais

▶ **give in** *vi* géill • *vt* tabhair isteach

▶ **give off** *vt* (*heat, smell*) cuir as

▶ **give out** *vt* roinn, tabhair amach

▶ **give up** *vi* géill • *vt* éirigh as, tabhair suas; **to give up cigarettes** éirí as na toitíní; **to give o.s. up** tú féin a thabhairt suas

▶ **give way** (*BRIT: collapse*) *vi* tabhair (uaidh), bris; (*AUT*) géill slí; **the ground gave way under my feet** thug an fód faoi mo chos

glacier *n* oighearshruth *m3*

glad *adj* áthasach, sásta, meidhreach; **to be glad of sth** áthas a bheith ort as rud

gladly *adv* le fonn, go fonnmhar, faoi chroí mhór mhaith; **I'll do it gladly** déanfaidh mé (é) agus fáilte

glamorous *adj* luisiúil, maisiúil, sciamhach
glamour *n* loise *f4*; (*fascination*) draíocht *f3*
glance *n* sracfhéachaint *f3* ♦ *vi*: **to glance** at súil a chaitheamh ar
glancing *adj*: **a glancing blow** sciorbhuille *m4*
gland *n* faireog *f2*
glare *n* (*of anger*) súil *f2* fhiata; (*of light*) dallrú *m* ♦ *vi* dallraigh; **to glare** at súil fhiata a thabhairt ar
glaring *adj* (*mistake*) follasach
Glasgow *n* Glaschú *m4*
glass *n* gloine *f4*; **glasses** *npl* (*spectacles*) spéaclaí *mpl4*
glassware *n* earraí *mpl4* gloine
glaze *vt* (*door, window*) cuir gloine i, gloinigh; (*CULIN, pottery*) glónraigh ♦ *n* (*on pottery*) gléas *m1*
glazed *adj* glónraithe
glazier *n* gloineadóir *m3*
gleam *vi* dealraigh, drithligh
glean *vt* diasraigh, conlaigh
glee *n* lúcháir *f2*, gliondar *m1*
glib *adj* (*person*) luathchainteach; (*response*) cabanta
glide *vi* (*AVIAT*) téigh ar foluain; (*slide*) sleamhnaigh
glider *n* (*AVIAT*) faileoir *m3*
gliding *n* (*AVIAT*) faileoireacht *f3*
glimmer *n* fannléas *m1*
glimpse *n* spléachadh *m1* ♦ *vt* faigh spléachadh ar
glint *vi* drithligh, glinnigh
glisten *vi* bheith ag glioscarnach
glitter *vi* ruithnigh
gloat *vi*: **he gloated over it** ba í an ola ar a chroí é
global *adj* domhanda
globe *n* cruinneog *f2*; **all over the globe** ar fud an domhain
gloom *n* (*darkness*) dorchacht *f3*; (*sadness*) gruaim *f2*, duairceas *m1*, smúit *f2*
gloomy *adj* gruama, dubhach, duairc
glorious *adj* glórmhar; (*day*) aoibhinn, álainn

glory *n* glóir *f2*; (*splendour*) breáthacht *f3*
gloss *n* (*shine*) snas *m3*; (*also*: **gloss paint**) péint *f2* snasaithe
glossary *n* gluais *f2*
glossy *adj* snasta
glove *n* miotóg *f2*, lámhainn *f2*
glow *vi* lonraigh; **her cheeks were glowing** bhí lasadh ina grua
glower *vi*: **to glower** (at) drochfhéachaint a thabhairt (ar), místá a dhéanamh ar
glucose *n* glúcós *m1*
glue *n* gliú *m4* ♦ *vt* cuir gliú ar, gliúáil; **she was glued to the screen** bhí a súile saite sa scáileán
glum *adj* gruama
glut *n* anlucht *m3*
glutton *n* craosaire *m4*; **he is a glutton for work** tá sé an-santach chun oibre
gnat *n* corrmhiol *m1*
gnaw *vt* creim, cnaigh
go *vi* téigh, gabh; (*depart*) imigh; (*collapse etc*) tabhair; (*be sold*): **to go for £10** imeacht ar £10; (*fit, suit*): **to go with** teacht le; (*become*): **to go pale** éirí geal bán san aghaidh; **it went mouldy** tháinig coincleach air ♦ *n*: **to have a go** (at) tabhairt faoi; **to be on the go** bheith ar do chois; **it's your go** do shealsa atá ann; **he's going to do ...** tá sé ag dul a dhéanamh ...; **to go for a walk** dul ag spaisteoireacht; **to go dancing** dul ag damhsa; **how did it go?** cad é mar a d'éirigh leis?; **to go round the back/by the shop** dul thart ar chúl/thart leis an siopa
 ▶ **go about** *vi* (*rumour*) gabh thart ♦ *vt fus*: **how do I go about this?** cad é mar a thugaim faoi seo?
 ▶ **go ahead** *vi* (*make progress*) téigh chun cinn; (*get going*) gabh ar aghaidh
 ▶ **go along** *vi* síúil romhat ♦ *vt fus* téigh feadh + *gen*
 ▶ **go away** *vi* imigh leat
 ▶ **go back** *vi* fill
 ▶ **go back on** *vt fus* (*promise*) séan, téigh siar ar
 ▶ **go by** *vi* (*years, time*) téigh thart ♦ *vt fus*

goad

déanamh de réir + *gen*

- ▶ **go down** *vi* téigh síos; (*ship*) téigh go grinneall; (*sun*) téigh faoi
 - ▶ **go for** *vt fus* (*fetch*) téigh ar lorg; (*attack*) tabhair fogha faoi
 - ▶ **go in** *vi* téigh isteach
 - ▶ **go in for** *vt fus* (*competition*) téigh san iomaíocht do; (*like*): **he goes in for that sort of thing** tá dúil aige sa chineál sin ruda
 - ▶ **go into** *vt fus* (*discuss*) pléigh; (*investigate*) fiosraigh; (*embark on*) crom ar
 - ▶ **go off** *vi* imigh; (*explode*) pléasc; (*event*): **the concert went off well** d'éirigh go geal leis an cheolchoirm; (*food*): **the milk has gone off** tá corr sa bhainne • *vt fus* tabhair snamh do; **the gun went off** scaoil an gunna
 - ▶ **go on** *vi* lean ort; **to go on with sth** dul ar aghaidh le rud
 - ▶ **go out** *vi* téigh amach; (*fire, light*) téigh as
 - ▶ **go over** *vt fus* (*check*) téigh siar ar
 - ▶ **go through** *vt fus* (*town etc*) téigh tríd
 - ▶ **go up** *vi* téigh suas; (*price*) ardaigh • *vt fus* (*ladder, mountain*) téigh suas
 - ▶ **go without** *vt fus* déan gan, téigh gan
- goad** *vt* broid, príoic
- go-ahead** *adj* forásach; **to give sb the go-ahead** ligean do dhuine dul ag aghaidh, cead a chinn a thabhairt do dhuine

goal *n* báire *m4*, cúl *m1*

goalkeeper *n* cúl *m1* báire

goalpost *n* cuaille *m4* báire

goat *n* gabhar *m1*

gobble *vt* (*also*): **gobble down, gobble up** alp, plac

go-between *n* idirghabhálaí *m4*

God *n* Dia *m*; **My God!** A Dhia dhílis!

God forbid that I should do that nár ligfe Dia go ndéanfainn sin; **God help them!** go bhféire Dia orthu!; **God (only) knows!** ag Dia (féin) atá a fhios; **oh, for God's sake!** och, i gcuntas Dé!

god *n* dia *m*

godchild *n* leanbh *m1* baisti

121

good-looking

goddaughter *n* iníon *f2* baisti

goddess *n* bandia *m*

godfather *n* athair *m* baisti

godforsaken *adj* (*place*) scoite

godmother *n* máthair *f* baisti

godsend *n* tiolacadh *m* ó neamh; **it was a godsend** is é Dia a chuir i mo bhealach é

godson *n* mac *m1* baisti

goggles *npl* (*for skiing etc*) gloiní *fp4* cosanta

going *n* (*conditions*) deis *f2* • *adj*: **the going rate** an ráta reatha

gold *n* óir *m1* • *adj* óir *n* *gen*

golden *adj* (*made of gold*) óir *n* *gen*; (*gold in colour*) órga

goldfish *n* iasc *m1* órga

gold-plated *adj* órphlátáilte

goldsmith *n* gabha *m4* óir, órcheardaí *m4*

golf *n* galf *m1*

golf ball *n* liathróid *f2* ghailf

golf club *n* cumann *m1* gailf; (*stick*) maide *m4* gailf

golf course *n* galfchúrsa *m4*

golfer *n* galfaire *m4*

gong *n* gang *m3*

good *adj* maith • *n* maith *f2*; **goods** *npl* (*COMM*) earraí *mpl4*; **good!** go maith!; **to be good at Irish** bheith go maith ag an Ghaeilge; **to be good at games** bheith go maith i gceann cluichí; **it did me good** chuaigh sé go maith dom; **would you be good enough to ...?** ar mhiste leat ...?; **a good deal (of)** roinnt mhaith + *gen*; **a good many** gearrchuid; **to make good** *vi* (*succeed*) rath a dhéanamh • *vt* (*deficit, losses*) tabhairt isteach; **it's no good complaining** níl maith (duit) a bheith ag gearán; **for good** go deo, gan súil le fillleadh; **good morning!** Dia duit ar maidin!; **good evening!** tráthnóna maith duit!; **good night!** oíche mhaith duit!; (*on going to bed*) oíche mhaith agat!; slán codlata agat!; codladh sámh!

goodbye *excl* slán

Good Friday *n* Aoine *f4* an Chéasta

good-looking *adj* dathúil, gnaíúil, dóighiúil

good-natured**good-natured** *adj* (*person*) lách, cineálta, deáthach**goodness** *n* (*of person*) maitheas *f3*; for **goodness sake!** in ainm Dé!; **goodness gracious!** A Thiarna Dhia!**goods train** *n* traein *f* earraí**goodwill** *n* dea-mhéin *f2*, dea-thoil *f3***goose** *n* gé *f4***gooseberry** *n* spíonán *m1***goose bumps, gooseflesh, goose****pimples** *n(pl)* cáithníní *mpl4***gore** *vt* sáigh (le hadharc), adharcáil ♦ *n* folracht *f3***gorge** *n* altán *m1* ♦ *vt*: **to gorge o.s. (on)** craos a dhéanamh (*ar*)**gorgeous** *adj* sárálainn, fíorsciamhach**gorilla** *n* goraille *m4***gory** *adj* crólinnteach, fuilteach**gospel** *n* soiscéal *m1***gossip** *n* cardáil *f3*, cadráil *f3*; (*malicious*)cúlchaint *f2*; (*person*) cardálaí *m4*,béadánaí *m4*; (*malicious*) cúlchainteoir*m3* ♦ *vi*: **to gossip (about)** bheith agbéadán *or* ag cúlchaint (*ar*)**gout** *n* gúta *m4***govern** *vt* rialaigh**governess** *n* máistreás *f3***government** *n* rialtas *m1***governor** *n* (*of state, bank*) gobharnóir *m3***gown** *n* gúna *m4***GP** *n abbr* = **general practitioner****grab** *vt* sciob, glám ♦ *vi*: **to grab at**iarraidh *or* áladh a thabhairt *ar***grace** *n* grásta *m4*; (*elegance*) cuannacht*f3* ♦ *vt* (*adorn*) maisigh; **five days' grace**cairde cúig lá; **grace before meals** altú

roimh bhia

graceful *adj* mómhar**gracious** *adj* grástúil**grade** *n* (*COMM*) cáilíocht *f3*; (*in hierarchy*)aicme *f4*; (*SCHOOL*) grád *m1*; (*us: school class*)rang *m3* ♦ *vt* grádaigh, rangaigh**grade school** (*us*) *n* bunscoil *f2***gradient** *n* grádán *m1***gradual** *adj* céimseach, dréimreach**gradually** *adv* de réir a chéile, as a chéile**graduate** *n* céimí *m4* ♦ *vi*: **to graduate**

céim a bhaint amach

graduation *n* (*UNIV*) bronnadh *m* céimeanna**graffiti** *npl* graffiti *mpl***graft** *n* (*AGR, MED*) nó dú *m*; (*bribery*)breabaireacht *f3* ♦ *vt* nódaigh; **hard graft**obair *f2* chrua**grain** *n* gráinne *m4*; (*corn*) arbhar *m1***gram** *n* gram *m1***grammar** *n* gramadach *f2*; (*book*)graiméar *m1***grammar school** *n* scoil *f2* ghramadaí**grammatical** *adj* gramadúil**gramme** *n* gram *m1***grand** *adj* breá, maorga; (*superior*)ardnósach; (*gesture etc*) mór ♦ *n* (*inf*): **a****grand** míle punt *or* dollar; **that's grand!**

tá sin go breá!

grandchildren *npl* clann *f2* clainne**granddad, grandpa** (*inf*) *n* daideo *m4***granddaughter** *n* garínín *f2***grandfather** *n* seanathair *m***grandma** (*inf*) *n* mamó *f4***grandmother** *n* seanmháthair *f***grandparents** *npl* an seanathair agus an

tseanmháthair

grand piano *n* mórfhianó *m4***grandson** *n* garmhac *m1***grandstand** *n* (*SPORT*) seastán *m1* mór**granite** *n* eibhear *m1***granny** (*inf*) *n* mamó *f4***grant** *vt* deonaigh; (*permission*) tabhair;(*admit*) admhaigh ♦ *n* (*SCHOOL*) deontas *m1*;(*ADMIN*) deonú *m*; **to take it for granted**

that talamh slán a dhéanamh de go

granulated sugar *n* siúcra *m4* garbh**grape** *n* fíonchaor *f2***grapefruit** *n* seadóg *f2***graph** *n* graf *m1***graphic** *adj* grafach; (*account, description*)

léir, glinn

graphics *n* graificí *fp12***grapple** *vi*: **to grapple with** dul chun

spairne le

grasp *vt* beir ar ♦ *n* (*grip*) greim *m3*;(*understanding*) tuiscint *f3***grasping** *adj* santach**grass** *n* féar *m1***grasshopper** *n* dreoilín *m4* teaspaigh

grass-roots *adj* bunúsach; **grass-roots**

opinion aigne an phobail i gcoitinne

grate *n* gráta *m4* ♦ *vi* díosc ♦ *vt* (CULIN)

grátáil

grateful *adj* buíoch

gratifying *adj* sásúil; **it is most gratifying**

cuireann sé pléisiúr mór orm

gratitude *n* buíochas *m1*

gratuity *n* deolchaire *f4*, síneadh *m1*

(láimhe)

grave *n* uaigh *f2* ♦ *adj* tromchúiseach

gravedigger *n* reiligire *m4*

gravel *n* gairbhéal *m1*

gravestone *n* leac *f2* uaighe, tuama *m4*

graveyard *n* reilig *f2*

gravity *n* (PHYS) imtharraingt *f*;

(seriousness) tromchúis *f2*

gravy *n* súlach *m1*

gray (US) *adj* = **grey**

graze *vi* bheith ag innilt ♦ *vt* (touch

lightly) teagmhaigh le; (scrape) gránaigh

♦ *n* gránú *m*

grease *n* (fat) bealadh *m1* ♦ *vt* bealaigh

greaseproof paper *n* páipéar *m1*

gréiscdhionach

greasy *adj* bealaithe

great *adj* mór; (inf) iontach; **it was great!**

bhí sé go hiontach

Great Britain *n* an Bhreatain *f2* Mhór

great-grandfather *n* sin-seanathair *m*

great-grandmother *n* sin-seanmháthair *f*

greatly *adv* go mór

greatness *n* mórgacht *f3*

Grece *n* an Ghréig *f2*

greed *n* (also: greediness) saint *f2*; (for

food) cíocras *m1*, ampla *m4*

greedy *adj* santach; (for food) cíocrach,

amplach

Greek *adj*, *n* Gréagach *m1*; (LING) Gréigis *f2*

green *adj*, *n* glas *m1*; (vivid) uaine *f4*;

(stretch of grass) faiche *f4*; **greens** *npl*

(vegetables) glasraí *mpl4*; **The Green**

Party (POL) An Páirtí *m4* Glas; (: IRL) An

Comhaontas *m1* Glas

green belt *n* crios *m3* glas

green card *n* (AUT, also US) cárta *m4* glas

greenery *n* duilliúr *m1*

greengrocer *n* grósaer *m3* glasraí

greenhouse *n* teach *m* gloine

greenhouse effect *n* éifeacht *f3* teach

gloine

Greenland *n* an Ghraonlainn *f2*

greet *vt* beannaigh do

greeting *n* beannacht *f3*

greeting(s) card *n* cárta *m4* beannachta

gregarious *adj* (person) caidreamhach

grenade *n* gránáid *f2*

grey, (US) **gray** *adj* liath; (sheep, horse) glas

grey-haired *adj* liath, ceannliath

greyhound *n* cú *m4*

grid *n* greille *f4*; (ELEC) eangach *f2*

grief *n* brón *m1*, dobrón *m1*, léan *m1*

grievance *n* cúis *f2* ghearáin

grieve *vi*: **to grieve** dobrón a dhéanamh

♦ *vt* dobrón a chur ar; **she's grieving for**

her child tá sí ag caoineadh a linbh, tá

dobróin uirthi i ndiaidh a linbh

grievous *adj* trom, léanmhar; (LAW):

grievous bodily harm mórdhiobháil *f3*

choirp

grill *n* (on cooker) greille *f4*; (food) gríscín

m4 ♦ *vt* gríos; (inf: question) cuir

ceastóireacht ar

grille *n* grátáil *f3*, greille *f4*

grim *adj* dúr

grimace *n* strainc *f2*, strabhas *m1* ♦ *vi* cuir

strainc ort féin

grime *n* smúr *m1*, ciobar *m1*

grin *n* draid *f2*, straois *f2* ♦ *vi* cuir draid or

straois ort féin

grind *vt* meil ♦ *n* (work) obair *f2* chortha,

tiaráil *f3*

grip *n* (hold) greim *m3*; (control) smacht

m3; (grasp) tuiscint *f3*; (handle) greamán

m1 ♦ *vt* faigh greim ar, greamaigh; **to**

come to grips with dul i ngleic le, dul i

ngreim i

gripping *adj* corraitheach, dúspéisiúil

grisly *adj* scanrúil

gristle *n* loingeán *m1*

grit *n* grean *m1*; (courage) gus *m3*,

spriolladh *m1* ♦ *vt* (road) cuir grean ar; **to**

grit one's teeth na fiacla a theannadh ar

a chéile

groan *n* éagnach *m1* ♦ *vi* éagnaigh, déan

éagnach

grocer

grocer *n* grósaer *m*3

groceries *npl* earraí *mpl*4 grósaera

grocer's (shop) *n* siopa *m*4 grósaera

groin *n* bléin *f*2

groom *n* grúmaer *m*3; (also:

bridegroom) grúm *m*1 ♦ *vt* (horse) cuir cóir ar; (*fig*): **to groom sb** for duine a ullmhú do; **well-groomed** deachóirithe

groove *n* eitre *f*4

grope *vi*: I **groped for a pen** rinne mé méarnáil ar lorg pinn

gross *adj* (serious) tromchúiseach; (*vulgar*) otair; **gross error** earráid *f*2 mhór; **gross income** (COMM) ioncam *m*1 comhlán

grossly *adv* (greatly) go mór

grotto *n* uaimh *f*2

ground *n* talamh *m*1 or *f*, fearann *m*1; (SPORT) páirc *f*2; (US: also: **ground wire**)

talmhú *m*; (*reason*: *gen pl*) cúis *f*2 ♦ *vt*

(plane) cuir fuireacht poirt ar; (US: ELEC)

talmhaigh; **grounds** *npl* (gardens etc)

fearann *msg*1; **to fall to the ground**

titim go talamh; **to gain/lose ground**

talamh a dhéanamh/a chailleadh

ground cloth *n* (US) braillín *f*2 talún

grounding *n* (instruction) buneolas *m*1

groundless *adj* gan bhunús

groundsheet *n* braillín *f*2 talún

groundwork *n* ullmhú *m*, obair *f*2

bhunaidh

group *n* gasra *m*4 ♦ *vt* (also: **group together**) cuir i ngrúpaí ♦ *vi* cruinnigh

grouse *n* (bird) cearc *f*2 fhraoigh ♦ *vi*

(complain) déan clamhsán

grove *n* garrán *m*1

grovel *vi* lodair; (*fig*) lútáil, déan

flústaireacht

grow *vt, vi* fás; (*increase*) méadaigh;

(become): **to grow rich/weak** éirí

saibhir/lag; (*develop*): **he's grown out of**

his jacket tá a chasóg séanta aige; **he'll**

grow out of it! fágfaidh sé ina dhiaidh é

leis an aimsir

► **grow up** *vi*: **to grow up** éirí mór, teacht i méadaíocht, fás aníos

grower *n* saothraí *m*4

growing *adj* méadaitheach, breisiúil;

growing discontent míshásamh atá ag

124

méadú

growl *vi* drantaigh

grown-up *n* duine *m*4 fásta, duine mór

growth *n* fás *m*1; (*expansion*) forás *m*1, borradh *m*; (MED) siad *m*3

grub *n* cruimh *f*2; (*inf*: food) bia *m*4

grubby *adj* grabasta

grudge *n* fala *f*4, olc *m*1 ♦ *vt*: **to grudge**

sb sth rud a mhaíomh ar dhuine, rud a

thnúth do dhuine; **to bear sb a grudge**

(for) fala a bheith agat le duine (as), olc

a bheith agat do dhuine (as)

gruelling, (US) **grueling** *adj* dian,

maslach

gruesome *adj* urghrána, uafásach

gruff *adj* grusach, gairgeach, giorraisc

grumble *vi* ceasnaigh, déan clamhsán or

canrán

grumpy *adj* cantalach, cancrach

grunt *vi* déan gnúsacht

guarantee *n* ráthaíocht *f*3 ♦ *vt* ráthaigh,

téigh in urra ar

guard *n* garda *m*4; (*on machine*) sciath *f*2;

(also: **fireguard**) sciath *f*2 tine ♦ *vt*

gardáil; (*protect*): **to guard (against or**

from) gardáil (ar), tú féin a ghardáil or a

fhaichill (ar)

guarded *adj* (*fig*) faichilleach

guardian *n* coimirceoir *m*3; (*of minor*)

caomhnóir *m*3

guerrilla *n* guairille *m*4

guess *vt* tomhais; (*estimate*) meas; (*esp us*:

suppose) creid ♦ *vi* tomhais ♦ *n* tomhas

*m*1; **to take or have a guess** buille faoi

thuairim a thabhairt; **guess what! I won**

cad é do bharúil! - bhain mé

guesswork *n* tuairimíocht *f*3

guest *n* aoí *m*4

guesthouse *n* teach *m* aíochta

guest room *n* seomra *m*4 aíochta

guffaw *vi* déan scolgháire

guidance *n* treoir *f*

guide *n* (person, book etc) eolaí *m*4;

(formerly: also: **girl guide**) brídín *f*4 ♦ *vt*

treoraigh, déan treoir do

guidebook *n* eolaí *m*4, leabhrán *m*1 eolais

guide dog *n* madra *m*4 treoraithe

guidelines *npl* (*fig*) treoirlínte *fp*4

guild

- guild** *n* gild *m4*, cuallacht *f3*
guillotine *n* gilitín *m4*
guilt *n* ciontacht *f3*
guilty *adj* ciontach
guinea pig *n* muc *f2* ghuine
guise *n* riocht *m3*; **in the guise of** *i* riocht
+ *gen*
guitar *n* giotár *m1*
gulf *n* murascaill *f2*; (*fig*) scoilt *f2*
gull *n* faoileán *m1*
gullet *n* craos *m1*, slogaide *f4*
gullible *adj* saonta
gully *n* (*ravine*) altán *m1*; (*drain*) lintéar
m1, clais *f2*
gulp *vi* sclog ♦ *vt* (*also: gulp down*) slog
siar
gum *n* (*ANAT*) drandal *m1*, carball *m1*;
(*glue*) guma *m4*, gumroisín *m4*; (*sweet*):
also gumdrop) póirín *m4* guma; (*also*):
chewing gum guma coganta ♦ *vt* cuir
guma ar
gun *n* gunna *m4*

125

gypsy

- gunboat** *n* bád *m1* gunnaí móra
gunfire *n* lámhach *m1*
gunman *n* fear *m1* gunna
gunpoint *n*: **at gunpoint** faoi bhéal
gunna
gunpowder *n* púdar *m1* gunna
gunshot *n* urchar *m1* gunna
gush *vi* scaird; (*fig*) téigh thar fóir
gust *n* (*of wind*) séideán *m1*
gut *n* putóg *f2*; **guts** (*courage*) spriolladh
msg1
gutter *n* gáitéar *m1*
guy *n* (*inf: man*) diúlach *m1*, ógánach *m1*;
(*also: guyrope*) cuibhreach *m1*
gym *n* (*also: gymnasium*) giomnáisiam
m4
gymnast *n* gleacaí *m4*
gymnastics *npl* gleacaíocht *f3*
gynaecologist, (*us*) **gynecologist** *n* lia
m4 ban
gypsy *n* gíofóg *f2*, tincéir *m3*

H

- haberdashery** *n* siopa *m4* mionéadaí; (*goods*) mionéadaí *mpl1*; mionearraí *mpl4*
- habit** *n* nós *m1*, béas *m3*, gnás *m1*; (*REL, costume*) aibíd *f2*
- habitual** *adj* gnách, gnáth-; **habitual liar** síorbhréagach *m1*
- hack** *vt* coscair, ciorraigh, leadair
- hackneyed** *adj* smolchaite
- haddock** *n* cadóg *f2*; **smoked haddock** cadóg dheataithe
- haemorrhage**, (*us*) **hemorrhage** *n* rith *m3* fola, fuiliú *m*
- haemorrhoids**, (*us*) **hemorrhoids** *npl* fiocas *m1*, daorghalar *m1*
- hag** *n* (*pej*) cailleach *f2*
- haggle** *vi*: **to haggle over sth** stangaireacht *or* margáil a dhéanamh faoi rud
- Hague** *n*: **The Hague** an Háig *f2*
- hail** *n* cloch *f2* shneachta • *vt* (*call*) glaoigh ar, scairt le; (*welcome*) fáiltigh roimh; (*address*) cuir ceiliúr *or* forráin ar • *vi*: **it's hailing** tá sé ag cur cloch sneachta; **he was hailed as a great writer** bhí clú agus cáil air mar scríbhneoir mór
- Hail Mary** *n*: **the Hail Mary** an tÁivé *m4* Máiria
- hailstone** *n* cloch *f2* shneachta
- hair** *n* (*on head*) gruaig *f2*, folt *m1* (*gruaige*); (*on body, animal*) fionnadh *m1*; (*pubic hair*) stothóg *f2*, caithir *f*; (*single hair: on head*) ribe *m4* gruaige; (: *on body, animal*) ribe fionnadh; **to do one's hair** do chuid gruaige a chóiriú; **the hair of the dog (that bit you)** leigheas na póite a hól arís
- hairbrush** *n* scuab *f2* ghruaige
- haircut** *n* bearradh *m* gruaige
- hairdo** *n* cóiriú *m* gruaige
- hairdresser** *n* gruagaire *m4*
- hairdresser's** *n* siopa *m4* gruagaire
- hair dryer** *n* triomadóir *m3* gruaige
- hairgrip** *n* fáiscín *m4* gruaige
- hairnet** *n* eangach *f2* gruaige
- hairpiece** *n* fuig *m4*
- hairpin** *n* (*bend*) coradh *m* géar
- hair-raising** *adj* scanrúil, scáfar
- hair spray** *n* laicear *m1* gruaige
- hairstyle** *n* stíl *f2* ghruaige
- hairry** *adj* gruagach, clúmhach
- hake** *n* colmóir *m3*
- half** *n* leath *f2*; (*of beer: also: half pint*) leathphionta *m4*; (*IRL: of whiskey*) leathcheann *m1*; (*RAIL, bus: also: half fare*) leath-tháille *f4* • *adj* leath- • *adv* leath-; **half a dozen** leathdhosaen *m4*; **half a pound** leathphunt *m1*; **two and a half days** dhá lá go leith; **to cut sth in half** rud a ghearradh ina dhá leath; **the bottle was half empty** bhí an buidéal leathfhola; **at half past two** ar leathuair i ndiaidh *or* tar éis a dó; **in half an hour** i gceann leathuair
- half-back** *n* (*SPORT*) leathchúlaí *m4*
- half-baked** *adj* (*plan*) leibideach
- half-caste** *n* meascach *m1*
- half-cut** *adj* (*inf*) ar leathmheisce
- half-day** *n* leathlá *m*
- half-forward** *n* (*SPORT*) leath-thosaí *m4*
- half-hearted** *adj* fuarbhruite
- half-hour** *n* leathuair *f2*
- half-marathon** *n* leathmharatón *m1*
- half-mast** *adv* (*flag*): **at half-mast** ar leathfholuain
- halfpenny** *n* leathphingin *f2*
- half-price** *adj, adv*: (**at**) **half-price** (ar) leathphraghas, (ar) leathluach
- half term** *n* (*scol*) lár *m1* téarma
- half-time** *n* leath-am *m3*
- halfway** *adv* leath *f2* bealaigh
- hall** *n* halla *m4*; (*entrance way*) forhalla *m4*
- hallmark** *n* sainmharc *m1*; (*fig*) lorg *m1*, comhartha *m4*
- hallo** *excl* = hello
- hall of residence** *n* halla *m4* cónaithe
- hallowed** *adj* beannaithe, naofa
- Hallowe'en** *n* Oíche *f4* Shamhna

hallucination

hallucination *n* mearú *m* súl

hallway *n* halla *m*4

halo *n* fáinne *m*4; (of saint etc) luan *m*1

halt *n* stad *m*4, stop *m*4 • *vt, vi* stad, stop

halve *vt* (expense) laghdaigh faoina leath;

he halved the apple rinne sé dhá leath den úll

ham *n* liamhás *m*1

hamburger *n* marbthorgaire *m*4

hamlet *n* gráig *f*2, sráidbhaile *m*4

hammer *n* casúr *m*1 • *vt* (nail) orlaigh;

(fig) gread • *vi* (on door) buail tailm ar; **to**

hammer an idea into sb barúil a chur abhaile ar dhuine

hammock *n* ámóg *f*2

hamper *vt* cuir isteach ar, cuir as do, bac

• *n* amparán *m*1, cis *f*2, ciseán *m*1

hamster *n* hamstar *m*1

hand *n* lámh *f*2; (worker) oibrí *m*4; (at

cards) lámh *f*2 • *vt* tabhair do; **to be a**

good hand at sth lámh mhaithe a bheith

agat ar rud; **to give or lend sb a hand**

lámh chuidithe a thabhairt do dhuine;

to have a hand in sth lámh a bheith

agat i rud; **at hand** in aice láimhe; **in**

hand (time) le spárail, sa bhreis; (job,

situation) idir lámha; **to be on hand**

bheith in aice láimhe, bheith in áit na

garaíochta; **to hand (information etc)** in

aice láimhe, ag an lámh (agat); **on the**

one hand ... , on the other hand ar

lámh amháin (de) ..., ar an lámh eile

(de)

▶ **hand in** *vt* fág isteach, tabhair isteach

▶ **hand out** *vt* dáil, tabhair amach

▶ **hand over** *vt* tabhair (do), tabhair uait

handbag *n* mála *m*4 láimhe

handbook *n* lámhleabhar *m*1

handbrake *n* coscán *m*1 láimhe

handcuffs *npl* glaís *mpl*1 lámh, dornaisc *mpl*1

handful *n* dornán *m*1, lán láimhe, glac *f*2;

he's a bit of a handful (fig) ní haon

dóithín é

handicap *n* (also GOLF) cis *f*2 • *vt* cis, cuir

cis ar

handicapped *adj*: mentally

handicapped meabhairéislíneach,

meabhairéalangach; **physically**

handicapped corpéislíneach • *n*: the

handicapped na daoine *mpl*4

míchumasacha

handicraft *n* lámhcheird *f*2; (object)

saothar *m*1 láimhe

handiwork *n* obair *f*2 láimhe

handkerchief *n* ciarsúr *m*1

handle *n* (of door) murlán *m*1; (of

saucepan etc) hanla *m*4; (of cup, jug, saw)

cluas *f*2; (of knife etc) cos *f*2; (for winding)

lámhchrann *m*1; (of bucket) lámh *f*2; (of

car: also: **starting handle**) lámh

dhúisithe • *vt* lámhsigh; (deal with)

lámhseáil, pléigh le; "**handle with care**"

"lámhsigh go cúramach"; **to fly off the**

handle dul ar stealláí mire, dul as do

chrann cumhachta

handlebar(s) *n(pl)* cluas(a) *f(pl)*2 rothair

hand-luggage *n* bagáiste *m*4 láimhe

handmade *adj* lámhdhéanta

handout *n* (document) bileog *f*2; (money)

síneadh *m*1 láimhe

handrail *n* lámhráille *m*4

handshake *n* croitheadh *m* láimhe

handsome *adj* dóighiúil, dathúil; (profit,

return) maith

handwriting *n* lámhscríbhneoireacht *f*3,

scríbhneoireacht *f*3, lámh *f*2

handy *adj* (person) deaslámhach, seiftiúil;

(close at hand) in aice láimhe; (useful)

áisiúil, sásta

handyman *n* fear *m*1 deaslámhach;

(servant) fear *m*1 friothála

hang *vt, vi* croch; **to get the hang of**

(doing) sth teacht isteach ar rud (a

dhéanamh)

▶ **hang about, hang around** *vi*: **to hang**

about the place bheith ag máinneáil or

ag fáinneáil thart faoin áit

▶ **hang on** *vi* (wait) fan

▶ **hang up** *vi* (TEL): **to hang up (on sb)** an

guthán a chur síos (ar dhuine) • *vt* (coat,

painting etc) croch

hangar *n* haingear *m*1

hanger *n* crochadán *m*1

hanger-on *n* diúgaire *m*4, stocaire *m*4

hang-gliding *n* faoileoireacht *f*3 shaor

hangover

hangover *n* póit *f2*

hang-up *n* coimpléasc *m1*

hanker *vi*: **to hanker after** caitheamh i

ndiaidh + *gen*, bheith ag tnúth le

hankie, **hanky** *n* *abbr* = **handkerchief**

haphazard *adj* fánach, trína chéile

happen *vi* tarlaigh, tit amach; **it so**

happens that tarlaíonn go; **as it**

happens mar a tharlaíonn, mar atá

happening *n* tarlú *m*

happily *adv* go sona (sásta); (*luckily*) go hádhúil

happiness *n* sonas *m1*, séan *m1*

happy *adj* sona, séanmhar; **happy with**

(*arrangements etc*) sásta le; **to be happy**

to help with bheith breá sásta cuideíú le;

happy birthday! go maire tú an lá!

happy-go-lucky *adj* aerach aigeanta, ar

nós na réidhe, gan bhuairt

harass *vt* ciap, cráigh

harassment *n* ciapadh *m*, crá *m4*

harbour, (*us*) **harbor** *n* cuan *m1*, port *m1*

• *vt* tearmannaigh, cothaigh; **he**

harbours a secret desire tá mian

fholaíthe *or* rúnda aige

hard *adj* (*physical object, facts, evidence*)

crua; (*question, problem*) deacair, doiligh,

crua; (*stubborn*) cadránta • *adv* (*work*) go

crua, go dian, go dícheallach; (*think*) go

dian, go domhain; **they tried hard** rinne

siad a ndícheall; **to look hard at**

breathnú go grinn ar; **no hard feelings!**

níl dochar ar bith déanta!; **to be hard of**

hearing moill éisteachta a bheith ort

hardback *n* clúdach *m1* cruá

hard cash *n* airgead *m1* tirim, airgead

réidh

hard disk *n* (*COMPUT*) díosca *m4* cruá

harden *vt*, *vi* cruaiigh

hard-headed *adj* críonna, cinnte

hard labour *n* daorobair *f2*

hardly *adv*: **I had hardly come in** ar

éigean a bhí mé istigh; **she hardly ever**

speaks is ar éigean a labhraíonn sí ar

chor ar bith; **I hardly know** the man níl

ach breacaithe agam ar an bhfear

hardship *n* cruatan *m1*, anró *m4*

hard up (*inf*) *adj* ar an ghanncuid

128

hardware *n* cruá-earraí *mpl4*

hardware shop *n* siopa *m4* iarmra *or*

cruá-earraí

hard-wearing *adj* buanfasach

hard-working *adj* dícheallach,

saothrach, dlúsúil

hardy *adj* cruá, urrúnta; (*plant*) cruá

hare *n* giorria *m4*

hare-brained *adj* bómánta, áifeiseach

harelip *n* bearna *f4* mhíl

harm *n* dochar *m1*, díobháil *f3*, urchóid

f2 • *vt* déan dochar *or* díobháil do; **out**

of harm's way slán ó chontúirt, ar láimh

shábháilte

harmful *adj* dochrach, díobhálach,

urchóideach

harmless *adj* gan dochar, gan urchóid,

neamhurchóideach; **he's harmless** níl

dochar ar bith ann

harmony *n* comhcheol *m1*

harness *n* úim *f3*; (*safety harness*) úim *f3*

shábháilteachta • *vt*: **to harness a horse**

úim a chur ar chapall; (*resources*) leas a

bhaint as

harp *n* cláirseach *f2*; (*small*) cruit *f2* • *vi*:

to harp on about sth seanbhailéad a

dhéanamh de rud

harrowing *adj* coscrach, léanmhar

harsh *adj* (*hard*) cruá; (*severe*) dian;

(*unpleasant: sound*) borb; (: *light*)

scéiniúil; (*drink*) garg, borb; (*words*)

gairgeach, trom

harvest *n* fómhar *m1* • *vt* bain, sábháil,

déan

harvesting *n* baint *f2* an fhómhair,

déanamh *m1* an fhómhair

hash *n* (*CULIN*) slamar *m1*; (*fig: mess*)

praiseach *f2*

hashish *n* haisis *f2*

hassle (*inf*) *n* cur *m1* isteach, ciotáí *f4*

• *vt*: **to hassle sb** duine a chiapadh *or* a

chrá

haste *n* deifir *f2*, dithneas *m1*; **in haste**

faoi dheifir *or* dhithneas

hasten *vt*, *vi* deifigh, brostaigh

hastily *adv* faoi dheifir *or* dhithneas

hasty *adj* deifreach; (*rash*) tobann,

araiciseach

hasty

hat

hat *n* hata *m4*

hatch *n* haiste *m4* • *vt, vi* gor; **to hatch eggs** gor a dhéanamh ar uibheacha; **to hatch a plot** ceilg a chothú

hatchback *n* (AUT) carr *m1* le haiste cúil

hatchet *n* tua *f4*

hate *vt* fuathaigh, gráinigh; **to hate sb/sth** fuath or gráin a bheith agat ar dhuine/rud • *n* fuath *m3*, gráin *f*

hateful *adj* fuafar, gráiniúil

hatred *n* fuath *m3*, gráin *f*

haughty *adj* uaibhreach, móiréiseach

haul *vt* tarraing, tarlaigh • *n* (of fish) *dol m3*, cor *m1*; (of stolen goods etc) creach *f2*, éadail *f3*

haulage *n* tarlú *m*; **haulage contractor** conraitheoir *m3* tarlaithe

haulier, (us) **hauler** *n* tarlóir *m3*

haunch *n* leis *f2*, ceathrú *f*

haunt *vt* gnáthaigh, taithigh; **haunted**

house teach siúil • *n* gnáthóg *f2*

KEYWORD

have *aux vb* ¹ (past tense): **he has arrived/gone** tháinig/d'imigh sé; **he has eaten/slept** d'ith/chodail sé; **he has been promoted** tugadh ardú céime dó

² (in tag questions): **you've done it, haven't you?** rinne tú é, nach ndearna?, tá sé déanta agat, nach bhfuil?

³ (in short answers and questions):

you've made a mistake - so I have! / **no I haven't** rinne tú meancóg - rinne maise or is fíor duit! / ní dhearna in aon chor; **I've been there before, have you?** bhí mise ann cheana, an raibh tusa?

• *modal aux vb* (be obliged): **to have (got) to do sth** fiacha a bheith ort rud a dhéanamh; **she has (got) to do it** ní mór di é a dhéanamh; **you haven't to tell her** caithfidh tú gan a rá léi or gan a insint di

• *vt* ¹ (possess, obtain: articles, goods etc): **she has a car** tá carr aici; **he has plenty of money** tá airgead mór aige; (parts of the body): **she has big hands** tá lámha móra uirthi; **she has long legs** tá cosa fada uirthi; **she has (got) blue eyes** tá

hazard (warning) lights

súile gorma aici; **he has a nice set of teeth** tá draid dheas fiacra aige; (*hair, beard etc*): **he has a moustache** tá croimbéal air; (*illness*): **she has a cold** tá slaghán uirthi; **he has the measles** tá an bhruitéineach air; (*innate ability*): **he has great strength** tá urra mór ann; (*obtain*): **may I have your address?** an dtabharfaidh tú do sheoladh dom, le do tholl?

² (+ *noun*: take, hold etc): **to have breakfast/dinner/lunch** bricfeasta/dinnéar/lón a ithe; **to have a bath** folcadh a dhéanamh/a ghlacadh; **to have a swim** dul ag snámh; **to have a meeting/party** cruinniú/cóisir a bheith agat

³: **to have sth done** rud a chur á dhéanamh; **I had the room cleaned** thug mé an seomra a ghlánadh; **to have one's hair cut** do chuid gruaise a bhearradh; **to have sb do sth** tabhairt ar dhuine rud a dhéanamh

⁴ (*experience, suffer*): **to have a cold/flu** slaghán/fliú or ulpóg a bheith ort; **to have an operation** dul faoi scian

⁵ (*inf*: dupe): **he's been had** buaileadh bob or port air, cuireadh dallamullóg air
▶ **have out** *vt*: **to have it out with sb** (*settle a problem etc*) rud a chur de do chroí le duine

haven *n* cuan *m1*, port *m1*; (*fig*) tearmann *m1*

havoc *n* scrios *m*, slad *m3*

hawk *n* seabac *m1*

hay *n* féar *m1*

hay fever *n* fiabhras *m1* léana, slaghán *m1* teaspaigh

haystack *n* cruach *f2* fhéir

haywire (*inf*) *adj*: **to go haywire** (*machine*) dul ó smacht; (*people*) dul ar steallaí mire

hazard *n* (danger) guais *f2*, contúirt *f2*, baol *m1* • *vt*: **I will hazard a guess** tabharfaidh mé buille faoi thuairim
hazard (warning) lights *npl* (AUT) soilse *mpl1* guaise

haze *n* ceo *m4*, dusma *m4*; **heat haze** ceo
bruithne

hazelnut *n* cnó *m4* coill

hazy *adj* (*weather*) ceobhránach,

smúránta; (*view*) doiléir; **hazy**

recollection mearchuimhne

he *pron* sé, é; (*as subject*): **he came in**

tháinig sé isteach; (*with copula*): **he is a**

man is fear é; (*in passive, autonomous*):

he was injured gortaíodh é; (*emphatic*)

seisean, eisean; **he came and she stayed**

tháinig seisean agus d'fhan síse; **it is he**

who ... (is) eisean a ...

head *n* ceann *m1*, cloigeann *m1*; (*leader*)

ceannaire *m4*; (*of school*) príomhoide

m4; (*COMPUT*) cnoga *m4* • *vt*: **to head** (*list*)

bheith ar bharr + *gen*; (*group*) bheith i do

cheann (feadhna) ar; **heads or tails**

aghaidh nó droim, ceann nó cláirseach;

head first i ndiaidh do chinn; **they are**

head over heels in love tá siad

splanctha i ndiaidh a chéile; **to head a**

ball an cloigeann a chur le peil; **they**

headed home thug siad aghaidh ar an

bhaile

► **head for** *vt fus* tabhair aghaidh ar;

they're heading for Derry tá siad ag

tarraingt ar Dhoire

► **head up** *vt fus* (*group, team*) bheith i

mbun + *gen*, bheith i gceannas ar

headache *n* tinneas *m1* cinn

headdress *n* ceannbheart *m1*

heading *n* ceannnteideal *m1*

headlamp, headlight *n* ceannsolas *m1*

headland *n* ceann *m1* tíre, rinn *f2*

headline *n* ceannlíne *f4*

headlong *adv* (*fall*) ar mhullach do

chinn, i ndiaidh do chinn; (*rush*) ceann

ar aghaidh

headmaster *n* ardmháistir *m4*

headmistress *n* ardmháistreás *f3*

head office *n* ardoifig *f2*, príomhoifig *f2*

head-on *adj* gan chosnamh; **a head-on**

collision bualadh díreach in éadan a

chéile

headphones *npl* cluasáin *mpl1*

headquarters *npl* ceanncheathrú *fsg*

headrest *n* taca *m4* cinn

headroom *n* fairsinge *f4* cinn

headscarf *n* caifirín *m4*

headstrong *adj* ceanndána

head waiter *n* príomhfhrestalaí *m4*

headway *n*: **to make headway** dul chun

cinn a dhéanamh

headwind *n* gaoth *f2* chinn

heady *adj* corraitheach; (*wine*) láidir

heal *vt, vi* leigheas, cneasaigh

health *n* sláinte *f4*; **to drink to sb's**

health sláinte duine a ól

health centre *n* ionad *m1* sláinte

health club *n* sólann *f2*

health food *n* bia *m4* sláinte

health food shop *n* siopa *m4* bia sláinte

Health Service *n*: **the Health Service** An

tSeirbhís *f2* Sláinte

healthy *adj* folláin, sláintiúil

heap *n* carn *m1*, moll *m1*, cnap *m1* • *vt*:

to heap (up) carnadh; **to fall in a heap**

titim i do chnap

hear *vt, vi* cluin, clois, airigh, mothaigh;

to hear about cloisteáil faoi, scéala a

fháil faoi; **to hear from sb** scéala a fháil

ó dhuine; **to hear confession** faoistin a

éisteacht

hearing *n* (*also LAW*) éisteacht *f3*

hearing aid *n* áis *f2* éisteachta

hearsay *n*: **it's only hearsay** níl ann ach

scéal scéil

harse *n* cóiste *m4* na marbh

heart *n* croí *m4*; (*courage*) misneach *m1*;

hearts *npl* (*CARDS*) hairt *mpl1*; **I lost heart**

tháinig beagchtach *or* lagmhísneach

orm; **take heart!** bíodh uchtach *or*

misneach agat!; **at heart** i do chroí

istigh; **by heart** (*learn*) de

ghlanmheabhair; **to know sth by heart**

rud a bheith ar do theanga agat, rud a

bheith de ghlanmheabhair agat

heart attack *n* taom *m3* croí

heartbeat *n* bualadh *m* croí

heartbreaking *adj* coscrach, truacánta,

léanmhar

heartbroken *adj* croibhriste

heartburn *n* daigh *f2* chroí

heart failure *n* cliseadh *m* croí, teip *f2*

croí

heartfelt

heartfelt *adj* (*thanks etc*) ó chroí
hearth *n* tinteán *m1*, teallach *m1*
heartily *adv* go croíúil; go groí, le fonn;
to heartily do sth rud a dhéanamh faoi chroí mhór mhaith
heartland *n* (*of country, region*) lár *m1* tíre
hearty *adj* croíúil; (*appetite*) folláin, groí; (*dislike*) ó chroí; **hearty welcome** fearadh na fáilte, fíorchaoín fáilte, fáilte ó chroí
heat *n* teas *m3*, teocht *f3*; (*of weather*) brothall *m1*; (*SPORT: also: qualifying heat*) dreas *m3* cáilithe • *vt, vi* téigh; **in heat** (*cow*) ar dáir, faoi dháir; (*bitch*) faoi adhall; (*goat, sheep*) faoi reitheadh
heated *adj* téite; (*fig: argument etc*) teasaí, lasánta
heater *n* téitheoir *m3*
heath *n* caorán *m1*, fraoch *m1*, móinteach *m1*
heather *n* fraoch *m1*
heating *n* teas *m3*, téamh *m1*; **central heating** téamh lárnach
heatstroke *n* stróc *m4* teasa
heat wave *n* tonn *f2* teasa, tonn teaspaign
heave *vt* tóg; (*drag*) tarraing • *vi* (*sea*) at; (*chest*): **to be heaving** bheith ag éirí agus ag titim; (*retch*) caith aníos; **to heave a sigh** osna a ligean
heaven *n* neamh *f2*, na flaithis *mpl1*; (*fig*): **she is in heaven** tá sí ar a sáimhín suilt; **good heavens!** a thiarcais!, aililiú!; **heaven knows!** ag Dia amháin atá a fhios!; **heaven forbid!** nár lige Dia!; **for heaven's sake!** in ainm Dé!
heavenly *adj* neamhaí; (*fig*) ar dóigh, aoibhinn
heavily *adv* go trom
heavy *adj* trom; (*sea*) ramhar; (*rain*) trom; (*work*) maslach
heavy goods vehicle *n* feithicil *f2* earraí troma
heavyweight *n* (*SPORT*) trom-mhéachan *m1*
Hebrew *adj, n* Eabhrach *m1* • *n* (*LING*) Eabhrais *f2*
Hebrides *npl: the Hebrides* Inse *f(pl)2*
 Ghall

131

helpful

heckle *vt* trasnaigh
hectic *adj* fuadrach, corrach
hedge *n* fál *m1* • *vi* téigh ar chúl scéithe le; **to hedge one's bets** (*fig*) tú féin a chumhdach
hedgheog *n* gráinneog *f2*
heed *vt: take heed of her* tabhair aird uirthi, déan rud uirthi, éist léi agus déan dá réir; **pay no heed to him** ná tabhair aon aird air
heedless *adj* neamhaireach, neamhairdiúil
heel *n* sáil *f2* • *vt: to heel a shoe* sáil úr a chur ar bhróg; **to take to one's heels** na boinn a thabhairt as
hefty *adj* (*person*) téagartha; (*parcel*) trom; (*profit*) mór
heifer *n* bodóg *f2*, bearach *m1*
height *n* airde *f4*; (*high ground*) ard *m1*; (*fig: apex*) buaic *f2*; **what height are you?** cén airde atá ionat?
heighten *vt* ardaigh; (*fig*) cuir le
heir *n* oidhre *m4*, comharba *m4*
heirss *n* banoidhre *m4*
heirloom *n* séad *m3* fine
helicopter *n* héileacaptar *m1*
hell *n* ifreann *m1*; (*fig*) céasadh *m*, ceas *m3* croí; **hell!** (*inf!*) damnú; **to hell with you!** go **to hell!** go hlfreann leat!, imigh sa diabhal!; **it was a or one hell of a mess** bhí sé ina phrácás ceart; **what the hell did you say that for?** cad chuige faoi Dhia an ndúirt tú sin?
hellish (*inf*) *adj* uafásach, diabhailta, damanta
hello *excl* Dia duit, Dia daoibh; (*to attract attention*) hóigh
helm *n* (*NAUT*) stiúir *f*
helmet *n* clogad *m1*
help *n* cuidiú *m*, cúnamh *m1*, cabhair *f*; (*charwoman*) bean *f* oibre • *vt* cuidigh le, tabhair cuidiú *or* cúnamh *or* cabhair do, cabhraise le; **help!** tarrtháil!, fóir orm!; **help yourself** ith leat; **he can't help it** níl neart aige air
helper *n* cuiditheoir *m3*, cúntóir *m3*
helpful *adj* cuidiúil, cúntach, cabhrach; (*obliging*) garach; (*useful*) áisiúil,

helping

úsáideach

helping *n* riar *m4* * *adj*: to give sb a

helping hand lámh chuidithe *or* chúnta a thabhairt do dhuine

helpless *adj* anbhann; to be helpless to do sth gan a bheith ábalta rud a dhéanamh

hem *n* fáithim *f2*

► **hem in** *vt* sáinnigh

hemorrhage (*us*) *n* = haemorrhage

hemorrhoids (*us*) *npl* = haemorrhoids

hen *n* cearc *f2*

hence *adv* (therefore) dá bhrí sin, mar sin de; two years hence i gceann dhá bhliain

henceforth *adv* as seo amach, feasta

henchman (*pej*) *n* cúlaistín *m4*

her *pron* í; (*emphatic*) ise * *adj* a; I saw

her chonaic mé í; without her gan í; I saw him but not her chonaic mé eisean ach ní fhaca mé ise; after her ina diaidh;

her coat a cóta; her father a hathair;

her work a cuid oibre; tormenting her á crá

herald *n* aralt *m1*, fógróir *m3* * *vt* fógair

heraldry *n* araltas *m1*

herb *n* luibh *f2*, lus *m3*

herd *n* tréad *m3* * *vt*: to herd cattle

bheith ag buachailleacht bó

here *adv* anseo; here! seol; here is, here are seo; here (s)he comes!, here (s)he is!

seo chugainn anois é/í!; here you are seo dhuit; here and there thall is abhus;

here's to your new job! go maire tú do phost nua!, seo sláinte do phoist nua!

hereafter *adv* (in writing) thíos; (future)

an t-am atá le teacht; (afterlife): the

hereafter an tsíoraíocht *f3*

hereby *adv* (formal: in letter) leis seo

hereditary *adj* dúchasach, oidhreachtúil

heresy *n* eiriceacht *f3*

heritage *n* (of country) dúchas *m1*,

oidhreacht *f3*

hermit *n* dítreabhach *m1*

hernia *n* maidhm *f2* sheicne

hero *n* laoch *m1*, gaiscíoch *m1*

heroin *n* hearóin *f2*

heroine *n* banlaoch *m1*

heron *n* corr *f2* éisc, corr mhóna, Máire *f4*

fhada

herring *n* scadán *m1*

hers *adj* (single article) a ceannsa; (share of) a cuidse; it's hers is léi é; (*emphatic*) is léise é; this one is hers is léi an ceann seo, seo é a ceannsa; this is hers (*her share*) seo a cuidse; this book of hers an leabhar seo aici

herself *pron* (*reflexive*) sí féin; (*object*) í féin; (*emphatic*) sise féin, ise féin;

tormenting herself á crá féin

hesitant *adj* moillitheach; he was

hesitant bhí sé idir dhá chomhairle

hesitate *vi*: he hesitated baineadh stad

as, bhain stad dó, bhí sé idir dhá

chomhairle

hesitation *n* braiteoireacht *f3*; without

hesitation gan leisce ar bith, gan amhras ar bith

hew *vt* snoigh

heyday *n*: in his heyday i mbuaic a

réime, in ard a réime, i mbláth a réime

hi *excl* hóigh

hiatus *n* (gap) bearna *f4*; (*interruption*)

hiatas *m1*

hibernate *vi* geimhrigh

hiccoughs *npl*: he has or he's got the

hiccoughs tá snag air

hide *n* seithe *f4*, craiceann *m1* * *vt*

folaih, ceil * *vi*: to hide (from sb) téigh

i bhfolach (ar dhuine)

hide-and-seek *n*: to play hide-and-seek

bheith ag déanamh na bhfolachán

hideous *adj* míofar, uafar, urghrána

hideout *n* cró *m4* folaih

hiding *n* (beating) leadhbairt *f3*, léasadh

m, greasáil *f3*; to be in hiding bheith i

bhfolach

hierarchy *n* cliarlathas *m1*

hi-fi *n*, *adj* hi-fi *m4*

high *adj* ard; 20 m high 20 m ar airde

highbrow *adj* ardléannta * *n* duine *m4*

ardléannta

highchair *n* (child's) cathaoir *f* ard

higher education *n* oideachas *m1*

ardleibhéil

high jump *n* (SPORT) léim *f2* ard

highlander

highlander *n* hileantóir *m3*

highlands *npl* garbhchríocha *fp12*; **the Scottish Highlands** Garbhchríocha na hAlban, na Garbhchríocha

highlight *n* (*fig: of event*) buaic *f2* ♦ *vt* aibhsigh, tabhair chun suntais;

highlights *npl* (*in hair*) gealáin *mpl1*

highly *adv* go hard; **to speak/think**

highly of sb duine a mholadh go hard na spéir/armheas a bheith agat ar dhuine

highly paid *adj* íoctha go maith

highly strung *adj* sochorraithe

highness *n*: **Her (or His) Highness** A

M(h)órgacht *f3*

high-pitched *adj* géar

high-rise *adj*: **high-rise block, high-rise flats** bloc *m1* árasán ardéirí, árasáin *mpl1* ardéirí

high school *n* scoil *f2* ghramadaí; (*us*) ardscoil *f2*

high season *n* lár *m1* an tséasúir

high street *n* príomhshráid *f2*, sráid *f2* mhór

highway *n* bealach *m1* mór, bóthar *m1* mór

Highway Code *n* cód *m1* an bhealaigh mhóir

hijack *vt* (*plane*) fuadaigh

hijacker *n* fuadaitheoir *m3*

hike *vi* siúl de chois, bheith ag fánaíocht ♦ *n* siúlóid *f2*

hiker *n* siúlóir *m3*

hilarious *adj* an-ghreannmhar

hill *n* cnoc *m1*; (*on road*) mala *f4*, fánán *m1*, fána *f4*

hill farmer *n* feirmeoir *m3* sléibhe

hillside *n* mala *f4* cnoc

hillwalking *n* cnocadóireacht *f3*

hilly *adj* cnocach, sléibhtiúil

hilt *n* (*of sword*) dorn *m1*; (*of dagger*) feirc *f2*; **to the hilt** (*fig: support*) go bun an angair

him *pron* é; (*emphatic*) eisean; **I saw him** chonaic mé é; **without him** gan é; **I saw him but not her** chonaic mé eisean ach ní fhaca mé ise; **after him** ina dhiaidh; **tormenting him** á chrá

himself *pron* (*reflexive*) sé féin; (*object*) é féin; (*emphatic*) seisean féin, eisean féin; **tormenting himself** á chrá féin

hind *adj* deiridh *n* *gen*; **hind legs** cosa deiridh

hinder *vt* bac, cuir as do, coisc; (*delay*) cuir moill ar

hindrance *n* bac *m1*, cis *f2*, cosc *m1*

hindsight *n* iarchonn *m1*, iarghaois *f2*; **with the benefit of hindsight** le bua an iarchoinn

Hindu *n, adj* Hiondúch *m1*

hinge *n* inse *m4*, lúdrach *f2* ♦ *vi* (*fig*): **to hinge on** brath ar

hint *n* leid *f2*, nod *m1* ♦ *vt, vi*: **to hint that** tabhairt feios go, leid *or* nod a thabhairt go

hip *n* cromán *m1*, corróg *f2*

hippopotamus *n* dobhreach *m1*

hire *n* fostú *m* ♦ *vt* (*worker*) fostaigh; **for**

hire le ligean; (*taxi*) ar fáil; **to hire sth** rud a fháil ar cíos; **to hire sth out** rud a ligean (ar cíos)

hire purchase *n* fruilcheannach *m1*

his *adj* a; **his coat** a chóta; **his father** a athair; **his work** a chuid oibre; **it's his** is leis é; (*emphatic*) is leis-sean é; **this one is his** is leis an ceann seo, seo é a cheannsan; **his share** a chuidsean; **this book of his** an leabhar seo aige

hiss *vi* síos

historian *n* staraí *m4*

historic *adj* stairiúil

historical *adj* staire *n* *gen*

history *n* stair *f2*

hit *vt* buail; (*reach: target*) aimsigh; (*fig: affect*) téigh i bhfeidhm ar ♦ *n* buille *m4*; (*success*): **it was a great hit** d'éirigh go geal leis

hitch *vt* (*fasten*) ceangail; (*also: hitch up*) tarraing aníos ♦ *n* (*difficulty*) constaic *f2*; **to hitch a lift** dul ar an ordóg, siob a fháil

hitchhike *vi* bheith ag síobaireacht

hitchhiker, hitcher *n* síobaire *m4*

hi-tech *adj* ard-teicneolaíochta *n* *gen*

hitherto *adv* go dtí seo

HIV *n* HIV, VED; **HIV-negative/-positive**

hive

VED-dhiúltach/-dhearfach

hive *n* coirceog *f*2hoard *n* (of food) stór *m*1; (of money)ceallóg *f*2, taisce *f*4, folachán *m*1 • *vt* cuir i dtaisce *or* i bhfolachhoarding *n* (for posters) clár *m*1

fógraí(ochta)

hoarse *adj* piachánach; I'm hoarse tá piachán ionamhoax *n* bob *m*4, cleas *m*1hob *n* iarta *m*4hobble *vi* bheith ag bacadradhhobby *n* caitheamh *m*1 aimsirehobby-horse *n* (fig) capall *m*1 maidehobo (us) *n* ráigí *m*4, fear *m*1 siúilhockey *n* haca *m*4hog *n* collach *m*1 (coillte) • *vt* (fig): tohog the television an teilifís a ghlacadh chugat féin; to go the whole hog an t-*orlach* a loisceadhhoist *n* (apparatus) ardaitheoir *m*3 • *vt* ardaighhold *vt* coinnigh, coimeád; (meeting)

coinnigh, tionóil; (believe) creid, maigh, bheith den bharúil; (possess): to hold a

licence/degree ceadúnas/céim a bheith agat • *vi* (remain firm) seas • *n* (also fig) greim *m*3; (NAUT) broinn *f*2; hold theline! (TEL) fan bomaite *or* nóiméad!; to catch *or* get (a) hold of greim a bhreith ar; get hold of yourself! (fig) beir ar do chiall!• hold back *vt* coinnigh cúl ar, coinnigh *or* coimeád siar; (truth) ceil• hold down *vt* (person) coinnigh faoi smacht; (job) coinnigh• hold off *vt*: I held her off choinnigh mé uaim í• hold on *vi* coinnigh ort; (wait) fan; hold on! (TEL) fan bomaite *or* nóiméad!; hold on a minute! fan ort go fóill!• hold onto *vt* fus beir *or* coinnigh greim ar; (keep) coinnigh• hold out *vt* sín amach • *vi* (resist) seas an fód• hold up *vt* (raise) ardaigh; (support) tacaigh le, neartaigh le; (delay) cuir moill ar; (rob) robáil, creach

134

homely

holdall *n* mála *m*4 iompairholder *n* sealbhóir *m*3; (container)gabhdán *m*1holding *n* (COMM, share) scair *f*2; (farm)gabháltas *m*1hold-up *n* (robbery) robáil *f*3; (delay)moill *f*2hole *n* poll *m*1hole-in-the-wall (inf) *n* poll *m*1 sabhalla, meaisín *m*4 baincholiday *n* saoire *f*4; (day off) lá *m* saor; on

holiday ar saoire; holiday of obligation (REL) lá saoire fógartha

holiday camp *n* (also: holiday centre)campa *m*4 saoireholiday job *n* post *m*1 i rith na laethanta saoireholiday-makers *npl* lucht *msg*3 saoireholiday resort *n* ionad *m*1 saoireHolland *n* an Ollainn *f*2hollow *adj* cuasach, folamh; (sound) toll; (tube) folamh • *n* cuas *m*1, log *m*1, logán *m*1holly *n* cuileann *m*1holocaust *n* uileleasadh *m*holster *n* curra *m*4holy *adj* naofa; (water) coisricthe; (ground) beannaitheHoly Communion *n* an Chomaoineach *f*4 Naofa; to receive *or* go to Holy

Communion Comaoineach a ghlacadh

Holy Father *n*: the Holy Father antAthair *m* NaofaHoly Ghost, Holy Spirit *n* an Spiorad *m*1 NaomhHoly Week *n* Seachtain *f*2 na Páisehomage *n* ómós *m*1; to pay homage to sb ómós a thabhairt do dhuinehome *n* baile *m*4 • *adj* baile *n* gen • *adv*

abhaile; at home sa bhaile; make

yourself at home déan tú féin sa bhaile;

to bring it home to sb that é a chur ina luí ar dhuine go

home address *n* seoladh *m* bailehomeland *n* tír *f*2 dhúchaishomeless *adj* gan dídean • *npl*: thehomeless na díthreabhaigh *mpl*1homely *adj* tíriúil, nádúrtha

home-made *adj* baile *n gen*, déanta sa bhaile, de dhéantús baile

Home Office (*BRIT*) *n* An Roinn f2

Gnóthaí Baile

home page *n* (*COMPUT*) leathanach *m1* baile

Home Secretary (*BRIT*) *n* An Rúnaí *m4* Gnóthaí Baile

homesick *adj*: **to be homesick** cumha a bheith ort (i ndiaidh an bhaile)

home town *n*: **my home town** mo bhaile *m4* dúchais

homeward *adj* (*journey*) abhaile, chun an bhaile

homework *n* obair *f2* bhaile

homogeneous *adj* aonchineálach

homosexual *adj*, *n* homaighnéasach *m1*

honest *adj* ionraic; (*sincere*) macánta, cóir

honestly *adv* go hionraic; (*sincerely*) go macánta

honesty *n* ionracas *m1*; (*sincerity*) macántacht *f3*

honey *n* mil *f3*

honeycomb *n* cíor *f2* mheala

honeymoon *n* mí *f* na meala

honeyuckle (*BOT*) *n* féithleann *m1*

honorary *adj* onórach; (*duty, title*) oinigh

honour, (*US*) **honor** *vt* onóraigh ♦ *n* onóir *f3*, urraim *f2*; **one's word of honour** d'fhocal

hono(u)rable *adj* onórach

hono(u)rs degree *n* (*SCOL*) céim *f2* onórach

hood *n* cochall *m1*; (*of machine*) cumhdach *m1*

hoof *n* crúb *f2*

hook *n* crúca *m4*; (*for fishing*) duán *m1*

♦ *vt* crúcáil, cuir crúca *i*; (*fish*) cuir duán *i*; **by hook or by crook** ar ais nó ar éigeant

hooligan *n* maistín *m4*

hoop *n* fonsa *m4*

hooray *excl* hurá, abú, go deo

hoot *vi* (*AUT*) séid an bonnán; (*siren*) séid; (*owl*) scréach

hooter *n* (*AUT, NAUT, factory*) bonnán *m1*

Hoover® *n* folúsghlantóir *m3* ♦ *vt* folúsglan

hop *vi* (*on one foot*) tabhair truslóg, imigh

ar leathchos, bheith ag preabarnach
hope *vt, vi*: **I hope (that)** tá dóchas or súil or dúil agam (go) ♦ *n* dóchas *m1*, súil *f2*, dúil *f2*

hopeful *adj* (*person*) dóchasach; **the situation is hopeful** tá cuma mhaith ar an scéal; **to be hopeful that ...** bheith dóchasach go ...

hopefully *adv* le cuidiú Dé, go dóchasach

hopeless *adj* gan dóchas, doleigheasta; **it's a hopeless situation** tá sé ó mhaith mar scéal

hops *npl* (*plant*) leannlus *msg3*; (*fruit*) hopa *msg4*

horizon *n* bun *m1* na spéire

horizontal *adj* cothrománach

horn *n* adharc *f2*; (*MUS*) corn *m1*; (*AUT*) bonnán *m1*; (*drinking*) buabhall *m1*

hornet *n* cearnamhán *m1*

horny (*inf*) *adj* adharcaic, ar dáir

horoscope *n* tuisméa *f4*

horrendous *adj* millteanach, uafásach

horrible *adj* uafásach

horrid *adj* gránna, déistíneach

horrify *vt* cuir uafás or déistin ar; **to be**

horrified uafás or déistin a bheith ort

horror *n* uafás *m1*, déistin *f2*

hors d'oeuvre *n* (*CULIN*) hors d'oeuvre *m4*

horse *n* capall *m1*

horseback *n*: **on horseback** ar mhuint *f2*

or ar dhroim *m3* capaill

horse chestnut *n* cnó *m4* capaill

horseman *n* marcach *m1*

horsepower *n* each-chumhacht *f3*

horse-racing *n* rásaíocht *f3* chapall

horseradish *n* raidis *f2* fhiáin

horseshoe *n* crú *m4* capaill

hose *n* (*also: hosepipe*) píobán *m1*; (*also: garden hose*) píobán *m1* gairdín

hospitable *adj* fial, flaithiúil

hospital *n* ospidéal *m1*, otharlann *f2*; *in hospital* san ospidéal

hospitality *n* féile *f4*, flaithiúlacht *f3*

host *n* óstach *m1*; (*REL*) abhlann *f2*; (*large number*): **a host of** slua *m4* + *gen*

hostage *n* giall *m1*

hostel *n* teach *m* ósta; (*also: youth hostel*) brú *m4* óige

hostess *n* banóstach *m1*

hostile *adj* naimhdeach; **to be hostile to**

bheith (go dubh) in éadan + *gen*

hostility *n* naimhdeas *m1*

hot *adj* te; (*contest etc*) géar; (*temper*)

tintrí, teasaí

hotbed *n* (*fig*) ceárta *f4*

hotel *n* óstán *m1*, óstlann *f2*

hot-headed *adj* tintrí, teasaí

hotly *adv* go tintrí

hotplate *n* (*on cooker*) pláta *m4* te

hot-water bottle *n* buidéal *m1* te

hound *vt* ciap, céas, craigh • *n* cú *m4*

hour *n* uair *f2* an chloig; **on the hour** ar

bhuille na huaire; **he walked for hours**

shiúil sé ar feadh na n-uaireanta; **till all**

hours, till the small hours go maidin, go

ham luí domhain

hourly *adj, adv* san uair, in aghaidh na

huaire

house *n* teach *m* • *vt* (*person*) tabhair

dídean do; (*objects*) coinneigh; **on the**

house (*fig*) in aisce

house arrest *n* braighdeanas *m1* baile

housebound *adj* gafa sa teach

housecoat *n* cóta *m4* seomra

household *n* teaghlach *m1*, líon *m1* tí

housekeeper *n* (*female*) bean *f* tí; (*male*)

fear *m1* tí; **the priest's housekeeper**

cailín *m4* an tsagairt

housekeeping *n* (*work*) tíos *m1*;

housekeeping (money) airgead *m1* tíis

house-warming (party) *n* infear *m1*

housewife *n* bean *f* tí

housework *n* obair *f2* tí

housing *n* tithíocht *f3*

housing estate *n* eastát *m1* tithíochta

hovel *n* prochóg *f2*

hover *vi* bheith ar foluain

hovercraft *n* ártach *m1* foluaineach

how *adv* cad é mar, conas; **how are you?**

cad é mar atá tú, conas atá tú?; **cén**

chaoi a bhfuil tú?; **how do you do?** Dia

duit; **how far is it to?** cá fhad atá sé go?;

how long have you been here? cá fhad

atá tú anseo?; **how lovely!** nach álainn

él, chomh hálainn leis!; **how many?** cá

mhead + *nom sg*; **how much?** cá mhéad

+ *gen*; **how old are you?** cén aois atá

agat?; cá haois tú?; **how should I know?**

cá bhfuil mar a bheadh a fhios agamsa?

however *adv* áfach, ámh, dá; (*in*

questions) cá • *conj* ach; **however good**

it is, it's not good enough dá fheabhas

é, níl sé maith go leor

howl *vi* lig glam agat, bheith ag

uallfartach

H.P. *abbr* = hire purchase

HQ *abbr* = headquarters

hub *n* (*of wheel*) mol *m1*; (*fig*) croílár *m1*

hubcap *n* molchaidhp *f2*

huddle *vi*: **to huddle together** cuachadh

or teannadh isteach le chéile

hue *n* imir *f2*, lí *f4*

hue and cry *n* gáir *f2* faoi tholl

huff *n*: **she's in a huff** tá stuaic uirthi

hug *n* barróg *f2* • *vt* beir barróg ar, cuach

(le do chroí); (*shore, kerb*) coinneigh le

huge *adj* ollmhór; **a huge amount of**

money an t-uafás airgid

hulk *n* creatlach *f2*; (*person*) gliúdóg *f2*

hull *n* cabhail *f*

hullo *excl* = hello

hum *n* crónán *m1* • *vt* (*tune*) bheith ag

drantán • *vi* bheith ag crónán

human *adj* daonna • *n*: **human being**

duine *m4* daonna

humane *adj* daonnachtúil

humanitarian *adj* daonchairdiúil

humanity *n* an cine *m4* daonna

humble *adj* umhal, uiríseal • *vt*

umhlaigh, uirísligh, bain béim as

humbug *n* (*nonsense*) amaídí *f4*; (*person*)

cluanaire *m4*; (*sweet*) milseán *m1*

miontais

humdrum *adj* leadránach

humid *adj* tais

humiliate *vt* náirigh, uirísligh

humiliation *n* náire *f4*, uiríslíú *m*

humongous, humungous (*inf*) *adj*

ollmhór

humorous *adj* greannmhar

humour, (us) humor *n* greann *m1*;

(*mood*) fonn *m1*, aoibh *f2*, giúmar *m1*

• *vt*: **to humour sb** duine a ghiúmaráil,

moladh le duine; **to be in good humour**

hump

giúmar maith *or* aoibh mhaith a bheith ort

hump *n* cruit *f2*; (*on road*) dronn *f2*

humpbacked *adj* cruiteach

hunch *n* (*on person*) cruit *f2*; (*idea*)

tuaileas *m1*, barúil *f3*

hunchback *n* cruiteachán *m1*

hunched *adj* dronnach

hundred *num* céad an + *sg*; **hundreds of** na céadta + *sg*

hundredweight *n* céad *m1* meáchain

Hungarian *adj, n* Ungárach *m1* ♦ *n* (LING)

Ungáiris *f2*

Hungary *n* an Ungáir *f2*

hunger *n* ocras *m1* ♦ *vi*: **to hunger for sth** cíocras ruda a bheith ort

hungry *adj* ocrach; **to be hungry** ocras a bheith ort; **to be hungry for sth** cíocras ruda a bheith ort

hunk *n* (*of bread etc*) canta *m4*

hunt *vt, vi* seilg ♦ *n* seilg *f2*, fiach *m1*; **to**

hunt for sb duine a fhiach

hunter *n* sealgaire *m4*, fiagaí *m4*

hunting *n* seilg *f2*, fiach *m1*

hurdle *n* (SPORT) cliath *f2*; (*fig*) bac *m1*, constaic *f2*

hurl *vt* teilg, caith ♦ *n* (SPORT) camán *m1*;

he hurled abuse at me thug sé aghaidh a chraois orm

hurler *n* (SPORT) iománaí *m4*

hurley *n* (*also: hurley stick*) camán *m1*; = **hurling**

hurling *n* (SPORT) iomáint *f3*, iománaíocht *f3* ♦ *adj*: **hurling ball** sliotar *m1*, cnag

m1; **hurling stick** camán *m1*

hurrah, hurray *excl* = **hooray**

hurricane *n* haircín *m4*, stoirm *f2*

ghaoithe

hurried *adj* gasta, dithneasach, deifreach

hurriedly *adv* faoi dheifir, faoi dhithneas

137

hysterical

hurry *n* deifir *f2*, dithneas *m1* ♦ *vt, vi*

(*also: hurry up*) brostaigh, déan deifir; **I am in a hurry** tá deifir orm; **to do sth in a hurry** rud a dhéanamh faoi dheifir; **what's your hurry?** cén deifir atá ort?; **I'm in no hurry, I'm not in any hurry** níl deifir ar bith orm

hurt *vt* (*cause pain to*) gortaigh ♦ *vi*: **it hurts** tá sé nimhneach ♦ *adj* gortaithe

hurtful *adj* (*remark*) goilliúnach

hurtle *vi*: **to hurtle past** réabadh thart (le)

husband *n* fear *m1* céile

hush *n* ciúnas *m1* ♦ *vt* ciúnaigh; **hush!** fuist!

husk *n* (*of wheat*) crotal *m1*; (*of rice, maize*) faighneog *f2*

husky *adj* piachánach ♦ *n* huscaí *m4*

hustle *vt* brúigh ♦ *n* brú *m4*

hut *n* both *f3*; (*shed*) bothán *m1*

hutch *n* púirín *m4*

hyacinth *n* bú *m4*

hydrant *n* (*also: fire hydrant*) hiodrant *m1*

hydraulic *adj* hiodrálach

hydroelectric *adj* hidrileictreach

hydrogen *n* hidrigin *f2*

hyena *n* hiéana *m4*

hygiene *n* sláinteachas *m1*

hymn *n* iomann *m1*, caintic *f2*

hype (*inf*) *n* poiblíocht *f3*, bolscaireacht *f3*

hypermarket *n* ollmhargadh *m1*

hyphen *n* fleiscín *m4*

hypnotize *vt* hiopnóisigh

hypocrisy *n* fimíneacht *f3*

hypocrite *n* fimíneach *m1*

hypocritical *adj* fimíneach, béalchráifeach

hypothesis *n* hipitéis *f2*

hysterical *adj* histéireach; **hysterical with laughter** sna trithí gáire

I *pron* mé; (*emphatic*) mise; (*as subject*): **I came in** tháinig mé isteach; (*with copula*): **I am a person** is duine mé; (*in passive, autonomous*): **I was injured** gortaíodh mé

ice *n* oighear *m1*, leac *f2* oighir; (*on road*) siocán *m1*, sioc *m3* • *vi* (*also*: **ice over**, **ice up**) oighrigh

iceberg *n* cnoc *m1* oighir

icebox *n* (*us*) cuisneoir *m3*; (*BRIT*) bosca *m4* oighir; (*insulated box*) reoiteoir *m3*

ice cream *n* uachtar *m1* reoite

ice cube *n* ciúb *m1* oighir

iced *adj* siochta; (*cake*) reoánta

ice hockey *n* haca *m4* oighir

Iceland *n* an Íoslainn *f2*

ice lolly *n* líreacán *m1* reoite

ice rink *n* rinc *f2* oighir, oighear-rinc *f2*

ice-skating *n* scátáil *f3* oighir

icicle *n* coinlín *m4* reo

icing *n* reoán *m1*

icing sugar *n* siúcra *m4* reoáin

icy *adj* oighreata, siochta

idea *n* smaoinemh *m1*, barúil *f3*, idé *f4*; **I've no idea** níl barúil agam; **It's a good idea** smaoinemh maith atá ann; **do you get the idea?** an dtuigeann tú?

ideal *n* idéal *m1*, barrshamhail *f3* • *adj* idéalach; (*perfect*) ar fheabhas (Éireann)

idealism *n* idéalachas *m1*

identical *adj* ionann, mar a chéile, comhionann

identification *n* aitheantas *m1*, aithint *f*; **identification papers** páipéir *mpl1* aitheantais

identify *vt* aithin, sainaithin

identity *n* céannacht *f3*, comhionannas *m1*, ionannas *m1*; (*of person*) aithne *f4*; (*separate*) féiniúlacht *f3*; **mistaken identity** an aithne chontráilte; **to reveal one's identity to sb** d'aithne a ligean le duine

identity card *n* cárta *m4* aitheantais

ideological *adj* idé-eolaíoch

ideology *n* idé-eolaíocht *f3*

idiom *n* cor *m1* cainte

idiosyncrasy *n* (*of person*) leithleachas *m1*

idiot *n* (*man*) amadán *m1*; (*woman*) óinseach *f2*

idiotic *adj* amaideach; óinsiúil

idle *adj* díomhaoin; (*lazy*) falsa; (*unemployed*) dífhostaithe, díomhaoin; (*words, thoughts*) díomhaoin, fánach • *vi* (*engine*) bheith ag réchasadh; **to lie idle** (*machine*) bheith ar stad; **idle talk** baothchaint, caint gan éifeacht; **to idle away the time** an t-am a chaitheamh go díomhaoin

idol *n* iol *m1*; (*pop star etc*) dia *m* beag

idolize *vt* adhair, déan dia beag de

i.e. *adv abbr* (= *id est*) i.e., is é sin

if *conj* má + *present, past*, dá + *conditional, imperfect*; **if so** más amhlaidh atá; **if not** murab amhlaidh atá; **if only** mura mbeadh ann ach; **if I were you ...** dá mba mise tusa ...

ignite *vt, vi* las

ignition *n* (*AUT*) adhaint *f2*

ignition key *n* eochair *f* dhúisithe

ignorant *adj* aineolach, ainbhiosach; **to be ignorant of** (*subject*) bheith aineolach *or* dall ar

ignore *vt* déan neamhiontas de, lig thar do chluas, scaoil tharat; **to ignore sb's advice** dul thar chomhairle duine; **I completely ignored him** níor lig mé orm go raibh sé ann nó as, níor thug mé lá airde air

ill *adj* (*sick*) tinn, breoite; (*bad*) droch- • *n* olc *m1* • *adv*: **to speak ill of sb** duine a cháineadh; **ills** *npl* (*misfortunes*) anró *msg4*, cruatan *msg1*, gátar *msg1*; **she took ill** buailleadh tinn í

ill-advised *adj* (*decision*) éigríonna; (*person*): **he would be ill-advised** b'amaideach an mhaise dó

ill-at-ease *adj* míshuaimhneach, corrabhuaiseach

illegal

illegal *adj* mídhleathach, in éadan an dlí; (*contract, competition*) neamhdhlíthiúil

illegible *adj* doléite

illegitimate *adj* mídhlisteanach;

illegitimate child leambh *m1*

díomhaointis, páiste *m4* gréine

ill-fated *adj* mí-ámharach, míchinníunach

ill feeling *n* olc *m1*, míoscais *f2*

illiterate *adj* neamhliteartha

ill-mannered *adj* (*child*) drochmhúinte, mímhúinte, iomlatach

illness *n* tinneas *m1*, breoiteacht *f3*

ill-treat *vt*: to **ill-treat sb** drochíde a thabhairt do dhuine

illuminate *vt* (*room, street*) soilsigh; (*for special effect*) maisigh

illumination *n* soilsíú *m*, maisíú *m*

illusion *n* seachmall *m1*, léaspáin *mpl1*, dul *m3* amú; to **shatter sb's illusions** a bharúil a mhilleadh ar dhuine; **don't be under any illusions about it** ná bíodh aon dul amú ort faoi, ná bíodh dada dá sheachmall ort

illustrate *vt* léirigh; (*book*) maisigh

illustration *n* léiriú *m*, léiriúchán *m1*; (*in book*) léaráid *f2*

ill will *n* olc *m1*, droch-chroí *m4*, naimhdeas *m1*; to **bear sb ill will** olc or droch-chroí a bheith agat do dhuine

image *n* íomhá *f4*, samhail *f3*; **he's the image of his father** is é pictiúr a athar é, is é a athair ar athphrátaí é

imagery *n* iomháineachas *m1*, samhlaoidí *fp12*

imaginary *adj* samhailteach

imagination *n* samhlaíocht *f3*; **it's all in your imagination** ar do shúile atá sé

imaginative *adj* samhlaíoch, samhlaíochta *n* *gen*; **an imaginative person** duine a bhfuil bua na samhlaíochta aige

imagine *vt* samhlaigh; (*suppose*): I

imagine so cheapfainn or déarfainn gur mar sin atá

imbalance *n* éagothroime *f4*; (*COMM*) neamhchomhardú *m*

imitate *vt* déan aithris ar

imitation *n* aithris *f2* • *adj* bréige *n* *gen*

139

impediment

immaculate *adj* gan smál; (*REL*): **The Immaculate Conception** Giniúint *f3*
Mhuire gan Smál

immaterial *adj* neamhábharta; **that is immaterial** ní bhaineann sin le hábhar;

it is immaterial to me is cuma liom faoi

immature *adj* neamhaibí, anabái

immediate *adj* láithreach; (*superior*) go díreach os do cheann; **in the immediate vicinity** in aice láimhe, ar na gaobhair

immediately *adv* (*at once*) láithreach

bonn, ar an toirt, ar an bpointe;

immediately next to go díreach in aice le

immense *adj* ollmhór, ábhalmhór, aibhseach

immerse *vt* tum; to **be immersed in one's work** bheith saite i do chuid oibre

immersion heater *n* tumthéitheoir *m3*

immigrant *n* inimirceach *m1*

immigration *n* inimirce *f4*

imminent *adj* ar tí titim amach; to **be in imminent danger** contúirt a bheith i

ngar duit or a bheith ag bagairt ort; **war was imminent** bhí cogadh ag bagairt, bhí baol cogaidh ann

immoral *adj* mímhoralta

immortal *adj* bithbheo, neamhbhásmar, síoraí, buan

immune *adj*: **immune (to)** imdhíonach (ar); (*fig*) saor ar

immunity *n* imdhíonacht *f3*; saoirse *f4*

imp (*child*) grabaire *m4*, dailtín *m4*

impact *n* imbhualadh *m*; (*fig*) tionchar *m1*, éifeacht *f3*, feidhm *f2*

impair *vt* loit, déan dochar do, lagaigh

impart *vt* dáil ar

impartial *adj* neamhchlaon, cothrom

impassable *adj* dothrasnaithe

impassive *adj* dochorraithe; (*expression*) socair

impatience *n* mífhoighne *f4*

impatient *adj* mífhoighneach; to **get or grow impatient** foighne a chailleadh

impeccable *adj* gan cháim, gan smál

impede *vt* bac, cuir bac ar, coisc

impediment *n* constaic *f2*; (*also*: **speech impediment**) stad *m4* sa chaint, bachlóg *f2* ar do theanga; **hearing impediment**

impending

moill *f2* éisteachta

impending *adj*: **impending danger** contúirt atá ag bagairt *or* atá as do cheann

imperative *adj* práinneach • *n* (*LING*) (modh *m3*) ordaitheach *m1*; **it's absolutely imperative you go** ní mór duit dul ann

imperfect *adj* neamhfhoirfe; (*goods etc*) lochtach • *n* (*LING*) aimsir *f2* ghnáthchaite

imperial *adj* impiriúil

impersonal *adj* neamhphearsanta

impersonate *vt* pearsanaigh, téigh i riocht + *gen*; (*do impression of*) déan aithris ar

impertinent *adj* sotalach, soibealta, deiliúsach

impervious *adj* (*fig*): **to be impervious to sth** bheith beag beann ar rud, gan beann a bheith agat ar rud, gan aon aird a bheith agat ar rud

impetuous *adj* tobann, teasaí, luathintinneach

impetus *n* fuinneamh *m1*, spreagadh *m*

impinge *vt fus*: **to impinge on** (*person*) téigh i bhfeidhm ar; (*rights*) cuir isteach ar

implement *n* uirlis *f2* • *vt* cuir i bhfeidhm *or* i gcrích *or* i ngníomh, comhlíon

implicit *adj* intuigthe; (*belief*) diongbháilte

implore *vt* achainigh ar, impigh ar

imply *vt* (*suggest*) tabhair le fios *or* le tuiscint; (*mean, entail*) ciallaigh, leanann as

impolite *adj* mímhúinte

import *vt* allmhairigh, iompórtáil • *n* allmhaire *f4*, iompórtáil *f3*; (*meaning*) brí *f4*, ciall *f2*

importance *n* tábhacht *f3*

important *adj* tábhachtach

importer *n* allmhaireoir *m3*, iompórtálaí *m4*

impose *vt* cuir ar; (*fine, penalty*) gearr ar, cuir ar • *vi*: **to impose on sb** suí i mbun duine, bheith ag gabháil ar dhuine

imposing *adj* maorga, iontach

imposition *n* (*of tax etc*) leagan *m1* ar,

140

cur *m1* ar; **to be an imposition on sb** buannaíocht a dhéanamh ar dhuine, suí i mbun duine

impossible *adj* dodhéanta; (*person*) dochomhairleach

impotent *adj* éagumasach

impound *vt* gaibhnigh

impoverished *adj* bocht, bochtaithe

impractical *adj* neamhphraiticiúil

impregnable *adj* (*fortress*) doghafa

impress *vt* téigh i bhfeidhm ar; (*mark*) cuir ar; **to impress sth on sb** rud a chur ina luí ar dhuine

impression *n* (*thoughts on*) tuairim *f2*; (*of stamp, seal*) lorg *m1*; (*imitation*) aithris *f2*; **to be under the impression that** bheith den bharúil go; **to create a good impression (on)** dul i gcion *or* i bhfeidhm (ar)

impressionist *n* (*ART*) impriseanaí *m4*

impressive *adj* suntasach, iontach, mórthaibhseach, corraitheach

imprint *n* (*impression, mark*) lorg *m1*

imprison *vt* cuir i bpríosún

imprisonment *n* príosúnacht *f3*

improbable *adj* neamhdhóchúil, neamhchosúil, éadóigh; (*excuse*) gan dealramh; **it's most improbable** níl aon dealramh air; **it is improbable that ...** ní dócha go ...; **I think it improbable** ní dóigh liom é

improper *adj* (*unsuitable*) míchuí, mí-oiriúnach; (*dishonest*) mí-ionraic

improve *vt* feabhsaigh, cuir feabhas ar • *vi* feabhsaigh, tagann feabhas ar; (*health*) bisigh, tagann biseach ar; (*pupil etc*) déan dul chun cinn

improvement *n* feabhas *m1*, feabhsú *m*; (*in health*) biseach *m1*

improvise *vt, vi* seiftigh, bain seiftiú as

impudent *adj* soibealta, sotalach, deiliúsach, dailtíneach

impulse *n* (*impulse*) spreagadh *m*; (*fig: urge*) tallann *f2*, spadhar *m1*, ríog *f2*

impulsive *adj* tallannach, taghdach, ríogach, luathintinneach; **to be impulsive by nature** an deoir thaghdach a bheith ionat

KEYWORD

in *prep* i; sa; sna 1 (*indicating place, position*): **in the house/the fridge** sa teach/sa chuisneoir; **in the garden** sa ghairdín; **in town** sa bhaile mór, ar an mbaile mór, sa chathair; **in the country** faoin tuath; **in school** ar scoil; **in here/there** istigh anseo/ansin

2 (*with place names: of town, region, country*): **in London** i Londain; **in England** i Sasana; **in Japan** sa tSeapáin; **in the United States** sna Stáit Aontaithe; **in Dingle** ar an Daingean; **in Killybegs** ar na Cealla Beaga

3 (*indicating time: during*): **in spring** san earrach; **in summer** sa samhradh; **in May, 1992** i Mí na Bealtaine, 1992; **in the afternoon** tráthnóna or um thráthnóna; **at 4 o'clock in the afternoon** ar a ceathair a chlog tráthnóna

4 (*indicating time: in the space of*): **I did it in 3 hours/days** rinne mé i dtí huairé ar chloig é/i dtí lá é; (: *future*): **I'll see you in 2 weeks or in 2 weeks' time** feicfidh mé i gceann or faoi cheann coicíse thú

5 (*indicating manner etc*): **in a loud/soft voice** de ghlór ard/iseal; **in pencil** le peann luaidhe; **in French** as Fraincis or i bhFraincis; **the boy in the blue shirt** an buachaill a bhfuil an léine ghorm air, buachaill na léine goirme

6 (*indicating circumstances*): **in the sun** faoin ngrían; **in the shade** ar scáth na gréine; **in the rain** faoin mbáisteach

7 (*indicating mood, state*): **in tears** agus na deora leat; **in anger** i bhfeirg, le buile; **in despair** in éadóchas; **it is in good condition** tá caoi mhaith air; **to live in luxury** sócúl an tsaoil a bheith agat, bheith i do shuí go te, bheith i do sháith den saol

8 (*with ratios, numbers*): **1 in 10 (households), 1 (household) in 10** teaghlach as gach deichniúr; **20 pence in the pound** fiche pingin sa phunt;

they lined up in twos sheas siad beirt ar chúl beirte; **in hundreds** ina gcéadta

9 (*referring to people, works*): **the disease is common in children** tá an galar coitianta i measc páistí; **in (the works of) Dickens** i gcuid scríbhinní Dickens, i saothar Dickens

10 (*indicating profession etc*): **to be in teaching** bheith i do mhúinteoir, bheith ag múinteoireacht

11 (*after superlative*): **the best pupil in the class** an dalta is fearr sa rang

12 (*with present participle*): **in saying this** agus sin á rá agam

- *adv*: **to be in (person: at home, work)** bheith ann or istigh; (*train, ship, plane*) bheith istigh; (*in fashion*) san fhaisean;
- to ask sb in** iarraidh ar dhuine teacht isteach; **to run/limp in** rith/bacadaíl isteach
- *n*: **the ins and outs (of)** (*of proposal, situation etc*) bun agus barr + *gen*

in. *abbr* = inch

inability *n* néamhábaltacht *f3*, míchumas *m1*

inaccurate *adj* míchruinn, neamhbheacht

inadequate *adj* uireasach, easpach, easnamhach

inadvertently *adv* (*by accident*) de thaisme, de thimpiste; (*unthinkingly*) gan cuimhneamh; **he inadvertently let it slip** d'imigh sé air dá ainneoin

inadvisable *adj* domholta

inane *adj* leamh

inanimate *adj* neamhbheo, marbh

inappropriate *adj* mí-oiriúnach, míchuí

inarticulate *adj* dothuigthe, snagach, scaipthe sa chaint

inasmuch as *adv* sa mhéid go, ó tharla go, ón uair go

inauguration *n* oiriú *m*; (*initiation, launch*) tionscnamh *m1*

inborn *adj* dúchasach, inbheirthe,

oidhreachtúil, sa nádúr

inbred *adj* dúchasach, oidhreachtúil, sa nádúr, insolraithe, ionphóraithe

incapable *adj* éagumasach, neamhábaltach;

incapacitate

to be incapable of doing sth gan a bheith ábalta (ar) rud a dhéanamh

incapacitate vt: to incapacitate sb duine a chur ó chumas

incendiary adj loiscneach ♦ n ábhar m1 loiscneach

incense n túis f2 ♦ vt (anger) cuir le buile

incentive n spreagadh m, dreasacht f3, dreasú m; (at work) dreasú chun oibre, obairdhreasú m

incessant adj síor-

incessantly adv gan stad, gan staonadh

inch n orlach m1; **within an inch of** faoi orlach de; **he didn't give an inch** (fig) níor ghéill sé orlach

incident n eachtra f4, teagmhas m1, tarlú m

incidental adj teagmhasach; **incidental** to a ghabhann le; **incidental expenses** fochostais mpl1

incidentally adv (by the way) dála an scéil

incite vt gríosaiigh, dreasaigh, spreag

incitement n comhghríosú m

inclination n (fig) claonadh m

incline n fána f4 ♦ vt claon; (head) claon, crom ♦ vi (surface) claon; **to be inclined (to do sth)** claonadh a bheith ionat or agat (rud a dhéanamh); (feel like) fonn a bheith ort (rud a dhéanamh)

include vt cuir san áireamh; (comprise) cumsigh

including prep mar aon le, san áireamh

inclusive adj cuimsitheach; **inclusive of** tax cáin san áireamh

incoherent adj scaipthe

income n ioncam m1, teacht m3 isteach

income tax n cáin f ioncain

incoming adj (mail) isteach; **incoming** tide líonadh m

incomparable adj dosháraithe, thar barr, thar cinn; **sb/sth incomparable** duine/rud nach bhfuil aon rud inchomórtais or inchurtha leis

incompetent adj neamhinniúil

incomplete adj neamhiomlán, uireasach, easpach, easnamhach

incongruous adj neamhréireach; (inappropriate) mí-oiriúnach; **to be**

142

incongruous with gan a bheith ag teacht le or ag cur le

inconsiderate adj neamhthuisceanach, neamhchásmhar, neamhmhothálach

inconsistency n neamhréir f2, contrárthacht f3, neamhfhreagracht f3

inconsistent adj contrártha, neamhfhreagrach, neamhréireach;

inconsistent with gan a bheith ag teacht or ag cur le

inconspicuous adj neamhfheiceálach, neamhshuntasach

inconvenience n míchaoithiúlacht f3, mí-oiriúnacht f3 ♦ vt cuir as do, cuir isteach ar

inconvenient adj mí-oiriúnach, ciotach, mí-áisiúil, míchaoithiúil

incorporate vt corpraigh, ionchorpraigh
incorporated company (us) n comhlacht m3 corpraithe

incorrect adj mícheart

increase n (in prices etc) ardú m; (in population etc) méadú m ♦ vi, vt méadaigh, ardaigh, cuir le; **on the increase** ag méadú

increasing adj ag méadú, ag dul i méad, méadaitheach

increasingly adv: **it's increasingly difficult** tá sé ag éirí níos deacra in aghaidh an lae

incredible adj dochreidte

incredulous adj díchreidmheach, amhrasach

incubator n goradán m1

incumbent n sealbhóir m3 ♦ adj: **to be incumbent on sb to do sth** bheith de dhualgas or de chúram ar dhuine rud a dhéanamh

incur vt: **to incur sb's anger** fearg duine a tharraingt ort féin

indebted adj: **to be indebted to sb (for)** bheith faoi chomaoin ag duine (mar gheall ar)

indecent adj mígheanasach

indecent assault n drochiarraidh f

indecisive adj éiginntitheach; (person) éadaingean, éideimhin

indeed adv go deimhin, go dearfa; **yes**

indeed

indefinite

indeed! cinntel

indefinite *adj* éiginnte

indefinitely *adv* go deo

indemnity *n* comha *f4*, cúiteamh *m1*, slánaíocht *f3*

indent *n* eang *f3* ♦ *vt* eangaigh

independence *n* neamhspleáchas *m1*

independent *adj* neamhspleách, saor

index *n* treoir *f*, innéacs *m4*; (*in book*)

innéacs; (*in library etc*) catalóg *f2* ♦ *vt*, *vi* innéacsáigh, cláraigh

index card *n* cárta *m4* innéacs

index finger *n* corrmhéar *f2*

India *n* an India *f4*

Indian *adj*, *n* Indiach *m1*; (**American**)

Indian Indiach *m1* Dearg

indicate *vt* léirigh, tabhair le fios, cuir in iúl (le comhartha)

indication *n* comhartha *m4*; **to give an indication that** tabhairt le fios go, cur in iúl go

indicative *adj*: **indicative of** ina chomhartha ar ♦ *n* (*LING*) táscach *m1*

indicator *n* treoir *f*; (*economic, social*) táscaire *m4*

indict *vt*: **to indict sb for an offence** duine a dhíotáil i gcoir

indictment *n* díotáil *f3*

indifference *n* neamhshuim *f2*, fuarchúis *f2*

indifferent *adj* neamhshuimiúil, fuarchúiseach, ar nós cuma liom; (*poor*)

► **lead to** *vt* fus (*road*) téigh go

lead² *n* (*metal*) luaidhe *f4*

leaden *adj* (*sky, sea*) trom, ar dhath na luaidhe

leader *n* ceannaire *m4*, ceann *m1*

feadhna; (*SPORT, in league, race*) tosaí *m4*

leadership *n* ceannasaíocht *f3*; (*quality*)

cumas *m1* ceannasaíochta

lead-free *adj* (*petrol*) saor ar luaidhe

leading *adj* príomh-, ceann-; (*in race*)

tosáigh *n* gen

leading lady *n* (*THEAT*) príomhaisteoir *m3*

mná, príomh-bhanaisteoir *m3*

leading man *n* (*THEAT*) príomhaisteoir *m3*

lead singer *n* (*in pop group*)

príomhamhránaí *m4*

leaf *n* duille *m4*, duilleog *f2*; (*of book*)

bileog *f2*, duilleog * *vi*: **to leaf through**

na leathanaigh a thiontú; **to turn over a new leaf** béasa a athrú

leaflet *n* bileog *f2* eolais, duilleachán *m1*

league *n* (POL) Conradh *m*; (SPORT) sraith *f2*, sraithchomórtas *m1*; **to be in league with** bheith i bpáirt le

leak *n* ligean *m1* (isteach or amach), deoir *f2* isteach; (in roof) deoir *f2* anuas • *vi* (pipe) lig; (liquid etc) sceith; (shoes) lig isteach (uisce); (ship) déan uisce • *vt* (information) scil, sceith

lean *adj* caol; (meat) trua • *vt*: **to lean sth on sth** rud a chur le rud • *vi* (slope)

claon; (rest): **to lean against** do thaca a ligean le; **to lean on** taca a bhaint as; **to lean back/forward** cromadh siar/chun tosaigh

► **lean out** *vi* cromadh amach

leaning *n*: **leaning (towards)** claonadh *m* (i leith)

leap *n* léim *f2* • *vi* léim

leapfrog *n*: **to play leapfrog** cliobóg a chaitheamh

leap year *n* bliain *f3* bhisigh

learn *vt, vi* foghlaim; **to learn to do sth** an dóigh a fhoghlaim le rud a dhéanamh; **to learn about or of sth** (hear, read) fáil amach faoi rud

learned *adj* léannta

learner *n* foghlaiméoir *m3*; (also: **learner driver**) foghlaiméoir tiomána

learning *n* foghlaim *f3*; (knowledge) léann *m1*

learning curve *n* cuar *m1* foghlama

lease *n* léas *m3* • *vt* léasaigh

leash *n* iall *f2*

least *adj*: **the least** (+ *noun*) ... dá laghad, an ... is lú; (: *smallest amount of*) an méid is lú • *adv* (+ *verb*) is lú; (+ *adj*): **the least powerful country** an tír is lú cumhacht; **at least** ar a laghad; **he wasn't in the least perturbed by the news** níor chuir an nuacht buaireamh dá laghad air; **that is the least I can do** sin an saothar is lú dom

leather *n* leathar *m1*

leave *vt* fág; (forget) déan dearmad de • *vi* imigh • *n* (time off) saoire *f4*; (also *ML*,

consent) cead *m3* scoir; **to be left** bheith fágtha; **there's some milk left over** tá braon bainne fágtha; **on leave** ar scor; (*ML*) ar cead

► **leave behind** *vt* (person, object) fág i do dhiaidh; (forget) déan dearmad de

► **leave out** *vt* fág ar lár, fág as

leave of absence *n* cead *m3* scoir

Lebanon *n* an Liobáin *f2*

lecherous (pej) *adj* drúisiúil

lecture *n* léacht *f3* • *vi* tabhair léacht • *vt* (scold) tabhair fios a bhéasa do; **to give a lecture on literature** léacht a thabhairt ar an litríocht

lecturer *n* léachtóir *m3*

LED-display *n* (COMPUT) taispeántas *m1* dé-óide solasastaíche

ledge *n* (of window, on wall) leac *f2*; (of mountain) fargán *m1*

ledger *n* (COMM) mórleabhar *m1* cuntas

Lee *n*: **the (River) Lee** an Laoi *f4*

leech *n* súmaire *m4*; (fig) dúigaire *m4*

leek *n* cainneann *f2*

leer *vi*: **to leer at sb** súil teaspáigh a chaitheamh le duine

leeway *n* (fig): **to have some leeway** scóip bheag a bheith agat

left *adj* (not right) clé • *n* ciotóg *f2*, clé *f4* • *adv* clé; **on the left, to the left** ar clé, ar thaobh na láimhe clé; **the Left** (POL) an eite chlé

left-handed *adj* ciotógach

left-hand side *n* taobh *m1* na láimhe clé

left-luggage (office) *n* oifig *f2* an

bhagaíste

leftovers *npl* fuílleach *msg1*

left-wing *adj* (POL) na heite *n* gen clé

leg *n* cos *f2*; (of journey) scríob *f2*; **1st/2nd**

leg (SPORT) an chéad/gheábh/an dara geábh *m3*; **leg of chicken/lamb** cos *f2* sicín/ceathrú *f* uaineola

legacy *n* oidhreacht *f3*

legal *adj* dlíthiúil, dleathach

legal holiday (US) *n* lá *m* saoire poiblí

legal tender *n* dlíthairiscint *f*

legend *n* finscéal *m1*

legible *adj* inléite, soléite

legislation *n* reachtaíocht *f3*

legislature

legislature *n* reachtas *m1*; **The**

Legislature an tOireachtas *m1*

legitimate *adj* dlísteanach

leg room *n* spás *m1* leis na cosa a shíneadh

Leinster *n* Laighin *mpl*, Cúige *m4*

Laighean * *adj* Laighneach

leisure *n* fóillíocht *f3*; **at one's leisure** ar do shocairshuaimhneas

leisure centre *n* ionad *m1* fóillíochta

leisurely *adj* go socair, go réidh, ar do shocairshuaimhneas

Leitrim *n* Liatroim *m3*

lemon *n* líomóid *f2*

lemonade *n* líomanáid *f2*

lemon tea *n* tae *m4* líomóide

lend *vt*: **to lend sth (to sb)** rud a thabhairt ar iasacht (do dhuine)

length *n* fad *m1*; (*section: of road, pipe etc*) píosa *m4*; (*of time*) tamall *m1*; **at length** (*at last*) faoi dheireadh; (*for a time*) ar feadh tamaill fhada

lengthen *vi*, *vt* fadaigh, cuir fad le

lengthways *adv* ar (a) fhad

lengthy *adj* fada; (*long-winded*) fadálach, strambánach

lenient *adj* bog, ceadaitheach

lens *n* lionsa *m4*

Lent *n* An Carghas *m1*

lentil *n* lintile *f4*; **lentils** piseánach *msg1*;

lentil soup anraith *m4* piseánaigh

Leo (*ASTROL*) An Leon *m1*

leotard *n* léatard *m1*

leprosy *n* lobhra *f4*

lesbian *n* leispíach *m1*

less *adj*, *pron*, *adv* níos lú, is lú * *prep* lúide; **less 50%** lúide 50%; **less than**

that/you níos lú ná sin/tusa; **less than**

half níos lú ná (a) leath, faoi bhun (a)

leath; **less than ever** níos lú ná riamh;

less and less níos lú agus níos lú; **the**

less he works ... dá laghad a oibríonn sé

...

lessen *vi* laghdaigh, síothlaigh * *vt*

maolaigh

lesser *adj* níos lú, is lú, beag; **to a lesser**

extent ar bhonn is lú

lesson *n* ceacht *m3*; **to teach sb a lesson**

(*fig*) ceacht a mhúineadh do dhuine; **that taught me a lesson** rinne sin mo shúile dom

lest *conj* ar eagla go, ar fhaitíos go

let *vt* lig, ceadáigh; (*lease*) lig ar cíos; **to**

let sb do sth ligean do dhuine rud a

dhéanamh; **to let sb know sth** rud a

chur in iúl do dhuine; **let's go!**

chugainn!, ar aghaidh linn!; **let him**

come a chead aige teacht; **"to let"** "le

ligean (ar cíos)"

► **let down** *vt* (*tyre*) lig an t-aer as;

(*person*) loic ar

► **let go** *vi* lig amach do ghreim * *vt* scaoil

le; **let me go** lig amach mé

► **let in** *vt* lig isteach

► **let off** *vt* (*culprit*) lig a cheann leis; (*gun*

etc) scaoil

► **let on** (*inf*) *vi* sceith, lig ort (go); **don't**

let on ná lig a dhath or dada ort

► **let out** *vt* lig amach, scaoil amach;

(*scream*) lig asat

► **let up** *vi* maolaigh; (*cease*) staon; is it

letting up? an bhfuil maolú ag teacht

air?

lethal *adj* marfach

letter *n* litir *f*

letter bomb *n* litirbhuaama *m4*

letterbox *n* bosca *m4* litreacha

lettering *n* litreoireacht *f3*

lettuce *n* leitís *f2*

let-up *n* maolú *m*; **there was a let-up in**

the rain tháinig uaineadh beag

leukaemia, (*US*) **leukemia** *n* leicicéime *f4*

level *adj* cothrom * *n* cothrom *m1*;

(*standard*) leibhéal *m1*, caighdeán *m1*;

(*floor*) urlár *m1* * *vt* cothromaigh; **to be**

level with bheith cothrom le; **to draw**

level with (*person, vehicle*) teacht gob ar

ghob le; **"A" levels** (*BRIT*) Ardleibhéil

mpl1, A-leibhéil, = Ardeistiméireacht *f3*,

= Ardeist *f2*; **"O" levels** (*BRIT*) Ordleibhéil

mpl1, "O" leibhéil; **on the level** (*fig*:

honest) ionraic, macánta

► **level off** *vi* (*prices etc*) cothromaigh

level crossing *n* crosaire *m4* comhréidh

level-headed *adj* stuama

lever *n* luamhán *m1*

leverage *n* luamhánacht *f3*; **leverage (on or with)** (*fig*) tionchar *m1* (ar)

levy *n* tobhach *m1*, cáin *f* • *vt* toibhig;
to levy a tax on sth cáin a ghearradh ar rud

lewd *adj* graosta

liability *n* (*responsibility*) freagracht *f3*;
(*COMM*) fiachas *m1*; (*LAW*) dliteanas *m1*;
(*handicap*) cis *f2*; **liabilities** *npl* (*on balance sheet*) fiachais *mpl1*

liable *adj* (*responsible*): **liable (for)** freagrach (as); (*likely*): **he's liable to cause a quarrel** b'fhurasta dó achran a thógáil

liaise *vi*: **to liaise (with)** comhoibriú (*le*)

liaison *n* ceangal *m1*

liar *n* bréagadóir *m3*

libel *n* leabhal *m1* • *vt* leabhlaiht

liberal *adj* liobrálach; (*generous*): **liberal with fairsing** le, fial le; **the Liberal Democrats** (*BRIT*) na Daonlathaithe Liobrála

liberation *n* saoradh *m*, fuascailt *f2*

liberty *n* saoirse *f4*; **to be at liberty to do sth** cead a bheith agat rud a dhéanamh

Libra (*ASTROL*) An Mhéa *f4*

librarian *n* leabharlannaí *m4*

library *n* leabharlann *f2*

libretto *n* leabhróg *f2*

Libya *n* an Libia *f4*

licence, (*US*) **license** *n* ceadúnas *m1*;
(*excessive freedom*) díolúine *f4*

licence number *n* uimhir *f* cheadúnais

licence plate *n* uimhirchlár *m1*

license (*n*) = **licence** • *vt* ceadúnaigh;
licensed to sell alcohol ceadúnaithe chun deochanna meisciúla a dhíol

licensed *adj* (*car*) ceadúnaithe, faoi cheadúnas

lick *vt* ligh; (*inf: defeat*) buail, tabhair léasadh do; **to lick one's lips** (*fig*) bheith ag blasachtach

licorice (*US*) *n* = **liquorice**

lid *n* claibín *m4*, clár *m1*; (*eyelid*) caipín

m4 súile, duille *m4*

lie *vi* (*rest*) luigh; (*in grave*) bheith sínte; (*be situated*) bheith suite; (*be untruthful*) inis bréag • *n* bréag *f2*; **to tell a lie** bréag

a dhéanamh *or* a inse; **without a word of a lie** gan bhréag gan áibhéil; **to lie low** (*fig*) do cheann a choinneáil thíos
► **lie about** *or* **around** *vi* bheith ag

leadaíocht (*thart*)

lie-down *n*: **to have a lie-down** néall a chodladh

lie-in *n*: **to have a lie-in** codladh go headra

lieutenant *n* leifteanant *m1*

life *n* beatha *f4*, saol *m1*; (*vitality*) beocht *f3*; **to come to life** (*fig*) éirí beoga; **how's life?** cad é mar atá an saol agat?; **for life** (*for good*) feadh do shaoil, le do sholas;

that's life! is iomaí cor sa saol!, sin an saol agat!; **throughout his life** fad a mhair sé, ar feadh a shaoil; **to run for one's life** teicheadh le d'anam

life assurance *n* árachas *m1* saoil

lifebelt *n* crios *m3* tarrthála

lifeboat *n* bád *m1* tarrthála

lifebuoy *n* baoi *m4* tarrthála

lifeguard *n* garda *m4* tarrthála, maor *m1*

snámha

life insurance *n* árachas *m1* saoil

life jacket *n* seaicéad *m1* tarrthála

lifeless *adj* marbh, marbhánta, neamhbheo; (*fig: person*) gan anam; (*dull*) leamh

lifeline *adj* a bhfuil dealramh na beatha air

lifeline *n*: **it was his lifeline** bhí a bheo i

ngeall air

lifelong *adj* (*friend' etc*) saoil *n* *gen*

life preserver (*US*) *n* = **lifebelt** *or* **life jacket**

life sentence *n* príosúnacht *f3* saoil

life-size(d) *adj* ar thomhas nádúrtha

life span *n* (*for person*) fad *m1* saoil; (*for product*) saolré *f4*

lifestyle *n* stíl *f2* bheatha, béascna *f4*

lifetime *n* saol *m1*; **in his lifetime** lena linn, lena sholas

Liffey *n*: **the Liffey** an Life *f4*

lift *vt* tóg, ardaigh • *vi* (*fog*) scaip • *n*

(*elevator*) ardaitheoir *m3*; **to give sb a lift** (*AUT*) siob *f2* *or* marcaíocht *f3* a thabhairt do dhuine

lift-off *n* scaoilleadh *m*, éirí *m4* de thalamh

light *n* solas *m1*; (*lamp*) lóchrann *m1*; (*AUT, headlight*) ceannsolas *m1*; (*for cigarette etc*): **have you got a light?** an bhfuil lasán agat? • *vt* las • *adj* (*bright*) geal; (*not heavy/strenuous*) éadrom;
lights *npl* (*AUT, traffic lights*) soilse *mpl1*;
to come to light teacht chun solais
▶ light up *vi* (*face*) geal • *vt* (*illuminate*) caith solas ar, soilsigh
light bulb *n* bolgán *m1* solais
lighten *vt* (*make less heavy*) éadromaigh; (*burden*) laghdaigh
lighter *n* (*also: cigarette lighter*) lastóir *m3* (toitíní)
light-headed *adj* (*giddy*) éaganta; **I became light-headed** tháinig mearbhall orm
light-hearted *adj* éadromchroíoch, aerach, meidhreach, aigeanta
lighthouse *n* teach *m* solais
lighting *n* (*on road, in theatre*) soilsíú *m*
lightly *adv* go héadrom; **to get off lightly** teacht as saor go maith
lightness *n* (*in weight*) éadroime *f4*
lightning *n* tintreach *f2*, splancacha *fp12*; flash of lightning splanc *f2* thintrí, saighneán *m1*
lightning conductor, lightning rod (*us*) *n* conductaire *m4* tintrí
lightweight *adj* (*suit*) éadrom • *n* (*BOXING*) éadrom-mheáchan *m1*
like *vt*: **I like** is maith liom • *prep* amhail • *adj* den chineál céanna • *n*: **and the like** agus a leithéid; **his likes and dislikes** na rudaí is maith leis agus na rudaí nach maith leis; **I would like, I'd like** ba mhaith liom; **would you like a coffee?** ar mhaith leat caife?; **to be like sb** bheith cosúil le duine; **to look like sb** dealramh a bheith agat le duine; **what does it look like?** cad é an chuma atá air?; **what does it taste like?** cad é an blas atá air?; **that's just like him** a leithéid féin a dhéanfadh é; **do it like this** déan mar seo é; **it's nothing like ...** níl sé ar dhóigh ar bith cosúil le ...
likeable *adj* taitneamhach; (*person*) geanúil, pléisiúrtha, groi

likelihood *n* dóchúlacht *f3*; **there's every likelihood that ...** tá an uile chosúlacht go ...
likely *adj* dóchúil; **he's likely to leave** tá gach cosúlacht ann go bhfágfaidh sé; **not likely!** (*inf*) beag an baol!; **as likely as not** chomh dócha lena athrach; **it's hardly likely that** ní móide go
likeness *n* cosúlacht *f3*, dealramh *m1*, samhail *f3*
likewise *adv* mar an gcéanna; **to do likewise** déanamh amhlaidh, an cleas céanna a dhéanamh
liking *n* dúil *f2*; **to have a liking for sth** dúil a bheith agat i rud; **to take a liking to sth** taitneamh a thabhairt do rud; **to one's liking** in aice le do thoil
lila *adj* liathchorra • *n* craobh *f2* liathchorra
lily *n* lile *f4*
lily of the valley *n* lile *f4* na ngleanntán
limb *n* géag *f2*
limber up *vi* aclaigh
limbo *n*: **to be in limbo** (*fig*) bheith ligthe i ndearmad
lime *n* (*tree*) crann *m1* líomai; (*fruit*) líoma *m4*; (*GEOL*) aol *m1*
limelight *n*: **in the limelight** (*fig*) os comhair an phobail
Limerick *n* Luimneach *m1*
limerick *n* luimneach *m1*
limestone *n* aolchloch *f2*
limit *n* teorainn *f* • *vt* teorannaigh, cuir srian le; **over the limit** thar an cheart
limited *adj* teoranta
limited (liability) company *n* comhlacht *m3* teoranta
limp *n*: **he has a limp** tá céim bhacáí ann • *vi* bheith ag bacadrath • *adj* bacach
limpet *n* bairneach *m1*
line *n* líne *f4*; (*stroke*) stríoc *f2*; (*wrinkle*) roc *m1*; (*rope*) téad *f2*; (*FISHING*) dorú *m4*; (*wire*) sreang *f2*; (*row, series*) sraith *f2*; (*of poetry*) líne; (*of people*) scuaire *f4*; (*railway track*) líne; (*COMM, series of goods*) rang *m3*; (*work*) brainse *m4*; (*attitude, policy*) mana *m4* • *vt*: **to line sth (with)** rud a líneáil (*le*); **to line a**

- road with trees** crainn a chur feadh an bhóthair; **in a line** i líne; **in line with** de réir + *gen*, faoi réir + *gen*; **along those lines** ar an téad sin
- ▶ **line up** *vi* déan scuaine, téigh i líne • *vt* déan líne de, cuir i líne; (*event*) eagraigh
- lined** *adj* (*face*) rocach; (*paper*) líneach
- linen** *n* líon *m1*, líneadach *m1*; (*sheets etc*) éadaí *mpl1*
- liner** *n* líneár *m1*; (*for bin*) mála *m4* bruscair
- linesman** *n* maor *m1* líne
- line-up** *n* (*US: queue*) scuaine *f4*; (*SPORT*) foireann *f2*, liosta *m4* foirne
- linger** *vi* moilligh, bheith ag moilleadóireacht; (*smell, tradition*) mair
- lingo** (*inf*) *n* (*pej*) teanga *f4*, béarlagair *m4*
- linguist** *n* teangeolaí *m4*
- linguistics** *n* teangeolaíocht *f3*
- lining** *n* líneáil *f3*
- link** *n* ceangal *m1*, nasc *m1*; (*of a chain*) lúb *f2* • *vt* ceangail; **links** *npl* (*GOLF*) machaire *m4* gailf (cois na farraige)
- ▶ **link up** *vi* tar le chéile • *vt* ceangail
- lino, linoleum** *n* líonóil *f2*
- lion** *n* leon *m1*
- lioness** *n* leon *m1* bainneann
- lip** *n* liopa *m4*; **to wet one's lips** do bhéal a fhliuchadh; **I heard it from his own lips** óna bhéal féin a chuala mé é
- lip-read** *vi* liopaí a léamh
- lip salve** *n* íoc *f2* liopaí
- lip service** *n*: **to pay lip service to sth** béalghrá a thabhairt do rud
- lipstick** *n* béaldath *m3*
- liqueur** *n* licéar *m1*
- liquid** *adj* leachtach • *n* leacht *m3*
- liquidize** *vt* (*CULIN*) leachtaigh
- liquidizer** *n* leachtaitheoir *m3*
- liquor** (*US*) *n* biotáille *f4*
- liquorice** *n* liocras *m1*
- liquor store** (*US*) *n* siopa *m4* biotáillí
- Lisbon** *n* Liospóin *f4*
- lisp** *n* glioscín *m4* • *vi* labhair go briotach
- list** *n* liosta *m4* • *vt* (*write down*) déan liosta de, liostaigh; (*mention*) luaigh
- listen** *vi* éist; **to listen to** éisteacht le, éisteacht a thabhairt do; **to listen closely** cluas le héisteacht a chur ort féin
- listener** *n* éisteoir *m3*
- listless** *adj* spadánta, dímríoch
- liter** (*US*) *n* léitar *m1*
- literacy** *n* litearthacht *f3*
- literal** *adj* litriúil; (*sense*) liteartha
- literally** *adv* go litriúil, go liteartha
- literary** *adj* liteartha
- literate** *adj* liteartha
- literature** *n* litriocht *f3*; (*brochures etc*) leabhráin *mpl1* eolais
- lithe** *adj* ligthe, scaoilte, lúfar
- Lithuania** *n* an Liotuáin *f2*
- litigate** *vi* dul chun dlí
- litigation** *n* plé *m4* dlí
- litre, (US) liter** *n* léitar *m1*
- litter** *n* (*rubbish*) bruscar *m1*; (*young animals*) ál *m1*
- litter bin** *n* bosca *m4* bruscair
- littered** *adj*: **littered with** breac le, dubh le, trí chéile le
- little** *adj* (*small*) beag • *adv*: **I little thought ...** is beag a shíl mé ...; **a little beagán**; **a little milk braon** *m1* bainne; **a little bit** píosa beag; **there's little time left** is beag am atá fágtha, tá an t-am ag éirí gearreaballach; **little by little** beagán ar bheagán
- live¹** *adj* beo
- live²** *vi* (*exist, last*) mair; (*reside*) bheith i do chónaí (*i*)
- ▶ **live down** *vt*: **he'll never live it down** ní bheidh tógáil a chinn choíche aige
- ▶ **live on** *vt fus* (*food, salary*) bheith beo ar
- ▶ **live together** *vi* bheith in aontíos
- ▶ **live up to** *vt fus*: **she lives up to her reputation** is bean mar a tuairisc í, tá sí inchurtha lena cáil
- livelihood** *n* slí *f4* bheatha, slí mhaireachtála
- lively** *adj* anamúil, bríomhar, beoga
- liven up** *vt, vi* beoigh, cuir anam i, cuir spleodar i
- liver** *n* ae *m4*
- Liverpool** *n* Learpholl *m1*
- livestock** *n* beostoc *m1*
- livid** *adj* glasghnéitheach; **I was livid** bhí mé ar an daoraí *or* le ceangal *or* le báiní

living *adj* beo ♦ *n* maireachtáil *f3*; **cost of living** *costas m1* maireachtála; **to earn or make a living** do chuid a shaothrú, do bheatha a thabhairt i dtír

living conditions *npl* staid *fsg2* or cóir *fsg3* or caoi *fsg4* mhaireachtála

living room *n* seomra *m4* teaghligh

living standard *n* caighdeán *m1*

maireachtála

living wage *n* pá *m4* maireachtála

lizard *n* laghairt *f2*

load *n* (*weight*) ualach *m1*, lód *m1*; (*thing carried*) lasta *m4*, lód ♦ *vt* (*also: load up*):

to load (with) lódáil (*le*), ualach a chur ar; (*gun*) stangadh; (*COMPUT*) lódáil; **a load of, loads of** (*fig*) an dúrud + *gen*; **to talk a load of rubbish** bheith ag seafóid or ag caint seafóide, raiméis a bheith ort

loaded *adj* (*question*) cealgach; (*inf: rich*) an-saibhir; **they're loaded** tá na múrtha acu

loaf *n* builín *m4*, bollóg *f2*

loan *n* iasacht *f3* ♦ *vt* tabhair ar iasacht;

on loan ar iasacht

loath *adj*: **he was loath to buy it** ba leisce leis or bhí drogall air é a cheannach

loathe *vt*: **she loathes her husband** is fuath léi a fear céile

lobby *n* forsheomra *m4*; (*pol*) brúghrúpa

m4 ♦ *vt* cuir brú ar

lobster *n* gliomach *m1*

local *adj* áitiúil, logánta ♦ *n* (*pub*) teach *m* tábhairne áitiúil; **the locals** *npl*

(*inhabitants*) muintir *fsg2* na háite

local anaesthetic *n* ainéistéiseach *m1*

logánta

local call *n* glao *m4* áitiúil

local government *n* rialtas *m1* áitiúil

locality *n* ceantar *m1*, dúiche *f4*, bólaí *pl*;

(*position*) suíomh *m1*

locate *vt* (*find*) aimsigh; (*situate*): **to be located in** bheith suite i

location *n* láthair *f*; **on location** (*CINE*) ar láthair amuigh

loch *n* loch *m3*

lock *n* (*of door, box*) glas *m1*; (*of canal*) loc *m1*; (*of hair*) dlaoi *f4* ♦ *vt* (*with key*) cuir glas ar ♦ *vi* (*door etc*) téigh i nglas;

(*wheels*) téigh i ngreim

► **lock in** *vt* cuir faoi ghlas

► **lock up** *vt* (*person*) cuir faoi ghlas;

(*house*) cuir an glas ar ♦ *vi*: **I'll lock up**

cuirfidh mise an glas ar an doras

locker *n* taisceadán *m1*

locket *n* loicéad *m1*

locksmith *n* glasadóir *m3*

locum *n* (*MED*) ionadaí *m4*, fear *m1* ionaid

lodge *n* lóiste *m4*; (*hunting lodge*) grianán

m1 seilge ♦ *vi* (*person*): **to lodge (with)**

bheith ar lóistín (*ag*); (*bullet*) lonnaigh

♦ *vt*: **to lodge a complaint** gearán a chur

isteach; **to lodge money** airgead a

lóisteáil

lodger *n* lóistéir *m3*

lodgings *npl* lóistín *msg4*

loft *n* lochta *m4*

lofty *adj* (*noble*) uasal, mórga; (*haughty*)

ardnósach

log *n* (*of wood*) lomán *m1*, sail *f2*; (*book*) =

logbook ♦ *vt* (*record*) breac síos,

coinnigh tuairisc ar

► **log off** *vi* (*COMPUT*) log as

► **log in** or **on** *vi* (*COMPUT*) log ann

logbook *n* (*NAUT*) leabhar *m1* loinge;

(*AVIAT*) leabhar *m1* eitilte; (*of car*) leabhar

m1 cláraithe

loggerheads *npl*: **at loggerheads in**

adharca a chéile

logic *n* loighic *f2*

logical *adj* loighiciúil

loin *n* (*CULIN*) luan *m1*

loiter *vi* bheith ag fálróid or ag

siománaíocht or ag máinneáil

lo!l *vi* (*also: lo!l about*) bheith ag

síniteoireacht or ag rístíocht

lollipop *n* líreacán *m1*

London *n* Londain *f*

Londoner *n* Londaíoch *m1*

lone *adj* aonarach

loneliness *n* uaigneas *m1*, cumha *m4*

lonely *adj* uaigneach, aonarach

long *adj* fada ♦ *adv* i bhfad ♦ *vi*: **to long**

for sth bheith ag tnúth le rud; bheith ag

feitheamh go crua le rud; **so or as long**

as a fhad agus; don't be long! ná bí i

bhfad!; **how long is this river/course?**

- cá fhad atá an bhainn/cúrsa seo?; **six metres long** sé mhéadar ar fad; **six months long** (ar) feadh sé mhí; **all night long** i rith na hoíche; **he no longer comes** ní thagann sé a thuilleadh; **long before** i bhfad roimh; **long after** i ndiaidh; **before long** roimh i bhfad; **at long last** faoi dheireadh thiar
- long-distance** *adj* (call) cian-
Longford *n* an Longfort *m1*
longhand *n* gnáthscríobh *m3*
longing *n* tnúth *m3*, dúil *f2*
longitude *n* domhanfhad *m1*
long jump *n* léim *f2* fhada
long-life *adj* saolach, fadsaolach; (*milk*) marthanach
long-lost *adj* (person) caillte le fada
long-playing record *n* fadcheirnín *m4*
long-range *adj* (forecast) fadtréimhseach; (*gun*) fadraoin *n* gen
long-sighted *adj* (MED) fadradharcach
long-standing *adj* seanbhunaithe
long-suffering *adj* fadfhulangach, foighneach
long-term *adj* fadtréimhseach, fadtéarmach
long wave *n* fadtonn *f2*
long-winded *adj* fadchainteach, strambánach
loo (*inf*) *n* teach *m* beag
look *vi* amharc, féach; (*seem*) dealraigh, cuma a bheith ar; (*building etc*): **it looks south** tá a aghaidh ó dheas; **it looks (out) onto the sea** tá a aghaidh leis an fharrage ♦ *n* amharc *m1*, féachaint *f3*; (*appearance*) dealramh *m1*, cuma *f4*, cló *m4*; **looks npl** (good looks) dathúlacht *fsg3*, gnaíúlacht *fsg3*, scéimh *fsg2*; **to have a look** spléachadh a thabhairt; **look!** féach!; **look (here)!** (annoyance) éist!
 ▶ **look after** *vt fus* (care for, deal with) tabhair aire do
 ▶ **look at** *vt fus* féach ar, amharc ar; (*consider*) smaoinigh ar
 ▶ **look back** *vi*: **to look back on** (event etc) súil siar a chaitheamh ar
 ▶ **look down on** *vt fus* (*fig*) drochmhéas a bheith agat ar
 ▶ **look for** *vt fus* lorg, cuardaigh, bheith ar lorg
 ▶ **look forward to** *vt fus* bheith ag feitheamh go crua le, bheith ag tnúth le; **we look forward to hearing from you** (*in letter*) táimid ag dréim go mór le scéala uait
 ▶ **look into** *vt fus* iniúch, fiosraigh
 ▶ **look on** *vi* breathnaigh ar, féach ar, amharc ar
 ▶ **look out** *vi* (beware): **to look out (for)** bheith ar d'aire (roimh); **look out!** faichill!, seachain!, coimhead!
 ▶ **look out for** *vt fus* coinnigh súil in airde le
 ▶ **look round** *vi* breathnaigh thart
 ▶ **look to** *vt fus* (rely on) bheith ag brath ar, bheith i dtuilleamaí + *gen*
 ▶ **look up** *vi* féach suas; (*improve*) bisigh, feabhas a bheith ag teacht ar ♦ *vt* (word, name) cuardaigh
 ▶ **look up to** *vt fus* tabhair urraim do, meas a bheith agat ar
lookout *n* faire *f4*; (person) fear *m1* faire; **to be on the lookout (for)** súil a choinneáil in airde (le)
loom *vi* (also: **loom up**) noch; (*approach: event etc*) bheith ag teacht in aicearracht; (*threaten*) bheith ag bagairt ♦ *n* (for weaving) seol *m1*
loony (*inf*) *adj* craiceáilte ♦ *n* gealt *f2*
loop *n* lúb *f2*, dol *m3*
loophole *n* (fig) lúb *f2* ar lár
loose *adj* bog; (*clothes*) scaoilte, liobarnach; (*woman's hair*) síos léi; (*morals, discipline*) drabhlásach, ainrianta ♦ *n*: **on the loose** ag imeacht le scód
loose change *n* briseadh *m*, sóinseáil *f3*
loose chippings *npl* (on road) sceallóga *fp12* scaoilte
loose end *n*: **to be at a loose end** or (US) **at loose ends** bheith tuirseach de do dhóigh
loosely *adv* go scaoilte; (*imprecisely*) go neamhchruinn
loosen *vt* scaoil

loot *n* (inf: money) creach *f2* ♦ *vt* creach
lopped *adj* leataobhach, ar leathmhaig
lord *n* tiarna *m4*; **Lord Smith** An Tiarna
m4 Mac Gabhann; **the Lord** An Tiarna
m4; **good Lord!** a Thiarna!; **the (House
of) Lords** (BRIT) Teach *n* na dTiarnaí; **my
Lord = your lordship**
Lordship *n*: **your Lordship** A Thiarna; (to
bishop) A Thiarna Easpaig
lore *n* seanchas *m1*, saíocht *f3*
lorry *n* leoraí *m4*
lorry driver *n* tiománaí *m4* leoraí
lose *vt*, *vi* caill; **to lose time** (clock) bheith
ag cailleadh ama; **get lost!** gread leat!,
croch leat!, bain as!
loser *n* cailliúnaí *m4*
loss *n* cail *f2*, cailteanas *m1*; **I was at a
loss as to what her name was** ní raibh
barúil agam cad é an t-ainm a bhí uirthi
lost *adj* cailte
lost and found, (US) **lost property** *n*
oifig *f2* na mbeart cailte
lot *n* (fate) cinniúint *f3*, dán *m1*; (at
auction) luchtóg *f2*; **the lot** an t-iomlán;
a lot (of) a lán; **lots of** cuid mhór,
raidhse; **to draw lots (for sth)** crainn a
chaitheamh (ar rud)
lotion *n* lóis *f2*, ionlach *m1*
lottery *n* crannchur *m1*, lottó *m4*; **to do
the lottery** an lottó a dhéanamh
loud *adj* ard, callánach; (support,
condemnation) láidir; (gaudy) gáifeach
♦ *adv* (speak etc) go hard; **out loud** os ard
loud-hailer *n* meigeafón *m1*, callaire *m4*
loudly *adv* go hard
loudspeaker *n* callaire *m4*
lough *n* loch *m3*; **Lough Derg** Loch
Dearg or Deirgeirt; **Lough Erne** Loch
Éirne; **Lough Neagh** Loch nEathach;
Belfast Lough Loch Lao
lounge *n* seomra *m4* suí or caidrimh; (at
airport) toglann *f2*; (also: **lounge bar**)
toiglann ♦ *vi*: **to lounge (about/around)**
bheith ag leadaíocht or ag sínteoireacht
lounge suit *n* gnáthchulaith *f2*
louse *n* míol *m1* cnis
lousy (inf) *adj* ainnis, míofar; **a lousy
pound** punt scallta

lout *n* bodach *m1*, maistín *m4*
Louth *n* Lú *m4*
lovable *adj* geanúil, grámhar
love *n* grá *m4* ♦ *vt* bheith i ngrá le; **I love
her** tá mo chroí istigh inti; (caringly,
kindly) tá mé go maith di; **love (from)
Anne** "le grá (ó) Áine"; **I love chocolate**
tá dúil m'anama agam i seacláid; **to
be/fall in love with** bheith/titim i ngrá
le; **to make love** luí le chéile; **"15 love"**
(TENNIS) "cúig déag, náid"
love affair *n* caidreamh *m1* suirí, cumann
m1
love life *n* cúrsaí *mpl4* grá
lovely *adj* álainn; (delightful: person)
gleoite; (holiday etc) aobhinn, galánta
lover *n* leannán *m1*; (person in love)
suiríoch *m1*; (amateur): **a lover of music**
duine *m4* mór ceoil
loving *adj* geanúil, ceanúil, grámhar
low *adj* íseal; (person: depressed) in ísle brí,
lagmhiseach ♦ *adv* go hiseal ♦ *n* (METEOR)
lagbhúr *m4*; **to be low on** bheith gann i;
to feel low bheith in ísle brí; **to reach
an all-time low** bheith in umar na
haimléise
low-alcohol *adj* ar bheagán alcóil
low-cut *adj* (dress) le brollach íseal
lower *adj* íochtarach, íochtair ♦ *vt* íslioh
low-fat *adj* tanaithe, ar bheagán saille
lowlands *npl* (GEOG) ísealchríoch *fsq2*
lowly *adj* uiríseal
loyalty *n* dílse *f4*, dílseacht *f3*
lozenge *n* (MED) losainn *f2*; (shape)
muileata *m4*
L-plates *npl* L-phlátaí *mpl4*
Ltd *abbr* (= limited) Tta
lubricant *n* bealadh *m1*
lubricate *vt* bealaigh
luck *n* ádh *m1*; **bad luck** mí-ádh *m1*;
good luck! ádh mór ort!
luckily *adv* go hámharach, go hádhúil, ar
an dea-uair
lucky *adj* (person) ámharach, ádhúil;
(coincedence, event) sona, séanmhar;
(object) sonais *n* gen, áidh *n* gen
ludicrous *adj* áiféiseach
lug (inf) *vt* iompar, tarraing, streachail

luggage

luggage *n* bagáiste *m4*

luggage rack *n* (on car) raca *m4* bagáiste

lukewarm *adj* bogthe, alabhog; (person) patuar

lull *n* eatramh *m1*; (in conversation) tost *m3* ♦ *vt*: to lull sb to sleep duine a

chealgadh chun suain

lullaby *n* suantraí *f4*

lumbago *n* lumbágó *m4*

lumber *n* (wood) crainn *mpl1* leagtha,

lomáin *mpl1*; (junk) manglam *m1*

lumberjack *n* lománaí *m4*

luminous *adj* lonrach

lump *n* cnap *m1*; (of sugar) cnapán *m1*;

(of wood) smután *m1*; (of butter) meall

m1; (swelling) meall *m1* ♦ *vt*: to lump

things together rudaí a charnadh le

chéile

lump sum *n* cnapshuim *f2*

lumpy *adj* cnapach; (wood etc)

cnapánach; (porridge etc) stolptha

lunar *adj*: a lunar year bliain *f3* ghealaí;

lunar eclipse urú *m* (na) gealaí

lunatic *adj* gealtach, mire, buile

lunch *n* lón *m1*

luncheon *n* lóinsíun *m1*, lón *m1*

luncheon voucher *n* dearbhán *m1* lóin

lung *n* scamhóg *f2*

lunge *vi* (also: lunge forward) tabhair

áladh (chun tosaigh); to lunge at áladh a thabhairt ar

lurch *vi* bheith ag stámhailleach or ag

longadán ♦ *n* turraing *f2*; to leave sb in the lurch duine a fhágáil san abar or san

fhaopach or in áit a charta

lure *n* (attraction) mealladh *m*, cluain *f3*

♦ *vt* meall

lurid *adj* scéiniúil; (pej: colour, dress)

gáifeach; (complexion) mflítheach

lurk *vi* bheith ag gairdeall go

formhothaithe

luscious *adj* sáil; (attractive) gleoite; (food)

súmhar

lush *adj* méith

lust *n* (sexual) ainmhian *f2*, drúis *f2*; (for

money) saint *f2*

lusty *adj* fuinniúil, láidir, rúpach

Luxembourg *n* Lucsamburg *m4*

luxurious *adj* macnasach, sóúil

luxury *n* ollmhaitheas *m3*, só *m4*

lying *n* bréagadóireacht *f3*

lyrical *adj* liriceach

lyrics *npl* (of song) liricí *fp12*

M

- mac** *n* cóta *m4* báistí
macaroni *n* macarón *m1*
Macedonia *n* an Mhacadóin *f2*
machine *n* meaisín *m4*, inneall *m1*
machine gun *n* meaisínghunna *m4*
machinery *n* innealra *m4*, meaisínre *m4*;
(fig) gléas *m1*
mackerel *n* ronnach *m1*, murlas *m1*,
 maicréal *m1*
mackintosh *n* cóta *m4* báistí
macro *n* (COMPUT) macra *m4*
mad *adj* mire *n* gen, buile *n* gen; (*dog*) oilc
n gen, mire; (*fond of*): **to be mad about**
 bheith splanctha i ndiaidh; (*infuriated*):
to be mad (with sb) bheith ar mire *or* ar
 buile (le duine); **to get mad** dul le báiní;
to drive sb mad duine a chur ar mire *or*
 le báiní
madam *n* (*address*) a bhean *f* uasal
madden *vt*: **to madden sb** duine a chur
 as a chran cumhachta, duine a chur le
 báiní
Madeira *n* (GEOG) Maidéara *m4*; (*wine*)
 fion *m3* maidéarach
madly *adv* (*crazily*) mar a bheadh duine
 buile ann; (*frenziedly*) go dásachtach;
madly in love (with) amach as do
 stuaim (faoi)
madman *n* fear *m1* buile *or* mire
madness *n* mire *f4*, buile *f4*; (*fury*)
 dásacht *f3*
Madrid *n* Maidrid *f4*
madwoman *n* gealt *f2*, bean *f* mire
magazine *n* (PRESS) iris *f2*; (RADIO, TV: *also*):
magazine programme irischlár *m1*
maggot *n* cruimh *f2*
magic *n* draíocht *f3* ♦ *adj* draíochta *n* gen;
(inf: excellent) ar fheabhas, ar dóigh, thar
 cinn
magical *adj* draíochta *n* gen; (*experience*,
evening) ar dóigh, aoibhinn
magician *n* (*conjurer*) asarlaí *m4*
magistrate *n* giúistís *m4*
magnanimous *adj* móraigeanta
- magnet** *n* maighnéad *m1*, adhmaint *f2*
magnetic *adj* maighnéadach,
 adhmainteach
magnificent *adj* thar barr, thar cinn, ar
 fheabhas Éireann, ollásach; (*robe*,
building) galánta
magnify *vt* formhéadaigh; (*sound*)
 méadaigh
magnifying glass *n* gloine *f4*
 formhéadúcháin
magnitude *n* méid *m4*, fairsinge *f4*,
 mórchuímse *f4*
magpie *n* meag *f2*, snag *m3* breac
mahogany *n* mahagaine *m4*
maid *n* cailín *m4* (aimsire); **old maid** (*pej*)
 seanchailín *m4*
maiden *n* ainneir *f2* ♦ *adj* (*aunt etc*)
 díomhaoin; (*speech, voyage*) chéad-
maiden name *n*: **her maiden name was**
 Walsh ba de mhuintir Bhreatnach í
mail *n* post *m1*; (*letters*) litreacha *fpl* ♦ *vt*
 postáil, cuir sa phost
mailbox (*us*) *n* bosca *m4* poist
mail-order *n* postdíol *m3*
maim *vt* ciorraigh; **to be maimed**
 cíthréim *f2* a bheith ort
main *adj* príomh-, ceann- ♦ *n*: **the**
main(s) *n*(*pl*) (*gas, water*) príomhphíopa
msg4; **the mains** *npl* (ELEC) príomhlínte
fpl4, príomhlíonra *m4*; **in the main** den
 chuid is mó, tríd is tríd
mainframe *n* (COMPUT) mór-riomhaire *m4*
mainland *n* mórthír *f2*, tír *f2* mór, míntír
f2
mainly *adv* den chuid is mó, ar an
 mórchóir, go príomha
main road *n* bóthar *m1* mór, bealach *m1*
 mór, príomhbhóthar *m1*
mainstay *n* (*fig*) crann *m1* taca
mainstream *n* cuilithe *f4*
maintain *vt* coinnigh, coimeád; (*sustain*:
growth) cothaigh; (*affirm*) dearbhaigh
maintenance *n* cothabháil *f3*, cothú *m*;
 (*alimony*) liúntas *m1* cothabhála,

ailiúnas *m1*

maize *n min f2* bhuí, arbhar *m1* Indiach

majestic *adj* mórga, maorga

majesty *n* mórgacht *f3*

major *n (MIL)* maor *m1* • *adj (important)*

tábhachtach, mór-; (*most important*)

príomh-; (*MUS*) mór-; **major key**

mórghléas

Majorca *n* Mallorca *m4*

majority *n* móramh *m1*, tromlach *m1*,

formhór *m1*, bunáite *f2*

make *vt* déan; (*earn*) saothraigh; (*cause to be*): **to make sb sad** brón a chur ar

duine; **to make sb laugh** gáire a bhaint

as duine; **to make sth known to sb** rud

a chur in iúl do dhuine; (*force*): **to make**

sb do sth iachall a chur ar dhuine rud a

dhéanamh, tabhairt ar dhuine rud a

dhéanamh; (*equal*): **2 and 2 make 4** 2

agus 2 sin 4 • *n* déanamh *m1*; (*brand*)

marc *m1*, cineál *m1*; (*COMM*) déantús *m1*;

to make a fool of sb amadán a

dhéanamh de dhuine; (*trick*) cúig a

dhéanamh or a fháil; **to make a profit**

brabach a dhéanamh; **to make a loss**

cailleadh; **to make up one's losses** do

bhris a thabhairt isteach; **he made it**

(*succeeded*) d'éirigh leis; **what time do**

you make it? cén t-am atá agat?; **to**

make do with teacht le

► **make for** *vt fus (place)* tabhairt aghaidh

ar, déan ar

► **make off** *vi* bain as, bain na cosa as

► **make out** *vt (write out: cheque)* scríobh;

(*decipher*) déan amach, bain ciall as;

(*understand*) déan amach, tuig; (*see*) feic

► **make up** *vt (constitute)* comhdhéan;

(*invent*) cum, déan suas; (*parcel*) déan,

réitigh; (*bed*) cóirigh; (*one's mind*) déan

suas • *vi (with cosmetics)* tú féin a

smideadh

► **make up for** *vt fus* cúitigh le

► **make up to** *vt* déan suas le

make-believe *n*: **it's just make-believe**

(*game*) níl ann ach cur i gcéill;

(*invention*) níl ann ach cumadh

maker *n (male)* fear *m1* déanta + *gen*;

(*female*) bean *f* déanta + *gen*

makeshift *adj* leithscéal + *gen*, ionad +

gen; **a makeshift bed** leithscéal leapa; **he**

used it as a makeshift knife rinne sé

ionad scine de

make-up *n* smideadh *m1*

make-up remover *n* glantóir *m3* smididh

making *n (fig)*: **artist in the making**

ábhar *m1* ealaíontóra; **to have the**

makings of (actor, athlete etc) mianach +

gen a bheith ionat; **he has the makings**

of an actor tá mianach aisteora ann

malaria *n* maláire *f4*

Malaysia *n* an Mhalaeisia *f4*

male *n (BIOL)* fireannach *m1* • *adj* fireann;

male child páiste *m4* fir

malevolent *adj* drochaigeanta,

cealgrúnach

malfunction *n* mífheidhm *f2*, míghléas

m1

malice *n* mailís *f2*, mioscáis *f2*, olc *m1*

malicious *adj* mailiseach, mioscaiseach

malign *vt* caith anuas ar, cuir drochchlú

ar

malignant *adj (MED)* urchóideach

mall *n (also: shopping mall)* malla *m4* or

lárionad *m1* siopadóireachta

mallet *n* máilléad *m1*

malpractice *n* míchleachtas *m1*

malt *n* braich *f2*; (*also: malt whisky*) uisce

m4 beatha braiche

Malta *n* Málta *m4*

mam *see* mammy

mammal *n* mamach *m1*, sineach *f2*

mammoth *n* mamat *m1* • *adj* ollmhór

mammy *n* mam *f1* • *adj* mamaí *f4*

man *n* fear *m1* • *vt (NAUT, SHIP)* cuir

foireann ar; (*MIL, gun*) cuir i bhfearas;

(*machine*) téigh i bhfeighil + *gen*; **an old**

man seanfhear *m1*; **man and wife**

lánúin *f2* (phósta)

manage *vi*: **she managed** d'éirigh léi,

chuaigh aici • *vt* stiúir; (*business etc*)

stiúir, riar; (*ship*) láimhsigh; (*problem,*

task) ionramháil

manageable *adj (task)* soláimhsithe

management *n* bainistíocht *f3*

manager *n* bainisteoir *m3*

manageress *n* bainistreas *f3*

managerial

managerial *adj* bainistíochta *n gen*, bainistiúil

managing director *n* stiúrthóir *m3* bainistíochta

Manchester *n* Manchain *f4*

mandarin *n* (also: **mandarin orange**)
mandairín *m4*; (person) Mandairíneach *m1*

mandatory *adj* riachtanach, sainordaitheach

mane *n* moing *f2*

maneuver (*us*) *vt, vi, n* = manoeuvre

manfully *adv* go fearúil; **to acquit o.s.**

manfully gníomh *or* obair fir a dhéanamh

mangle *vt* basc, ciorraigh, coscair

mango *n* mangó *m4*

mangy *adj* clamhach

manhandle *vt*: **to manhandle sb** cargáil

a thabhairt do dhuine, duine a chrágáil

manhole *n* dúnpholl *m1*

manhood *n* (*adulthood*) aois *f2* fir;
(virility) feargacht *f3*; **to reach manhood**
teacht i méadaíocht

man-hour *n* daonuir *f2*

manhunt *n* (POLICE) tóraíocht *f3*

mania *n* (MED) máine *f4*; (*lunacy*) gealtacht *f3*; (*fig*: *craze*) dúil *f2* mhíre

maniac *n* (MED) máineach *m1*; (*lunatic*)

gealt *f2*, duine *m4* buile

manic *adj* (MED) máineach; (*fig*: *crazy*)

buile *n gen*, mire *n gen*

manicure *n* lámh-mhaisiú *m*

manifest *vt* taispeáin, nocht, léirigh • *adj*
follasach, soiléir, sofheicthe

manifesto *n* forógra *m4*

manipulate *vt* láimhsigh, ionramháil;
(FIN) mí-ionramháil

mankind *n* an cine *m4* daonna, an duine *m4*

manly *adj* fearúil

man-made *adj* de dhéantús an duine, saorga

manner *n* caoi *f4*, dóigh *f2*, cineál *m1*;
(*behaviour*) béasa *mpl3*; (*sort*): **all manner**
of gach cineál + *gen*; **manners** *npl*
(*behaviour*) múineadh *m*

mannerism *n* dóigh *f2*; (*affected*)

gothaíocht *f3*

mannerly *adj* múinte, béasach, modhúil
manoeuvre, (*us*) **maneuver** *vt* (*move*)
bog; (*manipulate: person*) ionramháil; (*;*
situation) láimhsigh • *n* beart *m1*; (*MIL*)
inlíocht *f3*

manor *n* (also: **manor house**) mainéar *m1*

manpower *n* daonchumhacht *f3*

mansion *n* mainteach *m*, teach *m* mór;
the Mansion House Teach an
Ard-Mhéara

manslaughter *n* dúnorgain *f3*

mantelpiece *n* matal *m1*

manual *adj* láimhe *n gen* • *n* lámhleabhar *m1*

manufacture *vt* déan, monaraigh • *n*
déantús *m1*, déantúsaíocht *f3*, monarú *m*

manufacturer *n* déantóir *m3*, monaróir *m3*

manure *n* leasú *m*, aoileach *m1* • *vt*
leasaigh

manuscript *n* lámhscríbhinn *f2*

Manx *adj* Manannach • *n* (LINC)
Manainnis *f2*

many *adj* a lán + *gen*, go leor • *pron*
mórán; **a great many** cuid mhór; **there**
is many a ... (number) is iomaí ...
(*frequency*) is minic ..., is iomaí uair ...;
how many times? cá mhéad uair?; **too**
many an iomarca + *gen*, barraíocht +
gen; **as many as** suas le

map *n* léarscáil *f2*, mapa *m4*

► **map out** *vt* leag amach

maple *n* mailp *f2*

mar *vt* loit, mill, déan dochar *or* díobháil
do

marathon *n* maratón *m1*

marble *n* marmar *m1*; (*toy*) mirlín *m4*

March *n* Márta *m4*

march *vi* máirseáil • *n* máirseáil *f3*;
(*demonstration*) mórshiúl *m1*

mare *n* láir *f*, capall *m1*

margarine *n* margairín *m4*

marginal *n* imeall *m1*, teorainn *f*, ciumhais *f2*;
(*of profit*) corrlach *m1*; (*of error, safety*) lamháil *f3*

marginal *adj* imeallach, teorannach

marigold *n* ór *m1* Muire

marijuana

marijuana *n* marachuan *m1*

marina *n* muiríne *m4*

marine *adj* mara *n gen* ♦ *n* muirí *m4*

marital *adj*: **marital status** stádas *m1*
pósta

mark *n* (*stain*) smál *m1*; (*of skid etc*) rian *m1*; (*scol, currency*) marc *m1*; (*sign*) comhartha *m4* ♦ *vt* (*also scol*) marcáil, cuir marc ar; (*stain*) smálaigh; **to mark**

time an t-am a chur thart, lá a bhaint as

marker *n* marcálaí *m4*; (*bookmark*) leabharmharc *m1*; (*ink marker*) marcóir *m3*

market *n* margadh *m1* ♦ *vt* (*COMM*) cuir ar an margadh, margaigh

marketing *n* margáocht *f3*

market research *n* taighde *m4* margaidh

marksman *n* aimsitheoir *m3*

marmalade *n* marmaláid *f2*

maroon *vt*: **to be marooned** bheith fágtha i bponc or i sáinn or ar an mblár fholamh ♦ *adj* marún

marquee *n* ollphuball *m1*

marriage *n* pósadh *m*

marriage certificate *n* teastas *m1* pósta

married *adj* pósta

marrow *n* smior *m3*; (*vegetable*) mearóg *f2*

marry *vt* pós ♦ *vi* (*also: get married*) pós

Mars *n* (*planet*) Mars *m3*

marsh *n* seascann *m1*, riasc *m1*

marshal *n* marascal *m1*; (*SPORT, US: fire, police*) maor *m1* ♦ *vt* eagraigh, cuir eagar ar

marshy *adj* riarcach

martyr *n* mairtíreach *m1*

martyrdom *n* mairtíreacht *f3*

marvel *n* iontas *m1* ♦ *vi*: **to marvel (at)** iontas a dhéanamh (de)

marvellous, (*us*) **marvelous** *adj* iontach

Marxist *adj*, *n* Marxach *m1*

marzipan *n* práσόg *f2*

mascara *n* mascára *m4*

masculine *adj* fireann; (*LING*) firinsneach

mash *vt* brúigh

mashed potatoes *npl* brúitín *msg4*

mask *n* masc *m1* ♦ *vt* masc, folaigh

mason *n* (*also: stonemason*) saor *m1*
cloiche; (*also: freemason*) máisiún *m1*

172

match

masonry *n* saoirseacht *f3* chloiche

masquerade *vi*: **to masquerade as** téigh i riocht + *gen*

mass *n* toirt *f2*; (*REL*) aifreann *m1* ♦ *cpd* (*meeting, production*) oll- ♦ *vi* cruinnigh (le chéile), dlúthaigh; **the masses** an pobal *m1*, an coiteann *m1*, an choitiantacht *f3*; **masses of** an dúrud + *gen*, cuid mhór + *gen*; **masses of people** na sluaite *mpl4*; **to go to mass** (*REL*) dul ar aifreann

massacre *n* ár *m1*

massage *n* suathaireacht *f3* ♦ *vt* suaith

massive *adj* oll-, as cuimse

mass media *n* na meáin *mpl1*
chumarsáide

mass production *n* olltáirgeadh *m*

mast *n* crann *m1* (seoil); (*RADIO*) crann

master *n* máistir *m4*; (*in school*)

múinteoir *m3*, máistir; (*title for boys*):

Master John Seán Óg ♦ *vt* máistrigh; (*overcome*) sáraigh; (*learn*): **to have**

mastered sth rud a bheith ar do chomhairle féin agat; **to be one's own**

master bheith ar do chomhairle féin;

Master of Arts/Science máistir *m4*

ealaíne/eolaíochta; **master of ceremonies** fear *m1* an tí

masterly *adj* go máistriúil

masterpiece *n* sárshaothar *m1*

master plan *n* máistirphlean *m4*

mastery *n* máistreacht *f3*; **to have**

mastery of sth rud a bheith ar do mhian agat

mat *n* mata *m4*; (*also: doormat*) mata tairsí; (*also: tablemat*) mata boird

match *n* (*for lighting*) lasán *m1*; (*equivalent*) macasamhail *f3*, leathbhreac *m1*, leithéid *f2*; (*game*) cluiche *m4*;

(*marriage*) cleamhnas *m1* ♦ *vt* (*also*):

match up meaitseáil, cuir in oiriúint; (*equal*) bheith inchurtha le ♦ *vi* (*suit*) tar

or cuir le chéile, oir dá chéile; **to be a good match** bheith ag oiriúint or ag fóirstean go maith dá chéile, bheith ag teacht or ag cur go maith le chéile; **he'll**

meet his match (*fig*) casfar fear a

dhiongbhála air

matchbox

matchbox *n* bosca *m4* lasán, bosca meaitseanna

matching *adj* ag teacht *or* ag cur le chéile, ag freagairt dá chéile

mate *n* (*inf*) comrádaí *m4*; (*for bird*) leathéan *m1*; (*partner*) céile *m4*; (*in merchant navy*) máta *m4* • *vi* (*animals*) cúpláil

material *n* (*substance*) ábhar *m1*; (*cloth*) éadach *m1*; (*data*) sonraí *mpl4* • *adj* ábhartha; (*important*) tábhachtach; (*relevant*): **it's not material** ní bhaineann sé le hábhar; **materials** *npl* (*equipment*) ábhar *msg1*

maternal *adj* máthartha; (*aunt, uncle etc*) ar thaobh na máthar

maternity *n* máithreachas *m1* • *adj* máithreachais *n gen*

maternity dress *n* gúna *m4* máithreachais

maternity hospital *n* ospidéal *m1* máithreachais

mathematical *adj* matamaiticiúil

mathematics, maths, (US) math *n* matamaitic *fsg2*

matinée *n* nóinléiriú *m*

matriculation *n* máithreánach *m1*

matrimonial *adj* lánúnaís *n gen*

matrimony *n* pósadh *m*, lánúnaís *m1*

matron *n* mairtís *f2*

matron *n* (*in hospital*) mátrún *m1*

mat(t) *adj* neamhlonrach

matter *n* ábhar *m1*; (*PHYS*) damhna *m4*; (*MED, PUS*) angadh *m1* • *vi*: **it matters** that ... tá sé tábhachtach go ...; **matters** *npl* (*affairs, situation*) cúrsaí *mpl4*; **it doesn't matter (about)** is cuma (faoi); (*I don't mind*) ní miste liom, is cuma liom; **what's the matter?** céard *or* cad é tá ceart?; **no matter what** cá bith, cibé; **as a matter of fact** déanta na fírinne, dáiríre píre; **for that matter** maidir leis sin, i dtaca leis sin de

matter-of-fact *adj* fuarachúiseach, neafaiseach, tomhaiste

mattress *n* tocht *m3*

mature *adj* aibí • *vi* (*person*) tar in inmhe *or* i méadaíocht; (*wine, cheese*) aibigh

maul *vt* clamhair, basc

mausoleum *n* másailéam *m1*

mauve *adj* bánchorcra

maverick *n* (*fig*) éan *m1* corr

maximum *adj* uas- • *n* uasmhéid *f2*

May *n* Bealtaine *f4*; **May Day** Lá *m* Bealtaine

may *vi* (*indicating possibility*): **he may come** d'fhéadfadh sé teacht; (*be allowed to*): **may I smoke?** an bhfuil cead agam caitheamh?; (*wishes*): **may God bless you!** go mbeannaí Dia thú!; **you may as well go** féadann tú imeacht *or* dul

maybe *adv* seans; **maybe he'll come** b'fhéidir go dtiocfadh sé

Mayday *n* gairm *f2* cabhrach

mayhem *n* cíor *f2* thuathail

Mayo *n* Maigh *f* Eo

mayonnaise *n* maonáis *f2*

mayor *n* méara *m4*

mayoress *n* banmhéara *m4*

maze *n* lúbra *m4*

me *pron* mé; (*emphatic*) mise; **he heard me** chuala sé mé; **give me a book** tabhair dom leabhar dom; **after me** i mo dhiaidh; **tormenting me** do mo chrá

meadow *n* móinéar *m1*

meagre, (US) meager *adj* gortach

meal *n* béile *m4*; (*flour*) min *f2*

mealtime *n* am *m3* béile

mean *adj* (*with money*) sprionlaithe, ceachartha, gortach; (*unkind*) suarach; (*shabby*) ainnis; (*average*) meán- • *vt* ciallaigh; (*understand*): **what she meant** is é a bhí i gceist aici ná; (*intend*): **to mean to do sth** é a bheith de rún agat rud a dhéanamh • *n* meán *m1*; **means** *npl* (*way, money*) caoi *fsg4*, dóigh *fsg2*, acmhainn *fsg2*, gléas *msg1*; **by means of** le, trí; **by some means** *or* other ar dhóigh (amháin) nó ar dhóigh eile; **by all means!** ar ndóigh!, cinnte!; **to be meant for sb/sth** bheith i ndán do dhuine/rud; **do you mean it?** an i ndáiríre atá tú?; **what do you mean?** cad é atá tú a rá *or* a mhaíomh?; **you don't mean it!** ag magadh atá tú!

meander *vi* (*river, stream*) bheith ag

meaning

caismirneach; (*road, path*) bheith ag lúbadh or ag casadh

meaning *n* ciall *f*2, brí *f*4

meaningful *adj* a bhfuil brí or éifeacht leis; (*significant*) tábhachtach, fiúntach

meaningless *adj* gan chiall, gan bhri; (*worthless*) gan mhaith, gan fiúntas

meanness *n* (*with money*) sprionlaitheacht *f*3, ceachtarhacht *f*3; (*unkindness*) suarachas *m*1

meantime, meanwhile *adv* (*also: in the meantime or meanwhile*) idir an dá linn, san idirlinn

measles *n* bruiteineach *f*2

measly (*inf*) *adj* scallta, gortach

measure *vt* tomhais ♦ *vi: it measured two metres wide* bhí sé dhá mhéadar ar leithead ♦ *n* tomhas *m*1, miosúr *m*1; (*action*) beart *m*1

measurements *npl* toisí *mpl*4

meat *n* feoil *f*3

Meath *n* an Mhí *f*4

Mecca *n* Meice *f*4

mechanic *n* meicneoir *m*3

mechanical *adj* meicniúil

mechanics *n* meicnic *fsg*2

mechanism *n* meicníocht *f*3

medal *n* bonn *m*1

medallion *n* mórbhonn *m*1

medallist, (US) medalist *n* (*SPORT*) bonnbhuaiteoir *m*3

meddle *vi: to meddle in* do ladar a chur (isteach) i; **to meddle with** baint le

media *npl* (na) meáin *mpl*1 chumarsáide

mediaeval *adj* = **medieval**

median (*US*) *n* (*also: median strip*) airmheán *m*1

mediate *vi* déan eadráin, déan idirghabháil

medical *adj* leighis *n gen*, míochaine *n gen* ♦ *n* scrúdú *m* leighis

medication *n* míochnú *m*; (*drugs*) cógas *m*1

medicine *n* míochaine *f*4, leigheas *m*1; (*drug*) cógas *m*1

medieval *adj* meánaoiseach

mediocre *adj* lagmheasartha

meditate *vi* machnaigh, meabhraigh; **to**

174

memorize

meditate deeply meabhrú go domhain

Mediterranean *adj* Meánmhuiri; **the Mediterranean (Sea)** an Mheánmhuir *f*

medium *adj* meán-, meánach ♦ *n* (*means*) meán *m*1; (*person*) bean *f* feasa, meán

medium *m*1; **a happy medium** cothrom cirt

medium wave *n* an mheántonn *f*2

medley *n* meascra *m*4, meascán *m*1

meek *adj* ceansa

meet *vt* cas le, buail le; (*for the first time*)

cuir aithne ar; **I met him** casadh orm é;

(*go and fetch*) téigh in araicis + *gen*;

(*opponent, danger*) tabhair aghaidh ar;

(*obligations*) comhlíon ♦ *vi* (*friends*) buail le chéile; (*join: lines, roads*) tar le chéile

► **meet with** *vt fus* buail le

meeting *n* cruinniú *m*

mega- *prefix* (*COMPUT*) meigea-, meigi-

megabyte *n* (*COMPUT*) meigibheart *m*1

megaphone *n* callaire *m*4

nurse *n* banaltra *f4* ♦ *vt* (patient)

banaltracht a dhéanamh ar; **she nursed him back to health** thug sí chun bisigh é

nursery *n* naíolann *f2*; (for plants)

plandlann *f2*

nursery rhyme *n* rann *m1* páistí

nursery school *n* naíscóil *f2*

nursery slope *n* (SKI) fánán *m1*

tosaitheoirí

nursing *n* banaltracht *f3*

nursing home *n* teach *m* banaltrachta

nursing mother *n* máthair *f* chíché

nut *n* cnó *m4*

nutcracker *n* cnóire *m4*

nutmeg

nutmeg *n* noitmig *f2*

nutritious *adj* scamhardach, cothaitheach

nuts (*inf*) *adj* ar mire, le broim

190

nutshell *n*: in a nutshell i mbeagán focal

nylon *n* níolón *m1* ♦ *adj* níolóin

nylon

O

oak *n* dair *f* • *adj* darach

OAP *n* abbr = old age pensioner

oar *n* maide *m4* rámha

oasis *n* ósais *f2*

oath *n* mionn *m3*; (*swear word*) eascaine *f4*, mionn mór; **under oath**, (*BRIT*) **on**

oath faoi mhionn

oatmeal *n* mín *f2* choirce

oats *n* coirce *msg4*

obedience *n* umhlaíocht *f3*

obedient *adj* umhal

obey *vt* géill do, bheith umhal do;

(*instructions*) lean, déan de réir + *gen*

obituary *n* fógra *m4* báis

object *n* rud *m3*, réad *m3*; (*purpose*)

cuspóir *m3*; (*LING*) oibiacht *f3*, cuspóir

• *vi*: **to object to** (*attitude*) col a ghlacadh le; (*proposal*) cur i gcoinne + *gen*; **expense is no object** is cuma faoin chostas; **he objected that ...** dúirt sé ina choinne go ...

objection *n* agóid *f2*; **I have no**

objection to that níl rud ar bith agam ina choinne sin

objective *n* cuspóir *m3*, aidhm *f2* • *adj* oibiachtúil

obligation *n* oibleagáid *f2*, dualgas *m1*;

you're under no obligation to ... níl tú faoi oibleagáid ar bith chun ...

oblige *vt* (*force*): **to oblige sb to do sth**

rud a chur ina oibleagáid ar dhuine,

iachall a chur ar dhuine rud a

dhéanamh; **to oblige sb** (*do a favour*)

oibleagáid or gar a dhéanamh do

dhuine; **to be obliged to sb for sth**

bheith faoi chomaoin ag duine as rud

obliging *adj* garach, cuidiúil

oblique *adj* fiar, claon-, sceamhach

obliterate *vt* díothaigh, scrios ar fad

oblivion *n* díchuimhne *f4*

oblivious *adj*: **to be oblivious of** (*fact*)

bheith dall ar; (*person*) gan airde a bheith agat ar

oblong *adj* leathfhada • *n* dronuilleog *f2*

obnoxious *adj* gráiniúil, déistineach; (*smell*) bréan

oboe *n* óbó *m4*

obscene *adj* gáirsiúil, graosta, madruil

obscure *adj* (*dim*) doiléir; (*unknown*) gan

iomrá • *vt* doiléirigh, dorchaigh; (*hide*:

sun) foliaigh, déan níos doiléire

observant *adj* grinnsúileach, airdeallach, braiteach

observation *n* (*remark*) focal *m1*, tuairim

f2; (*watching*) breathnóireacht *f3*,

grinníú *m*, scrúdú *m*

observatory *n* réadlann *f2*

observe *vt* coimhead; (*orders*) comhlíon; (*remark*) abair

observer *n* féachadóir *m3*, coimhéadaí

m4, breathnóir *m3*

obsess *vt* lean do; **obsessed by** i ngreim

ag, ciaptha ag; **he became obsessed by**

it chuaigh sé ina cheann dó

obsessive *adj* galrach; **obsessive**

cleanliness glaineacht mar a bheadh

galar ann

obsolete *adj* as feidhm

obstacle *n* constaic *f2*, bac *m1*

obstinate *adj* dáigh, dígeanta,

ceanntreán

obstruct *vt* (*block*) coisc, stop; (*hinder*)

cuir bac ar

obtain *vt* faigh

obvious *adj* soiléir, follasach

obviously *adv* go follasach; **is he here?** -

obviously not! an bhfuil sé anseo? - is

léir nach bhfuil!

occasion *n* ócáid *f2*; (*opportunity*) deis *f2*,

faill *f2*

occasional *adj* corr-, fánach

occasionally *adv* corruair, anois is arís

occupation *n* (*job*) gairm *f2* (bheatha);

(*pastime*) caitheamh *m1* aimsire

occupier *n* sealbhóir *m3*

occupy *vt* (*house*) bheith i do chónaí i,

áitigh; (*space*): **the picture occupied**

most of the wall bhí bunús an bhalla

faoin bpictiúr; **to occupy o.s. in or with** do chuid am a chaitheamh ar

occur *vi* tarlaigh, tit amach

occurrence *n* tarlú *m*, teagmhas *m1*

o'clock *n* aigéan *m1*, farraige *f4* mhór

o'clock *adv*: **it is 5 o'clock** tá sé a cúig a chlog

October *n* Deireadh *m1* Fómhair

octopus *n* ochtapas *m1*

odd *adj* (*strange*) aisteach, ait; (*number, not of a set*) corr; **60-odd** tuairim is 60, timpeall 60; **the odd one out** an ceann corr; **the odd man out** an t-éan corr

oddy *n* (*person*) éan *m1* corr; (*thing*) rud *m3* corr; (*of character*) leannán *m1*

odd jobs *npl*: **to do odd jobs** timireacht a dhéanamh

oddly *adv* go haisteach; **oddly enough** aisteach go leor

oddmens *npl* (*COMM*) earraí *mpl4* fuíll

odds *npl* (*in betting*) corrlach *m1*; **it makes no odds** is cuma; **at odds** ag achrann; **odds and ends** giúrléidí *fp12*

odour, (*US*) **odor** *n* boladh *m1*, mos *m1*

oesophagus *n* éasafagas *m1*

KEYWORD

of *prep* **1** (*gen*): **a friend of ours** cara dúinn or linn or dár gcuid; **a boy of 10** gasúr deich mbliana; **that was kind of you** ba dheas uait sin

2 (*expressing quantity, amount, dates etc*):

a kilo of flour cileagram plúir; **how much of this do you need?** cá mhéad de seo atá de dhíth ort?; **there were 2 of them** (*people*) bhí siad beirt ann;

(*objects*) bhí dhá cheann acu or díobh ann; **3 of us went** chuaigh triúr againn or dínn ann; **the 5th of July** an cúigiú lá de Mhí Iúil

3 (*from, out of*) déanta as; **a statue of marble** dealbh déanta as marmar; **made of wood** déanta as adhmaid

off *adj, adv* (*engine*) as; (*light*) as, múchta; (*food: bad*) lofa; (: *milk: bad*) iompaithe, cor a bheith ann; (*absent*) as láthair; (*cancelled*) ar ceal ♦ *prep* de, ó; **to be off**

(*to leave*) bheith ag imeacht; **to be off sick** bheith tinn, gan a bheith ann de bharr tinnis; **a day off** lá saoire; **to have an off day** drochlá a bheith agat; **he had his coat off** bhí a chóta de aige; **10% off** (*COMM*) lascaine 10%; **I'm off meat** táim ag staonadh den fheoil; **on the off chance (that)** ar an gcaoiseans (go)

offal (*n* (*CULIN*) miodamas *m1*, conamar *m1*, scairteach *f2*)

Offaly *n* Uíbh *mpl* Fhailí

off-colour *adj* (*ill*): **he's a little off-colour today** níl sé aige féin mar is ceart inniu

offence, (*US*) **offense** *n* (*crime*) coir *f2*; **she took offence at the joke** chuir an scéal stuaic uirthi

offend *vt* (*person*) cuir stuaic or olc ar

offender *n* ciontóir *m3*, coireach *m1*

offense (*US*) *n* = **offence**

offensive *adj* (*smell etc*) déistineach, bréan; (*weapon*) ionsaitheach ♦ *n* (*MIL*) ionsaí *m*

offer *n* tairiscint *f3* ♦ *vt* tairg, ofráil; "on offer" (*COMM*) ar reic

offering *n* ofráil *f3*

offhand *adj* (*abrupt*) giorraisc; (*uninterested*) neamhshuimiúil ♦ *adv* gan ullmhú

office *n* (*place, room*) oifig *f2*; (*position*) post *m1*; (*responsibility*) dualgas *m1*, cúram *m1*; **to take office** dul i mbun dualgas

office block, (*US*) **office building** *n* ceap *m1* oifigí

office hours *npl* uaireanta *fp12* oifige; (*US: MED*) uaireanta comhairle

officer *n* (*MIL etc*) oifigeach *m1*; (*also: police officer*) garda *m4*; (*BRIT*) péas *m4*

official *adj* oifigiúil ♦ *n* feidhmeannach *m1*

officialdom *n* oifigiúlachas *m1*

officiate *vi* (*REL*) feidhmigh; **to officiate at a marriage** pósadh a dhéanamh

off-licence *n* (*shop*) eisceadúnas *m1*

off-line *adj* (*COMPUT*) as líne

off-peak *adj* ag uaireanta, neamhghnóthacha

offprint *n* seach-chlól *m4*

offset

offset *vt* (*counteract*) déan cothrom, cúitigh

offshoot *n* (*fig*) craobh *f2*

offshore *adj* amach ón gcósta; **offshore**

fishing fadiascaireacht *f3*

offside *adj* (*SPORT*) as an imirt

offspring *n* *inv* sliocht *m3*, clann *f2*

off-the-peg, (*US*) **off-the-rack** *adv*

réamhghearrtha

often *adv* go minic; **how often do you**

go? cá mhíne a théann tú ann?; **every**

so often anois is arís

oh *excl* ó

oil *n* ola *f4*; (*petroleum*) peitriam *m4* • *vt* (*machine*) bealaigh

oilfield *n* olacheantar *m1*

oil filter *n* (*AUT*) scagaire *m4* ola

oil rig *n* rige *m4* ola

oilskins *npl* aidhleanna *pl*

oil well *n* tobar *m1* ola

oily *adj* olúil; (*food*) bealaithe

ointment *n* unghadh *m*

O.K., **okay** *excl* ceart go leor, tá go maith

• *adj* (*average*) go measartha • *vt*

ceadaigh

old *adj* sean; (*person*) aosta, sean-; (*former*)

sean-, ath-; **how old are you?** cén aois

thú?, cá haois thú?; **he's 10 years old** tá

sé 10 mbliana d'aois; **older**

brother/sister deartháir mór/deirfiúr

mhór

old age *n* seanaois *f2*

old age pensioner *n* pinsinéir *m3*

old-fashioned *adj* seanfhaiseanta;

(*person*) seanaimseartha

olive *n* (*fruit*) ológ *f2*; (*tree*) crann *m1* ológ

• *adj* (*also: olive-green*) glas olóige

olive oil *n* ola *f4* olóige

Olympic *adj* Oilimpeach; **the Olympic**

Games, the Olympics na Cluichí *mpl4*

Oilimpeacha

Oman *n* Oman *m4*

omelet(te) *n* uibheagán *m1*

omen *n* tuar *m1*, mana *m4*

ominous *adj* tuarúil

omit *vt* fág ar lár; **to omit to do sth** gan

rud a dhéanamh; **he omitted to say**

whether ... ní duirt sé cé acu ...

KEYWORD

on *prep* **1** (*indicating position*) ar; **on the table** ar an mbord; **on the wall** ar an mballa; **on the left** ar clé, ar thaobh na láimhe clé

2 (*referring means, method, condition etc*): **on foot** de chois; **on the train/plane** sa traein/san eitleán; **on the telephone/radio/television** ar an nguthán or teileafón/raidió/teilifís; **to be on drugs** bheith ag caitheamh drugaí; **on holiday** ar (laethanta) saoire

3 (*referring to time*): **on Friday** Dé hAoine; **on Fridays** ar an Aoine; **on June 20th** ar an bhfichiú lá de Mhí an Mheithimh; **a week on Friday** seachtain ón Aoine seo; **on his arrival** ar theacht (isteach) dó; **on (his) seeing this** nuair a chonaic sé seo or ar a fheiceáil seo dó

4 (*about, concerning*): **a book on Yeats/physics** leabhar faoi Yeats/faoin bhfisic

• *adv* **1** (*referring to dress, covering*): **to have one's coat on** do chóta a bheith ort; **to put one's coat on** do chóta a chur ort; **what's she got on?** céard atá sí a chaitheamh?, cén t-éadach atá uirthi?; **put the lid on tightly** fáisc an clár go docht air

2 (*further, continuously*): **to walk etc on** siúl etc leat; **on and off** anois is arís, ó am go chéile

• *adj* **1** (*in operation: machine*) ag gabháil, ar obair; (: *radio, tv*) ag gabháil; (: *light*) lasta; (: *tap*) ag gabháil; (: *brakes*) teannta; (*in progress*) ar siúl; **is the meeting still on?** (not cancelled) an bhfuil an cruinniú le bheith ann go fóill?; **when is this film on?** cá huair a bheas an scannán seo ann?

2 (*inf*): **that's not on!** (not acceptable, not possible) níl sé sin indéanta!

once *adv* (*one time*) uair (amháin); (*formerly*) tráth, in am amháin, lá den saol • *conj* a luaithe (is) a; **once he had left/it was done** a luaithe a bhí sé ar

shiúl/a bhí sé déanta; **at once** láithreach bonn; (*simultaneously*) in éineacht; **once a week** uair sa tseachtain; **once more** uair amháin eile; **once upon a time** fadó, fadó

KEYWORD

one *num* aon; **one hundred and fifty** céad go leith; **one day** lá, (aon) lá amháin
 ♦ **adj** 1 (*sole, unique*) aon; **the one book which ...** an t-aon leabhar (amháin) a ...; **the one man who ...** an t-aon fhear (amháin) a ...
 2 (*same*) aon, céanna; **they came in the one car** tháinig siad san aon charr (amháin)
 ♦ **pron** 1: **this/that/yonder one** an ceann seo/sin/úd; **I've already got one/a red one** tá ceann/ceann dearg agam cheana féin; **one by one** (*articles*) ceann i ndiaidh an chinn eile; (*people*) duine i ndiaidh an duine eile, ina nduine is ina nduine
 2: **one another** a chéile; **to look at one another** amharc *or* breathnú ar a chéile; **to speak to one another** labhairt lena chéile
 3 (*impersonal*): **one never knows** ní bhíonn a fhios agat/ag aon duine; **to cut one's finger** do mhéar a ghearradh

one-day excursion (*us*) *n* ticéad *m1* fillte aonlae

one-man *adj* (*business*) aonair

one-off (*inf*) *adj* ar leith, aonuaire

oneself *pron*: **to keep sth for oneself** rud a choinneáil agat féin; **to talk to oneself** bheith ag caint leat féin

one-sided *adj* leataobhach, leatromach, claon

one-to-one *adj* (*relationship*) duine le duine

one-way *adj* (*street, traffic*) aontreo

ongoing *adj*: **the ongoing investigation** an fiosrúchán atá ag dul ar aghaidh faoi láthair

onion *n* oinniún *m1*

on-line *adj* (*COMPUT*) ar líne

onlooker *n* féachadóir *m3*, breathnóir *m3*

only *adv* amháin ♦ *adj* aon-, aonair ♦ *conj* ach, murach; **an only child** páiste aonair; **not only X but also Y** ní amháin X ach Y chomh maith; **I only have ...** níl agam ach ...; **if only** for mura mbeadh ann ach

onset *n* tús *m1*, tosach *m1*

onslaught *n* ionsaí *m* fíochmhar

onto *prep* = **on to**

onus *n* freagracht *f3*, dualgas *m1*; **the onus was on me to do it** is orm sa tháinig é a dhéanamh

onward(s) *adv* (*move*) ar aghaidh; **from that time onward(s)** as sin amach

ooze *vi* úisc

opaque *adj* teimhneach; (*fig*) dothuigthe

open *adj* oscailte; (*view*) fairsing; (*meeting*) poiblí; (*admiration*) gan cheilt ♦ *vi*, *vt* oscail; (*debate etc: commence*) cuir tús le; (*letter*) bris, oscail; **in the open (air)** amuigh faoin aer

► **open on to vt fus** (*subj: room, door*): **that door opens on to the garden** tabharfaidh an doras sin amach chun an ghairdín tú

► **open up** *vi*, *vt* oscail

opening *n* oscailt *f2*; (*hole*) bearna *f4*; (*opportunity*) deis *f2* ♦ *adj* céad, tosaigh

openly *adv* go hoscailte, os ard
open-minded *adj*: **an open-minded person** duine a bhfuil intinn oscailte aige
opera *n* ceoldráma *m4*

operate *vt*, *vi* oibrigh; (*MED*): **to operate on sb** duine a chur faoi scian, obráid a dhéanamh ar dhuine

operatic *adj* ceoldrámach

operating theatre *n* obrádlann *f2*

operation *n* feidhmiú *m*; (*of machine*)

oibriú *m*; (*MED*) obráid *f2*; **to be in operation** (*system, law*) bheith i bhfeidhm; **to have an operation** (*MED*) dul faoi scian, obráid a bheith agat

operative *adj* i bhfeidhm, feidhmiúil

operator *n* (*of machine*) oibreoir *m3*

opinion *n* barúil *f3*, tuairim *f2*; **in my opinion** dar liomsa; **he's of the opinion (that)** tá sé den bharúil (go)

opinion poll

opinion poll *n* pobalbhreith *f*2
opponent *n* céile *m*4 comhraic,
teagmhálaí *m*4
opportunity *n* deis *f*2, faille *f*2; **to take the opportunity** an deis a thapú
oppose *vt* cuir i gcoinne + *gen*, cuir in aghaidh + *gen*; **opposed to** i gcoinne + *gen*, in aghaidh + *gen*, in éadan + *gen*; **as opposed to** i gcomórtas le
opposing *adj* (*views etc*) atá in éadan a chéile; **the opposing team** an fhoireann eile
opposite *adj* (*facing*) os comhair + *gen*; (*opposing*) a mhalairt (de) • *adv* os comhair + *gen* • *prep* os comhair + *gen*, os coinne + *gen* • *n* malairt *f*2; **the house opposite** an teach sin thall, an teach os ár gcomhair amach
opposition *n* (*POL*) freasúra *m*4, cur *m*1 in éadan, naimhdeas *m*1; (*SPORT*) an fhoireann *f*2 eile
oppressive *adj* (*political regime*) leatromach, tioránta; (*weather*) marbhánta
opt *vi*: **to opt for sth** rud a roghnú, taobhú le rud; **to opt to do sth** cinneadh le rud a dhéanamh
► **opt out** *vi*: **to opt out of** tarraingt siar as
optical *adj* radharcach, radhairc *n* *gen*; (*instrument*) súl *n* *gen*, optúil; **optical illusion** iomrall *m*1 radhairc or súl
optician *n* radharceolaí *m*4
optimist *n* duine *m*4 dóchasach, soirbhíoch *m*1
optimistic *adj* dóchasach, soirbh
option *n* rogha *f*4; **your only option is to ...** níl (de rogha) agat ach ...
optional *adj* roghnach
or *conj* nó; (*with negative*) ná; **or else** nó
oral *adj* cainte *n* *gen*, béil *n* *gen* • *n* scrúdú *m* cainte; **oral tradition** béaloideas *m*1
orange *n* (*fruit*) oráiste *m*4 • *adj* oráiste, flannbhúí
Orangeman *n* Fear *m*1 Buí, Oráisteach *m*1
orbit *n* fithis *f*2 • *vt* fithisigh, téigh thart ar
orchard *n* úllord *m*1
orchestra *n* ceolfhoireann *f*2

195

orthopaedic

orchid *n* magairlín *m*4
ordain *vt* (*REL*) oirnich
ordeal *n* triail *f*, féachaint *f*3, crá *m*4
order *n* eagar *m*1; (*command*) ordú *m*; (*REL*) ord *m*1 • *vt* ordaigh; **in order** in ord; **in (working) order** ar deil; **out of order** (*not in correct order*) as ord; (*not working*) as gléas; **in order to do** le or chun rud a dhéanamh; **in order that** le go, chun go, ionas go; **on order** (*COMM*) ordaithe; **to order sb to do sth** ordú a thabhairt do dhuine rud a dhéanamh; **to put sth in order** (*rectify*) deis a chur ar rud
order form *n* foirm *f*2 ordaithe
orderly *n* (*MIL*) giolla *m*4; (*MED*) giolla ospidéil • *adj* (*room*) (glan) ordúil; (*person*) a bhfuil eagar air
ordinary *adj* coitianta, gnáth-; (*pej*) comónta; **out of the ordinary** neamhghnách, as an gcoitiantacht
ore *n* mianach *m*1
organ *n* orgán *m*1, ball *m*1 (beatha); (*MUS*) orgán
organ donor *n* deontóir *m*3 orgán
organic *adj* orgánach
organization *n* (*arrangement*) eagrú *m*; (*political etc*) eagraíocht *f*3
organize *vt* eagraigh
orgasm *n* orgásam *m*1
Orient *n*: **the Orient** an Domhan *m*1
Thoir, an tOirthear *m*1
oriental *adj* oirthearach
origin *n* bun *m*1, bunús *m*1, údar *m*1; (*of river*) foinsé *f*4; **what's the origin of it?** cad is bun de?
original *adj* bun-, bunúsach • *n* (*book, picture*) bunchóip *f*2
originally *adv* (*at first*) ó thús, ar dtús
originate *vi*: **to originate from** teacht as or ó; **to originate in** tosú i
Orkney's *npl*: **the Orkneys** (*also*: **the Orkney Islands**) Inse *fp*2 Orc
ornament *n* maisiú *m*; (*trinket*) ornáid *f*2
ornamental *adj* maisiúil, ornáideach
ornate *adj* ornáideach
orphan *n* dílleachta *m*4
orphanage *n* dílleachtlann *f*2
orthopaedic, (*us*) **orthopedic** *adj*

ortaipéideach
ostensibly *adv* in ainm, ar shéala, mar dhea
ostrich *n* ostrais f2
other *adj* eile • *pron*: **the other one** an ceann m1 eile; (*person*) an fear/bhean eile; **others** (*other people*) daoine eile; **other than** seachas; **every other** gach dara; **one thing after another** rud i ndiaidh a cheann eile; **the other day** an lá faoi dheireadh; **I have no other choice** níl an dara rogha agam
otherwise *adv* ar chuma eile, ar dhóigh eile • *conj* nó
otter *n* dobharchú m4, madra m4 uisce
ouch *excl* áigh
ought *aux vb*: **I ought to do it** ba chóir dom é a dhéanamh; **this ought to have been corrected** ba chóir do seo a bheith ceartaithe; **he ought to win** ba chóir *or* cheart go mbainfeadh sé
ounce *n* unsa m4
our *adj* ár; **our house/car/gloves** ár dteach/ngluaisteán/miotóga, an teach/an gluaisteán/na miotóga againn; **our hair** ár gcuid gruaige; *see also my*
ours *adj* (*single article*) ár gceann-na; (*share of*) ár gcuidne; **this book is ours** is linn an leabhar seo; **this book of ours** an leabhar seo againn; *see also mine*
ourselves *pron pl* (*reflexive*) muid féin, sinn féin; (*emphatic*) sinne féin, muidne féin; **we are tormenting ourselves** táimid dár gcrá féin
oust *vt* cuir amach
out *adv* (*go, come*) amach; (*be, stay*) amuigh; (*published*) amuigh, ar fáil; (*not at home*) as baile; (*light, fire*) as; **out here/there** amuigh anseo/ansin; **he's out** (*absent*) níl sé anseo; (*unconscious*) leagtha amach; **to be out in one's calculations** mearú cuntais a bheith ort; **to run/back out** rith/cúlú amach; **out loud** os ard; **out of** (*outside*) taobh amuigh de; (*because of: anger etc*) as; (*from among*): **out of 10** as deichniúr; (*without*): **out of petrol** (*rite*) as peitreal; **out of order** (*machine*) as gléas

out-and-out *adj* (*liar, thief etc*) cruthanta, críochnaithe, déanta
outbreak *n* briseadh m amach
outburst *n* (*of anger*) racht m3; (*of shots*) rois f2
outcast *n* díbeartach m1; (*socially*) éan m1 scoite
outcome *n* toradh m1
outcry *n* casaoid f2 challánach, agóid f2
outdated *adj* seanaimseartha, seandéanta
outdoor *adj* lasmuigh
outdoors *adv* taobh amuigh (de dhoras), amuigh faoin aer
outer *adj* lasmuigh, seachtrach, amuigh
outer space *n* impás m1
outfit *n* (*clothes*) feistias m1
outgoing *adj* (*character*) cuideachtúil; (*retiring*): **the outgoing minister** an t-aire atá ag dul as oifig
outgrow *vt* (*clothes*) séan; **he has outgrown his shoes** tá a chuid bróga séanta aige
outhouse *n* bothán m1, cró m4
outing *n* turas m1 aeraíochta
outlandish *adj* áiféiseach
outlaw *n* coirpeach m1, meirleach m1 • *vt* déan midhleathach, eisreachtaigh
outlay *n* eisíoc m3, caiteachas m1
outlet *n* (*for liquid etc*) poll m1 éalaithe; (*US: ELEC*) soicéad m1; (*also: retail outlet*) cóir f3 dhíolacháin, asraon m1 miondíola
outline *n* (*shape*) fíor f, cruthaíocht f3, imlíne f4; (*summary*) achoimre f4, cnámha f2 (scéil) • *vt* (*fig: theory, plan*) tabhair achoimre ar
outlook *n* dearcadh m1
outnumber *vt*: **to outnumber** bheith níos líonmhaire ná
out-of-date *adj* (*passport*) as dáta; (*clothes etc*) seanaimseartha, seanfhaiseanta
out-of-the-way *adj* (*place*) cúlraídeach, scoite
outpatient *n* othar m1 seachtrach
outpost *n* urphost m1
output *n* táirgeacht f3; (*COMPUT*) aschur m1
outrage *n* (*anger*) fearg f2; (*violent act*) gníomh m1 uafásach, éigineach m1;

(*scandal*) scannal *m1* ♦ *vt* cuir colg ar
outrageous *adj* ainspiantha, scannalach
outright *adv* ar fad; (*refuse*) glan; (*ask*) go
 neamhbhalbh; (*kill*) in áit na mbonn
 ♦ *adj* iomlán
outset *n* tús *m1*; **from the outset** ó thús,
 an chéad lá in Éirinn
outside *n* an taobh *m1* amuigh ♦ *adj*
 amuigh, seachtrach ♦ *adv* taobh amuigh,
 lasmuigh; (*go, put*) amach ♦ *prep* taobh
 amuigh de, lasmuigh de; **at the outside**
 (*at most*) ar a mhéad; (*latest*) ar a mhoille
outsider *n* (*stranger*) coimhthíoch *m1*
outskirts *npl* (*of city*) imeall *msg1*
outspoken *adj* díreach, neamhbhalbh
outstanding *adj* (*noticeable*) suntasach;
 (*excellent*) thar barr, ar fheabhas;
 (*unsettled*) gan réiteach; (*debt*) gan íoc
outstretched *adj* (*hand*) sínte amach
outward *adj* (*sign, appearances*) ón taobh
 amuigh; (*journey*) amach
outwardly *adv* ar an taobh amuigh, de
 réir dealraimh
outweigh *vt* bheith níos troime *or* níos
 tábhachtaí ná
oval *adj* ubhchruthach ♦ *n* ubhchruth *m3*
ovary *n* ubhagán *m1*
oven *n* oigheann *m1*
over *adv* (*across*) thar, trasna; (*towards*)
 anonn go; (*finished*) thart; (*left*) fágtha;
 (*again*) arís ♦ *adj* (*finished*) thart ♦ *prep*
 thar; (*above*) os cionn + *gen*; (*on the other*
side of) ar an taobh thall de; (*more than*)
 os cionn + *gen*, níos mó ná; **over here**
 abhus anseo; **over there** thall ansin; **all**
over (*everywhere*) i ngach áit, ar fud na
 háite; **over and over (again)** arís is arís
 (eile); **over and above** le cois + *gen*, ar
 bharr + *gen*; **to ask sb over** cuireadh
 chun tí a thabhairt do dhuine
overall *adj* (*length, cost etc*) iomlán;
 (*study*) ginearálta ♦ *n* (*also: overalls*)
 rabhlaer *m1*, forbhríste *m4* ♦ *adv* ar an
 iomlán, san iomlán
overawe *vt* scairraigh, cuir scáth *or*
 uamhan ar
overboard *adv* (*NAUT*) thar bord
overcast *adj* guama

overcharge *vt*: **to overcharge sb for sth**
 barraíocht a ghearradh ar dhuine as rud
overcoat *n* cóta *m4* mór
overcome *vt* sáraigh
overcrowded *adj* róphlódaithe
overdo *vt* téigh thar fóir le; (*overcook*)
 déan cócaireacht rófhada ar; **to overdo**
 it (*work etc*) tú féin a chur thar
 d'acmhainn
overdose *n* ródháileog *f2*, anlucht *m3*
overdraft *n* rótharraingt *f2*
overdrawn *adj* (*account*) rótharraingthe
overdue *adj* mall, dlite thar téarma
overestimate *vt* déan meastachán
 iomarcach ar; (*exaggerate*) déan áibhéil ar
overflow *vi* sceith; (*container*) bheith ag
 cur thar maoil; (*fig*): **overflowing with**
 ag cur thar maoil le, ramhar le ♦ *n* (*also*):
overflow pipe píopa *m4* sceite
overgrown *adj* (*garden*) mothrach, fiáin
overhaul *vt* cóirigh, ollchóirigh ♦ *n* cóiriú
m, ollchóiriú *m*
overhead *adj, adv* thuas, lastuas ♦ *n* (*US*) =
overheads; **overheads** *npl* (*expenses*)
 costais *mpl1* riartha, forchostais *mpl1*
overhear *vt* cluin, clois
overjoyed *adj*: **to be overjoyed (at)**
 riméad *or* lúcháir a bheith ort (faoi)
overkill *n* barraíocht *f3*
overland *adj, adv* thar tír
overlap *vi* téigh thar a chéile, forluigh,
 rádal
overleaf *adv* thall, an taobh eile; “see
 overleaf” “féach an taobh eile”
overload *vt* anluchtaigh
overlook *vt* (*have view of*) féach síos ar,
 bheith suite os cionn; (*miss: by mistake*)
 cail, lig thar do shúile
overnight *adj, adv* thar oíche; (*fig*) go
 tobann; **he stayed overnight** d'fhan sé
 thar oíche
overpower *vt* cloígh; **they overpowered**
him ba treise leo air
overpowering *adj* (*heat*) marfach;
 (*stench*) dofhulaingthe
overrate *vt* cuir luach rómhór ar, tabhair
 an iomarca tábhachta do
override *vt* (*order, objection*) sáraigh

overriding

- overriding** *adj* (*principle*) dosháraithe; (*clause*) sáraitheach
- overrule** *vt* (*decision*) cuir ar neamhní; (*person*) rialaigh in aghaidh + *gen*
- overrun** *vt* (*country*) gabh de ruathar; (*time limit*) téigh thar
- overseas** *adv* (*abroad*) thar lear, thar sáile
♦ *adj* (*trade*) thar lear; (*visitor*) ón choigríoch
- overshadow** *vt* (*fig*) bain an barr de
- oversight** *n* dearmad *m1*, faillí *f4*
- overstep** *vt*: **to overstep the mark** dul thar an cheasaí le rud
- overt** *adj* follasach, oscailte
- overtake** *vt* (*AUT*) téigh thar
- overthrow** *vt* (*government*) bris
- overtime** *n* ragobair *f2*, obair *f2* bhreise
- overtone** *n* (*also: overtones*) leid *f2*, seachbhí *f4*
- overture** *n* (*MUS*) réamhcheol *m1*; (*fig*) oscailt *f2*
- overturn** *vi*, *vt* iompaigh, caith (rud) thar a chorp
- overweight** *adj* (*person*) ramhar
- overwhelm** *vt* (*enemy, opponent*) cloígh, trascair
- overwhelming** *adj* (*victory, defeat*)

ozone layer

- caoch, treascrach; (*desire*) marfach
- overwork** *n* barraíocht *f3* or an iomarca *f4* oibre ♦ *vi*: **to overwork** tú féin a chur thar do riocht
- owe** *vt*: **I owe her £10/I owe £10 to her** tá £10 aici orm; **she owes him a favour** tá sí faoi chomaoin aige
- owing to** *prep* mar gheall ar, de thairbhe + *gen*, as siocair + *gen*
- owl** *n* ulchabhán *m1*
- own** *vt*: **I own the book** is liomsa an leabhar ♦ *adj* féin; **my own car** mo charr féin; **a room of my own** seomra dom féin; **to get one's own back on sb** do chuid féin a bhaint amach as duine; **on his own** leis féin, ina aonar
- **own up** *vi* ciontaigh thú féin
- owner** *n* úinéir *m3*
- ownership** *n* úinéireacht *f3*
- ox** *n* damh *m1*
- oxtail** *n*: **oxtail soup** anraith *m4* damheireabail
- oxygen** *n* ocsaigin *f2*
- oyster** *n* oisre *m4*
- oz.** *abbr* = ounce(s)
- ozone layer** *n* brat *m1* ózóin

P

PA *n abbr = personal assistant; public address system*

pa (*inf*) *n* daid *m4*, daidí *m4*

p.a. *abbr = per annum see per*

pace *n* coiscéim *f2*; (*speed*) luas *m1* ♦ *vi*:
to **pace up and down** siúl suas agus
anuas; to **keep pace with** coinneáil
(suas) le

pacemaker *n* (*MED, SPORT*) séadaire *m4*

Pacific *n*: the **Pacific (Ocean)** an tAigéan
m1 Ciúin

pack *n* (*packet*: *us: of cigarettes*) paca *m4*;
(*also: pack of hounds*) conairt *f2*; (*of
lies*) moll *m1*; (*of thieves etc*) drong *f2*
♦ *vt* (*goods*) pacáil; (*cram*) sac; to **pack sb
off** to duine a chur go or chuig; **pack it
in!** stad del, éirigh as!; **the hall was
packed** bhí an halla plódaithe, bhí an
halla lán ó chúl go doras

package *n* pacáiste *m4*; (*also: package
holiday*) saoire *f4* láneagraithe

package tour *n* turas *m1* láneagraithe

packed lunch *n* lón *m1* pacáilte

packet *n* paca *m4*

packing (*act of*) pacáil *f3*; (*material*)
stuáil *f3*

packing case *n* cás *m1* pacála

pact *n* comhaontú *m*

pad *n* ceap *m1*; (*for helicopter*) ardán *m1*;
(*for knee etc*) píllín *m4*; (*inf: flat*) árasán
m1 ♦ *vt* stuáil

padding *n* stuáil *f3*

paddle *n* (*oar*) céasla *m4*; (*us: for table
tennis*) slacán *m1* ♦ *vt* céaslaigh ♦ *vi*
bheith ag lapadaíl

paddle steamer *n* galtán *m1* rotha lián

paddling pool *n* linn *f2* lapadaíola

paddock *n* banrach *f2*

paddy field *n* gort *m1* ríse

padlock *n* glas *m1* fraincín

paediatrics, (us) pediatrics *n* péidiatraic
fsg2

pagan *adj, n* págánach *m1*

page *n* (*of book*) leathanach *m1*; (*also:*

page boy) péitse *m4*, buachaill *m3*
freastail ♦ *vt* (*in hotel etc*) glaoigh ar

pageant *n* tóstal *m1*

pageantry *n* galántas *m1*

pager *n* (*TEL*) glaoire *m4*

paid *adj* (*work, official*) íoctha, díolta; to
put paid to deireadh a chur le

pail *n* stópa *m4*

pain *n* pian *f2*; to **be in pain** pian a
bheith ort, bheith i bpian; to **take pains
with sth** stró a chur ort féin le rud, dua a
chaitheamh le rud; **it pains me to is**
doiligh liom

pained *adj* gonta, buartha

painful *adj* pianmhar, nimhneach;
(*distasteful*) míthaitneamhach; (*fig*)
goilliúnach

painfully *adv* (*fig: very*) millteanach, an-

painkiller *n* pianmhúchán *m1*

painless *adj* gan phian

painstaking *adj* (*person*) dícheallach;
(*work*) mionchúiseach

paint *n* péint *f2* ♦ *vt, vi* péinteáil; to **paint
the door blue** dath gorm a chur ar an
doras

paintbrush *n* scuab *f2* phéinte or
phéinteála

painter *n* péintéir *m3*

painting *n* péinteáil *f3*; (*art*) péintéireacht
f3; (*picture*) pictiúr *m1*

paintwork *n* péinteáil *f3*, obair *f2*
phéinteála

pair (*of shoes, gloves etc*) péire; **pair of
scissors** siosúr *msg1*; **pair of trousers**
bríste *m4*

pajamas (*us*) *npl* pitseámaí *mpl4*

Pakistan *n* an Phacastáin *f2*

Pakistani *adj, n* Pacastánach *m1*

pal (*inf*) *n* comrádaí *m4*; to **be/become**

pals with sb bheith mór le duine/mór a
dhéanamh le duine

palace *n* pálás *m1*

palatable *adj* dea-bhlasta, inite

palate (*hard*) carball *m1*; (*soft*) coguas

pale

m1; (taste) blas m1

pale *adj (complexion) mílítheach; (light) báiteach* ♦ **n: beyond the pale** (*behaviour*) thar fóir; **the Pale** (*IRL: HIST*) an Pháil f2; **to grow pale** éirí bán san aghaidh

Palestine *n an Phalaistín f2*

Palestinian *adj, n Palaistíneach m1*

palette *n pailéad m1*

pall (*of smoke*) *púir f2* ♦ *vi éirigh leamh*

pallid *adj mílítheach; (light) báiteach*

palm (*of hand*) *bos f2, dearna f; (also:*

palm tree) *pailm f2, crann m1 pailme*

♦ **vt: to palm sth off on sb** (*inf*) *rud a chur or a bhuailadh ar dhuine; to have sth in the palm of one's hand* *rud a bheith i gcúl do dhoirín agat*

Palm Sunday *n Domhnach m1 na Pailme*

palpable *adj inbhraite; (clear) follasach, soiléir*

paltry *adj scallta, suarach*

pamper **vt: to pamper sb** *peata a*

dhéanamh de dhuine, duine a mhilleadh

pamphlet *n paimfléad m1*

pan (*also: saucepan*) *scilléad m1,*

sáspan m1; (also: frying pan) friochtán m1

pancake *n pancóg f2; (also: Pancake*

Tuesday) Máirt f4 Inide

panda *n panda m4*

pandemonium *n racán m1, ruaille*

buaille m4

pane *n pána m4, gloine f4 fuinneog*

panel *n painéal m1*

panelling, (us) paneling *n painéaladh m*

pang *n daigh f2, arraing f2*

panic *n scaoll m1, driopás m1* ♦ **vi: they**

panicked *tháinig scaoll fúthu, chuaigh*

siad i scaoll, bhuail driopás iad

panicky *adj (person) scaoilmhar*

panic-stricken *adj faoi scaoll*

pansy *n (BOT) goirmín m4; (inf: pej) piteog f2*

pan *vi cnead, d'anáil a bheith i mbarr go ghoib agat, ga seá a bheith ionat, saothar a bheith ort*

panther *n pantar m1*

panties *npl bristín msg4*

200

pantihose (*us*) *npl riteoga fpl2*

pantomime *n geamaireacht f3*

pantry *n pantrach f2*

pants *npl (BRIT: woman's) bristín msg4; (: man's) fobhríste msg4; (us: trousers) bríste msg4*

paper *n páipéar m1; (also: wallpaper)*

páipéar m1 balla; (also: newspaper)

nuachtán m1 ♦ *adj páipéir n gen* ♦ **vt: to**

paper the wall *páipéar a chur ar an*

mballa; papers *npl (also: identity*

papers) páipéir mpl1 aitheantais

paperback *n bogchlúdach m1; (also:*

paperback book) leabhar m1

bogchlúdaigh, leabhar faoi chlúdach bog

paper bag *n mála m4 páipéir*

paper clip *n fáiscín m4 páipéir*

paper hankie *n ciarsúr m1 páipéir*

paperweight *n tromán m1 páipéir*

paperwork *n obair f2 pháipéir*

par *n cothrom m1; on a par with ar*

chomhchéim le, cothrom le

parable *n fáthscéal m1, parabal m1*

parachute *n paraisiút m1*

parade *n paráid f2* ♦ **vt (fig) taispeáin ♦ *vi***

máirseáil

paradise *n parthas m1*

paradox *n paradacs m4, frithchosúlacht*

f3

paradoxical *adj paradacsúil, frithchosúil*

paraffin *n pairifín m4*

paragon *n eiseamláir f2*

paragraph *n paragraf m1*

Paraguay *n Paragua m4*

parallel *adj comhthreomhar; (fig): that is*

parallel to ... tá sin ar aon dul ..., tá sin

cosúil le ... ♦ *n (line) líne f4*

chomhthreomhar; (GEOG) líne

dhomhanleithid; (fig): it has no parallel

in English *níl a chómhaith i mBéarla*

Paralympic *adj Paroilimpeach; the*

Paralympic Games, the Paralympics *na*

Cluichí Paroilimpeacha

paralyse **vt: the accident paralysed him**

d'fhág an taimse pairilís air

paralysis *n pairilís f2*

paralyze (*us*) **vt = paralyse**

paramilitary *adj, n paramíleatach m1*

paramount

paramount *adj.* of paramount importance barrthábhachtach
paranoid *adj* (PSYCH) paranoíach
paraphernalia *n* (personal) giuirleáidí *fp*2; (equipment) trealamh *m*1
paraphrase *n* athleagan *m*1
parasol *n* parasól *m*1, scáth *m*3 gréine
paratrooper *n* paratrúipéir *m*3
parcel *n* beart *m*1, beartán *m*1 ♦ *vt* (also: **parcel up**) cuir i mbeart, déan beart de *or as*
parched *adj* spallta, spalptha
parchment *n* pár *m*1, meamram *m*1
pardon *n* pardún *m*1, maithiúnas *m*1
♦ *vt*: they were pardoned tugadh pardún dóibh; **pardon me!**, **I beg your pardon!** gabhaim pardún agat!, mo phardún!; (**I beg your pardon?**, (US) **pardon me?** cad é sin arís?
parent *n* tuismitheoir *m*3; **parents** *npl* tuismitheoirí *mpl*3
Paris *n* Páras *m*4
parish *n* paróiste *m*4
Parisian *adj*, *n* Párasach *m*1
park *n* páirc *f*2 ♦ *vt*, *vi* páirceáil
parking *n* páirceáil *f*3; “no parking” “ná páirceáiltear anseo”
parking lot (US) *n* carrchlós *m*1, áit *f*2 pháirceála
parking meter *n* méadar *m*1 páirceála
parking ticket *n* ticéad *m*1 páirceála
parlance *n* béarlagair *m*4
parliament *n* parlaimint *f*2
parliamentary *adj* parlaiminteach, parlaiminte *n* *gen*
parlour, (US) **parlor** *n* seomra *m*4 suí, parlús *m*1
parochial (pej) *adj* cúng, cúngaigeanta
parody *n* scigaithris *f*2
parole *n*: on parole ar parúl *m*1
parrot *n* pearóid *f*2
parry *vt* (question) seachain; (blow) cuir díot
parsley *n* peirsil *f*2
parsnip *n* meacan *m*1 bán
parson *n* ministir *m*4
part *n* cuid *f*3, páirt *f*2; (THEAT, of serial) páirt; (of machine) ball *m*1; (US: in hair)

201

pass

stríoc *f*2; **part of** cuid *or* páirt de ♦ *adv* = **partly** ♦ *vt*, *vi* scar; **to take part in** páirt a ghlacadh *i*; **to take sth in good part** rud a ghlacadh *i* bpáirt mhaitheasa; **to take sb's part** taobhú le duine; **for my part** *i* dtaca liomsa de, ó mo thaobhsa de; **for the most part** den chuid is mó
► **part with** *vt* fus scaradh le
partake *vt*: **to partake of sth** bheith rannpháirteach *i* rud, do chuid a bheith agat de rud
part exchange *n* leathmhálairt *f*2
partial *adj* (not complete) leath-, neamhiomlán; **she is partial to drink** tá dúil sa deoch aici; **to be partial towards ...** (biased) bheith claonta le *i* leith + *gen*
participate *vi*: **to participate (in)** bheith páirteach (*i*), páirt a ghlacadh (*i*)
participation *n* páirteachas *m*1, rannpháirt *f*2
participle *n* rangabháil *f*3
particle *n* cáithnín *m*4; (GRAM) mír *f*2
particular *adj* áirithe, ar leith, faoi leith; (special) ar leith, speisialta; (precise) beacht; (fussy) mionchúiseach, beadaí; (about food) beadaí, éisealach, nósúil; **particulars** *npl* (details) mionsonraí *mpl*4; **in particular** go mór mór, go háirithe **particularly** *adv* go háirithe, go sonrach
parting *n* (of people) scaradh *m*; (in hair) stríoc *f*2 ♦ *adj* deireanach, scoir *n* *gen*
partisan *n* páirtíneach *m*1, óglach *m*1 ♦ *adj* claonta
partition *n* (wall) spiara *m*4; (POL) deighilt *f*2, críochdeighilt *f*2 ♦ *vt* (POL) deighil
partly *adv* breac-, leath-
partner *n* páirtí *m*4; (in marriage) céile *m*4
partnership *n* páirtíocht *f*3, comhar *m*1
partridge *n* patraisce *f*2
part-time *adj*, *adv* páirtaimseartha
party *n* (POL) páirtí *m*4; (celebration) cóisir *f*2, fleá *f*4; (LAW): **to be a party to** bheith *i* do pháirtí *i* ♦ *cpd* (POL) páirtí *n* *gen*
party dress *n* gúna *m*4 cóisire
party line *n* (TEL) líne *f*4 *i* bpáirt
pass *vt* téigh thar, gabh thar; (overtake) scoith, téigh thar; (exam): **he passed the exam** d'éirigh an scrúdú leis; (approve)

ceadaigh; (*SPORT*) pasáil, seachaid; (*time*) caith, cuir thart; (*day*) cuir isteach • *vi* téigh thart, gabh thart • *n* (*permit*) pas *m4*, cead *m3* (isteach); (*in mountains*) bearnas *m1*, mám *f3*; (*SPORT*) seachadadh *m*, pas; (*SCOL*: also: **pass mark**) pasmharc *m1*; **to get a pass** pas a fháil; **to make a pass at sb** (*inf*) (é) a chur chun tosaigh ar dhuine, ceiliúr a chur ar dhuine

► **pass away** *vi* síothlaigh, faigh bás

► **pass by** *vi* téigh thart, gabh thart; (*time*) caith • *vt* téigh thar

► **pass on** *vt* seachaid

► **pass out** *vi* titim i laige

► **pass up** *vt* (*opportunity*) lig tharat

passable *adj* (*road*) oscailte; (*work*) cuibheasach, measartha, inghlactha, maith go leor

passage *n* (also: **passageway**) pasáiste *m4*, dorcha *m4*; (*gen, in book*) sliocht *m3*; (*by boat*) pasáiste *m4*

passbook *n* pasleabhar *m1*

passenger *n* paisinéir *m3*

passenger ferry *n* bád *m1* fartha paisinéirí

passenger jet *n* scairdeitleán *m1* paisinéirí

passer-by *n* duine *m4* ag dul an bealach, duine ag dul thar bráid

passing *adj* (*fig*) neamhbhuan; **in passing** dála an scéil

passing place *n* (*AUT*) áit *f2* scoite

passion *n* paisean *m1*; (*REL*) páis *f2*

passionate *adj* paiseanta

passive *adj* síochánta; (*LING*: also: **the passive voice**) an fhái *f4* chéasta

passive smoking *n* caitheamh *m1* éighnhiomhach

Passover *n* Cáisc *f3* na nGiúdach

passport *n* pas *m4*

passport control *n* rialú *m* na bpas

passport office *n* oifig *f2* pasanna

password *n* focal *m1* faire

past *prep* (*in front of*) thar, i ndiaidh + *gen*; (*later than*) i ndiaidh + *gen*, tar éis + *gen* • *adj* caite; (*LING*: also: **the past tense**) an aimsir *f2* chaite; (*president etc*) iar-, sean- • *n* an t-am *m3* atá thart; **in**

the past roimhe seo, sa seanam; **he's past forty** tá sé os cionn daichead, tá sé thar an daichead; **for the past few years** le blianta beaga anuas, le cúpla bliain anois; **quarter past eight** ceathrú i ndiaidh a hocht, ceathrú tar éis a hocht; **to go past sb** dul thar duine éigin

pasta *n* pasta *m4*

paste *n* taos *m1*, leafoas *m1*; (*glue*) gliú *m4*, glae *m4* • *vt* greamaigh

pasteurized *adj* paistéartha

pastille *n* paistil *f2*

pastime *n* caitheamh *m1* aimsire

pastry *n* (*dough*) taosrán *m1*; (*cake*) cáca *m4* milis, ciste *m4* milis

pasturage *n* innilt *f2*

pasture *n* féarach *m1*, talamh *m1* or *f* féaraigh

pasty *n* pastae *m4* • *adj* (*complexion*) mílitheach

pat *vt* slóic; (*animal*) bán bán a dhéanamh le; **to pat sb on the back** comhghairdeas a dhéanamh le dhuine; **to know sth off pat** rud a bheith ar bharr do theanga agat

patch *n* (*of material*) paiste *m4*; (*eye patch*) bileog *f2* shúile; (*spot*) ball *m1*; (*on animal*) scead *f2* • *vt* (*clothes*) paistéáil; **to go through a bad patch** drocham a chaitheamh, am crua a chaitheamh

► **patch up** *vt* deisigh, cóirigh; **to patch up a quarrel** síocháin a dhéanamh

patchy *adj* sceadach; (*irregular*) treallach

pâté *n* pâté *m4*

patent *n* paitinn *f2* • *vt* paitinnigh • *adj* paiteanta

patent leather *n* snasleathar *m1*

paternal *adj* athartha

path *n* cosán *m1*; (*trajectory*) ruthag *m1*

pathetic *adj* (*pitiful*) truamhéalach, truacánta; (*very bad*) ainnis

pathological *adj* paiteolaíoch

pathos *n* truamhéala *f4*

pathway *n* cosán *m1*

patience *n* foighne *f4*; (*CARDS*) cluiche *m4* aonair; **have patience** bíodh foighne agat; **he lost his patience (with her)** bhris (sí) ar a fhoighne

patient

patient *n* othar *m1* • *adj* foighneach; **to be patient** foighne a dhéanamh, bheith foighneach

patriotic *adj* tírghrách

patriotism *n* tírghrá *m4*

patrol *n* patról *m1* • *vt* bheith ar patról i

patrol car *n* patrólchar *m1*

patrolman (*us*) *n* garda *m4*, póilín *m4*

patron *n* pátrún *m1*; (*in shop*) custaiméir *m3*; **patron saint** éarlamh *m1*

patronize *vt* déan pátrúnacht ar; (*pej*) déan uasal le híseal le; (*shop, club*) gnáthaigh

patter *n* (*tapping*) clagarnach *f2*; (*chatter*) glagaireacht *f3*

pattern *n* patrún *m1*, gréasán *m1*

paunch *n* maróg *f2*

pauper *n* bochtán *m1*, bocht *m1*

pause *n* sos *m3*, moill *f2* (bheag) • *vi* déan moill

pave *vt* pábháil; **he paved the way for us** réitigh sé an bealach dúinn

pavement *n* cosán *m1*

pavilion *n* paillíun *m1*

paving *n* (*material*) pábháil *f3*

paving stone *n* cloch *f2* phábhála

paw *n* lapa *m4*, crobh *m1*

pawn *n* (*CHES*) ceithearnach *m1*; (*fig*) fichillín *m4* • *vt* cuir i ngeall

pawnbroker *n* geallearbóir *m3*

pawnshop *n* siopa *m4* geallearbóra

pay *n* pá *m4*, tuarastal *m1* • *vt* díol, íoc • *vi* íoc; (*be profitable*): **it pays ...** is fiú ...;

to pay attention (to) aird a thabhairt (ar); **to pay the piper** an píobaire a íoc;

to pay sb a visit cuairt a thabhairt ar dhuine; **to pay one's respects to sb** do dheamhain a chur in iúl do dhuine;

you'll pay dearly for it beidh daor ort

• **pay back** *vt* aisíoc

• **pay for** *vt* *fus* íoc as, íoc ar son, díol as, díol ar son

• **pay in** *vt* íoc isteach, díol isteach

• **pay off** *vt*: **to pay off a debt** fiach a ghlanadh; (*person*) bris • *vi* (*scheme, decision*): **it paid off** b'fhiú é

• **pay up** *vt* (*money*) íoc, díol

payable *adj*: payable to (sb) (*cheque*)

203

pedestrian crossing

iníoctha le (duine)

payee *n* íocaí *m4*

pay envelope (*us*) *n* fáltas *m1* pá

payment *n* íoc *m3*, íocaíocht *f3*;

payment by the hour íocaíocht san uair, íocaíocht de réir na huaire

pay packet *n* fáltas *m1* pá

pay phone *n* táillefón *m1*

payroll *n* párolla *m4*

pay slip *n* duillín *m4* pá

PC *n* *abbr* = personal computer

pea *n* pis *f2*, piseán *m1*

peace *n* síocháin *f3*; (*calm*) suaimhneas *m1*, ciúnas *m1*

peaceful *adj* suaimhneach, síochánta

peace process *n* próiseas *m1* síochána

peach *n* péitseog *f2*

peacock *n* péacóg *f2*; (*male*) coileach *m1*

péacóige; (*female*) cearc *f2* phéacóige

peak *n* (*mountain*) binn *f2*, stuaic *f2*; (*of cap*) speic *f2*; (*fig: highest point*) buaic *f2*, barr *m1*

peak hours *npl* buaicuaireanta *fp12*

peal *n* (*of bells*) cling *f2*; **peal of laughter** racht *m3* gáire

peanut *n* pis *f2* talún

pear *n* piorra *m4*

pearl *n* péarla *m4*

peasant *n* tuathánach *m1*

peat *n* móin *f3*

pebble *n* méaróg *f2*, púróg *f2*; (*on beach*) cloch *f2* dhuirlinge

peck *vt* (*also: peck at*) gob • *n* priocadh *m*; (*kiss*) póigin *m4*

pecking order *n* ord *m1* tábhachta

peckish (*inf*) *adj*: **to feel peckish** ré-ocras a bheith ort

peculiar *adj* (*strange*) corr, aisteach, ait; (*particular*) sainiúil, leithleach; **it is peculiar to X** is le X amháin *or* go háirithe a bhaineann sé

pedal *n* troitheán *m1* • *vi*: **to pedal** na troitheáin a oibriú

pedantic *adj* saothíneach

peddler *n* díoltóir *m3*

pedestal *n* seastán *m1*

pedestrian *n* coisí *m4*

pedestrian crossing *n* trasrian *m1*

pediatrics

coisithe

pediatrics (us) *n* = **paediatrics**

pedigree *n* ginealach *m1*; (of animal) pórt-eastas *m1* ♦ *cpd* (animal) ginealaigh *n gen*

pee (inf) *vi* mún

peek *vi*: **to peek** (at) bheith ag gliúcaíocht (ar)

peel *n* craiceann *m1* ♦ *vt, vi* scamh; **to peel an orange** an craiceann a bhaint d'oraíste

peep *n* (look) spléachadh *m1*; (sound) bíog *f2*, gíog *f2* ♦ *vi*: **to peep** (at) spléachadh a thabhairt (ar)

peephole *n* poll *m1* amhairc

peer *vi* (also: **peer at**) stán (ar) ♦ *n* (noble) tiarna *m4*; (equal): **his peer** fear a dhíongbhála; (age group): **my peers** lucht *m3* mo chomhaoise

peerage *n* usaicme *f4*

peevd *adj*: **he was peevd** bhí múisiam air

peg *n* (for coat etc) pionna *m4*; (also: **clothes peg**) pionna éadaigh

Pekin(g)ese *n* (dog) péicíneach *m1*

pelican *n* peileacán *m1*

pelican crossing *n* (AUT) trasrian *m1* le soilse lámhrialaithe

pellet *n* millín *m4*; (of shotgun) grán *m1*

pelt *vt*: **to pelt sb with stones** duine a rúscadh le clocha ♦ *vi* (rain): **it is pelting down** tá sé ag doirteadh ♦ *n* craiceann *m1*, seithe *f4*

pelvis *n* peilbheas *m1*

pen *n* (for writing) peann *m1*; (for sheep) cró *m4*

penal *adj* peannaideach; (system, colony) pionóis *n gen*; **The Penal Laws** (HIST) Na Péindlíthe *mpl4*

penalize *vt* gearr or cuir pionós ar

penalty *n* pionós *m1*; (fine) cáin *f*; (FOOTBALL) cic *m4* éirice or phionóis

penance *n* aithrí *f4*

pencil *n* peann *m1* luaidhe

pencil case *n* cás *m1* peann luaidhe

pencil sharpener *n* bioróir *m3*

pendant *n* siogairlín *m4*

pending *prep* ag feitheamh le ♦ *adj* ar

204

feitheamh

pendulum *n* (of clock) luascadán *m1*

penetrate *vt* poll, treáigh; (organisation) téigh or gabh isteach *i*

penfriend *n* cara *m* pinn

penguin *n* piongain *f2*

penicillin *n* peinicillín *f2*

peninsula *n* leithinis *f2*

penis *n* bod *m1*, péineas *m1*

penitentiary *n* príosún *m1*

penknife *n* scian *f2* phóca

pen name *n* ainm *m4* cleite

penniless *adj* (skint) ar phócaí folmha, briste; (poor) bocht dearóil

penny *n* pingín *f2*; (us) = cent

penpal *n* cara *m* pinn

pension *n* pinsean *m1*

pensioner *n* pinsinéir *m3*

pension fund *n* ciste *m4* pinsín

Pentecost *n* An Chincís *f2*

penthouse *n* díonteach *m*

pent-up *adj* (feelings) srianta

penultimate *adj* leathdhéanach

people *npl* daoine *mpl4*; (inhabitants)

bunadh *msg1*, muintir *fsg2*; (POL) pobal

msg1; (nation, race) cine *msg4*; **my**

people come from Donegal as Dún na

nGall mo mhuintir or mo bhunadh;

several people came tháinig roinnt

daoine; **people say that ...** deirtear go ...

táthar ag rá go ..., tá daoine ag rá go ...

pep (inf) *n* brí *f4*, fuinneamh *m1*

pepper *n* piobar *m1* ♦ *vt* (fig): **to pepper sb with bullets** cith piléar a chaitheamh le duine

peppermint *n* (sweet) milseán *m1* miontais

peptalk *n* focal *m1* misnigh

per *prep* de réir + *gen*, in aghaidh + *gen*;

per hour san uair, de réir na huaire; **per kilo** an cileagram; **per annum** sa bhliain, in aghaidh na bliana

per capita *adj, adv* an duine

perceive *vt* airigh; (notice) sonraigh

per cent *adv* faoin gcéad

percentage *n* céatadán *m1*

perception *n* aireachtáil *f3*; (insight) tabhairt *f3* faoi deara, léargas *m1*

perception

perceptive

perceptive *adj* airitheach, grinn, léirsteanach

perch *n* (for bird) fara *m4*; (fish) péirse *f4* ♦ *vi*: to perch on suigh ar

percolator *n* síothlán *m1*

perennial *adj* síoraí; (BOT) ilbhliantúil ♦ *n* ilbhliantóg *f2*

perfect *adj* foirfe, iomlán, slán ♦ *n* foirfe *m4*; (also: **perfect tense**) aimsir *f2* chaite or fhoirfe ♦ *vt* foirfigh, cuir i gcrích, tabhair chun críche or chun foirfeachta

perfectly *adv* go foirfe, go hiomlán

perforate *vt* poll

perforation *n* bréifin *f2*; (act of) polladh *m*

perform *vt* (duties) comhlíon; (task) déan; (music) seinn; (drama) cuir i láthair

performance *n* léiriú *m*; (of an artist) cur *m1* i láthair; (SPORT) taispeántas *m1*; (of car, engine) oibriú *m*; (of company, economy) feidhmiú *m*

performer *n* (drama) aisteoir *m3*; (music) ceoltóir *m3*

perfume *n* cumhrán *m1*

perfumatory *adj* neamhaireach, ar nós cuma liom

perhaps *adv* b'fhéidir, seans

peril *n* guais *f2*, contúirt *f2*

perimeter *n* imlíne *f4*

period *n* tréimhse *f4*; (SCOL) rang *m3*; (full stop) lánstad *m4*; (MED) also: **periods** fuil *fsg* mhíosta, cúrsaí *mpl4* ♦ *adj* (costume, furniture) tréimhse *n gen*

periodic(al) *adj* tréimhsiúil

periodical *n* tréimhseachán *m1*

peripheral *adj* forimeallach

perish *vi* éag; (decay) meath

perishable *adj* (food) meatach

perjury *n* mionnú *m* éithigh

perk up *vi* bíog

perky *adj* (cheerful) bíogúil, meidhreach

perm *n* (for hair) buantonn *f2*

permanence *n* buaine *f4*

permanent *adj* buan, seasmhach

permeate *vi*, *vt* leath ar fud (+ *gen*), snigh or sil trí

permissible *adj* ceadmhach, ceadaithe

permission *n* cead *m3*

205

permissive *adj* ceadaitheach

permit *n* ceadúnas *m1*, cead *m3* ♦ *vt* ceadaiigh

perpendicular *adj* ingearach

perplex *vt* mearaigh, cuir mearbhall ar; to be perplexed mearú or mearbhall a bheith ort

persecute *vt* céas, cráigh

persevere *vi*: to persevere (with) coinneáil ort (le)

Persia *n* an Pheirs *f4*

Persian *adj* Peirseach ♦ *n* Peirseach *m1*; (LING) Peirsís *f2*; the (Persian) Gulf Murascaill *f2* na Peirse

persist *vi*: to persist with sb coinneáil le duine; to persist in arguing leanúint ort or coinneáil ort ag argóint

persistent *adj* (person) dígeanta, righin, dáigh

person *n* (human) duine *m4*; (LAW, LING) pearsa *f*

personal *adj* pearsanta

personal assistant *n* cúntóir *m3* pearsanta

personal column *n* colún *m1* pearsanta

personal computer *n* ríomhaire *m4* pearsanta

personality *n* pearsantacht *f3*

personally *adv* go pearsanta; to take sth

personally rud a ghlacadh chugat féin

personal stereo *n* steirió *m4* pearsanta

personnel *n* foireann *f2*

perspective *n* peirspictíocht *f3*, dearcadh *m1*; to get things into perspective rudaí a chur i gcomhthéacs

Perspex ® *n* peirspéacs *m4*

perspiration *n* allas *m1*

persuade *vt*: to persuade sb to do sth cur ina luí ar dhuine rud a dhéanamh, áitiú ar dhuine rud a dhéanamh

persuasion *n* áitiú *m*; (creed) creideamh *m1*

pertaining *prep*: pertaining to a bhaineann le, ag baint le

peruse *vt* grinnléigh, léigh go cúramach

pervade *vt* leath ar fud + *gen*

perverse *adj* saobh, claon; (contrary) contrártha

pervert *n* saofóir *m3* ♦ *vt* (*person*) saobh; (*words*) cuir as riocht, claon

pessimist *n* duarcán *m1*

pessimistic *adj* duairc; I am pessimistic about it níl dóchas ar bith agam as

pest *n* plá *f4*; (*fig*) crá *m4* croi

pester *vt* cráigh

pet *n* peata *m4* ♦ *vt* (*stroke*) slíoc, cuimil; (*animal*) déan bán bán le ♦ *vi* (*inf*): to

pet bheith ag pógadh agus ag diurnú a

mhúinteora; **pet hate** péata an

n-adharc

petal *n* peiteal *m1*

peter out *vi*: to peter out (*fade*) dul i

léig; (*run dry*) dul i ndísc; (*die*) dul in éag

petite *adj* beag, comair

petition *n* achainí *f4*, iarratas *m1*

petrified *adj* (*fig*) stiúgtha le heagla, faoi uafás, faoi uamhan

petrol *n* peitreal *m1*, artola *f4*

petrol can *n* canna *m4* peitрил

petroleum *n* peitрилiam *m4*

petrol pump *n* caidéal *m1* peitрил

petrol station *n* stáisiún *m1* peitрил

petrol tank *n* umar *m1* peitрил

petticoat *n* fo-ghúna *m4*, cóta *m4* beag

petty *adj* (*mean*) suarach; (*unimportant*) mion-

petty cash *n* mionairgead *m1*

petty officer *n* mionoifigeach *m1*

petulant *adj* cantalach, stainceach

pew *n* suíochán *m1*

pewter *n* péatar *m1*

phantom *n* taibhse *f4*

pharmacy (*shop*) cógaslann *f2*

phase *n* céim *f2* ♦ *vt*: to phase sth in rud

a thabhairt isteach de réir a chéile, rud a

thabhairt isteach céim ar chéim

pheasant *n* piásún *m1*

phenomenon *n* feiniméan *m1*

Philippines *n*: the Philippines na

hOileáin *mpl1* Fhilipíneacha

philosophical *adj* fealsúnach

philosophy *n* fealsúnacht *f3*

phobia *n* fóibe *f4*

phone *n* fón *m1*, guthán *m1* ♦ *vt*: to

phone sb scairt (gutháin) a chur ar

dhuine; to be on the phone bheith ar an nguthán or bhfón, bheith ag fónáil

► **phone back** *vt*, *vi* scairt a chur ar ais (ar), glaoch ar ais (ar)

► **phone up** *vt*, *vi* glaoigh ar an nguthán (ar), fónáil

phone bill *n* bille *m4* gutháin or teileafóin

phone book *n* leabhar *m1* gutháin

phone box, phone booth *n* bosca *m4* gutháin

phone call *n* scairt *f2* ghutháin, glao *m4* gutháin

phonecard *n* cárta *m4* gutháin

phone-in *n* (*RADIO, TV*) fónáil *f3* isteach

phonetics *n* foghraíocht *fsg3*

phony *adj* bréagach

photo *n* grianghraf *m1*

photocopier (*machine*) fótachóipire *m4*

photocopy *n* fótachóip *f2* ♦ *vt*

fótachóipeáil

photograph *n* grianghraf *m1* ♦ *vt* glac grianghraf de

photographer *n* grianghrafadóir *m3*

photography *n* grianghrafadóireacht *f3*

phrase *n* abairt *f2*; (*expression*) leagan *m1*

cainte; (*UNG*) frása *m4* ♦ *vt* cuir (i bhfocail)

phrase book *n* leabhar *m1* ráite or frásaí

physical *adj* fisiceach

physical education *n* corpoideachas *m1*

physically *adv* go fisiceach; **physically**

handicapped corpéislíneach

physician *n* lia *m4*, dochtúir *m3*

physicist *n* fisiceoir *m3*

physics *n* fisic *fsg2*

physiotherapy *n* fisiteiripe *f4*

physique *n* déanamh *m1* coirp

pianist *n* pianódóir *m3*

piano *n* pianó *m4*

pick (*tool*): also: **pickaxe** piocóid *f2* ♦ *vt*

roghnaigh; (*fruit etc, lock*) pioc; **take your pick** déan or pioc do rogha; **the pick of togha + gen**; to pick one's nose do shrón a phiocadh; to pick a quarrel

with sb iaróg a thógáil le duine, troid a chur ar dhuine

► **pick at** *vt fus*: to pick at one's food blaisínteacht a dhéanamh ar do chuid

bia

► **pick on** *vt fus (person): they are always picking on me* bíonn siad i gcónaí ag gabháil dom, bíonn siad i gcónaí ag spochadh asam

► **pick out** *vt togh, pioc (amach); (distinguish) aimsigh*

► **pick up** *vi (improve) téigh i bhfeabhas, bisigh, feabhsaigh* ♦ *vt tóg; (collect) bailigh, cruinnigh; (AUT, give lift to) tabhair síob do; (learn) foghlaim; (RADIO) faigh; to pick up speed* luas a ghéarú; **to pick o.s. up** teacht chugat féin

picket *n (in strike) picéad m1* ♦ *vt picéadaigh*

pickle *n (also: pickles: as condiment) picilí fpl2* ♦ *vt picil; to be in a pickle (mess) bheith san fhaopach, bheith i gcruchás*

pickpocket *n peasghadaí m4*

pick-up *n (small truck) truíclín m4*

picnic *n picnic f2*

picture *n pictiúr m1* ♦ *vt samhail; the pictures (inf) an phictiúrlann f2, na pictiúir mpl1*

picture book *n leabhar m1 pictiúr*

picturesque *adj pictiúrtha*

pie *n píóg f2*

piece *n píosa m4, giota m4; (item: of furniture) ball m1* ♦ *vt: piece together* cuir le chéile; **take to pieces** bain ó chéile, bain as a chéile; **to smash sth to pieces** smionagar a dhéanamh de rud

piecemeal *adv (bit by bit) de réir a chéile*

piecework *n tascobair f2*

pie chart *n pícháirt f2*

pier *n cé f4*

pierce *vt poll, treáigh*

pig *n muc f2*

pigeon *n colúr m1, colmán m1*

pigeonhole *n clóiséidín m4*

piggy bank *n bosca m4 coigille*

pigheaded *adj ceanndána, righin*

piglet *n banbh m1*

pigskin *n craiceann m1 muice*

pigsty *n cró m4 muc*

pigtail *n trlseán m1*

pike *n (fish) liús m1*

pilchard *n pilséar m1*

pile *n (pillar, of books) carn m1, carnán*

m1; (of carpet) caitín m4 ♦ *vt, vi (also: pile up) carn; pile into (car) plódaigh isteach i*

piles *npl fiocas msg1, daorghalar msg1*

pile-up *n (AUT) dul m3 i mullach a chéile*

pilfering *n mionghadaíocht f3*

pillgrim *n ollithreach m1*

pill *n piollaire m4*

pillage *vt creach, slad*

pillar *n colún m1, gallán m1*

pillar box *n bosca m4 litreacha*

pillion *n: to ride pillion (on motorcycle) bheith (ag marcaíocht) ar cúla*

pillow *n pilliúr m1, ceannadhairt f2*

pillowcase *n clúdach m1 pilliúr*

pilot *n piolóta m4* ♦ *cpd (scheme etc) piolótach* ♦ *vt piolótaigh*

pilot light *n solas m1 treorach*

pimp *n fostóir m3*

pimple *n goirín m4*

pin *n biorán m1, pionna m4* ♦ *vt: to pin a note to the door* nóta a chur ar an doras le biorán; **to have pins and needles in one's foot** codladh gliúragáin a bheith ar do chos; **to pin sb down (fig)** duine a sháinníú; **to pin sth on sb (fig)** rud a chur i leith duine

pinafore *n pilirín m4*

pinball *n cluiche m4 mionbháil*

pincers *npl greamaire msg4, pionsúr msg1; (of crab etc) ordóga fpl2*

pinch *n liomóg f2; (of salt etc) gráinnín m4* ♦ *vt: to pinch sb* liomóg a bhaint as duine; (*inf: steal*) sciob; **at a pinch** más gá

pincushion *n pioncás m1*

pine *n péine m4, giúis f2; (also: pine tree) crann m1 giúise* ♦ *vi: to pine for* caitheamh i ndiaidh

pineapple *n anann m1*

pinecone *n buaircín m4 péine*

ping *n (noise) cling f2*

ping-pong *n leadóg f2 bhoird*

pink *adj bándearg* ♦ *n (colour) bándearg m1; (BOT) caoróg f2 léana*

PIN (number) *n Uimhir f Aitheantais Phearsanta*

pinpoint *vt aimsigh*

pint

pint *n* pionta *m4*; **to go for a pint** dul faoi choinne pionta

pioneer *n* ceannródaí *m4*; **Pioneer** (*abstainer*) Réadóir *m3*

piouls *adj* cráifeach, diaganta, naofa

pip *n* (seed) síol *m1*; **the pips** *npl* (time signal) na gíoga *fp2*

pipe *n* píopa *m4*; (*MUS*) píob *f2*; **pipes** (*also: bagpipes*) píobaí *fp2* mála; (*also: uilleann pipes*) píobaí uilleann • *vt* cuir trí pháipáí

pipe cleaner *n* glantóir *m3* píopa

pipe dream *n* speabhraíde *fp2*

pipeline *n* píblíne *f4*; **in the pipeline** ar a bhealach, ar na bacáin

piper *n* píobaire *m4*

piping *adv*: **piping hot** dearg te

pique *n* stáin *f2*, smut *m1*

pirate *n* foghlaí *m4* mara

Pisces (*n* *ASTROL*) Na hÉisc *mpl1*

piss (*inf!*) *vi* mún *m1*; **piss off!** bain as!, imigh leat!

pissed *adj* (*BRIT: inf!*: drunk) ar deargmhaise, ar na cannaí; (*us: inf: angry*) ar buile

pistol *n* píostal *m1*

piston *n* loine *f4*

pit *n* poll *m1*, clais *f2*; (*also: coal pit*) gualpholl *m1* • *vt*: **to pit one's wits against sb** dul i gcoimhlint le duine; **pits** *npl* (*AUT*) láthair *fsg* seirbhísithe; **this place is the pits!** (*inf*) deireadh gach díogha an áit seo!

pitch (*n* *MUS*) airde *f4*; (*SPORT*) páirc *f2* (imeartha); (*tar*) pic *f2* • *vt* (*throw*) caith • *vi* (*fall*) tit; **to pitch a tent** puball a chur suas

pitch-black *adj* dubh dorcha

pitched battle *n* (fierce) cogadh *m1* dearg

pitious *adj* truaicánta, truamhéalach

pitfall *n* gaiste *m4*

pith (*n* (of orange etc) fochraiceann *m1*

pithy *adj* gonta

pitiful *adj* (touching) truaicánta, truamhéalach

pitiless *adj* míthrócaireach

pittance *n* tuarastal *m1* scallta

pity *n* trua *f4* • *vt*: **I pity him** is trua liom

208

plastered

é, tá trua agam dó; **what a pity!** nach mór an trua!, is mór an trua!

pixel (*COMPUT*) *n* pixel *m4*

pizza *n* pizza *m4*

placard *n* fógra *m4*

placate *vt*, *vi* suaimhnigh, sásaigh

place *n* áit *f2* • *vt* (*object*) cuir; (*identify*) cur ainm air, aithin; **to take place** titim amach; **out of place** (not suitable) neamhoiriúnach, mífhóirsteanach, as áit; **to change places with sb** áit a mhalartú le duine; **in the first place** sa chéad dul síos, ar an gcéad dul síos

plague *n* plá *f4* • *vt* (*fig*) ciap, cráigh

plaign *n* leathóg *f2* bhallach

plaid *n* breacán *m1*

plain *adj* (*in one colour*) d'aon dath, ar aon dath (amháin); (*simple*) simplí; (*clear*) soiléir; (*not handsome*) mísciámhach • *adv* go soiléir • *n* machaire *m4*, má *f4*

plain chocolate *n* seacláid *f2* phléineáilte

plain clothes *adj* (police officer) i ngnáthéadach

plainly *adv* go soiléir; (*frankly*) gan fiacail a chur ann, go lom

plaintiff *n* éilitheoir *m3*, gearánaí *m4*

plait *n* trilséan *m1*

plan *n* plean *m4*; (*scheme*) beart *m1*, scéim *f2* • *vt*, *vi* (*think in advance*) pleanáil; **he plans to go** tá rún aige dul

plane (*n* *AVIAT*) eitleán *m1*; (*ART, MATH etc, tool*) plána *m4*; (*also: plane tree*) crann *m1* plána • *vt* plánáil

planet *n* pláinéad *m1*

plank *n* planc *m1*

planner *n* pleanálaí *m4*

planning *n* pleanáil *f3*; **family planning** pleanáil *f3* chlainne

planning permission *n* cead *m3* pleanála

plant *n* planda *m4*; (*machinery*) gléasra *m4*; (*factory*) monarcha *f* • *vt* cuir, plandáil

plaster *n* plástar *m1*; (*also: plaster of Paris*) plástar Pháras; (*also: sticking plaster*) greimlín *m4* • *vt* plástráil; (*cover*): **plaster with** clúdaigh le

plastered (*inf*) *adj* ar deargmhaise, ar na

plastic

cannaí

plastic *adj*, *n* plaisteach *m1*

plastic bag *n* mála *m4* plaisteach

Plasticine® *n* marla *m4*

plastic surgery *n* máinliacht *f3*
athdheilbhíthe

plate *n* (dish) pláta *m4*

plateau *n* ardchlár *m1*

plate glass *n* plátghloine *f4*

platform *n* (in station) ardán *m1*; (stage) stáitse *m4*

platinum *n* platanam *m1*

platter *n* (dish) trinsiúr *m1*; (as part of meal) mias *f2*

plausible *adj* inchreidte, dealraitheach

play *n* (THEAT) dráma *m4* ♦ *vt* (game) imir;

(team, opponent) imir in éadan + *gen*;
(instrument) seinn ar ♦ *vi*: **to play** bheith ag spraoi or ag súgradh; **go out to play** téigh or gabh amach ag spraoi or ag súgradh; **play it safe!** bí ar d'fhaichill!, bí faichilleach or cúramach!

► **play down** *vt* bain de thábhacht + *gen*, ná tabhair aird ar

► **play up** *vi*: **to play up** (cause trouble) racán a thógáil, trioblóid a tharraingt

playboy *n* buachaill *m3* báire

player *n* imreoir *m3*; (THEAT) aisteoir *m3*;

(MUS) seinnteoir *m3*, ceoltóir *m3*

playful *adj* spráifúil, spórtúil

playground *n* (in school) clós *m1* scoile;
(in park) áit *f2* spraoi or súgartha

playgroup *n* naíolann *f2*

playing card *n* cárta *m4* imeartha

playing field *n* páirc *f2* imeartha

playmate *n* comrádaí *m4*

play-off *n* (SPORT) cluiche *m4* cáilithe

playpen *n* cruib *f2* shúgartha

plaything *n* áilleagán *m1*, bréagán *m1*

playtime *n* am *m3* spraoi or súgartha

playwright *n* drámadóir *m3*

plea *n* (request) achainí *f4*; (LAW) pléadáil *f3*

plead *vt*, *vi* pléadáil; (beg): **to plead with sb** achainí ar dhuine

pleasant *adj* pléisiúrtha, taitneamhach, suáilceach

pleasantries *npl* (polite remarks) deismíneachtaí *fp13*

please *excl* le do thoil, más é do thoil é

♦ *vt*: **it pleased me** thaitin sé liom, shásaigh sé mé; (satisfy) sásaigh ♦ *vi* sásaigh; (think fit): **do as you please** déan do rogha rud, déan cibé rud or pé ar bith rud is mian leat; **please yourself!** bí ar do chomhairle féin!, déan do chomhairle féin!

pleased *adj*: **pleased (with)** sásta (le); **pleased to meet you** go mbeannaí Dia duit

pleasing *adj* taitneamhach; (satisfactory) sásúil

pleasure *n* pléisiúr *m1*, sásamh *m1*, taitneamh *m1*; "it's a pleasure" "fáilte romhat", "níl a bhfuochas ort"; I'll do it with pleasure déanfaidh mé é agus fáilte

pleasure boat *n* bád *m1* pléisiúir

pleat *n* fillleadh *m1*

pledge *n* (promise) geall *m1*, gealltanas *m1* ♦ *vt* geall; **to pledge sth** rud a chur i ngeall

plentiful *adj* flúirseach, fairsing

plenty *n*: plenty of flúirse + *gen*, neart + *gen*, tréan + *gen*, go leor + *gen*

pliable *adj* solúbtha

pliers *npl* greamaire *msg4*

plight *n* cor *m1*, anchaoi *f4*

plimsolls *npl* bróga *fp12* lúthchleasaíochta

plinth *n* (of statue) plionta *m4*

plod *vi* fairsigh; (fig): **she plodded on** threabh or shraon sí lei

plonk (*inf*) *n* (wine) fíon *m3* saor ♦ *vt*: **to plonk sth down** rud a phlabadh síos
plot *n* comhcheilg *f2*; (of story, play) plota *m4*; (of land) gabháltas *m1*, plásóg *f2*; (grave) uaigh *f2* ♦ *vt* (sb's downfall) beartaigh; (mark out) déan plean de, mapáil ♦ *vi* bheith ag ceilg, bheith i mbun comhcheilge

plough, (us) **plow** *n* céachta *m4*, seisreach *f2* ♦ *vt* (earth) treabh; **to plough money into** airgead a chur isteach i

ploy *n* cleas *m1*

pluck *vt* pioc; (fruit) bain; (flower) stoith ♦ *n* sracadh *m1*; **to pluck up courage** misneach a ghlacadh

plug

plug *n* (ELEC) plocóid *f2*; (stopper) stopallán *m1*; (AUT: also: **spark(ing) plug**)

spréachphlocóid *f2* ♦ *vt* (hole) calc, cuir stopallán *i*; (*inf*: advertise) fógair

► **plug in** *vt* (ELEC) plugáil isteach

plum *n* (fruit) pluma *m4* ♦ *cpd*: **plum job** (*inf*) togha poist

plumb *vt* tomhais doimhneacht + *gen*

plumber *n* pluiméir *m3*

plumbing *n* (trade) pluiméireacht *f3*;

(piping) píopaí *mpl4*

plummet *vi* tit go tobann

plump *adj* ramhar ♦ *vi*: **plump for** (*inf*: choose) roghnaigh, pioc

plunder *n* creach *f2* ♦ *vt* creach

plunge *n* tumadh *m* ♦ *vt* báigh ♦ *vi* (dive) tum; (fall) tit *i* ndiaidh do chinn, tit ar mhullach do chinn; **to take the plunge** dul sa seans

plunger *n* loine *f4*

pluperfect *adj*, *n* (GRAM) ollfhoirfe *m4*

plural *adj*, *n* iolra *m4*

plus *n* (also: **plus sign**) plus *m4* ♦ *prep* móide; **ten plus** os cionn an deich, sna déaga

plush *adj* sóúil

Pluto *n* (planet) Plútó *m4*

ply *vt* (a trade) cleacht ♦ *vi* (ship) téigh idir

♦ *n* (of wool, rope) dual *m1*; **to ply sb with drink** deoch a choinneáil le duine;

to ply sb with questions ceisteanna a radadh le duine, bheith ag caitheamh ceisteanna le duine

plywood *n* sraithadhmá *m1*

PM *abbr* = Prime Minister

p.m. *adv* *abbr* (= post meridiem) *i*.

pneumatic drill *n* druilire *m4* aeroibrithe

pneumonia *n* niúmóine *m4*

pouch *vt* (cook) scall; (steal) póitseáil ♦ *vi* póitseáil

poached egg *n* ubh *f2* scallta

poacher *n* póitseálaí *m4*

P.O. Box *n* *abbr* = Post Office Box

pocket *n* póca *m4* ♦ *vt*: **to pocket sth** rud a chur *i* do phóca; **to be out of pocket** (with) bheith thíos (le)

pocketbook (us) *n* (wallet) tiachóg *f2*

pocket knife *n* scian *f2* phóca

pocket money *n* airgead *m1* póca

pod *n* cochall *m1*

podgy *adj* beathaithe

podiatrist (us) *n* coslia *m4*

poem *n* dán *m1*

poet *n* file *m4*

poetic *adj* fileata

poetry *n* filíocht *f3*

poignant *adj* coscrach; (sharp) géar

point *n* pointe *m4*, ponc *m1*; (tip) bior

m3, rinn *f2*; (*in time*) am *m3*; (*of pen*) gob

m1; (SPORT) pointe, cúilín *m4*; (*sense*) ciall

f2; (*location*) ball *m1*; (*also*: **decimal**

point): **2 point 3 (2.3)** (a) dó pointe or

ponc a trí ♦ *vt* (show) taispeáin; (*gun*) etc:

to point sth at rud a dhírú ar ♦ *vi*: **to**

point at do mhéar a dhírú ar; **points** *npl*

(AUT) pointí *mpl4*; (RAIL) ladhróg *fsq2*; **to**

be on the point of doing sth bheith ar

tí or ar bhéal(a) rud a dhéanamh; **to**

make a point of déanamh cinnte de; **I**

get the point tuigim, tá mé leat; **she**

misses the point tá sé ag dul amú uirthi,

ní thuigeann sí rudaí *i* gceart; **come to**

the point! cruinnigh do chuid cainteil;

the whole point is ... is é bun agus barr

an scéil ...; **there's no point (in going)**

ní fiú (dul)

► **point out** *vt*: **to point sth out to sb**

aird duine a tharraingt ar rud

► **point to** *vt* *fus* (fig) léirigh

point-blank *adv* (fig) glan; (*also*: **at**

point-blank range) faoi bhéal an ghunna

pointed *adj* (shape) biorach; (*remark*)

pointeáilte

pointer *n* (needle) snáthaid *f2*; (*piece of*

advice) comhairle *f4*; (*clue*) leid *f2*

pointless *adj* gan tairbhe; **it's pointless**

talking to him níl gar or maith bheith

leis

point of view *n* dearcadh *m1*

poise *n* (composure) neamhchorrabhuais

f2

poison *n* nimh *f2* ♦ *vt* nimhigh

poisonous *adj* nimhiúil; **poisonous**

snake nathair *f* nimhe

poke *vt* (fire) rúisc; (*jab with finger, stick*

etc) prioc; (*hole*) poll; (*put*): **to poke sth**

- in(to)** rud a dhingeadh isteach (i)
- **poke about** *vi* ransaigh, rúisc; **to poke fun at sb** ceap magaidh a dhéanamh de dhuine
- poker** *n* (*for fire*) priocaire *m4*; (*CARDS*) pócar *m1*
- poky** *adj* cúng
- Poland** *n* an Pholainn *f2*
- polar** *adj* polach
- polar bear** *n* béar *m1* bán
- Pole** *n* Polannach *m1*
- pole** *n* cuaille *m4*; (*of wood*) maide *m4*; (*GEOG*) pol *m1*
- pole bean** (*US*) *n* pónaire *f4* cuaille
- pole vault** *n* léim *f2* chuaille
- police** *npl* póilíní *mpl4*, gardaí *mpl4* (síochána), péas *m4*
- police car** *n* carr *m1* póilíní, carr péas
- policeman** *n* póilín *m4*, garda *m4*, péas *m4*
- police station** *n* stáisiún *m1* na bpóilíní *or* na ngardaí
- policewoman** *n* banphóilín *m4*, bangharda *m4*, banphéas *m4*
- policy** *n* polasaí *m4*
- polio** *n* polaimiaifíteas *m1*
- Polish** *adj* Polannach • *n* (*LING*) Polainnis *f2*
- polish** *n* (*for shoes*) snas *m3*, snasán *m1*; (*shine*) loinnir *f*; (*also: nail polish*) vearnais *f2* iongan • *vt* (*put polish on shoes, wood*) cuir snas i *or* ar; (*make shiny*) cuir loinnir ar
- **polish off** *vt* (*work*) cuir i gcrích; (*food*) ith deireadh + *gen*
- polished** *adj* (*fig*) snasta, líofa
- polite** *adj* múinte, béasach
- politeness** *n* múineadh *m*, dea-bhéasa *mpl4*
- political** *adj* polaitiúil, polaitíochta *n gen*
- politician** *n* polaiteoir *m3*
- politics** *npl* an pholaitíocht *f3*
- poll** *n* vótáil *f3*; (*also: opinion poll*) pobalbhreith *f2* • *vt* (*votes*) faigh
- pollen** *n* pailín *f2*
- polling day** *n* lá *m* vótála
- polling station** *n* stáisiún *m1* vótála
- pollute** *vt* truailligh

- pollution** *n* truailliú *m*
- polo** *n* pólo *m4*
- polo-necked** *adj* póló
- polo shirt** *n* léine *f4* phóló
- poltergeist** *n* taibhse *f4* thorainn
- polytechnic** *n* coláiste *m4* polaiteicnice
- polythene** *n* polaitéin *f2*
- polythene bag** *n* mála *m4* plaistigh
- pomegranate** *n* pomagránait *f2*
- pomp** *n* mustar *m1*, poimp *f2*
- pompous** *adj* mustrach, stáidíuil, mórchúiseach
- pond** *n* linn *f2*, lochán *m1*
- ponder** *vt* meabhraigh, machnaigh (*ar*), meáigh
- ponderous** *adj* troiméiseach; (*movement*) spadánta
- pong** (*inf*) *n* bréantas *m1*
- pony** *n* pónaí *m4*, capaillín *m4*
- ponytail** *n* eireaball *m1* capaill
- pony trekking** *n* fálróid *f2* ar chapaillíní
- poodle** *n* púdál *m1*
- pool** *n* (*of rain*) slodán *m1*; (*pond*) linn *f2*; (*also: swimming pool*) linn snámha; (*billiards*) púl *m4* • *vt* cuir i gcomhchiste;
- pools** *npl* (*also: football pools*) linnte *fp2* peile
- poor** *adj* bocht • *npl: the poor* na boicht *mpl1*, na bochtáin *mpl1*
- poorly** *adj, adv* go dona, go holc
- pop** *n* (*MUS*) popcheol *m1*; (*drink*) deoch *f* choipeach; (*us: inf: father*) daid *m4* • *excl* pop • *vt* (*put*) sac • *vi* pléasc; (*cork*) bain; **to pop in** do cheann a chur isteach, buailleadh isteach; **to pop out** rúid a thabhairt amach; **pop up** *vi* preab aníos
- pope** *n* pápa *m4*
- poplar** *n* poibleog *f2*
- poppy** *n* poipín *m4*
- Popsicle** ® (*us*) *n* líreacán *m1* reoite
- popular** *adj* (*common*) coitianta; (*fashionable*) faiseanta, san fhaisean; (*well liked*): he's popular tá tóir air, tá aghaidh na ndaoine air
- population** *n* (*number of people*) daonra *m4*; (*community*) pobal *m1*
- porcelain** *n* poirceallán *m1*
- porch** *n* póirse *m4*; (*us*) vearanda *m4*

porcupine

porcupine *n* torcán *m1* craobhach

pore *n* piochán *m1*, póir *f2* ♦ *vt*: to pore over a book bheith sáite i leabhar

pork *n* muiceoil *f3*

pornography *n* pornagrafaíocht *f3*

porpoise *n* muc *f2* mhara

porridge *n* brachán *m1*, leite *f*

port *n* (*harbour*) port *m1*, calafort *m1*, cuan *m1*; (*NAUT*, *left side*) clébhord *m1*; (*wine*) portfhíon *m3*; **port of call** stad *m4* cuairte

portable *adj* iniompartha

porter¹ *n* (*for luggage*) póirtéir *m3*; (*doorkeeper*) doirseoir *m3*

porter² *n* (*beer*) leann *m3* dubh, pórtar *m1*

portfolio *n* mála *m4* cáipéise; (*of artist*) cnuasach *m1*; (*POL*) cúram *m1* aire

porthole *n* sliospholl *m1*

portion *n* (*share*) roinn *f2*; (*part, helping*) cuid *f3*

portly *adj* toirtiuil

portrait *n* portráid *f2*

portray *vt* léirigh

Portugal *n* an Phortaingéil *f2*

Portuguese *adj*, *n* Portaingéalach *m1*; (*LING*) Portaingéilis *f2*

pose *n* (*posture*) gothaí *mpl3*; (*act*) staidiúir *f2* ♦ *vi* (*pretend*): he posed as a

policeman lig sé air *or* chuir sé i gcéill gur péas a bhí ann ♦ *vt* (*question*) cuir; **she was posing** bhí sí ag cur gothaí uirthi féin

posh *adj* galánta

position *n* áit *f2*, láthair *f*; (*location*) suíomh *m1*; (*for purpose*) ionad *m1*; (*job*) post *m1*; (*opinion*) dearcadh *m1* ♦ *vt* suigh

positive *adj* dearfach, deimhneach; (*ELEC*) deimhneach

posse (*us*) *n* drong *f2*; **to send a posse after sb** tóir a chur ar dhuine

possess *vt*: **to possess sth** rud a bheith agat, rud a bheith i do sheilbh; (*seize*): **they possessed my car** ghlac siad seilbh ar mo charr; **what possessed him?** cad é na diabhal a tháinig air?, cad é na ciapóga a cuireadh air?

possession *n* seilbh *f2*; **possessions** sealúchas *msg1*

potential

possibility *n* féidearthacht *f3*; **it is a possibility** is féidir é, thig a dhéanamh **possible** *adj*: **it is possible that** is féidir go, thiocfadh dó go, d'fhéadfadh sé go; **as big as possible** chomh mór agus is féidir

possibly *adv* (*perhaps*) (gach) seans; **if you possibly can** más féidir leat (in aon chor), má thig leat (ar chor ar bith); **I cannot possibly come** níl aon dóigh ar féidir liom teacht, ní thig liom teacht

post *n* (*letters, delivery*): **the post** an post *m1*; (*job, situation*) post *m1*; (*MIL*) ionad *m1*; (*pole*) cuaille *m4* ♦ *vt* (*send by post*) postáil, cuir (sa phost)

postage *n* postas *m1*

postal order *n* ordú *m* poist

postbox *n* bosca *m4* litreach

postcard *n* cárta *m4* poist

postcode *n* cód *m1* poist

poster *n* póstaer *m1*

postgraduate *n* iarchéimí *m4* ♦ *adj* iarchéime

posthumous *adj* iarbháis *n* gen

postie *n* (*inf*) = postman

postman *n* fear *m1* poist

postmark *n* postmharc *m1*

postmortem *n* scrúdú *m* iarbháis

post office *n* (*building*) oifig *f2* an phoist; (*organization*): **the Post Office** An Post *m1*

Post Office Box *n* bosca *m4* postóifige

postpone *vt* cuir ar athlá

posture *n* (*stance*) staidiúir *f2*; (*attitude*) dearcadh *m1*

postwar *adj* iarchogaidh *n* gen

posy *n* pósae *m4*

pot *n* pota *m4*; (*teapot*) taephota *m4*; (*coffeepot*) pota *m4* caife; (*inf: marijuana*) pot *m4* ♦ *vt* (*plant*) cuir (i bpota); **to go to pot** (*inf: work, performance*) dul chun siobarnaí

potato *n* práta *m4*

potato peeler *n* scamhaire *m4* prátaí

poteen *n* poitin *m4*

potent *adj* cumhachtach; (*drink*) láidir; (*man*) cumasach

potential *adj*: **a potential doctor** ábhar

dochtúra ♦ *n* acmhainn *f2*, mianach *m1*
pothole *n* (in road) linntreog *f2*, sclaiag *f2*;
 (in cave) uaimh *f2*
potholing *n* uaimheadóireacht *f3*
potluck *n*: to take **potluck** dul sa seans
potted *adj* (*food*) i bpotáin; (*plant*) i bpota
potter *n* potaire *m4* ♦ *vi*: to **potter**
 around, **potter about** bheith ag útamáil
 thart
pottery *n* potaireacht *f3*
potty *adj* (*inf: mad*) ar mire, le broim ♦ *n*
 (child's) pota *m4*
pouch *n* (zool) póca *m4*; (*for tobacco,*
money) spaga *m4*, púitse *m4*
poultry *n* éanlaith *f2* chlóis
pounce on *vi* léim ar
pound *n* (*money, weight*) punt *m1*; (*for*
animals) gabhann *m1* ♦ *vt* (*beat*) buail,
 gread; (*crush*) creim ♦ *vi* (*heart*) preab,
 léim; a **pound coin** bonn *m1* puint
pour *vt, vi* doirt; **it is pouring (with rain)**
 tá sé ag stealladh báistí, tá sé ag cur de
 dhíon is de dheora; **to pour sb a drink**
 deoch a chur amach do dhuine
 ▶ **pour in** *vi* (*people*) plódaigh isteach,
 cruinnigh isteach; (*news, letters etc*) tar
 isteach as gach cearn
 ▶ **pour out** *vi* (*people*) plódaigh amach
 ♦ *vt* scaird, doirt amach; (*serve: a drink*)
 cuir amach
pout *n* pus *m1*, smut *m1* ♦ *vi* cuir pus ort
 féin
poverty *n* bochtaineacht *f3*, anás *m1*
poverty-stricken *adj* dealúsach, beo
 bocht
powder *n* púdar *m1* ♦ *vt*: to **powder**
 one's face púdar a chur ar d'aghaidh
powder compact *n* boiscín *m4* púdar
powdered milk *n* bainne *m4* púdrach
powder puff *n* clúimhín *m4* púdair
powder room *n* leithreas *m1* na mban
power *n* cumhacht *f3*; (*force*) brí *f4*, neart
m1; **to be in power** (*pol etc*) bheith i
 réim *or* i gcumhacht
power cut *n* gearradh *m* cumhachta
powered *adj*: **powered by** á thiomáint le
power failure *n* cliseadh *m* cumhachta
powerful *adj* cumhachtach

powerless *adj* neamhchumhachtach, gan
 bhri
power point *n* pointe *m4* cumhachta
power station *n* stáisiún *m1* cumhachta
power supply *n* soláthar *m1* cumhachta
PR *n* abbr = public relations
practical *adj* praiticiúil
practical joke *n* cleas *m1*, bob *m4*
practically *adv* (*virtually*) geall le, ionann
 is
practice *n* cleachtadh *m1*; (*professional*)
 cleachtas *m1* ♦ *vt, vi* (*us*) = **practise**; **in**
practice (*in reality*) le firinne; **out of**
practice as cleachtadh
practise, (*us*) **practice** *vt, vi* cleacht
practising *adj* cleachtach
practitioner *n* cleachtóir *m3*; (*medical*)
 lia *m4*
prairies *npl* féarthailte *mpl or fpl*
praise *n* moladh *m* ♦ *vt* mol
praiseworthy *adj* inmholta
pram *n* pram *m4*
prance *vi* (*also: to prance about: person*)
 pramsáil thart
prank *n* cleas *m1*, bob *m4*
prawn *n* cloicheán *m1*
pray *vi* guigh, bí ag urnaí
prayer *n* paidir *f2*, urnaí *f4*, guí *f4*
preach *vi* tabhair seanmóir, bheith ag
 seanmóireacht ♦ *vt* (*gospel*) craobhscaoil
precaution *n* réamhchúram *m1*, faichill *f2*
precede *vt* téigh roimh, gabh roimh, tar
 roimh
precedent *n* fasach *m1*, réamhshampla
m4
precinct *n* (*us*) ceantar *m1*, líomatáiste
m4; **precincts** *npl* (*neighbourhood*)
 comharsanacht *fsg3*;
pedestrian/shopping precinct (*BRIT*)
 ceantar coisithe/líomatáiste
 siopadóireachta
precious *adj* luachmhar
precipitate *vt* brostaigh
precise *adj* beacht, cruinn
precisely *adv* go beacht, go cruinn
preclude *vt* coisc
precocious *adj* seanchríonna,
 seanaimseartha

precondition

precondition *n* réamhchoinníoll *m1*

predecessor *n* réamhtheachtaí *m4*

predicament *n* cruachás *m1*; **to be in a predicament** bheith i gcruchás *or* i sáinn *or* i bponc

predict *vt* réamhathris, tuar

predictable *adj* sothuartha

predominantly *adv* go mór mór, ar an mórchuid, ar an mórchóir

preempt *vt* réamhcheannaigh

preen *vt* (*bird*) pioc, cluimhrigh; **to preen** *os* (*person*) tú féin a chóiriú

prefab *n* réamhdhéantán *m1*

preface *n* réamhrá *m4*, brollach *m1*

prefect *n* (*in school*) maor *m1*

prefer *vt*: **I prefer milk** is fearr liom bainne

preferably *adv* de rogha (ar)

preference *n* tosaíocht *f3*; **in preference to** de rogha ar

preferential *adj* fabhrach, ar leith;

preferential treatment cóir *f3* ar leith

prefix *n* réimír *f2*

pregnancy *n* toircheas *m1*, iompar *m1* clainne

pregnant *adj* torrach, ag iompar clainne

prehistoric *adj* réamhstairiúil

prejudice *n* réamhchlaonadh *m*

prejudiced *adj* claonta, leataobhach

premarital *adj* réamhphósta

premature *adj* anabái, roimh am

premier *adj* príomha, príomh- ♦ *n* (*POL*) príomh-aire *m4*, = Taoiseach *m1*

première *n* an chéad taispeáint *f3*; (*THEAT*) an chéad léiriú *m*

premise *n* réamhleagan *m1*, bonn *m1*;

premises *npl* (*building*) áitreach *msg1*;

on the premises ar bhall áitribh

premium *n* (*INS*) préimh *f2*; **to be at a premium** bheith gann, bheith doiligh a fháil

premium bond *n* banna *m4* bisigh

premonition *n* mana *m4*

preoccupied *adj* gafa (le), sáite (i)

prepaid *adj* réamhíoctha

preparation *n* ullmhúchán *m1*, réiteach *m1*; **preparations** *npl* (*for trip, war*) stócaíl *fsg3*

preparatory college *n* coláiste *m4* ullmhúcháin

preparatory school *n* scoil *f2* ullmhúcháin

prepare *vt* ullmhaigh ♦ *vi*: **to prepare for** ullmhú faoi choinne + *gen*, déanamh réidh le haghaidh + *gen*; **prepared to** réidh le, ullamh chun; (*willing*) sásta

preposition *n* réamhfhocal *m1*

preposterous *adj* míréasúnta; (*laughable*) áiféiseach

prep school *n* = preparatory school

prerequisite *n* réamhriachtanas *m1*, réamhchoinníoll *m1*

prescribe *vt* ordaigh

prescription *n* (*MED*) oideas *m1*

presence *n* láithreach *f3*; **presence of mind** stuaim *f2*; **in the presence of sb** i láthair *or* i bhfianaise duine

present *adj* láithreach, i láthair ♦ *n* (*gift*) bronntanas *m1*; (*actuality*): **the present** an t-am *m3* i láthair ♦ *vt* tabhair; (*give*): **to present sb with sth or sth to sb** rud a bhronnadh ar dhuine; **to give sb a present** bronntanas a thabhairt ar dhuine; **at present** faoi láthair, i láthair na huaire

presentation *n* bronnadh *m*

present-day *adj* comhaimseartha; **in the present-day** sa lá atá inniu ann

presenter *n* (*RADIO, TV*) láithreoir *m3*

presently *adv* ar ball, gan mhoill; (*at present*) faoi láthair

preservative *n* leasaitheach *m1*

preserve *vt* (*keep safe*) caomhnaigh, coinnigh slán; (*food*) leasaigh ♦ *n* (*jam*) subh *f2*; (*sanctuary*) tearmann *m1*; **God preserve us!** Dia ár gcumhdach!

president *n* uachtarán *m1*; **the President of Ireland** Uachtarán na hÉireann

presidential *adj* (an) uachtaráin *n gen*

press *n* (*newspapers*) preas *m3*; (*machine*) fáisceán *m1*; (*for wine*) cantaoir *f2*; (*cupboard*) prios *m3* ♦ *vt* (*squeeze*) fáisc; (*push*) brúigh; (*clothes: iron*) preasáil, iarnáil; **to press sb to do sth** tathant ar dhuine rud a dhéanamh; (*insist*): **to press sth on sb** rud a thathant ar

dhuine ♦ *vi* brúigh; **to press for sth** rud a éileamh *or* a iarraidh; **we are pressed for time** tá an t-am ag teannadh orainn; **if you are hard pressed** má thagann crua ort

▶ **press on** *vi* lean ar (aghaidh), coinnigh ort *or* leat

press conference *n* preasagallamh *m1*

pressing *adj* práinneach

press office *n* preasoifig *f2*

pressure *n* brú *m4*; (*stress*) brú, teannas *m1*; **to put pressure on sb (to do sth)** teannadh ar dhuine (rud a dhéanamh), brú *or* crua a chur ar dhuine (rud a dhéanamh)

pressure cooker *n* bruthaire *m4* brú

pressure gauge *n* brúthomhsaire *m4*

pressure group *n* brúgrúpa *m4*

prestige *n* gradam *m1*

presumably *adv* is cosúil, is dócha

presume *vt* síl, meas; (*dare*) leomh

pretence, (us) pretense *n* (*claim*) cur *m1* i gcéill; (*LAW*) dúmas *m1*; **under false**

pretences le dúmas bréige

pretend *vt, vi* (*feign*) lig ort, cuir i gcéill

pretext *n* leithscéal *m1*

pretty *adj* gleoite deas ♦ *adv* cuibheasach, measartha, cineál

prevail *vi* (*win*) buaigh ar, bain; (*be usual*): a usage that prevails gnás atá

faoi réim *or* atá ann fós *or* a mhaireann

prevailing *adj* coitianta; **prevailing wind** gnáthghaoth *f2*

prevalent *adj* (*widespread*) leiththeadach; (*dominant*) ceannasach

prevent *vt* coisc, stad, cuir stad le

preventative, preventive *adj* coisctheach

preview *n* (*of film etc*) réamhthaispeántas *m1*

previous *adj* roimh ré

previously *adv* roimhe sin

prewar *adj* réamhchogaidh *n gen*

prey *n* seilg *f2*, creach *f2* ♦ *vi*: **it was**

preying on his mind bhí sé ag déanamh buartha dó

price *n* praghas *m1*, luach *m3* ♦ *vt* (*goods*) cuir praghas *or* luach ar; (*COMM*) costáil

priceless *adj* domheasta

price list *n* praghasliosta *m4*

prick *n* priocadh *m* ♦ *vt* prioc; **to prick up one's ears** do chluasa a bhíorú

prickle *n* (*of plant*) dealg *f2*; (*sensation*) griofadach *m1*

prickly *adj* deilgneach

pride *n* uabhar *m1*, bród *m1*, mórtas *m1*

♦ *vt*: **to pride o.s. on sth** mórtas *or* bród a bheith ort as rud

priest *n* sagart *m1*

priesthood *n* sagartacht *f3*

prim *adj* deismíneach

primarily *adv* go príomha, den chuid is mó

primary *adj* (*first in importance*) príomha ♦ *n* (*us: election*) réamhthoghchán *m1*

primary school *n* bunscóil *f2*

prime *adj* bun-, príomh-; (*excellent*) den

chéad scoth ♦ *n*: **to be in one's prime** bheith i mbláth do shaoil ♦ *vt* (*wood*)

prímeáil; (*with information*) cuir ar an eolas

Prime Minister *n* Príomh-Aire *m4*; (*IRL*) = Taoiseach *m1*

primeval *adj* cianaosta; **primeval forest** foraois chianaosta

primitive *adj* (*tool etc*) seanársa; (*person*) bunaíoch

primrose *n* sabhaircín *m4*

primus (stove)® *n* sorn *m1* campála

prince *n* prionsa *m4*

princess *n* banphrionsa *m4*

principal *adj* príomh-, bun- ♦ *n* (*headmaster*) príomhoide *m4*

principle *n* prionsabal *m1*

print *n* (*mark*) lorg *m1*; (*letters*) cló *m4*; (*ART*) prionta *m4*; (: *photograph*)

dearbhcchló *m4* ♦ *vt* clóigh, clóbhuail;

(*publish*) cuir i gcló; (*write in block letters*) scríobh i gceannlitreacha; **out of**

print as cló

printed matter *n* ábhar *m1* clóite

printer *n* clóidóir *m3*; (*machine*) clóire *m4*, printéir *m3*

printing *n* clóidóireacht *f3*

print-out *n* asphrionta *m4*

prior *adj* roimh ré ♦ *adv*: **prior to my**

priority

doing it sula ndearna mé é

priority *n* tosaíocht *f3*

prise *vt*: to prise open oscail le luamhán

prison *n* príosún *m1*

prisoner *n* príosúnach *m1*

pristine *adj* gan teimheal

privacy *n* príobháid *f2*

private *adj* príobháideach • *n* (soldier) saighdiúir *m3* singil; to speak in private labhairt faoi rún, labhairt i leataobh

private enterprise *n* fiontar *m1* príobháideach

private eye *n* bleachtaire *m4* príobháideach

private property *n* maoin *f2* phríobháideach

privatize *vt* príobháidigh

privet *n* príbhéad *m1*

privilege *n* príbhleáid *f2*

privy *adj*: to be privy to sth rún ruda a bheith agat

prize *n* duais *f2* • *adj* (example) foirfe; (idiot) fíor- • *vt*: to prize sth rud a bheith luachmhar agat

prize-giving *n* bronnadh *m* duaiseanna

prizewinner *n* duaiseoir *m3*

pro *n* (SPORT) gairmí *m4*; the pros and cons an dá thaobh

probability *n* dóchúlacht *f3*; in all probability is é is dóichí

probable *adj* dócha, dóchúil

probably *adv* de réir dealraimh, is dócha (go); probably not ní dócha é

probation *n*: on probation (LAW) ar promhadh *m1*; (employee) ar tástáil *f3*

probe *n* (MED, SPACE) tóireadóir *m3*; (enquiry) fiosrúchán *m1* • *vt* braith; (investigate) fiosraigh

problem *n* fadhb *f2*, deacracht *f3*; no problem! fadhb ar bith!

procedure *n* nós *m1* imeachta, gnáthamh *m1*, gnás *m1*

proceed *vi* lean ort; (go forward) téigh or gabh ar aghaidh; to proceed (with) dul ar aghaidh (le); she proceeded to work/to write chuaigh sí i mbun oibre/i mbun pinn

proceedings *npl* (LAW, meeting) imeachtaí

216

mpl3

proceeds *npl* fáiltais *mpl1*

process *n* próiseas *m1*; (method) modh *m3* • *vt* próiseáil

processing *n* (PHOT) próiseáil *f3*

procession *n* mórshuíl *m1*; funeral procession tórramh *m1*, sochraid *f2*

proclaim *vt* fógair

procrastinate *vi* moilleadóireacht a dhéanamh

procure *vt* soláthair, cuir ar fáil do

prod *vt* prioc, broid

prodigal *adj* drabhlásach, doscaí

prodigy *n* (child) iontas *m1*

produce *n* (AGR) toradh *m1* • *vt* táirg; (to show) taispeáin; (cause) gin; (THEAT) léirigh

producer *n* táirgeoir *m3*; (THEAT) léiritheoir *m3*

product *n* (outcome) toradh *m1*; (goods) táirge *m4*

production *n* táirgeadh *m*; (THEAT) léiriúchán *m1*

production line *n* líne *f4* tháirgeachta

productivity *n* táirgiúlacht *f3*

profession *n* gairm *f2*, slí *f4* bheatha

professional *n* (SPORT) gairmí *m4* • *adj* gairmiúil

professor *n* ollamh *m1*

proficiency *n* oilteacht *f3*, inniúlacht *f3*, cumas *m1*

profile *n* próifíl *f2*; (picture etc) leathghaidh *f2*

profit *n* brabús *m1*, sochar *m1* • *vi*: to profit by or from tairbhe a bhaint as, brabús a dhéanamh ar

profitable *adj* brabúsach

profound *adj* domhain

profusely *adv* go flúirseach, go fairsing; he was sweating profusely bhí sé ag bárcadh allais

prognosis *n* prognóis *f2*

programme, (US, COMPUT) **program** *n* ríomhchlár *m1*; (RADIO, TV, schedule) clár *m1* • *vt* (also COMPUT) ríomhchláraigh

programmer, (US) **programmer** *n* ríomhchláraitheoir *m3*

progress *n* dul *m3* chun cinn • *vi* téigh or gabh chun cinn; in progress ar siúl, ar

progress

progressive

bun

progressive *adj* forásach

prohibit *vt* cros, coisc

project *n* (*plan*) scéim *f2*; (*scól, research*)

tionscadal *m1* • *vt* teilg; **to project a**

picture on a screen pictiúr a theilgean

ar scáileán • *vi* (*stick out*) gob amach

projection *n* teilgean *m1*; (*overhang*) starr

f3; (*estimate*) réamh-mheastachán *m1*

projector *n* teilgeoir *m3*

prolong *vt* fadaigh, bain fad as

promenade *n* (*by sea*) promanád *m1*

promenade concert *n* ceolchoirm *f2*

phromanáid

prominent *adj* (*standing out*) suntasach,

feiceálach; (*important*) oirirc, mór le rá

promiscuous *adj* ilchaidreamhach

promise *n* gealltanas *m1* • *vt, vi* geall

promising *adj* dóchúil

promote *vt* (*person*) tabhair ardú céime

do; (*new product*) cuir chun cinn

promoter *n* tionscnóir *m3*

promotion *n* ardú *m* céime; (*of sales etc*)

tionscnamh *m1*

prompt *adj* pras • *adv* (*punctually*) go

pras, láithreach • *n* (*COMPUT*) leid *f2* • *vt*

spreag; (*THEAT*) tabhair leid

promptly *adv* go pras, láithreach (bonn)

prone *adj* (*lying*) béal faoi, ar a bhéal faoi;

prone to tugtha do

prong *n* (*of fork*) beangán *m1*

pronoun *n* forainm *m4*

pronounce *vt* (*word*) fuaimnigh; (*declare*)

fógair

pronunciation *n* fuaimniú *m*,

foghraíocht *f3*

proof *n* cruthú *m*, cruthúnas *m1*; (*typ*)

profa *m4*; (*test*) promhadh *m1* • *adj*:

proof against díonach ar

prop *n* taca *m4*; (*fig*) cúl *m1* taca • *vt*

(*also: prop up*) tacaigh le; (*lean*): **to**

prop sth against rud a chur ina

sheasamh le

propaganda *n* bolscaireacht *f3*

propel *vt* tiomáin

propeller *n* lián *m1*

propensity: **to have a propensity for**

or to claonadh or luí a bheith agat le

217

Protestant

proper *adj* (*suited, right*) cóir, ceart;

(*seemly*) cuibhiúil; (*authentic*) dílis

properly *adv* go ceart, mar is ceart, mar is

cóir, i gceart

proper noun *n* ainm *m4* dílis

property *n* sealúchas *m1*; (*things owned*)

maoin *f2*; (*of chemical etc*) airí *m4*

prophecy *n* tairngreacht *f3*, fáistine *f4*

prophecy *vt* tairngir, tuar

prophet *n* fáidh *m4*

proportion *n* comhréir *f2*, coibhneas *m1*;

(*share*) cionmhaireacht *f3*

proportional, proportionate *adj*

comhréireach, cionmhar; **proportional**

to *i* gcoibhneas le

proposal *n* moladh *m*; (*plan*) scéim *f2*; (*of*

marriage) ceiliúr *m1* pósta

propose *vt* mol • *vi*: **to propose to s.o**

ceiliúr pósta a chur ar dhuine; **I propose**

to go there tá rún *or* súil agam dul ann,

tá sé ar intinn agam dul ann

proposition *n* moladh *m*, tairiscint *f3*

propriety *n* (*seemliness*) oiriúnacht *f3*

prose *n* (*not poetry*) próis *m1*

prosecute *vt* ionchúisigh

prosecution *n* ionchúiseamh *m1*;

(*accusing side*): **the prosecution** na

hionchúisitheoirí *mpl3*

prosecutor *n* (*also: public prosecutor*)

ionchúisitheoir *m3* an stáit; (*us: plaintiff*)

gearánaí *m4*

prospect *n* ionchas *m1* • *vt, vi* cuardaigh;

prospects *npl* (*for work etc*) ionchais *mpl1*

prospective *adj* (*future*) ionchasach; a

prospective priest ábhar sagairt

prospectus *n* réamheolaire *m4*

prosperity *n* (*wealth*) rathúnas *m1*;

(*success*) rath *m3*

prostitute *n* striapach *f2*, meirdreach *f2*

protect *vt* cosain, sábháil (ar)

protection *n* cosaint *f3*, scáth *m3*

protective *adj* cosantach; (*clothing,*

notice) cosanta *n* gen

protein *n* próitéin *f2*

protest *n* agóid *f2*; (*complaint*) casaoid *f2*

• *vi, vt* dearbhaigh; **to protest (that)**

gearán (go)

Protestant *adj, n* Protastúnach *m1*

protester

protester *n* agóideoir *m3*; **protesters** lucht *m3* agóide

protracted *adj* fada

protrude *vi* gob or saigh amach

proud *adj* bródúil, uaibhreach; (*pej*) leiththeadach

prove *vt, vi* cruthaigh; (*test*) promh

proverb *n* seanfhocal *m1*

provide *vt* soláthair, cuir ar fáil; **to provide sb with sth** rud a chur ar fáil or a sholáthar do dhuine

► **provide for** *vt fus (person)* riar ar; (*future event*) réitigh i gcomhair + *gen*

provided *conj*: **provided (that)** ar choinníoll (*go*)

providing *conj*: **providing (that)** ar choinníoll (*go*)

province *n* cúige *m4*; **the Province** (*Northern Ireland*) An Tuaisceart *m1*, na Sé Chontae

provincial *adj* cúigeach

provision *n* (*supplying*) soláthar *m1*, riar *m4*; (*stipulation*) cuntar *m1*, foráil *f3*;

provisions *npl* (*food*) lón *m1*

provisional *adj* sealadach

proviso *n* coinníoll *m1*, cuntar *m1*

provocative *adj* gríosaitheach

provoke *vt* (*incite*) saighid; (*inspire*) spreag

prow *n* srón *f2*

proress *n* (*talent*) cumas *m1*; (*bravery*) calmacht *f3*

prowl *vi* (*also*: **prowl about**, **prowl around**): **to prowl about** or **around** bheith ag smúrthacht thart ◊ *n*: **on the prowl** sa tseilg

prowler *n* sirtheoir *m3*

proxy *n* ionadaí *m4*

prudent *adj* críonna

prune *n* prúna *m4* ◊ *vt* bearr

pry *vi*: **to pry** bheith ag srónaíl

psalm *n* salm *m1*

pseudo- *prefix* bréag-

pseudonym *n* ainm *m4* cleite or bréige

psyche *n* síc *f4*

psychiatrist *n* síciatraí *m4*

psychic *adj* (*also*: **psychical**) síceach; (*person*) a bhfuil fios aige/aici

psychoanalyst *n* síocanailís *m4*

psychological *adj* síceolaíoch

psychologist *n* síceolaí *m4*

psychology *n* síceolaíocht *f3*

PTO *abbr* = **please turn over**

pub *n* (= *public house*) teach *m* tábhairne, pub *m4*, teach (an) díl

public *adj* poiblí ◊ *n*: **the public** an pobal *m1*; **in public** os comhair an phobail, go poiblí, os ard; **to make sth public** rud a phoiblíú

public address system *n* callairí *mpl4*

publican *n* tábhairneoir *m3*

public company *n* cuideachta *f4* phoiblí

public convenience *n* leithreas *m1* poiblí

public holiday *n* lá *m* saoire poiblí

public house *n* teach *m* tábhairne

publicity *n* poiblíocht *f3*

publicize *vt* poibligh

public opinion *n* dearcadh *m1* an phobail

public relations *n* cairdeamh *m1* poiblí

public school *n* (*BRIT*) scoil *f2*

phríobháideach; (*us*) scoil *f2* phoiblí

public-spirited *adj* daonnachtúil

public transport *n* córas *m1* iompair poiblí

publish *vt* foilsigh

publisher *n* foilsitheoir *m3*

publishing *n* foilsitheoireacht *f3*

pucker *vt* cuir roic i

pudding *n* maróg *f2*; (*sweet*) milseog *f2*; (*sausage*) putóg *f2*; **black pudding**, (*us*)

blood pudding putóg dhubh

puddle *n* sloán *m1*, lochán *m1* uisce

puff *n* puth *f2* ◊ *vt*: **to puff one's pipe** do phápa a smailcadh ◊ *vi* (*pant*) séid

puffed (out) (*inf*) *adj* (*out of breath*) séidte

puff pastry, (*us*) **puff paste** *n* taosrán *m1* blaoscach

puffy *adj* borruil

pull *n* (*tug*) tarraingt *f*, sracadh *m1*; **to give a pull** tarraingt a thabhairt ◊ *vt* tarraing, bain ◊ *vi* tarraing; **to pull to pieces** stróiceadh or sracadh a a chéile; **to pull one's weight** do chion féin a dhéanamh; **to pull o.s. together** misneach a ghlacadh; **to pull sb's leg** (*fig*) bob a bhualadh ar dhuine

► **pull apart** vt (*break*) tarraing or stróic as a chéile
 ► **pull down** vt (*house*) leag
 ► **pull in** vi (*AUT, RAIL*) tarraing isteach ar leataobh
 ► **pull off** vt: **he pulled off his clothes** bhain or chaith sé de a chuid éadaigh; (*deal etc*): **we pulled it off** d'éirigh linn
 ► **pull out** vi (*in car*) tarraing amach; (*of race, job*) éirigh as • vt tarraing amach
 ► **pull over** vi (*AUT*) tarraing or druid isteach i leataobh
 ► **pull through** vi tar slán as
 ► **pull up** vt, vi (*stop*) stad; (*uproot*) stoith
pulley n ulóg f2
pullover n geansaí m4
pulp n laíon m1
pulpit n crannóg f2, puilpid f2
pulsate vi frithbhuaíl
pulse n (*of blood*) cuisle f4; (*of heart*) frithbhualadh m; (*of music*) buille m4; (*BOT, CULIN*) piseánach m1; (*of engine*) bíog f2
pump n caidéal m1; (*shoe*) buimpéis f2; (*for tyres*) teannaire m4 • vt caidéalalagh
 ► **pump up** vt teann, cuir aer i
pumpkin n puimcín m4
pun n imeartas m1 focal
punch n (*with fist*) dorn m1; (*tool*) prítíl f2; (*drink*) puins m4 • vt (*hit*): **to punch sb** dorn a thabhairt do dhuine, dorn a bhualadh ar dhuine
punchline n focal m1 scoir
punch-up (*inf*) n troid f3, maicín m4
punctual adj poncúil
punctuation n poncaíocht f3
puncture n poll m1
pundit n scolardach m1
pungent adj géar
punish vt cuir pionós ar
punishment n pionós m1
punk n (*also: punk rocker*) punc m4; (*also: punk rock*) an punc; (*us: inf: hoodlum*) maistín m4
punt n (*IRL: pound*) punt m1; (*boat*) punta m4
punter n (*gambler*) gealltóir m3; (*inf*): **the punters** na custaiméirí mpl3

puny adj beag, suarach; (*effort*) scallta
pup n coileán m1
pupil n (*scol*) dalta m4; (*of eye*) mac m1 imrisc
puppet n puipéad m1
puppy n coileáinín m4
purchase n ceannach m1 • vt ceannaigh
purchaser n ceannaitheoir m3
pure adj íon, fíor-, glan-
purely adv: **it is purely ...** níl ann ach ...
purge n purgóid f2 • vt purgaigh
purple adj corcra
purport vi: **he was purported to be ...** bhí sé in ainm is a bheith ...
purpose n aidhm f2, cuspóir m3; **on purpose** d'aon turas, d'aon ghnó
purposeful adj díonghbháilte
purrr vi déan crónán
purse n (*BRIT: for money*) sparán m1; (*us: handbag*) mála m4 láimhe • vt crap
purser n (*NAUT*) sparánaí m4
pursue vt tóraigh, téigh sa tóir ar, lean
pursuit n tóir f3; (*pastime*) caitheamh m1 aimsire
push n brú m4; (*shove*) sonc m4; (*drive*) treallús m1 • vt brúigh, sáigh; (*thrust*): **to push sth (into)** rud a shá or bhrú (*isteach i*); (*product*) cuir chun cinn • vi brúigh; (*demand*) éiligh
 ► **push aside** vt brúigh ar leataobh
 ► **push off** (*inf*) vi: **push off!** gread leat!, bain as!
 ► **push on** vi (*continue*) téigh ar aghaidh, lean ort
 ► **push through** vi: **he pushed through the crowd** bhrúigh sé a bhealach tríd an slua • vt (*measure*) cuir á vótáil
 ► **push up** vt (*total, prices*) ardaigh, cuir suas
pushchair n bugaí m4 linbh
pusher n (*also: drug pusher*) díoltóir m3 drugaí
pushover (*inf*) n: **it's a pushover** níl ann ach caitheamh dairteanna
push-up (*us*) n = **press-up**
pushy (*pej*) adj lán de féin
puss, pussy (cat) (*inf*) n puisín m4
put vt cuir; (*say*) abair; **he put a question**

- to me** chuir sé ceist orm; (*case, view*) mínigh; (*estimate*) meas
- **put about** *vt* scaip; **they put about bad rumours** chuir siad drochráflaí thart
- **put across** *vt* (*ideas etc*) cuir in iúl, mínigh
- **put away** *vt* (*store*) cuir i dtaisce
- **put back** *vt* (*replace*) cuir ar ais; (*postpone*) cuir siar; (*delay*) cuir moill ar
- **put by** *vt* (*money*) cuir i dtaisce
- **put down** *vt* (*parcel etc*) cuir síos; (*suppress: revolt etc*) cuir faoi chois; (*animal*) maraigh
- **put down to** *vt* (*attribute*) cuir síos do
- **put forward** *vt* (*ideas*) mol, cuir chun cinn
- **put in** *vt* (*gas, electricity, application etc*) cuir isteach; (*time, effort*) caith
- **put off** *vt* (*light etc*) cuir as; (*postpone*) cuir ar an méar fhada; (*discourage*): **it put me off going** d'áitigh sé orm gan dul
- **put on** *vt* (*record, light etc*) cuir ar, siúl; (*clothes*) cuir ort; (*play etc*) léirigh; (*cook: food*) cuir síos; (*gain*): **to put on weight** titim chun meáchain, meáchan a chur suas; **to put the brakes on** teannadh ar na coscáin; **to put the kettle on** an citeal a chur síos
- **put out** *vt* (*cat, one's hand etc*) cuir amach; (*light etc*) cuir as; (*inconvenience: person*) cuir as do
- **put through** *vt* (*TEL, person*): **they put me through to John** chuir siad i dteagmháil le Seán mé; (*plan*) cuir i gcrích
- **put up** *vt* (*raise*) ardaigh, cuir suas; (*pin up*) cuir in airde; (*hang*) croch (suas); (*build*) tóg; (*tent*) cuir suas; (*increase*) ardaigh; (*accommodate*) tabhair lóistín do
- **put up with** *vt* *fus* cuir suas le
- putt** *n* amas *m1*
- putting green** *n* plásóg *f2* amais
- putty** *n* puití *m4*
- put-up** *adj*: **put-up job** gnó caimiléireachta
- puzzle** *n* dúcheist *f2*; (*jigsaw*) míreanna *fp12* mearaí • *vt*: **the problem puzzled the doctor** chuaigh an fhadhb sa mhúileann ar an dochtúir, bhí an fhadhb ag déanamh meadráin don dochtúir • *vi*: **the scientists puzzled over the information** chuir na heolaithe an t-eolas trí chéile ina n-intinn
- puzzling** *adj* mearbhlach
- pyjamas** *npl* pitseámaí *mpl4*
- pyramid** *n* pírimid *f2*
- Pyrenees** *npl*: **the Pyrenees** na Piréiní *mpl*
- pyrex** ® *n* píréis *f2*

Q

quack *n* (of duck) vác *m4*; (*pej*: doctor) potrálaí *m4*

quadrangle *n* (courtyard) cearnóg *f2*

quadruple *vt, vi* méadaigh faoi cheathair

quadruplets *npl* ceathrar *msg1* (in aon bhreith)

quagmire *n* sraith *f2* ghlugair, criathar *m1*

quail *n* (zool) gearg *f2* ♦ *vi*: to quail at or before scanrú roimh

quaint *adj* aisteach; (*house, village*) den seandéanamh

quake *vi* creathnaigh ♦ *n* (*also*:

earthquake) crith *m3* talún; to be

quaking with fear an croí a bheith ar crith i do chliabh

qualification *n* (degree etc) cáilíocht *f3*; (limitation) agús *m1*, coinníoll *m1*, maolú *m*

qualified *adj* (trained) oilte;

(professionally) cáilithe; (fit, competent)

in inmhe; (limited) maolaithe

qualify *vt* cáiligh; (*modify*) maolaigh ♦ *vi* (*SPORT*) fáigh tríd; she qualified as a

doctor tháinig sí amach ina dochtúir; he qualified for a pension bhain sé aois an

phinsin amach

quality *n* cáilíocht *f3*

quality control *n* rialú *m* cáilíochta

qualm *n* scrupall *m1*

quandary *n*: in a quandary idir dhá chomhairle

quantity *n* méid *m4*

quantity surveyor *n* suirbhéir *m3* cainníochta

quarantine *n* coraintín *m4*

quarrel *n* troid *f3*, gearmhroid *f3* ♦ *vi* troid; they began to quarrel d'éirigh eatarthu

quarrelsome *adj* imreasach, trodach

quarry *n* (for stone) cairéal *m1*; (*animal*) creach *f2*, seilg *f2*

quart *n* cárt *m1*

quarter *n* ceathrú *f*; (*us*: coin: 25 cents)

ceathrú dollair; (*of year*) ráithe *f4*;

(*district*) ceantar *m1* ♦ *vt* (*divide*) roinn

ina cheathrúna; a quarter of an hour

ceathrú *f* uaire; **quarters** *npl* (*living quarters*) áit *f2* chónaithe; (*ML*) ceathrú *fsg*

quarter final *n* cluiche *m4*

ceathrúcheannais

quarterly *adj* ráithiúil ♦ *adv* go ráithiúil

quartet(te) *n* ceathairéad *m1*

quartz *n* grianchloch *f2*

quash *vt* (*verdict*) cuir ar neamhní;

(*uprising*) cuir faoi chois

quaver *n* (*MUS*) camán *m1* ♦ *vi* crith

quay *n* (*also*: quayside) cé *f4*

queasy *adj*: to feel queasy masmas or samhnas a bheith ort

queen *n* banríon *f3*

queen mother *n* ríonmháthair *f*

queer *adj* aisteach; (*eccentric*) corr ♦ *n* (*infl*) piteog *f2*

quell *vt* cúnaigh; (*riot*) cuir faoi chois

quench *vt*: to quench one's thirst do thart a chosc

querulous *adj* casaoideach, clamhsánach

query *n* ceist *f2* ♦ *vt* ceistigh

quest *n* cuardach *m1*

question *n* ceist *f2* ♦ *vt* (*person*) ceistigh;

(*doubt*) cuir amhras ar; beyond question

gan aon agó; it is out of the question

níl sé sin ar dhíslí, níl sé sin indéanta; to

pop the question an focal a rá

questionable *adj* amhrasach

question mark *n* comhartha *m4* ceiste

questionnaire *n* ceistiúchán *m1*

queue *n* scuaine *f4*, ciú *m4* ♦ *vi* (*also*:

queue up) téigh i scuaine, ciúáil

quibble *vi* bheith ag caillicéireacht

quick *adj* tapa, gasta, mear; (*intelligent*)

aibí ♦ *n*: that cut her to the quick (*fig*)

ghoil sin go dtí an croí uirthi; be quick!

déan deifir!; as quick as a flash chomh

gasta le splanc

quicken *vt* luathaigh; to quicken one's

step do choisceim a ghéarú

quickly

quickly *adv* go tapa, go gasta

quicksand *n* gaineamh *m1* beo

quick-witted *adj* géarintinneach

quid (*inf*) *n* punt *m1*

quiet *adj* (*peaceful*) suaimhneach; (*silent*)

ciúin ♦ *n* suaimhneas *m1*; ciúnas *m1* ♦ *vt*,

vi (*us*) = **quieten**; **keep quiet!** bí i do

thost!; **to keep quiet about sth** rún a

dhéanamh ar rud

quieten *vi* (*also*: **quieten down**)

suaimhnigh ♦ *vt* tabhair chun

suaimhnis; (*child*) cealg

quietly *adv* go suaimhneach, go ciúin

quietness *n* suaimhneas *m1*, ciúnas *m1*

quilt *n* cuilt *f2*

quintuplets *npl* cúigear *msg1* (in aon

bhreith)

quip *n* focal *m1* grinn, ciúta *m4*

quirk *n* (*oddity*) aiste *f4*, dóigh de do

chuid féin

quit *vt* fág; (*smoking, grumbling*) éirigh as

♦ *vi* (*give up, resign*) éirigh as

222

quote

quite *adv* (*rather*) go maith; (*entirely*) ar fad; **I don't quite know** níl a fhios agam (go) baileach; **I quite understand** tuigim go maith; **quite a few of them** cuid

mhaith acu; **quite (so)!** sin é go díreach!

quits *adj*: **quits (with)** cúiteach (le); **let's**

call it quits abraimís go bhfuilimid

cúiteach le chéile

quiver *vi* crith, bheith ar crith

quiz *n* (*game*) tráth *m3* na gceist ♦ *vt*

ceistigh

quizzical *adj* ceisteach

quota *n* cuóta *m4*, cion *m4*

quotation *n* athfhriotail *m1*, sliocht *m3*;

(*estimate*) praghas *m1* luaite

quotation marks *npl* comharthaí *mpl4*

athfhriotail

quote *n* sliocht *m3*; (*estimate*) praghas *m1*

luaite; (*statement*) caint *f2* dhíreach ♦ *vt*

luaigh; **quotes** *npl* comharthaí *mpl4*

athfhriotail

R

- rabbi** *n* raibí *m4*
rabbit *n* coinín *m4*
rabbit hutch *n* cró *m4* coinín
rabble (*pej*) *n* daoscarshlua *m4*
rabies *n* confadh *m1*
rac(c)oon *n* racún *m1*
race *n* (*species*) cine *m4*; (*competition, rush*) rás *m3* ♦ *vt* (*horse*) rith ♦ *vi* (*compete*) rith; (*hurry*) deifriugh; (*engine*) rásáil; **his pulse was racing** bhí gal reatha faoina chuisele
race car (*us*) *n* carr *m1* rása
race car driver *n* (*us*) tiománaí *m4* rása
racecourse *n* ráschúrsa *m4*
racehorse *n* capall *m1* rása
racetrack *n* raon *m1* rásaí
racial *adj* ciníoch
racing *n* rásaíocht *f3*
racing car *n* carr *m1* rása
racing driver *n* tiománaí *m4* rása
racism *n* ciníochas *m1*
racist *adj* ciníoch ♦ *n* ciníocháí *m4*
rack *n* (*for guns, tools*) raca *m4*; (*also: luggage rack*) raca bagáiste; (*also: roof rack*) raca dín; (*dish rack*) raca gréithre ♦ *vt* ciap; **to rack one's brains** do chuimhne a chíoradh; **to go to rack and ruin** imeacht chun raice
racket *n* (*for tennis*) raicéad *m1*; (*noise*) callán *m1*, racán *m1*, raic *f2*; (*swindle*) camastail *f3*
racquet *n* raicéad *m1*
racy *adj* anamúil; (*novel, behaviour*) graosta
radar *n* radar *m1*
radial *adj* (*also: radial-ply*) radúil
radiant *adj* dealraitheach
radiate *vt, vi* (*heat*) radaigh
radiation *n* radaíocht *f3*
radiator *n* radaitheoir *m3*
radical *adj* radacach
radio *n* raidió *m4* ♦ *vt* craol; **on the radio** ar an raidió
radioactive *adj* radaighníomhach
radio station *n* stáisiún *m1* raidió
radish *n* raidis *f2*
radius *n* ga *m4*; (*range*) raon *m1*
raffle *n* crannchur *m1*
raft *n* (*craft: also: life raft*) rafta *m4*
rafter *n* rachta *m4*
rag *n* giobal *m1*, ceirt *f2*; (*pej: newspaper*) liarlóg *f2*; (*student rag*) cifleog *f2* mac léinn; **to be in rags** bheith sna bratóga
rag doll *n* babóg *f2* éadaigh
rage *n* cuthach *m1*, fraoch *m1* ♦ *vi: to rage* (*person*) bheith ar buile or ar mire; (*storm*) bheith ina ghála or ina stoirm; **it's all the rage** tá sé an-fhaiseanta, tá sé go mór san fhaisean
ragged *adj* (*edge*) spiacánach; (*clothes*) bratógach, gioblach; (*appearance*) sraoilteach, gioblach
raid *n* (*attack, also MIL, POLICE*) ruathar *m1*, ionsaí *m*; (*criminal*) ruaig *f2* chreiche ♦ *vt* déan ruathar ar
rail *n* ráille *m4*, slat *f2*; **rails** *npl* (*track*) ráillí *mpl4*; **by rail** leis or ar an traein
railing(s) *n(pl)* ráillí *mpl4*
railroad (*us*), **railway** (*brit*) *n* (*track*) iarnród *m1*, bóthar *m1* iarainn
railway line (*brit*) *n* iarnród *m1*, bóthar *m1* iarainn
railwayman *n* oibrí *m4* iarnróid
railway station (*brit*) *n* stáisiún *m1* traenach
rain *n* fearthainn *f2*, báisteach *f2* ♦ *vi: to rain* bheith ag cur fearthainne or báistí, bheith ag báisteach; **in the rain** faoin bhfearthainn, san fhearthainn; **it's raining** tá sé ag cur fearthainne or báistí, tá sé ag báisteach
rainbow *n* bogha *m4* báistí, tuar *m1* ceatha
raincoat *n* cóta *m4* báistí
raindrop *n* deoir *f2* fhearthainne
rainfall *n* báisteach *f2*; (*measurement*) fluichras *m1*
rainforest *n* foraois *f2* bháistí

rainy *adj* báistiúil, fliuch

raise *n* ardú *m* • *vt* (*lift*) ardaigh, tóg; (*increase*) méadaigh; (*morale, standards*) ardaigh; (*question, doubt*) tarraing anuas; (*cattle, family*) tóg; (*crop*) saothraigh; (*army, funds, loan*) bailligh, cruinnigh; **to raise one's voice** do ghlór a ardú

raisin *n* risín *m4*

rake *n* (*tool*) ráca *m4* • *vt* (*garden, leaves*) rácaíl; (*with machine gun*) déan scuablámhach ar, criathraigh

rally *n* (*AUT*) railí *m4*; (*POL etc*) slógadh *m1*, cruinniú *m*; (*TENNIS*) railí *m4* • *vt* (*support*) cruinnigh • *vi* (*sick person*) tar chugat féin; (*ST EX*) tar aniar

► **rally round** *vt fus* cruinnigh thart ar

RAM *n abbr* (*COMPUT*) (= *random access memory*) cuimhne *f4* randamrochtana

ram *n* reithe *m4* • *vt* pulc; (*crash into*) tuairteáil, sáinnigh

ramble *n* spaisteoireacht *f3* • *vi*: **to ramble** (*walk*) bheith ag spaisteoireacht; (*talk*: also: **ramble on**) bheith ag rámhaille

rambler *n* fánaí *m4*, cóstóir *m3*; (*BOT*) planda *m4* dreaptha

rambling *adj* (*speech*) scaipthe; (*BOT*) dreaptha

ramp *n* (*incline*) fánán *m1*; **on/off ramp** (*AUT*) sliosbhóthar *m1* isteach/amach

rampage *n*: **they went on the rampage** rinne siad scrios agus slad

rampant *adj* (*disease etc*) rábach, forleathan

ramshackle *adj* raiceáilte; **ramshackle house** raingléis tí

ranch *n* rainse *m4*

rancid *adj* bréan, lofa

rancour, (*us*) **rancor** *n* mioscáis *f2*, faltanas *m1*

random *adj* fánach, corr; (*TECH*) randamach • *n*: **at random** go fánach; (*TECH*) go randamach

random access *n* (*COMPUT*) randamrochtain *f3*

randy (*inf*) *adj* drúisiúil, macnasach, adharcach

range *n* (*of mountains*) sliabhraon *m1*; (*of*

missile, voice) raon *m1*; (*of products*) réimse *m4*; (*MIL*: also: **shooting range**) raon lámhaigh; (also: **kitchen range**) sorn *m1* • *vt* (*place in a line*) rangaigh • *vi*: **to range over** (*extend*) síneadh (*thar*); **to range from ... to** bheith sa réimse ó ... go

ranger *n* maor *m1* páirce

rank *n* céimíocht *f3*; (*MIL*) rang *m3*; (also: **taxi rank**) stad *m4* tacsáí • *vi*: **to rank among** bheith ar • *adj* (*stinking*) bréan; **the rank and file** (*fig*) an gnáthbhallra

rankle *vi* (*insult*) goill ar

ransack *vt* ransaigh; (*plunder*) creach

ransom *n* fuascailt *f2*; **to hold sb to**

ransom duine a chur ar fuascailt

rant *vi*: **to rant** bheith ag callaireacht

rap *vt* buail smitín ar; (*door*) cnag ar, buail cnag ar • *n*: **rap music** rapcheol *m1*

rape *n* éigniú *m*; (*BOT*) ráib *f2* • *vt* éignigh

rape(seed) oil *n* ola *f4* ráibe

rapid *adj* tapa, gasta

rapids *npl* (*GEOG*) fánstruth *msg3*

rapist *n* éigneoir *m3*

rapport *n* comhthuisicint *f3*

rapture *n* néal *m1* aoibhnis

rapturous *adj* sceitimíneach

rare *adj* annamh; (*CULIN*, *steak*)

tearbhruite

raring *adj*: **she was raring to go** (*inf*) bhí sí ar bior le himeacht

rascal *n* cuilceach *m1*, rógaire *m4*

rash *adj* tobann • *n* (*MED*) gríos *m1*; (*spate: of events*) ráig *f2*

rasher *n* slisín *m4*

raspberry *n* sú *f4* craobh

raspberry bush *n* tor *m1* sútha craobh

rat *n* francach *m1*, luch *f2* or luchóg *f2*

mhór

rate *n* ráta *m4*; (*speed*) luas *m1*; (*price*)

táille *f4*, ráta • *vt* meas; **rates** *npl* (*on property*) rátaí *mpl4*, gearrthacha *mpl*;

(*fees*) táillí *fp4*; **to rate sb/sth as**

duine/rud a áireamh mar

rateable value *n* luach *m3* inráitithe

ratepayer *n* íocóir *m3* rátaí

rather *adv* beagán, pas (beag), rud beag;

it's rather expensive tá sé daor go leor,

tá sé cineál daor; (*too much*) tá sé pas daor; **there's rather a lot** tá measarthacht ann, tá cuid mhaith ann; **I would or I'd rather go** b'fhéarr liom imeacht

rating *n* (*assessment*) meastachán *m1*; (*score*) grádú *m*; (*NAUT, sailor*) grád *m1* (mairnéalaigh); (*COMM*) rátáil; **ratings** *npl* (*RADIO, TV*) scór *m1* féachana

ratio *n* coibhneas *m1*

rational *n* ciondál *f3*

rational *adj* réasúnach; (*solution, reasoning*) céillí, ciallmhar

rationale *n* réasúnaíocht *f3*

rationalize *vt* réasúnaigh

rat race *n*: **the rat race** coimhlint *f2* an fhíll

rattle *n* (*of door, window*) bualadh *m*; (*of coins, chain*) gliogar *m1*; (*of train, engine*) cleatar *m1*; (*object: for baby*) gligín *m4*

• *vi*: **to rattle** bheith ag gliogarnach; (*car, bus*): **to rattle along** bheith ag cleatrál leis • *vt* bain gliogarnach as; (*unnerve*) bain croitheadh as, cuir trína chéile

rattlesnake *n* nathair *f* shligreach

raucous *adj* grágach; (*noisy*) callánach

rave *vi*: **to rave** bheith ag cur i dtíortha; (*MED*) bheith ag rámhaille, bheith as do mheabhair

rave music *n* rámhcheol *m1*

raven *n* fiach *m1* dubh

ravenous *adj* craosach, amplach

ravine *n* cumar *m1*, altán *m1*, ailt *f2*

raving *adj* (ar) mire • *n* rámhaille *f4*

ravishing *adj* sárálainn, sciamhach

raw *adj* (*uncooked*) amh; (*not processed*) amh-, bun-; (*sore*) dearg; (*inexperienced*) neamhoilte; (*weather, day*) feanntach

raw deal (*inf*) *n* margadh *m1* éagórach

raw material *n* bunábhar *m1*, amhábhar *m1*

ray *n* ga *m4*; **ray of hope** léaró *m4* dóchais

raze *vt* (*also: raze to the ground*) leag go talamh

razor *n* rásúr *m1*

razor blade *n* lann *f2* rásúir

re *prep* maidir le, i dtaca le, i dtaobh + *gen*

reach *n* fad *m1* láimhe; (*of river etc*) réimse *m4* • *vt* sroich, bain amach; (*conclusion, decision*) tar ar • *vi* sín; **out of his reach** as a aice; **within his reach** faoi fhad láimhe de; **within reach of the shops** i gcóngar na siopaí, faoi fhad siúil de na siopaí

► **reach out** *vt, vi* sín amach

react *vi* freagair

reaction *n* freagairt *f3*; (*PHYS etc*) imoibriú *m*

reactor *n* freasaitheoir *m3*

read *vi* léigh • *vt* léigh; (*understand*) tuig (as); (*study*) déan staidéar ar

► **read out** *vt* léigh os ard or amach

readable *adj* soléite, inléite

reader *n* léitheoir *m3*

readily *adv* go toilteanach, go réidh; (*easily*) gan stró, go furasta, go héasca, go sásta

readiness *n* réidhe *f4*; **in readiness** (*prepared*) ullamh, réidh

reading *n* léamh *m1*; (*understanding*) tuiscint *f3*

readout (*COMPUT*) *n* asléamh *m1*

ready *adj* réidh; (*willing*) toilteanach; (*available*) éasca, ar fáil • *n*: **at the ready** (*MIL*) ar tinneall; **get ready** ullmhaigh • *vt* ullmhaigh

ready-made *adj* réamhdhéanta; (*convenient*) áisiúil

ready money *n* airgead *m1* réidh

ready-to-wear *adj* réidh le caitheamh

real *adj* fíor, ceart; (*COMM*) nithiúil; **in real terms** i dtéarmaí réadacha

real estate *n* eastát *m1* réadach

realistic *adj* réadúil

reality *n* réaltacht *f3*; **in reality** dáiríre, i ndáiríre

realization *n* (*awareness*) tuiscint *f3*; (*fulfilment, also: of asset*) réadú *m*

realize *vt* (*understand*) tuig, aithin; (*a project, COMM, asset*) réadaigh

really *adv* go fírinneach, dáiríre, i ndáiríre; (*very*) an-; **really sad** an-bhrónach; **really?** dáiríre?, i ndáiríre?

realm *n* ríocht *f3*; (*fig*) cúrsaí *mpl4*

realtor ® (*us*) *n* gníomhaire *m4* eastáit

reap *vt* bain, buain

reappear *vi* nocht arís

rear *adj* cúil *n gen*, deiridh *n gen*; (*AUT*, *wheel etc*) deiridh • *n* cúl *m1* • *vt* (*cattle, family*) tóg • *vi* (*also: rear up: animal*) éirigh ar na cosa deiridh

rearguard *n* (*ML*) cúlgharda *m4*

rear-view mirror *n* (*AUT*) scáthán *m1* cúlradhairc

reason *n* (*sense*) ciall *f2*, réasún *m1*;

(*cause*) cúis *f2*, fáth *m3*, údar *m1* • *vi*: **to**

reason with sb dul chun réasúin le duine; **to have reason to think sth** cúis or ábhar a bheith agat rud a shíleadh; **it stands to reason that ...** luíonn sé le ciall go ..., tig sé le réasún go

reasonable *adj* ciallmhar; (*not bad*)

réasúnta, measartha

reasonably *adv* (go) réasúnta

reasoning *n* réasúnaíocht *f3*

reassurance *n* sólás *m1*, faoiseamh *m1*;

(*factual*) athdhearbhú *m*

reassure *vt* cuir ar a shuaimhneas;

(*factual*) athdhearbhagh

rebate *n* lacáiste *m4*

rebel *n* ceannairceach *m1* • *vi* téigh chun

ceannairce, éirigh amach

rebellious *adj* ceannairceach, reibiliúnach

rebound *vi* (*ball*) athphreab, preab ar ais

• *n* athphreab *f2*; **to marry on the**

rebound pósadh d'athléim

rebuff *n* gonc *m1*

rebuke *vt* aifir, ceartaigh, tabhair achasán

do

rebut *vt* bréagnaigh

recall *vt* athghair, tabhair chun cuimhne;

(*remember*) cuimhnigh ar, smaoinigh ar;

(*horses, book*) tarraing siar • *n* athghairm

f2; (*ability to remember*) cuimhne *f4*

recant *vi* déan séanadh

recap, recapitulate *vt, vi* achoimrigh

recede *vi* cúlaih; (*tide*) tráigh

receipt *n* (*for parcel etc*) admháil *f3*;

(*amount received*) fáltas *m1*; (*act of receiving*) glacadh *m*; **receipts** *npl* (*COMM*) fáltais *mpl1*

receive *vt* faigh, glac; (*visitor*) fáiltigh roimh

receiver *n* glacadóir *m3*

recent *adj* deireanach

recently *adv* ar na mallaibh, le déanaí, le deireanas, go deireanach

receptacle *n* gabhdán *m1*, soitheach *m1*

reception *n* (*on radio*) glacadh *m*;

(*welcome*) fáiltiú *m*

reception desk *n* deasc *f2* fáiltithe

receptionist *n* fáilteoir *m3*

recess *n* (*in room*) caibhead *m1*; (*secret*

place) prochóg *f2*; (*POE etc, holiday*) tráth

m3 scoir, am *m3* scoir

recession *n* meathlú *m*, cúlú *m*, lag *m1* trá

recipe *n* oideas *m1*

recipient *n* faighteoir *m3*

recital *n* (*of poetry etc*) aithris *f2*,

aithriseoireacht *f3*; (*MUS*) ceadal *m1*

recite *vt* (*poem*) aithris

reckless *adj* (*driver etc*) meargánta

reckon *vt* (*count*) áirigh, cuntais,

comhairigh; (*think*): **I reckon that ...**

ceapaim or measaim or sílim go ..., tá mé ag déanamh (amach) go ...

reckoning *n* áireamh *m1*, cuntas *m1*,

comhaireamh *m1*, reicneáil *f3*

reclaim *vt* (*demand back*) faigh or iarr ar

ais; (*land: from sea*) tabhair chun

míntireachais; (*waste materials*)

athchúrsáil

recline *vi* luigh siar, bheith ar do leaslú

reclining *adj* (*seat*) inchlaonta

recluse *n* díthreabhach *m1*, aonarán *m1*

recognition *n* aitheantas *m1*; **to gain**

recognition aitheantas a fháil; **beyond**

recognition as aithne

recognize *vt* aithin

recoil *vi* (*person*): **to recoil (from)** cúbadh

(siar ó), cúlú (siar ó); **he recoiled from**

doing it ní bhfuair sé ann féin é a

dhéanamh • *n* (*of gun*) speach *f2*

recollect *vt* cuimhnigh ar, smaoinigh ar,

meabhraigh ar

recollection *n* cuimhne *f4*

recommend *vt* mol

reconcile *vt* (*two people*) déan

athmhuintearas idir; (*two facts*) déan

réiteach idir; **to reconcile o.s. to do**

thoil a chur le

recondition

recondition *vt* athchóirigh

reconnoître, (US) **reconnoiter** *vt* (MIL) taiscéal

reconstruct *vt* (*building*) atóg, tóg arís; (*crime, policy, system*) athchum, cum arís

record *n* taifead *m1*; (*of meeting etc*) cuntas *m1*; (*register*) rolla *m4*; (*file*) cáipéis *f2*; (*also: criminal record*) teist *f2* choiriúil; (*MUS*) ceirnín *m4*; (*SPORT*) curiarracht *f3* • *vt* (*set down*) cláraigh, scríobh síos; (*MUS, song etc*) taifead; **in record time** i gcuriarracht ama; **off the record** i modh rúin

record card *n* (*in file*) cárta *m4* innéacs
recorded delivery letter *n* seachadadh *m* taifeadta

recorder *n* (*MUS*) fliúit *f2* Shasanach

record holder *n* (*SPORT*) curiarrachtaí *m4*

recording *n* (*MUS*) taifeadadh *m*

record player *n* seinnteoir *m3* ceirníní

recount *vt* inis, aithris

re-count *n* (*POL, of votes*)

athchomhaireamh *m1* • *vt* athchomhair
recoup *vt*: **to recoup one's losses** do chaill a chúiteamh, do bhris a thabhairt isteach

recourse *n*: **to have recourse to** dul i muinín + *gen*

recover *vt* faigh ar ais *or* arís • *vi*: **to recover (from)** (*illness*) biseach a fháil (ó), teacht (as), teacht chugat féin; (*shock*) teacht chugat féin (i ndiaidh + *gen*)

recovery *n* (*retrieval*) athghabháil *f3*; (*recuperation*) biseach *m1*; (*ECON*) téarnamh *m1*

recreation *n* caitheamh *m1* aimsire

recreational *adj* pléisiúir *n gen*

recruit *n* earcach *m1* • *vt* earcaigh

rectangle *n* dronuilleog *f2*

rectangular *adj* dronuilleogach

rectify *vt* (*error*) ceartaigh, cuir ina cheart

rector *n* (*REL*) reachtaire *m4*

recuperate *vi* bisigh, feabhsaigh • *vt* faigh ar ais

recur *vi* atarlaigh; (*symptoms*) fill, athfhill

recurrence *n* atarlú *m*; (*of symptoms*) athfhillleadh *m*

227

refectory

recurrent *adj* athfhillteach; **I have**

recurrent headaches bíonn tinneas cinn ag ruaigeadh orm

recycle *vt* athchúrsáil

red *n* dearg *m1*; (*POL: pej*) Cumannaí *m4*

• *adj* dearg; (*hair*) rua; **in the red** (*account*) i bhfiacha

Red Cross *n* an Chros *f2* Dhearg

redcurrant *n* cuirín *m4* dearg

redde *vt, vi* dearg

reddish *adj* scothdhearg; (*hair*) scothrua

redeem *vt* (*debt*) fuascail; (*fig, also REL*) slánaigh

redeeming *adj* (*feature*) cúiteach

redeploy *vt* (*resources*) atheagraigh,

athroinn

red-haired *adj* rua

red-handed *adj*: **I was caught**

red-handed rugadh maol orm

redhead *n* ruaifholtach *m1*

red-hot *adj* dearg te

redirect *vt* (*mail*) athsheol

red light *n* (*AUT*) solas *m1* dearg

redo *vt* déan arís, athdhéan

redress *n* cúiteamh *m1* • *vt* ceartaigh, cuir ina cheart

Red Sea *n*: **the Red Sea** an Mhuir *f3* Rua

redskin *n* Indiach *m1* dearg

reduce *vt* laghdaigh, maolaigh, moilligh; (*lower*) ísleigh; **"reduce speed now"** (*AUT*) "go mall"

reduction *n* laghdú *m*; (*discount*) lascaine *f4*

redundancy *n* iomarcaíocht *f3*

redundant *adj* (*worker*) iomarcach, as obair, difhostaithe; (*detail, object*) díomhaoin, gan feidhm; **to be made**

redundant do phost a chailleadh

reed *n* giolcach *f2*

reef *n* (*at sea*) sceir *f2*

reek *vi*: **the hall reeks of smoke** tá an

halla bréan le toit

reel *n* (*of thread*) ceirtlín *m4*; (*FISHING*)

roithléan *m1*, crann *m1* tochráis; (*CINE*) ríl *f2*; (*dance*) cor *m1*, ríl *f2* • *vi*: **to reel**

(*sway*) bheith ag stámhailleadh

ref (*inf*) *n abbr* = **referee**

refectory *n* prainnteach *m*

refer vt: to refer sb to duine a sheoladh chuigi, duine a chur faoi bhráid + gen; (*dispute, decision*): to refer sth to rud a chur faoi bhráid + gen • vi: refer to (*allude to*) tagair do, luaigh; (*consult*) ceadaign le, téigh or gabh i gcomhairle le
referee n réiteoir m3; (*for job application*) teistiméir m3

reference n (*remittal*) tarchur m1; (*mention*) tagairt f3; (*for job application: letter*) teastas m1, teistiméireacht f3; **with reference to** (*COMM, in letter*) maidir le, i dtaca le

reference book n leabhar m1 tagartha

refill vt athlíoan • n (*for pen etc*) athlíoanadh m

refine vt (*sugar, oil*) scag, athscag; (*taste*) tabhair chun míneadais; (*theory, idea*) foirfígh, tabhair chun foirfeachta

refined adj (*person, taste*) deismíneach
reflect vt (*light, image*) frithchaith; (*fig*) cuir in iúl, léirigh • vi (*think*) smaoinigh (ar), meabhraigh (ar), machnaigh (ar); **it reflects badly on him** is olc an mhaise air é

reflection n (*contemplation*) athmhachnamh m1; (*image*) scáil f2; (*criticism*) míchlú m4; **on reflection** ar athmhachnamh

reflex adj athfhillteach; (*PHYSIOL*) frithluailleach • n athfhillleadh m; (*PHYSIOL*) frithluail f2

reflexive adj (*LING*) athfhillteach

reform n leasú m • vt leasaigh

Reformation n: the Reformation an Reifirméisean m1, an tAthrú m Creidimh

reformatory (*US*) n scoil f2 cheartúcháin

refrain vi: to refrain from doing sth

staonadh ó rud a dhéanamh • n loinneog f2, curfá m4

refresh vt úraigh; (*subj: sleep*) cuir athbhrí i

refresher course n cúrsa m4

athnuachana

refreshing adj (*drink*) íocshláinteach; (*sleep*) uaimhneach, athbhríoch

refreshments npl sólaistí pl;

refreshments available bia agus deoch

ar fáil

refrigerator n cuisneoir m3

refuel vi athbhreoslaigh

refuge n tearmann m1, dídean f2; **to take**

refuge in dul ar do chaomhnú i, dul ar tearmann i

refugee n dídeánaí m4

refund n aisíoc m3, athchistiú m • vt

aisíoc, athchistigh

refurbish vt athchóirigh, athdheisigh

refusal n diúltú m, eiteach m1; **to have**

first refusal on an chéad eiteach or diúltú a bheith agat ar

refuse¹ vt, vi diúltaigh

refuse² n bruscar m1, dramháil f3

refuse collection n bailiú m bruscair

regain vt faigh ar ais, athghnóthaigh

regal adj ríoga, ríúil

regard n aird f2; (*respect*) meas m3, ómós

m1 • vt breathnaigh, amharc, féach ar;

(*heed*) tabhair aird ar; **to give one's**

regards to do dhea-mhéin a chur in iúl

do; **"with kindest regards"** "le gach dea-mhéin", "le gach beannacht"; **give him my regards** tabhair mo bheannacht dó; **as regards, with regard to =**

regarding

regarding prep maidir le, i dtaca le

regardless adv ar aon chaoi, ina

ainneoin sin; **regardless of** beag beann ar, ar neamhhead do

régime n réim f2, córas m1

regiment n reisimint f2

regimental adj reisimintiúil

region n réigiún m1, ceantar m1, dúiche

f4; **in the region of** (*fig*) timpeall + gen,

thart ar, tuairim is

regional adj réigiúnach

register n clár m1, rolla m4; (*also:*

electoral register) rolla m4 toghcháin;

(*US: also: cash register*) scipéad m1; (*LING*)

réim f2 • vt cláraigh • vi cláraigh; (*make*

impression) téigh or gabh i bhfeidhm ar

registered adj (*letter, parcel*) cláraithe

registered trademark n trádhmharc m1

cláraithe

registrar n cláraitheoir m3

registration n clárú m; (*AUT: also:*

registration number uimhir f chláráithe
registry n clárann f2

registry office n clárann f2; **to get married in a registry office** pósadh i gclárann

regret n aithreachas m1, aiféala m4 • vt: I **deeply regret it** tá aithreachas orm faoi, is oth liom é

regretfully adv ar an drochuair

regular adj rialta, féilteúil; (usual) gnáth-; (soldier) seasta • n (client etc) gnáthóir m3, gnáthchustaiméir m3

regularly adv go rialta, go tomhaiste

regulate vt rialaigh

regulation n (rule) riail f, rialachán m1; (adjustment) rialú m

rehabilitation n (of offender) athoilúint f; (of addict) athshlánú m

rehearsal n cleachtadh m1

rehearse vt cleacht

reign n réimeas m1 • vi rialaigh, bheith i réim

reimburse vt aisíoc, cúitigh (le)

rein n (for horse) srian m1

reindeer n réinfhia m4

reinforce vt treisigh, neartaigh

reinforced concrete n coinchréit f2
threísithe

reinforcements npl (MIL) trúpaí mpl4
athneartaithé

reinstate vt cuir ar ais

reject n (COMM) colfairt f2 • vt cuileáil; (idea) diúltaigh do, cuir suas de

rejection n diúltú m

rejoice vi: **to rejoice (at or over)**
ollghairdeas a dhéanamh (faoi)

rejuvenate vt athnuaigh

relapse n (MED) athiompú m

relate vt (tell) aithris, inis; (connect) nasc, ceangail • vi: **this relates to** baineann seo le; **to relate to sb** dáimh a bheith agat le duine

related adj gaolmhar, muinteartha

relating to prep ag baint le

relation n (person) gaol m1, duine m4
muinteartha; (link) nasc m1; **public**

relations caidreamh m1 poiblí

relationship n baint f2, ceangal m1;

(personal ties) caidreamh m1; (also: family relationship) gaol m1

relative n gaol m1, duine m4 muinteartha
• adj coibhneasta; (by comparison)
réasúnta; **all her relatives** a gaolta uile,
iomlán a muintire

relatively adv: **relatively easy** measartha
or réasúnta furasta, éasca go leor

relax vi (muscle) bog; (person: unwind)

glac do shuaimhneas, lig do scíth,
tabhair faoiseamh duit féin • vt bog,
scaoil; (mind, person) socraigh (síos); **the music relaxes him** cuireann an ceol ar a shuaimhneas é

relaxation n scíth f2; (of mind) faoiseamh m1; (recreation) caitheamh m1 aimsire

relaxed adj suaimhneach, réidh, ar do shocairshuaimhneas

relaxing adj suaimhnitheach

relay n (SPORT) sealaíocht f3 • vt (message) leaschraol

release n (from prison, obligation)

fuascaill f2, scaoileadh m; (of gas etc) scaoileadh; (of film etc) eisiúint f3 • vt (prisoner) fuascail, scaoil or lig amach; (gas etc) scaoil; (free: from wreckage etc) saor; (TECH, catch, spring etc) scaoil; (book, film) cuir amach; (report, news) scaoil

relegate vt tabhair céim síos do, tabhair íslíú céime do; (SPORT): **they were**

relegated cuireadh síos iad

relent vi maolaigh

relentless adj neamhthrócaireach;

(unceasing) gan staonadh, gan stad
relevant adj (question) ag baint le hábhar,
ábhartha; **relevant to** bainteach le

reliable adj (person, firm) iontaofa,
muinínach; (method, machine)
buanseasmhach; (news, information)
údarásach

reliably adv go húdarásach

reliance n (on person) iontaoibh f2,
muinín f2; (on drugs, promises)
tuilleamaí m4

relic n (REL) taisí fpl4; (of the past) iarsma m4

relief n (from pain, anxiety etc) faoiseamh m1; (help, supplies) fóirínt f2; (ART,

GEOL rilíf *f2*

relieve *vt* (*pain, fear, worry*) maolaigh; (*patient*) tabhair faoiseamh do; (*bring help*) fóir ar; (*take over from: gen*) glac áit + *gen*; (: *guard*) déan uainíocht ar; **to relieve sb of sth** rud a bhaint de dhuine; **to relieve o.s.** cnaipe a scaoileadh

religion *n* creideamh *m1*, reiligiún *m1*

religious *adj* reiligiúnda; (*order*) rialta; (*book, person*) cráifeach

relinquish *vt* lig uait; (*plan, habit*) éirigh as

relish *n* (*CULIN*) anlann *m1*; (*enjoyment*) díograis *f2* • *vt* (*food etc*) faigh blas ar; **to relish doing sth** rud a dhéanamh le fonn

relocate *vt* athaimigh • *vi* athlonnigh

reluctance *n* drogall *m1*, leisce *f4*

reluctant *adj* drogallach; **to be reluctant to do sth** leisce or drogall a bheith ort rud a dhéanamh

reluctantly *adv* go drogallach, go leisciúil

rely on *vt* *fus* (*be dependent*) braith ar;

(*trust*): **to rely on sb** muinín or iontaoibh a bheith agat as duine

remain *vi* fan, mair

remainder *n* fuilleach *m1*; **the**

remainder of her life an chuid eile dá saol

remaining *adj*: **the remaining pictures** an chuid eile de na pictiúir, fuilleach na bpictiúir

remains *npl* fuilleach *msg1*; (*body*) corp *msg1*; (*of animal etc*) conablaigh *m1*

remand *n*: **on remand** ar coimeád • *vt*: **he was remanded (in custody)**

athchuireadh faoi choimeád é

remark *n* focal *m1*; **to pass remarks on** caidéis a fháil do • *vt* sonraigh, tabhair faoi deara; **remark on** tagair do

remarkable *adj* sonraíoch; (*wonderful*) iontach

remedial *adj* (*tuition, classes*) feabhais *n gen*; **remedial exercises** cleachtaí leasúcháin or feabhais

remedy *n*: **remedy (for)** leigheas *m1* (ar) • *vt* leigheas

remember *vt* cuimhnigh (ar); **she**

remembers is cuimhin léi, tá cuimhne

aici ar; (*send greetings*): **remember me to him** beir mo bheannacht chuige, abair leis go raibh mé ag cur a thuairisce

remembrance *n* cuimhneamh. *m1*, cuimhne *f4*

remind *vt*: **to remind sb of sth** rud a chur i gcuimhne do dhuine; **to remind sb to do sth** meabhrú do dhuine rud a dhéanamh, cur i gcuimhne do dhuine rud a dhéanamh

reminder *n* (*souvenir*) cuimhneachán *m1*; (*letter*) litir *f* mheabhrúcháin

reminisce *vi*: **to reminisce (about)** athchuireamh (ar), meabhrú (ar)

reminiscent *adj*: **it was reminiscent of old times** chuirfeadh sé an seanam i gcuimhne do dhuine

remiss *adj* faillitheach, neamartach

remission *n* (*of sins, of debt*) maitheamh *m1*, loghadh *m*; (*prison sentence*) laghdú *m*

remit *vt* (*send: money*) íoc, seol

remittance *n* seoltán *m1*

remnant *n* fuilleach *m1*; (*of cloth*)

luideog *f2*; **remnants** *npl* (*COMM*) fuilleach *msg1*

remorse *n* doilíos *m1*, aiféala *m4*

remorseful *adj* doilíosach, aiféalach

remorseless *adj* (*fig: pitiless*) gan taise

remote *adj* iargúlta, scoite; (*person*)

coimhthíoch; (*possibility*) fánach

remote control *n* cianrialú *m*

remotely *adv* go hiargúlta; **remotely**

visible le feiceáil i bhfad uait; **to be**

remotely related to sb gaol i bhfad

amach a bheith agat le duine

remould *n* (*tyre*) bonn *m1* athmhúnlaith

removable *adj* (*detachable*) so-bhainte

removal *n* (*taking away*) baint *f2* amach,

tógáil *f3* ar shiúl; (*from house*) aistriú *m*;

(*from office: dismissal*) briseadh *m*; (*of*

stain) glanadh *m*; (*MED*) gearradh *m*

removal van *n* veain *f4* aistrithe troscáin

remove *vt* bain amach, tóg amach;

(*employee*) bris; (*stain*) glan; (*abuse,*

doubt) cealaigh

render *vt*: **to render a service** to gar a dhéanamh do; **to render thanks** to

rendering

buíochas a ghabháil le; **to render harmless** an dochar *or* ghoimh a bhaint as; **to render sth useless** rud a chur ó mhaith

rendering *n* (*MUS etc*) seinm *f3*

rendeavour *n* coinne *f4*

renew *vt* athnuag; (*negotiations*) atosaiigh

renewable *adj* (*energy*) in-athnuaithe

renewal *n* athnuachan *f3*; (*of acquaintance*) athaithe *f4*

renounce *vt* díultáigh do, séan

renovate *vt* athchóirigh

renown *n* clú *m4*, cáil *f2*

renowned *adj* clúiteach, cáiliúil

rent *n* cíos *m3* • *vt* (*landlord*) lig ar cíos; (*tenant*) tóg *or* faigh ar cíos

rental *n* cíos *m3*

rep *n* *abbr* = **representative**

repair *n* deisiú *m*, cóiriú *m* • *vt* deisigh, cóirigh; **it's in good/bad repair** tá cóir mhaith ar, tá droch-chóir ar

repair kit *n* fearas *m1* deisiúcháin

repatriate *vt* aisdúichigh, cuir ar ais chun a tíre féin

repay *vt* (*money, creditor*) aisíoc, íoc ar ais; (*sb's efforts*) cúitigh

repayment *n* aisíoc *m3*, aisíocaíocht *f3*

repeal *n* (*of law*) aisghairm *f2* • *vt* (*law*) aisghair

repeat *n* (*RADIO, TV*) athchraoladh *m* • *vt* abair arís; (*RADIO, TV*) athchraol; (*COMM, order*): **repeat the order** tabhair an t-ordú céanna arís; (*SCOL, a class*) athdhéan • *vi* (*food*) brúcht aníos

repeatedly *adv* arís agus arís eile

repel *vt* ruaig, cuir ruaig ar

repellent *adj* éarthach • *n*: insect

repellent éarthach *m1* feithidí

repent *vi*: **repent (of)** déan aithrí (*i*)

repentance *n* aithreachas *m1*, aithrí *f4*

repertory *n* (*also*: **repertory theatre**) stór *m1*

repetition *n* (*of words*) athrá *m4*; (*MUS, of action*) athdhéanamh *m*

repetitive *adj* (*movement, work*) timthriallach; (*speech*) athráiteach

replace *vt* (*put back*) cuir *or* fág ar ais;

231

(*take the place of*) glac áit + *gen*, ionad + *gen*

replacement *n* (*substitution*) malartú *m*; (*person*) ionadaí *m4*, ionadaíocht *f3*

replay *n* (*of match*) athimirt *f3*; (*of tape*) athsheinm *f3*

replenish *vt* (*glass*) athlín, líon arís; (*stock etc*) athsholáthair

replica *n* macasamhail *f3*

reply *n* freagra *m4* • *vi*, *vt* freagair

reply coupon *n* cúpón *m1* freagartha

report *n* tuarascáil *f3*; (*PRESS etc*) tuairisc *f2*; (*also*: **school report**) tuairisc *f2* scoile; (*of gun*) blocs *m1* • *vt* tuairiscigh; (*bring to notice*: *occurrence*) cuir in iúl • *vi*

(*make a report*) tabhair tuairisc, scríobh tuairisc; (*present o.s.*): **to report (to sb)** dul i láthair (+ *gen*); (*be responsible to*):

to report to sb bheith faoi cheannas + *gen*, bheith freagrach do

report card *n* tuairisc *f2* scoile

reportedly *adv*: **she is reportedly living in ...** tá sé amuigh uirthi go bhfuil sí ina

cónaí i ..., tá sí in ainm is a bheith ina cónaí i ...; **he reportedly told them to ...** táthar á rá go ndúirt sé leo ..., d'ínis sé dóibh más fíor ...

reporter *n* tuairisceoir *m3*

repose *n* scíth *f2*

represent *vt* seas do; (*as proxy*) déan ionadaíocht ar son + *gen*; (*view, belief*) léirigh; (*describe*): **to represent sth as**

rud a chur i láthair mar

representation *n* samhail *f3*; (*POL*) ionadaíocht *f3*; **proportional**

representation ionadaíocht chionmhar

representative *n* ionadaí *m4*

repress *vt* cloígh; (*feelings*) cuir srian le, cuir cluain ar

repression *n* smachtú *m*; (*political*) géarleanúint *f3*, cos *f2* ar bolg

reprieve *n* (*LAW*) spásas *m1*; (*fig*) faoiseamh *m1*

reprisals *npl* díoltas *msg1*

reproach *vt*: **to reproach sb with sth** rud a chasadh le duine, rud a chur i leith duine

reproachful *adj* cáinteach, milleánach

reproduce

reproduce *vi, vt* atáirg
reproduction *n* atáirgeadh *m*
reproof *n* cáineadh *m*, lochtú *m*
reptile *n* péist *f2*, reptíl *f2*
republic *n* poblacht *f3*; **the Republic (of Ireland)** Poblacht na hÉireann
republican *adj, n* poblachtach *m1*
repudiate *vt* séan
repulsive *adj* samhnasach, déistineach
reputable *adj* creidiúnach; (*occupation*) measúil
reputation *n* clú *m4*, cáil *f2*
reputed *adj*: he is reputed to be rich tá clú an tsuibhris or an airgid air
reputedly *adv* de réir tuairisce, más fíor
request *n* iarratas *m1*; (*formal*) éileamh *m1* • *vt*: request (of or from) iarr ar
require *vt* (*need*): she requires more money teastaíonn breis airgid uaithe, tá tuilleadh airgid de dhíth or de dhíobháil uirthi; **the case requires urgent attention** ní foláir cúram práinneach a dhéanamh den chás; (*want*): **what do you require?** cad é atá uait?, cad é atá de dhíth ort?; (*order*): **to require sb to do sth/sth of sb** rud a éileamh ar dhuine
requirement *n* iarratas *m1*; (*necessity*) riachtanas *m1*; (*condition*) coinníoll *m1*
requisite *n* riachtanas *m1* • *adj* oiriúnach, riachtanach; **toilet requisites** cóir *fsg3* ionnalta
requisition *n* foréileamh *m1* • *vt* (*MIL*) foréiligh
rescue *n* sábháil *f3*, tarrtháil *f3* • *vt* sábháil, tarrtháil, tabhair tarrtháil ar
rescue party *n* lucht *m3* tarrthála
rescuer *n* tarrthálaí *m4*
research *n* taighde *m4* • *vt* taighd, déan taighde (ar)
resemblance *n* cosúlacht *f3*, dealramh *m1*
resemble *vt*: to resemble cosúlacht or dealramh a bheith agat le
resent *vt*: he resents ... cuireann ... olc air, is fuath leis ..., is beag air ...
resentful *adj* doicheallach
resentment *n* doicheall *m1*, faltanas *m1*
reservation *n* (*booking*) áiritheint *f2*; (*doubt*) agús *m1*; (*for tribe*) tearmann *m1*;

232

resort

to make a reservation seomra/tábla/suíochán *etc* a chur in áirithe
reserve *n* (*COMM*) cúlchiste *m4*; (*SPORT*) fear *m1* ionaid, ionadaí *m4*; (*personality*) dúnáras *m1* • *vt* taisc, cuir i dtaisce; (*seats etc*) cuir in áirithe; **reserves** *npl* (*MIL*) cúlta *msg4*; **in reserve** i dtaisce
reserved *adj* (*seats etc*) in áirithe; (*personality*) dúnárasach; **all rights reserved** gach ceart ar cosaint
reshuffle *n* athshuaitheadh *m*, atheagar *m1*
residence *n* cónaí *m*, áit *f2* chónaithe, teach *m* cónaithe
residence permit *n* cead *m3* cónaithe
resident *n* cónaitheoir *m3* • *adj* cónaitheach
residential *adj* (*area*) cónaithe; (*course*) inchónaitheach
residential school *n* scoil *f2* chónaithe
residue *n* fuilleach *m1*; (*CHEM etc*) iarmhar *m1*
resign *vt, vi* éirigh as; **to resign o.s. to sth** do thoil a chur le rud
resignation *n* (*of post*) éirí *m4* as; (*state of mind*) géilliúlacht *f3*
resigned *adj* fulangach
resilient *adj* (*material*) buanfasach, acmhainneach; (*person*): she proved to be resilient léiríodh go raibh teacht aniar inti
resist *vt* (*oppose*) cuir i gcoinne + *gen*; (*abstain from*) diúltaigh do, cuir suas de
resistance *n* (*gen*) frithbheart *m1*; (*ELEC etc*) friotaíocht *f3*
resolution *n* (*of problem*) fuascailt *f2*, réiteach *m1*; (*at meeting*) rún *m1*; (*determination*) diongbháilteacht *f3*
resolve *n* diongbháilteacht *f3* • *vt* (*problem*) réitigh • *vi*: to resolve to do sth cinneadh ar rud a dhéanamh, sócrú rud a dhéanamh
resort *n* (*town*) ionad *m1* saoire; (*recourse*) seift *f2* • *vi*: to resort to dul i muinín + *gen*; **in the last resort** cheal aon rogha eile, gan an dara suí sa bhuaille; **do it only as a last resort** ná déan é go

sáróidh ort
resound *vi* athfhuaimnigh; **the square was resounding with the music** bhí macalla á bhaint as an tsráid leis an gceol
resounding *adj* (victory) caoch, iomráiteach; (noise) athshondach
resource *n* seift *f2*; **resources** *npl* (supplies, wealth etc) acmhainn *fsg2*
resourceful *adj* (person) seiftiúil
respect *n* meas *m3*, urraim *f2* • **vt**: **to respect sb** meas a bheith agat ar dhuine; **respects** *npl* (compliments) dea-mhéin *f2*; **with respect to** (as regards) maidir le, dóigh le; **in this respect** maidir le seo, ar an gcuma seo; **with respect (to you)** i gcead duit
respectable *adj* measúil, fiúntach
respectful *adj* urramach, ómósach
respite *n* (relieve) cairde *m4*; (break) sos *m3*, briseadh *m*
respondent *adj* lonrach, dealraitheach
respond *vi* freagair, tabhair freagra ar
response *n* freagra *m4*; (reaction) freagairt *f3*
responsibility *n* freagracht *f3*, cúram *m1*
responsible *adj* (liable) freagrach; (person) stuama; (job) le freagrachtaí; **responsible (for)** freagrach as
responsive *adj* freagrach; (person) mothálach
rest *n* scíth *f2*; (stop) stad *m4*; (MUS) sos *m3*; (support) taca *m4*; (remainder): **the rest** an fuilleach *m1*, an chuid *f3* eile • *vi* glac or déan do scíth; (be supported): **to rest on** luí ar; (remain) fan • **vt** (lean): **to rest sth on/against** rud a chur ina luí ar/i gcoinne + *gen* or in éadan + *gen*; **the rest of them** an chuid eile acu; **it rests with him to ...** is faoi atá sé ...
restaurant *n* bialann *f2*, proinnteach *m*
restaurant car *n* carráiste *m4* bialainne
restful *adj* suaimhneach
restive *adj* corrhónach; (horse) dodach, giongach
restless *adj* corrhónach, míshuaimhneach
restoration *n* athchóiriú *m*; (money etc) aiseag *m1*; (POL) athbhunú *m*

restore *vt* (building) athchóirigh; (sth stolen, health) aisig; (peace) athbhunaigh
restrain *vt* srian, cuir srian ar; (person): **to restrain sb (from)** duine a chosc (ó); **to restrain o.s. from laughing** rún a dhéanamh ar na gáirí
restrained *adj* (style) srianta
restraint *n* (restriction) srian *m1*; (moderation) measarthacht *f3*
restrict *vt* cúngaigh, teorannaigh
restriction *n* srian *m1*, cúngú *m*, crapall *m1*
rest room (US) *n* leithreas *m1*
result *n* toradh *m1* • **vi**: **it resulted in an agreement** tháinig comhaontú de or as; **as a result of** mar gheall ar, de thoradh +*gen*
resume *vt, vi* tosaigh arís, atosáigh, téigh i gceann + *gen* arís
résumé *n* achoimre *f4*; (US) curriculum *m* vitae
resumption *n* atosú *m*
resurgence *n* (of energy, activity) aiséirí *m4*
resurrection *n* aiséirí *m4*
resuscitate *vt* (MED) athbheoigh
retail *n* miondíol *m3* • *adj* miondíola *n gen*
retailer *n* miondíoltóir *m3*
retail price *n* luach *m3* miondíola
retain *vt* (keep) coinnigh, coimeád
retainer *n* (fee) táille *f4* áiríthíochta
retaliate *vi*: **to retaliate (against)** sásamh or díoltas a bhaint (as)
retaliation *n* díoltas *m1*
retarded *adj* mallintinneach
retch *vi*: **to retch** tarraingt orla a bheith ort
retentive *adj* coinneálach
retina *n* reitine *f4*
retire *vi* (give up work) éirigh as; (withdraw) tarraing siar, fág, imigh; (go to bed) téigh or gabh a luí
retired *adj* (person) scortha, ath-, ar pinsean
retirement *n* scor *m1*
retiring *adj* (shy) cúthail, faiteach; (leaving): **the retiring treasurer** an

retort

cisteoir atá ag éirí as

retort *n* aisfhreagra *m4* ♦ *vi* aisfhreagair

retrace *vt*: **to retrace one's steps** filleadh ar do choiscéim, dul siar ar do choiscéim

retract *vt* (*statement*) aistarraing;

(*undercarriage, aerial*) tarraing isteach

retrain *vt* (*worker*) athoil

retread *n* (*tyre*) bonn *m1* athmhúnlaithé

retreat *n* cúlú *m*; (*REL*) cúrsa *m4*

spioradálta; (*hideaway*) díseart *m1* ♦ *vi*

cúlaigh, tarraing siar

retribution *n* cúiteamh *m1*, díoltas *m1*, éiric *f2*

retrieval *n* aisfháil *f3*; (*of error, loss*)

leigheas *m1*; (*COMPUT*) aisghabháil *f3*

retrieve *vt* (*sth lost*) faigh ar ais;

(*situation, honour*) tarrtháil; (*error, loss*)

leigheas

retriever *n* gadhar *m1* loirg

retrospect *n*: **in retrospect** ag féachaint siar

retrospective *adj* aisbhreathnaitheach; (*law*) cúlghabhálach

return *n* (*going or coming back*) filleadh

m1; (*of sth stolen etc*) aischur *m1*; (*FIN*,

from land, shares) toradh *m1*, fáiltas *m1*

♦ *cpd* (*journey*) ar ais; (*ticket*) fillte ♦ *vi*

(*come back*) fill, tar ar ais ♦ *vt* cuir ar ais;

(*bring back*) tabhair ar ais; (*send back*)

seol ar ais; (*POL, candidate*) togh; **returns**

npl (*COMM, tax etc*) tuairisceán *m1*; (*FIN*)

sochar *msg1*; **in return (for)** mar

mhalairt (ar); **by return (of post)** le

casadh an phoist; **many happy returns**

(**of the day**)! go maire tú an lál!; **return**

match athchluiche *m4*

reunion *n* athaontú *m*, teacht *m3* le chéile

reunite *vt* athaontaigh

revamp *vt* athchóirigh

reveal *vt* (*make known*) foilsigh; (*display*)

nocht; **to reveal one's name/intentions**

to sb d'ainm/do rún a ligean le duine

revealing *adj* suimiúil, léiritheach

revel *vi*: **she revels in ...** is breá léi ...

revelry *n* ragairne *m4*, scléip *f2*

revenge *n* díoltas *m1*, éiric *f2*; **to take**

revenge on (*enemy*) díoltas a imirt ar,

díoltas a bhaint amach as

234

revolutionary

revenue *n* ioncam *m1*, teacht *m3* isteach
reverberate *vi* (*sound*) aisfhuaimnigh,
déan macalla

reverence *n* urraim *f2*, ómós *m1*

Reverend *adj*: **the Reverend John Smith**

an tOirmhinneach *m1* John Smith

reversal *n* (*of opinion*) malartú *m*

tuairime; (*of order*) freaschur *m1*; (*of direction*) aisiompú *m*

reverse *n* malairt *f2*; (*back, coin, of paper*)

cúl *m1*; (*AUT*): **also: reverse gear** gear *m1*

cúlaithe ♦ *adj* (*order, direction*) contrártha

♦ *vt* (*order, position, direction*) athraigh

(ar fad); (*roles*) malartaigh; (*decision*)

freaschuir; (*car*) cúlaigh ♦ *vi* (*AUT*) cúlaigh;

he reversed (the car) into a wall

cúlaigh sé (an carr) in éadan an bhalla

reversing lights *npl* (*AUT*) soilse *mpl1*

cúlaithe

revert *vi*: **to revert to** filleadh ar

review *n* iris *f2*; (*of book, film*) léirmheas

m3; (*of situation, policy*) athbhreithniú *m*

♦ *vt* athbhreithnigh; (*book, film*) déan

léirmheas ar

reviewer *n* léirmheastóir *m3*

revile *vt*: **to revile sb** duine a dhíblíú,

duine a chur as a ainm

revise *vt* athbhreithnigh, téigh or gabh

siar ar; (*manuscript*) athcheartaigh; (*law*)

leasaigh ♦ *vi* (*study*) athbhreithnigh

revision *n* athbhreithniú *m*; (*review*) leasú *m*

revival *n* athbheochan *f3*; (*recovery*)

athbhri *f4*; (*of faith*) athbheochan *f3*

revive *vt* (*person*) athbheoigh; (*custom*)

athbhunaigh, tabhair ar ais; (*economy*)

cuir athbhri i; (*hope, courage*) múscail;

(*play*) athléirigh ♦ *vi* (*person*) tar chugat

féin; (*hope etc*) múscail; (*activity*) tar i

réim arís

revoke *vt* cuir ar ceal, aisghair

revolt *n* ceannairc *f2*, éirí *m4* amach ♦ *vi*

éirigh amach ♦ *vt* cuir déistin ar

revolving *adj* déistíneach, samhnasach

revolution *n* réabhlóid *f2*; (*of wheel etc*)

imrothlú *m*, casadh *m1*

revolutionary *adj* réabhlóideach ♦ *n*

réabhlóidí *m4*

revolve

revolve *vi* imrothlaigh, cas (thart), tiontaigh ♦ *vt* cas (thart), tiontaigh

revolver *n* gunnán *m1*

revolving *adj* imrothlach

revolving door *n* doras *m1* imrothlach

revulsion *n* masmas *m1*, múisiam *m4*

reward *n* luach *m3* saothair, duais *f2* ♦ *vt*:
to reward sb for sth rud a chúiteamh le duine, luach a shaothair a thabhairt do dhuine

rewarding *adj* (*fig*) sásúil

rewind *vt* cúlchas; (*tape*) athchas

rewire *vt* sreangaigh as an nua, athshreangaigh

rheumatism *n* daitheacha *fp12*, pianta *fp12* cnámh, scoilteacha *fp12*

Rhine *n*: the Rhine an Réin *f2*

rhinoceros *n* srónbheannach *m1*

Rhone *n*: the Rhone An Róin *f2*

rhubarb *n* biabhóg *f2*, rúbarb *m4*

rhyme *n* rím *f2*; (*verse*) rann *m1*

rhythm *n* rithim *f2*

rib *n* (ANAT) easna *f4*

ribbon *n* ribín *m4*; in ribbons (*torn*) stróicthe, stiallta

rice *n* rís *f2*

rice pudding *n* maróg *f2* ríse

rich *adj* saibhir; (*gift, clothes*) costasach

♦ *npl*: the rich lucht *m3* an airgid or an tsaibhris

riches *npl* saibhreas *msg1*, ollmhaitheas *msg3*

richly *adv* go saibhir; **he richly deserved the prize** bhí an duais tuillte go mór aige

ricketts *n* raicíteas *m1*

rickety *adj* corraiceach

rid *vt*: **to rid sb of** duine a shaoradh ó; **to get rid of sth** rud a chur díot, fáil réidh le rud

riddle *n* (*puzzle*) tomhas *m1* ♦ *vt* criathraigh; **he was riddled with** (*guilt etc*) bhí sé cráite le or ag

ride *n* turas *m1*; (*on horse*) marcaíocht *f3*; (*distance covered*) geábh *m3*; (*lift in car*) síob *f2* ♦ *vi* (*on horse*) téigh ag marcaíocht; (*journey: on bicycle, motorcycle, bus*) tabhair geábh ♦ *vt* marcaigh; **to take sb for a ride** (*fig*) bob

235

right-hand side

a bhualadh ar dhuine, cluain a chur ar dhuine; **to ride a horse/bicycle** capall/rothar a mharcaíocht

riдер *n* marcach *m1*; (*on bicycle*) rothaí *m4*; (*on motorcycle*) gluaisrothaí *m4*

ridge *n* (*of roof*) cior *f2*; (*of hill*) droim *m3*; (*on object*) iomaire *m4*

ridicule *n* fonóid *f2*, magadh *m1*

ridiculous *adj* seafóideach, amaideach, áiféiseach

riding *n* marcaíocht *f3*

riding school *n* scoil *f2* mharcaíochta

rife *adj* forleathan, leitheadach; **rife with** breac le, lán le

riffraff *n* gramaisc *f2*, scroblach *m1*

rifle *n* raidhfil *m4* ♦ *vt* creach

► **rifle through** *vt* (*belongings*) ransaigh; (*papers*) siortaigh

rifle range *n* raon *m1* lámhaigh

rift *n* scoilt *f2*; (*fig: disagreement*) deighilt *f2*, scoilt *f2*

rig *n* (*also: oil rig*) rige *m4* ♦ *vt* (*election etc*) cóirigh

rigging *n* (NAUT) rigín *m4*

right *adj* ceart; (*true*) fíor; (*suitable*) cuí, oiriúnach, fóirteanach; (*just*) cóir; (*not left*) deas ♦ *n* (*what is morally right*) ceart *m1*; (*title, claim*) ceartas *m1*; (*not left*):

the right an taobh *m1* deas ♦ *adv*

(*answer*) (go) cruinn, (go) beacht; (*treat*) go cóir; (*not on the left*) ar dheis ♦ *vt* cuir

i gceart, leigheas ♦ *excl* déanfaidh sin!; **to be right** (*person*) an ceart a bheith agat;

(*answer*) bheith ceart; (*clock*) bheith

bheacht or ceart; **by rights** de or ó cheart;

on the right ar dheis; **to be in the right** an ceart a bheith agat, bheith sa cheart;

right now láithreach bonn, anois

díreach i lár báire; **right away** láithreach, ar an toirt

right angle *n* (MATH) dronuillinn *f2*

righteous *adj* fíréanta; (*anger*) ionraice

rightful *adj* ceart; (*heir, claim*) dlísteanach

right-handed *adj* (*person*) deaslámhach, deasach

right-hand side *n*: the right-hand side taobh *m1* na lámhe deise

rightly *adv* (with reason) ní gan ábhar
right of way *n* ceart *m1* slí; (*AUT*) ceart *m1* tosaíochta; (*LAW*) bealach *m1* achtaithe
right-wing *n*: **the right-wing** an eite *f4* dheas ♦ *adj* (*POL*): **right-wing politics** polaitíocht na heite deise
shaggy *adj* (*hair, fur*) mosach, stothallach, mothallach

shake *vt, vi* croith; **it shook me up** baineadh croitheadh *or* suaitheadh mór asam; **to shake one's head** do cheann a chroitheadh; **to shake hands with sb** lámh a chroitheadh le duine

♦ **shake off** *vt* cuir díot; **to shake off the cold** slaghdán a chur díot; **to shake sb off** an cor gearr a chur ar dhuine

♦ **shake up** *vt* bain stangadh as; **shake yourself up** cuir cor díot

shaky *adj* (*hand, voice*) creathach; (*fearful*) critheaglach

shall *aux vb*: **I shall go** rachaidh mé; **shall I open the door?** an osclóidh mé an doras?

shallow *adj* (*water*) tanaí; (*container*) éadomhain; **a shallow person** éadromán

sham *n* cur *m1* i gcéill ♦ *adj* bréige *n gen*

shambles *n* (*mess*) praiseach *f2*;

(*confusion*) cíor *f2* thuathail

shame *n* náire *f4* ♦ *vt* náirigh, cuir náire ar; **it is a shame that** is mór an trua go;

shame on you! mo náire thú!

shameful *adj* náireach

shameless *adj* gan náire

shampoo *n* foltfholcadh *m*, seampú *m4*

shampoo and set *n* folcadh *m* agus feistiú

shampooing *n* foltfholcadh *m*

shamrock *n* seamróg *f2*

shandy *n* seandaí *m4*

Shannon

Shannon *n*: the (River) Shannon an tSionainn *f2*

shanty town *n* baile *m4* seantán

shape *n* cruth *m3*, múnlá *m4* ♦ *vt* cruthaigh, múnlaigh ♦ *vi* (also: **shape up**: *events*): it is **shaping up to be a bad winter** tá an chuma air gur drochghheimhreadh a bheas ann; **they are shaping up well** tá cosúlacht mhaith orthu; (: *person*) cruthaigh; **to take shape** fabhraigh, teacht i gcruth

-shaped *suffix* i gcruth + *gen*;
heart-shaped ar dhéanamh croí, croíchruthach

shapeless *adj* gan chuma, éagruithach

shapely *adj* dea-chumtha, cruthach

share *n* cuid *f3*, sciar *m4*, cion *m4*; (*COMM*) scair *f2* ♦ *vt* roinn

shareholder *n* scairshealbhóir *m3*

shark *n* siorc *m3*; (*fig*: *person*) caimiléir *m3*, plucálaí *m4*, lomaire *m4*

sharp *adj* (razor, knife, point) géar; (*person*) géarchúiseach; (*incline*) rite ♦ *n* (*MUS*) géar *m1* ♦ *adv* (precisely): **at 2 o'clock sharp** ar bhuille a dó

sharpen *vt* cuir faobhar ar, faobhraigh; (*pencil*) cuir bior ar, bioraigh

sharpener *n* (also: pencil sharpener) bioróir *m3* (peann luaidhe)

sharp-eyed *adj* géarshúileach

sharply *adv* go géar; (*turn, stop*) go tobann; (*stand out*) go soiléir; (*reprimand*) go giorraisc

shatter *vt*: **to shatter sth** rud a fhágáil ina smidiríní; (*fig*) bris, scrios ♦ *vi* pléasc

shave *vt*, *vi* bearr ♦ *n* bearradh *m* (féasóige)

shaver *n* (also: electric shaver) rásúr *m1* leictreach

shaver point *n* pointe *m4* bearrthóra

shaving *n* (action) bearradh; **shavings** *npl* (of wood etc) scamhadh *msg*, scamhacháin *mpl1*, sliseogáí *fpl2*

shaving brush *n* scuab *f2* bhearrtha

shaving cream *n* ungadh *m* bearrtha

shaving foam *n* cúr *m1* bearrtha

shaving gel *n* glóthach *f2* bhearrtha

shawl *n* seál *m1*

she *pron* sí, í; (*as subject*): **she came in**

512

shelter

tháinig sí isteach; (*with copula*): **she is a woman** is bean í; (*in passive, autonomous*): **she was injured** gortaíodh í; (*emphatic*) **she is**; **she came in and he stayed** tháinig síse agus d'fhan seisean; **it is she who ...** (is) ise a ...

♦ *prefix*: **she-cat** cat bainneann; **she-elephant** eilifint *f2* bhaineann, cráin *f* (eilifinte)

sheaf *n* punann *f2*; (*of papers*) burla *m4*
shear *vt* lom

shears *npl* (for hedge) deimheas *msg1*

sheath *n* truaill *f2*; (*contraceptive*) coiscín *m4*

shed *n* bothán *m1* ♦ *vt* (leaves) caill; (*tears*) sil; (*animal*: coat) cuir

sheen *n* loinnir *f*, dealramh *m1*, lí *f4*

sheep *n* (sg) caora *f*; (*pl*) caoirigh *fpl*

sheepdog *n* madra *m4* caorach

sheepish *adj* uascánta

sheepskin *n* craiceann *m1* caorach

sheer *adj* (utter) lom, amach agus amach; (*steep*) rite; (*almost transparent*) sreabhach ♦ *adv* glan; **sheer necessity** lomriachtanas; **by sheer strength** le barr nirt; **out of sheer malice** le tréan mailíse; **in sheer delight** le tréan lúcháire; **he was thrown sheer out of the boat** caitheadh amach glan as an mbád é

sheet *n* (on bed) braillín *f2*; (*of paper*) leathanach *m1*; (: *form*) bileog *f2*; (*of glass, metal etc*) leathán *m1*; (*of ice*) leac *f2*

sheik(h) *n* síc *m4*

shelf *n* seilf *f2*; (*GEOG*) laftán *m1*

shell *n* (on beach) sliogán *m1*; (*of egg, nut, crab*) blaosc *f2*; (*of peas*) cochall *m1*, faighneog *f2*; (*of building, boat etc*) creatlach *f2*; (*explosive*) pléascán *m1*, sliogán *m1* ♦ *vt* (peas) scamh; (*MIL*) scaoil pléascáin le, bombardáigh

shellfish *n* (crab etc) iasc *m1* blaoscach; (*scallop etc*) iasc sliogánach ♦ *npl* (as food) bia *msg4* sliogán

shelter *n* foscadh *m1*, dídean *f2*;

(building) scáthlán *m1* ♦ *vt* tabhair foscadh do; (*to give lodging to*) tabhair

shelve

dídean do, vi téigh ar foscadh

shelve vt (*fig*) cuir ar athlá

shepherd n aoire m4, tréadaí m4. vt (*guide*) aoirigh, treoraigh

shepherd's pie n pióg f2 an aoire

sheriff (us) n sirriam m4

sherry n seiris f2

Shetland n (also: the Shetlands, the Shetland Islands) Sealtainn f4

shield n sciath f2; (*protection*) scáth m3

• vt cuir scáth ar, cumhdaigh, cosain

shift n (*change*) athrú m; (*work period*) seal m3. vt bog, aistrigh. vi bog, corraigh

shift work n obair f2 shealaíochta, sealobair f2

shifty adj cleasach, creipeartha; (*eyes*) corrach

shilly-shally vi bheith ag braiteoireacht or ag moilleadóireacht

shimmer vi crithlonraigh, drithligh; **the lights shimmered on the water** bhí na soilse ag drithliú ar an uisce

shimmering n drithliú m

shin n lorga f4

shine n loinnir f, dealramh m1. vi lonraigh, dealraigh; (*sun*) soilsigh. vt (*torch etc*) díriigh (ar); **to shine a light on sth** solas a chaitheamh ar rud; **to shine a pair of shoes** snas a chur ar phéire bróg

shingle n (also: *shingle beach*) scaineagán m1, mionduirling f2

shingles n (MED) deir f2

shiny adj lonrach, dealraitheach; (*shoes*) snasta

ship n long f2; (*send*) cuir (ar bhord) löinge

shipbuilding n tógáil f3 long

shipment n lastas m1

shipping n (*ships*) loingeas m1; (*act*) löingseoireacht f3

shipwreck n (*ship*) long f2 bhriste; (*event*) longbhriseadh m, longbhá m. vt: **we were shipwrecked on the reef** briseadh an long ar an bhoilg. adj longbhriste

shipyard n longcheárta f4, longchlós m1

shire n sír f2

shirk vt seachain

shirt n léine f4; **in (one's) shirt sleeves** i

252

shop

gcabhail do léine, i do léine is i do bhriste

shit (*infl*) n cac m3. excl damnú air!

shiver n crith m3. vi bí ar crith, creathnaigh

shivering n creathadach f, crith m3. adj creathach

shoal n (*of fish*) scoil f2, báire m4

shock n geit f2, croitheadh m; (ELEC, MECH) turraing f2; (*mental*) coscairt f3, suaithheadh m. vt (*offend*) tabhair scannal do; (*startle*) bain croitheadh as; **I was shocked when I saw it** baineadh croitheadh asam nuair a chonaic mé é; **I got a terrible shock** baineadh an anáil díom

shock absorber n maolaitheoir m3 turrainge

shocking adj (*scandalizing*) scannalach; (*appalling*) creathnach, uafásach

shoddy adj sleamchúiseach, sramach, sraimlí

shoe n bróg f2; (also: *horseshoe*) crú m4 • vt (*horse*) crúigh

shoelace n iall f2 bróige, barriall f2

shoe maker n gréasaí m4

shoe polish n snas m3 bróg

shoe shop n siopa m4 bróg

shoestrings n (*fig*): **on a shoestrings** ar fíor-bheagán airgid

shoo excl (*to hens*) fuisc; (*to dog*) cois (amach); (*to children*) amachaigí, amach libh

shoot n (*on branch, seedling*) buinneán m1, péacán m1. vt scaoil, caith; (*filin*) déan, glac. vi (*with gun, bow*): **to shoot (at)** scaoileadh (le)

► **shoot down** vt (*plane, bird*) tabhair anuas

► **shoot in** vi scinn isteach

► **shoot out** vi scinn amach

► **shoot up** vi (*fig*) léim in airde, éirigh de léim

shooting n scaoileadh m, lámhach m1; (*HUNTING*) foghlaeireacht f3

shooting star n réalta f4 reatha

shop n siopa m4; (*workshop*) ceardlann f2 • vi (also: *go shopping*) téigh ag

siopadóireacht

shop assistant *n* freastalaí *m4* siopa**shopkeeper** *n* siopadóir *m3*, fear *m1* siopa**shoplifting** *n* gadaíocht *f3* siopa**shopper** *n* siopaeir *m3*, ceannaitheoir *m3*;(also: **shoppers**) lucht *m3* ceannaithe**shopping** *n* siopadóireacht *f3***shopping bag** *n* mála *m4* siopadóireachta**shopping centre**, (US) **shopping****center** *n* ionad *m1* siopadóireachta**shop-soiled** *adj* smolta ón siopa**shop steward** *n* (IND) stiobhard *m1*

ceardlainne

shop window *n* fuinneog *f2* siopa**shore** *n* (of sea) cladach *m1*; (of lake)bruach *m1* • *vt*: **to shore (up)** taca achur le; **on shore** ar tír**short** *adj* gearr or faoi, gairid; (person)beag, giortach; (*cut*) giorraisc;(insufficient) gann; **to be short of sth**bheith gann i rud; **in short** i mbeagánfocal; **everything short of** gach aon rudach; **it is short for** is giorrúchán é ar; **to****cut short** (*speech, visit*) gearradh; **we are****running short of food** tá an bia ag éirí

gann orainn, tá muid ag éirí gann i

mbia; **to stop short** stopadh go tobann;**to stop short of** gan dul comh fada le**shortage** *n* ganntanas *m1*, teirce *f4***shortbread** *n* arán *m1* briosc**short-circuit** *n* gearrchiorcad *m1***shortcoming** *n* locht *m3***shortcut** *n* aicearra *m4*, cóngar *m1*; **to****take a shortcut** aicearra a ghearradh**shorten** *vt* gearr, giorraigh**shortfall** *n* easnamh *m1*, gannchion *m4***shorthand** *n* (text) gearrscríobh *m***shorthand typist** *n* gearr-chlóscríobhaí*m4***shortlist** *n* (for job) gearrliosta *m4***short-lived** *adj* gearrshaolach**shortly** *adv* gan mhoill, roimh i bhfad**shorts** *npl*: (a pair of) **shorts** briste *msg4*

gairid

short-sighted *adj* gairid sa radharc,

gearr-radharcah

short-staffed *adj* ar easpa foirne**short story** *n* gearrscéal *m1***short-tempered** *adj* teasaí, tobann**short-term** *adj* neamhbhuan,gearrshaolach, gearrthéarma *n gen***shot** *n* urchar *m1*; (try) iarraidh *f*;(injection) instealladh *m*; (PHOT) pictiúr*m1*; **he's a good shot** tá urchar maithaige; **like a shot** mar a bheadh splanc

ann

shotgun *n* gunna *m4* gráin**should** *aux vb*: **I should go now** ba cheartdom imeacht anois; **he should be there****now** ba cheart dó bheith ann faoi seo; **I****should like to** ba mhaith liom**shoulder** *n* gualainn *f2* • *vt* (*fig*) glac ortféin, luigh faoi; **to shoulder the burden**

luí faoin ualach

shoulder bag *n* mála *m4* gualainne**shoulder blade** *n* slinneán *m1***shoulder strap** *n* iris *f2***shout** *n* scairt *f2*, gáir *f2*, béic *f2* • *vt, vi*(also: **shout out**) scairt, lig béic asat**shouting** *n* scairteach *f2*, béicíl *f3***shove** *vt* brúigh; (*inf: put*): **to shove sth**

in rud a bhrú isteach

▶ **shove off** (*inf*) *vi*: **shove off!** gread leat!**shovel** *n* sluasaid *f2***show** *n* (THEAT, TV) seó *m4*; (exhibition)taispeántas *m1*; (semblance) mustar *m1*,cur *m1* i gcéill • *vt* taispeáin; (*uncover*)nocht • *vi* bheith le feiceáil; **on show**

(exhibits etc) ar taispeáint

▶ **show in** *vt* (person) tabhair or seol

isteach

▶ **show off** *vi* (*pej*) déan mustar, cuirgothaí ort féin • *vt* (*display*): **to show****sth off** gaisce a dhéanamh de rud▶ **show out** *vt*: **to show sb out** duine a

chomóradh amach

▶ **show up** *vi* (*inf: turn up*) tar ar bráid;**who should turn up but Tom** cé atháinig ar bráid ach Tómas • *vt* (*reveal*)

léirigh, tabhair chun solais

shower *n* (rain) ráig *f2*, cith *m3*; (also: in**bathroom**) cithfholcadán *m1*; (*act of*)cithfholcadh *m*; (*of stones etc*) cith • *vi*cithfholcadh a bheith agat • *vt*: **to****shower sb with sth** (*gifts etc*) dalladh derud a thabhairt do dhuine; **to have or**

showing

take a shower cithfholcadh a bheith agat

showing *n* (of film) taispeántas f3

show-off (inf) *n* (person) uaiцеálaí m4, siollaire m4

showroom *n* seomra m4 taispeántais

shrapnel *n* srápnal m1

shred *n* ribeog f2, leadhbóg f2; (of evidence) dá laghad. *vt* stiall, stoll; (CULIN) scilling, mionghearraigh

shredder *n* (for vegetables) scríobán m1; (for documents) stiallaire m4 (cáipéisí)

shrewd *adj* críonna, glic, fadcheannach

shriek *vi* screách

shrill *adj* caol, caoighlórach; **shrill whistle** fead caol; **shrill voiced person** geocach m1

shrimp *n* sreabhloch m1, ribe m4 róibéis; (person) séacla m4, draoidín m4

shrine *n* scrín f2

shrink *vi* crap, giortaigh; (move: also: **shrink away**) cúb, diúltaigh roimh, cúltaigh. *vt* (wool) crap; (it shrank) chrap sé, tháinig or chuaigh ann; **to shrink from** (doing) sth loiceadh or diúltú roimh rud (a dhéanamh)

shrinkage *n* crapadh m

shrivel *vt, vi* (also: **shrivel up**) searg, spall

shroud *n* taiséadach m1. *vt*: **to shroud sth in mystery** dúrún a dhéanamh de rud

Shrove Tuesday *n* Máirt f4 Inide

shrub *n* tor m1, tom m1

shrubbery *n* rosán m1, scotharnach m1

shrug *vt, vi*: **to shrug** (one's shoulders) (do ghuailí) a chroitheadh

► **shrug off** *vt*: **to shrug sth off** rud a chur díot, neamhshuim a dhéanamh de rud

shudder *vi*: **she shuddered** chuaigh creathán tríd

shuffle *vt* (cards) suaith, boscáil. *vt, vi*: **to shuffle one's feet** bheith ag scuabáil, bheith ag tarraingt na gcos

shun *vt* seachain

shunt *vt* (RAIL) siúntaigh

shut *vt, vi* druid, dún

► **shut down** *vt, vi* druid, dún

► **shut off** *vt* cuir as, múch

► **shut up** *vi* (inf: keep quiet) éist do bhéal,

254

side salad

dún do chlab!, bí i do thost! *vt* (close) druid, dún

shutter *n* comhla f4

shutter release *n* (PHOT) scaoilteán m1 comhla

shuttle *n* spól m1; (also: **shuttle service**) seirbhís f2 tointeála

shuttlecock *n* (BADMINTON) eiteán m1

shy *adj* faiteach, cotúil

siblings *n* deartháireacha mpl agus deirfiúracha fpl

Sicily *n* an tSicil f2

sick *adj* (ill) tinn, breoite; I'm sick tá tinneas orm, tá mé breoite; I feel sick (vomiting) tá masmas orla orm; to be sick of (fig) bheith tinn tuirseach de; to sicken sb (disgust) samhnas a chur ar dhuine

sick bag *n* mála m4 tinnis

sicken *vt*: **to sicken sb** tinneas a chur ar dhuine

sickening *adj* (fig) masmasach; (disgust) samhnasach

sickle *n* corrán m1

sick leave *n* saoire f4 bhreioiteachta

sickly *adj* coinbhreioite, meath-thinn; (sickly-looking) drochdhathach, mílíteach; (causing nausea) masmasach

sickness *n* tinneas m1, breioiteacht f3; (vomiting) orla m4

sick pay *n* pá m4 breioiteachta

side *n* taobh m1; (of lake) bruach m1; (team) foireann f2. *adj* (door, entrance) taoibh n gen. *vi*: **to side with sb** dul i leith duine; **by the side of** le hais + gen; **side by side** taobh le taobh; **from side to side** anonn agus anall; **to take sides** (with) dul i bpáirt + gen; **at the side of the road** i leataobh an bhealaigh mhóir

sideboard *n* cornchlár m1

side effect *n* seachthoradh m1

sidelight *n* (AUT) taobhsholas m1; (PHOT) fiarsholas m1

sideline *n* (SPORT) taobhlíne f4

sidelong *adj* (look) as eireaball do shúl; a **sidelong glance** claonamharc m1

side order *n* taobhordú m

side salad *n* sailéad m1 taoibh

sideshow

sideshow *n* seó *m4* (aonaigh),
fothaispeántas *m1*

sidestep *vt* (*fig*) seachain, tabhair céim i
leataobh, téigh taobh thall de

side street *n* taobhsráid *f2*

sidetrack *n* (*RAIL*) taobhlach *m1* ♦ *vt*: to
sidetrack sb iúl duine a thógáil (de rud),
scéal eile a tharraingt ort féin

sidewalk (*US*) *n* cosán *m1* (sráide)

sideways *adv* i leith an chliatháin, i
leataobh

siding *n* (*RAIL*) taobhlach *m1*

sidle *vi*: to **sidle up (to)** caolú aniar (ar)

siege *n* léigear *m1*

sieve *n* criathar *m1*

sift *vt* (*fig*: also: **sift through**) mionscag;
(lit: flour etc) criathraigh

sigh *n* osna *f4* ♦ *vi* osnaigh, lig osna

sight *n* (*faculty*) amharc *m1*, radharc *m1*;
(*spectacle*) amharc *m1* súl, féic *f2* saolta;

(*on gun*) treoir *f* ♦ *vt* feic; (*gun*) treoráil;
in sight ar amharc, le feiceáil; **out of
sight** as amharc

sightseeing *n* fámaireacht *f3*; **to go
sightseeing** dul ag fámaireacht, dul ag
amharc ar na hiontais

sign *n* comhartha *m4*; (*notice*) fógra *m4*,
clár *m1*; (*omen*) tuar *m1*; (*of the cross*)
fíor *f* ♦ *vt* (*document*) cuir d'aínm le,
saighneáil, sínigh; (*indicate*) déan
comhartha

► **sign on** *vi* (*MIL*) téigh san arm; (*as
unemployed*) saighneáil; (*for course*)
cláraigh ♦ *vt* (*MIL*) earcaigh; (*employee*)
fostaigh

► **sign up** *vt* (*MIL*) earcaigh ♦ *vi* (*MIL*) téigh
or liostaigh san arm; (*for course*) cláraigh;
there is no sign of him níl iomrá ar bith
air

signal *n* comhartha *m4* ♦ *vt*: to **signal sb**
comhartha a dhéanamh le duine;
(*message*) scéala a chur chuig duine

signalman *n* (*RAIL*) fear *m1*
comharthaíochta

signature *n* síniú *m*

signature tune *n* ceol *m1* aitheantais

signed ring *n* fáinne *m4* séala

significance *n* (*meaning*) ciall *f2*;

555

(*importance*) tábhacht *f3*

significant *adj* (*important*) tábhachtach,
trombhríoch, tromchúiseach

signpost *n* cuaille *m4* eolais

silage *n* sadhlas *m1*

silence *n* ciúnas *m1* ♦ *vt* (*person*): to

silence sb duine a chur ina thost

silencer *n* (*on gun*, *BRIT*: *AUT*) tostóir *m3*

silent *adj* ciúin; **to remain silent** fanacht
i do thost

silhouette *n* scáthchruth *m3*; **in**

silhouette idir thú agus léas

silicon *n* sileacan *m1*

silicon chip *n* slis *f2* sileacain

silk *n* síoda *m4* ♦ *cpd* síoda *n* *gen*

silky *adj* síodúil

silly *adj* amaideach, breallánta,
bundúnach; **silly person** prioll *f2*; **silly
talk** breallaireacht *f3*, glagaireacht *f3*

silt *n* glár *m1*

silver *n* airgead *m1*; (*also*: **silverware**)

gréithe *pl* airgid ♦ *adj* airgid *n* *gen*

silver paper *n* páipéar *m1* airgid

silver-plated *adj* airgeadaithe

silversmith *n* gabha *m4* geal

silvery *adj* airgeadúil

similar *adj*: **similar (to)** cosúil (le)

similarly *adv* a dhála sin, mar an gcéanna

simile *n* samhail *f3*

simmer *vi* (*CULIN*) bogfhiuch, suanbhruith,
bain bogfhiuchadh as; (*revolt etc*) coip

simple *adj* simplí

simplicity *n* simplíocht *f3*

simply *adv* go simplí; **I simply said that
... ní dúirt mé ach (go) ...; you simply
have to ...** (*imperative*) níl (le déanamh)
agat ach...

simultaneous *adj* comhuaineach;

simultaneous with ar aon uain le

sin *n* peaca *m4* ♦ *vi* déan peaca, peacaih

since *adv*, *prep* ó + lenition ♦ *conj* ó

(tharla); **since then, ever since** ó shin

sincere *adj* ionraic, firéanta, amach ó do
chroí

sincerely *adv* *see yours*

sincerity *n* ionracas *m1*, firéantacht *f3*,
cneastacht *f3*; **in all sincerity** i modh
firinne

sincerity

sinew

- sinew** *n* féith *f2*, féitheog *f2*
sinful *adj* peacúil, peacach; **sinful person** peacach *m1*
sing *vt* abair, can, cas (amhrán) • *vi*: **she is singing** tá sí ag gabháil cheoil; **to begin to sing** drandán ceoil a chur sus
singe *vt* barrloisc
singer *n* amhránaí *m4*, ceoiltoir *m3*, fonnadóir *m3*
singing *n* amhránaíocht *f3*, fonnadóireacht *f3*
single *adj* aonair *n gen*, aonarach; (*unmarried*) singil, díomhaoín • *n* (*also*): **single ticket** ticéad *m1* singil; (*record*) ceirnín *m4* singil
▶ single out *vt* pioc amach
single file *n*: **in single file** duine i ndiaidh duine
single-handed *adv* i d'aonar, gan chabhair
single-minded *adj* rúndaingean, díoghbháilte
single mother *n* máthair *f* shingil
single room *n* seomra *m4* singil
singles *n* (TENNIS) cluiche *m4* singil or dóilámhach
singly *adv* ceann ar cheann; (*people*) duine ar dhuine
singular *adj* aonarach; (*outstanding*) ar leith; (LING) uatha *n gen* • *n* uatha *m4*
sinister *adj* clé, claon-, droch-, urchóideach, cealgrúnach;
sinister-looking drochghnúiseach
sink *n* doirteal *m1* • *vt* (*ship*) suncáil, báigh; (*foundations*) cuir síos • *vi* (*ship*) téigh go grinneall; (*ground etc*) suncáil, ísleigh; (*also*: **sink back**) suigh siar; **to sink sth into** rud a shá isteach i; **my heart sank** thit mo chroí
▶ sink in *vi* (*fig*): **it finally sank in to me** that ... tuigeadh dom sa deireadh go ...
sinner *n* peacach *m1*
sinus *n* cuas *m1*
sip *n* súimín *m4*, snáthán *m1* • *vt* bain súimín as
siphon *n* siofón *m1*
sipping *n* súimíneacht *f3*
sir *n* duine uasal ; **Sir Maurice de Bracy**

256

skeptical

- An Ridire *m4* Muiris de Bracy
siren *n* bonnán *m1*
sirloin *n* (*also*: **sirloin steak**) stéig *f2* chaoldroma
sisy (*inf*) *n* piteog *f2*, Síle *f4*
sister *n* deirfiúr *f*; (*nun, BRIT, nurse*) siúr *f*
sister-in-law *n* deirfiúr *f* chleamhnais
sit *vi* suigh; (*also*: **to be sitting**) bheith i do shuí; (*assembly*): **to sit on** bheith ar • *vt* (*exam*) déan
▶ sit down *vi* suigh síos or fút; **sit down at the table!** suigh isteach ag an tábla!
▶ sit in on *vt* fus suigh isteach ar
▶ sit up *vi* suigh aniar; (*not go to bed*) fan i do shuí
site *n* ionad *m1*, láithreán *m1*; (*also*: **building site**) áit *f2* tógála • *vt* cuir, suigh, ionadaigh
sitting *n* cruinniú *m*, suí *m4*
sitting room *n* seomra *m4* suí
situated *adj* suite
situation *n* (*condition*) staid *f2*; (*locale*) suíomh *m1*; **the situation of sth** an luí atá ar rud
six *num* sé; **six bottles** sé bhuidéal; **six people** seisear *m1*
Six Counties *n*: **the Six Counties** na Sé Chontae
sixteen *num* sé (cinn) déag; **sixteen bottles** sé bhuidéal déag; **sixteen people** sé dhuine dhéag
sixth *num* séú *m4*; **the sixth woman** an séú bean
sixty *num* seasca + *sg*
size *n* méid *f2*
▶ size up *vt* braith, cuir sa mheá
sizeable *adj* toirtiúil, measartha mór
sizzle *vi* giosáil
skate *n* scáta *m4*; (*also*: **roller skate**) scáta rothacha; (*fish*) sciata *m4* • *vi* scátáil
skateboard *n* clár *m1* scátála
skater *n* scátálaí *m4*
skating *n* scátáil *f3*
skating rink *n* rinc *f2* scátála
skeleton *n* cnámharlach *m1*; (*outline*) creatlach *f2*
skeleton staff *n* creatfhoireann *f2*
skeptical (*us*) *adj* = **sceptical**

sketch

sketch *n* sceitse *m4* • *vt* sceitseáil
sketch book *n* leabhar *m1* sceitseála
sketchy *adj* srac; **sketchy knowledge**
breaceolas; **sketchy work** sracobair
skewer *n* briogún *m1*
ski *n* scí *m4* • *vi* sciáil
ski boot *n* bróg *f2* sciála
skid *vi* sciorr
skier *n* sciálaí *m4*
skiing *n* sciáil *f3*
ski jump *n* léim *f2* sciála
skilful, (*us*) **skillful** *adj* sciliúil, cliste, oilte,
deaslámhach; **to be skilful at sth** lámh
mhaith a bheith agat ar rud
ski lift *n* ardaitheoir *m3* sciála
skill *n* scil *f2*; (*requiring training*: *gen pl*)
ceird *f2*
skilled *adj* oilte; **to be skilled in a trade**
ceird a bheith ar do lámh
skim *vt* (*milk*) scimeáil, bearr, bain an barr
de; (*glide over*) sciorr, scinn
skimmed milk *n* sceidín *m4*, bainne *m4*
bearrtha
skimp *vt* (*also*: **skimp on**): **to skimp on**
sth bheith gortach le rud, rud a
dhéanamh go gortach
skimpy *adj* gortach, gortach; a **skimpy**
dress scimpín gúna
skin *n* craiceann *m1*
skin cancer *n* ailse *f4* chraicinn
skin-diving *n* tumadh *m*
skinny *adj* tanaí, creatlom; **skinny person**
scáineachán *m1*
skintight *adj* (*jeans etc*) teann,
cneasluiteach
skip *n* léim *f2*, foléim *f2*; (*container*)
gabhdán *m1* bruscair • *vi* caith léim *or*
foléim; (*with rope*) bheith ag scipeáil • *vt*
léim thar
ski pants *npl* briste *m4* sciála
skipper *n* (*of boat*) scipéir *m3*, máistir *m4*,
captaen *m1*; (*SPORT*) captaen
skipping rope *n* téad *f2* léimní *or* scipeála
skirmish *n* scirmis *f2*
skirt *n* sciorta *m4* • *vt* sciortáil,
timpeallaigh
skirting board *n* clár *m1* sciorta
ski slope *n* fána *f4* sciála

257

sleazy

ski suit *n* culaith *f2* sciála
skittle *n* scidil *f2*; **game of skittles**
cluiche *m4* scidili
skive (*inf*) *vi* bheith ag leiciméireacht *or*
ag liúdaíocht
skull *n* blaosc *f2* an chinn *or* chloiginn,
cloigeann *m1*
skunk *n* scúnc *m1*
sky *n* spéir *f2*
skylight *n* spéirléas *m1*, forléas *m1*
skyscraper *n* teach *m* spéire, ilstórach *m1*
(spéire)
slab *n* leac *f2*, slaba *m4*
slack *adj* (*loose*) scaoilte; (*neglectful*)
siléigeach; (*business*) ciúin,
neamhghnóthach • *n* (*coal*) smúdar *m1*
guail
slacken *vi* moilligh, téigh *or* tit chun
siléige • *vt* (*speed*) maolaigh ar; (*grip*)
scaoil
slag heap *n* carnán *m1* slaige
slag off (*inf*) *vt* maslaigh, tabhair íde béil
do, déan fonóid faoi
slam *vt* (*door*) plab; (*criticize*) tabhair faoi,
cáin • *vi* dún de phlab
slander *n* clúmhilladh *m*
slang *n* béarlagair *m4*
slant *n* claoine *f4*, fiaradh *m*, maig *f2*, fiar
m1; **it is at a slant** tá leataobh air
slanted, **slanting** *adj* ar fiar, claonta
slap *n* boiseog *f2*, bos *f2* • *vt*: **to slap sb**
boiseog *or* bos a thabhairt do dhuine
slapdash *adj* leibideach
slash *vt* scor, slaiseáil
slat *n* lata *m4*
slate *n* scláta *m4*, slinn *f2* • *vt* (*house*) cuir
sclátaí ar; (*fig*: *criticize*) feann
slaughter *n* ár *m1*, sléacht *m3* • *vt* déan
ár *or* sléacht ar; (*animal*) maraigh
slaughterhouse *n* seamlas *m1*
slave *n* sclábhaí *m4* • *vi* (*also*: **slave away**)
bheith ag sclábhaíocht (leat)
slavery *n* daoirse *f4*; (*drudgery*)
sclábhaíocht *f3*
slavish *adj* sclábhánta; (*fawning*)
lúitéiseach
slay *vt* maraigh
sleazy *adj* brocach

sledge

sledge *n* carr *m1* sleamhnáin

sledgehammer *n* ord *m1*

sleek *adj* sleamhain, slim; (*cunning*)

slíocach, glíc

sleep *n* codladh *m3* ♦ *vi* codail; **to go to**

sleep dul a chodladh

▶ **sleep in** *vi* (*oversleep*) codail mall *or* amach

sleeper *n* (RAIL) cóiste *m4* codlata; (: *berth*) leaba *f*

sleeping bag *n* mála *m4* codlata

sleeping car *n* (RAIL) cóiste *m4* codlata

sleeping partner *n* (COMM) comhpháirtí *m4* diomhaoin

sleeping pill *n* piollaire *m4* suain

sleepless *adj*: **a sleepless night** oíche gan chodladh

sleepwalker *n* suainsiúlaí *m4*

sleepy *adj* codlatach; **to be sleepy** codladh a bheith ort

sleet *n* flichshneachta *m4*

sleeve *n* muinchille *f4*

sleigh *n* carr *m1* sleamhnáin

sleight *n*: **sleight of hand** beartaíocht *f3* láimhe

slender *adj* seang, caol

slew *vi* (*also*: **slew around**) sciorr, sleamhnaigh

slice *n* slis *f2*, sliseog *f2*, stiall *f2*; (*SPORT*) slisbhuille *m4* ♦ *vt* gearr ina shliseogaí; (*ball*) slis

slick *adj* (*smooth*) snasta, líofa, creatúil; (*slippery*) sleamhain, slíocach ♦ (*also*: **oil slick**) leo *m4* ola

slide *n* (*in playground, PHOT*) sleamhnán *m1*; (*also*: **hair slide**) greamán *m1*; (*in prices*) titim *f2*, sleamhnú *m* ♦ *vt* sleamhnaigh ♦ *vi* sciorr, sleamhnaigh

sliding *adj* sleamhnáin *n gen*; **sliding door** comhla *f4* shleamhnáin

sliding scale *n* scála *m4* aistritheach

sight *adj* (*build*) caol, seang; (*small, extent*) beag, breac-; **slight acquaintance** bréacathne ♦ *n* achasán *m1*; **she is not in the slightest interested in it** níl spéis dá laghad aici ann

slightly *adv* beagán, beagáinín, beagán beag

528

sloping

Sligo *n* Sligeach *m1*

slim *adj* tanaí, caol, seang ♦ *vi* bheith do do thanú féin

slime *n* sláthach *m1*, lathach *f2*

slimming *adj* (*diet, pills*) tanaithé

slimy *adj* (*muddy*) ramallach; (*person*)

sleamhain, snámhach; **a slimy individual** sramaide *m4*

sling *n* (MED) iris *f2* ghualainne; (*weapon*) crann *m1* tabhail ♦ *vt* teilg

slip *n* sleamhnú *m*, sciorradh *m*; (*mistake*)

botún *m1*, dearmad *m1*; (*undershirt*) foghúna *m4*; (*of paper*) slip *f2*, bileog *f2*; (*for pay*) duillin *m4* ♦ *vt* (*slide*)

sleamhnaigh ♦ *vi* sleamhnaigh; (*decline*)

téigh síos; **to slip into/out of** sleamhnú isteach i/amach as; **to give sb the slip** cor a chur ar dhuine; **a slip of the tongue** sciorradh *m* focail

▶ **slip away** *vi* éalaigh, caolaigh leat, seangaigh as

▶ **slip in** *vt* scaoil isteach ♦ *vi* (*errors*) tar isteach i ngan fhios

▶ **slip out** *vi* éalaigh, seangaigh as, caolaigh leat; **I let it slip out** (*secret*) d'imigh an focal orm, sciorr an focal uaim

▶ **slip up** *vi*: **he slipped up** rinne sé botún, chuaigh sé amú

slipper *n* slipéar *m1*

slippery *adj* sleamhain, sciorrach; **a slippery person** slíudrálaí *m4*

slip road *n* sliosbhóthar *m1*

slipshod *adj* sleamhnaíocht, leibideach

slip-up *n* botún *m1*

slipway *n* sleamhnán *m1*, fánán *m1*

slit *n* scoilt *f2*, gearradh *m* ♦ *vt* scoilt, gearr

slither *vi* sleamhnaigh, sciorr

sliver *n* slis *f2*

slob (*inf*) *n* slaba *m4*, slupairt *f2*

slog *vi* bheith ag úspaireacht leat, bheith ag streachailt *or* ag stróiceadh leat

slogan *n* mana *m4*

slope *n* fána *f4* ♦ *vi*: **it slopes down** tá fána leis

sloping *adj* claon; **sloping shoulder** fiarghualainn

sloppy

sloppy *adj* slapach, sleamchúiseach, leibideach, liobarnach

slot *n* sliotán *m1* ♦ *vt*: to slot sth into rud a chur isteach i

sloth *n* falsacht *f3*, leisce *f4*

slouching *adj* sleabh cánta, cromshlinneánach

Slovak *adj*, *n* Slóvacach *m1*; **the Slovak Republic** an Phoblacht *f3* Shlóvacach

Slovakia *n* an tSlóvaic *f2*

Slovenia *n* an tSlóivéin *f2*

slovenly *adj* leibideach, sleamchúiseach, slapach; **slovenly person** slapaire *m4*

slow *adj* mall, fadálach; (*watch*): to be five minutes slow bheith cúig noiméad mall ♦ *adv* go mall, go fadálach ♦ *vi* (*also*): slow down, slow up) moilligh ♦ *vt*: to slow sth down or up moill a bhaint as rud, an siúl a bhaint de rud; "slow" (*road sign*) "go mall"

slowly *adv* go mall, go fadálach

sludge *n* sloda *m4*, láib *f2*

slue (*us*) *vi* = **slew**

slug *n* seilide *m4*

sluggish *adj* spadánta, torpánta, malltriallach

sluice *n* bualchomhla *f4*; (*also*: sluice gate) loc-chomhla *f4*

slum *n* (*house*) sluma *m4*

slump *n* meath *m3*; (*COMM*) tobthitim *f2*, meathlú *m* ♦ *vi* (*person*) tit i do chnap

slur (*fig*: smear): slur (on) masla *m4* (do) ♦ *vt*: to slur sb aithis a thabhairt do dhuine, droch-chlú a chur ar dhuine; to slur one's speech bachelóg a bheith ar do theanga

slush *n* greallach *f2*, lathach *f2*, spútrach *m1*

slut (*inf*, *pej*) *n* sraoilteog *f2*

sly *adj* slítheánta, slíochach, sleamhain

smack (*n* (*slap*) greadóg *f2*, boiseog *f2*; (*on face*) leiceadar *m1* ♦ *vt* tabhair bos or boiseog do ♦ *vi*: to smack of sth blas ruda a bheith ar

small *adj* beag, mion-

small change *n* airgead *m1* mion, sóinseáil *f3* bheag, pingíní *fp12* (beaga) sóinseála

529

smooth

smallholder *n* feirmeoir *m3* beag

small hours *npl*: in the small hours i lár or i ndeireadh na hoíche

smallpox *n* bolgach *f2*, an galar *m1* breac

small talk *n* mionchaint *f2*

smart *adj* (*neat*) innealta, sciobalta; (*clever*) cliste, géar; (*quick*) gasta ♦ *vi*: her eyes were smarting bhí greadfach ina súile

▶ **smarten up** *vi*: to smarten o.s. up caoi or dóigh a chur ort féin ♦ *vt*: to smarten sth up caoi or dóigh a chur ar rud

smash *n* (*also*: smash-up: accident) tuairteáil *f3*, timpiste *f4* taisme; (*also*: smash hit) it is a smash hit tá ráchairt mhór air, tá an-tóir air ♦ *vt* (*opponent*) tabhair greasáil do, treascair; (*SPORT, record*) sáraigh; to smash sth to pieces smidiríní a dhéanamh de rud; to smash sth against sth rud a ghreadadh in éadan ruda ♦ *vi* bris

smashing (*inf*) *adj* ar fheabhas, thar barr, thar cinn

smattering *n*: a smattering of crothán *m1* + *gen*, smearadh *m1* + *gen*

smear *n* smearadh *m1*, smeadráil *f3*; (*MED*) scrúdú *m* smearaidh ♦ *vt* smear, smeadráil

smell *n* boladh *m1*, mos *m1* ♦ *vt* bolaigh ♦ *vi* (*food etc*): it smells of smoke tá boladh toite air; (*pej*): it smells (terrible) tá boladh bréan as or uaidh

smelly *adj* bréan

smile *n* miongháire *m4*, aoibh *f2*, meangadh *m* (gáire) ♦ *vi* aoibh an gháire a bheith ort, miongháire a dhéanamh

smirk *n* seitgháire *m4*, streill *f2*

smock *n* forléine *f4*

smog *n* toitcheo *m4*

smoke *n* toit *f2*, deatach *m1* ♦ *vt* (*tobacco*) caith; (*fish, bacon*) deataigh; **he smokes 20 a day** caitheann sé fiche sa lá

smoked *adj* (*bacon, fish*) deataithe

smoking *n* caitheamh *m1* tobac; "no smoking" (*sign*) "ná caitear tobac"; to give up smoking éir as na toitíní

smoky *adj* deatúil, smúitiúil

smolder (*us*) *vi* = **smoulder**

smooth *adj* mín, caoin, réidh, séimh ♦ *vt*

(clothes) smúdáil; **to smooth over sth** plána mín a chur ar rud
smother vt múch, plúch
smoulder, (us) **smolder** vi cnádaigh, cráindóigh
smudge n smál m1, smáileog f2, smearadh m1 • vt smálaigh, smear
smug adj bogásach
smuggle vt smuigleáil
smuggler n smuigléir m3
smuggling n smuigleáil f3, smuigléireacht f3
smutty adj (fig) brocach, graosta, gáirsiúil
snack n sneaic f2, scroid f2, raisín m4, smailc f2
snack bar n sneaicbheár m4, scroidchuntar m1
snag n fadhb f2
snail n seilide m4
snake n nathair f (nimhe)
snap n (sound) snap m4, cnag m1; (of finger) smeach m3; (photograph) grianghraf m1 • adj tobann • vt (break) snap, bris; (fingers) bain smeach as • vi snap, bris; **to snap at sb** glafadh a thabhairt ar dhuine, sclamh a bhaint as duine, bheith ag snapadh ar dhuine, snap a thabhairt ar dhuine; **to snap shut** druidim de bhlosc or de phreab
• snap up vt sciob (suas)
snappy (inf) adj tapa, gasta, bríomhar; **make it snappy!** déan deifir leis!
snapshot n grianghraf m1
snares n dol m3, gaiste m4
snarl vi drann, drantaigh
snatch n: **snatch of sleep** néal m1 codlata • vt sciob; (kidnap) fuadaigh; **to snatch at an opportunity** breith ar an áiméar
sneak vi: **to sneak in/out** sleamhnú isteach/amach go formhothaithe or go fáilí • n (inf, pej: informer) sceithire m4; **to sneak up on sb** teacht go formhothaithe or go fáilí ar dhuine; **sneak away** slíoc
sneer vi: **to sneer at sb** fonóid a dhéanamh faoi dhuine
sneeze vi lig sraoth, bheith ag

sraothartach
sniff vi, vt smúr; **to sniff around** bheith ag smúrthacht thart
snigger vi déan seithgháire
snip n (cut) gearradh m • vt gearr
sniper n naoscaire m4, snipéir m3
snippet n blúire m4, mír f2, gearrthóg f2
snob n duine m4 ardnósach or mórluachach
snobbish adj ardnósach, mórluachach, baothghalánta
snooker n snúcar m1
snoop vi: **to snoop about** bheith ag smúrthacht thart
snooty adj ardnósach, mórluachach
snooze n néal m1 codlata • vi néal codlata a dhéanamh
snore vi srann, lig srann, bheith ag srannfach
snoring n srannfach f2
snort vi srann
snout n soc m1, smut m1, smuilec f2
snow n sneachta m4 • vi: **it's snowing** tá sé ag cur sneachta
snowball n meall m1 sneachta
snowdrift n ráth m3 sneachta, muc f2 shneachta
snowdrop n plúirín m4 sneachta
snowfall n titim f2 sneachta
snowflake n calóg f2 shneachta
snowman n fear m1 sneachta
snowplough, (us) **snowplow** n céachta m4 sneachta
snowshoe n bróg f2 shneachta
snowstorm n stoirm f2 shneachta
snub vt déan beag is fiú de, maslaigh, tabhair gonc do • n aithis f2, gonc m1
snub-nosed adj geancach
snuff n snaoisín m4
snug adj cluthar, seascair, teolai
snuggle vi: **to snuggle down** tú féin a shoiptiú; **to snuggle up to sb** luí isteach le duine

KEYWORD

so adv amhlaidh, chomh 1 (thus, likewise) mar sin, amhlaidh; **if so** más amhlaidh atá, más ea; **I have a car - so do or have**

I tá carr agam - tá agus agamsa; I went to the doctor - so did I chuaigh mé chuig an dochtúir - chuaigh agus mise; it's 5 o'clock - so it is! tá sé a cúig a chlog - tá go deimhin!; I hope so tá súil agam sin; I think so is dóigh liom é; so far go dtí seo or go nuige seo or go sea 2 (in comparisons etc: to such a degree) chomh; so big (that) chomh mór (go); she's not so clever as her brother níl sí chomh cliste lena deartháir

3 : so much

adj, adv an oiread sin; I've got so much work tá an oiread sin oibre agam; I love you so much tá mé chomh mór sin i ngrá leat, tá mé chomh doirte sin duit; so many an oiread sin, an méid sin 4 (phrases): 10 or so tuairim is deich; so long! (inf) slán go fóill!
 • conj 1 (expressing purpose): so as to, so (that) chun go, le go, d'fhonn go 2 (expressing result) sa dóigh go, sa chaoi go, sa tslí go

soak vt, vi maothaigh; to soak sth in rud a chur ar maos i

► **soak up** vt súigh; soaked to the skin fliuch go craiceann, fliuch báite, (bheith) i do líbín báite

soap n gallúnach f2, sópa m4

soap opera n sobalchlár m1

soap powder n púdar m1 gallúnaí, púdar sópa

soar vi téigh in airde

sob n smeach m3, snag m3 • vi bheith ag smeachnach, bheith ag osnaíl

sober adj sóbráilte, stuama

► **sober up** vt bain an mheisce de • vi cuir an mheisce díot, tar as meisce

so-called adj: a so-called expert saineolaí mar dhea

soccer n sacar m1

social adj cuideachtúil, sochaideartha

social adj sóisialta; (sociable) cuideachtúil

• n (social evening) oíche f4 chaidrimh

social club n club m4 sóisialta

social fund n ciste m4 sóisialta

socialism n sóisialachas m1

socialist adj sóisialach • n sóisialaí m4

socialize vi: to socialize (with)

cuideachta a choinneáil (le)

social security n leas m3 sóisialta

social work n obair f2 shóisialta

social worker n oibrí m4 sóisialta

society n sochaí f4; (club) cumann m1; (also: high society) an ghalántacht f3, an uaisleacht f3

sociology n socheolaíocht f3

sock n stoca m4 gearr

socket n cró m4; (ANAT) logall m1; (ELEC) also: wall socket soicéad m1

sod n (of earth) fód m1; sod it! (inf)

breast é!, damnú air!

soda n (CHEM) sóid f2; (also: soda water)

uisce m4 sóide; (us: also: soda pop) uisce mianraí

sodden adj aimlithe, ar maos; (material)

spairteach; (substance) spadalach;

sodden ground claid f2; **sodden hay** féar báite; **sodden turf** spadar m; **sodden thing** sliobán m1

sofa n tolg m1

soft adj bog

soft drink n mianra m4, deoch f neamh-mheisciúil

soften vt bog; (fig) maothaigh; (pain)

maolaigh • vi bog; (fig) maolaigh

softly adv go bog, go réidh

softness n boige f4

soft spot n: to have a soft spot for sb

dáimh a bheith agat le duine, bheith fabhrach do dhuine

software n (COMPUT) bogearraí mpl4

soggy adj maoth, líbínach, maosta

soil n (earth) ithir f, úir f2 • vt salaigh

solace n sólas m1

solar adj grianda

solar panel n painéal m1 gréine

solar power n grianchumhacht f3

solder vt sádraigh • n sádar m1

soldier n saighdiúir m3

sole n (of foot, shoe) bonn m1; (fish) sól

msg1 • adj aon-

solemn adj sollúnta; (person) stuama,

staidéartha

solicit vt (request) iarr

solicitor *n* aturnae *m4*

solid *adj* (*firm*) daingean; (*not hollow*) cruánach; (*entire*): **3 solid hours** 3 uair an chloig gan stad • *n* solad *m1*

solidarity *n* dlúthpháirtíocht *f3*

solitary *adj* aonair *n* gen, aonarach

solitary confinement *n* (*LAW*) gaibhníú *m* aonair

solo *n* ceol *m1* aonair • *adv* (*fly*) i d'aonar

soloist *n* aonréadaí *m4*

soluble *adj* intuaslachta; (*fig*) inréitithe

solution *n* réiteach *m1*; (*chemical*)

tuaslagán *m1*

solve *vt* réitigh, fuascail

solvent *adj* (*COMM*) sócmhainneach • *n*

(*CHEM*) tuaslagóir *m3*

Somalia *n* an tSomáil *f2*

KEYWORD

some *adj* roinnt + *gen*; cuid (de); éigin **1**

(*a certain amount or number of*): **some**

tea/water braon tae/uisce; **some**

children/apples roinnt páistí/úll; **some**

money dornán airgid

2 (*certain: in contrasts*): **some people**

say that ... deir cuid de na daoine go

deirtear go; **some films were excellent,**

but most ... bhí cuid de na scannáin ar

fheabhas, ach bhí a mbunús ...

3 (*unspecified*): **some woman was**

looking for you bhí bean éigin ar do

lorg; **he was asking about some book**

(*or other*) bhí sé ag fiafraí faoi leabhar

éigin; **some day lá éigin; some day next**

week lá éigin an tseachtain seo

chugainn

• *pron* **1** (*a certain number*) roinnt, cuid;

I've got some (*books etc*) tá roinnt

(*leabhar etc*) agam; **some** (*of them*)

have been sold díoladh cuid acu *or* cuid

díobh

2 (*a certain amount*) cuid, roinnt, méid

áirithe; **I've got some** (*money, milk*) tá

méid áirithe agam, níl mé folamh ar fad

• *adv*: **some 10 people** tuairim is

deichniúr

somebody *pron* = someone

somehow *adv* ar dhóigh éigin, ar chaoi éigin; (*for some reason*) ar chúis éigin

someone *pron* duine *m4* éigin

someplace (*us*) *adv* = somewhere

somersault *n* iompú *m* tóin thar ceann

• *vi* téigh tóin thar ceann; **the car**

somersaulted chuaigh an carr thar a chorp

something *pron* rud *m3* éigin, ní *m4*

éigin; **something interesting** rud éigin spéisiúil

sometime *adv* (*in future, past*) am éigin

sometimes *adv* in amanna, uaireanta

somewhat *adv* pas beag, ábhar, ábhairín

somewhere *adv* áit éigin

son *n* mac *m1*; **it's OK, son** tá sé ceart go

leor, a mhic

song *n* amhrán *m1*; (*of bird*) ceiliúr *m1*

son-in-law *n* cliamhain *m4*

sonny (*inf*) *n* (*my lad*) a mhac

soon *adv* gan mhoill; (*early*) go luath, go

moch; **soon afterwards** gan mhoill ina

dhiaidh sin; *see also* **as**

sooner *adv* (*time*) níos luaithe;

(*preference*): **I would sooner do sth**

b'fhearr liom rud a dhéanamh; **sooner**

or later luath nó mall

soot *n* súiche *m4*

soothe *vt* cíunaigh, tabhair sólás do;

(*pain, anger*) maolaigh

sophisticated *adj* sofaisticiúil

sophomore (*us*) *n* scoláire *m4* den dara

bliain

soppy (*pej*) *adj* maoithneach

soprano (*n*) (*singer*) soprán *m1*

sorcerer *n* asarlaí *m4*

sore *adj* nimhneach, tinn, frithir;

(*annoying*) goilliúnach • *n* cneá *f4*

soresly *adv*: **I was soresly tempted** bhí

cathú trom orm; **to be soresly in need of**

sth géarghá a bheith agat le rud, rud a

bheith de dhíth go géar ort

sorrow *n* brón *m1*, buairt *f3*

sorry *adj* brónach, buartha, aiféalach;

(*excuse*) bacach; (*state, condition*) ainnis,

bocht; **things are in a sorry state** is

bocht an scéal é, tá an scéal go hainnis;

sorry! gabh mo leithscéal!; **to feel sorry**

for sb trua a bheith agat do dhuine
sort *n* cineál *m1*, saghas *m1*, sórt *m1* ♦ *vt*
 (also: **sort out**) sórtáil; (: *problems*)
 socraigh, réitigh; (*COMPUT*) sórtáil
sorting office *n* oifig *f2* shórtála
so-so *adv* measartha, cuibheasach,
 réasúnta
soul *n* anam *m3*
soulful *adj* corraitheach, cumhach,
 tochtmhar
sound *adj* (*healthy*) folláin; (*safe, not*
damaged) slán; (*reliable, reputable*)
 iontaofa, fónta, fuaimintiúil; (*sensible*)
 céilli. *adv*: she is sound asleep tá sí ina
 chnap codlata. *n* fuaim *f2*, glór *m1*,
 foghar *m1*; (*GEOL*) caolas *m1* ♦ *vt* (*vowels,*
consonants etc) fuaimnigh. *vt, vi* (*alarm*)
 buail; (*fig: seem*): that sounds good
 smaoineamh maith é sin, tá ciall leis sin,
 tá cuma mhaith ar sin
 ▶ **sound out** *vt*: to sound sth out rud a
 fhiosrú
sound barrier *n* fuaimbhac *m1*
sound card *n* (*COMPUT*) fuaimchárta *m4*
soundly *adv* (*sleep*) go sámh, go trom;
 (*beat*) go trom
soundproof *adj* fuaimdhíonach
soundtrack *n* (*of film*) fuaimrían *m1*
soup *n* anraith *m4*; in the soup (*fig*) san
 fhaopach
soup plate *n* pláta *m4* anraith
soupspoon *n* spúnóg *f2* anraith
sour *adj* searbh, ghéar; it's sour grapes
 (*fig*) níl ann ach silíní searbha
source *n* foinse *f4*
south *n* deisceart *m1* ♦ *adj* deisceartach;
 (*wind*) aneas; (*side*) theas. *adv* (*in*)
 theas; (*to*) ó dheas; (*from*) aneas; **the**
South an Deisceart *m1*; **south of** taobh
 theas de
South Africa *n* an Afraic *f2* Theas
South African *adj, n* Afracach *m1* Theas
South America *n* Meiriceá *m4* Theas
South American *adj, n* Meiriceánach *m1*
 Theas
south east *n* oirdheisceart *m1* ♦ *adj*
 oirdheisceartach; (*wind*) anoir aneas;
 (*side*) thoir theas. *adv* (*in*) thoir theas;

(*to*) soir ó dheas; (*from*) anoir aneas; **the**
South East an tOirdheisceart *m1*; **south**
east of taobh thoir theas de
southerly *adj* (*wind*) aneas; (*point*) theas
southern *adj* deisceartach, theas; **the**
Southern Cross Cros *f2* an Deiscirt
South Pole *n* an Pol *m1* Theas
southward(s) *adv* ó dheas
south west *n* iardheisceart *m1* ♦ *adj*
 iardheisceartach; (*wind*) aniar aneas;
 (*side*) thiar theas. *adv* (*in*) thiar theas;
 (*to*) siar ó dheas; (*from*) aniar aneas; **the**
South West an tIardheisceart *m1*; **south**
west of taobh thiar theas de
souvenir *n* cuimhneachán *m1*
sovereign *n* tiarna *m4*
soviet *adj* sóivéadach; **the Soviet Union**
 (*formerly*) Aontas *m1* na Sóivéadach
sow¹ *n* (pig) cráin *f*
sow² *vt* (*seed*) cuir
soya, (US)soy *n*: soya bean pónaire *f4*
 shoighe; soya sauce anlann *m1* soighe
spa *n* (*town*) spá *m4*; (*US: also: health spa*)
 ionad *m1* íocshláinte
space *n* spás *m1*; (*room*) fairsinge *f4*, áit
f2; (*length of time*) achar *m1* ♦ *cpd* spás-
 ♦ *vt* (also: **space out**) spásáil
spacecraft, spaceship *n* spásárthach *m1*
spaceman *n* spásaire *m4*, fear *m1* spáis
spacewoman *n* banspásaire *m4*, bean *f*
 spáis
spacing *n* spásáil *f3*
spade *n* (*tool*) spád *f2*, rámhainn *f2*;
 spades *npl* (*CARDS*) spéireataí *mpl4*
Spain *n* an Spáinn *f2*
span *n* (*of bird, plane*) réise *f4* sciathán;
 (*of arch*) réise; (*in time*) tamall *m1* ♦ *vt*
 (*river etc*) trasnaigh
Spaniard *n* Spáinneach *m1*
spaniel *n* spáinnéar *m1*
Spanish *adj* Spáinneach. *n* (*LING*)
 Spáinnis *f2*; **the Spanish** *npl* na
 Spáinnigh *mpl1*
spanner *n* castaire *m4*
spare *adj* (*free, unoccupied*) saor; (*of*
person) lom, caol, lomghéagach; (*surplus*)
 breise *n gen* ♦ *n* (*part*) páirt *f2* bhreise or
 spártha. *vt* (*afford to give: money, time*)

spáráil; (*expense*) coigil; (*do without*) déan gnó gan, tar gan; (*refrain from hurting*) lig le; **to spare** (*surplus*) le spáráil; **if I am spared** má fhágann Dia an tsláinte agam, faoina bheith slán dom

spare part *n* páirt f2 bhreise *or* spártha

spare time *n* am m3 saor

spare wheel *n* (AUT) roth m3 breise

sparingly *adv* go tiosach, go coigilteach

spark *n* drithle f4, spréach f2, aithinne f4; (*of sense*) splanc f2

spark(ing) plug *n* spréachphlocóid f2

sparkle *n* drithle f4, glioscarnach f2 • *vi* drithligh, lonraigh

sparkling *adj* drithleach, lonrach; (*wine*) súilíneach; (*fig*) aigeanta, beoga, anamúil, spleodrach

sparrow *n* gealbhan m1

sparse *adj* gann, tearc

spartan *adj* (*fig*) lom, bocht, gan compord

spasm *n* taom m3, racht m3; (MED) ríog f2, freanga f4

spasmodic *adj* (*fig*) ó am go chéile

spastic *n* spasmach m1

spate *n* (*fig*): a spate of lear mór + *gen*

spatter *vt* spréigh (ar), scaird, steall

spawn *vi* sceith • *n* sceathrach f2

speak *vt* labhair; (*truth*) déan, inis, can • *vi* labhair; **to speak to sb of or about sth** labhairt le duine faoi rud; **speak up!** labhair amach!; **do you speak Irish?** an bhfuil Gaeilge agat?; **so to speak** mar a déarfá

speaker *n* (*in public*) cainteoir m3; (*also*: **loudspeaker**) callaire m4; **the Speaker** (POL) An Ceann m1 Comhairle

spear *n* sleá f4 • *vt* sáigh (le sleá)

spec (*inf*) *n*: **on spec** ar sheans m4 (go)

special *adj* speisialta, ar leith

specialist *n* saineolaí m4, speisialtóir m3

speciality *n* speisialtacht f3

specialize *vi*: **to specialize (in)** speisialtóireacht a dhéanamh (ar)

specially *adv* go speisialta

specialty (*esp US*) *n* = **speciality**

species *n* (*gen*) gné f4; (BOT, BIOL) speiceas m1

specific *adj* sainiúil, sonrach; (BOT, CHEM

etc) speiceasach

specifically *adv* go sainiúil, go baileach

specification *n* (TECH) sonraíocht f3; (*requirement*) bunriachtanas m1

specimen *n* sampla m4; **a poor specimen** ainm m4 *or* leithscéal m1 ruda

speck *n* (*particle*) ballóg f2, spota m4, dúradán m1

speckled *adj* breac

specs (*inf*) *npl* gloiní fpl4

spectacle *n* seó m4, amharc m1 súl, feic m4 saolta; **spectacles** *npl* (*glasses*) spéaclaí mpl4, gloiní fpl4

spectacular *adj* iontach, mórthaibhseach

spectator *n* breathnóir m3 • *npl*:

spectators lucht m3 féachana

spectrum *n* speictream m1

speculation *n* tuairimíocht f3; (COMM) amhantraíocht f3

speech *n* (*faculty*) urlabhra f4, caint f2; (*talk*): **to make a speech** óráid f2 a thabhairt; **to have a speech impediment** bachelóg a bheith ar do theanga; **parts of speech** ranna fpl cainte

speechless *adj*: **she was left speechless** níor fágadh focal aici, baineadh an chaint di

speed *n* luas m1, siúl m1 • *vi*: **to speed past etc** dul thart ar luas *or* ar de rása; **at full or top speed** faoi lán *or* iomlán siúil, faoi lán seoil, faoi lánluas

► **speed up** *vt, vi* géaraigh an luas • *vi* bheith ag tógáil siúil, géaraigh an luas

speedboat *n* luasbhád m1

speedily *adv* go gasta, go tapa; (*without delay*) go beo, gan a thuilleadh moille

speeding *n* (AUT) tiomáint f3 ar róluas

speed limit *n* teorainn f luais

speedo *n* (*inf*) = **speedometer**

speedometer *n* luasmhéadar m1

speedway *n* (SPORT: *also*: **speedway racing**) rásaíocht f3 luasraoin

speedy *adj* gasta, tapa, luath; (*reply etc*) ar an bpointe, gan aon mhoill a dhéanamh

spell *n* (*also*: **magic spell**) draíocht f3; (*period of time*) tamall m1, seal m3 • *vt* (*in writing*) litrígh; (*fig*) ciallaigh; **to cast a spell on sb** duine a chur faoi

spellbound

dhraíocht; **he can't spell** níl litriú aige

spellbound *adj* faoi dhraíocht

spelling *n* litriú *m*

spend *vt* caith

spending *n* caitheamh *m1*, caiteachas *m1*

spendthrift *n* cailliúnaí *m4*

sperm *n* speirm *f2*

spew *vt* (also: **spew out**) sceith

sphere *n* sféar *m1*

spice *n* spíosra *m4*

spicy *adj* spíosrach; (*fig*) te

spider *n* damhán *m1* alla

spike *n* spice *m4*; (*BOT*) dias *f2*

spill *vi*, *vt* doirt

spin *n* (revolution of wheel) rothlú *m*;

(*AVIAT*) casadh *m1*; (*trip in car*) geábh *m3*,

turas beag. *vt* (wool etc) sníomh; (*wheel*)

cas. *vi* cas, tar thart or timpeall

spinach *n* spionáiste *m4*

spinal *adj* droma *n* gen

spinal cord *n* córda *m4* an dromlaigh

spin-dryer *n* triomadóir *m3* guairne

spine *n* dromlach *m1*; (*thorn*) dealg *f2*

spineless *adj* (*fig*) cladhhartha, meata

spinning *n* (of thread) sníomh *m3*

spinning top *n* caiseal *m1*

spinning wheel *n* tuirne *m4*

spin-off *n* buntáiste *m4* breise

spinster *n* bean *f* shingil, seanchailín *m4*

spiral *n* bis *f2*. *vi* (*fig*) ardaigh go gasta

spiral staircase *n* staighre *m4* bíseach

spire *n* spuaic *f2*

spirit *n* spiorad *m1*; (*mood*) meon *m1*;

(*courage*) meanma *f*; **spirits** *npl* (*drink*)

biotáille *fsg4*; **in good spirits** bheith lán

de chroí is d'aighe, do chroí a bheith

agat; **the Holy Spirit** An Spiorad Naomh

spirited *adj* anamúil, beo, aigeanta,

misniúil

spiritual *adj* spioradálta

spit *n* (for roasting) bior *m3*; (*saliva*) seile

f4. *vi* caith seile; (*sound*) smeach

spite *n* olc *m1*, míoscáis *f2*, faltanas *m1*

. *vt* cuir olc ar; **in spite of** in ainneoin (+

gen), gan bhuíochas de; **in spite of o.s.**

de d'ainneoin

spiteful *adj* míoscáiseach, nimheanta

spittle *n* seile *f4*; (*spat out*) crochaille *m4*

265

sport jacket

splash *n* splais *f2*, steall *f2*. *vt* steall. *vi* (also: **splash about**) bheith ag slaparnach or ag splaisearnach

spleen *n* (ANAT) liathán *m1*

splendid *adj* taibhseach; **that's splendid!**

tá sin ar fheabhas or thar barr or thar cinn!

splint *n* cléithín *m4*

splinter *n* (wood) scealp *f2*. *vi* scealp

split *n* scoilt *f2*; (*fig, POL*) deighilt *f2*. *vt*

scoilt; (*work, profits*) roinn. *vi* (*divide*) scoilt

► **split up** *vi* (*couple*) scar ó chéile; (*meeting*) scaip

sputter *vi* bheith ag plobaireacht; (*spit*) bheith ag priosláil

spoil *vt* (*damage*) mill; (*child*) mill, déan peata as

spoils *npl* creach *fsg2*; (*fig: profits*) brabach *m1*

spoilsport *n* seargánach *m1*

spoke *n* (of wheel) spóca *m4*

spokesman *n* urlabhraí *m4*

spokeswoman *n* urlabhraí *m4*

sponge *n* spúinse *m4*, múscán *m1*; (also:

sponge cake) císte *m4* spúinse. *vt*

spúinseáil. *vi*: **to sponge off** or **on**

bheith ag stocaireacht ar

sponger *n* dúigaire *m4*, stocaire *m4*, súmaire *m4*

sponsor *n* (RADIO, TV, SPORT) urra *m4*; (REL) cara *m* Críost. *vt* téigh in urrús ar;

sponsored by faoi choimirce

sponsorship *n* urraíocht *f3*

spontaneous *adj* spontáineach

spooky (*inf*) *adj* uaigneach, aerach

spool *n* spól *m1*; (*on fishing rod*) roithleán *m1*

spoon *n* spúnóg *f2*

spoon-feed *vt* potbhiathaigh

spoonful *n* lán *m1* spúnóige

sport *n* spórt *m1*, spraoi *m4*, scléip *f2*;

(*person*): **he's a good sport** an-fhear é, duine galánta é. *vt* (*clothes*) caith

sporting *adj* spórtúil; **to give sb a**

sporting chance deis chothrom a

thabhairt do dhuine

sport jacket (US) *n* = sports jacket

sports jacket

sports jacket *n* casóg *f2*

sportsman *n* fear *m1* spóirt, duine *m4*
cóir, fear *m1* cothrom *or* macánta

sportsmanship *n* cothrom *m1* na féinne

sportswear *n* éide *f4* spóirt

sportswoman *n* bean *f* spóirt

sporty *adj* spórtúil

spot *n* ball *m1*; (*dot: on pattern, RADIO, TV, in programme*) spota *m4*; (*pimple*) goirín *m4*; (*place*) áit *f2*, láthair *f*; (*small amount*): a **spot** of ábhairín *m4* *or* braon *m1* *or* deoir *f2* + *gen*, beagán *m1* + *gen*
♦ *vt* (*notice*) tabhair faoi deara; **on the spot** ar an láthair; (*immediately*) láithreach bonn; **to be in a tight spot** bheith sa chúnglach *or* i bponc

spot check *n* spotseiceáil *f*, mearscrúdú *m*

spotless *adj* gan smál

spotlight *n* spotsolas *m1*

spotted *adj* (*fabric*) ballach

spotty *adj* (*face, person*) goiríneach

spouse *n* céile *m4*

spout *n* (*of jug*) gob *m1*; (*of pipe*) sconna *m4* ♦ *vi* scaird

sprain *n* leonadh *m* ♦ *vt: to sprain one's ankle* do mhurnán a leonadh

sprawl *vi* sín, leath do ghéaga

spray *n* (*of water*) scaird *f2*; (*from sea*) cáitheadh *m*; (*for garden*) sprae *m4*; (*aerosol*) spraeachanna *m4*; (*of flowers*) craobhóg *f2* ♦ *vt* spraeáil, spréigh

spread *n* (*distribution*) forleathadh *m*; (*CULIN, paste*) smearadh *m1*; (*inf: meal*) féasta *m4* ♦ *vt* leath, spréigh; (*wealth, workload*) roinn ♦ *vi* (*disease, news*) leath; (*also: spread out: stain*) leath

► **spread out** *vi* (*people*) scar amach

spread-eagled *adj* spréite amach

spree *n* spraoi *m4*, garairne *m4*

springly *adj* aigeanta, anamúil

spring *n* (*leap*) preab *f2*; (*coiled metal*) sprionga *m4*; (*season*) earrach *m1*; (*of water*) fuarán *m1*, tobar *m1* ♦ *vi* preab; **to spring to one's feet** léimnigh (*de phreab*) i do sheasamh, éiri de phreab; **to spring from** fréamhú ó; **in spring** san earrach

► **spring up** *vi* éirigh de phreab, tar ar an

266

squash

bhfód go tobann, nocht go tobann

springboard *n* preabchlár *m1*

spring-clean(ing) *n* glanadh *m* an earraigh

springtime *n* earrach *m1*

sprinkle *vt* croith; **to sprinkle sugar on** siúca a chroitheadh ar; **to sprinkle sth with sugar** rud a spré le siúca

sprinkler *n* (*for lawn*) spréire *m4*

sprint *n* ruid *f2*, ráib *f2* ♦ *vi* bheith ag rábáil

sprout *vi* péac, gob aníos

sprouts *npl* (*also: Brussels sprouts*) bachelóga *fp/2* Bruiséile

spruce *n* sprús *m1* ♦ *adj* breabhsánta

spry *adj* beoga

spuds *npl* (*inf*) prátaí *mpl/4*

spur *n* spor *m1*, brod *m1*; (*fig*) spreagadh *m* ♦ *vt* (*also: spur on*) gríosaiigh, spreag; **on the spur of the moment** ar ala na huaire

spurious *adj* bréagach

spurn *vt* tabhair droim láimhe do

spurt *n* (*of blood*) scaird *f2*; (*of energy*) ráig *f2* ♦ *vi* tabhair rúchladh

spy *n* spiaire *m4* ♦ *vi: to spy on* déan ag spiaireacht ar; (*see*) feic

spying *n* spiaireacht *f3*

sq. *abbr* = square

squabble *vi* bheith ag achrann (*le chéile*)

squad *n* (*MIL, POLICE*) scuad *m1*; (*FOOTBALL*) foireann *f2*

squadron *n* (*MIL*) scuadrún *m1*

squalid *adj* suarach, brocach

squall *n* cóch *m1*

squalor *n* ainnise *f4*, bréantas *m1*

squander *vt* diomail; **to squander sth** rud a chur *or* a ligean (sa dul) amú

square *n* cearnóg *f2* ♦ *adj* cearnógach; (*inf: ideas, tastes*) seanaimseartha ♦ *vt* (*arrange*) socraigh; (*MATH*) cearnaigh; **all square** cothrom; **a square meal** béile maith; **2 metres square** dhá mhéadar cearnaithe; **2 square metres** dhá mhéadar cearnach

squarely *adv* go díreach

squash *n* (*drink*): lemon/orange squash sú *m4* liómóide/oráiste; (*us: marrow*)

squat

mearóg *f2*; (*SPORT*) scuais *f2* ♦ *vt* fáisc
squat *adj* dingthe ♦ *vi* (*also*: **squat down**)
suigh ar do ghogaide
squatter *n* lonnaitheoir *m3*
squawk *vi*: **to squawk** bheith ag grágail
squeak *vi*: **to squeak** bheith ag díoscán;
(*mouse*) bheith ag gíogadh
squeal *vi* sceamh; (*brakes*) scréach
squeamish *adj* cáiréiseach, samhnasach
squeeze *n* fáscadh *m1*; (*ECON*) cúngach *m1*
♦ *vt* fáisc
quelch *vi* díosc
squid *n* máthair *f* shúigh
squiggle *n* scrábáil *f3*
squint *vi* déan splinceáil ♦ *n* fiarshúil *f2*;
to have a squint bheith fiarshúileach,
bheith fiar sa tsúil
squirm *vi* bheith ag tónacán *or* ag
lúbarnáil
squirrel *n* iora *m4* rua; (*grey squirrel*) iora
m4 glas
squirt *vi* steall, steanc
Sr *abbr* = senior
St *abbr* = saint; street
stab *n* (*with knife etc*) sá *m4*, ropadh *m*;
(*of pain*) arraing *f2*, deann *m3*; (*inf*: *try*):
to have a stab at (doing) sth tabhair
iarracht ar rud ♦ *vt* rop, sáigh
stable *n* stábla *m4* ♦ *adj* seasmhach
stack *n* carn *m1*; (*of hay, turf*) cruach *f2*
♦ *vt* (*also*: **stack up**) carn
stadium *n* staid *f2*
staff *n* (*workforce*) foireann *f2* ♦ *vt* cuir
foireann *i*
stag *n* poc *m1*
stage *n* stáitse *m4*, ardán *m1*; (*point*) staid
f2, pointe *m4* ♦ *vt* (*play*) stáitsigh, cuir ar
an stáitse; (*demonstration*) cuir ar bun; **in**
stages diaidh ar ndiaidh, de réir a
chéile, céim ar chéim, ina chéimeanna
stagecoach *n* cóiste *m4*
stage manager *n* bainisteoir *m3* stáitse
stagger *vi* tuisligh ♦ *vt* (*person*: *amaze*)
cuir alltacht ar; (*hours, holidays*) scaip ó
chéile
staggering *adj* (*amazing*) iontach
stagnate *vi* stolp
stag party *n* cóisir *f2* fear

267

stand

staid *adj* stuama
stain *n* smál *m1*; (*colouring*) ruaim *f2* ♦ *vt*
smálaigh; (*wood*) ruaimnigh
stained glass window *n* fuinneog *f2*
gloine dhaite
stainless steel *n* cruach *f4* dhomheirgthe
stain remover *n* díobhach *m1* smál
stair *n* (*step*) céim *f2*; **stairs** *npl* staighre
msg4
staircase, stairway *n* staighre *m4*
stake *n* cuaille *m4*, stáca *m4*; (*BETTING*) geall
m1; (*COMM, interest*) suim *f2* ♦ *vt* cuir *i*
ngeall; **to be at stake** bheith *i* ngeall; **to**
stake one's claim to the land do chuid
den talamh a éileamh
stale *adj* stáilaithe; (*beer*) rodta; (*smell, air*)
dreoithe
stalemate *n* (*CHESS*) leamhsháinn *f2*; (*fig*)
sáinn *f2*
stalk *n* gas *m1* ♦ *vt* éalaigh ar, bí ag
stalcaireacht ar ♦ *vi*: **to stalk out/off**
imeacht go huaibhreach amach/as
stalker *n* stalcaire *m4*
stall *n* (*in street, market etc*) stáinnín *m4*;
(*in stable*) stalla *m4* ♦ *vt* (*AUT*) stop;
(*delay*) moilligh ♦ *vi* (*AUT*) loic; (*fig*)
moilligh; **stalls** *npl* (*in cinema, theatre*)
stallaí *mpl4*
stallion *n* stail *f2*
stalwart *adj* dílis, dionghbháilte; (*brave*)
calma
stamina *n* teacht *m3* aniar
stammer *n* stad *m4* ♦ *vi* bheith ag
stadaireacht
stamp *n* stampa *m4*; (*rubber stamp*)
stampa rubair; (*mark, also fig*) lorg *m1*,
rian *m1* ♦ *vi* (*also*: **stamp one's foot**)
buail do chos ♦ *vt* (*letter*) cuir stampa ar;
(*with rubber stamp*) stampáil
stamp album *n* albam *m1* stampaí
stamp collecting *n* bailiú *m* stampaí
stampede *n* táinrith *m3*
stance *n* seasamh *m1*; (*view*) dearcadh *m1*
stand *n* (*position*) seasamh *m1*; (*for taxis*)
stad *m4*; (*music stand*) seastán *m1*;
(*COMM*) stáinnín *m4*; (*SPORT*) ardán *m1* ♦ *vi*
seas; (*rise*) éirigh, seas (*suas*); (*be placed*)
bí; (*remain: offer etc*) seas; (*in election*)

téigh san iomaíocht ♦vt (*place*) cuir; (*tolerate, withstand*) fulaing, seas, cuir suas le; (*drink*) seas; **to make or take a stand** seasamh a ghlacadh; **the score now stands at 3-4 to 2-4** is é an scór anois ná 3-4 in aghaidh 2-4; **to stand for** parlaimint dul san iomaíocht i dtoghchán parlaiminte

► **stand by**vi (*be ready*) bheith ar fuireachas or ar aire or ar tinneall ♦vt fus (*opinion*) seas le

► **stand down**vi (*withdraw*) éirigh as, tarraing siar

► **stand for**vt fus (*signify*) ciallaigh; (*tolerate*) cuir suas le

► **stand in for**vt fus glac ionad + gen

► **stand out**vi (*be prominent*) seas amach, bí le sonrú

► **stand up**vi (*rise*) seas, éirigh

► **stand up for**vt fus seas ceart do

► **stand up to**vt fus seas an fód in aghaidh + gen

standardn caighdeán m1; (*criterion*) slat f2 tomhais; (*flag*) meirge m4 ♦adj (*size etc*) gnáth-, caighdeánach; (*text*) caighdeánach; **standards** npl (*morals*) caighdeáin mpl1

standard lampn lampa m4 cuaille

standard of livingn caighdeán m1 maireachtála

stand-byn ionadaí m4; **to be on**

stand-by bheith ar aire or ar fuireachas

stand-by ticketn (AVIAT) ticéad m1 fuireachais

stand-inn ionadaí m4

standingadj seasta; (*permanent*) buan- ♦n seasamh m1

standing ordern buanordú m

standing roomn áit f2 seasaimh

stand-offishadj leithleach, deoranta, doicheallach

standpointn dearcadh m1, taobh m1

standstilln: **at a standstill** ina stop, ina stad

staple (*for papers*) stápla m4 ♦adj (*food etc*) bun-, príomh- ♦vt stápláil

staplern stáplóir m3

starn réalta f4, réaltóg f2 ♦vi: **to star** (in)

an phríomhpháirt a bheith agat (i)

starboardn deasbhord m1

starchn stáirse m4

staren stánadh m1 ♦vi: **stare at** stán ar

starfishn crosóg f2 mhara

starkadj (*bleak*) lom; (*harsh*) dian, géar

♦adv: **stark naked** lomnocht

starlingn druid f2

starryadj réaltach, réaltógach

starry-eyedadj (*innocent*) saonta, soineanta

startn tús m1; (*of race, advantage*) tosaigh m1; (*sudden movement*) geit f2, cliseadh m

♦vt tosaigh, cuir tús le; (*establish*) bunaigh; (*engine*) tosaigh, dúisigh ♦vi tosaigh; (*jump*) geit, clis; **to start doing**

or to do sth tosú ar rud a dhéanamh

► **start off**vi tosaigh; (*leave*) imigh

► **start up**vi tosaigh; (*engine*) tosaigh,

dúisigh ♦vt (*business*) cuir tús le;

(*engine*) tosaigh, dúisigh

startern (AUT) dúisire m4; (SPORT, official) túsair m4; (CULIN) cúrsa m4 tosaigh

starting pointn pointe m4 imeachta

startlevt: **he startled me** bhain sé geit or léim asam

startlingadj iontach; (*scary*) scanrúil

starvationn gorta m4, ocras m1

starvevi (*to death*) faigh bás den ocras; (*be hungry*): **to be starving** ocras an domhain a bheith ort, bheith stiúgtha leis an ocras

staten (*condition*) caoi f4, bail f2, riocht m3, staid f2; (POL) stát m1 ♦vt abair, maigh; **the States** npl (*America*) Stáit

mpl1 Aontaithe Mheiriceá; **the (Free)**

State (REL) An Saorstát m1; **to be in a**

state bheith trína chéile

statelyadj státuil, maorga

statementn ráiteas m1

statesmann státaire m4

staticn (RADIO, TV) statach m1 ♦adj statach

stationn stáisiún m1; (*bus station*)

busáras m1 ♦vt: **the army was stationed**

there bhí an t-arm ar stáisiún ann; **the**

Stations of the Cross (REL) Turas na

Croise

stationaryadj gan bhogadh, ina stad

stationery *n* páipéarachas *m1*, stáiseanóireacht *f3*
stationmaster *n* (RAIL) máistir *m4* stáisiúin
statistic *n* staitistic *f2*
statistics *n* staitistic *f2*, staidreamh *m1*
stats *npl* (inf) staitisticí *fp12*
statue *n* dealbh *f2*, iomhá *f4*
status *n* stádas *m1*; (*prestige*) céimíocht *f3*, céim *f2*
status symbol *n* comhartha *m4* céimíochta
statute *n* reacht *m3*
statutory *adj* reachtúil
staunch *adj* diongbháilte, dílis, daingean
stave off *vt* (attack) coisc; (threat) seachain, cuir díot
stay *n* (period of time) cónaí *m*; (visit) cuairt *f2* • *vi* fan; (*reside*) cuir fút, stopadh; **stay put!** fan mar a bhfuil tú!, ná bog; **to stay with friends** stopadh ag cairde; **to stay the night** fanacht thar oíche
 ▶ **stay behind** *vi* fan siar
 ▶ **stay in** *vi* (at home) fan istigh
 ▶ **stay off** *vt* (school, work) fan ó; (*food etc*: stop taking) éirigh as; (*avoid taking*) staon ó
 ▶ **stay on** *vi* fan (tamall eile)
 ▶ **stay out** *vi* (of house) fan amuigh
 ▶ **stay up** *vi* (at night) fan i do shuí
stead *n*: in sb's stead in ionad or áit duine; **it stood her in good stead** ba mhór an chabhair di é, sheas sé di
steadfast *adj* dílis, seasmhach, daingean
steadily *adv* (regularly) go seasta; (*firmly*) go daingean; (: walk) neamhchorrach
steady *adj* socair; (*regular*) seasta; (*person*) stuama • *vt* daingnigh; (*nerves*) socraigh; **a steady boyfriend** stócach seasta
steak *n* stéig *f2*
steal *vt* goid • *vi* goid; (*move secretly*) éalaigh, téaltaigh
stealth *n*: **by stealth** go fáilí, go formhothaithe
steam *n* gal *f2* • *vt* (CULIN) galbhruith • *vi* cuir gal
steam engine *n* galinneall *m1*, inneall *m1* gaile

steamer *n* galtán *m1*; (CULIN) galchorcán *m1*
steamship *n* = steamer
steamy *adj* galach
steel *n* cruach *f4* • *adj* cruach *n* gen
steelworks *n* oibreacha *fp12* cruach
steep *adj* géar, rite, crochta; (*price*) daor • *vt* cuir ar maos
steeple *n* spuaic *f2*
steer *vt* stiúir
steering *n* (AUT) stiúradh *m*
steering wheel *n* roth *m3* stiúrtha
stem *n* (of plant) gas *m1*; (of a glass) cos *f2* • *vt* stop, coisc
 ▶ **stem from** *vt* fús tar ó; **X stems from Y** is é Y is cúis le X
stench *n* bréantas *m1*
stencil *n* stionsal *m1* • *vt* clóigh le stionsal
stenographer (US) *n* gearscríobhaí *m4*
step *n* céim *f2*, coiscéim *f2*; (*action*) céim, beart *m1* • *vi*: **to step forward/back** céim a thabhairt chun tosaigh/ar gcúl; **steps** *npl* (stepladder) dréimire *msg4* taca; **to be in step (with)** (fig) bheith ar aon intinn or aigne (le)
 ▶ **step down** *vi* (fig) éirigh as
 ▶ **step up** *vt* ardaigh, géaraigh
stepbrother *n* leasdeartháir *m*
stepdaughter *n* leasiníon *f2*
stepfather *n* leasathair *m*
stepladder *n* dréimire *m4* taca
stepmother *n* leasmháthair *f*
stepping stone *n* cloch *f2* chora; (fig) cos *f2* i dtaca; **stepping stones** clochán *msg1*
stepsister *n* leasdeirfiúr *f*
stepson *n* leasmhac *m1*
stereo *n* steirió *m4* • *adj* steirió; (*also*: **stereophonic**) steiréafónach
sterile *adj* (BIOL) aimrid; (MED, dressing etc) steiriúil
sterilize *vt* aimridigh, steirilligh
sterling *adj* (work) den scoth • *n* (ECON) steirling *m4*, airgead *m1* Sasanach
stern *adj* dian, crua • *n* (NAUT) deireadh *m1*
steroid *n* stéaróideach *m1*
stew *n* stobhach *m1* • *vt, vi* stobh; **Irish stew** stobhach gaelach

steward

steward *n* maor *m1*, stíobhard *m1*; (*on plane*) aeróstach *m1*; (*bouncer*) fear *m1* dorais

stewardess *n* banmhaor *m1*; (*plane*) aeróstach *m1*

stick *n* bata *m4*, maide *m4*; (*walking stick*) bata *m4* siúil; (*firewood*) cipín *m4*; (*hurling stick*) camán *m1* ♦ *vt* (*glue*)

greamaigh; (*inf: put*) cuir; (: *tolerate*) cuir suas le; (*thrust*): **to stick sth into** rud a shacadh isteach i ♦ *vi* (*become attached*) greamaigh de; (*be unmoveable: wheels etc*) téigh i bhfostú; (*remain*) fan

► **stick out** *vi* gob amach

► **stick up** *vi* gob aníos

► **stick up for** *vt fus* cosain; **he stuck up for her** sheas sé léi

stickern *n* greamaitheoir *m3*

sticking plaster *n* greimlín *m4*

sticklern: **to be a stickler for** an-aird a bheith agat ar

stick-up (*inf*) *n* robáil *f3*

sticky *adj* (*label*) greamaitheach; (*situation*) achrannach, deacair

stiff *adj* dolúbtha, righin; (*difficult*)

deacair, crua, dian; (*wind*) láidir; (*competition*) dian; (*muscles*) stromptha ♦ *adv*: **to be frozen stiff** bheith préachta or conáilte

stiffen *vt* stalc; (*wind, competition*) téigh i neart

stiff necked *adj* uaibhreach, mórchúiseach

stifle *vt* plúch, múch; **to stifle a laugh** cúl a choinneáil ar an ngáire

stigma *n* aithis *f2*, náire *f4*; (*BOT*) stiogma *m4*

stigmata (*MED, REL*) stiogmaí *mpl4*

stile *n* dreapa *m4*, strapa *m4*

stiletto (*also: stiletto heel*) sáil *f2* stiletto

still *adj* socair, ciúin ♦ *adv* (*up to this time*) go fóill, fós, ar fad, i gcónaí; **I've still got 3 days holiday** tá 3 lá saoire fágtha agam go fóill; **better still ...** níos fearr arís ...; **there were still more people to come** bhí tuilleadh daoine fós le teacht
stillborn *adj*: **stillborn child** marbhghin *f2*

270

stomach

stilt *n* (*for walking on*) cos *f2* chroise; (*pile*) cos taca

stilted *adj* neamhshaoráideach

stimulate *vt* gríosáigh, spreag

stimulus *n* spreagadh *m*; (*BOT*) goineog *f2*

sting *n* (*of wind, cold*) goimh *f2*; (*of bee*)

cealg *f2*, ga *m4*, cailg *f2*; (*of nettle*)

goineog *f2* ♦ *vt* cealg; (*nettle*) dóigh ♦ *vi*:

it's stinging tá greadfach ann

stingy *adj* sprionlaithe

stink *n* bréantas *m1* ♦ *vi*: **the socks stank** bhí boladh bréan as na stocai

stinking (*inf*) *adj* (*fig*) millteanach, uafásach, mallaithe; **they're stinking**

rich tá siad lofa le hairgead

stint *n* dreas *m3* oibre

stir *n* corraíl *f3*; (*movement*) bogadh *m*, cor *m1* ♦ *vt*, *vi* corraigh

► **stir up** *vt* (*trouble*) tóg, cothaigh

stirrup *n* stíoróip *f2*

stitch (*MED, SEWING*) greim *m3*; (*KNITTING*) lúb *f2*; (*pain*) arraigh *f2* ♦ *vt* fuaigh; **he**

didn't have a stitch on ní raibh snáithe or luid air

stoat *n* easóg *f2*

stock *n* stoc *m1*; (*of tree*) ceap *m1*; (*people: descent, origin*) sliocht *m3* ♦ *adj* (*fig: reply etc*) gnáth-, sean- ♦ *vt*: **I have it in stock**

tá sé sa stoc agam; **stocks and shares** stoic agus scaireanna; **in/out of stock**

bheith istigh/rite, sa stoc/as stoc; **to take stock of sth** (*fig*) rud a mheas

► **stock up** *vi*: **to stock up with food** stór bia a fháil isteach

stockbroker *n* stocbhróicéir *m3*

stock cube *n* ciúb *m1* stoic

stock exchange *n* stocmhalartán *m1*

stocking *n* stoca *m4*

stock market *n* stocmhargadh *m1*

stockpile *n* stoichiomsú *m* ♦ *vt*

stoichiomsaigh

stocktaking (*COMM*) stocáireamh *m1*

stocky *adj* suite, daingean

stodgy *adj* stolpach

stoke *vt* (*fire, boiler*) stócáil

stolen stoil *f2*

stolid *adj* dúr, dochorraithe

stomach *n* goile *m4*; (*abdomen*) bolg *m1*

♦ vt fulaing, cuir suas le
stomachache *n* tinneas *m1* goile
stone *n* cloch *f2*; (*pebble*) méaróg *f2*; (*in fruit*) cloch, croí *m4*; (*MED*) púróg *f2*; (*weight*) cloch ♦ vt (*person*) caith clocha le
stone-cold *adj* siochta, práachta
stone-deaf *adj* cionh bodhar le slis
stonework *n* obair *f2* or saoirseacht *f3* chloiche
stool *n* stól *m1*; **to fall between two stools** léim an dá bhruach a chailleadh
stoop *vi* (*also: have a stoop*) bheith cromshlinneánach; (*also: stoop down: bend*) crom
stop *n* stop *m4*, stad *m4*; (*in punctuation: also: full stop*) lánstad *m4* ♦ vt stop; (*also: put a stop to*) cuir stad le ♦ vi stad; **to stop doing sth** éirí as rud a dhéanamh
 ▪ **stop off** *vi: stop off at/in* buail isteach i
stop up vt (*hole*) líon
stopgap *n* sceach *f2* i mbéal bearna, barrsceach *f2*; **the job will do me as a stopgap** bainfidh mé mo ghaisneas as an bpost
stopover *n* stad *m4*
stoppage *n* stopadh *m*; (*strike*) stailc *f2*, stopadh oibre
stopper *n* stopallán *m1*
stop press *n* stadchló *m4*
stopwatch *n* stopuaireadóir *m3*
storage *n* stóráil *f3*; (*COMPUT*) stóras *m1*
storage heater *n* taiscthéitheoir *m3*
store *n* (*stock*) stór *m1*; (*depot*) stór *m1*; (*BRIT: large shop*) siopa *m4* mór; (*US*) siopa *m4* ilranna ♦ vt taisc; (*information*) cnuasaigh; **stores** *npl* (*food*) soláthairtí *mpl1*, lón *msg1*; **what is in store for me?** cad é atá i ndán dom?
 ▪ **store up** vt stóráil, cruinnigh
storeroom *n* stóras *m1*
storey, (*US*) **story** *n* stór *m1*
stork *n* corr *f2* bhán
storm *n* stoirm *f2*, anfa *m4*; (*also: thunderstorm*) stoirm *f2* thoirní ♦ vi (*fig*) abair go feargach ♦ vt (*army*) ionsaigh
stormy *adj* doineanta, stoirmeach

story *n* scéal *m1*; (*US*) = **storey**
storybook *n* leabhar *m1* scéalta
stout *adj* calma, misniúil, cróga; (*fat*) ramhar, téagartha ♦ *n* (*beverage*) leann *m3* dubh
stove *n* sorm *m1*, sornóg *f2*
stow vt (*also: stow away*) cuir i bhfolach ♦ vi téigh i bhfolach (ar long)
stowaway *n* folachánaí *m4*
straddle vt: **to straddle sth** bheith ar scaradh gabhail ar rud
straggle *vi: we were straggling after them* bhíomar ag sraoilleadh linn ina ndiaidh
straight *adj* díreach; (*simple*) simplí ♦ *adv* go díreach; (*drink*) ar a bhlas, as a neart; **to put things straight** (*fig*) na gnóthaí a réiteach; **straight away, straight off** (*at once*) (lom) láithreach, ar an bpoinnte, caol díreach
straighten vt dírig; (*bed*) cóirigh
straighten out vt (*fig*) réitigh
straight-faced *adj: she remained straight-faced* choinnigh sí dreach stuama uirthi féin
straightforward *adj* simplí; (*honest*) díreach, ionraic
strain *n* teannas *m1*, straidhn *f2*; (*physical*) strus *m1*; (*mental*) strus, straidhn; (*breed*) pór *m1*, cineál *m1* ♦ vt (*stretch: resources* etc) cuir brú ar; (*hurt: back* etc) bain stangadh as; (*vegetables*) sil; **strains** *npl* (*MUS*) streancáin *mpl1*; **back strain** stangadh *m* droma
strained *adj* (*mentally*) leonta; (*laugh* etc) doicheallach; (*relations*) eascairdiúil
strainer *n* síothlán *m1*, stráinín *m4*
strait *n* (*GEOG*) caolas *m1*; **straits** *npl: to be in dire straits* bheith i gcruachás, bheith in áit do charta
straitjacket *n* veist *f2* cheangail
strait-laced *adj* ceartaiseach
strand *n* (*of thread*) tointe *m4*; (*of rope*) dual *m1*; (*of hair*) dlaoi *f4*; (*beach*) trá *f4*
stranded *adj* (*fig*) ar an trá fholamh
strange *adj* (*not known*) anaithnid, coimhthíoch, strainséartha; (*odd*) aisteach, ait

strangely

strangely *adv* go haisteach; *see also*

enough

stranger *n* strainséir *m3*, coimhthíoch *m1*

strangle *vt* tacht

stranglehold *n* (*fig*) smacht *m3* iomlán

strap *n* iall *f2*, strapa *m4*; (*of bag etc*) iris *f2*

strapping *adj* scafánta

Strasbourg *n* Strasburg *m4*

strategic *adj* straitéiseach

strategy *n* straitéis *f2*

straw *n* cochán *m1*, tui *f4*; (*for drinking*)

deochán *m1*; **that's the last straw!** sin buille na tubaiste!

strawberry *n* sú *f4* talún

stray *adj* (*animal*) fáin, seachráin ♦ *vi*

téigh ar seachrán

stray bullet *n* piléar *m1* fánach

streak *n* stríoc *f2*; (*in hair*) síog *f2*;

(*characteristic*) féith *f2*, tréith *f2* ♦ *vt* síog

♦ *vi*: **to streak past** scinn *or* sciurd thar

stream *n* sruth *m3*; (*small river*) sruthán

m1; (*of people*) scuaine *f4* ♦ *vt* (*scol*)

roinn de réir cumais ♦ *vi* sruthaigh; **to**

stream in/out plódú isteach/amach

streamer *n* sraoilleán *m1*

streamlined *adj* sruthlíneach

street *n* sráid *f2*; **the man in the street**

Tadhg *m1* an mhargaidh; **to be streets**

ahead (*fig*) bheith i bhfad chun tosaigh

streetcar (*us*) *n* tram *m4*

street lamp *n* lampa *m4* sráide

streetwise (*inf*) *adj* críonna,

fadcheannach

strength *n* neart *m1*, treise *f4*; (*force*)

cumhacht *f3*

strengthen *vt* neartaigh, daingnigh

strenuous *adj* crua, dian

stress *n* (*force, pressure*) strus *m1*; (*mental*

strain) strus, stró *m4*; (*emphasis*) béim *f2*;

(*accent*) aiceann *m1* ♦ *vt* cuir béim ar

stretch *n* síneadh *m1*; (*of land etc*) réimse

m4 ♦ *vi* (*cloth*) sín, tar as; (*extend*): **to**

stretch to or as far as síneadh *or* dul a

fhad le ♦ *vt* sín; **to stretch o.s.** tú féin a

shearradh

► **stretch out** *vi* sín (amach) ♦ *vt* (*arm etc*)

sín amach; (*spread*) leath

stretcher *n* sínteán *m1*

272

stroll

strewn *adj*: strewn with faoi bhrat + *gen*

stricken *adj* (*city, industry etc*) i

gcruchás; **stricken with** (*disease etc*)

cloíte le

strict *adj* dian, docht

stride *n* céim *f2* fhada ♦ *vi* bheith ag

céimniú

strife *n* imreas *m1*

strike *n* (*industrial*) stailc *f2*; (*of oil etc*)

aimsíú *m*; (*attack*) buille *m4*, ionsaí *m*

♦ *vt* buail; (*oil etc*) aimsigh; (*deal*) déan

♦ *vi* téigh ar stailc; (*attack*) buail; (*clock*)

buail; **on strike** (*workers*) ar stailc; **to**

strike a match cipín a lasadh

► **strike down** *vt* treascair

► **strike up** *vt* (*song*) croch suas; **to strike**

up a friendship with éirí cairdiúil le; **to**

strike up a conversation (*with*)

cromadh ar chomhrá (le)

striker *n* stailceoir *m3*; (*SPORT*) ionsaitheoir

m3

striking *adj* sonraíoch; (*attractive*)

an-ghleoi

string *n* sreang *f2*; (*row: of onions*) trlseán

m1; (*MUS*) téad *f2* ♦ *vt*: **to string out**

scaipeadh; **the strings** *npl* (*MUS*) na téada

fp2; **to be able to pull strings** (*fig*)

bheith ábalta na sreangáin a tharraingt

string bean *n* pónaire *f4* scilte

string(ed) instrument *n* (*MUS*) téaduirilís

f2

stringent *adj* géar

strip *n* stiall *f2*; (*of land*) stráice *m4* ♦ *vt*

scamh, bain de; **he stripped the paint**

from the wall bhain sé an phéint den

mballa; (*also*: **strip down**: *machine*) bain

anuas ♦ *vi* struipeáil, bain díot

strip cartoon *n* stiallchartún *m1*

stripe *n* riabh *f2*, stríoc *f2*; (*MIL*) straidhp *f2*

striped *adj* riabhach, stríochtha

stripper *n* struipear *m1*

strive *vi* streachail, srac

stroke *n* buille *m4*; (*SWIMMING*) bang *m3*;

(*MED*) stróc *m4* ♦ *vt* slíoc; **at a stroke**

d'aon iarraidh; **to take a stroke** (*MED*)

stróc a fháil

stroll *n* spaisteoireacht *f3* ♦ *vi* bheith ag

spaisteoireacht

strong *adj* tréan, láidir; (*heart, nerves*) daingean; **they are 50 strong** tá siad caoga ann

stronghold *n* daingean *m1*

strongly *adv* go láidir; go daingean

strongroom *n* seomra *m4* daingean

structural *adj* struchtúrach

structure *n* struchtúr *m1*; (*building*) foirgneamh *m1*

struggle *n* streachailt *f2*, strácáil *f3*; (*conflict*) gleic *f2*, coimhlint *f2* ♦ *vi* streachail

strum *vt* (*guitar*) méaraigh, bí ag streancánacht ar

strut *n* teanntóg *f2* ♦ *vi* siúl go gaigiúil, cuir gothaí ort féin

stub *n* (*of cigarette*) bun *m1*, stupa *m4*; (*of cheque etc*) comhdhuille *m4* ♦ *vt*: **to stub one's toe** do ladhar a smiotadh

stubble *n* coinleach *m1*, bruth *m3*

stubborn *adj* dáigh, ceanndána, righin, stobarnáilte

stuck *adj* (*jammed*) greamaithe, gafa, mórchúiseach, i bhfostú; (*fig: in difficulties*) i bponc

stuck-up (*inf*) *adj* smuilceach

stud *n* (*on boots, collar etc, earring*) stoda *m4*; (*of horses: also: stud farm*) graí *f4*; (*also: stud horse*) graíre *m4* ♦ *vt* (*fig*): **studded with** buailte le

student *n* mac *m1* léinn, scoláire *m4* ♦ *adj* (*discount, loan*) mac léinn

student driver (*us*) *n* foghlaimeoir *m3* tiomána

student loan *n* iasacht *f3* mac léinn

students' union *n* aontas *m1* (na) mac léinn

studio *n* stiúideo *m4*

studious *adj* staidéarach; (*serious*) dáiríre

studiously *adv* (*carefully*) go staidéarach

study *n* staidéar *m1*, léann *m1*; (*place*) seomra *m4* staidéir ♦ *vt* déan staidéar ar; (*examine*) scrúdaigh ♦ *vi* déan staidéar or léann, bí ag staidéar

stuff *n* stuif *m4*; (*substance*) ábhar *m1* ♦ *vt* stuáil, líon; (*CULIN*) líon, le búiste; (*inf: push*) ding

stuffing *n* (*padding*) stuáil *f3*; (*CULIN*)

búiste *m4*

stuffy *adj* (*room*) plúchtach; (*dull*) tur, leadránach, leamh

stumble *vi* tuisligh; **to stumble across or on sth** (*fig*) teacht ar rud de thaisme

stumbling block *n* dris *f2* chosáin

stump *n* stumpa *m4*; (*of tooth*) bun *m1*; (*of tree*) stacán *m1* ♦ *vt* déan stacán de

stun *vt* (*daze*) cuir néal i; (*amaze*) cuir ionadh an domhain ar, déan staic de

stunning *adj* (*news etc*) treascrach, coscrach; (*victory, feat*) éachtach; (*girl etc*): **she was stunning** bhí sí thar a bheith álainn

stunt *n* (*CINE, TV*) éacht *m3*; (*publicity stunt*) cleas *m1* bolsaireachta ♦ *vt* crandaigh

stunted *adj* (*person, animal*) cranda; (*plant etc*) feosaí

stuntman *n* éachtóir *m3*

stuntwoman *n* éachtóir *m3*

stupendous *adj* iontach, éachtach

stupid *adj* amaideach, díchéillí, bómánta

stupidity *n* easpa *f4* céille, bómántacht *f3*

sturdy *adj* téagartha, daingean, tacúil

stutter *vi*: **to stutter** labhairt go stadach, stad a bheith sa chaint agat

sty *n* (*for pigs*) cró *m4* muice

stye *n* (*MED*) sleamhnán *m1*

style *n* stíl *f2*; (*clothes*) faisean *m1*

stylish *adj* (*clothes*) faiseanta; (*performer*) snasta

stylus *n* (*of record player*) stíleas *m1*

suave *adj* síodúil, plásánta, séimh

sub- *prefix* fo-

subconscious *adj* fo-chomhfhiosach

subcontract *vt* lig ar fochonradh

subdue *vt* cloígh, cuir faoi chois; (*emotion*) coinnigh srian ar

subdued *adj* (*manner, voice*) ciúin; (*light*) fann, marbh

subject *n* (*scOL*) ábhar *m1*; (*of country: citizen*) géillsineach *m1*; (*philosophical*) suibiacht *f3*; (*GRAM*) ainmní *m4*, suibiacht ♦ *vt*: **he subjected me to an examination** chuir sé scrúdú orm; **to be subject to the law** bheith faoi réir an dlí; **to be subject to** (*disease*) bheith tugtha do

subjective

subjective *adj* suibiachtúil; (*GRAM*) ainmníoch

subject matter *n* (*content*) ábhar *m1*

sublet *vt* folig

submarine *n* fomhuireán *m1*

submerge *vt, vi* tum, téigh *or* cuir faoi uisce

submission *n* géilleadh *m*; (*in dispute*) aighneas *m1*; (*proposal*) moladh *m*; (*LAW*) aighniú

submissive *adj* géilliúil, umhal

submit *vt* (*argue*) áitigh; (*thesis etc*) cuir isteach ♦ *vi* géill, tabhair isteach

subnormal *adj* fonormálta

subordinate *adj* íochtaránach ♦ *n* íochtarán *m1*

subpoena *n* (*LAW*) subpoena *m4*

subscribe *vi* (*to point of view*) aontaigh le; (*to newspaper*) ceannaigh ar síntiús; (*COMM*) suibscríobh; **she subscribed five pounds to the charity** thug sí síntiús cúig phunt don charthanacht

subscriber *n* (*to periodical*) síntiúsóir *m3*; (*to telephone*) rannpháirtí *m4*; (*COMM*) suibscríobhaí *m4*

script (*Typ, COMPUT*) *n* foscript *f2*

subscription *n* (*to magazine etc*) síntiús *m1*; (*on document*) suibscríbhinn *f2*

subsequent *adj* ina dhiaidh sin, a lean(ann); **subsequent to** i ndiaidh + *gen*, tar éis + *gen*

subsequently *adv* ina dhiaidh sin, tar éis sin

subside *vi* (*flood*) tráigh; (*wind, feelings*) síothlaigh, maolaigh (*ar*); (*ground*) turn

subsidence *n* (*of flood*) trá *m4*; (*of wind, feelings*) síothlú *m*, maolú *m*; (*of ground*) turnamh *m1*

subsidiary *adj* fo-, tánaisteach ♦ *n* (*also: subsidiary company*) fochomhlacht *m3*, fochuideachta *f4*

subsidize *vt* fóirdheonaigh; (*finance*) maoinigh

subsidy *n* fóirdheontas *m1*

substance *n* substaint *f2*; (*of book etc*) éirim *f2*, brí *f4*; (*importance*) tábhacht *f3*

substantial *adj* (*also damages*) substaintiúil; (*large*) mór, nach beag;

274

such

(*important*) tábhachtach

substantially *adv* go substaintiúil, go mór

substantiate *vt*: **he substantiated his statement** chuir sé bunús lena ráiteas

substitute *n* (*person*) ionadaí *m4*; (*thing*) ionad *m1*; (*SPORT*) fear *m1* ionaid, ionadaí; (*MATH*) ionadán *m1* ♦ *vt*: **to substitute sth for sth else** rud a chur in ionad ruda eile ♦ *vi*: **to substitute for sb** ionadaíocht a dhéanamh ar dhuine

subterranean *adj* faoi thalamh

subtitle *n* (*CINE*) fotheideal *m1*

subtle *adj* caolchúiseach; (*fine*) fineálta; (*cunning*) glic

subtotal *n* fo-iomlán *m1*

subtract *vt* dealaigh

subtraction *n* dealú *m*

suburb *n* bruachbhaile *m4*; **the suburbs** na bruachbhailte

suburban *adj* fo-uirbeach,

bruachbhailteach

suburbia *n* na bruachbhailte *mpl4*

subway *n* (*US: railway*) traein *f* faoi thalamh; (*BRIT: underpass*) íosbhealach *m1*

succeed *vi*: **she succeeded** d'éirigh léi; **they will succeed in doing it** éireoidh leo *or* rachaidh acu (é) a dhéanamh ♦ *vt* (*follow*) tar i gcomharbas ar, lean; **he succeeded his father** tháinig sé in áit a athar

succeeding *adj* (*following*) ina dhiaidh

success *n* rath *m3*; (*victory*) bua *m4*; **the show was a success** d'éirigh go maith leis an seó

successful *adj* (*venture*) rathúil; **they were very successful** d'éirigh go geal leo

succession *n* (*of people, to title etc*) comharbas; (*line*) sraith *f2*; **3 days in succession** trí lá i ndiaidh a chéile *or* as a chéile

successive *adj* i ndiaidh a chéile, leanúnach

such *adj* a leithéid de; (*of that kind*): **such a book** leabhar dá leithéid *or* mar é; (*so much*): **such courage** a leithéid de mhisneach ♦ *adv* a leithéid de; **such books** leabhair den sórt sin; **such a long trip** a leithéid de thuras fada; **such a lot**

of an oiread sin + *gen*; **such as** (*like*) mar, ar nós, cosúil le; **he has nothing against teachers as such** níl sé in aghaidh múinteoirí iontu féin

such-and-such *adj*: **at such-and-such a time** ag a leithéid seo d'am

suck *vt* súigh, diúl

sucker *n* súiteoir *m3*; (*scrounger*) súmaire *m4*; (*inf*: fool) amadán *m1*, óinseach *f2*

suction *n* sú *m4*

Sudan *n* an tSúdáin *f2*

sudden *adj* tobann, grod; **all of a sudden** gan choinne, go tobann

suddenly *adv* go tobann

suds *npl* sobal *msg1*

sue *vt* agair, cuir an dlí ar

suede *n* svaeid *f2*

suet *n* geir *f2*

suffer *vt* fulaing; (*bear*) cuir suas le, seas ♦ *vi* fulaing

sufferer *n* (*MED*) fulangaí *m4*

suffering *n* fulaingt *f*; (*pain*) pian *f2*

sufficient *adj*: **I consider it sufficient** is leor liom é; **sufficient money** go leor airgid, dóthain airgid

sufficiently *adv* go leor, sách

suffocate *vi* mích, plúch

sugar *n* siúcra *m4* ♦ *vt* cuir siúcra ar, siúcraigh

suggest *vt* comhairligh, mol; (*infer*) máigh; (*indicate*) comharthaigh, tabhair le fios, cuir in iúl

suggestion *n* moladh *m*, comhairle *f4*; (*indication*) leid *f2*

suicide *n* féinmharú *m*; *see also* **commit**

suit *n* (*clothing*) culaith *f2*; (*LAW*) agra *m4* dlí; (*CARDS*) dath *m3* ♦ *vt* oir do, fóir do, feil do, tar *or* gabh do; **aren't they well suited?** (*couple*) nach deas an lánúin iad?; **it suits you well** is deas atá sé ag teacht duit

suitable *adj* oiriúnach, feiliúnach, fóirsteanach

suitably *adv* go hoiriúnach, go feiliúnach; **John and Mary are suitably matched** is maith chun a chéile Seán agus Máire

suitcase *n* mála *m4* taistil

suite *n* (*of rooms, also MUS*) sraith *f2*; (*also*:

suite of furniture) foireann *f2* troscáin

suitor *n* leannán *m1*, suiríoch *m1*; (*LAW*) agróir *m3*

sulfur (*US*) *n* = sulphur

sulk *vi* téigh chun stuaice *or* chun stailce, pus *or* stuaic a bheith ort

sulky *adj* stuacach, stalcach, pusach, smutach

sullen *adj* dúr, doicheallach

sulphur, (*US*) **sulfur** *n* ruibh *f2*, sulfar *m1*

sultana *n* sabhdánach *m1*

sultry *adj* brothallach, meirbh, marbhánta

sum *n* suim *f2*; (*total*) iomlán *m1*

► **sum up** *vt*, *vi* coimrigh

summarize *vt* achoimrigh, coimrigh

summary *n* achoimre *f4*, coimriú *m*

summer *n* samhradh *m1* ♦ *adj*: **summer weather** aimsir shamhraidh

summerhouse *n* (*in garden*) grianán *m1*

summertime *n* an samhradh *m1*

summit *n* barr *m1*, mullach *m1*; (*meeting*) cruinniú *m* mullaigh

summon *vt* glaoigh *or* scairt ar, toghair; (*meeting*) tionóil

► **summon up** *vt* múscail, cruinnigh

summons *n* gairm *f2*; (*LAW*) toghairm *f2*

sump *n* (*AUT*) umar *m1*, súmaire *m4*

sun *n* grian *f2*; **in the sun** faoin ngrian

sunbathe *vi*: **to sunbathe** tú féin a ghrianadh, bolg le gréin a dhéanamh

sunburn *n* dó *m4* gréine, griandó *m4*

sunburned, sunburnt *adj* griandóite

Sunday *n* (An) Domhnach *m1*; **on Sunday** Dé Domhnaigh; **he comes on**

Sundays tagann sé ar an Domhnach

Sunday school *n* scoil *f2* Domhnaigh

sundial *n* clog *m1* gréine, grianchlog *m1*

sundown *n* luí *m4* na gréine, dul *m3* faoi na gréine

sundries *npl* ilnithe *mpl4*

sundry *adj* éagsúil, il- ♦ *n*: **all and sundry** an saol agus a mháthair, an saol mór

sunflower *n* lus *m3* na gréine

sunglasses *npl* gloiní *fp14* *or* spéaclaí gréine

sunlight *n* solas *m1* (na) gréine

sunlit *adj* griannmhar

sunny *adj* griannmhar

sunrise

sunrise *n* éirí *m4* (na) gréine

sunset *n* luí *m4* (na) gréine, dul *m3* faoi na gréine

sunshade *n* (over table) scáth *m3* gréine

sunshine *n* dealramh *m1* or taitneamh *m1* na gréine; in the sunshine faoin ngrian

sunstroke *n* béim *f2* or goin *f3* ghréine

suntan *n* dath *m3* gréine

suntan lotion *n* ionlach *m1* gréine

suntan oil *n* ola *f4* ghréine

super *adj* sár, iontach, ar fheabhas, ar dóigh

superb *adj* iontach, éachtach, thar barr

supercilious *adj* sotalach, dímhéasúil, díomasach

supercomputer *n* ollríomhaire *m4*

superficial *adj* éadomhain, dromchlach; (knowledge etc) breac-

superhero *n* sárghaiscíoch *m1*, sárloach *m1*

superimpose *vt* forleag, forshuigh

superintendent *n* (POLICE) ceannfort *m1*; (manager) maoirseoir *m3*

superior *adj* ard-, scoth-, den scoth, uachtarach; **X is superior to Y** is fear X ná Y, tá X ag breith bairr ar Y ♦ *n* uachtarán *m1*

superiority *n* barr *m1* (feabhais), treise *f4*, lámh *f2* in uachtar

superlative *n* (LING) sárchéim *f2*

superman *n* sárfhear *m1*

supermarket *n* ollmhargadh *m1*

supermodel *n* sármhaincín *m4*

supernatural *adj* osnádúrtha

superpower *n* (POL) cumhacht *f3* mhór, ollchumhacht *f3*

superscript (TYP, COMPUT) *n* forscript *f2*

supersede *vt* cuir as feidhm, glac ionad or áit + *gen*

superstitious *adj* piseogach

supervise *vt* (exam) déan feitheoireacht ar; (work) déan maoirseacht ar; (watch) coinningh súil ar

supervision *n* (of work) maoirseacht *f3*; (of exam) feitheoireacht *f3*

supervisor *n* feitheoir *m3*, maoirseoir *m3*, maor *m1*

276

surely

supine *adj* sínte (amach), faon, ar do dhroim

supper *n* suipéar *m1*

supple *adj* aclaí, ligthe, scaoilte

supplement *n* (with magazine etc)

forábharr *m1*, forlónadh *m1*; (diet etc) forlón ♦ *vt* cuir breis le, cuir le

supplementary *adj* breise *n* *gen*, sa mbreis, forlíontach

supplier *n* soláthraí *m4*

supply *vt* (provide) soláthair; **to supply sb with sth** rud a sholáthar do dhuine, rud a choinneáil le duine ♦ *n* riar *m4*, soláthar *m1*; **supplies** *npl* (food) soláthairtí *mpl1*; (MIL) lón *msg1*

support *n* (moral, etc) tacaíocht *f3*; (TECH) taca *m4* ♦ *vt* tacaigh le, taobhaigh le, tabhair tacaíocht do; (family) riar do, cothaigh; (prop up) déan taca do; (bear) fulaing, cuir suas le

supporter *n* (POL etc) cúl *m1* taca;

supporters *npl* (SPORT) lucht *m3* tacaíochta

suppose *vt* (assume) cuir i gcás, abair;

(believe) samhlaigh, creid, síl; **I suppose he went home** is dócha go ndeachaigh sé abhaile; **let's suppose that ...** cuir i gcás go ...

supposed *adj* (meant to) in ainm;

(alleged) mar dhea; **he's supposed to have said that ...** deirtear go ndúirt sé go ...; **it's supposed to be true** tá sé in ainm a bheith fíor

supposedly *adv* in ainm; (allegedly) mar dhea

suppress *vt* (revolt) cuir faoi chois; (information) coinneigh faoi rún, buail cos ar; (yawn) brúigh fút, coinneigh cúl ar

supreme *adj* ard-, sár-

surcharge *n* formhuirear *m1*

sure *adj* cinnte, deimhin; **can I come? - sure!** an dtig liom teacht? - cinntel; **sure enough** ceart go leor; **to make sure of sth** deimhin a dhéanamh de rud, déanamh cinnte de rud; **make sure that** tabhair do d'aire go

surely *adv* cinnte, go deimhin; **he is surely in danger** is cinnte go bhfuil sé i

gcontúirt

surety *n* banna *m4*, urra *m4*

surf *n* (waves) bruth *m3*

surface *n* (*gen, GEOL*) dromchla *m4*, craiceann *m1*; (*of water*) uachtar *m1* ♦ *vt* (*road*) cuir craiceann ar ♦ *vi* tar i mbarra uisce

surfboard *n* clár *m1* toinne

surfeit: a **surfeit of** barraíocht + *gen*, an iomarca + *gen*

surfing *n* marcaíocht *f3* toinne

surge *n* borradh *m*; (*interest etc*) méadó *m*; (*of jealousy etc*) racht *m3* ♦ *vi* borra, brúcht

surgeon *n* máinliá *m4*

surgery *n* máinliacht *f3*; (*room*) clinic *m4* (dochtúra)

surgical *adj* máinliach

surgical spirit *n* biotáille *f4* mháinliachta

surlly *adj* grusach, gairgeach, dúr

surname *n* sloinne *m4*

surplus *n* (*too much or many*) barraíocht *f3*, iomarca *f4*; (*extra*) barrachas *m1*, fuíoll *m1*, farasbarr *m1* ♦ *adj* breise, de bharraíocht, iomarcach

surprise *n* ionadh *m1*, iontas *m1* ♦ *vt* (*catch unawares*) tar aniar aduaidh ar, beir gairid ar; (*astonish*) cuir iontas or ionadh ar

surprising *adj* iontach

surprisingly *adv*: **It's surprisingly cold** is iontach a fhuaire atá sé

surrender *n* géilleadh *m* ♦ *vi* géill, tabhair isteach

superstitious *adj* faoi choim, gan fhios

surrogate *n* ionadaí *m4*

surrogate mother *n* máthair *f* ionaid

surround *vt* timpeallaigh, tar timpeall or thart ar

surrounding *adj* máguaird, timpeall; **the surrounding district** an ceantar máguaird

surroundings *npl* timpeallacht *fsg3*;

(*neighbourhood*) comharsanacht *fsg3*

surveillance *n* faire *f4*

survey *n* suirbhé *m4*; (*examination*)

iniúchadh *m*; (*of land*) suirbhéireacht *f3* ♦ *vt* déan suirbhé or suirbhéireacht ar;

(*examine*) scrúdaigh; (*look over*) caith súil thar

surveyor *n* suirbhéir *m3*

survival *n* marthanas *m1*, teacht *m3* slán; (*relic*) iarsma *m4*

survive *vi* maire ♦ *vt* (*illness etc*) tar slán as

survivor *n* marthanóir *m3*

susceptible *adj*: **susceptible (to)** tugtha (do)

suspect *adj* amhrasach ♦ *n*: **he is a**

suspect in the crime táthar in amhras air faoin gcoir ♦ *vt* bheith san amhras ar

suspend *vt* (*hang*) croch; (*LAW, SPORT etc*)

cuir ar fionraí

suspended sentence *n* breith *f2*

fionraíochta

suspender belt *n* crios *m3* crochóg

suspenders *npl* (*BRIT*) crochóga *fp12*; (*us*) gealasacha *mpl1*

suspense beophianadh *m*; **the children**

were in suspense bhí na páistí ar cipíní or ar bís

suspension (*AUT, engineering etc*)

crochadh *m*; (*of driving licence*) tarraingt *f* siar; (*of sport*) fionraíocht *f3*

suspension bridge droichead *m1*

crochta

suspicion *n* amhras *m1*; (*trace, hint*)

ábhairín *m4*, iarracht *f3*

suspicious *adj* amhrasach; **to be**

suspicious of bheith in amhras ar

sustain *vt* lean de, coinnigh le; (*food etc*) cothaigh, coinnigh an dé i; (*suffer*): **he**

sustained an injury bhain gortú dó

sustained *adj* (*continuous*) leanúnach; (*prolonged*) fada

sustenance *n* cothú *m*, beatha *f4*

swab *n* (*MED*) táithín *m4* cadáis, maipín *m4*

swagger *vi* déan mustar, cuir gothaí ort féin

swallow *n* slog *m1*; (*bird*) fáinleog *f2* ♦ *vt* slog; (*believe*) creid

► **swallow up** *vp* alp

swamp *n* seasann *m1*, corcach *f2*, moing *f2* ♦ *vt* báigh; **she was swamped with work** bhí sí go dtí an dá shúil in obair

swan *n* eala *f4*

swap *vt*: **to swap sth (for)** rud a

mhalartú or a bhabháil (ar)
swarm *n* saithe *f4*, púir *f2*; (*of people*) slua *m4* ♦ *vi* (*bees*) imigh i saithe; (*people etc*): **they swarmed to the show** chuaigh siad ina sluaite chuig an seó; **swarming** *with people* dubh le daoine
swarthy *adj* crón
swastika *n* svaistice *f4*
swat *vt* smíot
sway *vi* luasc, bí ag longadán or ag gúngáil ♦ *vt* (*influence*) téigh i bhfeidhm or i dtionchar ar
swear *vt* mionnaigh ♦ *vi* eascainigh, bí ag mallachtach
swearword *n* mionn *m3* mór, eascaine *f4*
sweat *n* allas *m1* ♦ *vi* cuir allas
sweater *n* geansaí *m4*
sweaty *adj* allasúil
Swede *n* Sualannach *m1*
swede *n* svaeid *m4*
Sweden *n* an tSualainn *f2*
Swedish *adj* Sualannach ♦ *n* (*LING*) Sualainnis *f2*; **the Swedish** na Sualannaigh *mpl1*
swEEP *n* scuabadh *m*; (*curve*) cuar *m1*; (*of wings*) réim *f2*; (*also: chimney sweep*) glantóir *m3* simléar ♦ *vt* scuab; (*subj: current*) cart; (*remove*) glan ♦ *vi* (*rush*) sciurd
► sweep away *vt* scuab leat or chun siúil
► sweep up *vt* scuab
sweeping *adj* (*changes*) scoipiúil, bunúsach, ó bhun
sweet *n* (*candy*) milseán *m1*; (*dessert*) mílseog *f2* ♦ *adj* milis; (*fig: kind*) cneasta, cineálta, lách; (*baby*) gleoite; (*voice*) binn; (*smell*) cumhra
sweetcorn *n* arbhar *m1* milis
sweeten *vt* mílsigh
sweetheart *n* muirín *m4*, grá *m4* geal, rúnsear *f2*
sweetness *n* mílseacht *f3*; (*of sound*) binneas *m1*; (*of smell*) cumhracht *f3*
sweetpea *n* pis *f2* chumhra
swell *n* (*of sea*) mórtas *m1*, suail *f2* ♦ *adj* (*us: inf: excellent*) ar fheabhas ♦ *vi* borr; (*MED*) at
swelling *n* (*MED*) at *m1*; (*lump*) meall *m1*

sweltering *adj* brothallach, marbhánta, meirbh
swerve *vi* fiar, tabhair cor
swift *n* (*bird*) gabhlán *m1* gaoithe ♦ *adj* mear, luath; (*response*) grod, pras
swig (*inf*) *n* (*drink*) slog *m1*, tarraingt *f*, gáilleog *f2*
swill *vt* (*also: swill out*) sruthlaigh; (*also: swill down*) slog, diùg
swim *n* snámh *m3*; **to go for a swim** dul ag snámh ♦ *vi* snámh; **my head was swimming** bhí meadhrán i mo cheann ♦ *vt* snámh
swimmer *n* snámhóir *m3*
swimming *n* snámh *m3*
swimming cap *n* caipín *m4* snámha
swimming costume *n* culaith *f2* shnámbha
swimming pool *n* linn *f2* snámha
swimming trunks *npl* bríste *m4* snámha
swimsuit *n* culaith *f2* shnámbha
swindle *n* camastaíl *f3*, caimiléireacht *f3*
swine (*infl*) *n* inv suarachán *m1*, cunús *m1*, cladhaire *m4*
swing *n* luascán *m1*; (*movement*) luascadh *m*; (*Mus*) luasc-cheol *m1*; (*change: in opinion etc*) athrú *m*; (*blow*) iarraidh *f* de bhuille ♦ *vt* luasc; (*also: swing round*) cas, iompaigh, tiontaigh ♦ *vi* luasc; (*also: swing round*) cas thart, iompaigh, tiontaigh; **to be in full swing** bheith faoi lán seoil
swing bridge *n* droichead *m1* lúdrach
swing door, (*us*) **swinging door** *n* luascdhoras *m1*
swingeing *adj* crua, dian, fairsing
swipe *vi*: **to swipe at sth** iarraidh de bhuille a thabhairt ar rud; (*inf*) ♦ *vt* (*steal*) sciob ♦ *n* iarraidh *f*, flíp *f2*; **to take a swipe at sth** iarraidh de bhuille a thabhairt ar rud
swirl *vi* bí ag guairneáil
swish *vi* (*rush*) scinn; (*clothes*) déan siosarnach
Swiss *adj*, *n* Eilvéiseach *m1*
switch *n* (*for light, radio etc*) lasc *f2*; (*change*) athrú *m*, aistriú *m*; (*swap*) malartú *m* ♦ *vt* aistrigh, athraigh,

malartaigh

► **switch off** *vt* (*light*) cuir as, mých; (*engine*) stop, mých

► **switch on** *vt* (*light*) las, cuir air; (*engine, machine*) dúisigh, tosaigh

switchboard *n* (*TEL*) lasc-chlár *m1*, malartán *m1*

Switzerland *n* an Eilvéis *f2*

swivel *vi* (*also: swivel round*) cas *or* tar thart; (*TECH*) cas ar sclóin

swoon *vi* tit i bhfanntais *or* i laige

swoop *n* (*by police*) ruathar *m1* • *vi* (*also:*

swoop down) tabhair ruathar anuas

swap *vt* = **swap**

sword *n* claíomh *m1*

swordfish *n* colgán *m1*

sworn *adj* (*statement, evidence*) faoi mhionn

syllable *n* siolla *m4*

syllabus *n* siollabas *m1*

symbol *n* siombail *f2*, comhartha *m4*

symmetry *n* siméadracht *f3*

sympathetic *adj* (*understanding*)

tuisceanach; (*compassionate*) atruach;

(*favourable*): **sympathetic to** báúil le, i bhfách le

sympathize *vi: to sympathize with* (*in*

grief) comhbhrón a dhéanamh le; (*understand*) tuiscint do; (*approve*) bheith i bhfách le, bheith báúil le

sympathizer *n* (*POL*) taobhaitheoir *m3*

sympathy *n* (*pity*) trua *f4*, comhbhrón

m1; (*affinity*) bá *f4*, dáimh *f2*; **in**

sympathy with (*strike*) ag taobhú le

symphony *n* siansa *m4*

symptom *n* airí *m4*, siomptóm *m1*,

comhartha *m4*

syndicate *n* sindeacáit *f2*

synonym *n* comhchiallach *m1*

synopsis *n* achoimre *f4*, coimriú *m*

syntax *n* comhréir *f2*

synthetic *adj* sintéiseach, tacair; (*GRAM*) táite

syphon *n, vb* = **siphon**

Syria *n* an tSiria *f4*

syringe *n* steallaire *m4*

syrup *n* síoróip *f2*; (*also: golden syrup*) órshúlach *m1*

system *n* córas *m1*; (*method*) modh *m3*

systematic *adj* córasach, rianúil

system disk *n* (*COMPUT*) diosca *m4* córais

systems analyst *n* anailísi *m4* córas

T

ta (*inf*) *excl* sonas ort

tab *n* (*label*) lipéad *m1*; (*on drinks can etc*) cluaisín *m4*; (*us: bill*) dola *m4*; (*typ, COMPUT*) táb *m1* ♦ *vt* (*typ, COMPUT*) tábáil; **to keep tabs on** (*fig*) súil ghéar a choinneáil ar

tabby *n* (*also: tabby cat*) cat *m1* riabhach

table *n* tábla *m4*, bord *m1* ♦ *vt* (*motion etc*) cláraigh; **to lay or set the table** an tábla a ullmhú

tablecloth *n* éadach *m1* boird, scaraoid *f2*

table lamp *n* lampa *m4* boird

tablemat *n* mata *m4* boird

table of contents *n* clár *m1* ábhair

tablespoon *n* (*also: tablespoonful: as measurement*) spúnóg *f2* bhoird

tablet *n* tábléad *m1*; (*for writing*) tabhall *m1*; (*stone*) leac *f2*

table tennis *n* leadóg *f2* bhoird

table wine *n* fíon *m3* boird

tableoid *n* tablóid *f2*

tabulate *vt* (*data, figures*) táblaigh

tack *n* (*nail*) tacóid *f2*; (*stitch*) greim *m3* gúshnátha ♦ *vt* daingnigh le tacóidí; (*fig*) greamaigh ♦ *vi* (*NAUT*): **to tack** leathbhord a chaitheamh

tackle *n* trealamh *m1*, fearas *m1*; (*for lifting*) tácla *m4*; (*RUGBY*) greamú *m* ♦ *vt* (*difficulty, animal, burglar etc*) tabhair faoi; (*RUGBY*) greamaigh

tacky *adj* greamaitheach; (*pej: of poor quality*) suarach

tact *n* cáiréis *f2*

tactful *adj* cáiréiseach

tactical *adj* taicticiúil

tactics *npl* oirbheartaíocht *fsg3*, taicticí *pl2*

tactless *adj* neamhcháiréiseach

tad (*inf*) *n* ábhairín, rud beag, pas, iarracht; **a tad high/low** rud beag or ábhairín ard/iseal

tadpole *n* torbán *m1*

tag *n* lipéad *m1*; (*on ear*) clib *f2*

► **tag along** *vi* lean

tail *n* eireaball *m1* ♦ *vt* (*follow*) lean; **tails** *npl* (*clothing*) casóg *fsg2* eireabaill

tailback *n* (*AUT*) scuaine *f4* tráchta

tail end *n* geadán *m1*

tailgate *n* (*AUT*) clár *m1* deiridh

tailor *n* táillúir *m3*

tailoring *n* (*cut*) táillúireacht *f3*

tailor-made *adj* déanta de réir toise; (*fig*) rí-fheiliúnach

tailwind *n* gaoth *f2* chúil

tainted *adj* truaillithe; (*food*) camhraithe **take** *vt* glac; (*lift*) tóg; (*gain: prize*) gnóthaigh; (*require: effort, courage*) tóg; (*tolerate*) fulaing; (*hold: passengers etc*) iompair; (*accompany*) tionlaic; (*bring, carry*) tabhair; (*exam*) déan; **to take sth from** (*drawer etc*) rud a thógáil ó or as; (*person*) rud a bhaint de; **I take it that ...** glacaim leis go ...

► **take after** *vt* *fus* bheith cosúil le

► **take apart** *vt* bain as a chéile

► **take away** *vt*: **take it away!** tabhair leat é!; **to take sth away from sb** rud a bhaint de dhuine

► **take back** *vt* (*return*) tabhair ar ais; (*accept*) glac ar ais; (*one's words*) tarraing siar

► **take down** *vt* (*building*) leag; (*from shelf etc*) tóg anuas; (*letter etc*) breac síos

► **take in** *vt* (*deceive*) cuir cluain ar; (*understand*) tuig; (*include*) cuir san áireamh; (*lodger*) glac

► **take off** *vi* (*AVIAT*) éirigh de thalamh ♦ *vt* (*go away*) imigh leat; **she took off her coat** bhain sí di a cóta

► **take on** *vt* (*work*) glac chugat; (*employee*) fostaigh; (*opponent*) téigh i ngleic le

► **take out** *vt* (*invite*) tabhair amach; (*remove*) tóg amach

► **take over** *vt* (*business*) téigh i gceannas (ar); **he took over the factory** chuaigh sé i mbun na monarchan ♦ *vi*: **to take over from sb** áit duine a ghlacadh

► **take to** *vt fus (person)*: I took to him éitigh mé leis; (*thing*): she took to the business well tháinig sí isteach go maith ar an ngnó

► **take up** *vt (activity)* tosaigh ar; (*dress*) tóg; (*occupy: time, space*) tóg; **to take sb up on an offer** glacadh le tairiscint ó dhuine

takeoff *n* (AVIAT) éirí *m4* de thalamh

takeover *n* (COMM) táthcheangal *m1*

takings *npl* (COMM) fáltas *msg1*

talc *n* (also: **talcum powder**) talcam *m1*

tales (*story*) scéal *m1*, eachtra *f4*; (*account*) tuairisc *f2*; **to tell tales (on) (fig)** sceitheadh (ar)

talent *n* bua *m4*, tréith *f2*, tallann *f2*

talented *adj* tréitheach, talannach, éirimiúil; **he is a talented musician** tá féith an cheoil ann

talk (*a speech*) caint *f2*; (*conversation*) comhrá *m4*; (*gossip*) béadán *m1* •*vi*

labhair; **talks** *npl* (POL etc) comhchainteanna *pl2*; **to talk sb out of doing sth** a áitiú ar dhuine gan rud a dhéanamh; **to talk shop** labhairt ar chúrsaí oibre

► **talk over** *vt* pléigh

talkative *adj* cainteach

talk show *n* seó *m4* agallaimh

tall *adj* ard; **to be six feet tall** bheith sé through ar airde

tall story *n* scéal *m1* an ghamhna bhuí

tally *n* cuntas *m1* •*vi*: **to tally** teacht le chéile; **to tally with** réiteach le

talon *n* ionga *f*, crúb *f2*

tame *adj* ceansa, umhal; (*fig: story, style*) leamh

tamp *vi*: **to tamper with** bheith ag gabháil de

tampon *n* súitín *m4*

tan (also: **suntan**) dath *m3* na gréine

•*vt*, *vi* crónaigh •*adj* (colour) crón

tang (*taste*) blas *m1* géar; (*smell*) boladh *m1* géar

tangent *n* (MATH) tadhlaí *m4*, tangant *m1*;

to go off at a tangent (*fig*) dul i dtreo eile ar fad

tangerine *n* táinséirín *m4*

tangle *n* achrann *m1*, aimhréidh *f2*; **to get in(to) a tangle** dul in aimhréidh

tank *n* (water tank) umar *m1*; (*for fish*) dabhach *f2*; (MIL) tanc *m4*

tanker *n* tancaer *m1*

tantalizing *adj* mealltach

tantamount *adj*: **that is tantamount to** ... is ionann sin agus ...

tantrum *n* spadhar *m1*, taghd *m1*

tap (*on sink* etc) sconna *m4*, buacaire *m4*; (*gentle blow*) cniogóg *f2* •*vt*: **to tap sth** cniogóg a bhualadh ar rud; (*knock*):

to tap on the door cnagadh ar an doras; (*resources*) tarraing ar; (*telephone*): **to tap a telephone** cúléisteacht ar ghuthán duine; **on tap** (*fig: resources*) ar fáil

tape *n* téip *f2*; (SPORT) ribín *m4*; (also: **magnetic tape**) téip mhaighnéadach; (*cassette*) téip; (*sticky*) téip

ghreamaitheach •*vt* (record) taifead, cuir ar téip; (*stick with tape*) greamaigh

tape deck *n* deic *f2* téipe

tape measure *n* ribín *m4* tomhais, miosúr *m1*

taper *n* barrchaolú *m* •*vi* barrchaolaigh

tape recorder *n* téipthaifeadán *m1*

tapestry *n* taipéis *f2*

tar *n* tarra *m4*

target *n* sprioc *f2*; (*fig*) cuspóir *m3*

tariff *n* (COMM) taraif *f2*, táille *f4*; (*taxes*) cáin *f*

tarmac *n* tarramhacadam *m1*

tarnish *vt* teimhligh, smálaigh

tarpaulin *n* tarpól *m1*

tarragon *n* dragan *m1*

tart *n* (CULIN) toirtín *m4*; (*inf: slut*) raiteog *f2* •*adj* (flavour) géar

► **tart up** *vt* cóirigh; **to tart o.s. up** tú féin a chóiriú

tartan *n* breacán *m1* •*adj* breacáin

tartar *n* (*on teeth*) tartar *m1*

tartar(e) sauce *n* anlann *m1* tartair

task *n* cúram *m1*, tasc *m1*; **to take sb to task** duine a cháineadh

task force *n* (MIL, POLICE) tascfhórsa *m4*

tassel *n* mabóg *f2*, scothóg *f2*

taste *n* blas *m1*; (*fig: glimpse, idea*)

réamhbhlas *m1* •*vt* blais •*vi*: **it tastes of**

tasteful

or like fish tá blas éisc air; **can I have a taste of this wine?** an féidir liom an fíon seo a bhlaiseadh?; **to be in bad taste** bheith míchuí

tasteful *adj* (food etc) blasta; (dress etc) cuibhiúil

tasteless *adj* (food) leamh; (remark) míchuibheasach

tasty *adj* blasta

tatters *npl*: in tatters stiallta

tattoo *n* tatú *m4* • *vt* tatuáil

tatty (*inf*) *adj* gioblach

taunt *n* achasán *m1* • *vt* tarcaisnigh; **to taunt sb** duine a tharcaisníú

Taurus *n* (ASTROL) An Tarbh *m1*

taut *adj* teann, rite

tax *n* cáin *f* • *vt* cáin a ghearradh ar; (*fig*): **they are taxing my patience** tá siad ag caitheamh na foighne agam

taxable *adj* (income) incháinithe

taxation *n* cánachas *m1*

tax avoidance *n* seachaint *f3* cánach

tax disc *n* (AUT) diosca *m4* cánach

tax evasion *n* imghabháil *f3* cánach

tax-free *adj* saor ó cháin

taxi *n* tacsáí *m4* • *vi* (AVIAT) gluais ar talamh

taxi driver *n* tiománaí *m4* tacsáí

taxi rank, taxi stand *n* stad *m4* tacsáí

tax payer *n* íocóir *m3* cánach

tax relief *n* faoiseamh *m1* cánach

tax return *n* tuairisceán *m1* cánach

TD *n* abbr (= Teachta Dála) Dáil Deputy, = MP

tea *n* tae *m4*; **to make a cup of tea** cupán tae a dhéanamh

tea bag *n* mála *m4* tae

tea break *n* sos *m3* tae

teach *vt, vi* teagasc, múin; **to teach sb sth, teach sth to sb** rud a mhúineadh do dhuine

teacher *n* múinteoir *m3*, oide *m4*

teaching *n* múinteoireacht *f3*, teagasc *m1*

tea cosy *n* púic *f2* tae

teacup *n* cupán *m1*

teak *n* téac *f2*

team *n* foireann *f2*; (*of workers*) meitheal *f2*

teamwork *n* comhar *m1*, cur *m1* le chéile

teapot *n* taephota *m4*

282

telephone

tear¹ *n* stróiceadh *m* • *vt, vi* stróic, réab

► **tear along** *vi* (*rush*): **she was tearing along the road** bhí sí ag stróiceadh léi feadh an bhóthair

► **tear up** *vt* (*sheet of paper etc*) stróic

tear² *n* deoir *f2*; **she burst into tears**

bhris a gol uirthi

tearful *adj* deorach; a **tearful voice** glór caointe

tear gas *n* deoirghás *m1*

tearoom *n* seomra *m4* tae

tease *vt* sponch as; (*unkindly*) ciap

tease out *vt* spíon

tea set *n* foireann *f2* tae

teaspoon *n* taespúnóg *f2*; (*also*:

teaspoonful: *as measurement*) lán *m1* taespúnóige

teat *n* (*of animal*) sine *f4*; (*on bottle*) dide *f4*

teatime *n* am *m3* tae

tea towel *n* ceirt *f2* soithí

technical *adj* teicniúil

technicality *n* (*detail*) teicniúlacht *f3*; (*point of law*) pointe *m4* teicniúil

technically *adv* go teicniúil

technician *n* teicneoir *m3*

technique *n* teicníocht *f3*, teicníc *f2*

technological *adj* teicneolaíoch

technology *n* teicneolaíocht *f3*

teddy (bear) *n* béirín *m4*

tedious *adj* leadránach, strambánach

tee *n* (GOLF) tí *m4*

teem *vi*: **to teem (with)** bheith lom lán (le) • *vt* (*potatoes*) taom; **it is teeming (with rain)** tá sé ag stealladh (báistí)

teenage *adj* (*fashions etc*) déagóra *n* gen

teenager *n* déagóir *m3*

teens *npl* déaga *pl*; **to be in one's teens** bheith sna déaga

tee-shirt *n* = T-shirt

teeter *vi*: **to teeter on** bheith ag longadán

teething *n* gearradh *m* fiacla

teetotal *adj* (*person*) staontach

teetotaler *n* staonaire *m4*

telegram *n* sreangscéal *m1*, teileagram *m1*

telegraph *n* teileagraf *m1*

telegraph pole *n* cuaille *m4* teileagraif

telephone *n* teileafón *m1*, guthán *m1*

telephone booth

♦ *vt (person)*: **to telephone sb** glaoch gutháin a chur ar dhuine; **I'm on the telephone** (*speaking*) tá mé ag caint ar an teileafón; **we're on the telephone** (*have a telephone*) tá teileafón againn
telephone booth, telephone box *n* bosca *m4* teileafóin *or* gutháin
telephone call *n* scairt *f2* ghutháin, glao *m4* gutháin

telephone directory *n* eolaí *m4* teileafóin

telephone number *n* uimhir *f* theileafóin *or* ghutháin

telephonist *n* teileafónaí *m4*

telescope *n* teileascóp *m1*

television *n* teilifís *f2*; (*also*: **television set**) teilifíseán *m1*; **on television** ar an teilifís

telex *n* teiléacs *m4*

tell *vt* abair, inis; (*distinguish*): **to tell sth from** rud a idirdhealú ó ♦ *vi (talk)*: **to tell (of)** inis (faoi); (*have effect*) dul i bhfeidhm (ar); **to tell sb to go** a rá le duine imeacht

► **tell off** *vt*: **to tell sb off** leadhbairt den teanga a thabhairt do dhuine

teller *n* (*in bank*) áiritheoir *m3*

telling *adj* (*remark, detail*) éifeachtach, feidhmiúil

telltale *n* sceithire *m4*

telly (*inf*) *n* *abbr*: **on the telly** ar an bhosca; = **television**

temp *n* *abbr* = **temporary**

temper *n* (*nature*) meon *m1*; (*mood*) aoibh *f2*; (*fit of anger*) colg *m1*, taghd *m1* ♦ *vt* (*moderate*) maolaigh; **he is in a temper** tá colg air; **he lost his temper** baineadh a mhíthapa as

temperament *n* (*nature*) meon *m1*, cáilíocht *f3*

temperamental *adj* taghdach, spadhrúil
temperate *adj* measartha; (*climate*) séimh

temperature *n* teocht *f3*; **he has a**

temperature tá fiabhras air

temple *n* (*building*) teampall *m1*; (*ANAT*) uisinn *f2*

temporary *adj* sealadach; (*ephemeral*) neamhbhuan

tempt *vt* meall; **to tempt sb** cathú a chur ar dhuine; **I was tempted** tháinig cathuithe orm

temptation *n* cathú *m*

ten *num* deich; **ten bottles** deich

ten mbuidéal; **ten people** deichniúr *m1*

tenacity *n* righneas *m1*, diongháilteacht *f3*

tenancy *n* tionóntacht *f3*

tenant *n* tionónta *m4*

tend *vt*: **to tend sb** aire a thabhairt do dhuine ♦ *vi*: **I tend to agree** tá claonadh agam aontú; **they tend to go to Scotland on holiday** is gnách leo dul ar saoire go hAlbain

tendency *n*: **tendency to** claonadh *m* chun, luí *m4* le

tender *adj* bog, maoth; (*delicate*) leochaileach; (*bruise etc*) frithir ♦ *n* (*COMM, offer*) tairscint *f3* ♦ *vt* taig

tenement *n* tionóntán *m1*

tenet *n* prionsabal *m1*

tennis *n* leadóg *f2*

tennis ball *n* liathróid *f2* leadóige

tennis court *n* cúirt *f2* leadóige

tennis player *n* imreoir *m3* leadóige

tennis racket *n* raicéad *m1* leadóige

tennis shoe *n* bróg *f2* leadóige

tenor *n* (*MUS*) teanór *m1*

tenpin bowling *n* bollaí *mpl4* deich mbiorán

tense *adj* rite; (*nervous*) ar tinneall; (*finish*) corraitheach ♦ *n* (*LING*) aimsir *f2*

tension *n* teannas *m1*

tent *n* puball *m1*

tentative *adj* trialach; (*cautious*) faichilleach

tenterhooks *npl*: **on tenterhooks** ar bis
tenth *num* deichiú *m4*; **the tenth woman** an deichiú bean

tent pole *n* cuaille *m4* pubaill

tenuous *adj* caol; (*point, argument*) fánach

tenure *n* (*of property*) seallbhaíocht *f3*;

(*LAW*) tionacht *f3*

tepid *adj* alabhog; (*person*) leamh

term *n* téarma *m4*, tréimhse *f4*;

(*condition*) coinníoll *m1* ♦ *vt*: **to term**

sth/sb ainm a thabhairt ar rud/dhuine;

in the long term go fadtéarmach; to come to terms with (*problem*) teacht chun réitigh le

terminal *adj* téarmach. *n* (ELEC)

teirminéal *m1*; (also: **air, coach**

terminal) críochfort *m1*

terminate *vt* deireadh a chur le; (*pregnancy*) ginmhilleadh a fháil

terminus *n* stáisiún *m1* cinn aistire

terrace *n* lochtán *m1*; (*row of houses*)

sraith *f2*; (*in street names*) ardán *m1*; **the**

terraces *npl* (SPORT) na lochtáin *mpl1*

terraced *adj* (*garden*) lochtánach

terracotta *n* cré *f4* bhruite

terrain *n* tír-raon *m1*

terrible *adj* uafásach, millteanach, creathnach

terribly *adv* millteanach, uafásach

terrier *n* brocaire *m4*

terrific *adj* iontach, éachtach

terrify *vt* scanraigh, sceimhligh; **he**

terrified them chuir sé scéin iontu

territory *n* dúiche *f4*, críoch *f2*,

líomatáiste *m4*

terror *n* scéin *f2*, sceimhle *m4*, scanradh *m1*

terrorism *n* sceimhlitheoireacht *f3*

terrorist *n* sceimhlitheoir *m3*

terse *adj* (*style*) gonta; (*reply*) grod

Terylene ® *n* teirilín *m4*

test *n* triail *f*, teist *f2*, promhadh *m1*; (MED, SCOL) scrúdú *m*; (CHEM) triail; (also: **driving**

test) scrúdú tiomána. *vt* triail;

scrúdaigh; promh; tástáil

testament *n* uacht *f3*, tiomríra *m4*; **the Old/New Testament** an

Sean-Tiomna/an Tiomna Nua

testicle *n* magairle *m4*

testify *vi* (LAW) fianaise a thabhairt; **to**

testify to sth dearbhú le rud

testimony *n* fianaise *f4*

test match *n* (CRICKET, RUGBY) teistchluiche *m4*

test pilot *n* píolóta *m4* profa

test tube *n* promhadán *m1*

tetanus *n* teiteanas *m1*

tether *vt* ceangail. *n* teaghrán *m1*; **to be at the end of one's tether** bheith i

mbar do chéille

text *n* téacs *m4*

textbook *n* téacsleabhar *m1*

textile *n* teicstíl *f2*

texture *n* uigeacht *f3*

Thailand *n* an Téalainn *f2*

Thames *n*: **the Thames** an Tamais *f2*

than *conj* ná; (*with numerals*): **more than**

10/once níos mó ná deichniúr/uair

amháin; **I have more/less than you** tá

níos mó/níos lú agam ná atá agatsa; **she**

has more apples than pears is mó úll

ná piorra atá aici; **I'd rather go than**

stay b'fhéar liom imeacht ná fanacht

thank *vt*: **to thank sb (for)** buíochas a

ghabháil le duine (as); **thanks** *npl*

(*gratitude*) buíochas *msg1*. *excl* go raibh

maith agat; **thank you (very much)** go

raibh míle maith agat; **thanks to a bhui**

le; **thank God!** buíochas le Dia!

thankful *adj*: **thankful (for)** buíoch (as)

thankless *adj* (*person*) diomaíoch; (*task*)

gan bhuíochas

Thanksgiving (Day) *n* Lá *m* an Altaithe

KEYWORD

that *adj* (*demonstrative: pl those*) sin; **that man/woman/book** an fear/an bhean/an leabhar sin; (*not "this"*) an fear/an bhean/an leabhar úd; **that one** an ceann sin or úd

- ♦ *pron1* (*demonstrative: pl those: not "this one"*) é sin, í sin, iad sin; **who's that?** cé hé sin; **what's that?** céard or cad é sin; **is that you?** an tú atá ann?, an tusa atá ansin?; **I prefer this to that** is fearr liom (é) seo ná (é) sin; **that's what he said** sin an rud a dúirt sé; **that is (to say)** is é sin le rá or is ionann sin is a rá **2** (*relative: subject*) a + lenition; (: *object*) a + lenition, a + nas; (: *in past tenses*) a + nas/ar + lenition; (: *indirect*) a + nas; (: *past tenses*) a + lenition; **the book that I read** an leabhar a léigh mé; **the books that are in the library** na leabhair atá sa leabharlann; **all that I have** (gach) a bhfuil agam; **the box that I put it in** an bosca ar chuir mé ann é/inar chuir mé é;

the people that I spoke to na daoine ar labhair mé leo *or* lenar labhair mé
3 (relative: of time): the day that he came an lá a *or* ar tháinig sé
 • *conj*: **he thought that I was ill** shíl sé go raibh mé tinn
 • *adv (demonstrative)*: **I can't work that much** ní thig liom an oiread sin oibre a dhéanamh; **I didn't know it was that bad** ní raibh a fhios agam go raibh sé comh dona sin; **it's about that high** tá sé faoin méid/airde sin

thatched *adj (roof)* tuí; **thatched cottage** teach ceann tuí

thaw *n* coscairt *f3* • *vi*: **it's thawing** tá coscairt ann • *vt* coscair, leáigh

KEYWORD

the *def art 1 (all sg except gsf)* an; (*gsf*) na; (*all plurals*) na; **the man/woman** an fear/bhean; **the summer/street** an samhradh/tsráid; **the time** an t-am; **the weather** an aimsir; **the children** na páistí; **the songs** na hamhráin; **the history of the world** stair an domhain; **the top of the window** barr na fuinneoige; **give it to the postman** tabhair d'fhear an phoist é; **to play the piano/flute** an pianó/fheadóg mhór a sheinm; **the rich and the poor** an saibhir agus an daibhir
2 (in titles): **Elizabeth the First** Eilís a hAon; **Peter the Great** Peadar Mór; **Seán the poet** Seán file; **Tadhg the blacksmith** Tadhg gabha
3 (in comparisons): **the more he works, the more he earns** dá mhéad a oibríonn sé is amhlaidh is mó a shaothraíonn sé, dá mhéad dá n-oibríonn sé is ea is mó a shaothraíonn sé

theatre *n* amharclann *f2*; (*also*: **lecture theatre**) léachtlann *f2*; (*MED*: *also*: **operating theatre**) obrádlann *f2*; **the theatre of war** láthair an chogaidh
theatre-goer *n* gnáthóir *m3*
 amharclainne

theatrical *adj* amharclannach; (*exaggerated*) gáifeach
theft *n* gadaíocht *f3*, goid *f3*
their *adj* a; **their house/car/gloves** a dteach/ngluaisteán/miotóga, an teach/an gluaisteán/na miotóga acu; **their hair** a gcuid gruaige; *see also* my
theirs *adj (single article)* a gceannsa; (*share of*) a gcuidsean; **this book is theirs** is leo an leabhar seo; **this book of theirs** an leabhar seo acu; **see also** mine
them *pron (direct)* iad; (*emphatic*) iadsan; **I saw them** chonaic mé iad; **without them** gan iad; **after them** ina ndiaidh; **tormenting them** á gcrá; *see also* me
theme *n* téama *m4*, ábhar *m1*
theme park *n* páirc *f2* théama
theme song *n* téamamhrán *m1*
themselves *pl pron (reflexive)* iad féin; (*emphatic*) iadsan; *see also* oneself
then *adv (at that time)* san am sin; (*at that moment*) ansin; (*next*) ansin, ina dhiaidh sin • *conj (therefore)* ansin, mar sin, más ea • *adj*: **the then president** uachtarán na linne sin; **by then** faoi sin; **from then on** as sin amach
theology *n* diagacht *f3*
theoretical *adj* teoiriciúil
theorize *vi* ceap teoiricí
theory *n* teoiric *f2*
therapy *n* teiripe *f4*

KEYWORD

there *adv 1*: **there is, there are** tá ... ann; **there are 3 of them (people)** tá triúr díobh ann; (*things*) tá trí cinn díobh ann; **there has been an accident** bhí taisme ann
2 (referring to place) ansin, ansiúd; **it's there** tá sé ansin; **in/up/down there** istigh/thuas/thíos ansin; **he went there on Friday** chuaigh sé ann Dé hAoine; **I want that book there** an leabhar sin ba mhaith liom; **there he is!** sin or siúd ansin é
3: there, there (esp to child) seo, seo, seo anois

thereabouts

thereabouts *adv* (*place*) sa chóngar sin; (*amount*) thart faoi sin, a bheag nó a mhór

thereafter *adv* as sin amach; (*up to present*) ó shin i leith

thereby *adv* ar an dóigh sin, sa tslí sin, dá bharr sin

therefore *adv* dá bhrí sin, ar an ábhar sin, mar sin de

thermal *adj* teirmeach; (*springs*) te

thermometer *n* teirmiméadar *m1*

Thermos ® *n* (also: **Thermos flask**) teirmeas *m1*

thermostat *n* teirmeastat *m1*

thesaurus *n* teasáras *m1*

these *pl adj* (not "those"): **these books** na leabhair seo; *pl pron* (*subj*) siad seo; (*obj*) iad seo

thesis *n* (*dissertation*) tráchtas *m1*; (*theory*) téis *f2*

they *pl pron* siad, iad; (*emphatic*) siadsan; (*as subject*): **they came in** tháinig siad isteach; (*with copula*): **they are people** is daoine iad; (*in passive, autonomous*): **they were injured** gortaíodh iad; **they came and she stayed** tháinig siadsan agus d'fhan sí; **it is they who ...** is iadsan a ...; **they say that ...** (*it is said that*) deirtear ...

thick *adj* tiubh, dlúth; (*liquid*) ramhar; (*stupid*) bómánta; *n*: **in the thick of** i lár + *gen*; **it's 20 cm thick** 20 cm ar tiús

thicken *vt, vi* tiubhaigh, ramhraigh; (*plot*) éirigh níos casta

thickness *n* tiús *m1*, raimhre *f4*

thickset *adj* dlúth; (*person*) dingthe

thick-skinned *adj* (*fig*) neamhghoilliúnach

thief *n* gadaí *m4*

thigh *n* ceathrú *f*, leis *f2*

thimble *n* méaracán *m1*

thin *adj* tanaí, caol; (*hair, crowd*) scáinte

• *vt, vi* tanaigh, caolaigh

thing *n* rud *m3*, ní *m4*; **things** *npl* (*belongings*) giúrléidí *fp2*; **poor thing!** an créatúr!; **the best thing would be to ...** ba é ab fhearr a dhéanamh (ná) ...; **how are things?** cad é mar atá cúrsaí?

286

this

think *vt, vi* smaoinigh; (*reflect*) machnaigh; (*presume*) síl, ceap, meas

• *vt*: **think about** smaoinigh or machnaigh ar; *vt* (*imagine*) samhail; **what did you think of them?** cad é do bharúil orthu?; **to think about sth/sb** smaoiniamh ar rud/dhuine; **I'll think about it** déanfaidh mé mo mhachnamh air; **to think of doing sth** smaoiniamh ar rud a dhéanamh; **Is he here? - I think so** an bhfuil sé abhus? - sílim go bhfuil; **I think of her a lot** bíonn sí go minic ar m'intinn

► **think over** *vt* smaoinigh ar

► **think up** *vt* ceap, cum, faigh

think tank *n* sainghrúpa *m4* machnaimh

thinly *adv* (*cut*) go caol; (*spread*) go tanaí

third *num* tríú, trian; **the third woman** an tríú bean; *n* (*fraction*) an tríú cuid; (*AUT*) an tríú gear; (*UNIV, degree*) na tríú honóracha; (*MUS*) tréach *m1*

thirdly *adv* ar an tríú dul síos

third party insurance *n* árachas *m1* tríú páirtí

third-rate *adj* den tríú scoth

Third World *n*: **the Third World** an Tríú Domhan

thirst *n* tart *m3*

thirsty *adj* (*person*) tartmhar; (*work*) tartúil; **he is thirsty** tá tart air

thirteen *num* trí déag; **thirteen bottles** trí bhuidéal déag; **thirteen people** trí dhuine dhéag

thirty *num* tríocha + *sg*

KEYWORD

this *adj* (*demonstrative: pl these*) seo; **this man/woman/book** an fear/an bhean/an leabhar seo; **this one** an ceann seo

• *pron* (*demonstrative: pl these*) é seo, í seo, iad seo; **who's this?** cé hé seo?; **what's this?** céard or cad é seo?; **I prefer this to that** is fearr liom (é) seo ná (é) sin; **this is what he said** seo an rud a dúirt sé; **this is Mr Brown** (*in introductions*) is é seo an tUasal Brown; (*in photo*) seo an tUasal Brown; (*on telephone*) an tUasal Brown anseo

♦ *adv* (*demonstrative*): **it was about this big bhí sé thart faoin méid seo; I didn't know it was this bad ní raibh a fhios agam go raibh sé chomh dona seo**

thistle *n* feochadán *m1*

thorn *n* dealg *f2*

thorough *adj* cruinn, mion; (*work, person*) críochnúil

thoroughbred *adj* (*horse*) folúil

thoroughfare *n* bealach *m1*

thoroughly *adv* (go) críochnúil; (*know*) (go) cruinn; (*very*) amach agus amach

those *pl adj* (not "these"): **those books** na leabhair sin ♦ *pl pron (subj)* siad sin; (*obj*) iad sin

though *conj* cé go, bíodh go ♦ *adv* mar sin féin

thought *n* machnamh *m1*; (*idea*) smaoinemh *m1*; (*opinion*) barúil *f3*

thoughtful *adj* (*deep in thought*) machnamhach, smaointeach; (*considerate*) tuisceanach

thoughtless *adj* místuama, éaganta; (*inconsiderate*) neamhthuisceanach

thousand *num* míle; **two thousand houses** dhá mhíle teach; **thousands of houses** na mílte teach

thousandth *num* míliú

thrash *vt* léas, greasáil; (*defeat*) treascair

► **thrash around, thrash about** *vi* iomlaisc

► **thrash out** *vt*: **to thrash out a problem** fadhb a shuaitheadh

thread *n* snáth *m3*; (*of screw*) snáithe *m4* ♦ *vt* (*needle*): **to thread a needle** snáithe a chur i snáthaid

threadbare *adj* seanchaite

threat *n* bagairt *f3*

threaten *vi* bagair ♦ *vt*: **to threaten sb with sth** rud a bhagairt ar dhuine

three *num* trí; **three bottles** trí bhuidéal; **three people** triúr *m1*

three-dimensional *adj* tríthoiseach

three-piece suit *n* culaith *f2* trí bhall

three-piece suite *n* foireann *f2* troscáin trí bhall

three-ply *adj* (*wool*) trídualach

thresh *vt* (*AGR*) buail

threshold *n* tairseach *f2*

thrift *n* tíos *m1*, coigilteas *m1*

thrifty *adj* tíosach, coigilteach

thrill *n* (*excitement*) corraíl *f3*; (*shudder*) drithlín *m4*, deann *m3* ♦ *vt* (*audience*) corraigh; **to be thrilled** (*with gift etc*) eiteoga a bheith ar do chroí

thriller *n* (*book*) leabhar *m1* corraitheach; (*TV, CINE*) scéinséir *m3*

thrilling *adj* corraitheach

thrive *vi* rathaigh, bisigh; **the business is thriving** tá rath ar an ngnó

thriving *adj* (*business, community*) rafar, bisíúil

throat *n* sceadamán *m1*, scornach *f2*; **I have a sore throat** tá tiñneas sceadamáin *or* scornaí orm

throb *vi* (*heart*) preab; (*pain*) frithbhuail; **my finger is throbbing** tá mo mhéar ag broidearnach; **my head is throbbing** tá mo cheann ag frithbhuaileadh

throes *npl*: **in the throes of** i gceartlár + *gen*; **in the throes of death** i gcróilí an bháis

throne *n* ríchathaoir *f*

throng *n* slua *m4*, plód *m1* ♦ *vt* plódaigh

throttle *n* (*AUT*) scóig *f2* ♦ *vt* tacht

through *prep* trí; (*time*) i rith + *gen*, ar feadh + *gen*; (*by means of*) trí mheán + *gen*; (*owing to*) de bharr + *gen*, le teann + *gen* ♦ *adj* (*ticket, train, passage*) díreach

♦ *adv* tríd; **through and through** amach agus amach; **to put sb through to sb** (*TEA*) duine a chur i gcaoi cainte le duine;

to be through (*esp us: have finished*) bheith réidh (le); **"no through road"** "níl aon bhealach tríd"

throughout *prep* (*place*) ar fud + *gen*; (*time*) i rith + *gen* ♦ *adv* i rith an ama, ar fud na háite

throw *n* caitheamh *m1* ♦ *vt* caith, teilg

► **throw away** *vt* caith uait

► **throw off** *vt* (*clothes*): **he threw off his coat** chaith sé a chóta de; (*people*): **I threw her off** chuir mé díom í

► **throw out** *vt* caith amach; (*reject*) diúltaigh do; (*person*) díbir; (*heat*)

throwaway

tabhair uait

► **throw up** *vi* caith amach, urlaic

throwaway *adj* le diúscairt

throw-in *n* (SPORT) caitheamh *m1* isteach

thru (US) = **through**

thrush *n* (bird) smólach *m1*; (disease) truis *f2*

thrust *n* sá *m4*, ropadh *m* ♦ *vt* sáigh, sac, rop

thud *n* tuairt *f2*, trost *f2*

thug *n* maistín *m4*

thumb *n* (ANAT) ordóg *f2* ♦ *vt*: **to thumb a lift** dul ar an ordóg

► **thumb through** *vt* (book) méaraigh

thumbtack (US) *n* tacóid *f2* ordóige

thump *n* tailm *f2*, paltóg *f2*; (sound) trost *f2* ♦ *vt, vi* buail

thunder *n* toirneach *f2* ♦ *vi*: **it is**

thundering tá toirneach ann

thunderbolt *n* caor *f2* thine

thunderclap *n* plimp *f2* thoirní

thunderstorm *n* spéirling *f2*, stoirm *f2* thintrí

thundery *adj* toirniúil

Thursday *n* (An) Déardaoin *m4*; on

Thursday Déardaoin; **he comes on**

Thursdays tagann sé Déardaoin

thus *adv* (like so) mar seo, amhlaidh;

(hence) mar sin de, dá bhri sin

thwart *vt* sáraigh, bac

thyme *n* tím *f2*; (also: **wild thyme**) lus *m3* na mbrat

tiara *n* tiara *m4*

tick *n* (of clock, mark) tic *m4*; (zoo)

sceartán *m1*; (inf): **in a tick** (straight

away) ar an toirt; (in a moment) i gceann meandair ♦ *vi* ticeáil ♦ *vt* (item on list) tic a chur le, ticeáil

► **tick off** *vt* (item on list) tic a chur le,

(person) íde béil a thabhairt do

► **tick over** *vi* (engine) réchas; (fig): **to be ticking over nicely** bheith ag gabháil leat

ticket *n* ticéad *m1*

ticket collector *n* bailitheoir *m3* ticéad

ticket office *n* oifig *f2* ticéad

tickle *vt, vi* cigil

ticklish *adj* (person) cigilteach; (problem) cáiríseach

288

time

tidal *adj* taoidmhear; **tidal wave** muirbhrúcht *m3*; **tidal river** abhainn *f* taoide

tidbit (US) *n* = **titbit**

tide *n* taoide *f4*; (fig: of events) sruth *m3*

♦ *vt*: **to tide sb over** cuidiú le duine;

high tide lán mara; **low tide** lag trá;

flood tide taoide thuile; **neap tide**

mallmhuir; **to go against the tide**

snámh in éadan an tsrutha

tidy *adj* slachtmhar, néata ♦ *vt* (also: **tidy up**): **to tidy sth up** slacht a chur ar rud

tie *n* (string etc) ceangal *m1*; (also:

necktie) carbhat *m1*; (MUS) nasc *m1*;

(SPORT, draw) comhscór *m1* ♦ *vt* ceangail,

snaidhm; (link) nasc ♦ *vi* (SPORT)

críochnaigh ar comhscór; **to tie a knot**

in sth snaidhm a chur i rud

► **tie down** *vt* (fig): **to tie sb down to sth** rud a chur de chúram ar dhuine; **to be**

tied down (by relationship) bheith ar

teaghrán

► **tie up** *vt* (parcel, dog) ceangail; (boat)

feistigh; (arrangements) socraigh; **to be**

tied up (with) (busy) bheith gafa (ag)

tier *n* sraith *f2*

tiger *n* tíggar *m1*

tight *adj* (rope) teann, rite; (clothes) dlúth;

(budget) gann; (programme, control) dian;

(bend) géar; (grip) docht, daingean; (inf:

drunk) ólta ♦ *adv* (squeeze) go teann;

(hold) go docht

tighten *vt, vi* teann, fáisc

tightfisted *adj* ceachartha

tightly *adv* (grasp) go daingean, go docht

tightrope *n* téad *f2* rite; **tightrope**

walker téadchleasaí *m4*

tights *npl* riteoga *fp12*

tile *n* til *f2*, leacán *m1*

tiled *adj* tilithe

till *n* scipéad *m1* ♦ *vt* (land) saothraigh

♦ *prep, conj* = **until**

tilt *vt, vi* claon, fiar

timber *n* (material) adhmaid *m1*

time *n* am *m3*, tráth *m3*, aimsir *f2*; (epoch)

ré *f4*; **the time** (by clock) an t-am;

(moment) nóiméad *m1*, meandar *m1*;

(occasion) uair *f2*; (MUS) am ♦ *vt* (race)

amaigh; (*programme*) socraigh fad + *gen*; (*visit, remark etc*) aimsigh an uain thráthúil do; **for a long time** ar feadh tamaill fhada, ar feadh i bhfad; **for the time being** don am i láthair; **4 at a time** ceathrar in éineacht; **from time to time** ó am go ham; **at times** in amanna; **in time** (*soon enough*) roimh i bhfad; (*after some time*) i ndiaidh tamaill; **in a week's time** i gceann seachtaine; **in no time** gan mhoill; **any time** am ar bith; **on time** in am; **5 times 5** cúig faoina cúig; **what time is it?** cén t-am é?; **have a good time!** bíodh am maith agat!

time bomb *n* buama *m4* ama

time lag *n* idirlinn *f2*

timeless *adj* síoraí, bithbhuan

timely *adj* tráthúil, caoithiúil

time off *n* am *m3* saor

timer *n* amadóir *m3*

timescale *n* achar *m1* ama, tréimhse *f4*

time-share *n* sealbhaíocht *f3* thréimhsíuil

time switch *n* amlasc *f2*

timetable *n* clár *m1* ama, amchlár *m1*

time zone *n* crios *m3* ama

timid *adj* faiteach; (*easily scared*) scáfar

timing *n* uainiú *m*; (*AUT*) combhialú *m*; (*SPORT*) crónaiméadrú *m*; **the timing of his leaving** uain a imeachta

timpani *npl* timpani *pl*

tin *n* stán *m1*; (*also: tin plate*) pláta *m4* stáin; (*tin can*) canna *m4* stáin

tin foil *n* scragall *m1* (stáin)

tinge *n* imir *f2* ♦ *vt* cuir imir i; **tinged with orange** agus imir oráiste ann

tingle *vi* (*person*): **my skin is tingling** tá griofadach i mo chraiceann agam

tinker *n* (*gypsy*) tincéir *m3*

► **tinker with** *vt fus* bheith ag útamáil le

tinkle *vi*: **to tinkle** cling a dhéanamh

tinned *adj* (*food*) stánaithe

tin opener *n* stánosclóir *m3*

tinsel *n* tinsil *m4*

tint *n* imir *f2*; (*for hair*) fordhath *m3* gruaige

tinted *adj* fordhaite

tiny *adj* bideach

tip *n* (*end*) barr *m1*, ceann *m1*, rinn *f2*; (*of*

pen) gob *m1*; (*gratuity*) séisín *m4*; (*for rubbish*) láithreán *m1* fuilligh; (*advice*) nod *m1*, leid *f2* ♦ *vt* (*waiter*) séisín a thabhairt do; (*tilt*) claon; (*overturn: also: tip over*) iompaigh béal faoi; (*empty: also: tip out*) folmhaigh

tip-off *n* (*hint*) cogar *m1*, scéala *m4*

Tipperary *n* Tiobraid f Árann

tipsy (*inf*) *adj* súgach

tiptoe *n*: **on tiptoe** ar na barraicíní

tiptop *adj*: **to be in tiptop condition**

bheith i mbarr do mhaitheasa

tire *n* (*US*) = **tyre** ♦ *vt, vi* tuirsigh, traoch

tired *adj* tuirseach; **I am tired** tá tuirse

orm; **to be tired of sth** bheith bréan de rud

tireless *adj* dothuirsithe

tiresome *adj* fadálach, leamh, leadránach

tiring *adj* tuirsiúil

tissue *n* (*BIOLOG*) uige *f4*, fíochán *m1*; (*paper handkerchief*) ciarsúr *m1* páipéir

tissue paper *n* páipéar *m1* síoda

tit *n* (*bird*) meantán *m1*; (*teat*) sine *f4*;

(*breast*) cíoch *f2*; **she will give him tit for tat** tabharfaidh sí tomhas a láimhe féin dó

titbit *n* (*food*) goblach *m1*; (*news*) blúire *m4* nuachta

title *n* teideal *m1*

title deed *n* (*LAW*) gníomhas *m1* teidil

title role *n* páirt *f2* theidil

titter *vi*: **to titter** bheith ag sciotaíl

KEYWORD

to *prep* **1** (*direction*) go, chuig, chun + *gen*, go dtí; **to go to**

Coleraine/Dublin/Ireland dul go Cúil Raithin/go Baile Átha Cliath/go hÉirinn;

to go to Spiddal/Rome/France dul

chun an Spidéil/chun na Róimhe/chun na Fraince; **to go to the United States**

dul chun na Stát Aontaithe; **to go to school**

dul ar scoil *or* chun na scoile; **to go to John's/the doctor's** dul tigh

Sheáin/chuig an dochtúir; **the road to Belfast**

an bóthar go Béal Feirste

2 (*as far as*) go, go dtí; **to count to 10**

comhaireamh go dtí a deich; **from 40 to**

50 people ó dhaichead go caoga duine
3 (with expressions of time) chun, do, go dtí; **it's twenty to 3** tá sé fiche don or go dtí or chun a trí

4 (for, of): **the key to the front door** eochair an dorais tosaigh; **a letter to his wife** litir chuig a bhean chéile

5 (expressing indirect object): **to give sth to sb** rud a thabhairt do dhuine; **to talk to sb** labhairt le duine

6 (in relation to): **3 goals to 2 3** chúl in aghaidh a 2; **30 miles to the gallon** 30 míle an galún or don ghalún

7 (purpose, result): **to come to sb's aid** teacht i gcabhair ar dhuine, teacht ag cuidiú le duine; **to sentence sb to death** duine a dhaoradh chun báis; **to my surprise** rud a chuir iontas orm
 ♦ with vb 1 (simple infin): **to go/eat** imeacht/ithe

2 (following another vb): **to want to do sth** fonn a bheith ort rud a dhéanamh; **to try to do sth** iarraidh a thabhairt (ar) rud a dhéanamh; **to start to do sth** tosú ag déanamh ruda or dul i gceann ruda
3 (with vb omitted): **I don't want to** níl fonn orm

4 (purpose, result): **I did it to help you** rinne mé é chun cabhrú leat or le cuidiú leat

5 (equivalent to relative clause): **I have things to do** tá rudaí le déanamh agam; **the main thing is to try** is é is tábhachtaí (ná) thabhairt faoi

6 (after adjective etc): **ready to go** réidh le himeacht; **too old/young to ...** róshean/ró-óg le or chun

♦ adv: **push/pull the door to** dún an doras; **leave the door to** fág an doras dúnta

toad n buaf f2

toadstool n beacán m1 bearraigh

toast n (CULIN) tósta m4; (drink, speech) sláinte f4 ♦ vt (CULIN) tóstáil; (drink to):

we toasted him d'ólamar a shláinte

toaster n tóstaer m1

tobacco n tobac m4

tobacconist n tobacadóir m3

tobacconist's (shop) n siopa m4 tobac

toboggan n sleamhnán m1

today adv, n inniu

toddler n tachtán m1

to-do n (fuss) fuadar m1, rírá m4

toe n ladhar f2, méar f2 coise; (of shoe)

barraicín m4 ♦ vt: **to toe the line** (fig)

géilleadh do na rialacha

toenail n ionga f coise

toffee n taifi m4

toffee apple n úll m1 taifi

toga n toga m4

together adv le chéile, in éineacht;

together with in éineacht le

toil n saothar m1, dua m4 ♦ vi saothraigh

toilet n (lavatory) leithreas m1 ♦ cpd

(accessories etc) ionnalta

toilet paper n páipéar m1 leithris

toilettries npl cóir fsg3 ionnalta

toilet roll n rolla m4 leithris

toilet water n uisce m4 ionnalta

token n (coupon) éarlais f2; (sign)

comhartha m4 ♦ adj (strike, payment etc)

comharthach; **book/record token**

éarlais leabhar/ceirminí; **gift token**

éarlais bhronntanais

tolerable adj (bearable) sofhulaingthe;

(fairly good) cuibheasach

tolerant adj: **tolerant (of)**

caoinfhulangach (maidir le)

tolerate vt fulaing, cuir suas le

toll n dola m4 ♦ vi (bell) buail; **the**

accident toll on the roads an líon a

maraíodh ar na bóithre

tomato n tráta m4

tomb n tuama m4

tombstone n leac f2 uaighe

tomcat n cat m1, fearchat m1

tomorrow adv amárach ♦ n amárach; **the**

day after tomorrow arú amárach;

tomorrow morning maidin amárach

ton n tonna m4; **tons of** (inf) dalladh m + gen

tone n (of voice) tuin f2; (LING, MUS, colour)

ton m1; (of muscles) teannas m1 ♦ vi

(also: **tone in**) tar le

▶ **tone down** vt maolaigh; (sound) bog

tone-deaf

- **tone up** *vt* (*muscles*) teann
tone-deaf *adj* ceolbhodhar
tongs *npl* (*for coal*) tlú *msg4*, maide *msg4*
bríste; (*for hair*) tlú gruaige
tongue *n* teanga *f4*; **tongue in cheek** go
hiorónta
tongue-tied *adj* (*fig*) balbh
tongue twister *n* rahlóg *f2*, casfhocal
m1
tonic *n* íocshláinte *f4*; (*MED*) athbhríoch
m1; (*also: tonic water*) uisce *m4*
íocshláinteach
tonight *adv*, *n* anocht
tonsil *n* céislín *m4*
tonsillitis *n* céislínteas *m1*
too *adv* (*excessively*) ró-; (*also*) fosta,
freisin, chomh maith; **too much food**
barraíocht *or* an iomarca bia; **too many**
people barraíocht daoine
tool *n* uirlis *f2*, gléas *m1*, acra *m4*
tool box *n* bosca *m4* uirlisí
toot *n* (*of car horn*) bloc *m1*; (*of whistle*)
fead *f2* ♦ *vi* (*with car horn*) séid
tooth *n* (*ANAT, TECH*) fiacail *f2*
toothache *n* tinneas *m1* fiacaile,
déideadh *m1*
toothbrush *n* scuab *f2* fiacila
toothpaste *n* taos *m1* fiacila
toothpick *n* bior *m3* fiacila
top *n* uachtar *m1*, barr *m1*; (*of mountain,*
head) mullach *m1*; (*lid: of box, jar*) clár
m1; (*toy*) caiseal *m1*; (*garment*) barrchóir
f3 ♦ *adj* uachtarach; (*in rank*) príomh-;
(*best*) is fearr ♦ *vt* (*exceed*) sáraigh; (*be*
first in) bheith ar cheann + *gen*; **on top**
of ar bharr + *gen*, sa mhullach ar; (*in*
addition to) ar bharr + *gen*; **from top to**
bottom ó bhun go barr
► **top up**, (*us*) **top off** *vt* (*bottle*) líon go
béal; (*salary*) cuir breis le
top floor *n* urlár *m1* uachtarach
top hat *n* hata *m4* ard
top-heavy *adj* (*object*) barrthrom
topic *n* ábhar *m1*
topic *adj* ábhartha; (*current*) reatha
topless *adj* (*bather etc*) uchnocht
top-level *adj*: **top-level talks**
díospóireacht ar an leibhéal is airde

291

touchy

- topmost** *adj* is airde
topple *vt* (*building*) leag; (*government*)
treascair ♦ *vi* tit
top-secret *adj* an-rúnda
topsy-turvy *adj, adv* bunoscionn
torch *n* tóirse *m4*, trílseán *m1*; (*electric*)
lóchrann *m1* póca
torment *n* crá *m4*, céasadh *m* ♦ *vt* céas,
cráigh; (*fig: annoy*) ciap
tornado *n* tornadó *m4*
torpedo *n* toirpéad *m1*
torrent *n* tuile *f4*, díle *f*
tortoise *n* toirtis *f2*
tortoiseshell *adj* breac
torture *n* céasadh *m* ♦ *vt* céas; (*fig*) ciap,
cráigh
Tory (*BRIT: POL*) *n* Tóraí *m4* ♦ *adj* Tóraíoch
toss *vt* caith; **she tossed her head** bhain
sí croitheadh as a ceann; **to toss a coin**
pingin a chaitheamh in airde; **to toss up**
for sth crainn a chaitheamh ar rud; **to**
toss and turn bheith d'únfairt féin sa
leaba
tot *n* (*child*) pataire *m1*; (*drink*) súimín *m4*
total *adj* iomlán, ar fad, go léir ♦ *n* iomlán
m1, suim *f2* ♦ *vt* (*add up*) suimigh; **it**
totals thirty pounds tá tríocha punt ann
totally *adv* go hiomlán, go huile
totter *vi*: **to totter** bheith ag
stámhailleadh
touch *n* tadhall *m1*, teagmháil *f3*; (*skill: of*
artist etc) lámh *f2*; (*sense*) tadhall ♦ *vt*
teagmhaigh le, bain do; **don't touch**
that paint ná bain don phéint sin; **a**
touch of humour (*fig*) iarracht den
ghreann; **to get in touch with** scéala a
chur chuig; **he lost touch with her**
d'imigh sí ó chaidreamh air
► **touch on** *vt* *fus* (*topic*) bain do
► **touch up** *vt* (*paint*) cuir barr maise ar
touch-and-go *adj* contúirteach, éiginnte
touchdown *n* talmhú *m*
touché *adj* (*moved*) corraithe, tógtha;
(*batty*) ar mire
touching *adj* corraitheach
touchline *n* (*SPORT*) taobhlíne *f4*
touch-sensitive *adj* (*COMPUT*) tadhall-íogair
touchy *adj* (*person*) goilliúnach

tough

tough *adj* crua; (*resistant, meat*) righin; (*firm*) láidir; (*task*) doiligh, deacair

toughen *vt* (*character*) láidriugh; (*glass etc*) cruaigh

toupee *n* bréagfholt *m*1

tour *n* turas *m*1, camchuairt *f*2; (*also: package tour*) turas *m*1 láneagraithe; (*of town, museum*) cuairt *f*2 • *vt: she toured the country* thug sí camchuairt na tíre

tourism *n* turasóireacht *f*3

tourist *n* turasóir *m*3

tourist office *n* oifig *f*2 thurasóireachta

tournament *n* comórtas *m*1

tout *vi: to tout (for)* reic (le haghaidh + *gen*) • *n* (*also: ticket tout*) reacaire *m*4 ticéad

tow *vt* tarraing; (*caravan, trailer*) tarraing ar cheann téide; “*on tow, in tow*” (*US*) ar cheann téide

toward(s) *prep* chuig, chun, go dtí; (*of attitude*) maidir le; (*of purpose*) chun + *gen*, le haghaidh + *gen*; (*direction*) i dtreo + *gen*

towel *n* tuáille *m*4

towelling *n* (*fabric*) éadach *m*1 tuáillí

towel rack, (*US*) **towel rack** *n* ráille *m*4 tuáillí

tower *n* túr *m*1

tower block *n* áraslann *f*2

towering *adj* an-ard

town *n* baile *m*4 (mór); **to go to town** dul chun na cathrach

town centre *n* lár *m*1 an bhaile; (*in road signs*) An Lár

town council *n* comhairle *f*4 baile

town hall *n* halla *m*4 baile

town plan *n* plean *m*4 baile mhóir

town planning *n* pleanáil *f*3 baile mhóir

townrope *n* téad *f*2 tarraingthe

tow truck (*US*) *n* trucaill *f*2 tarraingthe

toy *n* bréagán *m*1, áilleagán *m*1

► **toy with** *vt* *fus* bí ag súgradh le

trace *n* lorg *m*1, rian *m*1 • *vt* (*draw*)

rianaigh; (*follow*) lorg; (*locate*) aimsigh

tracing paper *n* rianpháipéar *m*1

track *n* (*of bullet etc, on record*) rian *m*1; (*mark, of suspect, animal*) lorg *m*1; (*path*) cosán *m*1; (*RAIL*) rian; (*SPORT*) raon *m*1 • *vt*

292

trainee

lorg; **he kept track of her** níor chaill sé tuairisc uirthi

► **track down** *vt: to track down (prey)* lorg agus ceap; (*sth lost*) aimsigh

tracksuit *n* raonchulaith *f*2

tract *n* (*GEOG*) réimse *m*4; (*pamphlet*) tráchtas *m*1

traction *n* tarraingt *f*; (*MED*): **in traction** ar tarraingt

tractor *n* tarracóir *m*3

trade *n* trádáil *f*3, tráchtáil *f*3; (*skill, job*) ceird *f*2 • *vi* trádáil a dhéanamh • *vt* (*exchange*): **to trade sth (for sth)** rud a bhabhtáil (ar rud)

► **trade in** (*old car etc*) tabhair mar pháirtíocaíocht

trade fair *n* aonach *m*1 tráchtála

trade-in price *n* luach *m*3 trádála isteach

trademark *n* trádmharc *m*1

trade name *n* ainm *m*4 trádála

trader *n* trádálaí *m*4, tráchtálaí *m*4

tradesman *n* (*shopkeeper*) fear *m*1 siopa

trade union *n* ceardchumann *m*1

trade unionist *n* ceardchumannáí *m*4

tradition *n* traidisiún *m*1

traditional *adj* traidisiúnta

traffic *n* trácht *m*3 • *vi: to traffic in* (*pej: liquor, drugs*) déileáil

traffic circle (*US*) *n* timpeallán *m*1

traffic jam *n* plódú *m* trácht

traffic lights *npl* soilse *fp*4 trácht

traffic warden *n* maor *m*1 trácht

tragedy *n* traigéide *f*4, tubaiste *f*4

tragic *adj* taimseach, tubaisteach, traigéideach

trail *n* (*tracks*) lorg *m*1; (*path*) cosán *m*1; (*of smoke etc*) sraoill *f*2 • *vt* sraoill;

(*follow*) lorg, lean • *vi* sraoill; (*in game, contest*) bí chun deiridh

trailer *n* (*AUT*) leantóir *m*3; (*US*) carbhán *m*1; (*CINE, TV*) réamhbhlaiseadh *m*

trailer truck (*US*) *n* leoraí *m*4 altach

train *n* traen *f*; (*of dress*) triopall *m*1 • *vt* oil; (*sportsman*) traenáil; (*point: gun etc*) aimsigh • *vi* traenáil; **train of thought**

snáithe smaointe

trained *adj* oilte; traenáilte

trainee *n* foghlaimoír *m*3; (*in trade*)

trainer

printíseach *m*1

trainer *n* (*SPORT, coach*) traenálaí *m*4; (*of dogs etc*) oiliúnóir *m*3; **trainers** (*shoes*) bróga *fp*2 traenála

training *n* (*at work etc*) oiliúint *f*3; (*SPORT*) traenáil *f*3; **in training** (*SPORT*) ag traenáil; (*fit*) scafánta

training college *n* coláiste *m*4 oiliúna

training shoes *npl* bróga *fp*2 traenála

traipse *vi* crágáil

trait *n* réith *f*2

traitor *n* fealltóir *m*3

tram *n* (*also: tramcar*) tram *m*4

tramp *n* (*person*) bacach *m*1, fear *m*1 siúil; (*inf: pej: woman*) scubaid *f*2 • *vi* siúil go trom

trample *vt: to trample (underfoot)* satail ar, gabh de chosa *i*

trampoline *n* trampailín *m*4

tranquil *adj* ciúin, suaimhneach

tranquillizer, (*US*) **tranquillizer** *n* (*MED*) suaimhneasán *m*1

transact *vt* (*business*) cuir *i* gcrích

transaction *n* idirbheart *m*1, beart *m*1

transatlantic *adj* trasatlantach

transfer *n* (*gen, also SPORT*) aistriú *m*; (*picture, design*) aistreog *f*2; (: *stick-on*) aistreog ghreamaitheach • *vt* aistrigh; **to transfer the charges** (*TEL*) na táillí a aistriú

transform *vt* claochlaigh

transfusion *n* (*also: blood transfusion*) fuilaistriú *m*

transient *adj* neamhbhuan

transistor *n* (*ELEC, also: transistor radio*) trasraitheoir *m*3

transit *n* idirthuras *m*1; **in transit** faoi bhealach

transitive *adj* (*LING*) aistreach

transit lounge *n* toglann *f*2 idirthurais

translate *vt* aistrigh

translation *n* aistriúchán *m*1

translator *n* aistritheoir *m*3

transmission *n* seachadadh *m*, iompar *m*1; (*TEL*) tarchur *m*1

transmit *vt* seachaid; (*RADIO, TV*) tarchuir

transparency *n* (*of glass etc*) trédhearcacht *f*3; (*PHOT*) tréshoileseán *m*1

293

treasury

transparent *adj* trédhearcach

transpire *vi* (*turn out*): **it transpired that ...** tharla go ...

transplant *vt* aistrigh; (*seedlings*) athphlandáil; (*MED*) nódaigh • *n* (*MED*) nódú *m*

transport *n* iompar *m*1; (*car*) gléas *m*1 iompair • *vt* iompair

transportation *n* iompar *m*1; (*means of transportation*) cóir *f*3 iompair

transport café *n* caife *m*4 lucht iompair

trap *n* (*snares, trick*) dol *m*3, gaiste *m*4;

(*carriage*) trap *m*4 • *vt* gaistigh, sáinnigh

trap door *n* comhla *f*4 thógála

trapeze *n* maide *m*4 luascáin

trappings *npl* feistean *m*1

trash (*pej*) *n* (*goods*) trufalais *f*2, dramháil *f*3; (*nonsense*) seafóid *f*2, ráiméis *f*2

trash can (*US*) *n* bosca *m*4 bruscair

trauma *n* sceimhle *m*4

traumatic *adj* coscrach

travel *n* taisteal *m*1 • *vi* taistil; (*news, sound*) leath • *vt* (*distance*) taistil

travel agency *n* gníomhaireacht *f*3 taistil

travel agent *n* gníomhaire *m*4 taistil

travel card *n* cárta *m*4 taistil

traveller, (*US*) **traveler** *n* taistealaí *m*4;

travellers lucht *msg*3 siúil

traveller's cheque, (*US*) **traveler's**

check *n* seic *m*4 taistil

travelling, (*US*) **traveling** *n* taisteal *m*1

travel sickness *n* tinneas *m*1 taistil

travesty *n* scigaitheis *f*2

trawler *n* trálaer *m*1

tray *n* (*for carrying*) tráidire *m*4

treacherous *adj* (*person, look*) fealltach; (*ground, tide*) fabhtach

treachery *n* feall *m*1, cealg *f*2

treacle *n* triacla *m*4

tread *n* (*of shoe*) bonn *m*1; (*sound*) coiscéim *f*2; (*of tyre*) trácht *m*3 • *vi* siúil

► **tread on** *vt* fus satail ar

treason *n* tréas *m*3

treasure *n* stór *m*1, ciste *m*4, taisce *f*4 • *vt* (*value*): **he treasures his books** is luachmhar leis a leabhair

treasurer *n* cisteoir *m*3

treasury *n: the Treasury, the Treasury*

Department (us) an Roinn f2 Airgeadais
treat n féirín m4 • vt caith le; (*machine*)
 cóireáil; **to treat sb to a drink** deoch a
 sheasamh do dhuine
treatment n cóir f3; (*MED, machine*)
 cóireáil f3; (*COMM*) socraíocht f3
treaty n conradh m; (*COMM*) gnóthaíocht f3
treble adj faoi thrí • vt, vi méadaigh faoi
 thrí
treble clef n (*MUS*) eochair f na tribile
 tree n crann m1
trek n (*long*) aistear m1; (*on foot*) siúl m1
tremble vi: **to tremble** bheith ar crith
tremendous adj (*enormous*) ollmhór;
 (*excellent*) thar barr, iontach
tremor n creathán m1; (*also: earth*
 tremor) crith m3 talún
trench n díog f2, trinse m4
trend n (*tendency*) claonadh m; (*of events*)
 treoct f3; (*fashion*) nós m1
trendy adj (*idea, person, clothes*) faiseanta
trepidation n critheagla f4
trespass vi: **to trespass on** treaspás a
 dhéanamh ar; “**no trespassing**” “ná
 déantar treaspás”
tristle n tristéal m1
trial n (*LAW*) triail f; (*test: of machine etc*)
 tástáil f3, promhadh m1; *trials* npl
 (*unpleasant experiences*) cruatan msg1; **to**
be on trial (*LAW*) bheith do do thriail; **by**
trial and error le tástáil agus le hearráid
trial period n tréimhse f4 trialach
triangle n (*MATH, MUS*) triantán m1
tribe n treibh f2
tribesman n fear m1 treibhe
tribunal n binse m4 breithimh
tributary n (*river*) craobh-abhainn f
tribute n ómós m1; **to pay tribute to sb**
 duine a mholadh
trice n: in a trice i bhfaiteadh na súl
trick n (*magic trick*) cleas m1; (*joke, prank*)
 bob m4; (*skill, knack*) ciúta m4; (*CARDS*)
 cleas m1 cártáil • vt cuir cluain ar; **to play**
a trick on sb bob a bhualadh ar dhuine;
that should do the trick ba chóir go
 ndéanfadh sin cúis
trickery n cleasaíocht f3
trickle n (*of water etc*) silín m4 • vi sil

tricky adj cleasach; (*problem*) cáiríseach
tricolour, (*US*) **tricolor** n tridhathach m1
tricycle n trírothach m1
trifle n mionrud m3; (*CULIN*) traicínfil f4
 • adv: **a trifle long** ábhairín fada
trifling adj fáinach
trigger n tricear m1
▶ trigger off vt cuir tús le
trim adj (*house, garden*) slachtmhar;
 (*figure*) comair • n (*haircut etc*) diogáil f3;
 (*on car*) feistiú m • vt (*cut*) diogáil; (*NAUT,*
a sail) athraigh; (*decorate*): **to trim**
 (*with*) feistigh (le)
trimmings npl (*CULIN*) anlann msg1
trinket n áilleagán m1
trip n turas m1, aistear m1; (*excursion*)
 geábh m3; (*stumble*) tuisle m4, cor m1
 coise • vi tuisligh; **on a trip** ar turas
▶ trip up vi tuisligh • vt bain tuisle as
tripe n (*CULIN*) ruipeog f2; (*pej: rubbish*)
 seafóid f2, ráiméis f2
triple adj triarach
triplets npl trírín msg4
triplicate n trí chóip f2
tripod n trichosach m1
trite (*pej*) adj seanchaite
triumph n bua m4, caithréim f2 • vi: **to**
triumph (over) beir bua (ar)
trivia (*pej*) npl rudaí mpl3 fánacha
trivial adj fánach; (*commonplace*) coitianta
trolley n tralaí m4
trombone n trombón m1
troop n buíon f2, díorma m4 • vi: **troop**
in/out cruinnigh isteach/bailigh leat
 amach; **troops** npl (*MIL*) trúpaí mpl4; (:
men) saighdiúirí mpl3
trophy n trófaí m4, comhramh m1
tropic n trópaic f2
tropical adj teochreasach
troop n sodar m1 • vi: **to trot** bheith ag
 sodar; **on the trot** (*fig*) as a chéile
trouble n trioblóid f2; (*worry*) buairt f3;
 (*bother, effort*) stró m4, dua m4; (*POL*)
 achrann m1; (*MED*): **he has stomach**
trouble tá an goile ag cur air • vt
 (*disturb*) cuir as do; (*worry*) buair • vi: **to**
trouble to do sth saothar a chur ort féin
 le rud a dhéanamh; **troubles** npl (*POL etc*)

troubled

trioblóidí *fp12*; (*personal*) deacrachtaí *fp13*; **to be in trouble** deacrachtaí a bheith agat; (*ship, climber etc*) bheith i dtrioblóid; **what's the trouble?** cad é atá cearr?

troubled *adj* (*person*) buartha; (*epoch, life*) corrach

troublemaker *n* clampróir *m3*

troubleshooter *n* (*in conflict*) eadránaí *m4*

troublesome *adj* (*child*) crosta; (*cough etc*) cráite

trough *n* umar *m1*; (*also: drinking trough*) trach *m4* uisce; (*low point*) log *m1*

trousers *npl* briste *msg4*; **short trousers** briste gairid

trout *n* breac *m1*

trowel *n* lián *m1*

truant *n* múitseálaí *m4*; **to play truant** lá a chaitheamh faoin tor

truce *n* sos *m3* cogaidh

truck *n* trucaíl *f2*

truck driver *n* tiománaí *m4* trucaile

truck farm (*us*) *n* gairdín *m4* margaidh

trudge *vi* spágáil

true *adj* fíor; (*accurate*) cruinn; (*faithful*) dílis; **to come true** fíorú

truffle *n* strufal *m1*

truly *adv* dáiríre; (*truthfully*) go fírinneach; *see also yours*

trump *n* (*also: trump card*) mámh *m1*

trumped up *adj* bréagach

trumpet *n* stoc *m1*, trumpa *m4*

truncheon *n* smachtín *m4*

trundle *vi*: **to trundle** bheith ag cleatráil

trunk *n* (*of tree*) ceap *m1*, stoc *m1*; (*of person*) cabhail *f*; (*of elephant*) trunc *m3*; (*case*) cófra *m4*; (*us: AUT*) cófra *m4* bagáiste; **trunks** *npl* (*also: swimming trunks*) briste *msg4* snámha

truss *n* (*MED*) trus *m4* • *vt*: **to truss (up)** (*CULIN*) trusáil

trust *n* muinín *f2*, iontaobh *f2*; (*responsibility*) cúram *m1*; (*LAW*) iontaobhas *m1* • *vt* (*rely on*) bíodh iontaobh agat as; (*hope*) bíodh súil agat; (*entrust*): **to trust sth to sb** rud a chur

295

tumbler

faoi chúram + *gen*; **to take sth on trust** rud a ghlacadh ar cairde

trusted *adj* muiníneach, iontaoifa

trustee *n* (*LAW*) iontaobhaí *m4*; (*of school etc*) riarthóir *m3*

trustful, trusting *adj* muiníneach

trustworthy *adj* iontaoifa

truth *n* fírinne *f4*; **to tell the truth** déanta na fírinne

truthful *adj* (*person*) ionraic; (*answer*) fírinneach

try *n* iarracht *f3*, triail *f*; (*RUGBY*) úd *m1* • *vt* (*attempt*) déan iarracht ar, triail; (*test: sth new: also: try out*) tástáil, promh; (*LAW, person*) triail; (*strain*) cuir stró ar • *vi* déan iarracht; **to have a try** tabhairt faoi; **to try to do sth** triail rud a dhéanamh

► **try on** *vt* (*clothes*) féach ort

trying *adj* duaisiúil

T-shirt *n* T-léine *f4*

T-square *n* T-chearnóg *f2*

tub *n* tobán *m1*; (*for washing clothes*) tobán níocháin; (*bath*) folcadán *m1*

tubby *adj* beathaithe

tube *n* feadán *m1*, píobán *m1*; (*underground*) traen *f* faoi thalamh; (*for tyre*) tiúb *f2*

tuck *vt* (*put*) sac

► **tuck in** *vt* sac isteach; (*child*) soiprigh • *vi* (*eat*) ith leat

tuck shop *n* siópa *m4* mílsíneachta

Tuesday *n* An Mháirt *f2*; **on Tuesday** Dé Máirt; **he comes on Tuesdays** tagann sé ar an Máirt

tuft *n* dos *m1*, tom *m1*

tug *n* (*ship*) tuga *m4* • *vt* tarraing

tug-of-war *n* tarraingt *f* na téide

tuition *n* (*BRIT*) teagasc *m1*; (: *private tuition*) teagasc *m1* príobháideach; (*us: school fees*) táillí *fp14* scoile

tulip *n* tiúilip *f2*

tum (*inf*) *n* goile *m4*, bolg *m1*

tumble *n* (*fall*) titim *f2* • *vi* tit; **to tumble to sth** (*inf*) tuig

tumbledown *adj* raiceáilte

tumble dryer *n* triomadóir *m3* iomlasctha

tumbler *n* (*glass*) timbléar *m1*

tummy

tummy (*inf*) *n* goile *m4*, bolg *m1*
tumour, (*us*) **tumor** *n* sceachail *f2*, meall *m1*

tuna *n* (*also*: **tuna fish**) tuinnín *m4*
tune *n* (*melody*) fonn *m1*; (*traditional dance music*) port *m1* • *vt* **tuín**; **to be in/out of tune (with)** (*fig*) bheith i dtiúin/as tiúin (*le*)

- ▶ **tune in** *vi* (*RADIO, TV*): **to tune in (to)** aimsigh
- ▶ **tune up** *vi* (*musician*) tiúin
- tuneful** *adj* ceolmhar
- tuner** *n* (*also*: **piano tuner**) tiúnadóir *m3*; (*for radio etc*) tiúnóir *m3*
- tunic** *n* tuineach *f2*
- Tunisia** *n* an Túnéis *f2*
- tunnel** *n* tollán *m1*; (*in mine*) tollán mianaigh • *vi* tochail tollán
- turbulence** *n* (*AVIATION*) suaiteacht *f3*
- tureen** *n* túirín *m4*
- turf** *n* scraith *f2*; (*peat*) móin *f3*; (*clod*) fód *m1* • *vt* cuir scraith ar
- ▶ **turf out** (*inf*) *vt* (*person*) tabhair bata agus bóthar do
- turgid** *adj* (*speech*) mórfhoclach
- Turk** *n* Turcach *m1*
- Turkey** *n* an Tuirc *f2*
- turkey** *n* turcaí *m4*
- Turkish** *adj* Turcach • *n* (*LING*) Tuircis *f2*
- turmoil** *n* clampar *m1*, suaitheadh *m*; **the city is in turmoil** tá an chathair ina cfor thuathail
- turn** *n* casadh *m1*, iompú *m*; (*in road, of mind, of events*) cor *m1*; (*performance*) dreas *m3*; (*MED*) taom *m3* • *vt* cas; (*collar, steak*) iompaigh; (*change*): **to turn sth into** rud a chlaochlú go • *vi* (*object, wind, milk*) iompaigh; (*person: look back*) cas; (*reverse direction*) fill; (*become*) éirigh; (*age*) slánaigh; **to turn into** athrú go, dul i riocht + *gen*; **a good turn** gar; **it gave me quite a turn** bhain sé geit asam; **"no left turn"** (*AUT*) "ná castar ar chlé"; **it's your turn** do shealsa atá ann; **they spoke in turn** labhair siad ar a seal; **to take turns (at)** uainíocht a dhéanamh (*ar*)
- ▶ **turn away** *vi* tabhair do dhroim (*le*) • *vt*

296

twang

- (*applicants*) cuir ó dhoras
- ▶ **turn back** *vi* fill • *vt* (*person, vehicle*) cas ar ais; (*clock*) cuir siar
- ▶ **turn down** *vt* (*refuse: person*) diúltaigh do; (*radio etc*) ísliigh; (*bed etc*) fill anuas
- ▶ **turn in** *vi* (*inf: go to bed*) téigh a luí • *vt* (*fold*) cas isteach
- ▶ **turn off** *vi* (*from road*) cas ó • *vt* (*light, radio etc*) múch; (*tap*) stop; (*engine*) múch
- ▶ **turn on** *vt* (*light*) las; (*tap, radio etc*) cuir ar siúl; (*engine*) dúisigh
- ▶ **turn out** *vt* (*light, gas*) múch; (*produce*) táirg • *vi* (*voters, troops etc*) tar amach; **he turned out to be an actor** tharla gurbh aisteoir é
- ▶ **turn over** *vi* (*person*) iompaigh • *vt* iompaigh
- ▶ **turn round** *vi* cas thart; (*rotate*) cas
- ▶ **turn up** *vi* (*person*) nocht • *vt* (*collar*) croch; (*radio, heater*) ardaigh
- turning** *n* (*in road*) cor *m1*, casadh *m1*
- turning point** *n* (*fig*) cor *m1* cinniúnach
- turnip** *n* tornapa *m4*
- turnout** *n*: **there was a large turnout** present bhí cuid mhór i láthair
- turnover** *n* (*COMM, amount of money*) láimhdeachas *m1*; (: *of goods*) imeacht *m3*; (*of staff*) ráta *m4* athraithe
- turnpike** (*us*) *n* bóthar *m1* dola
- turnstile** *n* geata *m4* casta
- turntable** *n* (*on record player*) caschlár *m1*
- turn-up** *n* (*on trousers*) fillleadh *m1* osáin
- turpentine** *n* (*also*: **turps**) tuirpintín *m4*
- turquoise** *n* (*stone*) turcaid *f2* • *adj* turcaidghorm
- turret** *n* túirín *m4*
- turtle** *n* turtar *m1*
- tusk** *n* starfhiacail *f2*
- tussle** *n* gleic *f2*, iomrascáil *f3*
- tutor** *n* teagascóir *m3*; (*in college*) oide *m4*; (*private teacher*) múinteoir *m3* príobháideach
- tutorial** *n* (*SCOL*) rang *m3* teagaisc
- tuxedo** (*us*) *n* casóg *f2* dinnéir
- TV** *n* abbr (= *television*) TV
- twang** *n* (*of instrument*) streancán *m1*; (*of voice*) srónaíl *f3*

tweed

tweed *n* bréidín *m4*

tweezers *npl* pionsúirín *msg4*

twelfth *num* dóú déag, dara déag; **the twelfth woman** an dara bean déag; **the Twelfth** an Dóú Lá Déag (de Mhí Iúil); **the twelfth day of December** an dóú lá déag de Nollaig; **the twelfth day of Christmas** an dara lá déag den Nollaig

twelve *num* dó dhéag; **twelve bottles** dhá bhuidéal déag; **twelve people** dháréag *m4*; **the twelve days of Christmas** achar an dá lá dhéag; **the twelve** an dáréag; **at twelve (o'clock)** (*midday*) ag meán lae; (*midnight*) ag meán oíche

twentieth *num* fichiú; **the twentieth woman** an fichiú bean

twenty *num* fiche *m + sg*

twice *adv* faoi dhó; **twice as much** dhá oiread

twiddle *vt, vi*; **to twiddle (with) sth** bheith ag méirínteacht le rud; **to twiddle one's thumbs** (*fig*) bheith díomhaoin

twig *n* craobhóg *f2*, cipín *m4* ♦ *vi* (*inf*) tuig

twilight *n* clapholas *m1*, coineascar *m1*

twin *adj* cúplach ♦ *n* leathchúpla *m4* ♦ *vt* nasc; **twins** cúpla *msg4*

twin(-bedded) room *n* seomra *m4* dhá leaba

twine *n* sreangán *m1* ♦ *vi* (*plant*) sníomh

twinge *n* (*of pain*) arraing *f2*, deann *m3*; **a twinge of conscience** priocadh *m* coinsiasa

twinkle *vi* drithligh; (*eyes*) lonraigh

twirl *vt, vi* cas, rothlaigh

297

Tyrone

twist *n* casadh *m1*; (*in road, story*) cor *m1*; (*in wire, flex*) caisirnín *m4* ♦ *vt* cas; (*weave*) figh; (*roll around*) cas thart ar ♦ *vi* (*road, river*) cas, lúb

twit (*inf*) *n* bómán *m1*

twitch *n* (*pull*) tarraingt *f*; (*nervous*) freanga *f4* ♦ *vi* preab

two *num* dó; **two things** dhá rud; (*persons*): **two people** beirt *f2*; **two men/women** beirt fhear/bhan; **a day or two** lá nó dhó; **two or three** years a dó nó a trí de bhlianta; **to put two and two together** (*fig*) tuiscint as

two-door *adj* (*AUT*): **two-door car** carr dhá dhoras

two-faced (*pej*) *adj*: **a two-faced person** Tadhg an dá thaobh

twofold *adv* faoi dhó

two-piece (suit) *n* culaith *f2* dhá bhall

twosome *n* (*people*) beirt *f2*

two-way *adj* (*traffic*) déthreo

tycoon *n*: (*business*) tycoon toicí *m4*

type *n* (*category*) cineál *m1*, saghas *m1*, sórt *m1*; (*example*) sampla *m4*; (*typ*) cló *m4* ♦ *vt* (*letter etc*) clóscríobh

typeface *n* (*typ, comput*) cló-aghaidh *f2*

typescript *n* clóscríbhinn *f2*

typewriter *n* clóscríobhán *m1*

typewritten *adj* clóscríofa

typhoid *n* fiabhras *m1* breac

typical *adj* samplach, tipiciúil

typing *n* clóscríbhneoireacht *f3*

typist *n* clóscríobhaí *m4*

tyrant *n* tíoránach *m1*, aintiarna *m4*

tyre, (*us*) **tire** *n* bonn *m1*

Tyrone *n* Tír *f* Eoghain

U

ubiquitous *adj* le fáil i ngach aon áit, uileláithreach

udder *n* úth *m3*

ugh *excl* ach

ugly *adj* gránna, míofar, gráiciúil

UK *n abbr* = **United Kingdom**

ulcer *n* othras *m1*

Ulster *n* Cúige *m4* Uladh • *adj* Ultach

ulterior *adj*: **ulterior motive** aidhm *f2* fholaigh

ultimate *adj* deireanach, deiridh *n gen*; (*authority*) is airde

ultimately *adv* ar deireadh, faoi dheireadh, as deireadh an scéil

ultrasound *n* ultrafhuaim *f2*

umbilical cord *n* sreang *f2* (an) imleacáin

umbrella *n* scáth *m3* fearthainne, scáth báistí; (*for sun*) scáth gréine, parasól *m1*

umpire *n* moltóir *m3*; **goal umpire** maor *m1* cúil

umpteen *adj*: **he has umpteen stories** tá fiche scéal aige

umpteenth *adj*: **for the umpteenth time** don fichiú huair

UN *n abbr* = **United Nations**

unable *adj*: **I am unable to ...** níl mé ábalta or in ann ... (*incapable*) níl ar mo chumas

unaccompanied *adj* gan tionlacan

unaccustomed *adj* ainchleachta; **I am unaccustomed to this** tá ainchleachtadh orm leis seo

unanimous *adj* d'aon ghuth

unanimously *adv* d'aon ghuth

unarmed *adj* (*combat*) gan arm; (*person*) neamharmtha

unashamed *adj* mínáireach

unattached *adj*: **unattached (to)** gan cheangal (le), neamhspleách (ar); (*unmarried*) singil, díomhaoin

unattended *adj* (*car, child, luggage*) gan feighil

unattractive *adj* míthaitneamhach, mísciamhach

unauthorized *adj* gan údarás, neamhúdaraithe

unavoidable *adj* dosheachanta; **it was unavoidable** ní raibh dul taobh anonn de, ní raibh neart air

unaware *adj*: **unaware of** aineolach ar; **I was unaware of that** ní raibh a fhios agam sin

unawares *adv* i ngan fhios (do); **to catch or take sb unawares** breith gairid ar dhuine, teacht aniar aduaidh ar dhuine

unbalanced *adj* míchothrom, neamhchothrom; (*in mind*) spadrúil

unbearable *adj* dofhulaingthe; **it's unbearable** níl fulaingt le déanamh air

unbeatable *adj* dosháraithe; **he's unbeatable** níl a bhualadh le fáil

unbeknown(st) *adv*: **unbeknown(st) to me/Peter** gan fhios dom/do Pheadar

unbelievable *adj* dochreidthe

unbend *vt, vi* díringh

unbiased *adj* neamhchlaon

unborn *adj* gan bhreith, nár rugadh go fóill

unbreakable *adj* dobhriste

unbroken *adj* gan bhriseadh; (*fig*) nár cloíodh; (*spirit*) dochloite; (*silence*) buan; (*record, sport*) nár sáraíodh, slán

unbutton *vt* scaoil

uncalled-for *adj* neamhriachtanach

uncanny *adj* (*eery*) diamhair; (*extraordinary*) iontach, dochreidte

unceasing *adj* gan staonadh, síor-

unceremonious *adj* grod

uncertain *adj* éiginnte, neamhchinnte; (*hesitant*) idir dhá chomhairle; (*vague*) doiléir; **in no uncertain terms** gan fiacail a chur ann

uncertainty *n* éiginnteacht *f3*,

neamhchinnteacht *f3*

uncivilized *adj* (*gen*) míshibhialta; (*fig*: *behaviour etc*) barbartha; (*hour*) antráthúil

uncle *n* uncail *m4*

uncomfortable *adj* míchompordach;

uncommon

(*uneasy*) míshuaimhneach; (*situation*) bearránach, ciotach
uncommon *adj* neamhchoitianta, neamhghnách
uncompromising *adj* neamhghéilliúil, dáigh, diongbháilte
unconcerned *adj* réchúiseach, neamhchúiseach; **to be unconcerned (about)** bheith ar nós cuma liom (faoi)
unconditional *adj* neamhchoinniollach, gan choinníoll
unconscious *adj* gan mheabhair; (*MED*) neamhaireachtálach; (*unaware*): **unconscious of** gan eolas ar ♦ *n*: **the unconscious** an fo-chomhfhios *m*3
unconsciously *adv* go neamh-chomhfhiosach; **he did it unconsciously** i ngan fhios dó féin a rinne sé é
uncontrollable *adj* dosmachtaithe; (*temper, laughter*) doshrianta; **they're uncontrollable** níl smacht le cur orthu
unconventional *adj* as an ngnáth, neamhchoinbhinsiúnach
uncouth *adj* cábógach, brománta
uncover *vt* nocht, tabhair chun solais
undecided *adj* éiginnte, neamhchinnte; (*person*) idir dhá chomhairle
under *prep* faoi; (*less than*) faoi, faoi bhun + *gen*; (*according to*) de réir ♦ *adv* thíos (faoi); (*movement*) síos (faoi); **under there** thíos faoi sin; **under repair** á dheisiú
underage *adj* (*person*) faoi aois
undercharge *vt*: **to undercharge sb** luach ró-íseal a ghearradh ar dhuine
undercoat *n* (*paint*) fochóta *m*4, bunchóta *m*4
undercover *adv* faoi rún, ar foscadh
undercurrent *n* foshruith *m*3
undercut *vt* díol níos saoire ná, gearr faoi
underdog *n* íochtarán *m*1
underdone *adj* (*CULIN*) cnagbhruite
underestimate *vt* meas faoina luach; **he underestimated its importance** níor thuig sé a thábhacht
underfed *adj* ar ghanchothú
underfoot *adv* faoi chois

299

undertake

undergo *vt* téigh trí, fulaing; **to undergo an operation** obráid a bheith agat
undergrad *n* (*inf*) = **undergraduate**
undergraduate *n* fochéimí *m*4
underground *n* (*railway*) iarnród *m*1 faoi thalamh ♦ *adj* faoi thalamh; (*fig*) faoi cheilt, rúnda ♦ *adv* faoi thalamh
undergrowth *n* scrobarnach *f*2, casarnach *f*2, fáschoill *f*2
underhand(ed) *adj* (*fig: behaviour, method etc*) calaoiseach, claon
underlie *vt* bheith mar bhonn ag
underline *vt* (*write*) cuir líne faoi; (*emphasise*) cuir béim ar
underling (*pej*) *n* íochtarán *m*1
undermine *vt* toll faoi, bain an dúshraith de
underneath *adv* thíos ♦ *prep* faoi, faoi bhun + *gen*
underpaid *adj* ar ghannphá
underpants *npl* fobhríste *msg*4
underpass *n* íosbhealach *m*1
underprivileged *adj* faoi mhíbhuntáiste
underrate *vt*: **to underrate sb** duine a mheas faoina luach
undershirt (*us*) *n* foléine *f*4
undershorts (*us*) *npl* fobhríste *msg*4
underside *n* an taobh *m*1 thíos, tóin *f*3
underskirt *n* fosciorta *m*4
understand *vt, vi* tuig; **I understand that ...** cluinim go ...; **am I to understand that ...?** an bhfuil tú á rá liom go ...?; **what do you understand by that?** cén chiall a bhaineann tú as sin?; **I was given to understand that ...** tugadh le fios dom go ...
understandable *adj* intuigthe, le tuiscint; **it's understandable that ...** ní hionadh ar bith é go ...
understanding *adj* tuiscianach ♦ *n* tuiscint *f*3; (*agreement*) comhréiteach *m*1, comhaontú *m*
understatement *n* maolaisnéis *f*2
understood *adj* tuigthe; (*implied*) intuigthe
understudy *n* tánaiste *m*4
undertake *vt* tabhair faoi, glac as láimh; **to undertake to do sth** glacadh ort féin

rud a dhéanamh

undertaker*n* adhlacóir *m3*

undertaking*n* (*enterprise*) gnóthas *m1*;

(*promise*) gealltanas *m1*

undertone*n* cogar *m1*; (*hint*) macalla *m4*

underwater*adv, adj* faoi uisce; **to swim**

underwater snámh idir dhá uisce,

dúshnámh a dhéanamh

underwear*n* fo-éadaí *mpl1*

underworld*n* (*criminals*) lucht *m3*

meirleachais

underwriter*n* (*INS*) frithgheallaí *m4*

undies(*inf*) *npl* fo-éadaí *mpl1*

undiplomatic*adj* neamhchairéiseach,

neamhdhiscreídeach

undo*vt* (*damage*) ligheas, leasaigh;

(*buttons etc*) scaoil

undoing*n* creachadh *m*; **that was my**

undoing sin a rud a rinne mo chabhóg

undoubted*adj* doshéanta, nach bhfuil

séanadh air; **his undoubted capabilities**

is tuanna atá aige nach bhfuil séanadh

orthu

undoubtedly*adv* gan aon amhras, go

dearfa

undress*vi* bain díot

undue*adj* iomarcach, neamhriachtanach

undulating*adj* (*land*) droimneach

unduly*adv* go hiomarcach, go

neamh-mheasartha

unearth*vt* (*dig up*) tochair as an talamh;

(*fig*) nocht, tabhair chun solais

unearthly*adj* (*hour*) antráthach

uneasy*adj* mishuaimhneach, míshocair,

corrabhuaiseach; (*worried*) inníoch;

(*sleep*) corrach; (*peace, truce*) sobhriste

uneconomic(al)*adj*

neamheacnamaíoch, neamhéadálach;

(*person*) neamhthíosach

uneducated*adj* (*person*) gan oideachas

unemployed*adj* dífhostaíthe **n*: **the**

unemployed lucht *m3* dífhostaíochta

unemployment*n*; dífhostaíocht *f3*

unending*adj* síoraí, gan deireadh

unnerving*adj* gan earráid; (*aim*)

neamhiomrallach

uneven*adj* éagothrom, míchothrom

unexpected*adj* gan choinne, gan súil leis

unfailing*adj* daingean, buan, dílis

unfair*adj* éagórach, leatromach

unfaithful*adj* mídhílis

unfamiliar*adj* coimhthíoch,

neamhaithníd

unfashionable*adj* neamhfhaiseanta

unfasten*vt* (*open*) oscail; **to unfasten sth**

rud a scaoileadh

unfavourable(*US*) **unfavorable***adj*

mífhabhrach, neamhfhabhrach;

(*weather*) míchóiriúil, contráilte;

(*conditions*) míbhuntáisteach

unfeeling*adj* fuarchroíoch, cadránta

unfinished*adj* neamhchríochnaithe, gan

chríochnú

unfit*adj* neamhaclaí; **unfit (for)**

(*incompetent*) neamhoiriúnach (do);

(*military service*) neamhinfheidhme (do);

he's unfit for the work níl sé ábalta ag

an obair

unfold*vt* (*paper*) oscail amach; (*clothes*)

scar **vi* tar chun solais; (*idea*) fabhair

unforeseen*adj* gan choinne; **unforeseen**

difficulties deacrachtaí nach raibh súil

leo

unforgettable*adj* dodhearmadta

unfortunate*adj* (*person*) mífhortúnach,

mí-ámharach; (*event*) tubaisteach; **isn't it**

unfortunate that ... nach mór an trua

go ...

unfortunately*adv* ar an drochuir

unfounded*adj* gan bhunús, gan údar

unfriendly*adj* míchairdiúil, doicheallach

ungainly*adj* liopasta, anásta

ungodly*adj* (*hour*) antráthach

ungrateful*adj* diomaíoch, míbhúíoch

unhappiness*n* míshonas *m1*, brón *m1*;

(*dissatisfaction*) míshásamh *m1*

unhappy*adj* brónach, míshona;

unhappy about or with (*arrangements*

etc) míshásta le

unharmed*adj* slán, gan díobháil, gan

dochar

unhealthy*adj* mífholláin; (*person*)

easláinteach

unheard-of*adj* (*unknown*) gan iomrá;

(*without precedent*) gan insint, nár

chualathas a leithéid riamh

unhurt *adj* slán, gan díobháil, gan dochar
unidentified *adj* gan aithint
uniform *n* éide *f4*, culaith *f2* • *adj* comhionann, aonfhoirmeach; **in uniform** faoi éide
uninhabited *adj* neamháirithe
unintentional *adj* neamhbheartaithe
union *n* aontas *m1*; (*action of*) comhcheangal *m1*; (*also: trade union*) ceardchumann *m1*; **the Act of Union** (*HIST*) Acht na hAondachta
Unionist *adj*, *n* Aontachtaí *m4*
unique *adj* sainiúil, uathúil; **a unique opportunity** seans iontach
unison *n*: **in unison** d'aon ghuth; **to work in unison with sb** bheith sa cheann eile den obair le duine
unit *n* aonad *m1*
unite *vt* aontaigh • *vi* táthaigh (le chéile), téigh i gcomhar
united *adj* aontaithe, comhcheangailte
United Kingdom *n* an Ríocht *f3* Aontaithe
United Nations *n* na Náisiúin *mpl1* Aontaithe
United States *n* na Stáit *mpl1* Aontaithe
unity *n* aonad *m1*; (*agreement*) aontacht *f3* cur le chéile
universal *adj* uilíoch, comhchoitianta
universe *n* cruinne *f4*
university *n* ollscoil *f2*
unjust *adj* éagórach
unkempt *adj* míshlachtmhar; (*hair*) gan chíoradh
unkind *adj* míchineálta, neamhcharthanach
unknown *adj* gan aithne, anaithnid; **unknown to me** gan fhios dom
unlawful *adj* mídhleathach, in éadan an dlí
unleaded *adj* (*petrol, fuel*) gan luadh • *n* peitreal *m1* gan luadh
unleash *vt* scaoil, lig amach; (*fig*): **he unleashed his pent up emotions** lig sé amach a راحت
unless *conj* mura, murar; **unless he leaves** mura or murar *n*-imeoidh sé, ach é imeacht

unlike *adj* neamhchosúil, éagsúil • *prep* murab ionann agus
unlikely *adj* neamhdhóchúil; **it is unlikely that she will come** ní dócha go dtiocfaidh sí
unlimited *adj* neamhtheoranta, gan teorainn
unlisted (*US*) *adj* = **ex-directory**
unload *vt* díluchtai, dílódaíl
unlock *vt* oscail
unlucky *adj* (*person*) mí-ámharach, míshéanmhar; (*object, number*) tubaisteach, teiriúil; **to be unlucky** an mí-ádh a bheith ag siúl leat
unmarried *adj* neamhphósta, singil, díomhaoin, gan phósadh
unmistak(e)able *adj* do-amhrais, follasach
unmitigated *adj* cruthanta, amach is amach
unnatural *adj* mínádúrtha
unnecessary *adj* neamhriachtanach
unnoticed *adj* gan aireachtáil, as gan fhios
unobtainable *adj* dofhaighte
unobtrusive *adj* discrídeach
unofficial *adj* neamhoifigiúil
unorthodox *adj* éagoiteann, éagsúlach, as cosán; (*REL*) míchreidmheach
unpack *vt* folmhaigh, díphacáil
unpalatable *adj* (*truth*) searbh
unpleasant *adj* míthaitneamhach
unplug *vt* bain an phlocóid amach as
unpopular *adj* míghnáúil; **an unpopular individual/decision** duine/cinneadh nach bhfuil dúil na ndaoine ann
unprecedented *adj* gan macasamhail, gan réamhshampla
unpredictable *adj* taghdach, guagach, luathintinneach
unprofessional *adj* míghairmiúil
unqualified *adj* (*teacher*) neamhcháilithe; (*unmitigated*) iomlán, fíor-
unquestionably *adv* gan aon amhras
unravel *vt* (*knitting*) rois; (*problem*) réitigh
unreal *adj* bréagach, neamhréadúil; (*extraordinary*) iontach
unrealistic *adj* neamhréadúil

unreasonable

unreasonable *adj* míréasúnta; (*demand*) ainmheasártha

unrelated *adj* neamhghaolmhar; **they are unrelated** (*people*) níl gaol acu le chéile; (*things*) níl baint acu le chéile

unrelenting *adj* (*merciless*) neamhthrócaireach; (*constant*) gan stad, gan staonadh

unreliable *adj* neamhiontaofa

unremitting *adj* gan stad, gan staonadh

unreservedly *adv* gan agús

unrest *n* anbhuaín *f*2, neamhshocracht *f*3

unroll *vt* leath amach

unruly *adj* gan riail, ainrianta, mírialta

unsafe *adj* (*in danger*) i mbaol; (*car, journey*) contúirteach

unsaid *adj*: **to leave sth unsaid** rud a fhagáil gan rá

unsatisfactory *adj* míshásúil

unsavoury, (*us*) **unsavory** *adj* (*fig*) gránna, suarach

unscathed *adj* slán sábháilte; **he was completely unscathed** ní raibh deargadh an chreabhair air

unscrew *vt* díscríúáil

unscrupulous *adj* gan scrupall, neamhscrupallach

unsettled *adj* míshocair, corrach; (*weather*) claochlaitheach; (*matter*) gan réiteach

unshaven *adj* gan bhearradh

unsightly *adj* gan slacht, míshlachtmhar, mímhaiseach

unskilled worker *n* oibrí *m*4 neamhoilte

unspeakable *adj* (*joy*) nach bhfuil insint béil air; (*crime*) uafásach

unstable *adj* éagobhsaí; (*person*) taghdach; (*rock*) ar forbhás

unsteady *adj* éadaingean, corrach; (*growth*) treallach

unstuck *adj*: **to come unstuck** (*lit*) scoitheadh; (*fig*) cliseadh

unsuccessful *adj* mírathúil, gan rath; (*attempt*) in aisce; (*writer*) teipthe, nach bhfuil rath air; **I was unsuccessful** (*in trying sth*) níor éirigh liom

unsuitable *adj* mífhóirsteanach, mífheiliúnach, mí-oiriúnach

302

unwrap

unsure *adj* éiginnte; **to be unsure of sth/o.s.** bheith éiginnte de rud/bheith gan dóchas asat féin

unsuspecting *adj* nach bhfuil ag amhras ar a dhath, neamh-amhrasach

untapped *adj* (*resources*) gan saothrú as

unthinkable *adj* nach féidir a shamhailt, doshamhlaithe

untidy *adj* (*room*) trína chéile; (*appearance, person*) amascaí, giobach

untie *vt* (*knot*) scaoil; (*parcel*) oscail; (*dog*) scaoil amach

until *prep* go, go dtí • *conj* go dtí; **until he comes** go dtiocfaidh sé; **until now/then** go dtí seo/sin

untimely *adj* míthráthúil; (*death*) anabái

untold *adj* (*story*) nar insíodh; (*wealth*) gan áireamh; (*joy, suffering*) nach bhfuil insint air

untoward *adj* as cosán; **nothing untoward had happened** níor tharla rud ar bith as casán

unused¹ *adj* (*clothes*) úr nua

unused² *adj*: **to be unused to sth** gan a bheith cleachta le rud

unusual *adj* neamhghnách, neamhchoitianta

unveil *vt* noch

unwanted *adj* (*child, pregnancy*) gan iarraidh; (*clothes etc*) athchaite, séanta

unwelcome *adj* nach bhfuil fáilte roimhe, gan iarraidh; **an unwelcome guest** coirm gan chuireadh; **unwelcome news** doscéala

unwell *adj* tinn; **to feel unwell** gan a bheith ar do chóir féin, aireachtáil rud beag tinn

unwieldy *adj* (*object*) liobarnach, anásta

unwilling *adj*: **to be unwilling to do sth** gan a bheith toilteanach ar rud a dhéanamh

unwillingly *adv* go doicheadh

unwind *vt* díchorr • *vi* (*relax*) lig do scíth

unwise *adj* díchéillí, gan chríonnacht

unwitting *adj* neamhfheasach

unworkable *adj* (*plan*) nach féidir a chur i bhfeidhm, do-oibrithe

unwrap *vt* bain an clúdach de, oscail

unwritten *adj* (*agreement*) neamhscríofa

KEYWORD

up *prep*: he went up the stairs/the hill chuaigh sé suas an staighre/an cnoc; the cat was up a tree bhí an cat thuas/in airde i gcrann; they live further up the street tá siad ina gcónaí (níos faide) suas an tsráid

• *adv* 1 (*upwards, higher*): up in the sky/the mountains thuas sa spéir/sna sléibhte; put it a bit higher up cuir giota níos airde é; up there thuas ansin; up above thuas (ansin)

2: to be up (*out of bed*) bheith i do shuí; (*prices*) ardú a bheith ar + *noun*

3: up to (*as far as*) go dtí; up to now go dtí seo, go nuige seo, go sea

4: to be up to (*depending on*): it's up to you ar do chomhairle féin atá sé, fút féin atá sé; (*equal to*): he's not up to it (*job, task etc*) níl sé inchurtha leis, níl sé in ann aige; (*inf: be doing*): what is he up to? cad é atá ar siúl aige?, cad é atá faoi?

• *n*: ups and downs (*of life*) cora *mpl*1 an tsaoil

up-and-coming *adj* a bhfuil gealladh faoi

upbringing *n* oiliúint *f*3, tógáil *f*3

update *vt* leasaigh, coigeartaigh, tabhair suas chun dáta; (*COMPUT etc*)

nuashonraigh • *n* leagan *m*1 úr

upgrade *vt* (*house*) athchóirigh; (*job*) cuir ar leibhéal níos airde; (*employee*) tabhair ardú céime do

upheaval *n* (*political, social*) mórathrú *m*

uphill *adj* (*path*) i gcoinne an air, crochta; (*fig: task*) duaisiúil; to go uphill dul suas in éadan na mala

uphold *vt* (*law*) cumhdaigh; (*decision*) seas le

upholstery *n* cumhdach *m*1

upkeep *n* (*maintenance*) cóiriú *m*, deisiú *m*

upon *prep* ar

upper *adj* uachtarach • *n* (*of shoe*) uachtar *m*1

upper-class *adj* uasaicmeach

upper hand *n*: to have the upper hand

an lámh in uachtar a bheith agat

uppermost *adj* is airde; what was uppermost in my mind an rud is mó a raibh mé ag cuimhneamh air

upright *adj* ina sheasamh, ingearach; (*fig*) ionraic

uprising *n* éirí *m*4 amach

uproar *n* racán *m*1, círéib *f*2

uproot *vt* stoith

upset *n* suaitheadh *m*; (*stomach upset*) múisiam *m*4 boilg, taom *m*3 goile, tiontú *m* goile • *vt* (*glass etc*) leag; (*plan*) cuir trína chéile; (*person*) corraigh, cuir as do, goill ar • *adj* suaite, trí chéile; **my stomach is upset** tá mo ghoile ag cur isteach orm

upshot *n* deireadh *m*1; the upshot was that ... is é an deireadh a bhí air go ...

upside-down *adv* bunoscionn, béal faoi; (*fig*) gan chuma gan déanamh, ina chíor thuathail

upstairs *adv* (*going*) suas an staighre; (*being there*) thuas an staighre • *adj* (*room*) thuas an staighre • *n*: the

upstairs thuas staighre, uachtar *m*1 tí

upstart (*pej*) *n* fáslach *m*1

upstream *adv* in aghaidh an tsrutha

uptake *n*: to be quick/slow on the

uptake bheith maith/mall ag foghlaim

uptight (*inf*) *adj* ar tinneall

up-to-date *adj* nua-aimseartha, faiseanta;

up-to-date news an scéala is nua *or* is déanaí

upturn *n* athrú *m* *or* cor *m*1 chun feabhais, iompú *m* (chun) bisigh

upward *adj* suas, in airde; (*from below*)

aníos; **upward pressure** brú aníos

upward(s) • *adv* suas, in airde, aníos;

upward(s) of 200 breis agus dhá chéad

Uranus *n* (*planet*) Úránas *m*1

urban *adj* uirbeach, cathrach *n* *gen*

urbane *adj* síodúil

urchin *n* (*person*) garlach *m*1

urge *n* fonn *m*1, dúil *f*2 • *vt*: to urge sb to do sth duine a ghríosú *or* a spreagadh chun rud a dhéanamh

urgency *n* práinn *f*2, dithneas *m*1

urgent *adj* práinneach, dithneasach;

(tone) dian-

urinal *n* fualán *m1*, úirinéal *m1*

urine *n* fual *m1*, mún *m1*

urn *n* próca *m4*; (also: tea urn) próca tae

Uruguay *n* Uragua *m4*

US *n* abbr = United States

us *pron* muid, sinn; (*emphatic*) muidne, sinne; **after us** inár ndiaidh; **tormenting us** dár gcrá; *see also me*

USA *n* abbr (= United States of America) SAM

use *n* úsáid *f2*, feidhm *f2* ♦ *vt* bain úsáid *or* feidhm *as*; **in/out of use** in/as úsáid, i bhfeidhm/as feidhm; **to be of use** bheith úsáideach; **it's no use** níl maith ar bith ann; **she used to do it** ba ghnách léi é a dhéanamh; **used to: to be used to** bheith cleachta le

► **use up** *vt* caith, ídigh

used *adj* (car) athlámhe

useful *adj* úsáideach

usefulness *n* úsáidí *f4*, áisiúlacht *f3*

useless *adj* gan mhaith, ó mhaith; (*person: hopeless*) beagmhaitheasach, gan feidhm

user *n* úsáideoir *m3*

user-friendly *adj* (computer etc) cúntach

usher *n* uiséir *m3*

usherette *n* (in cinema) banghiolla *m4*

usual *adj* coitianta, gnáth-; **as usual** mar is gnách

usually *adv* de ghnáth, go hiondúil

utensil *n* acra *m4*, uirlis *f2*; **kitchen**

utensils gréithe *pl* cistine

uterus *n* broinn *f2*, útaras *m1*

utility *n* (also: public utility) fóntas *m1* poiblí

utility room *n* seomra *m4* áise

utmost *adj* as cuimse, thar na bearta; **it is of the utmost importance** tá tábhacht as cuimse ag baint leis ♦ *n*: **to do one's**

utmost do sheacht ndícheall a dhéanamh

utter *adj* iomlán, fíor-, lán- ♦ *vt* (words) abair, labhair; (*sounds*) lig (asat); **an**

utter fool deargamadán

utterance *n* caint *f2*

utterly *adv* go hiomlán, ar fad

U-turn *n* iompú *m* (iomlán) thart

V

vacancy *n* (job) folúntas *m1*
vacant *adj* (seat etc) folamh; (room) saor; (expression) bómánta
vacate *vt* (post) éirigh as; (room) fág
vacation *n* saoire *f4*; **to be/go on vacation** bheith/dul ar (laethanta) saoire
vaccinate *vt* vacsaínigh
vacuum *n* folús *m1*
vacuum cleaner *n* folúsghlantóir *m3*
vacuum-packed *adj* folúsphacáilte
vagina *n* faighín *f2*
vagrant *n* ráigí *m4*, fánaí *m4*
vague *adj* éiginnte; (*blurred: photo, outline*) doiléir
vaguely *adv* go doiléir; **I remember it vaguely** tá mearchuimhne agam air
vain *adj* (useless) díomhaoín; (*conceited*) uallach, giodalach; **in vain** in aisce
valentine *n* (also: valentine card) vaillintín *m4*; **St Valentine's Day** Lá Fhéile Vaillintín
valiant *adj* curata
valid *adj* (argument) a bhfuil bunús nó éifeacht leis; (document) bailí
valley *n* gleann *m3*
valour, (us) valor *n* crógacht *f3*, laochas *m1*
valuable *adj* (jewel) luachmhar; (*help*) tairbheach
valuables *npl* iarmhais *fsg2*, airgí *fp14* luachmhara
valuation *n* luacháil *f3*
value *n* luach *m3*; (*usefulness*) fiúntas *m1* ♦ *vt* (fix price) cuir luach ar, luacháil; **to value sth** (cherish) rud a bheith luachmhar agat
value added tax *n* cáin *f* bhreise luacha
valued *adj* a bhfuil meas air, measúil
valve *n* (also MED) comhla *f4*
van (*AUT*) veain *f4*
vandal *n* loitiméir *m3*, sladaí *m4*, creachadóir *m3*
vandalism *n* loitiméireacht *f3*, slad *m3*, creachadóireacht *f3*

vandalize *vt*: **to vandalize sth** loitiméireacht a dhéanamh ar rud
vanguard *n* urgharda *m4*; **in the vanguard** (fig) ar thús cadhnaíochta
vanilla *n* fanaile *m4*
vanish *vi* téigh as radharc, ceiliúir; (*die out*) téigh ar ceal; **she vanished completely** d'imigh sí mar a shlogfadh an talamh í
vanity *n* díomhaoineas *m1*, baohántacht *f3*
vantage point *n* ionad *m1* maith breathnóireachta, port *m1* faire
vapour, (us) vapor *n* gal *f2*; (*on window*) ceo *m4*
variable *adj* claochlaitheach, luaineach; (*speed, height*) inathraithe
variance *n*: **to be at variance with** gan a bheith ag teacht le, teacht crosach ar
varicose veins *npl* féitheacha *fp12* borrrtha
varied *adj* éagsúil, ilghnéitheach, ilchineálach
variety *n* cineál *m1*, saghas *m1*; (*quantity*) éagsúlacht *f3*
variety show *n* seó *m4* ilsiamsa
various *adj* difriúil; (*several*) éagsúla
varnish *n* vearnais *f2* ♦ *vt* cuir vearnais ar
vary *vi* athraigh ♦ *vt* éagsúlaigh; **they vary considerably** tá éagsúlacht mhór iontu
vase *n* vása *m4*, bláthchuaich *m4*
Vaseline ® *n* veasailín *m4*
vast *adj* mór as cuimse, ollmhór
VAT *n* abbr (= value added tax) cáin bhreise luacha
vat *n* dabhach *f2*, umar *m1*
Vatican *n*: **the Vatican** an Vatacáin *f2*; **Vatican City** Cathair na Vatacáine
vault *n* (of roof) boghta *m4*; (*tomb*) tuama *m4*; (*in bank*) daingean *m1* (faoi thalamh) ♦ *vt* (also: **vault over**) caith de léim láimhe
vaunted *adj*: **much-vaunted** cáiliúil
VCR *n* abbr = video cassette recorder
VDU *n* abbr (COMPUT) (= visual display unit)

aonad *m1* amharcthispeána
veal *n* laofheoil *f3*
veer *vi* claon, fiar
vegetable *n* glasa *m4* ♦ *adj* plandúil, glastrúil; **vegetable garden** garraí glastráí
vegetarian *adj* feoilseántach ♦ *n* feoilseántóir *m3*
vehement *adj* tréan, dian, díocasach
vehicle *n* feithicil *f2*
veil *n* fial *m1*, caille *f4*
vein *n* féith *f2*; (*in wood*) snáithe *m4*
velvet *n* veilbhít *f2*
vending machine *n* meaisín *m4* díola
vener *n* (*on furniture*) athchraiceann *m1*, veinír *f2*; (*fig*) ceileatram *m1*
venereal adj: venereal disease galar *m1* veinéireach
Venetian blind *n* dallóg *f2* lataí
Venezuela *n* Veiniséala *m4*
Venezuelan *adj, n* Veiniséalach *m1*
vengeance *n* díoltas *m1*; **he went at it with a vengeance** chuaigh sé ina cheann ar theann a dhíchill; **with a vengeance** (*fig*) go díbhirceach
Venice *n* an Veinéis *f2*
venison *n* fiafheoil *f3*
venom *n* nimh *f2*, goimh *f2*; **to say sth with venom** rud a rá le gangaid
vent *n* poll *m1* gaoithe, gaothaire *m4*; (*in dress, jacket*) scoilt *f2* ♦ *vt* (*fig: one's feelings*) lig amach
ventilator *n* aerálaí *m4*
ventriloquist *n* bolgchainteoir *m3*
venture *n* fiontar *m1* ♦ *vt* cuir i bhfiontar ♦ *vi* téigh i bhfiontar ruda; **to venture a guess** buille faoi thuairim a thabhairt
venue *n* láthair *f*, ionad *m1*
Venus *n* (*planet*) Véineas *f4*
verb *n* briathar *m1*
verbal *adj* briathartha; (*translation*) focal ar fhocal, litriúil; **verbal noun** (*GRAM*) ainm *m4* briathartha
verbal abuse *n* íde *f4* béil; **to give sb verbal abuse** íde béil a thabhairt do dhuine
verbatim *adj* litriúil, focal ar fhocal ♦ *adv* focal ar fhocal
verdict *n* breith *f2*, breithiúnas *m1*

verge *n* imeall *m1*, ciumhais *f2*, bruach *m1*; **on the verge of tears** i riocht caointe
 ▶ **verge on** *vt* *fus* bheith ag bordáil ar
verify *vt* fíoraigh, deimhnigh
vermin *npl* míolra *msg4*, loitmhíolta *mpl1*
vermouth *n* fion *m3* mormónta
versatile *adj* ildánach, iltréitheach; (*machine*) ilúsáidte
verse *n* (*poetry*) filíocht *f3*, véarsaíocht *f3*; (*stanza*) ceathrú *f*, rann *m1*; (*in Bible*) véarsa *m4*
version *n* leagan *m1*; **there are two versions to the story** tá dhá insint ar an scéal
versus *prep* in aghaidh + *gen*, i gcoinne + *gen*, in éadan + *gen*
vertical *adj* ingearach, ceartingearach ♦ *n* ingear *m1*
vertigo *n* meadhrán *m1*, veirtige *f4*
verve *n* spreacadh *m*, aigeantacht *f3*, bíogúlacht *f3*
very *adv* an-, iontach, fíor- ♦ *adj*: **the very book which** go díreach an leabhar a, an leabhar (ceanann) céanna a; **the very last one** an ceann deireanach ar fad; **at the very least** ar a laghad ar bith; **she likes it very much** tá an-dúil aici ann; **he was very much surprised** bhí a shá iontais air
vessel *n* (*NAUT*) soitheach *m1*, ártach *m1*; (*ANAT, container*) soitheach; **blood vessel** fuilleadán *m1*, soitheach fola
vest *n* (*BRIT*) veist *f2*; (*us: waistcoat*) veist, bástchóta *m4*
vested interest *n* (*COMM*) leas *m3* dílsithe
vet *n* *abbr* = **veterinary surgeon**
veteran *n* seanfhondúir *m3*; (*also: war veteran*) seansaighdúir *m3*
veterinary surgeon, veterinarian (*us*) *n* tréidlia *m4*
veto *n* cros *f2* ♦ *vt* cros; **right of veto** ceart *m1* crosta
vex *vt* cuir olc ar, déan meadhrán do, cráigh, ciap
vexed *adj* (*question*) achrannach
via *prep* trí, bealach + *gen*
viable *adj* inmharthana, indéanta;

vibrate

inchurtha i gcrích

vibrate *vi* críth, tonnchrith

vicar *n* biocáire *m4*

vicarious *adj* ionadach

vice *n* (*evil*) duáilce *f4*, drochbhéas *m3*;

(*TECH*) bís *f2*

vice- *prefix* leas-

vice squad *n* péas *m4* frithchorbtha

vice versa *adv* a mhalairt de dhóigh

vicinity *n* comharsanacht *f3*, timpeallacht

f3; **in the vicinity** in aice láithreach, ar

na gaobhair; **in the vicinity of the**

school cóngarach don scoil, i

gcóngarachta na scoile

vicious *adj* (*remark*) gangaideach; (*blow*)

fíochmhar; (*dog*) drochmhúinte

vicious circle *n* ciorcal *m1* lochtach

victim *n* iobartach *m1*, an duine atá thíos

leis

victor *n* buaiteoir *m3*

Victorian *adj* Vítceoiriach

victory *n* bua *m4*

video *cpd* fis- ♦ *n* (*video film*) físeán *m1*;

(*also*: **video cassette**) físchaiséad *m1*;

(*also*: **video cassette recorder**) taifeadán

m1 físchaiséad

video tape *n* fístéip *f2*

vie *vi*: **to vie with** bheith ag iomaíocht le

Vienna *n* Vín *f4*

Vietnam *n* Vítneam *m4*

Vietnamese *adj*, *n* Vítneamach *m1*; (*LING*)

Vítneamais *f2*

view *n* radharc *m1*, amharc *m1*; (*opinion*)

dearcadh *m1* ♦ **vt** breathnaigh, amharc

ar; **to have sth in view** rud a bheith faoi

do shúil; **to be taking in the view**

bheith ag amharc uait; **with a view to**

de gheall ar; **from another point of**

view de thaobh eile; **in view of the fact**

that he is late ó tharla go bhfuil sé mall;

in my view i mo thuairimse, dar liomsa

viewer *n* (*TV*) breathnóir *m3*, féachadóir

m3; **viewers** lucht *msg3* féachana

viewfinder *n* súilín *m4*

viewpoint *n* dearcadh *m1*

vigorous *adj* bríomhar, fuinniúil,

spreacúil

Viking *adj*, *n* Uigingeach *m1*,

507

virtuous

Lochlannach *m1*

vile *adj* (*action*) suarach; (*smell*) bréan;

(*food*) samhnasach

villa *n* vile *m4*

village *n* sráidbhaile *m4*

villager *n* duine *m4* de mhuintir an

tsráidbhaile; **the villagers** muintir *fsg2*

an tsráidbhaile

villain *n* (*scoundrel*) bithiúnach *m1*,

cladhaire *m4*; (*criminal*) coirpeach *m1*;

(*in novel etc*) bithiúnach *m1*

vindicate *vt* (*person*) saor ó chion; **his**

actions were vindicated tugadh le fios

go raibh an ceart aige

vindictive *adj* díoltasach, faltanasach

vine *n* fíniúin *f3*; (*climbing plant*)

féithleog *f2*

vinegar *n* finéagar *m1*

vineyard *n* fíonghort *m1*

vintage *n* (*of wine*) bliain *f3*; **vintage**

year sárbhliain *f3*; **vintage wine** fíon *m3*

den scoth

viola *n* (*MUS*) víola *f4*

violate *vt* sáraigh

violence *n* lámh *f2* láidir, foréigean *m1*,

forneart *m1*

violent *adj* foréigneach, forneartach;

(*person*) ainscianta; (*wind*) tolgach;

violent death anbhás

violet *adj* corcairghorm ♦ *n* (*colour*)

corcairghorm *m1*; (*plant*) sailchuach *f2*

violin *n* veidhlín *m4*

violinist *n* veidhleadóir *m3*

VIP *n* *abbr* (= *very important person*) duine

mór le rá

virgin *n* maighdean *f2*, ógh *f2* ♦ *adj*

maighdeanúil

Virgo *n* (*ASTROL*) An Mhaighdean *f2*

virile *adj* fearga, fireann, mascalach

virtually *adv* (*almost*) chóir a bheith, geall

le bheith

virtual reality *n* (*COMPUT*) réaltacht *f3*

fhíorúil

virtue *n* suáilce *f4*; (*advantage*) bua *m4*;

by virtue of de thairbhe + *gen*, as los +

gen

virtuous *adj* suáilceach; **to lead a**

virtuous life dea-bheatha a chaitheamh

virus

virus *n* (also *COMPUT*) víreas *m1*

visa *n* víosa *f4*

visibility *n* léargas *m1*, infheictheacht *f3*;

visibility was good bhí solas maith ann

visible *adj* le feiceáil, ris, infheicthe

vision *n* (sight) radharc *m1*, amharc *m1*;

(foresight) dearcadh *m1*; (in dream)

aisling *f2*, taibhreamh *m1*, fis *f2*; **field of**

vision réim *f2* radhairc

visit *n* cuairt *f2* ♦ *vt* tabhair cuairt *ar*

visiting hours *npl* (in hospital etc)

uaireanta *fp12* cuartaíochta

visitor *n* cuairteoir *m3*

visor *n* scáthlán *m1*

visual *adj* radharcach, radhairc *n* *gen*,

amhairc *n* *gen*; **visual defect** éalang *f2*

radhairc

visual aid *n* áis *f2* amhairc

visual display unit *n* aonad *m1*

amharcthaipseána

visualize *vt* samhlaigh; **try to visualize it**

samhlaigh duit féin é

vital *adj* riachtanach; (organs) beatha *n*

gen; (person) a bhfuil spreacadh ann

vitality *adv* (important) thar a bheith,

iontach, an-

vital statistics *npl* (fig) buntoisí *mpl4*

vitamin *n* vitimín *m4*

vivacious *adj* aigeantach

vivid *adj* (account) beoga; (light) glinn;

(imagination) beo

ividly *adv* go beoga

V-neck *n* V-mhuineál *m1*

vocabulary *n* (of individual) stór *m1*

focal; (of discipline) réimse *m4* focal;

(glossary) foclóir *m3*, gluais *f2*

vocal *adj* guthach; (fig) ardghlórach,

callánach

vocal cords *npl* téada *fp12* an ghutha

vocation *n* gairm *f2*

vocational *adj* gairmiúil, gairm-

vociferous *adj* ardghlórach, callánach

vodka *n* vodca *m4*

vogue *n* faisean *m1*; in vogue san

fhaisean

voice *n* guth *m3*, glór *m1*; (LING) faí *f4* ♦ *vt*

(opinion) cuir in iúl; **at the top of his**

voice in ard a chinn

308

vulture

void *n* folús *m1*, folúntas *m1* ♦ *adj*

folamh; (invalid) neamhbhailí,

neamhnitheach; (LAW) ar neamhni; **void**

of ar díth + *gen*, gan aon

volatile *adj* (substance) so-ghalaithe;

(person) taghdach

volcano *n* bolcán *m1*

volition *n*: **of one's own volition** de do

dheoin féin

volley *n* (TENNIS etc) eitleog *f2*; (of gunfire)

rois *f2*, rúisc *f2*; (of questions) rois

volleyball *n* eitpheil *f2*

volt *n* volta *m4*

voltage *n* voltais *m1*

volume *n* (size) toirt *f2*, méid *m4*; (of

book) imleabhar *m1*; (sound) láine *f4*

voluntarily *adv* go toilteanach, go

deonach

voluntary *adj* toilteanach, saorálach;

(unpaid) deonach

volunteer *n* saorálaí *m4*; (soldier) óglach

m1 ♦ *vt* (information) tabhair de do

chionlán féin ♦ *vi* (ML) liostáil de do

dheoin féin; **to volunteer to do sth**

tairiscint rud a dhéanamh; **he**

volunteered to help me thairg sé cuidiú

liom

vomit *n* urlacan *m1*, aiseag *m1* ♦ *vt*, *vi* cuir

amach, aisig

vote *n* vótáil *f3*; (cast) vóta *m4*; (franchise)

ceart *m1* vótála ♦ *vt* (elect) togh;

(propose): **to vote that** moladh go ♦ *vi*

vótáil, caith vóta; **vote of thanks** rún

buíochais; **to put sth to a vote** rud a

chur ar vóta; **he was voted chairman**

toghadh ina chathaoirleach é

voter *n* vótálaí *m4*

voting *n* vótáil *f3*

voucher *n* (for meal, petrol, gift) dearbhán

m1

vouch for *vt* fus téigh i mbannaí *ar*

vow *n* móid *f2* ♦ *vi* móidigh, tabhair móid

vowel *n* guta *m4*

voyage *n* aistear *m1* or turas *m1* farraige

vulgar *adj* gráisciúil, madruil, lodartha

vulnerable *adj* gan chosaint, ar

lagchuidiú, soghonta

vulture *n* badhbh *f2*, bultúr *m1*

W

- wad** *n* (of cotton wool, paper) loca *m4*; (of banknotes etc) burla *m4*
- waddle** *vi* bheith ag lapadán
- wade** *vi*: **to wade through** siúl trí; (*fig*: book) treabhadh trí
- wafer** *n* (CULIN) abhlann *f2*
- waffle** *n* (CULIN) vaiféal *m1*; (*inf*) seafóid *f2*, glagaireacht *f3* • *vi* bheith ag seafóid or ag glagaireacht
- waft** *vt* (sound, smell) iompair • *vi* bheith ar foluain
- wag** *vt, vi* croith
- wage** *n* (also: wages) pá *m4*, tuarastal *m1* • *vt*: **to wage war** cogadh a chur
- wage earner** *n* saothraí *m4*
- wage packet** *n* páiceád *m1* pá
- wager** *n* geall *m1*
- waggle** *vt, vi* croith
- wag(g)on** *n* vaigín *m4*
- wail** *vi* déan olagón
- waist** *n* coim *f2*, básta *m4*
- waistcoat** *n* bástcóta *m4*, veist *f2*
- waistline** *n* coim *f2*
- wait** *n* fanacht *m3*, feitheamh *m1* • *vi* fan; **to keep sb waiting** duine a choinneáil ag fanacht; **to wait for** fanacht le; **I can't wait to ...** (*fig*) is fada liom nó go ...
- **wait on** *vt* fus déan freastal ar
- waiter** *n* freastalaí *m4*
- waiting list** *n* liosta *m4* feithimh
- waiting room** *n* feithealann *f2*, seomra *m4* feithimh
- waitress** *n* freastalaí *m4*, banfhreastalaí *m4*
- waive** *vt* (claim) tarscaoil
- wake** *vt, vi* (also: **wake up**) múscail, dúisigh • *n* (for dead person) faire *f4*; (NAUT) marbhshruith *f3*
- Wales** *n* an Bhreatain *f2* Bheag; **the Prince of Wales** Prionsa *m4* na Breataine Bige
- walk** *n* siúl *m1*; (*short*) geábh *m3* spaisteoireachta; (*gait*) leagan *m1* siúil; (*path*) cosán *m1* • *vi* siúil; (*for pleasure, exercise*) déan spaisteoireacht • *vt* (distance) siúil; (*horse*) cinnir; **10 minutes' walk** from deich nóiméad siúil ó; **from all walks of life** ó gach gairm bheatha
- **walk out** *vi* (audience) siúil amach; (workers) téigh ar stailc
- **walk out on** (*inf*) *vt* fus fág ansin
- walker** *n* (person) siúlóir *m3*, coisí *m4*
- walking** *n* siúl *m1*, coisíocht *f3*
- walking shoes** *npl* bróga siúil
- walking stick** *n* bata *m4* siúil
- walkout** *n* (of workers) stailc *f2*
- walkover** (*inf*) *n* bua *m4* gan choimhlint
- walkway** *n* siúlbhealach *m1*
- wall** *n* balla *m4*
- walled** *adj* (city, garden) caisealta
- wallet** *n* vallait *f2*, tiachóg *f2*
- wallflower** *n* lus *m3* an bhalla; (*fig*) caochóg *f2* ar cóisir
- wallop** (*inf*) *vt* gread, tabhair dunderlán do
- wallow** *vi* iomlaisc
- wallpaper** *n* páipéar *m1* balla • *vt*: **to wallpaper** páipéar balla a chur suas
- walnut** *n* gallchnó *m4*; **walnut tree** crann *m1* gallchnó
- walrus** *n* rosualt *m1*
- waltz** *n* válsa *m4* • *vi* válsáil
- wan** *adj* báiteach, tláith
- wand** *n* (also: **magic wand**) slat *f2* draíochta
- wander** *vi* (person) bheith ag falróid; (*mind*) bheith ar seachrán
- wane** *vi* (moon) téigh ar gcúl; (*reputation*) téigh i léig
- wangle** (*inf*) *vt*: **to wangle sth** (for o.s.) rud a sheiftiú (duit féin)
- want** *vt*: **I want a biscuit** ba mhaith liom briosca; (*need*): **he wants money** tá airgead de dhíth air • *n*: **for want of** de cheal + *gen*; **wants npl** (needs) riachtanaí *mpl1*; **she wants to do that** is mian léi sin a dhéanamh; **she wants him to buy it** ba mhaith léi go gceannódh sé é

wanted

wanted *adj* (*criminal*): they are wanted by the police tá na péas sa tóir orthu; "cook wanted" "cócaire ag teastáil"
wanting *adj*: to be found wanting gan a bheith in ann ag an obair
wanton *adj* (*gratuitous*) ainrianta; (*promiscuous*) macnasach
war *n* cogadh *m1*; to make war (on) cogadh a chur (ar)
ward *n* (*in hospital*) barda *m4*; (*pol*) barda *m4*; (*LAW, child*) coimircí *m4*
► **wash off** *vt* (*attack, enemy*) cosain
warden *n* bardach *m1*; (*of institution*) maor *m1*; (*also: traffic warden*) maor *m1* tráchtá
warder *n* bairdéir *m3*
wardrobe *n* (*cupboard*) vardrú *m1*; (*clothes*) feisteas *m1* éadaigh; (*THEAT*) culaithirt *f2*
warehouse *n* stór *m1*, stóras *m1*
wares *npl* earraí *mpl4*
warfare *n* cogadh *m1*
warhead *n* (*MIL*) pléasc-cheann *m1*
warm *adj* te; (*thanks, welcome, applause, person*) croíúil; it's warm tá sé te
► **warm up** *vi* téigh • *vt* (*food*) atéigh, téigh suas; (*engine*) téigh
warm-hearted *adj* lách
warmly *adv* go te, go croíúil
warmth *n* teas *m3*
warn *vt*: he warned me thug sé rabhadh dom; to warn sb (not) to do sth rabhadh a thabhairt do dhuine (gan) rud a dhéanamh
warning *n* rabhadh *m1*; (*signal*) rabhchán *m1*
warning light *n* solas *m1* rabhaidh
warning triangle *n* (*AUT*) triantán *m1* rabhaidh
warp *vi* (*wood*) stang • *vt* (*fig: character*) saobh
warrant *n* barántas *m1*
warranty *n* barántas *m1*
warren *n* (*of rabbits*) coinicéar *m1*; (*fig: of streets etc*) lúbra *m4*
warrior *n* gaiscíoch *m1*, laoch *m1*
Warsaw *n* Vársá *m4*
warship *n* long *f2* chogaidh

310

wastepaper basket

do rud to take care of sth, mind sth; **rud**

a thabhairt do d'aire to take cognizance

of sth; **bheith ar d'aire (roimh)** to look

out (for); **Aire!** Danger!

aire² *nm4* (*POL*) minister

aireach *adj* attentive, careful; watchful, mindful

aireacht *nf3* (*POL*) ministry

aireachtáil *nf3* perception; *see also airigh*

aireagán *nm1* invention

aireagóir *nm3* inventor

áireamh *nm1* counting, calculation;

reckoning; **rud a chur san áireamh** to

take account of sth, include sth; **cáin san**

áireamh inclusive of tax; *see also áirigh*

áireamhán *nm1* calculator

airéine *nf4* arena

áirgen *nf4* asset; useful implement

airgead (*gs, pl airgid*) *nm1* money, cash;

silver; **mo chuid airgid** my money;

airgead tirim a íoc to pay (in) cash;

lucht an airgid the rich; **airgead tís**

housekeeping (money); **airgead póca**

pocket money; **airgead tirim** (ready)

cash; **airgead reatha** currency

airgeadaíochta

airgeadaíochta *n gen as adj* monetary

airgeadaithe *adj* silver-plated

airgeadas *nm1* finance; **an Roinn**

Airgeadais the Treasury, the Treasury Department (*US*); **bliain airgeadais** financial year

airgeadóir *nm3* cashier

airgeadra *nm4* currency

airgeadúil *adj* silvery

airgid *n gen as adj* silver; *see also* **airgead**

Airgintín *nf2*: **an Airgintín** Argentina

Airgintíneach *adj, nm1* Argentinian

airgtheach *adj* inventive

airí¹ (*pl* ~onna) *nm4 (PHYS)* property; (*of sickness*) symptom

airí² *nf4 (merit)* desert, just reward or punishment; **is maith an airí ort é** it serves you right; you well deserve it

airigh (*vn aireachtáil*) *vt* sense; feel; hear; **duine a aireachtáil uait** to miss sb

áirigh (*vn áireamh*) *vt* count, calculate; work out; include

airíoch *nm1* caretaker

airíonna *see* **airí**¹

áirithe *adj* certain, particular • *nf4* certainty, surety; allotment;

seomra/tábla a chur in áirithe to reserve or book a room/table; **méid**

áirithe a certain amount; **daoine áirithe** certain people

airitheach *adj* perceptive

áiritheoir *nm3 (TECH, MATH)* counter

áiritshint *nf2* reservation, booking

airleacan *nm1* advance

airneán *nm1* visiting at night

airnéis *nf2* property; cattle; lice

áirse *nf4* arch

airteagal *nm1 (of faith, law)* article, tenet

airtríteas *nm1* arthritis

ais¹ (*pl* ~eanna) *nf2* axis

ais² *nf2 (in adv phrases)*: **ar ais** back; again; **le hais** + *gen* next to; compared to; **an bealach ar ais** the way back;

droim ar ais back to front; **scríobhfaidh mé ar ais chugat** I will write back to you

ais³ *nf2*: **ar ais nó ar éigean** at all costs

ais- *prefix* back-

áis (*pl* ~eanna) *nf2* facility; convenience;

device; aid; **is mór an áis é** it's very handy; **ar d'áis** at your convenience; **áis éisteachta** hearing aid; **áiseanna** amenities, facilities; **áiseanna creidmheasa** credit facilities

aisbhreathnaitheach *adj* retrospective
aisce *nf4* favour; gift; (**saor in aisce** free of charge; **turas in aisce** a fruitless journey

aischothú *nm (BIOL)* feedback

aischur *nm1 (COMM)* returns

Áise *nf4*: **an Áise** Asia

Áiseach *adj, nm1* Asian; Asiatic

aiseag¹ *nm1* vomit; (*money etc*) restitution; (*COMM*) return

aiséirí *nm4* resurrection; resurgence

aiseolas *nm1 (information)* feedback

aisfháil *nf3* retrieval

aisfhotha *nm4 (ELEC)* feedback

aisfhreagra *nm4* retort; cheeky reply

aisfhuaimnigh *vi* reverberate

aisghabh *vt (COMPUT)* retrieve

aisghabháil *nf3 (COMPUT)* retrieval

aisghair *vt* repeal

aisghairm (*pl* ~eacha) *nf2* repeal

aisig (*pres aiseagann, vn aiseag*) *vt* vomit; (*sth stolen*) restore

aisíoc *nm3* refund, repayment • *vt* repay, reimburse

aisíocaíocht *nf3* repayment

aisiompaigh *vt, vi* reverse; invert

aisiompú *nm* reversal; inversion

áisiúil *adj* helpful, useful, convenient

áisiúlacht *nf3* convenience, handiness

aisling *nf2* dream; vision

aispeist *nf2* asbestos

aistarraingt *nf (from bank)* withdrawal

aiste *nf4 (LITER, SCOL)* essay; quirk; pattern;

aiste bia diet

aisteach *adj* bizarre, odd; outlandish, quaint, eccentric; **aisteach go leor** oddly enough

aistear *nm1* journey; trek; **aistear**

farrage voyage

aisteoir *nm3* actor; performer; **aisteoir**

breise (*THEAT*) extra

aisteoireacht *nf3 (THEAT etc)* acting

aisti *see* **as**

aistreach *adj* (*LING*) transitive
aistreog *nf2* (*picture, design*) transfer
aistrigh *vt, vi* move (house); move about; transfer, shift; (*population*) transplant; translate
aistritheoir *nm3* translator
aistriú *nm* (*gen, also SPORT*) transfer; translation
aistriúchán *nm1* translation
ait *adj* comic; odd, eccentric
áit (*pl -eanna*) *nf2* place; room; locality;
fuair sí an dara háit she came (in) second; in **áit** + *gen* instead of; **áit ar bith** anywhere; (*with neg*) nowhere; **gach áit** everywhere; **tá áit suí ann le ghaghaidh caoga** it seats 50; **áit éigin** somewhere; **muintir na háite** the locals; **bheith in áit do charta** to be in a perilous situation; in **áit na mbonn** immediately
aiteann *nm1* furze, gorse, whin
aiteas *nm1* fun, pleasure
áith (*pl -eanna*) *nf2* kiln
aitheanta *see aithne*^{1,2}
aitheantas *nm1* recognition; identification; **aitheantas a fháil** to gain recognition; **páipéir aitheantais** ID papers; **lucht aitheantais** acquaintances
aitheasc *nm1* homily; speech
Aithin (*gs Aithne*) *nf: an Aithin* Athens
aithin (*pres aithníonn, vn -t*) *vt* identify, recognize; foresee; realize; **glór duine a aithint** to recognize sb's voice; **aithint idir rudaí** to tell (the difference) between things
aithinne *nf4* spark
aithint *see aithin*
aithis *nf2* (*scandal*) disgrace; slur
aithiseach *adj* defamatory; denigratory
aithisigh *vt* slur
aithisiú *nm* defamation
aithne¹ (*pl aitheanta*) *nf4* recognition; acquaintance; **aithne (shúl) a bheith agat ar dhuine** to know sb (to see); **duine a chur in aithne** to introduce sb; **rud a chur as aithne** to change sth beyond recognition; **lucht m'aithne agus mo ghaoil** my kith and kin;

d'aithne a ligean le duine to introduce o.s. to sb
aithne² (*pl aitheanta*) *nf4* commandment; **na Deich nAithne** the Ten Commandments
aithnidiúil *adj: aithnidiúil (ar)* familiar (with)
aithníonn *see aithin*
aithreacha *see athair*
aithreachas *nm1* regret; repentance; **aithreachas a bheith ort faoi rud** to regret sth; **aithreachas a dhéanamh** to repent
aithrí *nf4* (*REL*) penance, repentance; **aithrí a dhéanamh (i)** to repent (of); **breithiúnas aithrí** (*in confessional*) penance; **aithrí thoirní** (*inf*) sudden repentance
aithris *nf2* imitation; (*of poetry etc*) recital
 • *vt* (*pres -íonn*) recite; relate; **aithris a dhéanamh ar dhuine** to imitate sb; **dán a aithris** to recite a poem
aithriseoir *nm3* mimic; reciter
aithriúil *adj* fatherly, paternal
áitigh *vt, vi* (*premisses*) occupy; settle down; argue; **áitigh ar** persuade; **d'áitigh sé go ...** he argued that ...; **áitiú ar dhuine fanacht** to persuade sb to stay
áitiú *nm* occupation; argument; persuasion
áitiúil *adj* local
áitreabh *nm1* domicile, abode; premises
áitreabhach *nm1* inhabitant; (*LING*) locative
áitriugh *vt* inhabit
áitriitheoir *nm3* inhabitant
ál (*pl -ta*) *nm1* (*of animals*) litter, brood
ala n: **ar ala na huair** on the spur of the moment
áladh *nm1* lunge; grab; snap; **áladh a thabhairt ar rud** to lunge or grab at sth
álainn (*gsf, pl, compar áille*) *adj* beautiful, gorgeous
aláram *nm1* alarm; **aláram dóiteáin** fire alarm; **clog aláram** alarm clock
Albain *nf* Scotland
Albáin *nf2: an Albáin* Albania
albam *nm1* album; **albam stampaí** stamp album

Albanach *nm1* Scot, Scottish person ♦ *adj* Scottish; Scotch; Scots
alcaile *nf4* alkali
alcól *nm1* alcohol; **alcól máiniach** surgical spirit; **faoi thionchar an alcóil** under the influence of alcohol
alcólach *adj, nm1* alcoholic
alcólacht *nf3* alcoholism
allas *nm1* perspiration, sweat; **bheith ag cur allais** to sweat; **bheith ag bárcadh allais** to sweat profusely; **tháinig allas fuar leis** he broke into a cold sweat
allasúil *adj* sweaty
allmhaire *nf4 (COMM)* import
allmhaireoir *nm3* importer
allmhairigh *vt* import
allta *adj (animals etc)* wild
alltacht *nf3* wildness; astonishment; **alltacht a chur ar dhuine** to astonish or astound sb
allúrach *nm1* foreigner ♦ *adj* foreign
almóinn *nf2* almond
almóir *nm3* alcove; cupboard
alp *vt, vi* devour; swallow
Alpa (*gpl Alp*) *npl: na hAlpa* the Alps
Alpach *adj* Alpine
alpaire *nm4* glutton
alpán *nm1 (of food)* chunk, lump
alsáiseach *nm1 (dog)* Alsatian
alt *nm1 (BIOL)* joint; knuckle; (*LING*) article; (*LAW*) section; (*MUS*) alto; as **alt** (*MED*) dislocated
áita *see* **ál**
altaigh *vt, vi (REL)* give thanks; **altú le bia** to say grace (before meals)
altán *nm1* gorge, gully, ravine
altóir *nf3* altar
altram *nm3* fostering; **athair altrama** foster father; **leanbh a thógáil ar altram** to foster a child
altramaigh *vt* foster
altú *nm* grace (before meals)
alúmanam *nm1* aluminium
am (*pl -anna*) *nm3 (also MUS)* time; an **t-am** the time; **cén t-am é?** what time is it?; **am tae** tea time; **am luí** bedtime; **ó am go ham** occasionally; **thar am** overdue; **am cúitimh** injury-time; **am**

scoir quitting time; **am cruá a thabhairt do dhuine** to give sb a hard time; **in am on time**; **an t-am + indir rel** when; **in am ar bith** at any time; **san am chéanna** nonetheless
amach *adv (motion)* out; forth; aloud ♦ *adj* outward; utter, sheer; as **seo amach** from now on; **amach anseo** in the future; **amach agus amach** through and through; “**Amach**” “Way Out”; **áit a bhaint amach** to reach a place; **amach leat!** get out!; **amach ó** apart from; **amach agus isteach le** approximately
amadán *nm1* fool, idiot; sucker; **amadán Aibreáin** April Fool
amadóir *nm3 (device)* timer
amaideach *adj* foolish, idiotic
amaidí *nf4* nonsense; humbug; **níl ann ach amaidí** it's nothing but nonsense; **cén amaidí atá ort?** what (nonsense) are you up to?
amaitéarach *adj, nm1* amateur
amanna *see* **am**
amárach *adv, n* tomorrow; **maidin amárach** tomorrow morning; **amárach an Aoine** it's Friday tomorrow
amas *nm1* attack; (*of gun etc*) aim; (*GOLF*) putt
ambaiste *excl* really; indeed
ambasadóir *nm3* ambassador
ambasáid *nf2* embassy
amchlár *nm1* timetable; schedule
amh (*gsm amh*) *adj* uncooked, raw
amh- *prefix* raw
ámh *adv* however
amhábhhar *nm1* raw material
amhail *prep, conj* like; **cur in amhail rud a rá** to go to say sth; **amhail Pól** like Paul; **amhail is as íf, as though**
amháin *adj* sole, exclusive ♦ *adv* solely, exclusively, only; **ní hé amháin go raibh sé ...** not alone was he ...; **ag Seán amháin a bhí a fhios** John alone knew; **uair amháin eile** once more; **d'aon iarracht amháin** in one go, at one attempt; **ní hé sin amháin é ach** what is more
amhairc *n gen as adj* visual

amhantar *nm1* chance; windfall; **dul san amhantar (le)** to take a chance (on)
amhantraíocht *nf3 (COMM)* speculation
ámharach *adj* lucky
amharc *nm1* look; sight, view; watch • *vt*, *vi* watch, look; **as amharc** out of sight; **ar amharc** + *gen* within sight of; **dul as amharc** to disappear; **amharc thart** to look around; **amharc a fháil ar rud** to catch a glimpse of sth; **amharc ar** to look at, watch
amharclann *nf2* theatre
amhas *nm1* gangster, hooligan
amhastrach *nf2* barking
amhlachas *nm1* semblance; (*ART*) figure; **duine a thógáil in amhlachas** + *gen* to mistake sb for
amhlaidh *adv* so; thus; the same; **más amhlaidh** if so; **bíodh amhlaidh** so be it; **déanamh amhlaidh** to follow suit; **gurb amhlaidh duitse!** the same to you!; **is amhlaidh is mó/is fearr** all the more/the better
amhlánta *adj* foolish; ill-mannered
amhola *nf4* crude oil
amhrán *nm1* song; **an tAmhrán Náisiúnta** the national anthem
amhránaí *nm4* singer
amhránaíocht *nf3* singing
amhras *nm1* doubt, suspicion; **gan amhras** without doubt; **amhras a chaitheamh ar dhuine** to cast suspicion on sb; **bheith in amhras (faoi)** to have doubts (about)
amhrasach *adj* doubtful; sceptical; suspicious; **bheith amhrasach faoi** to be dubious about
amlasc *nf2* time switch
ámóg *nf2* hammock
amóinia *nf4* ammonia
amparán *nm1* hamper
ampla *nm4* hunger; greed
amplach *adj* hungry; greedy
amscaí *adj* slipshod; unkempt; awkward
amú *adv* wasted; in vain; **dul amú** to go astray; **am a chur amú** to waste time; **rud a ligean amú** to let sth go to waste
amuigh *adj, prep* out, outside; exterior,

outward, outer; **taobh amuigh** (on the) outside; **tá sé amuigh air go bhfuil sé saibhir** he's said to be rich; **amuigh faoin aer** in the open (air)

EOCHAIRFHOCAL

an¹ *def art (gsf, gpl, nom pl na)* (*lenites nom fsg and gsm; adds t- to vowel of nom msg and to s + vowel or l, n, r in nom fsg and gsm; na eclipses gpl, adds h- to vowels in gs and nom pl and adds n- to vowels in gpl.*) 1: **an buachaill** the boy; **an ghirseach** the girl; **an sagart** the priest; **an tsráid** the street; **an t-am** the time; **an aimsir** the weather
 2 (*in expressing ratios etc*): **cúig phunt an ceann** five pounds each; **céad punt an tonna** one hundred pounds per ton; **scilling an dosae** a dozen for a shilling; **úll an duine** an apple each
 3 (*time etc*): **an Domhnach** Sunday; **ar an Aoine** on Friday; **an Cháisc** Easter; **an samhradh** summer; **óstaíocht na hoíche** a night's lodgings; **i gceann na gcúpla lá** in a couple of days; **ag druidim leis na trí scór** approaching sixty
 4 (*with abstract nouns*): **an bás** death; **an t-éad** jealousy; **an eagla fear**; **an t-olc agus an mhaith** good and evil
 5 (+ *adj to form noun*): **an mór is an míon** great and small; **an saibhir agus an daibhir** rich and poor
 6 (*in titles*): **an tUasal Ó Laoire** Mr. O'Leary; **an Dochtúir de Brún** Dr. Brown
 7 (*in names*): **an Céitinneach** Keating; **na Baoiligh** the O'Boyles
 8 (*in places*): **an Daingean** Dingle; **an Spidéal** Spiddle; **an Mhumhain** the province of Munster; **an Ghearmáin** Germany; **an Eoraip** Europe
 9 (*with languages*): **an Ghearmáinis** German; **an Iodáilis** Italian; **an Bhreatnais** Welsh
 10 (*with illnesses*): **an fliú flu**; **an déideadh** toothache; **an triuch** whooping cough; **an galar breac** smallpox

11 (*possession*): **tá an chos briste** agam my leg is broken; **tharraing sí an chluas aige** she pulled his ear; **tá an lámh nimhneach aici** her hand is sore

12 (+ *demonstrative*): **an ceann seo** this one; **an ceann sin** that one; **an teach s'againne** our house

13 (*in classifications*): **is maith an cailín í** she's a good girl; **is bocht an scéal é** it's a sad state of affairs; **is é scoth an fhir é** he's a top class fellow

14 (*indicating suddenness etc*): **labhair an duine taobh thiar díom** (suddenly) someone behind me spoke; **chuala mé an ghlam** at that moment I heard a bark

15 (*for emphasis*): **bhí na mílte acu ann** there were thousands of them; **chaith sé na blianta ann** he spent years there; **ba é sin an t-am** those were the days; **is aige atá an eagna chinn** he is really intelligent; **nach ort atá an dóigh bhreá!** haven't you a great time of it!

an² *inter part*: **an bhfeiceann tú?** do you see?

an⁻¹ *prefix* very, most, really; **an-mhaith** very good; **an-deacair** really hard; **an-fhear** great man

an⁻² *prefix* in-, un-, not-, bad, evil; **anduine** evil person; **anrud** wicked thing **anabaí** *adj* unripe; (*person*) immature; (*death*) premature, untimely

anacair *nf3* (*gs* **anacra**, *gpl* **anacraí**) *distress*; **anacair leapa** bedsore • *adj* (*gsf*, *pl*, *compar* **anacra**) *distressing*, difficult **anachain** (*pl* **anachana**) *nf2* calamity; loss; harm

anacrach *adj* distressed; distressing

anaemach *adj* anaemic

anáil *nf3* breath; influence; **as anáil** out of breath; **an anáil a bhaint de dhuine** to wind sb; **anáil a tharraingt** to draw breath, breathe; **chuaigh an bia lena anáil** the food went down the wrong way; **faoi d'anáil** under one's breath

anailgéseach *adj*, *nm1* analgesic

anailís *nf2* analysis

anailiseach *adj* analytic

anailíseoir *nm3* analyser

anailíseoir *nm3* Breathalyser

anailísí *nm4* analyst; **anailís córas** systems analyst

anailísigh *vt*, *vi* analyze

anaireicse *nf4* anorexia

anairt *nf2* (NAUT) canvas

anaithnid *adj* strange; unknown

análaigh *vt*, *vi* breathe

anall *adv* across (from); **anonn agus anall** from side to side; over and back; **riamh anall** from time immemorial

anallód *adv* in ancient times

analóg *nf2* analog(ue)

analógach *adj* analogous

análu *nm* respiration; **análu tarrthála** kiss of life

anam (*pl* ~*acha*) *nm3* soul; life; liveliness;

m'anam! dear me!; **do anam a thabhairt** (*ar son* + *gen*) to lay down one's life (for)

anamchara (*gs* ~*d*, *pl* **anamchairde**) *nm* spiritual advisor; confessor

anamóine *nf4* anemone

anamúil *adj* animated, spirited

anann *nm1* pineapple

anarac *nm1* anorak

anáas *nm1* wretchedness; poverty; **bheith ar an anás** to be living in hardship

anásta *adj* awkward; clumsy

anatamaíocht *nf3* anatomy

anbhá *nm4* dismay; panic

anbhann *adj* frail; feeble

anbhúain *nf2* (*of mind*) unease, unrest

ancaire *nm4* anchor; **an t-ancaire a**

thógáil to weigh anchor

ancaireacht *nf3* anchorage

anchaoi *nf4* plight

anchúinse *nm4* freak, monster

anchumtha *adj* misshapen

andóch *adj* improbable

andúil *nf2* addiction

andúileach *nm1* addict • *adj* addictive;

andúileach drugaí drug addict

aneas *adv*, *prep*, *adj* (from the) south, south(ern); (*wind*) southerly

anfa *nm4* storm

angadh *nm1* (MED) pus; **angadh a**

dhéanamh to fester
anhrách *adj* erotic

Angla- *prefix* Anglo-

Anglacánach *adj, nm1* Anglican

Angla-Éireannach *adj* Anglo-Irish

aniar *adv, prep, adj* (from the) west;

(*wind*) westerly; **aniar aduaidh** (from the) north west; **teacht aniar a bheith ionat** to be resilient; **teacht aniar**

aduaidh ar dhuine to catch sb unawares; **aniar is siar** to and from **aníos** *adv, prep, adj* up; upward(s); from below

anlann *nm1 (CULIN)* dressing, relish, sauce; trimmings; **anlann sailéid** salad dressing; **is maith an t-anlann an t-ocras** hunger is a good sauce

anlathas *nm1* anarchy

anlucht *nm3 (of food)* surfeit, glut

anluchtaigh *vt* overload; glut

ann¹ *adv* there; **bhí sé ann** he was there

ann² *n*: **bheith in ann** to be able

ann³ *prep* *see i*

annamh *adj* rare, seldom

anocht *adv, n* tonight • *adj* tonight's;

cruinniú na hoíche anocht tonight's meeting; **tiocfaidh sé anocht** he will come tonight

anoir *adv, prep, adj* (from the) east;

eastern; **anoir aduaidh** north east

anoirthear *n, adv* the day after tomorrow

anois *adv* now; **anois díreach** right now;

anois agus arís now and then

anonn *adv* across (to); **dul anonn agus**

anall to go back and forth; **anonn sa lá** late in the day

anord *nm1* chaos

anordúil *adj* chaotic

anraith *nm4* soup; broth; **anraith glasraí** vegetable soup

anró *nm4* hardship; misery

anróiteach *adj* inclement; distressing; wretched

ansa *see ionúin*

anseo *adv* here; **cá fhad atá tú anseo?**

how long have you been here?; **istigh anseo** in here; **abhus anseo** over here; **anseo is ansiúd** here and there, about

ansin *adv* there; then; **thall ansin** over there; **istigh ansin** in there; **tá sé ansin** it's there

ansiúd *adv* beyond; yonder

ansmacht *nm3* tyranny

antaibheathach *adj, nm1* antibiotic

antaihostaimín *nm4* antihistamine

antaiseipteach *adj* antiseptic

antaiseipteán *nm1* antiseptic

antalóp *nm1* antelope

Antartach *adj, nm1*: **an tAntartach** the

Antarctic; **an tAigéan Antartach** the Antarctic Ocean

antashubstaint *nf2* antibody

antoisceach *adj* extreme • *nm1* extremist

antraipeolaíocht *nf3* anthropology

anrúthach *adj* late; untimely; inconvenient

anuas *adv (from above)* down; **teacht**

anuas to come down; **le blianta beaga**

anuas for the past few years

anuraidh *adv, n* last year • *adj* last year's;

obair na bliana anuraidh last year's work; **pósadh anuraidh iad** they were married last year

aoi (*pl aionna*) *nm4* guest; lodger

aoibh *nf2* smile; mood; pleasant

expression; **tháinig aoibh air** his face brightened up; **aoibh mhaith a bheith**

ort to be in good spirits; **tá aoibh an**

gháire air he's smiling

aoibhinn (*gsf, pl, compar aoibhne*) *adj*

charming; delightful

aoibhneas *nm1* bliss, delight; happiness

aoileach *nm1* manure, dung; **carn aoiligh** dunghill

Aoine (*pl Aointe*) *nf4* Friday; **Dé hAoine**

on Friday; **ar an Aoine** on Fridays; **Aoine**

an Chéasta Good Friday

aoir (*pl aortha*) *nf2* satire

aoire *nm4* shepherd; (*pol*) whip

aois (*pl ~eanna*) *nf2* age; old age; era;

century; **cén aois thú?**, **cén aois atá**

agat?, **cá haois tú?** how old are you?; **tá**

sé 10 mbliana d'aois he's 10 years old;

an aois a bheith ina luí ort to be showing one's age; **anonn in aois** well on in years; **an fichiú haois** the

twentieth century
aoiseachas *nm1* ageism
aoisghrúpa *nm4* age group
aol (*pl* ~*ta*) *nm1* (GEOG) lime
aolchloch *nf2* limestone
aoldath *nm3* whitewash; **aoldath a chur ar** (house) to whitewash

EOCHAIRFHOCAL

aon *num* (*lenites* **b,c,f,g,m,p**) one; **aon phunt** (**amháin**) one pound; **aon chileagram déag** eleven kilos; **aon uair amháin** once (upon a time)
 • *adj* 1 (*no matter which*) any; **aon neach beo** anyone; **tabhair leat aon leabhar is mian leat** take any book you wish
 2 (*with neg*) any; anything; at all; no; **níl aon airgead agam** I haven't any money; **níor ól sé aon deoch** he didn't take any drink; **níor tugadh aon ainm air ach Bullaí** he was never called anything but Bullaí; **níl aon mhaith ann** he is no good
 3: **gach aon** (*for emphasis and intensification*) every single; **gach aon ribe ar a ceann** every hair on her head; **gach aon choisicéin den bhealach** every step of the way; **bhí aon aon ghلام** as it kept on barking and barking
 4 (*with def art*) only; **an t-aon locht atá air** its only fault; **an t-aon deacracht atá leis** the only difficulty with it
 5 (*identical*) same, one; **san aon teach** in the same house; **ar aon intinn** of like mind; **ar aon dul le** in agreement with; **d'aon ghuth** with one voice
 • *nm1* 1: **a haon** one; **a haon déag** eleven; **fiche (is) a haon** twenty one; **a haon is a cúig sin a sé** one and five are six; **a haon a chlog** one o'clock; **à trí in aghaidh a haon** three to one
 2 (*pron*) one; **gach aon acu** every one of them; **aon bocht scoite** a loner
 3 (*CARDS*) ace; **an t-aon spéireata** the ace of spades; **faoi aon de** within an ace of 4 (*in phrases*): **mar aon le** along with; **d'aon turas** deliberately; **ar aon acht** under no condition

aon- *prefix* only, sole, one-, mono-, uni-
aonach (*pl aontaí*) *nm1* fair; **ar an aonach** at the fair
aonad *nm1* unit; **aonad amharthaispeána** visual display unit
aonair *n gen as adj* only, solitary, individual; one-man; **páiste aonair** an only child
aonar *nm1*: **bheith i d'aonar** to be alone or on one's own
aonarach *adj* lone(ly); isolated; single
aonarán *nm1* loner, recluse
aonchineálach *adj* homogeneous
aonfhoirmeach *adj* uniform
aonghnéasach *adj* unisexual
aonocsáid *nf2* monoxide; **aonocsáid charbóin** carbon monoxide
aonraigh *vt* isolate
aonréadaí *nm4* soloist
aonta *see aon*
aontacht *nf3* unity; union; unanimity
Aontachtaí *nm4* (POL) Unionist
aontaí *see aonach*
aontaigh *vt, vi* unite; bind; **aontú le** to agree, approve; endorse
aontaithe *adj* united; **na Stáit Aontaithe** the United States; **Éire Aontaithe** United Ireland
aontas *nm1* union; **Aontas na hEorpa** the European Union; **Aontas na Sóivéadach** (*formerly*) the Soviet Union
aontíos *nm1* cohabitation; **bheith in aontíos** (*couple*) to live together
aonton *nm1* monotone
aontonach *adj* monotonous
Aontroim *nm3* Antrim
aontú *nm* agreement, assent
aontumha *nf4* celibacy • *adj* celibate
aonú *num, adj* (*in dates*) first; **an t-aonú lá** the first
aor *vt* satirize
aortha *see aoir*
aos *nm3* people, folk; **an t-aos óg** the young; **aos dána/ceoil** poets/musicians
aosach *nm1* (*in education etc*) adult
aosánach *nm1* juvenile
aosta *adj* old, aged
aothú *nm* (MED) crisis; turning point

ápa *nm4* ape
 apaipléis *nf2* apoplexy

EOCHAIRFHOCAL

ar¹ (*prep* *prons* = **orm, ort, air, uirthi, orainn, oraibh, orthu**) (*normally lenites except: (a) in general locative expressions): ar muir agus ar tír* on land and sea; **ar deireadh** behind; ((*b*) *indicating states): ar mire* mad; **ar crochadh** hanging; ((*c*) *in some set phrases): ar ball* soon; **ar fad** completely; (*eclipses in a few phrases): ar ndóigh* indeed; **ar gcúl** behind *prep* 1 (*position*) on; in; at; **ar talamh** on earth; **ar thalamh na hEireann** on Irish soil; **ar tosach** in front; **ar tosach an tslua** at the front of the crowd; **ar muir agus ar tír** on land and sea; **ar an Chlochán Liath** in Dungloe
 2 (*indicating presence*) at; **ar bainis** at a wedding; **ar bhainis Mháire** at Mary's wedding; **ar scoil** at school
 3 (*manner, state): ar crochadh* hanging; **ar crith** shaking; **ar meisce** drunk
 4 (*time*) at; **ar a trí a chlog** at 3 o'clock; **ar maidin** this morning; **ar ball** soon
 5 (*in classifications*) one of; **tá sé ar na fir is saibhre sa tír** he is one of the richest men in the country; **tá sé ar an fhear is saibhre sa tír** he is the richest man in the country
 6 (*in prices etc*) at, for; **dhiól mé ar phunt an ceann iad** I sold them at a pound each; **cheannaigh mé ar dhá phunt** é I bought it for two pounds
 7 (*in measurements*) in; **méadar ar airde** a meter in height, a meter high; **dhá mhéadar ar fad** two meters long; **trí mhéadar ar leithead** three meters wide
 8 (*with substantive vb: indicating illnesses, complaints etc): tá slaghdán/tinneas cinn orm I have a cold/headache; **tá moill éisteachta uirthi** she is hard of hearing; **tá tart/ocras orm** I am thirsty/hungry; **cad é atá ort?** what's wrong with you?
 9 (*with substantive vb: expressing emotions): tá bród mór orm as I am**

really proud of him; **bhí lúcháir uirthi** she was delighted; **bhí driopás agus ceartaí orm** I was really nervous
 10 (*with substantive vb: indicating obligation): beidh ort fanacht* you will have to wait; **tá orm buíochas a thabhairt dó** I must thank him
 11 (*indicating disadvantage*) to, on; **féach mar a rinne tú orm** look what you have done to me; **bhris siad an fhuinneog orm** they have broken the window on me; **tá punt ag Tomás orm** I owe Thomas a pound
 12 (*with substantive vb: in reference to weather): tá báisteach air it's going to rain; **tá toirneach air** it looks like thunder; **tá athrach aimsire air** the weather is going to change
 13 (*with vn*) when, after; **ar theacht abhaile dom** when I came or had come home
 14 (*with substantive vb: with parts of the body): tá ceann iontach gruaige uirthi she has a great head of hair; **tá cosa móra fada air** he has long legs
 15 (*in appearances*) to judge by; **fear oibre é ar a chuid éadaí** he is a working man to judge by his clothes
 16 (*with substantive vb: indicating possibility etc): tá foghlaim mhór air it can only be learned with practice; **níl teacht air** it cannot be found
 17 (*in the opinion of): is beag orm a leithéid I don't like it; **ní lú orm an donas ná é** there is nothing I hate worse****

ar² *interr part: ar labhair tú?* did you speak?; **ar dhún sé?** did he close?
 ar³ *rel part: an fear ar labhair a mhac* the man whose son spoke; **an duine ar cheannaigh mé na bláthanna uaidh** the person from whom I bought the flowers
 ar⁴ *indir rel see is*¹
 ar⁵ *irreg vb (in direct speech) said; says; "sea", ar sé "yes", he said*
 ár¹ *poss adj* our; us; **Ár nAthair** Our Father; **tá sé ár mbualadh** he's hitting us
 ár² *nm1* massacre, slaughter

ár³ *nm1* (measurement) are

ara *nm4* (ANAT) temple

Arabach *adj* Arab(ian), Arabic ♦ *nm1*

Arab(ic); Arabach Sádach Saudi (Arabian)

árach *nm1* fetter; security; **dul in árach le**

duine (faoi) to take issue with sb (over)

árachas *nm1* insurance; **árachas a chur ar rud** to insure sth; **árachas tine/saoil** fire/life insurance; **árachas tríú páirtí** third party insurance; **Árachas Náisiúnta** National Insurance

araí (*gs* ~on, *pl* ~onacha) *nf* bride

Araib *nf2*: **an Araib** Arabia; **an Araib**

Shádach Saudi Arabia

Araibis *nf2* (LNG) Arabic

araicis *nf2*: **dul in araicis duine** to go to meet sb

araid *nf2* bin; chest

araile *pron*: **agus araile** et cetera

Árainn *nf* Aran; Oileáin Árann the Aran Islands

aralt *nm1* herald

araltas *nm1* heraldry

arán *nm1* bread; **arán seagail/sinséir** rye bread/gingerbread; **bheith in arán cruá** to be in dire straits

araon *adj, adv* both; **sibh araon** both of you

áras *nm1* habitation; abode; building

árasán *nm1* flat; apartment

áraslann *nf2* block of flats; tower block

arb *see* is'

arbhar *nm1* corn, cereal; **arbhar Indiach** maize, corn (US)

arcán *nm1* piglet

ard (*pl* ~a) *nm1* height; rise; high ground;

in ard an lae at high noon ♦ *adj* high;

tall; loud; **os ard** out loud; **de ghlór ard** in a loud voice

ard- *prefix* chief, main; arch-

ardaigh *vt* raise; lift, increase; elevate;

heighten; step up; (*volume*) turn up;

(*object*) hoist ♦ *vi* increase; go up; **do**

ghlór a ardú to raise one's voice

Ard-Aighne *nm4* Attorney General

ardaithoir *nm3* lift, elevator (US); hoist

ardán *nm1* platform, rostrum; stage;

(SPORT) stand; (*in street names*) terrace;

(RAIL) platform

ardcheannasach *adj* predominant

ardchlár *nm1* (GEOG) plateau

ardeaglais *nf2* cathedral

ardeaspag *nm1* archbishop

Ard-Fheis (*pl* ~eanna) *nf2* (POL) national convention

Ardleibhéil *nmp1* (SCOL) "A" levels

Ard Mhacha *nm* Armagh

ardmháistir (*pl* ardmháistrí) *nm4* headmaster

ardmháistreás *nf3* headmistress

ardmhéara *nm4* Lord Mayor

ardmheas *nm3* admiration, esteem;

ardmheas a bheith agat ar dhuine to admire sb

ardnósach *adj* haughty, lofty; snobbish

ardoifig *nf2* head office

ardscoil *nf2* high school

ard-teicneolaíochta *n gen as adj* hi-tech

ardteistiméireacht *nf3* (SCOL) leaving

certificate

ardú *nm* rise, increase; raise; (COMM)

appreciation; **ardú céime** promotion

aréir *adv, n* last night; **arú aréir** the night

before last

argóint *nf2* argument; dispute

arís *adv* again; **arís eile** once again; **ar ais**

arís back again; **anois agus arís** now and

then, now and again; **choíche arís** never

again; **arís is arís (eile)** over and over

(again); **níos measa arís** worse still;

faoin am seo arís by this time next year

arm *nm1* arm, weapon; army; **arm tine**

firearm; **Arm an tSlánaithe** Salvation

Army; **dul san arm** to join the army

armáil *vt* arm

armas *nm1* coat of arms

ármhach *nm1* slaughter; **rinneadh**

ármhach orthu they were slaughtered

armlann *nf2* arsenal; (*of gun*) magazine

armlón *nm1* ammunition

armúr *nm1* armour

armúrtha *adj* armoured

arracht *nm3* monster; (*lorry*) juggernaut

arrachtas *nm1* strength; grotesqueness

arraing (*pl* ~eacha) *nf2* (*of pain*) stab,

twinge; (*in side*) stitch; **arraing a bheith ionat** to have a stitch (in one's side)
arsa *irreg vb* (*in direct speech*) said; says; "amach leat", **arsa Seán** "get out", said John
ársa *adj* ancient; archaic
ársaitheoir *nm3* antiquarian
arsanaic *nf2* arsenic
art *nm1* stone; **chomh marbh le hart** stone dead
Artach *adj, nm1* Arctic; **an tArtach** the Arctic; **an tAigéan Artach** the Arctic Ocean
artaire *nm4* artery
árthach (*pl árthaí*) *nm1* boat, vessel; craft; dish; container
artola *nf4* petrol, gas(oline) (US)
arú *adv*: **arú aréir** the night before last
arúil *adj* arable; (*land*) fertile
as (*prep prons = asam, asat, as, aisti, asainn, asaibh, astu*) *prep* out of; from; off; **is as Baile Átha Cliath é** he is from Dublin; **as Gaeilge/Béarla** in Irish/English; **go raibh maith agat as ...** thank you for ...; **tá dóchas/muinín/bród agam as** I have hope/trust/pride in him; **as baile** away from home; **go maith as** well off; **as a chéile** gradually; **rud a bhaint as a chéile** to take sth apart; **bain as!** get lost!; **as obair** out of work; **triúr as a chéile** three in a row; **as éisteacht** out of earshot; **as an chosán** out of the way
asal *nm1* ass, donkey
asaltaigh *vt* dislocate
asam *see as*
asarlaí *nm4* sorcerer, wizard; conjurer, magician
asarlaíocht *nf3* magic, witchcraft
asat *see as*
ascaill *nf2* armpit; recess; (*in street names*) avenue; **póca ascaille** inside pocket; **faoi d'ascaill** under one's arm
aschur *nm1* (*also COMPUT*) output
asfalt *nm1* asphalt
asléamh *nm1* (*COMPUT*) readout
aslonnaigh *vt* evacuate
asma *nm4* asthma

aspairín *nm4* aspirin
aspal *nm1* apostle
aspalóid *nf2* absolution; **aspalóid a thabhairt do dhuine** to absolve sb
asphrionta *nm4* (*COMPUT, TYP*) print-out
astitim *nf2* (*radioactive*) fallout
Astráil *nf2*: **an Astráil** Australia
Astrálach *adj, nm1* Australian
astralaíocht *nf3* astrology
astu *see as*
at (*pl ~anna*) *nm1* (*MED*) swelling ♦ *vi* (*MED*) swell; (*sea*) heave
atá *vb* *see bí*
atáirg *vt* reproduce
atáirgeach *adj* reproductive
atáirgeadh *nm* reproduction
atarlaigh *vi* recur
atarlú *nm* recurrence
ateangaire *nm4* interpreter
atéigh *vt* warm up, reheat
ath- *prefix* re-; former; rejected; old; retired
áth (*pl ~anna*) *nm3* ford
athaimsigh *vi* relocate
athair (*gs athar, pl aithreacha*) *nm* father; **athair baiste** godfather; **athair céile** father-in-law; **athair mór** grandfather; **an tAthair Micheál** (*priest*) Father Michael
athaithe *nf4* (*of acquaintance*) renewal
athaontaigh *vt* reunite
athaontú *nm* reunion
athar *see athair*
athartha *adj* fatherly, paternal
áthas *nm1* happiness; **tá áthas air** he is happy
áthasach *adj* happy; jolly
athbheochan *nf3* revival, renaissance
athbheoigh *vt* (*MED*) resuscitate, revive
athbhliain *nf3*: **an Athbhliain** the New Year
athbhreithnigh *vt* review, revise
athbhreithniú *nm* review, revision
athbhrí *nf4* recovery, revival; ambiguity
athbhríoch *adj* (*food, drink*) invigorating; (*meaning*) ambiguous ♦ *nm1* (*MED*) tonic
athbhunaigh *vt* restore; reestablish
athbhunú *nm* restoration; reestablishment

athchaite *adj* secondhand; worn out; cast off

athchas *vt* rewind ♦ *vi* (*sickness*) return

athcheartaigh *vt* revise; amend; **profáil a**

athcheartú to revise proofs

athchistiú *nm* refund

athchluiche *nm4* (*SPORT*) return match

athchóirigh *vt* readjust; (*house*) renovate; restore; recondition

athchóiriú *nm* refurbishment,

renovation; restoration

athchomhair *vt* re-count; recalculate

athchomhaireamh *nm1* (*POL*) re-count

athchomhairle *nf4* second thoughts,

change of mind; **athchomhairle a**

dhéanamh (*faoi rud*) to have second

thoughts (on sth)

athchraiceann *nm1* veneer

athchraol *vt* (*RADIO, TV*) repeat; retransmit

athchraoladh *nm* (*RADIO, TV*) repeat

athchruimhnigh *vi* reminisce

athchum *vt* reconstruct; (*PHYS*) deform

athchur *nm1* replacement; (*LAW*) remand

athchúrsáil *vt* recycle; reclaim

athdháil *vt* redeploy; redistribute

athdhéan *vt* redo; remake

athdhéanamh *nm* reconstruction;

revision; remake; repetition

athdhearbhú *nm* reaffirmation

athdhírigh *vt* redirect

athfhill *vi* recur; reflect

athfhilleadh *nm* recurrence; (*BIOLOGICAL*) reflex

athfhillteach *adj* recurrent; reflex; (*LING*)

reflexive

athfhriotal *nm1* quotation

athfhuaimnigh *vi* resound

athghabháil *nf3* recovery; recapture

athghair *vt* recall

athghairm (*pl ~eacha*) *nf2* (*THEAT*) encore;

recall

athghnóthaigh *vt* regain

athimirt *nf3* (*SPORT*) replay

athiompu *nm* (*MED*) relapse

athiomrá *nm4* backbiting

athlá *nm* another day; **rud a chur ar**

athlá to postpone sth

athlasadh (*gs athlasta*) *nm* (*MED*)

inflammation

athlasta *adj* inflamed; *see also* **athlasadh**

athléim *nf2* rebound

athléirigh *vt* (*play etc*) revive, restage

athlíon *vt, vi* refill, replenish

athlíonadh *nm* refill

athlonnagh *vt, vi* relocate

athmhachnamh *nm1* reflection; ar

athmhachnamh on reflection

athmhúscailt *nf2*: **athmhúscailt anála**

artificial respiration

athneartaigh *vt* restore; reinforce

athneartú *nm* reinforcement

athnuachan *nf3* renewal; rejuvenation

athnuagh (*vn athnuachan*) *vt* renew

athoil *vt* (*worker etc*) retrain

athphlandáil *vt* replant, plant out

athphreab *vi, nf2* rebound

athrá (*pl ~ite*) *nm4* repetition

athrach *nm1* change, alteration;

alternative; **athrach aeráide** change of

climate; **chomh dócha lena athrach** as

likely as not; **tá a athrach le déanamh**

agam I have better things to do

athraigh *vt, vi* change, alter; vary; (*NAUT,*

sail) shift; **treo/éadach a athrú** to

change direction/clothes

athráiteach *adj* repetitive

athraithe *adj* changed; transformed

athraitheach *adj* changeable; variable

athrú *nm* change, alteration; **tá athrú**

mór ort you've changed a lot; **an**

t-Athrú Creidimh the Reformation

athscag *vt* (*oil etc*) refine

athsheinm *nf3* (*MUS*) repetition, replay

athshlánú *nm* (*MED*) rehabilitation

athsholáthraigh *vt* replenish

athsmaoineamh (*pl athsmaointe*) *nm1*

afterthought; second thought

athstaidéar *nm1* further study

athuair *adv*: **in athuair** again

atitim *nf2* relapse

Atlantach *adj, nm1* Atlantic; **an tAigeán**

Atlantach the Atlantic (Ocean)

atlas *nm1* atlas

atmaisféar *nm1* (*also inf*) atmosphere

atóg (*vn ~áil*) *vt* reconstruct; rebuild

atosaigh *vt* resume; restart; (*COMPUT*)

reboot

atosú

atosú *nm* resumption; restart; (*COMPUT*)
reboot

atráth *nm3* (*in phrase*): **rud a chur ar
atráth** to postpone sth

379

atreorú *nm* diversion

atuirse *nf4* weariness; blues

aturnae *nm4* solicitor, attorney (*US*)

aturnae

B

B *nm4 (MUS)* B

b' *see is'*

ba' *see is'*

ba² *see bó*

bá¹ (*pl -nna*) *nf4 (of sea)* bay

bá² *nf4 (for person)* sympathy; liking; **bá a**

bheith agat le duine to like sb

bá³ *nm4* flooding; immersion; drowning

báb *nf2* baby; (*inf: woman*) babe

babaí *nm4* baby

babhdán *nm1* bogey man

babhla *nm4* bowl

babhlaer *nm1* bowler hat, derby (*US*)

babhlálaí *nm4* bowler

babhta *nm4* bout, spell; (*SPORT*) round

babhtáil *nf3* exchange

bábhún *nm1* enclosure, compound

bábóg *nf2* doll; **babóg éadaigh** rag doll

babún *nm1* baboon

bac *nm1* barrier; obstacle; hindrance; (*fig*)

hurdle • *vt (also SPORT)* block, obstruct;

foil; **ná bac leis** don't bother with it

bacach *nm1* beggar; tramp • *adj* lame;

bheith bacach to have a limp

bacadaí *nf4*: **bheith ag bacadaí** to limp

bácáil *vt* bake • *nf3* baking

bacainn *nf2* barrier, obstacle; **bacainn**

bhóthair roadblock

bacán *nm1* peg; (*of arm*) crook

bachall *nf2* ringlet; crozier; (*of shepherd*)

crook

bachlaigh *vi* bud

bachlóg *nf2* bud, sprout; **bachlóga**

Bruiséile Brussels sprouts; **bachlóg a**

bheith ar do theanga to slur one's

speech

bácús *nm1* bakery

bád¹ *nm1* boat; **bád aeráíochta** pleasure

boat; **bád farantóireachta** ferry; **bád**

iascaigh fishing boat; **bád iomartha**

rowing boat, rowboat (*US*); **bád seoil**

sailing boat, sailboat (*US*); **bád tarthála**

lifeboat; **an bád bán** the emigrant ship

bád² *nm1 (COMPUT)* baud

badhbh *nf2* vulture

badhró *nm4* ballpoint (pen), Biro

badmantan *nm1* badminton

bádóireacht *nf3* boating

bagair (*pres bagraíonn*) *vt, vi* threaten;

(*stick etc*) wave; **bagairt ar dhuine** to

threaten sb

bagairt (*pl -í, gs bagartha*) *nf3* threat,

menace

bagáiste *nm4* baggage, luggage; **bagáiste**

lámhe hand-luggage; **bagáiste breise**

excess baggage

baghcat *nm1* boycott

baghcatáil *vt* boycott

bagrach *adj* threatening, menacing

bagraíonn *see bagair*

bagún *nm1* bacon

baic *nf2*: **baic an mhuiníl** back *or* nape of

the neck

báicéir *nm3* baker

báicéireacht *nf3* baking

baicle *nf4* group of people; clique

baictéar *nm1* bacterium

báigh *vt* drown; soak; (*ship*) sink

bail *nf2* (proper) order; condition, state;

bail a chur ar rud to mend sth; put sth

in proper order; **tá bail mhaith air** it's in

good nick

baile *nf2* downpour

baile *nm4* home; town • *adj (trade,*

situation etc) domestic, home;

home-made; **as baile** away from home;

sa bhaile at home; **de chóir baile** near

at hand; **baile fearainn** townland; **duine**

as baile isteach a blow-in, outsider

bailé (*pl -anna*) *nm4* ballet

baileach *adj* exact; **ní cuimhin liom go**

baileach I don't remember exactly

bailéad *nm1* ballad

Baile Átha Cliath *nm4* Dublin

bailí *adj* valid

bailigh *vt* assemble, collect, gather; pick

up • *vi* assemble; **airgead/stampaí a**

bhailiú to collect money/stamps

bailitheoir *nm3* collector

bailiú *nm* collection; **bailiú bruscair** refuse collection

bailiúchán *nm1* collection; **bailiúchán stampaí** stamp collection

báille *nm4* bailiff

Bailt *n*: **Muir Bhalit** the Baltic (Sea)

bain *vt* extract; (*flowers, turf, hay*) pick, cut, reap; (*game, war, prize*) win

► **bain amach** *vt* extract; (*stain*) wash away; (*destination*) reach

► **bain anuas** *vt* take down, dismantle

► **bain as** *vt* take from; get from; extract
♦ *vi* go, take off

► **bain de** *vt* (*clothes*) remove

► **bain do** *vt* touch ♦ *vi* (*accident*) happen to

► **bain faoi** *vi* settle; pacify; undermine

► **bain le** *vt* touch; interfere with; (*matter etc*) concern; relate to

► **bain ó** *vt* subtract from; **ná bain don phéint sin** don't touch that paint; **bain taca as** lean on; **an ghoimh a bhaint as rud** to render sth harmless; **ciall a bhaint as rud** to interpret *or* make sense of sth; **cluiche a bhaint** to win a game; **bhain sí fúithi i Londain** she settled down in London; **ní bhaineann sé leat** it doesn't concern you; **bhain taisme dó** he met with an accident

baincéir *nm3* banker

baincéireacht *nf3* banking

baineann *adj* (*BOL*) female; (*man*) effeminate; **cat baineann** she-cat

baineannach *nm1* female

báiní *nf4* fury; **dul le báiní** to fly into a rage

báinín *nm4* flannel; homespun cloth

baininsneach *adj* (*LING*) feminine

bainis (*pl* ~eacha) *nf2* wedding; wedding banquet

bainisteoir *nm3* manager

bainisteoireach *adj* managerial

bainisteoireacht *nf3* management

bainistíocht *nf3* thriftiness; (good) management

bainistíochta *n gen as adj* (*skills*) managerial

bainistreás *nf3* manageress

bainne *nm4* milk; **bainne géar** sour milk; **bainne milis** fresh milk

bainniúil *adj* milky; (*herd*) milk-yielding

báinseach *nf2* lawn, green

bainseó (*pl* ~nna) *nm4* banjo

baint *nf2* connection; relevance; **níl aon bhaint agam leo** I have nothing to do with them

bainteach *adj*: **bainteach le** relevant to **baintreach** *nf2* widow; **baintreach fir** widower

bairbín *nm4* toecap

bairdéir *nm3* warder

báire *nm4* goal; (*of fish*) shoal; (*game*)

hurling; (*SPORT*) goal; **an báire a bhaint** to triumph; **báire na fola** the crucial test; **báire a chur** (*SPORT*) to score a goal; **cúl báire** goalkeeper; **i lár báire** in the middle; **i dtús báire** first of all

bairéad *nm1* берет

bairille *nm4* barrel

bairín *nm4* loaf; **bairín breac** barn-brack

bairneach *nm1* limpet

báirse *nm4* barge

báisín *nm4* (wash)basin

baist *vt* baptise; name

báisteach *nf2* rain; shower

baisteadh (*gs* **baiste**, *pl* **baistí**) *nm* baptism, christening; **ainm baiste** Christian name

baistí *adj* baptismal; **athair baistí** godfather; **máthair bhaistí** godmother

báistiúil *adj* rainy

báite *adj* sodden, soaked

báiteach *adj* (*sun*) watery; (*person*) pale

baithis *nf2* (*of head*) crown; forehead; **ó bhaithis go bonn** from top to toe

baitín *nm4* (*MUS*) baton

baitsiléir *nm3* bachelor

bál *nm1* (*also dance*) ball

balachtáil *nf3* gain

balastair *nmp1* banister(s)

balbh *adj* dumb, mute; (*letter*) silent

balbhán *nm1* dumb person

balcais *nf2* rag; garment

balcóin *nf2* balcony

ball *nm1* (*of organization*) member; (*of*

balla

body) limb; organ; (*of machine*) part; patch, spot; **ar ball** later; not long ago; **baill bheatha** vitals; **ball broinne** birthmark; **ball dobhraín** (*on skin*) mole; **ball éadaigh** article of clothing; **ball troscáin** piece of furniture

balla *nm*4 wall

ballach¹ *nm*1 wrasse

ballach² *adj* spotted, speckled

ballán *nm*1 teat

ballasta *nm*4 ballast

ballóg *nf*2 (*of building*) ruin

ballóid *nf*2 ballot

ballra *nm*4 members, membership

ballraíocht *nf*3 membership

balsam *nm*1 balsam, balm

balscóid *nf*2 blotch, smudge

bálseomra *nm*4 ballroom

balún *nm*1 balloon

bambú (*pl ~nna*) *nm*4 bamboo

ban *vb* see **bean**

ban- *prefix* (*sex, character*) female

bán *adj* white; (*page etc*) blank; (*field*) fallow; (*place*) empty ♦ *nm*1 white; (*GEOG*) grassland; **béal bán** flattery, sweet talk

bán- *prefix* pale

ban-ab *nf*3 abbess

bánaigh *vt* whiten, bleach; (*hall etc*) empty; (*country*) devastate

banaisteoir *nm*3 actress

banaltra *nf*4 nurse; **banaltra fir** male nurse

banaltracht *nf*3 (*profession*) nursing

banana *nm*4 banana

banbh *nm*1 piglet

banbharún *nm*1 baroness

bánbhuí *adj* (*colour*) cream

banc *nm*1 bank; **banc taisce** savings bank; **banc trádála** commercial bank

banchara *nm*4 girlfriend

bachliamhain (*pl ~eacha*) *nm*4 daughter-in-law

bánchorra *adj* mauve

banda¹ *nm*4 band; **banda rubair** rubber band

banda² *adj* feminine, womanly

bandé see **bandia**

bándearg *adj, nm*1 pink

382

baracáid

bandia (*gs bandé, pl bandéithe*) *nm* goddess

bandiúc *nm*1 duchess

bandochtúir *nm*3 woman doctor

bandraoi *nm*4 witch

banéigeán *nm*1 rape

banfhreastalaí *nm*4 waitress

bang (*pl ~anna*) *nm*3 (*SWIMMING*) stroke

bangharda *nm*4 (*IRL*) policewoman

banghiolla *nm*4 usherette

bánghlóthach *nf*2 blancmange

bánghnéitheach *adj* pale, pallid

banimpire *nm*4 empress

banlaoch *nm*1 heroine

banmhaora *nm*1 stewardess

banmhéara *nm*4 mayoress

banna *nm*4 guarantee, warranty, surety; (*musical*) band; **banna bisigh** premium bond; **banna ceoil** (*at a dance*) band; **banna práis** brass band; **dul i mbannaí** ar dhuine to go bail for sb

bánna see **bá**¹

banoidhre *nm*4 heiress

banóstach *nm*1 hostess

banphéas *nm*4 (*pej*) policewoman

banphóilín *nm*4 policewoman

banphrionsa *nm*4 princess

banrach *nf*2 paddock

banríon (*pl ~acha*) *nf*3 (*also CARDS etc*) queen

banspásaire *nm*4 spacewoman

banstúirthóir *nm*3 conductress

bantiarna *nf*4 (*title*) lady

bantracht *nf*3 womenfolk

bánú *nm* brightening; clearance; **le bánú** an lae at daybreak

banúil *adj* ladylike; womanly

baoi (*pl ~the*) *nm*4 buoy; (*FISHING*) float

baois *nf*2 folly

baoithe *nm*4 bait

baol *nm*1 danger, risk; **beag an baol!** not likely!; **níl sé baol ar ...** he's not nearly ...

baolach *adj* dangerous, unsafe

baoth *adj* vain; (*boat*) unsteady; (*behaviour*) foolish

baothmhian *nf*2 whim

bara *nm*4: **bara rotha** wheelbarrow

baracáid *nf*2, *vt* barricade

baraiméadar

baraiméadar *nm1* barometer
baráiste *nm4* (MIL) barrage
barántas *nm1* guarantee; (LAW, to arrest, search) warrant; **barántas cuardaigh** search warrant
barántúil *adj* authentic
baratón *nm1* baritone
barbaiciú *nm4* barbecue
barbartha *adj* barbaric, savage; (*fig:* behaviour etc) uncivilized
barbarthacht *nf3* barbarity
barbatúráit *nf2* barbiturate
bárcadh *n:* **ag bárcadh allais** sweating profusely
Barcelona *nf4* Barcelona
bard *nm1* bard
barda¹ *nm4* (in hospital, POL) ward
barda² *nm4* garrison
bardach *nm1* warden; **bardach eaglaise** church warden
bardas *nm1* (of town) corporation, municipal authority
barócach *adj* baroque
barr (*pl* ~a) *nm1* (*fig:* apex) tip; summit, top; (AGR) crop; superiority; **thar barr** excellent; **le barr áidh** by mere chance; **ó bhun go barr** from top to bottom; **bun agus barr** the sum total (of); the ins and outs (of); **barr maise a chur ar rud** to put the finishing touches to sth; **an barr a bhaint de** to skim; **barr méire** fingertip; **de bharr ar an iomlán** into the bargain; **de bharr** + *gen* due to; **ar bharr** + *gen* on top of; **ag an mbarr** at the top; **dá bharr sin** consequently; **ar a bharr sin** furthermore
barra¹ *nm4* (also MUS, LAW) bar; rod; ingot
barra² *see* **barr**
barrachód *nm1* bar code
barraicín *nm4* tip of the toe
barraíocht *nf3* excess; **barraíocht** + *gen* too much; **barraíocht a ghearradh ar dhuine** to overcharge sb; **de bharraíocht ar** in excess of; over and above
barrchaolaigh *vt* taper
barrchaolú *nm* taper
barrchéim *nf2* (THEAT) climax
barrchóir *nf3* (garment) top

383

beachtaigh

barriall (*gs* barréille, *pl* ~acha) *nf2* shoelace
barrloisc *vt, vi* singe
barróg *nf2* hug; **barróg a bhreith ar dhuine** to hug sb
barrshamhail (*gs* barrshamhla, *pl* barrshamhlacha) *nf3* ideal
barrthábhachtach *adj* of paramount importance
barrthrom *adj* top-heavy
barrúil *adj* amusing, comic; strange
barúil (*pl* barúlacha) *nf3* idea; opinion, thought; **bheith den bharúil go** to be of the opinion that; **cad é do bharúil orthu?** what do you think of them?; **níl barúil agam** I haven't a clue; **tá barúil mhaith agam** I have a fair idea
barún *nm1* baron
bás (*pl* ~anna) *nm1* death; **bás a fháil** to die; **bheith idir bás agus beatha** to be battling for one's life
básaigh *vt* kill, execute • *vi* die
basal *nm4* basil
basár *nm1* bazaar
basc *vt* mangle; crush
Bascach *adj, nm1* Basque; **Tír na mBascach** the Basque Country
bascaed *nm1* basket
Bascais *nf2* (LING) Basque
básmhar *adj* mortal
básta *nm4* waist
bastard *nm1* bastard
bástchóta *nm4* vest
bástcóta *nm4* waistcoat
bású *nm* killing, execution
basún *nm1* (MUS) bassoon
bata *nm4* baton; stick; **bata siúil** walking stick; **bata is bóthar a thabhairt do dhuine** to dismiss or sack sb
bataire *nm4* battery
batráil *vt* batter
báúil *adj* sympathetic
béabhar *nm1* beaver
beacán *nm1* mushroom; **beacán bearaigh** toadstool
beach *nf2* bee; **beach chapail** wasp
beacht *adj* accurate, exact, precise
beachtaigh *vt* correct

beachtas *nm1* accuracy
beadaí *adj* (eater) fussy, particular
béadán *nm1* gossip, scandal; **béadán a dhéanamh ar dhuine** to cast aspersions on sb
béadánaí *nm4* (person) gossip
béadchaint *nf2* (LAW) slander
beag *nm1* (*pl* -anna) small amount • *adj* (*compar* lú) little, small; slight; (*brother etc*) younger, little, wee; **a bheag nó a mhór** more or less; **is beag a shíl mé ...** little did I think ...; **is beag orm í** I despise her; **is beag duine a chreideann é** few people believe it; **beag beann ar impervious to; beag an baol!** not likely!, some chance!; **is beag nár thit mé I** nearly fell; **a bheag a dhéanamh de rud** to belittle or make light of sth; **le blianta beaga anuas** in the last few years
beagán *nm1* little, small amount; pittance • *adv* rather; **is buí le bocht an beagán** beggars can't be choosers; **beagán ar bheagán** little by little; **ar bheagán airgid** on a shoestring; **i mbeagán focal** in a few words
beagmhaitheasach *adj* worthless
beagnach *adv* almost, nearly; all but
beaguchtach *nm1* lack of courage; **beaguchtach a chur ar dhuine** to discourage sb
beaichte *nf4* accuracy, exactness
beairic *nf2* barracks
béal *nm1* mouth; (*of cave, hole etc*) opening; (*of gun*) muzzle; (*of boat*) gunwale; (*of cup etc*) rim; (*of blade, spade etc*) sharp edge; (*of shoe*) edge of upper; (*of cliff etc*) face; (*part of sea*) sound, strait; **béal an ghoile/an chléibh** the pit of the stomach; **i mbéal na trá/na toinne** at the water's edge; **i mbéal an dorais** next door, in near proximity; **ar béal maidine** first thing in the morning; **lán go béal** full to the brim; **béal faoi upside down; ó do bhéal féin** from one's own lips; **ar do bhéal is ar do shrón** flat on one's face; **as béal a chéile with one voice** all at once; **ar bhéala** about to; **teacht chun béil** to get going

properly, find one's rhythm; **béal bán** cajolery, flatter; **béal nach bréagach** a truthful person; **béal gan smid** a taciturn, unsociable person; **bheith i mbéal an phobail/na ndaoine** to be on everyone's lips; **bheith gan bhéal gan teanga** to be unable to talk; **imeacht i mbéal do chinn** to leave home and take to the road; **béal a leagan ar rud** to talk about sth; **rud a rá le duine suas lena bhéal** to say sth to sb's face; **baineadh oscladh as a bhéal** his mouth dropped open; **bhain tú as mo bhéal é** you took the words right out of my mouth; **níl as a bhéal ach é** he talks about nothing else; **tá sé mar a d'iarrfadh do bhéal a bheith** you couldn't ask for better
bealach (*pl* bealaí) *nm1* road, thoroughfare; pathway; way; (*of bus*) route; (*tv*) channel; (*trajectory*) path; method, process; **bealach caoch** cul-de-sac; **bealach Dhoire** via Derry; **cén bealach?** - **an bealach seo** which way? - this way; **duine a chur chun bealaigh** to sack sb; **fios an bhealaigh a bheith agat** to know the way; **an bealach a fhágáil ag duine** to get out of sb's way; **an bealach ar ais** the way back; **bealach amach** exit; **bealach mór** main road; (*part of road*) carriageway; **bealach trádála** trade route; **bealach uisce** waterway; **ar bhealach** in a way; **bheith sa bhealach ag duine** to be in sb's way
bealadh *nm1* grease, lubricant
bealaí *see* **bealach**
bealaigh *vt* grease, lubricate, oil
bealaithé *adj* greasy
béalaithris *nf2* oral account; oral tradition
béalastán *nm1* (*inf: person*) slobber, slabber
béalbhach *nf2* (*of bridle*) bit
béalchrábhadh *nm1* hypocrisy
béalchráifeach *adj* hypocritical; sanctimonious
béalchráifeacht *nf3* sanctimoniousness
béaldath (*pl* -anna) *nm3* lipstick
Béal Feirste *nm* Belfast

béalghrá *nm4* lip service; **béalghrá a thabhairt do rud** to pay lip service to sth

béal-leathan *adj (gap)* yawning

béalmhír *nf2 (tool)* bit

béalóg *nf2 (MUS, of instrument)* mouthpiece; (for animal) muzzle

béaloideas *nm1* folklore

béaloscailte *adj* gaping, open-mouthed

béalscaoilte *adj* indiscreet

Bealtaine *nf4* May; **i Mí na Bealtaine, 1992** in May, 1992; **idir dhá thine Bhealtaine** in a quandary

bean (*gs, npl mná, gpl ban*) *nf* woman; (*also: bean chéile*) wife; **Bean Mhic Gabhann** Mrs Smith; **bean lóistín** (*of house*) landlady; **bean ghlúine** midwife; **bean luí** mistress; **bean rialta** nun; **bean an tí** the lady of the house; **a bhean chóir** madam; **Seán agus a bhean** John and his wife; **"Mná"** (*sign*) "Ladies"

beangán *nm1* shoot; (*fork*) prong

beann¹ *nf2* regard; **beag beann ar** impervious to

beann² *nf2* antler, horn; prong

beann³, beanna *see* **binn¹**

beannacht *nf3* blessing; greeting; (*REL*) benediction; **beannacht Dé ort** God bless you; **beannacht Dé lena anam** God rest his soul

beannaigh *vt* bless; **beannú do** to greet, salute

beannaithe *adj* holy, sacred

beannú *nm* greeting, salute

beár *nm1 (in pub)* bar

beár *nm1* bear; **beár bán** polar bear

beara *see* **bior**

bearach *nm1* heifer

bearád *nm1* bonnet

bearbóir *nm3* barber

béarfaidh *etc vb see* **beir**

Béarla *nm4 (LING)* English

béarlachas *nm1* anglicism

béarlagair *nm4* jargon, slang

Béarlóir *nm3* English speaker

bearna *nf4* break, gap; hiatus; **bearna ghlorria** hare lip

bearnach *adj* gappy; incomplete

bearnaigh *vt* breach; (*barrel*) tap

bearnas *nm1 (in mountains)* pass

bearr *vt (hair, nails)* clip; prune; shave

bearradh *nm* shave; shaving; **bearradh gruaige** haircut

bearrnach *adj* irritating, annoying; uncomfortable

beart¹ (pl ~a) *nm1* bundle; parcel

beart² (pl ~a) *nm1* plan; action; **i mbearta crua** in dire straits

beart³ (pl ~a) *nm1 (COMPUT)* byte

beart⁴ (pl ~anna) *nm3* berth

beartaigh *vt, vi* plot, scheme; decide upon; (*sword*) wield; **bheartaigh sí imeacht** she decided to go; **rud a bheartú** to plan sth

beartaíocht *nf3* tactics

beartaithe *adj* planned, decided

beartán *nm1* parcel

Béarút *nm4* Beirut

béas¹ (gs, pl ~a, gpl béas) *nm3* habit;

béasa a athrú to turn over a new leaf;

béasa *mpl3* behaviour, manners; **fios a bhéasa a thabhairt do dhuine** (*inf*) to

teach sb manners

béas² *nm3* beige

béasach *adj* polite, civil, well-mannered

béascna *nf4* habit, custom; lifestyle

beatha *nf4* life; livelihood; food; **do bheatha a bhaint den fharraige** to earn one's living from the sea; **beatha dhuine a thoil** each to his own; **slí bheatha** livelihood

beathaigh *vt (person)* feed, nourish

beathaisnéis *nf2* biography

beathaisnéiseach *adj* biographic

beathaisnéisí *nm4* biographer

beathaithe *adj* well-fed; (*person*) fat

beathaitheach *adj* nourishing; fattening

beathú *nm* nourishment

beathúil *adj* nutritious

béic (pl ~eacha) *nf2, vi* yell, roar; **béic a ligean** to yell

béicíl *nf3* yelling

beidh *etc vb see* **bí**

beifear *vb see* **bí**

Beijing *nf4* Beijing

béil *n gen as adj* oral; verbal; **an traidisiún béil** the oral tradition

béile *nm4* meal

Beilg *nf2*: an **Bheilg** Belgium

Beilgeach *adj, nm1* Belgian

beilt (*pl* ~eanna) *nf2* belt

béim (*pl* ~eanna) *nf2* stress, emphasis; blow; **béim ghréine** sunstroke; **buille sa bhéim** felling blow; **béim a chur ar rud** (*syllable, word, point*) to emphasize sth, stress sth; **béim a bhaint as duine** to bring sb down a peg or two

beir (*vn* **breith**, *vadj* ~the, *past* **rug**, *fut* **béarfaidh**) *vt, vi* give birth to; (*egg*) lay; bring, take; **beir ar** catch; **breith maol ar dhuine** to catch sb red-handed; **bu a bhreith (ar)** to triumph (over), gain a victory (over); **beir air!** get him!; **buntáiste a bhreith ar** (*situation*) to take advantage of; **breith gairid ar dhuine** to catch sb unawares; **beir ar do chiall** wise up

beirigh *vt, vi* boil; bake

béirín *nm4* teddy (bear)

beiriste *nm4* (CARDS) bridge

Beirlín *nf4* Berlin

beirt (*pl* ~eanna) *nf2* two people, pair, couple; **beirt fhear/bhan** two men/women; **ina mbeirteanna** in twos; **bhí siad beirt ann** they were both there; **an bheirt agaibh** both of you

beirthe *vadj* see **beir**

beith¹ *nf2* (PHIL) being, entity

beith² (*pl* ~eanna) *nf2* birch

beithíoch *nm1* animal; beast; **beithíoch allta** wild beast

Benelux *nm4* Benelux

beo *nm4* living being; life; livelihood
♦ *adj* alive, live, living; animated; (*colour, person*) lively; **a bheo a ligean le duine** to spare sb's life; **bhí an baile beo le daoine** the town was full of people; **beo beathach** alive and well; **sreang bheo** (ELEC) live wire; **bolcán beo** active volcano

beocht *nf3* liveliness

beoga *adj* lively; vivid; brisk

beoigh *vt, vi* enliven, animate

beoir (*gs* **beorach**, *pl* **beoracha**) *nf* beer

beola *npl* lips

beophianadh *nm* suspense

beostoc *nm1* livestock

b'fhéidir *adv* perhaps

bh (*remove "h"*) see also **b...**

bheadh *vb* see **bí**

bhéarfadh, bhéarfainn *etc vb* see **beir**

bheas, bheifí, bheinn *etc vb* see **bí**

bheireadh, bheiridís *etc vb* see **beir**

bheith *vn* of **bí**

bhfaighidh *etc vb* see **faigh**

bhfuil *vb* see **bí**

bhí *etc vb* see **bí**

bhuel *excl* well

bhur *poss adj* your

bí (*vn* **bheith**, *pres* **tá**, *pres neg* **níl**, *past*

bhí, *fut* **beidh**, *subj* **raibh**) *vt, vi* be; exist;

bheith mór/bea to be big/small; **bheith**

go maith/go dona to be good/bad;

bheith buailte/críochnaithe/sáraithe to be beaten/finished/exhausted; **bíodh is**

go even though; **tinn is mar atá sé** even

though he is sick; **tá breoite!** sick my

foot; (**ach**) **má tá** indeed; **bhí mé ann tá**

blain ó shin I was there a year ago

► **bí ag** be at; **bheith ag an doras/damhsa** to be at the door/dance; **bheith**

ag siúl/caint/snámh to be

walking/talking/swimming; **tá carr**

agam I have a car; **tá Francís agam** I

can speak French; **tá snámh agam** I

know how to swim; **níl scaradh aice leis**

she cannot part with it; **tá agat** you

have succeeded; **bíodh aige** let it be; **cé**

atá agam (ann)? who is it?; **tá agam le**

himeacht I have to leave

► **bí ar** be on; **tá sé ar am mbord** it is on

the table; **tá cosa fada air** he has long

legs; **bhí geansaí deas air** he was

wearing a nice jersey; **bhí dath bán air** it

was white; **tá brón/áthas/fearg air** he is

sad/glad/angry; **tá ocraas/tart/tuirse air**

he is hungry/thirsty/tired; **cad é atá ort?**

what is the matter with you?; **tá**

báisteach/gaoth/toirneach air it is

going to rain/get windy/become

thundery; **tá áthrach aimsire** air the

weather is going to change; **níl riail/**

teacht/tabhairt ar ais air it cannot be

controlled/found/brought back; **níl**

bogadh air he cannot be moved; **cad é an chaint atá ort?** what are you talking about?; **cad é an amaidí atá ort?** what nonsense are you up to?; **tá orm imeacht** I must leave

- ▶ **bí as** be from; **bheith as Corcaigh** to be from Cork; **bheith as obair/cleachtadh** to be out of work/practice; **bheith as (light etc)** to be out; **tá sé míle as seo** it is a mile from here; **níl bogadh as** he is not making a move
- ▶ **bí chun** be towards; **tá sé chugainn** he is coming towards us; **tá solas an lae chugainn** morning is approaching; **an Nollaig a bhí chugainn** the following Christmas; **ní chugatsa a bhí mé** I was not referring to you; **tá mé chun imeacht** I intend to leave
- ▶ **bí de** be from, of; **níl de airgead agam ach é** it is the only money I have; **níl de chiall aige** he hasn't enough sense (to); **sin a raibh de or ní raibh de sin ach sin** that was the end of that; **is é mar a bhí sé de** actually; **tá sin díobh le chéile** that runs in the family; **tá sin díom anois** I have that behind me now
- ▶ **bí do** be to, be at; **tá sé do mo bhualadh** he is beating me; **rud duit féin a bheith agat** to have sth all to o.s.; **tá déanamh dó féin aige** it has its own particular shape; **duine dó féin atá ann** he's an oddball; **cad chuige a bhfuil tú dom?** why do you want me?
- ▶ **bí faoi** be under; **bheith faoi thalamh/uisce** to be underground/underwater; **bheith faoi bhrón/chian/eagla/ualach** to be sad/depressed/afraid/burdened; **bheith faoi shiúl or ghluaiseacht** to be moving; **siúl/fás/fuadar a bheith fút** to be moving/growing/in a hurry; **cad é atá faoi sin agat?** what do you mean by that?; **rud a bheith fút féin** to have sth to o.s.; **níl faoi nó thairis ach é** it is all he wants to do; **tá fúm sin a dhéanamh** I intend to do that
- ▶ **bí i** be in; **tá Dia ann** God exists; **tá lá deas ann** it is a nice day; **am bricfeasta**

- atá ann** it is time for breakfast; **ta gaoth agus fearthainn ann** it is windy and raining; **seachtar atá siad ann** there are seven of them; **tá urra as cuimse ann** he is very strong; **níl maith ann** he is no good; **tá céad cileagram meáchain ann** he weighs a hundred kilograms; **tá a chosnamh féin ann** he is able to defend himself; **níl bogadh ann** he is unable to move; **múinteoir atá inti** she is a teacher; **tá sí ina múinteoir** she is a teacher; **tá sí ina suí/seasamh/codladh** she is sitting/standing/sleeping; **tá sí ina sláinte** she is healthy; **tá sí mar a bheadh tachrán girsí ann** she is like a child; **níl ann ach imeacht** there is nothing else for it but to leave; **níl ann aige ach** he says nothing but; **a bhfuil ann go** the only thing is that
- ▶ **bí le** be with; **bheith le duine** to accompany sb; to act as best man *or* bridesmaid for sb; **beidh mé leat síos** I'll go down with you; **bhí mo pheann leat** you took my pen with you; **cé leis thú?** whose child are you?; **duine atá leis féin** a person who lives alone; **tá leat** you have succeeded; **tá sé leat anois** you have it now; **tá mé le himeacht inniu** I am to leave today; **tá obair le déanamh** there is work to be done
 - ▶ **bí ó** be from; **céard atá uait?** what do you want?; **tá peann uaim** I want a pen; **tá uaim sin a dhéanamh** I want to do that; **tá sé ó mhaith/ó leigheas** it is useless/irreparable
 - ▶ **bí roimh** be before; **tá sé romhat** it is all in front of you; **tá romham sin a dhéanamh** I intend to do that
 - ▶ **bí thíos** be down; **bheith thíos le rud** to suffer as a result of sth
- bia** (*pl -nna*) *nm4* food; meal; **bia agus leaba** board and lodging; **bia-ábhair** foodstuffs; **bia coisir** kosher food; **bia farraige** seafood; **bia folláin** health food; **bia mioltóg a dhéanamh de dhuine** (*inf*) to make mincemeat out of sb
- bia-ábhair** *nmp1* foodstuffs
- biabhóg** *nf2* rhubarb

biachlár

biachlár *nm1* menu; **biachlár socraithe** set menu

bialann *nf2* restaurant; canteen

biatas *nm1* beetroot; **biatas siúcra** sugar beet

bibe *nm4* bib

bíceips *nf2* biceps

bicíní *nm4* bikini

bídeach *adj* minute, tiny

Bílearúis *nf2*: an **Bhílearúis** Belarus

bileog *nf2 (form)* sheet; (*of paper*) slip; handout, flier; **bileog nuachta** (*newsletter*) bulletin; **bileog shúile** (eye) patch

bille *nm4 (COMM, POL)* bill; **bille parlaiminte** parliamentary bill

billéad *nm1* billet

billéardaí *npl* billiards

billiún *nm1* billion

bím *etc* *vb* see **bí**

binbeach *adj (voice)* sharp

bindealán *nm1* bandage; **bindealán a chur ar chneá** to bandage a wound

binn¹ (*pl beanna, gpl beann*) *nf2* cliff; (*of house*) gable; (*of dress etc*) lap; **binn sléibhe** mountain peak; **titim le binn** to fall down a cliff

binn² *adj* sweet, melodious; **glór binn** a sweet voice

binneas *nm1 (of sound)* sweetness

binse *nm4* bench; **binse breithimh** tribunal; **binse oibre** workbench

Biobla *nm4* Bible

biocáire *nm4* vicar

biog *vi* start; jump; (*muscle*) twitch • *nf2 (sound)* peep; (*of engine*) pulse; **biog a ligean** to peep

biogach *adj* cheerful; perky; (*muscle*) twitching

biogamach *nm1* bigamist

biogamacht *nf3* bigamy

biogóid *nm4* bigot

biogóideacht *nf3* bigotry

biogúil *adj (music)* lively

biolar *nm1* watercress

bíomal *nm1 (tool)* brace

biogó *nm4* bingo

bior (*gs beara, pl ~anna*) *nm3* point; (*of*

388

bladar

record player) stylus; (*for roasting*) spit; **bior fiacla** toothpick; **bior seaca** icicle; **bior a chur ar rud** to sharpen sth; **tá bior i mo mhúineál** I have a crick in my neck; **bheith ar bior le rud a dhéanamh** to be dying to do sth

biorach *adj* pointed; (*tongue*) sharp

bioraigh *vt* sharpen

biorán *nm1* (knitting) needle; pin; **biorán cniotála** knitting needle; **biorán dúnta** safety pin; **biorán gruaige** hairpin; **rud a bheith ar na bioráin agat** to have sth in hand

bioróir *nm3*: **bioróir peann luaidhe** (pencil) sharpener

biotáille *nf4* liquor, spirits; **biotáille mheitileach** methylated spirit

bís *nf2* spiral; (*TECH*) vice; **staighre bise** a spiral staircase; **ar bís** on tenterhooks

biseach *nm1 (in health)* improvement; recovery; (*in luck, also COMM*) upturn; **tá biseach orm** I'm better; **ar aghaidh bisigh** on the mend; **bheith ar biseach** to be improving; **biseach a fháil** (*from illness*) to recover; **bliain bhisigh** leap year

bisigh *vi (health)* improve; (*person*) recuperate

bith *nm3* world; existence; **ar bith** any; (*with neg*) no; **ar scor ar bith, cibé ar bith** anyway; **ar chor ar bith** at all; **áit ar bith** anywhere; nowhere; **duine ar bith** anybody; nobody; **rud ar bith** anything; nothing

bithbheo *adj* immortal; everlasting

bithcheimic *nf2* biochemistry

bitheolaí *nm4* biologist

bitheolaíoch *adj* biological

bitheolaíocht *nf3* biology

bithghlas *adj* evergreen

bithiúnach *nm1* scoundrel; thug; villain

bithiúntas *nm1 (LAW)* foul play; thuggery

bithrithim *nf2* biorhythm

bith-theicneolaíocht *nf3* biotechnology

bitseach *nf2* bitch; **bitseach (mná)** (*pej*) bitch

biúró *nm4* bureau

bladar *nm1* flattery

bladhaire

bladhaire *nm4* flame; flare

bladh (*pl* ~*anna*) *nf3* flame • *vi* (*fig*): *person* flare up

bladhmannach *adj* boastful

bláfar *adj* (*work*) neat; (*girl*) prim

blagadach *adj* bald

blagadán *nm1* bald man

blagaid *nf2* bald head; bald patch

blaincéad *nm1* blanket; **blaincéad**

leictreach electric blanket

blais *vt, vi* taste; (*food, wine*) sample

blaisínteacht *nf3*: **blaisínteacht a dhéanamh ar do chuid bia** to pick at one's food

blaistigh *vt* flavour; (*food*) season

blaistiú *nm* flavouring; seasoning

blaosc *nf2* skull; (*of egg, nut, crab etc*) shell

blár *nm1* open space; field; **blár catha** battlefield; **bheith ar an mblár folamh** to be down and out

blas (*pl* ~*anna*) *nm1* taste, flavour; (*speech*) accent; **cad é an blas atá air?** what does it taste like?; **tá blas éisc air** it tastes of or like fish; **tá blas coimhthíoch ar a chuid cainte** he has a foreign accent

blasta *adj* appetizing, tasty

blastán *nm1* seasoning

bláth (*pl* ~*anna*) *nm3* bloom, flower, blossom; **bheith i mbláth d'óige** to be in the flower of youth

bláthach *nf2* buttermilk

bláthadóir *nm3* florist

bláthaigh *vi* blossom, flower

bláthbhreac *adj* (*pattern*) floral

bláthcheapach *nf2* flower bed

bláthchuach *nm4* flower vase

bláthfhleasc *nf2* wreath; garland

bleachtaire *nm4* detective

bleachtaireacht *nf3* detecting; **úrscéal bleachtaireachta** detective novel

bleán *see* **bligh**

bléasar *nm1* blazer

bleib (*pl* ~*eanna*) *nf2* (*BOT*) bulb

bleid *nf2*: **bleid a bhualadh ar dhuine** to accost sb

bléin *nf2* groin

bléitse *nm4* (household) bleach

bliain (*pl* *blianta*, with numbers *bliana*) *nf3*

389

bocht

year; an **bhliain seo chugainn** next year; **An Bhliain Úr** the New Year; **bliain bhisigh** leap year; **in aghaidh na bliana** per annum

bliainiris *nf2* yearbook, annual

blianacht *nf3* annuity

bliantóg *nf2* (*BOT*) annual

bliantúil *adj* annual, yearly

bligeard *nm1* blackguard

bligh (*vn* **bleán**) *vt* (*also fig*) milk

blióg *nf2* (*inf: man*) pansy; effeminate man

bliosán *nm1* artichoke

blípire *nm4* bleeper

bloc *nm1* block

blocáil *vt* (*also SPORT*) block

bloclitreacha *nfpl* block capitals

blogh *nf3* fragment

bloicín *nm4* (*toy*) block

bloiscíneach *adj* buxom

blonag *nf2* fat; lard; blubber

blosc¹ *nm1* (*of gun*) report; **blosc toirní** thunderclap; **blosc a bhaint as do mhéara** to crack one's fingers; **bosc a bhaint as do theanga** to click one's tongue

blosc² *vt, vi* crack; explode

bloscadh *nm1* (*noise*) crack

blúire *nm4* bit, fragment, scrap, snippet; **blúire fianaise** scrap of evidence

blurba *nm4* blurb

blús (*pl* ~*anna*) *nm1* blouse

bó (*gs, gpl* **bó**, *pl* **ba**) *nf* cow

bob (*pl* ~*anna*) *nm4* hoax, trick; **bob a bhualadh ar dhuine** to trick sb

bobailín *nm4* tassel

bobaireacht *nf3* tricks, pranks; **ag bobaireacht ar dhuine** playing pranks on sb

bobghaiste *nm4* booby trap

boc *nm1* buck; **boc mór** big shot; **an boc mór** the big fellow

bocáil *vi* toss; bounce

bocaire *nm4* (*CULIN*) muffin

bocht *adj* needy, poor; (*condition, excuse*) sorry; grotty • *nm1* pauper; **tá oíche**

bhoch *ann* it's an awful night; **chomh bocht leis an deoir** as poor as a church

bochtaineacht

- mouse
- bochtaineacht** *nf3* poverty
- bochtaithe** *adj* impoverished
- bochtán** *nm1* pauper
- bod** *nm1* penis
- bodach** *nm1* lout; **bodach mór** (*inf: VIP*) hobnob, bigwig
- bodbheart** *nm1* (*contraceptive*) sheath, condom
- bodhaire** *nf4* deafness; **tháinig bodhaire** Uí Laoire air he pretended not to hear
- bodhar** (*pl* **bodhra**) *adj* deaf; (*with pain*) numb
- bodhraigh** *vt* deafen; annoy; (*pain*) deaden
- bodhrán**¹ *nm1* deaf person
- bodhrán**² *nm1* (*traditional music*)
bodhrán, hand drum
- bodhránaí** *nm4* (*MUS*) bodhrán player
- bodmhadra** *nm4* mongrel
- bodóg** *nf2* heifer; hefty young woman
- bog** *vt, vi* move; stir; soften; loosen; agitate; (*milk*) warm • *adj* soft; tender; (*life, work*) easy; (*person*) lenient; (*tooth*) loose; indulgent; (*toy*) fluffy; **feoil bhog** tender meat; **bheith bog le duine** to go easy on sb; **bog leat** move along; **bog amach as** move out or off; **bog anonn** move over; **bog ar aghaidh** move on; **bog ar ais** move back; **bog ar shiúl** move away; **bog chun tosaigh** move forward; **bog isteach i** move into; **bog thart** move about
- bogadh** (*gs* **bogtha**) *nm* move; movement; shift; **níl bogadh as** he's making no movement; **níl bogadh ann** he can't move; **gan bogadh** still
- bogadhmaid** *nm1* softwood
- bogás** *nm1* complacency
- bogásach** *adj* smug; complacent
- bogearraí** *nmp14* (*COMPUT*) software
- bogfhiuch** *vi* (*CULIN*) simmer
- bogha** (*pl* **-nna**) *nm4* (*weapon, MUS*) bow; **bogha báistí** rainbow
- boghdóireacht** *nf3* archery
- boghta** *nm4* vault
- bogoighear** *nm1* slush, melting snow
- bogshodar** *nm1* jogging; **bogshodar a**

390

bolgóid

- dhéanamh** (*horse*) to canter
- bogtha** *see* **bogadh**
- bogthe** *adj* lukewarm
- boidín** *nm4* (*inf*) penis
- boige** *nf4* softness; leniency
- boigéiseach** *adj* gullible
- boilg** *nf2* submerged reef
- boilgearnach** *nf2* bubbling
- boilgeog** *nf2* bubble
- boilsc** *nf2* bulge
- boilscitheach** *adj* inflationary
- boilsciú** *nm* (*ECON*) inflation
- bóin** *nf4*: **bóin Dé** ladybird
- boinead** *nm1* (*of car*) bonnet
- boirbe** *nf4* fierceness; coarseness
- boiscín** *nm4*: **boiscín púdair** powder compact
- boiseog** *nf2* slap; **boiseog a thabhairt do dhuine** to slap sb
- Boisnia** *nf4* Bosnia
- bóitheach** *nm1* byre, cow shed
- bóithre** *see* **bóthar**
- bóithrín** *nm4* lane, boreen
- bólacht** *nf3* cattle
- boladh** (*pl* **bolaithe**) *nm1* odour, smell, whiff; **boladh bréan pong**; **tá boladh as** it smells
- bólaí** *np1*: **na bólaí seo** these parts, this area
- bolaign** *vt* smell
- Bolaiv** *nf2*: **an Bholaiiv** Bolivia
- bolb** *nm1* caterpillar
- bolbóir** *nm3* (*FISHING*) float
- bolcán** *nm1* volcano; **bolcán beo/suanach** active/dormant volcano
- bolg** *nm1* abdomen, stomach, belly; (*of ship*) hold • *vt, vi* bulge, swell out; (*paint*) blister; **bolg le gréin a dhéanamh** to sunbathe
- bolgach** *nf2* smallpox; **bolgach fhrancach** syphilis
- bolgam** *nm1* mouthful; **bolgam tae** a sip of tea; **bolgam cainte** (*of speech*) mouthful
- bolgán** *nm1* bubble; (*ELEC*) bulb; **bolgán solais** light bulb
- bolgchainteoir** *nm3* ventriloquist
- bolgóid** *nf2* bubble

bollaí

- bollaí** *npl4*: cluiche **bollaí** bowls
bellán *nm1* boulder
bollóg *nf2* loaf
bológ *nf2* bullock
bolscaire *nm4* announcer; publicist
bolscaireacht *nf3* (TV, RADIO) commercial; propaganda, publicity
bolta *nm4* (rod: of metal etc) bar; bolt
boltáil *vt* bolt
bomaite *nm4* minute; moment; fan
bomaite! wait a minute!
bómán *nm1* fool, twit
bómánta *adj* stupid, dumb, thick; (expression) vacant
bómántacht *nf3* stupidity
bóna *nm4* collar; lapel
bónas *nm1* bonus
bonn¹ *nm1* (of shoe, foot) sole; foundation, base, basis; tyre; láithreach
bonn at once; **bonn athmhúnlaithe** (tyre) remould, retreat; **bonn istigh** insole; **dul ar do cheithre boinn** to go on all fours; **léim as bonn** standing jump; **ar aon bhonn** on equal footing
bonn² *nm1* medal; coin; **bonn deich bpingin** ten pence piece; **gan pingin gan bonn** penniless
bonnán¹ *nm1* (AUT) horn; siren; **an bonnán a shéideadh** to toot the horn
bonnán² *nm1* bitter
bonnbhuaiteoir *nm3* (SPORT) medallist
bonneagar *nm1* infrastructure
bonnóg *nf2* bannock; scone
bonsach *nf2* javelin
bórach *adj* (legs) bandy
borb *adj* coarse; (fire, attack, person) fierce; (sound) harsh; (character) rugged
bord *nm1* table; (also in firm) board; deck; **bord iarnála** ironing board; **ar bord loinge** on board (a) ship; **thar bord** overboard; **dul ar bord + gen** to board; **an bord a leagan/a ghlánadh** to lay/clear the table; **suí chun boird** to sit at table; **tá braon ar bord aige** he has been drinking; **fíon boird** table wine
borr *vi* swell; (plants) spring up
borradh (*gs* **borrtha**) *nm* (ELEC) surge; (TECH) expansion; **borradh (trádála)**

391

brachán

- boom
borróg *nf2* bun
borrtha *adj* swollen, bloated; (MED) varicose; **féitheacha borrtha** varicose veins
borruil *adj* puffy; (person) enterprising; (plants) fast-growing
bos *nf2* palm; (of oar) blade; **bualadh bos** round of applause; **bos go cos** (Gaelic Football) hand-to-toe; **airgead boise** ready cash; **ar iompú boise** instantly
bósán *nm1* bosun
bosca *nm4* (also THEAT) box; case; pigeonhole; **bosca cairtchláir** cardboard box; **bosca seacláidí** a box of chocolates; **bosca bruscair** bin, dustbin; **bosca ceoil** accordion, melodeon; **bosca fiúsanna** fuse box; **bosca gutháin** call box, phone box; **bosca litreach** pillar box, postbox; **bosca poist** mailbox, Post Office Box; **seinnm ar an bhosca** to play the accordion
boscadóir *nm3* (MUS) accordion player, box player
Bostún *nm1* Boston
both (*pl* ~anna) *nf3* hut; kiosk
bothán *nm1* cabin; hut, shed
bóthar (*pl* **bóithre**) *nm1* road; **bóthar den dara grád** secondary road; **cur chun bóthair** to set off (on a trip); **an bóthar a thabhairt do dhuine** to dismiss or sack sb
bothóg *nf2* cabin
botún *nm1* blunder, slip, slip-up; **botún a dhéanamh** to slip up, blunder
brabach *nm1* gain, profit; spin-off; (*fig*: profits) spoils; **brabach a dhéanamh (ar)** to make a profit (on)
brablach *nm1* rubble; rabble
brabús *nm1* profit; advantage
brabúsach *adj* profitable, lucrative
brac *nm1* bracket
brach *nm3* pus
brách *n*: go brách ever; (with neg) never; as go brách léi away they went; is fearr go mall ná go brách better late than never
brachán *nm1* porridge; brachán a

dhéanamh de rud to make a mess of sth

brád *see* bráid

bradach *adj* thieving; (*money*) stolen

bradán *nm1* salmon

brádán *nm1* drizzle

braich *nf2* malt

bráid (*gs* brád, *pl* ~e) *nf* neck; bust;

teacht ar bráid to come on the scene;

rud a chur faoi bhráid duine to submit sth to sb; **bráid na coise** instep

bráidín *nm4* bib

braighdeanach *nm1* captive

braighdeanas *nm1* captivity; internment

braillín *nf2* (*on bed*) sheet; **braillín talún** groundsheet

brainse *nm4* branch

bráisléad *nm1* bracelet

braiteach *adj* (*person, mind*) perceptive, alert, sensitive

braiteoireacht *nf3* hesitation

braith (*vn* brath) *vt* feel; betray; detect;

intend; size up; **brath ar** to depend on;

pian/cuisle a bhrath to feel pain/a

pulse; **tá mé ag brath fanacht** I intend

to stay; **duine a bhrath** inform on sb; **ná**

bí ag brath air don't depend on him

bráithre *see* bráthair

bráithreachas *nm1* fraternity

bran *nm4* bran

brantar *nm1* fallow ground

branda¹ *nm4* brand

branda² *nm4* brandy

brandáil *vt* (*cattle*) brand

branra *nm4* tripod; gridiron; **branra brád** collarbone

braon (*pl* ~ta) *nm1* drop; **braon tae/uisce** a drop of tea/water; **braon beag eile** a little more

Brasáil *nf2*: an Bhrasáil Brazil

Brasaileach *adj, nm1* Brazilian

brat *nm1* cloak; coating; (*THEAT*) curtain; (*of paint*) coat, layer; **brat deataigh**

smoke screen; **brat ózóin** ozone layer;

brat urláir carpet

bratach *nf2* banner, flag

bratail *vi* (*sail, flag*) flap

brath *see* braith

bráth *nm3*: Lá an Bhrátha Day of

Judgement

brathadóir *nm3* (police) informer; (*device*) detector

bráthair (*gs* bráthar, *pl* bráithre) *nm* (*REL*) brother; friar; fellow man

bratlong *nf2* flagship

bratóg *nf2* rag; (*of snow*) flake

bratógach *adj* (*clothes*) ragged

breá (*gsm* breá, *gsf, pl, compar* ~tha) *adj* excellent; grand; magnificent; (*weather*)

fine; **lá breá** fine day; **fear breá** sound

man; **breá mór** good and large; **ba**

bhreá liom dul I'd love to go; **is breá**

liom seacláid I love chocolate; **tá sé go**

breá anois he's or it's fine now

breab *nf2* (*pl* ~anna) bribe • *vt* bribe

breabaireacht *nf3* bribery

breabhsánta *adj* sprightly; spruce

breac¹ *nm1* trout; fish

breac² *vt* jot down; log • *adj* speckled; tortoiseshell; (*weather, work*) reasonable;

breac le rife with, dotted with; **rud a**

bhreachadh síos to jot sth down

breac- *prefix* mild, middling; semi-

breacadh *nm1* scribbling; (*of colour*)

lightening; (*of weather*) clearing; **le**

breacadh an lae at daybreak

breacáin *n gen as adj* tartan

breacáin *nm1* plaid, tartan

Breac-Ghaeltacht *nf3* areas of the

Gaeltacht where only some of the

population speak Irish

bréad *nm1* braid

bréag *nf2* deception; lie; **gréasán bréag** a web of deceit; **bréag a insint** to (tell a)

lie; **ainm bréige** false name; **deora**

bréige crocodile tears

bréag- *prefix* dummy, pseudo-

bréagach *adj* bogus, false, phoney,

spurious

bréagadóir *nm3* liar

bréagadóireacht *nf3* lying, deceit

bréagán *nm1* toy; (*woman*) doll

bréagéide *nf4* fancy dress

bréagfholt *nm1* wig, toupee

bréagnaigh *vt* contradict, negate, rebut,

repudiate

bréagnaitheach *adj* invalidating,

bréagriocht

contradictory

bréagriocht (*gs bréagreachta*) *nm*3
disguise

breall *nf*2 blubber lip; blemish; **tá breall**
ort you are (badly) mistaken

breallach *nm*1 clam

breallán *nm*1 fool, blunderer

brealsún *nm*1 fool, idiot

bréan *adj* smelly, foul; rancid; rank; **anáil**
bhréan foul breath; **tá boladh bréan** as
it smells (terrible); **bheith bréan de rud**
to be tired of sth

bréantas *nm*1 stench, stink; squalor

Breatain *nf*2: **an Bhreatain (Mhór)**
(Great) Britain; **an Bhreatain Bheag**
Wales

breátha *see* **breá**

breáthacht *nf*3 excellence; beauty; glory

breathnaigh *vt, vi* view; (*case etc*)
examine; **breathnaigh ar** eye, look at;

breathnaigh thart look round

breathnóir *nm*3 spectator; (*tv*) viewer

breathnóireacht *nf*3 (*watching*)
observation

Breatnach *adj* Welsh ♦ *nm*1 Welsh,
Welshman; **Breatnach mná**
Welshwoman

Breatnais *nf*2 (*LING*) Welsh

breicne *nf*4 freckle

breicneach *adj* freckled

bréid *nm*4 (*pl ~eanna*) bandage; canvas;
cloth; **bréid a chur ar chneá** to bandage
a wound

bréidín *nm*4 tweed

bréifín *nf*2 perforation

bréige *nf*4 falseness ♦ *n gen as adj* false,
fake; mock, sham

breis (*pl ~eanna*) *nf*2 addition, extra;
increase; (*on salary*) increment; **breis**
agus 200 upward(s) of 200; **breis a chur**
le rud to supplement sth; (*salary*) to top
sth up; **lá breise** extra day; **am breise**
(*SPORT*) extra time; **breis agus** over, more
than

breisceáim (*pl ~eanna*) *nf*2 (*LING*)
comparative degree

breise *n gen as adj* extra, additional,
further; spare; **roth breise** spare wheel

393

brionglóid

breiseán *nm*1 additive

breith¹ *vn of* beir; **ní raibh ann ach**

breith nó fág it was do or die

breith² (*pl ~eanna*) *nf*2 (*LAW*) sentence;
verdict; **breith an bháis** the death
sentence; **breith a thabhairt ar chás**
(*LAW*) to judge a case

breith³ (*pl ~eanna*) *nf*2 birth; **lá breithe**
(*sona*) (happy) birthday

breitheamh (*pl breithiúna*) *nm*1 (*LAW*)
judge

breitheanna *see* **breith**^{2,3}

breithiúnas *nm*1 judg(e)ment, verdict;
fágfaidh mé ar do bhreithiúnas féin é I
shall leave it up to you to decide;
breithiúnas aithrí (*REL*) penance

breithlá *nm* birthday

breithmheas *nm*3 appraisal

breochloch *nf*2 flint

breoite *adj* ill, sick, laid up

breoiteacht *nf*3 illness, sickness

breoitiúil *adj* (*health*) delicate, sickly

breosla *nm*4 fuel

brí (*pl ~onna*) *nf*4 strength, energy; force;
significance, sense, meaning; **brí ruda** a
thuiscint to understand the meaning of
sth; **bheith in ísle brí** to be run down;
de bhrí go because; **dá bhrí sin** therefore

bríathar (*pl bríathra*) *nm*1 (*LING*) verb;
word; **an Bríathar** (*REL*) the Word; **dar**
mo bhriathar upon my word

bríathartha *adj* (*LING*) verbal

bríce *nm*4 brick

bríceadóir *nm*3 bricklayer

bríceasta *nm*4 breakfast

bricín¹ *nm*4 freckle

bricín² *nm*4 minnow

bríceach *adj* freckled

brídeach *nf*2 bride

Brídíní *nf*pl4 (*IRL*) = Brownies

brilléis *nf*2 gibberish

brillín *nm*4 clitoris

bríocht *nm*3 charm; amulet; spell

bríogáid *nf*2 brigade; **bríogáid dóiteáin**
fire brigade

bríogúin *nm*1 skewer

bríomhar *adj* dynamic; snappy; vigorous

brionglóid *nf*2 dream

brionglóideach

394

bronnadh

brionglóideach *nf2* dreaming; **bheith ag brionglóideach ar rud** to dream of sth

bríonna *see brí*

brionnaigh *vt* forge, counterfeit

brionnú *nm* forgery

briosc *adj* breakable, brittle; crisp

briosca *nm4* biscuit

brioscáin *nmp1*: **brioscáin phrátaí** crisps

brioscán *nm1* (potato) crisp

brioscarán *nm1* shortbread

briotach *adj* lisping

Briotáin *nf2*: an **Bhriotáin** Brittany

Briotanach *adj* British ♦ *nm1* Briton

Briotánach *adj, nm1* Breton

bris *vt* (also *promise*) break; smash; (*ship*)

wreck; (*cheque*) cash; (*person*) dismiss, pay off; (*fig*) upset, shatter ♦ *nf2* loss; **ní maith liom do bhris** I'm sorry for your trouble; **bris isteach** barge in; (*burglar*)

break in; **briseadh as a phost é** he got the sack; **do chos a bhriseadh** to break one's leg; **do shláinte a bhriseadh** to ruin one's health; **do fhocal a bhriseadh** to break one's word; **seic a bhriseadh** to cash a cheque; **bhris ar m'fhoighne** I lost my patience; **briseadh isteach ar chuid cainte duine** to interrupt sb

briseadh (*gs* **briste**, *pl* **bristeacha**) *nm*

battle; disruption; defeat; breakage;

fracture; (*money*) (loose) change;

dismissal, sacking; **bristeacha** *mpl* (*in sea*) breakers

briste *adj* broken; broke; (*from job*)

dismissed; (*army*) defeated; **tá a croí**

briste she is heartbroken; **briste brúite**

battered; **Gaeilge bhriste** broken Irish;

see also briseadh

briste *nm4* (pair of) trousers, pants (*US*);

briste deinim denims; **briste géine**

jeans; **briste snámha** swimming trunks;

má tá sé i do bhriste (*inf*) if you've got the guts

bristeacha *see briseadh*

brístín *nm4* panties; pants

bró *nf4* (also *fig*) millstone

brobh *nm1* (*of grass*) blade, wisp

broc *nm1* badger; junk, refuse

brocach *adj* (*place*) filthy; (*talk*) dirty

brocach *nf2* burrow

brocaillí *nm4* broccoli

brocaire *nm4* terrier

brocais *nf2* filthy place

brocamas *nm1* dirt; refuse

brod *nm1* spur

bród *nm1* pride; **tá bród orm as I'm**

proud of it; **ceileann bród**

bochtaineacht pride conceals poverty

bródúil *adj* proud, stuck-up

bróg *nf2* shoe; **bróga gleacaíochta** gym

shoes; **bróga móra** boots; **bróga peile**

football boots; **bróga siúil** walking

shoes; **bróga sneachta** snowshoes;

bróga traenála trainers

brogach *adj* dirty

broic *vt*: **broic le rud** to tolerate sth

broicéir *nm3* broker

broid *nf2* distress; (*COMM, sudden*

demand) rush; **bheith i mbroid** to be on

tenterhooks; **broid oibre** rush of work

broid *vt* goad; nudge

broideadh (*gs* **broidte**) *nm* (*FISHING*) bite;

broideadh coinsiasa a twinge of

conscience

broidearnach *nf2* throbbing

broidiúil *adj* busy, under pressure

broidnéireacht *nf3* embroidery

broidnigh *vt* embroider

broidtráth *nm3* rush hour

broim *nm3* (*pl* **bromanna**) fart ♦ *vi* fart;

broim a ligean to fart; **bheith le broim**

to be crazy

broincíteas *nm1* bronchitis

broinn (*pl* **-te**) *nf2* (*ANAT*) womb; (*NAUT*)

hold; **rud a bheith as broinn** leat to be

born with sth; **galar broinne** congenital

disease

broisiúr *nm1* brochure

bróiste *nm4* broach

broilach *nm1* breast, bosom

bromach *nm1* colt

brón *nm1* grief; sadness; **tá brón uirthi**

she is sad

brónach *adj* sad, poignant

bronn *vt* donate; bestow; (*scOL, degree*)

confer

bronnadh (*gs* **bronnata**, *pl* **bronnataí**) *nm*

presentation; bestowal; **bronnadh na gcéimeanna** graduation; **bronnadh duaiseanna** prizegiving
bronnantas *nm1* gift, present
brontóir *nm3* donor
broсна *nm4* firewood
brostaigh *vt, vi* hurry, rush; **brostaigh ort!** hurry up!
brothall *nm1* (of day) (intense) heat
brothallach *adj* close, sultry; sweltering
brú¹ *nm4* crush; (*MED*) bruise; pressure; push; **brú fola** blood pressure; **brú boinn** tyre pressure; **bheith faoi bhrú** to be under pressure
brú² *nm4* hostel; **Brú Óige** Youth Hostel
bruach *nm1* (of river, lake) bank; shore; side; **bruach abhann** riverbank; **cur thar bruach** (river etc) to overflow
bruachbhaile (*pl bruachbhailte*) *nm4* suburb
bruachshoilse *nmp1* footlights
brúcht (*pl ~anna*) *nm3* belch; eruption
 ♦ *vi* belch; erupt; **brúchtanna** emissions; **brúchtadh aníos** to well up
brúchtadh (*gs brúchta*) *nm* eruption
brúchrúpa *nm4* (*POL*) lobby, pressure group
brúid *nf2* beast, brute
brúidiúil *adj* brutal
brúidiúlacht *nf3* brutality
brúigh *vt* press; push; crush; bruise; mash; (*pram etc*) wheel ♦ *vi* jam; **brúigh faoi** (yawn) suppress; **brúigh i leataobh** push aside; **brúigh isteach ar** (*on territory*) muscle in on; **cnaipe a bhrú** to press a button; **bheith ag brú romhat** (*in crowd*) to push and shove; **prátaí a bhrú** to mash potatoes
bruíon (*pl ~ta*) *nf2* fight, scrap; quarrel
bruíonach *adj* quarrelsome
Bruiséil *nf2*: an **Bhrúiséil** Brussels
bruite *adj* boiled; cooked; (*person*) roasted; burned
brúite *adj* (potatoes) mashed; crushed; (*heart*) sad
bruith *vt, vi* bake; burn; boil
brúitín *nm4* mashed potatoes; **brúitín a dhéanamh de rud** to crush or pulp sth

brúitíneach *nf2* measles; **brúitíneach dhearg** German measles
brúmheadar *nm1* pressure gauge
brus *nm1* shattered pieces; remains; **brus a dhéanamh de rud** to smash sth to bits
brúscar *nm1* rubbish, waste, garbage (*US*); litter; **brúscar tí** household waste
bruscarnach *nf2* debris
brútam *nm1* (of crowd) rush, crush
bruth *nm3* heat; (*MED*) rash; **bruth goiríní** a rash of pimples
bruthaire *nm4* cooker
brúthomhsaire *nm4* pressure gauge
bú *nm4* hyacinth
bua (*pl ~nna*) *nm4* victory, triumph; talent; virtue, special quality; **bua a bhreith** (ar) to triumph (over); **an bua a fháil** (i gcluiche) to win (a game); **bua an cheoil a bheith agat** to have a talent for music; **de bhua** (+ *gen*) by virtue (of)
buabhall *nm1* buffalo; bugle
buacach *adj* (person) cheerful, high-spirited
buacaire *nm4* tap, faucet (*US*)
buach *adj* winning, victorious
buachail *nm3* boy, lad; boyfriend; (shop) assistant; **buachail bó** cowboy;
buachail báire playboy
buachan *vb* see **buaign**
buaf *nf2* toad
buafhocal *nm1* epithet; punchline
buaic *nf2* climax; (*fig: of event*) highlight; (*highest level*) peak
buaicphointe *nm4* (*THEAT*) climax
buaicuireanta *nfpl2* peak hours
buaign (*vn buachan*) *vt, vi* win; **buaign ar** defeat, conquer; prevail
buail (*vn bualadh*) *vt, vi* hit, strike; beat; bump; defeat; (*AGR*) thresh; (*coins*) mint; (*bell*) ring; toll; (*clock*) strike; (*eggs*) whip; **do chos a bhualadh** to stamp one's foot; **bualadh in éadan + gen** to collide with, run into; **bualadh amach ar feadh nóiméid** to pop out for a minute; **buail isteach** (*COMPUT*) key in; (*visit*) pop in; **bualadh le duine** to meet sb; **ceol a bhualadh** to play music; **tá mé buailte** I'm beat or shattered; **duine a bhualadh**

buaille

to hit sb; **bhuail smaíneamh mé go ...** it occurred to me that ...; **buail ar an doras** knock on the door; **craiceann a bhualadh (le duine)** to have sex (with sb); **buailte ar** adjoining; **buail fút ansin** sit (yourself) down there; **buail cic air** give it a kick

buaille (pl buailte) nf4: **níl an dara suí sa mbuaille agat** you've no alternative

buailleam nm4: **buailleam sciath** show-off; bravado

buailte adj defeated; exhausted; *see also* **bualadh**

buailteoir nm3 beater

buaine nf4 permanence

buair (vn ~eamh) vt, vi annoy; worry, trouble; **tá mé buartha faoi** I'm sorry/worried about it; **ná bí buartha** don't worry

buaircín nm4 pine cone

buairt (gs buartha, pl buarthaí) nf3

bother; care; sorrow; worry; **buairt an tsaoil** the worries of life; **duine gan bhairt** carefree person; **tá sé ag déanamh buartha di** it's worrying her

buaiteach adj (ticket) winning

buaitheoir nm3 victor, winner

bualadh (gs, pl buailte) nm beating; striking; (*of door, window*) rattle; **bualadh bos** (round of) applause; *see also* **buail**

bualtrach nf2 cow dung

buama nm4 bomb; **buama adamhach** atomic bomb

buamadóir nm3 bomber

buamáil vt bomb ♦ **nf3** bombing

buán adj lasting, permanent, constant

buán- prefix permanent, standing

buanaí nm4 reaper

buanas nm1 durability

buanasach adj hard-wearing, durable, long-lasting

buanna see bua

buannaíocht nf3 presumption;

buannaíocht a dhéanamh ar dhuine to be an imposition on sb

buannúil adj presumptuous

buánordú nm standing order

396

buíochas

buanseasmhach adj reliable; steadfast

buanseasmhacht nf3 perseverance

buantonn nf2 (hairstyle) perm

buartha¹ adj disturbing; sorry; (*person*) troubled, worried

buartha², buarthaí see buairt

buatais nf2 boot; **buataisí rubair** wellingtons, rubber boots

búcla nm4 buckle; (*in hair*) ringlet

búcláil vt buckle

Búdachas nm1 Buddhism

Búdaí nm4 Buddhist

Búdaíoch adj Buddhist

budragár nm1 budgerigar

buí¹ nm4, adj yellow; **Fear Buí (POL: inf)** Orangeman

buí² nm: **is buí le bocht an beagán** beggars can't be choosers

buicéad nm1 bucket

buidéal nm1 bottle

buidéalaigh vt bottle

buifé nm4 buffet

buígh (vn buíochan) vt, vi tan

buile nf4 outrage, fury; frenzy; **dul ar**

buile to go mad; **bheith ar buile le duine** to be furious with sb; **fear buile** madman; **buile bóthair** road rage

builín nm4 loaf

buille nm4 blow; hit; strike; pulse; (*of engine*) stroke; **buille faoi thuirim** guess; **buille na tubaiste!** the last straw!; **buille luath/mall** a little early/late; **buille scoir (BOXING)** knockout; **ar bhuille a trí** on the stroke of three

builleán nm1 bullion

buime nf4 nanny, nurse

buimpéis nf2 (shoe) pump

buinneach nf2 diarrhoea

buinneán¹ nm1 shoot; sapling

buinneán² nm1 bunion

buíocán nm1 yolk; primrose

buíoch adj grateful; **buíoch (as)** thankful (for)

buíochan see buígh

buíochán nm1 jaundice; **na buíocháin** jaundice

buíochas nm1 thanks, gratitude; acknowledgement; **buíochas a ghabháil**

le duine (as) to thank sb (for); **buíochas le Dia!** thank God!; **níl a bhuíochas ort!** (answer for thanks) don't mention it!; **gan buíochas do** in spite of; **dá mhíle buíochas** despite all his efforts
buíon (pl ~ta) *nf2* band; (of workmen) gang; **buíon cheoil** (MUS) band
buir *vi* roar • *nf2* (pl ~eanna) (of animal) call; roar
búireach *nf2* bellowing
buirg *nf2* borough
buirgléir *nm3* burglar
buirgléireacht *nf3* burglary
buiséad *nm1* budget
buiséadaigh *vt, vi* budget
búiste *nm4* (CULIN) stuffing; poultice; bulge
búistéir *nm3* butcher
búit *nm4* (of car) boot, trunk
buitléir *nm3* butler
bulai *nm4* bully; **bulai fir!** good man!
bulba *nm4* bulb
bulc *nm1* bulk; cargo; (on ship) hold
Bulgáir *nf2*: an **Bhulgáir** Bulgaria
Bulgáiris *nf2* (LING) Bulgarian
Bulgárach *adj, nm1* Bulgarian
bullá *nm4* buoy
bullá *nm4* (REL, FIN) bull
bulladóir *nm3* bulldog
bullán *nm1* bullock
bultúr *nm1* vulture
bumbóg *nf2* bumble bee
bun (pl ~anna) *nm1* base; basis; (of container, sea etc) bottom; **ag bun** + *gen* at the bottom of; **títim i mbun do chos** (person) to collapse; **scoil a chur ar bun** to found a school; **dul i mbun oibre** to set to work; **suí i mbun duine** to take advantage of sb; **bun agus barr** the ins and outs; **céard atá ar bun agat?** what are you doing?; **bun toifín** cigarette butt; **bheith i mbun do mhéide** to be fully grown; **níl bun ná barr air** it has neither rhyme nor reason; **fanacht i mbun duine** to remain in sb's company; **tá bun ar an aimsir** the weather is settled
bun- *prefix* basic; raw; (school, education) elementary
bunachar *nm1* base, foundation;

bunachar sonraí (COMPUT) database
bunadh *nm1* people; inhabitants;
bunadh an tí the household; **bunadh na háite** the locals
bunaidh *n gen as adj* basic, fundamental; original; first-hand
bunaigh *vt* establish, found, institute, set (up), start
bunaíoch *adj* (BIOL) primitive
bunaíocht *nf3* establishment
bunáit (pl ~eanna) *nf2* (MIL) base, installation
bunáite *nf2* majority; most
bunaitheoir *nm3* founder
bunanna *see bun*
bunbhí *nf4* essence, gist
bunc *nm4* bunk
buncaer *nm1* bunker
bunchiall *nf2* primary meaning
bunchnoic *nmp1* foothills
bunchóip *nf2* (book, picture) original
bunchóta *nm4* (of paint) undercoat
bunchúis *nf2* motive; root cause
bundath *nm3* primary colour
bundúchasach *adj* aboriginal • *nm1* aborigine
bundún *nm1* (of person) backside, ass; silly talk
buneolas *nm1* (in education) basic knowledge, grounding
bungaló (pl ~nna) *nm4* bungalow
bunóc *nf2* infant
bunoideachas *nm1* primary education
bunoscionn *adj* upside-down, disorderly; (things, facts) confused
bunphlean *nm4* blueprint
bunphraghas *nm1* cost price
bunreach *nm3* constitution
bunreachtúil *adj* constitutional
bunriachtanas *nm1* bare necessity; specification
bunscoil (pl ~eanna) *nf2* primary school, grade school (US)
bunsmaoineamh *nm1* (of theory etc) original idea, basic idea
buntáiste *nm4* (also TENNIS) advantage; (GOLF) handicap; **buntáiste a bhreith ar dhuine** to take advantage of sb

buntáisteach

- buntáisteach** *adj* advantageous
buntoisí *n*mpl4 (*fig*) vital statistics
buntuarastal *nm*1 basic salary
buntús *nm*1 rudiments, basics
bunú *nm* foundation, setting up
bunúdar *nm*1 (*fig*) root, cause
bunús *nm*1 basis, origin; most; **bhí a mbunús ann** most of them were there; **is Ciarraíoch ó bhunús é** he's originally from Kerry; **scéal gan bhunús** a story without foundation; **bunús an ama** most of the time

398

- bunúsach** *adj* basic, essential, elementary; grass-roots
burla *nm*4 bundle; (*of banknotes etc*) roll, wad
burláil *vt* bundle; (*AGR*) bale
burlaire *nm*4 baler
bus (*pl* ~anna) *nm*4 bus; **bus dhá urlár** double-decker
busáras *nm*1 bus station
busta *nm*4 (*ART*) bust
buta *nm*4 butt

buta

C

EOCHAIRFHOCAL

cá *inter pron 1 (with verb; eclipses)* where?;

cá gceannaíonn tú iad? where do you buy them?; **cá dtéann tú ar laethanta saoire?** where do you go on holidays?; **cá n-éiríonn an ghrian?** where does the sun rise?; **cá bhfuil tú i do chónaí?**

where do you live?; **cá raibh tú inné?** where were you yesterday?; **cá ndearna siad an praiseach?** where did they mess up?; **cá bhfuair tú é?** where did you get it?; **cá bhfaca tú í?** where did you see her?; **cá ndeachaigh sibh anuraidh?** where did you go last year?

2 (with past tense of reg vbs = cár; lenites following word, except with initial vowel and autonomous forms) where?; **cár chuir tú é?** where did you put it?; **cár fhág tú an carr?** where did you leave the car?; **cár imigh an saol a bhí anallód ann?** where did the old way of life go?; **cár ceannaíodh iad?** where were they bought?

3 (with copula = cár, cárb, cárbh) where?; what?; **cár mhaith duit é?** what good was it to you?; **cárb as duit/tú?** where do you come from?; **cárbh as dó/é?** where was he from?

4 (with nouns and adjs; prefixes h to following vowel) what?; where?; when?; **ní raibh a fhios agam cá conair ar ghabh siad** I did not know what path they took; **cá háit a raibh tú?** where were you?; **cá huair a tháinig sí?** when did she come?; **cá haois tú?** what age are you?; **cá beag duit a bhfuil déanta agat?** haven't you done enough?; **cá beag sin?** is that not enough?; **cá hiontas duit a bheith tuirseach!** no wonder you're tired!

5 (with prep prons) what?; where?; **cá leis ar bhris tú é?** what did you break it with?; **cá air a bhfuil tú ag caint?** what

are you talking about?; **cá has duit/tú?** where are you from?

6 (with abstract nouns of degree; lenites) how?; **cá mhinice a thagann sé?** how often does he come?; **cá mhéad atá air?** how much does it cost?; **cá fhad atá tú anseo?** how long have you been here?

7 (with fios; eclipses) how?; **cá bhfios duit?** how do you know?

chun (*prep prons = chugam, chugat, chuige, chuici, chugainn, chugaibh, chucu*) (+ *gen*) *prep* to, towards; in order to; for; **chun na scoile** to (the) school; **cur chun farraige** to put to sea; **duine a chur chun báis** to kill sb; to execute sb; **deifriú chun bheith in am** to hurry (in order) to be in time; **ullamh chun foilsithe** ready for publication; **lá maith chun siúlóide** a fine day for a walk; **cúig chun a hocht** five (minutes) to eight; **dul chun donais** to deteriorate; **chuaigh sé chun sochair dom** it benefitted me; **teacht chun tosaigh** to come to the fore; **dul chun cinn a dhéanamh** to make headway; **chun tosaigh** in the lead; **chun go** in order that; **téigh chun réasúin le** to reason with; **is maith chun a chéile** Seán agus Máire John and Mary are well matched; **teacht chun réitigh le** to come to terms with; **dul chun na Róimhe/chun na Fraince** to go to Rome/France

ciainíd *nf2* cyanide

ciall (*gs céille, ds céill*) *nf2* sense; common sense; meaning; interpretation; perception; appreciation; **bheith i do chiall, do chiall a bheith agat** to be in one's senses; to be sober; **bheith as do chiall** to have taken leave of one's senses, be demented; **bheith ar do chiall**

to regain one's senses; to control oneself; **bheith ar chiall na bpáistí** to have no more sense than a child; **gan an chuid is troime den chiall a bheith agat** to have little sense; **gan aon chiall a bheith agat** to have no sense; **teacht ar do chiall, teacht chun céille** to begin to see sense, come to one's senses; **ciall a chur i nduine** to bring sb to his senses; to soothe *or* pacify sb; **dul as do chiall** to take leave of one's senses; **duine a chur as a chiall** to dement sb, drive sb crazy; **ciall a bhaint as rud** to make sense of sth; to interpret sth; **ciall a bheith agat do rud** to have an understanding *or* appreciation of sth; **beag i gciall** foolish, naive; **tá ciall leis sin** that makes sense; (*ironically*) such nonsense!; **tá sé le ciall go ...**, **luonn sé le ciall go ...** it stands to reason that ...; **ciall cheannaithe** hard-won experience; **níl ciall duit ann** it is senseless for you to do so; **rud a chur i gcéill do dhuine** to give sb to understand sth; **cur i gcéill** make believe **ciallaigh** *vt* mean; signify; stand for; imply; (*fig*) spell

ciallmhar *adj* sensible; reasonable
cian¹ (*pl -ta, ds céin, dpl -aibh*) *nf*: **na cianta ó shin** ages ago; **leis na cianta** for ages; in ages; **i gcéin** far away, in the distance; **i gcéin is i gcóngar** far and near; **ó chianaibh** recently • *adj* (*gsm céin, gsf, compar céine*) long; distant; far
cian² *nm4* sadness; **faoi chian** sad, downhearted; **cian a thógáil de dhuine** to cheer sb up; to lift sb's spirits
cian- *prefix* long-distance
cianaosta *adj* primeval
cianghlao *nm4* long-distance call
Cianoirthear *nm1*: **an Cianoirthear** the Far East
cianrialaithe *adj* remote-controlled
cianrialú *nm* remote control
cianta *see* cian
ciap *vt* annoy; harass; (*fig*) torment
ciapadh (*gs ciaptha*) *nm* harassment; torment
ciar (*gsm céir, gsf, compar céire*) *adj* (*hair*)

dark; (*complexion*) dark, swarthy

ciardhuán *nm1* negro

ciaróg *nf2* beetle; **ciaróg dhubh**

cockroach; **ciaróg lín** earwig; **aithníonn**

ciaróg ciaróg eile birds of a feather flock together

Ciarraí *nf4* Kerry

ciarsúr *nm1* handkerchief; **ciarsúr páipéir** paper hankie

cibé *pron* whoever; whatever; whichever;

cibé áit wherever • *adj* any; no matter what; **cibé (ar bith) leabhar** whatever

book; **déan cibé is gá** do whatever is

necessary; **cibé a tharlóidh** whatever

happens; **tabhair leat cibé leabhar is**

fearr leat take whichever book you

prefer; **cuir ceist ar cibé duine is mian**

leat ask whoever you like; **cibé acu a**

d'fhan sé nó a d'imigh sé whether he

stayed or he left; **cibé ar bith** anyhow;

cibé scéal anyhow

cic (*pl ~eanna*) *nm4* kick; **cic saor** free kick

ciceáil *vt, vi* kick

ciclipéid *nf2* encyclop(a)edia

cifleog *nf2* rag, tatter

cigil (*pres ciglónn*) *vt, vi* tickle

cigilt *nf2* tickle; **cigilt a bheith ionat** to be ticklish

cigilteach *adj* (*person*) ticklish; (*question*) delicate, touchy

cigire *nm4* inspector

cigireacht *nf3* inspection

cíle *nf4* keel

cileagram *nm1* kilogram(me); **30 pingin** an cileagram 30p a kilo; **cileagram plúir** a kilo of flour

cileavata *nm4* kilowatt

cílí *nm4* chil(l)

cilibheart *nm1* kilobyte

cilichíogal *nm1* kilocycle

ciliméadar *nm1* kilometre; **10**

gciliméadar san uair 10 km an hour;

faoi chiliméadar de within a kilometre of

cill¹ (*pl cealla, gpl ceall*) *nf2* (*also BIOL, ELEC*) cell

cill² *nf2* church; graveyard, cemetery; **cill agus tuath** Church and State

Cill Chainnigh *nf* Kilkenny

Cill Dara *nf* Kildare

cillín *nm4* (*in prison*) cell

Cill Mhantáin *nf* Wicklow

cime *nm4* captive; prisoner, inmate

Cincís *nf2*: an Chincís Pentecost

cine (*pl ciníocha*) *nm4* race; people; an

cine daonna humanity, mankind

cineál *nm1* (*pl ~acha*) kind; variety; sex, gender; species • *adv* somewhat; an

cineál sín amhráin that kind of song; a **chineál féin** his own kind; an **dá chineál**

both sexes; an **cineál ainmhióch** the

animal world; **cineál mall/trom**

somewhat late/heavy; **cineál a**

dhéanamh ar dhúine to do sb a

kindness; to give sb a treat; **teacht chun**

cineáil to develop to maturity; to

flourish; **rud a thabhairt chun cineáil** to

make sth fruitful or prosperous; (*land*) to

make productive

cineálta *adj* kind; mild

cineáltas *nm1* kindness

cinedheighilt *nf2* apartheid

cinéiteach *adj* kinetic

ciniceas *nm1* cynicism

cinicí *nm4* cynic

ciniciúil *adj* cynical

ciníoch (*gsm ciníoch*) *adj* racial; ethnic; racist

ciníocha *see cine*

ciníochaí *nm4* racist

ciníochas *nm1* racism

cinn *vt, vi*: **cinn (ar)** decide (to);

determine (that)

cinneadh *nm1* decision; (*LAW*) findings; **ní**

fúmsa atá sé cinneadh a dhéanamh it

is not for me to decide; **tá sé cinnte orm**

sin a dhéanamh I am unable to do that

cinniúint (*gs cinniúna*) *nf3* destiny; fate;

chance; **chuir sé cor i mo chinniúint** it

changed my life

cinniúnach *adj* fateful; fatal; momentous

cinnte *adj* certain, sure; positive; definite;

decided; **tá sí cinnte de** she is certain of

(it); **cinnte!** certainly!; **cinnte le Dia**

surely to God; **chomh cinnte is atá tú**

beo as sure as you're alive; **is cinnte**

(féin) **go** there is no doubt that; **déanamh cinnte go** to make sure that
cinnteacht *nf3* certainty
cinntigh *vt* ensure; make certain; ascertain; confirm; **dáta a chinntiú le duine** to confirm a date with sb
cinntithe *adj* confirmed
cinntitheach *adj* decisive
cinntiú (*gs cinntithe*) *nm* confirmation
cinsire *nm4* censor
cinsireacht *nf3* censorship
ciobar *nm1* grime, dirt
cióch *nf2* breast; **an chíoch a thabhairt do (leanbh)** to breastfeed
ciócbheart *nm1* bra, brassière
ciocrach *adj* eager; hungry; **léitheoir cíocrach** voracious reader
ciocras *nm1* craving; greed; eagerness; hunger; **ciocras ruda a bheith ort** to have a craving for sth; **ciocras tobac** craving for tobacco; **ciocras fola** bloodthirstiness
ciolar *nf*: **ciolar chiot a dhéanamh de rud** to make a shambles of sth; **ciolar chiot a dhéanamh de dhuine** to knock the stuffing out of sb; to make sb look foolish
ciombal *nm1* cymbal
cion¹ (*gs ceana*) *nm3* love; affection; effect; **ainm ceana** pet name; **cion a bheith agat ar dhuine** to care about sb; **dul i gcion** to take effect; **focal a chur i gcion** to drive home a statement; **cion croí a dhéanamh le duine** to embrace sb
cion² *nm4* share; **do chion féin a dhéanamh** to pull one's weight
cion³ (*gs -a, pl -ta*) *nm3* offence
ciondáil *nf3, vt* ration
cionmhaireacht *nf3* proportion, share
cionmhar *adj* proportional; **ionadaíocht chionmhar** proportional representation
cionn *see ceann*
cionsiocair (*gs cionsiocrach, pl cionsiocra*) *nf* genesis; root cause
cionta *see cion³*
ciontach *nm1* offender, culprit • *adj* guilty; **bheith ciontach i** to be guilty of
ciontacht *nf3* guilt

ciontaí *n*: **eisean is ciontaí** he is to blame
ciontaigh *vt, vi* blame, accuse; convict; transgress; **ciontaigh thú féin** own up
ciontóir *nm3* offender
ciontú (*gs ciontaithe*) *nm* (LAW) conviction
ciór *nf2* comb • *vt* comb; examine closely; discuss; **ciór mheala** honeycomb; **ciór thuathail** mayhem, turmoil; **tá an chathair ina ciór thuathail** the city is in turmoil; **do chuimhne a chíoradh** to rack one's brains
ciórach *adj* serrated
cióradh (*gs cíortha*) *nm* combing; discussion; examination; hair pulling; **bhí siad ag cióradh a chéile** they were pulling each other's hair out
ciordac *nm1* (ELEC) circuit
ciortal *nm1* circle
ciortalach *adj* circular
ciortaláigh *vt* circle, encircle; surround
ciortalán *nm1* circular
ciortaláil *vt* (area) comb
ciorraigh *vt* cut; hack; maim
ciorrú *nm* cutback
ciós (*pl -anna*) *nm3* rent, rental; hire; **carr a fháil ar ciós** to hire a car; **teach a ligean ar ciós** to let a house; **ciós dubh** extortion
ciotach *adj* left-handed; awkward, clumsy; inconvenient
ciotaí *nf4* hassle, inconvenience
ciotóg *nf2* left hand; (person) left-hander
ciotógach *adj* left-handed
ciotrúnta *adj* clumsy; obstinate
cipín *nm4* twig; match; **cipín a lasadh** to strike a match; **ar cipíní** in suspense; **cipíní iteacháin** chopsticks
Cipir *nf2*: **an Chipir** Cyprus
Cipireach *adj, nm1* Cypriot
circe *see cearc*
circeoil *nf3* (food) chicken
círreib (*pl -eacha*) *nf2* riot; uproar
círreibeach *adj* riotous
círíreach *adj* (face) flushed
cís *nf2* basket; crate; handicap; **cis a chur ar dhuine** to handicap sb; (SPORT) to penalize sb
ciseach *nf2*: **ciseach a dhéanamh de rud**

to make a mess of sth
ciseán *nm1* basket
cispheil *nf2* basketball
cist *nf2* cyst
ciste *nm4* fund; kitty; treasure; treasury;
ciste pinsean/rúnda pension/slush fund
císte *nm4* cake
cisteog *nf2* casket
cisteoir *nm3* treasurer
cistin (*pl* ~eacha) *nf2* kitchen; **aonad**
cistin kitchen unit
citeal *nm1* kettle; **an citeal a chur síos** to
 put the kettle on
cith (*gs ceatha, pl ceathanna*) *nm3*
 shower; **cith fearthainne** a shower of
 rain
cithfholcadán *nm1* (*in bathroom*) shower
cithfholcadh (*gs cithfholctha, pl*
cithfholcthaí) *nm* shower(ing);
cithfholcadh a bheith agat to have or
 take a shower
cithréim *nf2* deformity; **cithréim a**
bhieth ort to be deformed or maimed
citreas *nm1* citrus; **toradh citris** citrus
 fruit
ciú (*pl* ~*nna*) *nm4* queue
ciúb (*pl* ~*anna*) *nm1* cube; **ciúb**
oighir/stoic ice/stock cube
ciúbach *adj* cubic; **troigh chiúbach** *etc*
 cubic foot *etc*
ciúbaigh *vt* (*MATH*) cube
ciúin *adj* calm, tranquil; quiet, silent
ciumhais (*pl* ~*eanna*) *nf2* border, edge;
 (*of page*) margin; (*of road*) kerb
ciúnadóir *nm3* (*AUT, on gun*) silencer
ciúnaigh *vt* calm (down); die down
ciúnas *nm1* silence, hush; calm, quiet
ciúta *nm4* turn of phrase; wisecrack
clabaireacht *nf3* chitchat
clábar *nm1* mud
clabhstra *nm4* cloister
clabhsúr *nm1* closure; **an clabhsúr a chur**
ar rud to bring sth to a close, complete
 sth
cladach *nm1* shore, seashore
cladaigh *n gen as adj* inshore
cladhaire *nm4* coward; villain
cladhartha *adj* spineless, cowardly

clag *vt, vi* (*rain*) clatter, pelt
clagarnach *nf2* clattering; clatter
cláí (*pl* ~*ocha*) *nm4* wall; fence, barrier;
cláí teorann boundary wall; **cláí cloch**
 stone wall
claibín *nm4* lid; (*of bottle etc*) top, cap
claidhreach *nf3* cowardice
claifort *nm1* embankment
claíomh (*pl claimhte*) *nm1* sword;
claíomh cosanta champion, defender
clairéad *nm1* claret
cláiríneach *adj, nm1* cripple
cláirnéid *nf2* clarinet
cláirseach *nf2* harp
clais (*pl* ~*eanna*) *nf2* channel; ditch; pit;
 furrow
claisceadal *nm1* choral singing; choir
clamhach *adj* mangy
clamhair *vt* maul
clamhán *nm1* buzzard
clamhsán *nm1* complaint, grumble;
bheith ag clamhsán complaining
clamhsánach *adj* querulous; grumbling
clampa *nm4* clamp
clampaigh *vt* clamp
clamprach *nm1* commotion, uproar
clamprach *adj* noisy; disorderly, rowdy
clampróir *nm3* troublemaker
clann *nf2* children; offspring; family; **triúr**
clainne three of a family; **bheith ag súil**
le duine clainne to be expecting; **tá sí**
ag iompar clainne she is pregnant;
pleanáil chlainne family planning;
clann clainne grandchildren
claochladán *nm1* transformer
claochlaigh *vt* change; deteriorate;
 transform
claochlaitheach *adj* variable
claochlú *nm* change
claon *nm1* (*pl* ~*ta*) slope, incline;
 tendency, inclination; perversity ♦ *adj*
 inclined; reclining; perverse ♦ *vt, vi*
 incline; decline; **claon or claonadh a**
bheith agat le rud to have a partiality
 for sth; **tá an claon ann** he is perverse
 by nature; **claon ar** prone to, tending to;
breithiúnas claon perverse judgement;
do cheann a chlaonadh to bow one's

claon-

head; **chlaon a neart** his strength declined; **an fhírinne a chlaonadh** to pervert the truth; **claon le** take to, incline to; **claon ó** deviate from

claon- *prefix* oblique

claonadh (*gs* **claonta**) *nm* inclination; tendency, trend; perversion; prejudice, bias; **claonadh a bheith agat le rud a dhéanamh** to be inclined to do sth

claonchló *nm4* (*PHOT*) negative **claonta** *adj* bias(s)ed, prejudiced

clapsholas *nm1* twilight; dusk

Clár *nm1*: **an Clár** Clare

clár *nm1* board; plank; table (of contents);

menu; programme; (*RADIO, TV, for interview, exams*) panel, register; lid • *vt*

table; **clár ábhair** table of contents; **clár**

ama timetable; **clár comhardaithe**

balance sheet; **clár dubh** *or* **cailce**

blackboard; **clár éadain** forehead; **clár**

faisnéise documentary; **clár fichille**

chessboard; **clár fógraí** notice board; **clár**

fónála isteach phone-in; **clár leantach**

(*programme*) sequel; **clár na mionn**

witness box; **clár oibre** agenda; **clár**

sciorta skirting board; **clár urláir**

floorboard; **clár ionstraimí** instrument

panel; **clár scátála/toinne** skateboard/

surfboard; **ar an chlár** in the game;

rinneadh cláir den bhád the boat was

smashed to pieces; **an clár is an**

foireann a fhágáil ag duine to leave sb

to it; to clear off completely

cláraigh *vt, vi* register, record; enrol

cláraithe *adj* (*letter, parcel*) registered

cláraitheoir *nm3* registrar

clárfhiacail *nf2* front tooth

clárlann *nf2* registry (office)

clárlú *nm* registration

clasaiceach *adj* classic(al)

clásal *nm1* clause

claspá *nm4* clasp

clástrafóibe *nf4* claustrophobia

clé *nf4* left hand • *adj, adv* left; **ar clé, faoi**

chlé on the left; **an eite chlé** (*POL*) the

Left; “**ná castar ar chlé**” “no left turn”

cleacht *vt* make a habit of; practise;

frequent; (*THEAT*) rehearse

418

cleithiúnas

cleachta *adj*: **bheith cleachta le** to be used to

cleachtadh (*pl* **cleachtaí**) *nm1* habit; (work) experience; exercise; practice, rehearsal; **as cleachtadh** out of practice; **cleachtadh deiridh** dress rehearsal;

cleachtaí leasúcháin remedial exercises

cleachtas *nm1* practice

cleachtóir *nm3* practitioner

cleamhnas *nm1* match; relationship by

marriage; **cleamhnas a dhéanamh**

le/idir to arrange a marriage

with/between; **bheith i gcleamhnas le**

duine to be related to sb by marriage

cleas (*pl* **~a**) *nm1* trick; joke, prank; (*in film*) stunt; ploy; **cleas a imirt ar** to play a joke on; **cleas cártaí** (*CARDS*) trick; **cleas**

magaidh (practical) joke; **cleasa lúith**

athletics

cleasach *adj* artful, tricky; crafty, cunning

cleasaí *nm4* trickster

cleasaíocht *nf3* trickery

cleasghleacaí *nm4* acrobat

cleatar *nm1* clatter, rattle

cleathóg *nf2* (*snooker*) cue

cléibh *see* **cliabh**

cléir *nf2* clergy

cléireach *nm1* clerk; altar boy; **cléireach**

siopa sales clerk

cléite *adj* clerical

cleite *nm4* feather; **bhí a chleití síos le**

Seán John was crestfallen; **níor**

baineadh cleite as he emerged

completely unscathed; **chluinfeá cleite**

ag titim you could have heard a pin drop

cleiteán *nm1* (*for painting*) brush

cleitearnach *nf2* (*of wings*) flutter;

cleitearnach a dhéanamh (*bird*) to

flutter

cleith *nf2* wattle; stave, pole; **d'imigh sé**

idir cleith is cosain he had a narrow

escape

cléithe *see* **cliath**

cléithín *nm4* splint

cleithiúnach *adj* dependent

cleithiúnaí *nm4* dependant

cleithiúnas *nm1* dependence; **i**

gcleithiúnas duine depending on sb

cleithmhagadh

cleithmhagadh *nm1* teasing
ciabh (*gs, pl cléibh*) *nm1* chest; bosom; panier basket; **cara cléibh** bosom friend
ciabhán *nm1* cradle; **ciabhán iompair** carrycot
cliabhrach *nm1* chest
ciamhain (*pl -eacha*) *nm4* son-in-law
cliant *nm1* client
cliantacht *nf3* clientele
cliarlathas *nm1* hierarchy
cliarcoil *nf2* seminary
cliath (*gs cléithe*) *nf2* (*SPORT*) hurdle; (*in sock*) darning; (*MUS*) stave, staff; **cliath a chur ar rud** to darn sth
cliathán *nm1* flank, side; (*SPORT*) wing; **cliathán** (*THEAT*) wings; **teacht le cliathán + gen** to come alongside
cliathánaí *nm4* (*SPORT*) winger
cliathbhosca *nm4* crate
clib *nf2* tag
clibirt *nf2* (*RUGBY*) scrum(mage)
cling *nf2* (*pl -eacha*) (*noise*) ping; clink; ring; jingle • *vi* ping; clink; ring; jingle
clinic *nm4* clinic; **clinic réamhbhreithe** antenatal clinic
clinicíúil *adj* clinical
cliobóg *nf2* filly; **cliobóga a chaitheamh** to play leapfrog
clíoma *nm4* climate
clis *vi* jump; fail; **cliseadh as do shuan** to wake up with a jump; **chlís an carr** the car broke down; **cliseadh ar dhuine** to let sb down; **chlís an chuimhne orm** my memory failed me; **chlís uirthi sa scrúdú** she failed the exam
cliseadh (*gs cliste*) *nm* jump, start; collapse; (*AUT, MED, fig*) breakdown; (*mechanical etc*) failure; **cliseadh cumhachta** power failure; **cliseadh néarógach** nervous breakdown
cliste *adj* clever, smart, intelligent
clisteacht *nf3* intelligence
cliúsaí *nm4* flirt
cliúsaíocht *vi* flirting; **bheith ag cliúsaíocht** to flirt
cló (*pl -nna*) *nm4* form, shape; appearance, look; (*letters*) print; (*TPP*) type; as **cló** out of print; **cló iodálach**

clóiséidín

italics; **i gcló duine** in human form; **rud a chur i gcló** to print sth
cló-aghaidh *nf2* typeface
clóbh *nm1* (*CULIN, spice*) clove
clóbhuail *vt* print
clóca *nm4* cloak
cloch *nf2* stone; **cloch chora** stepping stone; **cloch dhomlais** gallstone; **cloch duirlinge** cobble; **cloch mhíle** milestone; **cloch thine** flint; **clocha sneachta** hail(stones); **croí cloiche** heart of stone; **cúig chloch prátaí** five stone of potatoes
clochán *nm1* causeway
clochar *nm1* convent
clódóir *nm3* printer
clódóireacht *nf3* printing
clog *nm1* clock; bell; (*in kitchen etc*) timer; **clog rabhaidh** alarm clock; **clog gréine** sundial; **7 a chlog ar maidín** 7 o'clock in the morning
clogad *nm1* helmet; **clogad cosanta** crash helmet
clogáil *vi*: **clogáil isteach/amach** to clock in/out
clogás *nm1* belfry
cloicheán *nm1* prawn; **cloicheán fhriochta** scampi
cloigeann (*pl cloigne*) *nm1* head; **bheith éadrom sa cloigeann** to be impetuous; **an cloigeann a chur le peil** to head a ball
clóigh¹ *vt* overpower, overwhelm; subdue; defeat; (*thirst*) quench
clóigh² *vt*: **clóigh le** adhere to; stay by
clóigh¹ *vt* print; **clóigh le stionsal** stencil
clóigh² *vt*: **clóigh le** adapt to, adjust to; accustom to
cloigín *nm4* bell; **cloigín dorais** doorbell
cloigne *see* cloigeann
cloigtheach (*gs cloigthí, pl cloigthithe*) *nm* belfry
clóire *nm4* printer
clóirín *nm4* chlorine
clois (*past chuala, vn -teáil*) *vt, vi* hear; **ní chloisim thú** I can't hear you; **torann a chloisteáil** to hear a noise
clóis *n gen as adj* (*animal*) domestic
clóiséad *nm1* cabinet, closet
clóiséidín *nm4* pigeonhole

cloíte

cloíte *adj* exhausted; feeble; defeated; (*deed*) base

clónna *see* **cló**

clord *nm1* gangway

clós *nm1* (of house etc) yard

clóscríbhinn *nf2* typescript

clóscríbhneoireacht *nf3* typing, typewriting

clóscríobh *vt* type

clóscríobhaí *nm4* typist

clóscríobhán *nm1* typewriter

clóscríofa *adj* typewritten

clú *nm4* reputation; fame; credit; **an clú a bheith amuigh ort go** to be reputed to be; **clú a thabhuí duit/do rud** to gain a reputation for o.s./sth; **clú na tíre a sheasamh** to uphold the honour of one's country; **droch-chlú a chur ar dhuine** to defame sb; **bhí sé de chlú air go ...** he was reputed to be ...; **is maith or mór an clú duit é** it is great credit to you

cluain *nf3* deception; persuasion; **cluain a chur ar dhuine** to deceive sb; to seduce sb

cluaisín *nm4* tag, tab; **cluaisín cait** (*on page*) dog ear

cluanaire *nm4* deceiver; flatterer

cluas *nf2* ear; (*of cup etc*) handle; (*CYCLING*) handlebar; **cluas ghéar a thabhairt do rud** to listen attentively to sth; **cluas le héisteacht a chur ort féin** to prick up one's ears; to listen attentively; **rud a ligean thar do chluasa** to disregard sth

cluasáin *mpl1* earphones, headphones

cluasán *nm1* earring

club (*pl* ~anna) *nm4* club; **club oíche/óige/sóisialta** night/youth/social club

clubtheach *nm* clubhouse

clúdach *nm1* cover; envelope; (*of book*) jacket; **clúdach cruá/páipéir** hardback/paperback; **clúdach pilliúr** pillowcase

clúdaigh *vt* cover, wrap

cluiche *nm4* game; match; **cluiche a imirt** to play a game; **cluiche a bhaint** to win a game; **cluiche peile** game of football;

cluiche cártaí game of cards; **cluiche**

420

cnaipe

ceannais (*SPORT*) final; **cluiche ceannais na hÉireann** the All-Ireland (Final);

cluiche

ceathrúcheannais/leathcheannais quarter final/semifinal; **na Cluichí Oilimpeacha** the Olympic Games, the Olympics

clúid (*pl* ~eacha) *nf2* nook; corner; chimney-corner; **do chlúid féin** one's own home

clúidín *nm4* nappy

cluimhreach *nf2* feathers

cluimhriugh *vt* (*feathers*) pluck; preen **cluín** (*vn* ~stin, *vadj* ~te, *past* chuala) *vt, vi* hear; **níor chuala mé é** I didn't hear him; **cluín Dia sinn!** Lord preserve us!

clúiteach *adj* well-known; celebrated, renowned

clúmh *nm1* feathers; down; (*of animal*) coat; (*on body*) hair

clúmhach *nm1* (*on jacket, carpet*) fluff • *adj* fluffy; (*animal etc*) furry; **éirí**

clúmhach to go mouldy

clúmhillleadh (*gs* **dúmhillte**) *nm* slander

clúmhuil *adj* mildewed; mo(u)ldy

clupaid *nf2* (*in fabric*) fold

cluthar *adj* snug

clutharaigh *vt* make comfortable; (*news*) hush up; **tú féin a chlutharú** to wrap up well

clutharaithe *adj* well wrapped up

cnádaí *nm4* runt

cnádánach *adj* (*person*) disagreeable

cnag *nm1* knock, blow; (*sound*) crack,

crunch • *vt* knock, strike; thump;

crunch; **cnag a bhualadh ar dhoras** to knock on a door

cnagadh (*gs* **cnagtha**) *nm* knocking; striking; crunching, cracking

cnagaosta *adj* elderly

cnagarnach *nf2* crunch; crackle, rattle;

bheith ag cnagarnach to crackle

cnagbhruite *adj* (*CULIN*) parboiled

cnaigh *vt, vi* gnaw; corrode

cnáimhseach *nf2* midwife

cnáimhseáil *vi*: **bheith ag cnáimhseáil** to grumble, complain

cnaipe *nm4* button; bead; **cnaipe a**

scaoileadh to relieve o.s.; **tá a chnaipe déanta** he is done for or kaput
cnámh *nf2* bone; **duine a fheannadh go dtí na cnámha** to flay sb to the bone; to severely castigate sb; **nuair a théann an chúis go cnámh na huillinne** when it comes to the crunch; **cnámh droma/grua/smiolgaáin** backbone/cheekbone/collarbone; **lom chnámh na fírinne** the plain truth; **cnámha scéil** (*of story*) bare bones
cnámhach *adj* bony
cnámharlach *nm1* skeleton
cnap (*pl* ~anna) *nm1* lump; heap; (dense) mass; (*of butter*) knob; **cnap airgid** heap of money; **cnap scamall** mass of clouds; **thit sé ina chnap codlata** he fell fast asleep
cnapach *adj* lumpy, bumpy
cnapán *nm1* lump, bump
cnapsac *nm1* knapsack
cnapshiúcra *nm4* lump sugar
cnapshuim *nf2* lump sum
cneá (*pl* ~cha) *nf4* sore, wound
cnead (*pl* ~anna) *nf3*, *vi* pant; gasp; groan
cneáigh *vt* wound
cneámhaire *nm4* rogue, crook
cneas (*pl* ~a) *nm1* skin
cneasai *vt*, *vi* heal
cneasta *adj* mild; sincere; decent; (*weather*) calm
cneastacht *nf3* sincerity; mildness, gentleness; decency
cníog *nm4* rap, tap; blow
cníogóg *nf2* tap
cníotáil *vt*, *vi* knit • *nf3* knitting
cnó (*pl* ~nna) *nm4* nut; **cnó capaill** (horse) chestnut
cnoc *nm1* hill; mountain; **cnoc ailse** malignant tumour; **cnoc oighir** iceberg
cnocach *adj* hilly
cnocadóireacht *nf3* hillwalking
cnoga *nm4* peg; (*ELEC, COMPUT*) head
cnóire *nm4* nutcracker
cnuasach *nm1* collection; (*of artist*) portfolio
cnuasai *vt* collect; store
cnuasainm (*pl* ~neacha) *nm4* (*LING*)

collective noun
Cóc *nm4* Coke ®
cóc *nm1* coke
cocáil *vt* cock; **gunna a chocáil** to cock a gun
cocaire *nm4* cocky or cheeky person
cócaire *nm4* cook
cócaireacht *nf3* cooking; **an chócaireacht a dhéanamh** to do the cooking
cócaireán *nm1* cooker
cocán *nm1*: **cocán róis** rosebud
cócaon *nm1* cocaine
cócaráil *nf3* cooking
cóch *nm1* squall
cochall *nm1* hood; cowl; (*of plant*) pod
cochán *nm1* straw
cochnaí *nm4* cockney
cócó *nm4* cocoa; **cnó cócó** coconut
cód *nm1* code; **cód diallithe** dialling code; **cód poist** postcode, zip code (*US*)
coda *see* cuid
codail (*pres* codlaíonn) *vi* sleep; **codladh go headra** to sleep in, oversleep
codán *nm1* fraction
codanna *see* cuid
codarsnach *adj* opposite, contrary
codarsnacht *nf3* antithesis; opposite
codladh (*gs* codlata) *nm3* sleep; **bheith i do chodladh** to be asleep; **dul a chodladh** to go to sleep; **codladh a bheith ort** to be sleepy; **dul thar do chodladh** to go past one's sleep; **bheith idir do chodladh i do mhúscailt** to be half asleep; **an codladh a bhaint díot féin** to dispel one's tiredness; **thit a codladh uirthi** she nodded off; **codladh glíuragáin** pins and needles; **codladh faoin spéir** to sleep rough
codlaidín *nm4* opium
codlaíonn *see* codail
codlata *see* codladh
codlatach *adj* sleepy; drowsy; dormant
cófra *nm4* press; chest; **cófra tarraiceán** chest of drawers
cogadh (*pl* cogaí) *nm1* war; warfare;
cogadh a chur (ar) to make war (on);
cogadh cathartha civil war; **Cogaí** *na*

cogain

Croise (*HIST*) The Crusades
cogain (*pres cognaíonn*) *vt, vi* chew;
gnaw; grind; **na fiacla a chogaint** to
grind one's teeth
cógaiseoir *nm3* pharmacist
cogar *nm1* whisper; **rud a rá i gCogar**
(*le*) to whisper sth (to); **cogar an**
phillúir pillow talk; **cogar mé seo (leat)**
tell me now confidentially
cogarnach *nf2*: **bheith ag cogarnach**
whispering
cógas *nm1* medication; medicine
cógaslann *nf2* pharmacy
cognaíonn *see cogain*
coguas *nm1* soft palate; cavity
coibhéis *nf2* equivalent
coibhéiseach *adj* equivalent
coibhneas (*pl ~a*) *nm1* relationship; ratio;
proportion
coibhneasta *adj (also LING)* relative;
comparative
coicís *nf2* fortnight
coicísíúil *adj* fortnightly
coigeal *nf2 (for water)* narrow channel
coigeartaigh *vt* adjust
coigeartú *nm* adjustment
coigil (*pres coiglíonn*) *vi* save (up),
economize • *vt* save (up); (*fire*) bank up
coigilteach *adj* economical
coigilteas *nm1* economy, thrift; saving
coigistigh *vt* confiscate
coigríoch *nf2* foreign parts; **ar an**
gcoigríoch abroad
coileach *nm1 (rooster)* cock, rooster; male
bird; **coileach gaoithe** weathercock
coileáinín *nm4* puppy
coileán *nm1* pup
coiléar *nm1* collar
coilí *nm4* collie
coiliceam *nm1* colic
coilíneach *adj* colonial • *nm1* colonist
coilíneachas *nm1* colonialism
coilíneacht *nf3* colony
cóilis *nf2* cauliflower
coill (*pl ~te*) *nf2* forest; wood
coill? *vt (cat etc)* neuter; (*sanctuary, law*)
violate
coillteach *adj* wooded

422

coimircí

coim *nf2* waist; middle; cover; **faoi choim**
under cover, in secret; **faoi choim na**
hoíche under cover of darkness
coimeád *nm (gs ~ta)* observance,
adherence; maintenance; detention • *vt*
keep; observe; adhere to; maintain;
detain; **na rialacha a choimeád** to keep
the rules; **do ghealltanas a choimeád** to
keep one's promise; **príosúnach a**
choimeád to guard a prisoner; **rud a**
choimeád duit féin to keep possession
of sth; **cuntas a choimeád** to keep an
account; **páistí a choimeád i ndiaidh**
am scoile to detain children after
school; **páistí a choimeád ón scoil** to
keep children back from school
cóiméad *nm1* comet
coimeádach *adj, nm1* conservative;
Coimeádach (*POL*) Conservative
coimeadaí *nm4* keeper
coimeádán *nm1* container, holder
coimeáil *nf3 (fitting together)* assembly
• *vt (parts)* assemble
coimeíde *nf4* comedy
cóimheá *nf4* balance
coimhead (*gs ~ta*) *nm* guard, watch;
observation • *vt, vi (match, tv etc)* watch;
observe, spy on; guard; be careful (of),
watch out (for)
coimheadaí *nm4* observer
coimheascar *nm1* combat
cóimhiotal *nm1* alloy
coimhlint *nf2* competition, contest;
rivalry; **bheith ag coimhlint le duine (le**
haghaidh + gen) to compete with sb (for)
coimhlinteach *adj* competitive
coimhthíoch *nm1* foreigner; alien;
stranger, outsider • *adj* alien; foreign;
strange, unfamiliar; (*food*) exotic;
(*person*) distant
coimhthíos *nm1* shyness; alienation;
coimhthíos a dhéanamh le duine to
make strange with sb
coimín *nm4* common (land)
coimirce *nf4* protection; patronage
coimirceoir *nm3* guardian; patron;
sponsor
coimircí *nm4 (LAW)* ward

coimisinéir *nm3* commissioner
coimisiún *nm1* commission
coimisiúnaigh *vt* commission
coimpléasc *nm1* complex, fixation; constitution
coimre *see* comair
coimrigh *vt* sum up, summarize
coimrith *adj* abbreviated, shortened
coimriú *nm* abstract
coimbhearta *nm4* converse
coimbhinsiún *nm1* convention
coimbhinsiúnach *adj* conventional
coimbhint *nf2* convent
coinceap (*gs, pl -a*) *nm3* concept
coincleach *nf2* mildew; (blue) mould
coincréit *nf2* concrete; **coincréit threisithe** reinforced concrete
coincréiteach *adj* (*floor etc*) concrete
cóineartaigh *vt* (*REL*) confirm
cóineartú *nm* (*REL*) confirmation
coineascar *nm1* twilight, dusk
coinfítí *nm4* confetti
coinicéar *nm1* (*of rabbits*) warren
coinín *nm4* rabbit
coinealach *nm1*: **coinealach féasóige** (*beard*) stubble
coinlín *nm4*: **coinlín reo** icicle
coinne *nf4* appointment; date; **faoi choinne** + *gen* for; **i gcoinne** + *gen* opposed to; **cur i gcoinne** + *gen* to object to; **os coinne** + *gen* in front of; **gan choinne** unexpectedly; **os a choinne** *sin* on the other hand
coinneáil *nf3* retention; (*scól*) detention; (*rule*) observance; **le coinneáil** for keeps
coinneal (*gs, pl coinnle*) *nf2* candle; **solas coinnle** candlelight; **coinnle corra** bluebells
coinnealach *adj* retentive; **cuimhne choinnealach** retentive memory
coinnealbhá *nm4* excommunication
coinnigh *vt* keep, maintain; hold (onto); retain; detain; (*hotel, house*) run; (*holiday*) observe; **deoch a choinneáil le duine** to ply sb with drink; **coinnigh greim ar an téad** hold onto the rope; **cuntas a choinneáil (ar)** to keep an account (of); **cúl a choinneáil ar dhuine**

to hold sb back; **do fhocal a choinneáil** to keep one's word; **súil a choinneáil ar** to watch, observe, monitor; **coinnigh ort (ag caint)** keep on (talking); **coinneáil le rud** to keep at sth; **coinneáil ó** to refrain from; **rud a choinneáil siar** to withhold sth
coinníoll (*pl -acha*) *nm1* condition, requirement; pledge, honour; (*COMM*) term; **ar choinníoll (go)** provided (that); on condition (that)
coinníollach *adj* conditional
coinnle *see* coinneal
coinnleoir *nm3* candlestick; **coinnleoir craobhach** chandelier
coinsríofach *nm1* conscript
coinséartó *nm4* concerto
coinsias *nm3* conscience; **broideadh coinsiasa** a twinge of conscience
coinsiasach *adj* conscientious
coinsíneacht *nf3* consignment
coinsínigh *vt* consign
coinsíniú *nm* consignment
cointinn *nf2* contention
cointinneach *adj* quarrelsome
coip *vt, vi* ferment; foam; (*CULIN*) whip; **bhí a chuid fola ag coipeadh** his blood was boiling
cóip (*pl -eanna*) *nf2* copy; **cóip a dhéanamh de rud** to make a copy of sth; **cóip Xéireacs** photocopy
cóipcheart (*pl -a*) *nm1* copyright
coipeach *adj* frothy, foamy
coipeadh (*gs coilpthe*) *nm* foam; froth; (*of soap etc*) lather
cóipeáil *nf3* copying
cóipleabhar *nm1* copybook; jotter, exercise book
coipthe *adj* (*sea*) choppy; *see also* coipeadh
coir (*pl -eanna*) *nf2* crime, offence; (*on person*) harm; **coir a dhéanamh** to commit a crime; **duine gan choir** a harmless person; **níl coir inti** she is harmless
cóir *nf3* (*pl córacha*) justice; due, share; accommodation; gear, equipment; favourable wind • *adj* (*gsm cóir, gsf, pl*

compar córa) just; proper; honest; **an cóir a dhéanamh** to do what is just; **cóir mhaith a chur ar aoí** to treat a guest well; **cóir chodlata** sleeping accommodation; **tá an chóir leo** the wind is with them; (**de or a**) **chóir an dorais** near the door; (**de**) **chóir a bheith réidh** nearly ready; **an chóir** the wherewithal; **praghas cóir** fair price; **mar is cóir** properly; **thar an chóir** over the limit; **ba chóir dom dul** I should go/have gone; **cóir a chur ar rud** to fix sth

coirce *nm4* oats

coirceog *nf2* beehive; hive; cone

coirdial *nm1* cordial

coire *nm4* cauldron; boiler; pit; **coire guairneáin** whirlpool

Cóiré *nf4*: **an Chóiré** Korea; **an Chóiré Thuaidh/Theas** North/South Korea

coireach *nm1* offender

cóireáil *nf3* (*MED*) treatment; **cóireáil mhíochaine** medical treatment

coiréal *nm1* coral

coireanna *see coir*

cóirigh *vt, vi* fix, mend; (*music*) arrange; (*wound*) dress; (*food*) prepare; (*hair*) do; (*person*) dress (up); **tú féin a chóiriú** to dress up; **leaba a chóiriú** to make a bed

cóiríocht *nf3* accommodation; equipment, facilities

cóirithe *adj* tidy; fixed; (*person*) done up; *see also cóiriú*

cóiriú (*gs cóirithe*) *nm* repair; (*MED*)

dressing; (*MUS*) arrangement; **cóiriú bróg** shoe repairs

cóiriúil *adj* favourable; suitable

coirloscadh (*gs coirloiscthe*) *nm* arson

coirm (*pl ~eacha*) *nf2* party; **coirm cheoil** concert

coirnéad *nm1* (*MUS*) cornet

coirnéal *nm1* corner; colonel; **coirnéal caoch** blind corner

coirín *nm4* (*in hair*) curl; (*decorative*) bead; **coiríní a chur i gcuid gruaige**

duine to curl sb's hair

coiríníneach *adj* curly

coirpeach *nm1* criminal; villain

coirt (*pl ~eacha*) *nf2* coating, scum; (*of tree*) bark; (*in kettle etc*) fur

cois *see cos*

coisbheart (*pl ~a*) *nm1* footwear

coisc (*vn cose*) *vt, vi* prevent; prohibit; stop; (*emotion*) restrain; (*tide*) stem; (*FIN*)

freeze; (*AUT*) brake; **rud a chosc** to prohibit sth; **duine a chosc ar rud a dhéanamh** to prevent sb from doing sth

coiscéim (*pl ~eanna*) *nf2* (foot)step, pace; **ar do choiscéim** while passing; **coiscéim ar choiscéim le** step for step with; **do choiscéim a ghéarú** to quicken one's

step; **filladh ar do choiscéim** to retrace one's steps

coisín *nm4* contraceptive

coiscriú *nm* disturbance; alarm; **coiscriú a chur faoi dhuine** to disturb sb

coisctheach *adj* preventive; deterrent

coisear *nm1* kosher; **bia coisir** kosher food

coisí *nm4* pedestrian; (*MIL*) infantryman

coisíocht *nf3* walking

coisir *nf2* party; banquet; **gorta nó coisir** feast or famine; **coisir mhanglain**

cocktail party

coisreacan *nm1* blessing; consecration

coisric *vt* bless; consecrate; **tú féin a choisreacan** to bless yourself

coisricthe *adj* holy; blessed; **uisce coisricthe** holy water

coiste *nm4* committee, board; jury; **coiste cróinéara** (coroner's) inquest

coiste *nm4* coach, carriage; pram; stagecoach; **coiste na marbh** hearse;

coiste codlata sleeping car

coite *nm4* (small) boat

coiteann *adj* common; **dlí coiteann** common law

coitianta *adj* common(place), usual, ordinary; popular; widespread; **nós coitianta** widespread custom; **go coitianta** generally; commonly

coitiantacht *nf3* ordinary people, common people; normal practice; **ar mhaith leis an gcoitiantacht** for the common good

coitinne *nf4* generality; **i gcoitinne** in general

col (*pl* ~*anna*) *nm1* aversion, dislike; degree of kinship; **a chol agus a bhá** his likes and dislikes; **ciorrú coil** incest; **col ceathar** or **ceathrair/seisir** first/second cousin; **tá col aige leis an obair** he dislikes the work

colainn (*pl* ~*eacha*) *nf2* (*living*) body, torso; (*REL*) flesh; **peacaí na colainne** sins of the flesh; **i gcolainn dhaonna** incarnate; **colainn gan cheann** headless body

coláiste *nm4* college; **coláiste oiliúna** training college

colaistéaról *nm1* cholesterol

colbha *nm4* edge, side; **shuigh sí ag colbha na leapa** she sat by the bed; **colbha an bhealaigh** edge of the road

colfair *nf2* reject

colg *nm1* anger; blade; (*of sword*) point; (*BIOLOGICAL*) dorsal fin; **colg a chur ar dhuine** to annoy sb; **tá colg air** he is raging

colgach *adj* angry

colgán *nm1* swordfish

coil *nm1* hazel; **crann/cnó coil** hazel tree/hazelnut

collach *nm1* boar

collaí *adj* carnal, sexual; sensual

colm¹ *nm1* dove

colm² *nm1* scar; **colm a fhágáil ar** to scar

colmán *nm1* dove

colmóir *nm3* hake

Colóim *nf2*: **an Cholóim** Colombia

colpa *nm4* (*ANAT*) calf

colscaradh (*gs* colscartha, *pl* colscarthaí) *nm* divorce

colún *nm1* column; pillar; **colún pearsanta** personal column

colúnaí *nm4* columnist

colúnáid *nf2* colonnade

colúir *nm1* pigeon; **colúir frithinge** homing pigeon

cóma *nm4* coma

comair (*gsf*, *pl*, *compar* *coimre*) *adj* neat; trim; (*style*) concise, laconic

comaitéir *nm3* commuter

comaoin¹ (*pl* ~*eacha*) *nf2* favour; obligation, debt; compliment; return of favour; **bheith faoi chomaoin ag duine**

as rud be indebted or obliged to sb for sth; **gan chomaoin** without obligation; **comaoin a láimhe féin a thabhairt do dhuine** to pay sb back in kind

comaoin² (*pl* ~*eacha*) *nf2* (*spiritual etc*) communion

comaoineach *nf4* communion; **An Chomaoineach Naofa** Holy Communion

comard *nm1* (*in money*) equivalent

comh- *prefix* joint, common; fellow; equal

comha *nf4* safeguard; indemnity

comhábhar *nm1* ingredient; component part

comhad *nm1* (*also COMPUT*) file; **comhad cúltaca** backup file

comhadchaibinéad *nm1* filing cabinet

comhaimseartha *adj* modern; topical

comhaimsir *nf2*: **lucht a comhaimsire** her contemporaries

comhainmneach *nm1* namesake

comhainmneoir *nm3* (*MATH*) common denominator

comhair *in prep phrases*: **os comhair** + *gen* in front of, opposite; **os comhair an tsaoil** openly, publicly; **faoi chomhair** + *gen*, **i gcomhair** + *gen* for, intended for; **i gcomhair an lóin** for lunch; **i gcomhair na hoíche** for the night; **plean a chur os comhair an phobail** to unveil a scheme

comh-aireacht *nf3* (*POL*) cabinet; **comh-aireacht fhreasúra** shadow cabinet

comhaireamh *nm1* count; calculation

comhairle *nf4* advice; council; **comhairle a chur ar dhuine** to advise sb; **comhairle duine a dhéanamh ar a ghlacadh** to follow sb's advice; **dul i gcomhairle le duine** to consult sb; **bheith ar do chomhairle féin** (*person*) to be independent; **idir dhá chomhairle** (*faoi*) undecided (about); **déan do chomhairle féin** please yourself!; **níl comhairle air** he will not listen to reason; **comhairle baile** town council; **Ceann Comhairle** (*IRL: POL*) the Speaker

comhairleach *adj*, *nm1* consultant

comhairleoir *nm3* councillor; consultant; counsellor

comhairligh

comhairligh *vt* advise; **rud a chomhairliú do dhuine** to advise sb to do sth
cómhaith *nf2* equal; parallel; **níl a chómhaith i mBéarla** it has no parallel in English
cómhalartach *adj* reciprocal
cómhalartaigh *vt* reciprocate
comhalta *nm4* fellow, member
comhaltacht *nf3* fellowship
comhaltas *nm1* membership; association
comhaois *nf2* equal or similar age; **lucht mo chomhaoise** my peers, my own age group; **tá mé ar comhaois leis** I am the same age as him
comhaontachas *nm1* (COMM, FIN) combine
comhaontas *nm1* alliance, concord; **An Comhaontas Glas** The Green Party
comhaontú *nm* agreement, accord; pact; unification; **Comhaontú Angla-Éireannach** Anglo-Irish agreement
comhar *nm1* cooperation, collaboration; teamwork; **dul i gcomhar le duine (i rud)** to cooperate or combine with sb (in sth); **tá teach i gcomhar acu** they have a house between them; **an comhar a chúiteamh le duine** to return a favour or compliment to sb; **comhar na gcomharsan** system of cooperation among neighbours
comharba *nm4* successor
comharbas *nm1* succession
comharchumann *nm1* cooperative (society)
comhardaigh *vt* equalize; (account etc) balance
comhardú *nm* balance; **comhardú na trádála** balance of trade
Cómhargadh *nm1*: **An Cómhargadh** the Common Market
comharsa (*gs, gpl ~n, pl ~na*) *nf* neighbour
comharsanacht *nf3* (place) neighbourhood; vicinity; (of person) neighbourliness
comharsanúil *adj* neighbourly
comhartha *nm4* sign, signal; gesture, symbol; mark; emblem; omen; **ina chomhartha ar** indicative of;

426

comhdháil

comhartha bóthair road sign;
comhartha ceiste question mark;
comhartha cille birthmark; **comhartha guaise** distress signal; **comharthaí sóirt** (of person) features; description;
comharthaí athfhriotal quotation marks, quotes; **comhartha a dhéanamh** to signal
comharthaigh *vt* indicate; signify; designate
comhbhá *nf4* sympathy
comhbhall *nm1* component
comhbhrí *nf4*: **ar comhbhrí (le)** (meaning) equivalent (to)
comhbhrón *nm1* condolence; sympathy;
comhbhrón a dhéanamh le duine to give one's condolences to sb
comhbhrúigh *vt compress
comhbhrúiteán *nm1* compress
comhbhrúith *vt* concoct • *nf* (*gs comhbhrúite*) concoction
comhbhuainteoir *nm3* combine (harvester)
comhchaidreamh *nm1* association
comhchainteanna *nfp12* (POL etc) talks
comhcheangail *vt, vi* join, combine
comhcheangailte *adj* joined, united; (SPORT) muscle-bound
comhcheangal *nm1* combination, association; **comhcheangal smaointe** association of ideas
comhcheilg (*pl comhchealga, gpl comhchealg*) *nf2* plot, conspiracy
comhchéim *nf2* matching step; **ar comhchéim le** on a par with, on equal terms with
comhcheol *nm1* harmony
comhchiallach *nm1* synonym
comhchoirí *nm4* accomplice
comhchoiteann *adj* communal; collective; general
comhchosúil *adj* matching, identical; similar
comhchruinnigh *vt, vi* congregate, assemble
comhchuid *nf3* equal part
comhchuntas *nm1* joint account
comhdháil *nf3* conference; (gathering)*

comhdhéan

convention, congress

comhdhéan *vt* constitute, make up

comhdhéanamh *nm1* composition,

structure, make up

comhdheas *adj* ambidextrous

comhdhlúthaigh *vt, vi* condense;

compact

comhdhlúthú *nm* condensation

comhdhúil *nf2* (CHEM) compound

comhdhuille *nm4* counterfoil

comhéadan *nm1* (COMPUT) interface

comhéigean *nm1* coercion

comhfhiontar *nm1* (COMM) joint venture

comhfhios *nm3* (PHIL) consciousness

comhfhiosach *adj* (PHIL) conscious

comhfhocail *nm1* (LING) compound (word)

comhfhreagair (*pres*

comhfhreagraíonn) *vi* correspond

comhfhreagracht *nf3* correspondence;

joint responsibility

comhfhreagraí *nm4* correspondent

comhfhreagras *nm1* correspondence;

cúrsa comhfhreagrais correspondence

course

comhghairdeas *nm1* congratulation;

comhghairdeas a dhéanamh le duine

(*faoi or as*) to congratulate sb (on)

comhghaolmhar *adj* interrelated

comhghlasáil *vt, vi* interlock

comhghleacaí *nm4* colleague; fellow;

equal, peer

comhghléas *vt* (RADIO, TEC) tune (in)

comhghnás *nm1* convention; protocol

comhghnásach *adj* conventional

comhghríosú *nm* incitement

comhghuaillí *nm4* ally; **na**

Comhghuaillithe the Allies

comhiomlán *adj, nm1* aggregate

comhionann *adj* identical; uniform

comhionannas *nm1* equality

comhla *nf4* door leaf; shutter; valve;

comhla bheag service hatch, hatch;

comhla thógála trap door; **comhla**

sceite safety valve

comhlach *adj, nm1* associate

comhlachas *nm1* (COMM) association

comhlacht *nm3* firm, company;

comhlacht corpraithe/poiblí

427

comhramh

incorporated/public company;

comhlacht teoranta limited (liability)

company

comhlánaigh *vt* complete; complement

comhlann *nf2* contest; fight

comhlántach *adj* (*angle etc*)

complementary

comhlánú *nm* complement

comhlathas *nm1* commonwealth; **an**

Comhlathas the Commonwealth

comhlíon *vt* fulfil; carry out; (*rules etc*)

observe, comply with; (*duties*) perform;

(*purpose*) serve; **dualgas a**

chomhlíonadh to fulfil an obligation;

riail a chomhlíonadh to observe a rule

comhlíonadh (*gs* **comhlíonta**) *nm*

fulfilment; completion

comhluadar *nm1* company; family,

household

comhoibrí *nm4* workmate

comhoibrigh *vi*: **comhoibrigh (le)**

cooperate (with); collaborate (with)

comhoibritheach *adj* cooperative

comhoibríú *nm* cooperation

comhoideachais *n gen as adj*

coeducational

comhoiriúnach *adj* compatible; matching

comhordaigh *vt* coordinate

comhordanáidí *nfpl2* coordinates

comhordanáidigh *vt* (MATH) coordinate

comhpháirt *nf2* component, part; **i**

gcomhpháirt (le) jointly, in partnership

(with)

comhpháirtí *nm4* associate; colleague

comhphobal *nm1* community; **An**

Comhphobal Eorpach The European

Community, EC

comhrá (*pl -íte*) *nm4* conversation, talk;

chat; **comhrá a dhéanamh** to have a

conversation; **comhrá a chur ar dhuine**

to begin talking to sb; **comhrá cilleach**

old wives' tales; **comhráite** negotiations

comhrac *nm1* fight; fighting; combat

comhraic *vt, vi* encounter

comhráite *see* **comhrá**

comhráiteach *adj* colloquial;

conversational • *nm1* conversationalist

comhramh *nm1* trophy

comhréalta

comhréalta *nf4* co-star
comhréir *nf2* proportion; syntax; **i gcomhréir (le)** proportional (with)
comhréireach *adj* proportional; syntactic(al)
comhréiteach *nm1* compromise; settlement; agreement
comhréitigh *vt, vi* compromise; settle; agree
comhriachtain *nf3* (sexual) intercourse; copulation
comhrialtas *nm1 (POL)* coalition
comhrialú (*gs comhrithe*) *nm (AUT)* timing
comhrian *nm1 (on map)* contour
comhscór *nm1 (SPORT)* draw
comhshamhlaigh *vt* assimilate
comhshaolach *adj* contemporary
comhshaoránach *nm1* fellow citizen
comhsheasmhacht *nf3* consistency
comhshuaitheadh (*gs comhshuaite*) *nm (MED)* concussion
comhshuíomh *nm1 (atmosphere etc)* composition; **briathar comhshuite** (*LING*) compound verb
comhthaobhacht *nf3 (FIN etc)* collateral
comhtharlaigh *vi* coincide
comhtharlú *nm* coincidence
comhtháthaigh *vt, vi* integrate; fuse; merge
comhthéacs *nm4* context; **rud a ghlacadh as a chomhthéacs** to take sth out of context
comhthiarnas *nm1* condominium
comhthionól *nm1* congress; assembly; (*REL*) community; cluster
comhthíreach *nm1* patriot
comhtholghadh (*gs comhtholgha*) *nm* concussion
comhthomhaiseach *adj*:
comhthomhaiseach (le) commensurate (with or to)
comhthreomhar *adj* parallel
comhthuiscint *nf3* understanding; rapport
comóir *vt, vi* celebrate; escort, accompany; **duine a comóradh amach** to show sb out
comónta *adj* common, ordinary

428

conairt

comóradh *nm1* celebration; escort
comórtais *n gen as adj* competitive; **cluiche comórtais** competitive game
comórtas *nm1* competition; contest; comparison; **comórtas iascaireachta/ceoil** fishing/music competition; **dul i gcomórtas le** to compete with; **rud a chur i gcomórtas (le)** to compare sth (with); **i gcomórtas le** in comparison with
compánach *nm1* companion, chum; comrade
compánachas *nm1* companionship
comparáid *nf2* comparison; likeness; **capall a chur i gcomparáid le hasal** to compare a horse to a donkey
comparáideach *adj (also LING)* comparative
compás *nm1* compass; circumference; as **compás** out of order; (*boat*) off course
complacht *nm3 (MIL)* company
compord *nm1* comfort
compordach *adj* comfortable
comrádaí *nm4* comrade; pal, mate
comrádaíocht *nf3* comradeship; **bheith ag comrádaíocht le duine** to pal or hang about with sb
común *nm1* commune
con *see cú*
cón *nm1* cone; (ice cream) cornet
conablach *nm1* remains; carcass
conách *nm1* success; wealth; **a chonách sin ort!** (*ironic*) it serves you right!
cónaí (*gs, pl cónaithe*) *nm* residence, dwelling; repose, peace; **scoil chónaithe** boarding school; **ceantar cónaithe** residential area; **dul a chónaí (i)** to go to live (in); **bheith i do chónaí (i)** to reside (in); **dul faoi chónaí** to go to rest; **i gcónaí** always, constantly; still
cónaidhm (*pl ~eanna*) *nf2* federation
cónaidhme *n gen as adj (state etc)* federal
cónaigh *vi* live; reside; settle
conáil *vt, vi* freeze; perish; **chonálfadh sé na corra** it is freezing
conáilte *adj* freezing; **bheith conáilte** to be frozen stiff
conairt (*pl ~eacha*) *nf2* pack (of hounds);

cónaisc

(people) rabble

cónaisc *vt* merge; amalgamate; federate

cónaithe *see* **cónaí**

cónaitheach *adj* resident; constant,

permanent; **post cónaitheach**

permanent post

cónaitheoir *nm3* resident; (*in asylum etc*)
inmate

conamar *nm1* fragments

conartha, conarthaí *see* **conradh**

conas *adv* how; **conas tá tú?** how are

you?; **conas a d'éirigh leat?** how did
you manage?

cónasc *nm1* link, connection; (*LING*)

conjunction

conáscach *adj* connecting; federal; (*LING*)

conjunctive

concas *nm1* conquest

conchró (*pl* ~ite) *nm4* kennel

conductaire *nm4* conductor;

conductaire tinnrí lightning conductor

confach *adj* bad-tempered; (*dog*) rabid;

vicious

confadh *nm1* rabies; bad temper, rage

cóngar *nm1* proximity; shortcut; i

gcóngar na siopaí within reach of the

shops; **dul an cóngar** to take the shortcut

cóngarach *adj* near; convenient;

approximate; **cóngarach (do)** near (to);

bheith cóngarach díot féin to be

egocentric or selfish

dámhán *nm1*: **dámhán** alla spider
damhna *nm4* matter, substance
damhsa *nm4* dance; dancing
damhsaigh *vt, vi* dance
damhsóir *nm3* dancer
damnaigh *vt* damn
damnaithe *adj* damned, hellish
damnú *nm* damnation; **damnú** héll, shit!; **damnú air!** damn (it/him)!
dán (*pl* -ta) *nm1* poem; destiny, fate; faculty; art
dána *adj* bold; daring; brazen, forward
dánacht *nf3* boldness; cheek; **dánacht a dhéanamh ar rud** to make bold with sth
Danar *nm1* Dane; (*fig*) barbarian
danartha *adj* cruel, heartless, callous
danarthacht *nf3* cruelty; barbarity
dánlann *nf2* art gallery
Danmhairg *nm2* (LING) Denmark
Danmhairgis *nf2* (LING) Danish
Danmhargach *adj* Danish • *nm1* Dane
dánta *see* **dán**
daoibh *see* **do**²
daoine *see* **duine**
daoire *nf4* costliness
daoirse *nf4* slavery; oppression
daol *nm1* beetle
daoldubh *adj* jet-black
daonáireamh *nm1* census
daonchairdiúil *adj* humanitarian
daonchumhacht *nf3* manpower
daonlathach *adj* democratic
daonlathaí *nm4* democrat; **na Daonlathaithe Liobrálacha** the Liberal Democrats
daonlathas *nm1* democracy
daonna *adj* human; humane; **an cine daonna** the human race; **neach daonna** human being
daonnacht *nf3* humanity; human nature
daonnachtúil *adj* humane
daonnaí *nm4* human being

445

dátaigh

daonra *nm4* population
daonuaire *nf2* man hour
daor *adj* dear; expensive; captive; severe • *nm1* slave; condemned person • *vt* enslave; convict; condemn; **duine a dhaoradh chun báis** to condemn sb to death; **duine a dhaoradh i gcoir** to convict sb of an offence; **beidh daor ort** you will pay dearly for it
daoraí *n*: **bheith ar an daoraí (le duine)** to be furious (with sb)
daorbhroid *nf2* dire distress
daorghalar *nm1* haemorrhoids, piles
daorobair *nf2* hard labour
daorsmacht *nm3* slavery
daoscarshlua *nm4* rabble, riffraff
dar¹ *prep* by; **dar Dia!** by God!; **dar m'fhocal** upon my word
dar² *vb*: **dar le** it seems to, in the opinion of; **dar liom go bhfuil tú san éagóir** it seems to me that you are in the wrong; **bhí deifir uirthi, dar leis** she was in a hurry, he thought; **dar leo féin** in their own opinion
dar³ = **de** or **do** + *indir rel of copula ar*; **an té dar mhiste é** the person to whom it mattered
dár¹ = **do** or **de** + *poss adj ar*; **duine dár ngaolta** one of our relations; **tabhair dár gcairde iad** give them to our friends
dár² = **do** or **de** + *rel part ar*; **an ceannaire dár ghéill sé** the leader to whom he surrendered; **an cóta dár thit an cnaipe** the coat which the button fell off
dár³ *prep*: **an lá/bhliain dár gcionn** the following day/year
dara *num* second; **an dara bean/háit/doras** the second woman/place/door; **an dara lá éag** the twelfth day; **gach dara** every other
darach *n gen as adj* oak; *see also* **dair**
daracha *see* **dair**
darb, darbh *see* **dar**³
dásacht *nf3* audacity; bravery; madness
dásachtach *adj* furious
dáta *nm4* date
dátaigh *vt* date

dath *nm3* colour; dye; (*CARDS*) suit; **dath na fírinne a chur ar rud** to give sth a semblance of truth; **scéal gan dath** unlikely story; **a dhath** anything; (*with neg*) nothing; **níl a dhath aige** he has nothing; **an bhfuil a dhath eile le déanamh?** is there anything else to do?; **a dhath ar bith** nothing whatever

dathaigh *vt* colour; dye; paint

dathainn *adj* colourful; multicoloured

dathdhall *adj* colour-blind

dátheangach *adj* bilingual

dátheangachas *nm1* bilingualism

dathú *nm* colouring

dathúil *adj* colourful; good-looking, pretty

dathúlacht *nf3* good looks, beauty

EOCHAIRFHOCAL

de (*prep prons* = *díom, díot, de, di, dínn, díbh, díobh*) (*lenites*; = *d'* before vowel or *fh* + vowel; = *den* before *def art*) *prep* 1 (*indicating amount etc*) of; **cuid den fheoil** some of the meat; **a lán de na mílseáin** a lot of the sweets; **lán de dhóchas** full of hope; **punt de phlúr bhán** a pound of white flour; **ceann de na capaill** one of the horses; **duine de na fir** one of the men; **cúig cinn de phiontaí** five pints; **lá de na laethanta** once upon a time

2 (*indicating position*) of; **taobh thiar or laistiar den teach** at the back of the house; **an taobh seo den tsráid** this side of the street

3 (*kind*) like; of; **carr den saghas or sórt or chineál seo** a car like this; **fágáilach de dhuine** a weak helpless person

4 (*provenance, instrument*) of; **déanta d'adhmaid** made of wood; **duine den seandéanamh** an old timer; **buille de dhorn** a thump of a fist

5 (*indicating time*) of; by; **faoin am seo d'óiche** at this time of night; **de ló is d'óiche** by day and by night; **de ghnáth** usually

6 (*because of, on the basis of*) of; with; **bréan de rud** fed up with sth; **tuirseach de rud** tired of sth

7 (*after a leithéid, a mhalairt, a athrach etc*) of; **a leithéid de dhuine** such a person; **ar a athrach or mhalairt de dhóigh** in another way

8 (*manner*) by; **de shiúl coise** by foot; **ag cur de dhíon is de dheora** pouring rain; **teacht isteach de rása or rúid** to come rushing in; **cur de ghlanmheabhair** to learn (off) by heart; **éirí de phreab or léim** to jump up

9 (*in comparisons*) by; of; **níos sine de bhliain ná** a year older than

10 (*in phrasal verbs*): **scor or stad de rud** to stop (doing) sth; **leanúint de rud** to continue (doing) sth; **baint de rud** to take from sth

11 (*in phrases*): **de bhri or bharr** because; **d'ainneoin** despite, notwithstanding; **dá ainneoin sin** in spite of that; **de réir** according to; **dá réir sin** accordingly; **de mo dhóighse** in my opinion; **i dtaca liomsa de** as far as I'm concerned; **rud eile de** moreover; **d'aon ghuth** unanimously; **bhí de mhisneach/chiall/chroí aige** he had the courage/sense/heart; **ní raibh de sin ach sin** that's all there was to it

Dé *n*: **Dé Luain/Céadaoin** (on) Monday/Wednesday

dé¹ (*gs, pl ~ithe*) *nf* breath; **dé ghaoithe** breath of wind; **bheith ar an dé deiridh** to be on one's last legs; **an dé a choinneáil i nduine** to keep sb alive, sustain sb

dé² *see* **día**

dé- *prefix* two-, twin-, bi-

dea- *prefix* good-, well-; **dea-scéal** good news; **ar an dea-uair** fortunately;

dea-mhúinte polite, well-mannered

deabhadh *nm1* rush, hurry

dea-bhéasa *nmp14* etiquette; good manners

deabhóid *nf2* devotion

dea-bholadh *nm1* aroma

deacair *nf* (*gs, gpl deacra*) difficulty ♦ *adj* (*gsf, pl, compar deacra*) difficult, hard

déach (*gsm déach*) *adj* dual

deachaigh *vb* see **téigh**
dea-chaint *nf2* (*humour*) wit
dea-chlú *nm4* good name; honour
deachmaíocht *nf3* wastage
dea-chroíoch *adj* kind-hearted
deachtafón *nm1* dictaphone
deachtaigh *vt* dictate; instruct; compose
deachtas *vb* see **téigh**
deachtóir *nm3* dictator
deachtóireacht *nf3* dictatorship
deachtú *nm* dictation; composition
deachúil *nf3* decimal
deachúlach *adj* decimal
dea-chumtha *adj* shapely; well-formed
deacra see **deacair**
deacracht *nf3* difficulty; distress
déad (*pl* ~a) *nm1* tooth; set of teeth
déadach *adj* dental
déadchior *nf2* denture(s)
déag *num* -teen; **aoon déag** eleven; **dó dhéag** twelve; **seacht mbuidéal déag** seventeen bottles; **déaga** tens, teens
déagóir *nm3* teenager
déagóra *n gen as adj* (*fashion etc*) teenage
dealaigh *vt, vi* separate, part; distinguish, differentiate; **dealaigh le** part from; separate with; **dealaigh ó** subtract from
dealbh¹ (*gsm dealbh*) *adj* destitute; (*house*) bare, bleak
dealbh² *nf2* statue
dealbhóir *nm3* sculptor
dealbhóireacht *nf3* sculpture
dealg *nf2* thorn; prickle; brooch
dealgán *nm1* knitting needle
dealrachán *nm1* collarbone
dealraigh *vt, vi* shine; appear; **dealraíonn sé go ...** it seems that ...
dealraitheach *adj* shiny; radiant; handsome; plausible; apparent
dealramh *nm1* shine; radiance; hue; resemblance; look, appearance;
dealramh a bheith agat le to be *or* look like sb; **dealramh na gréine** sunshine; **tá dealramh na firinne ar do scéal** your story seems plausible; **rud a chur ó dhealramh** to disfigure sth; **de réir dealraimh** apparently
dealú *nm* subtraction

dealús *nm1* destitution
dealúsach *adj* destitute
deamhan *nm1* demon
dea-mhéin *nf2* goodwill; **le dea-mhéin** with kind regards, with compliments
dea-mhéineach *adj* benevolent; well-wishing
dea-mhiotail *adj* silver; sterling
dea-mhúinte *adj* well-behaved; well-mannered
deán *nm1* (*at low tide*) channel
déan¹ *nm1* dean
déan² (*vn* ~amh, *vadj* ~ta, *past rinne, fut* ~faidh) *vt, vi* do; make; perform; carry out; commit; turn out; reach; establish; **maith/do dhícheall/cúrsa a dhéanamh** to do good/your best/a course; **culaith/ciorcal a dhéanamh** to make a suit/circle; **airgead/an dinnéar a dhéanamh** to make money/the dinner; **dualgas a dhéanamh** to perform a duty; **peaca/coir a dhéanamh** to commit a sin/crime; **an fhírinne a dhéanamh** to speak the truth; **déan do rogha rud** do as you wish; **déanfaidh sé múinteoir maith** he'll make a good teacher; **an talamh a dhéanamh** to reach land; **riail/nós a dhéanamh** to establish a rule/habit
 ▶ **déan amach** make out; distinguish; determine; conclude
 ▶ **déan ar** do unto; proceed towards; **machnamh a dhéanamh ar rud** to think about sth; **scéala a dhéanamh ar dhuine** to inform on sb; **déanamh ar an mbaile** to make for home
 ▶ **déan as** make from; **gúna a dhéanamh as éadach** to make a dress from cloth; **déanamh as duit féin** to fend for yourself
 ▶ **déan de** make of; change into; **maldar a dhéanamh de rud** to make a mess of sth; **rinneadh uachtarán de** he was made president; **a mhór a dhéanamh de rud** to make the most of sth; **smionagar a dhéanamh de rud** to reduce sth to bits; **amadán a dhéanamh díot féin** to make a fool of yourself

déanach

► **déan do** make for, do for; **gar a dhéanamh do dhuine** to do sb a favour; **gearán/gáire a dhéanamh faoi dhuine** to complain/laugh about sb

déanach *adj* last; late; **bheith ag obair moch déanach** to work all hours

déanaí *nf4* lateness; **le déanaí** lately; **ar a dhéanaí** at the latest

déanamh *nm1* doing; making; manufacture; make; (*of clothes*) style

déanfaidh *etc vb see déan*

déan-féin-é *nm4* do-it-yourself, DIY

deann (*gs, pl -a*) *nm3* twinge; pang; sting

deannach *nm1* dust

déanta (*pp of déan*) *adj* complete; (*teacher, barrister etc*) fully-qualified, fully-fledged; (*liar, thief etc*) out-and-out;

déanta na fírinne as a matter of fact

déantóir *nm3* maker; manufacturer

déantús *nm1* make; manufacture; **de dhéantús na hÉireann** made in Ireland

déantúsaíocht *nf3* manufacture

dear *vt* draw, design

deara *n*: **rud a thabhairt faoi deara** to notice sth

dearadh (*pl dearaí*) *nm1* design; sketch; drawing

dearbhaigh *vt* declare; confirm; assert; assure; attest

dearbhan *nm1* voucher; **dearbhan lóin** luncheon voucher

dearbhchló (*pl -nna*) *nm4* (*PHOT*) positive, print

dearbhú *nm* declaration; affirmation; confirmation; assurance

dearc *vt, vi* look

dearcach *adj* considerate; **bheith dearcach le duine** to be considerate to sb

dearcadh *nm1* look; outlook; opinion, point of view; vision

dearcán *nm1* acorn

Déardaoin *nm4* Thursday; **ar an Déardaoin** on Thursdays

dearfa *adj* certain; definite; proved; decided; attested; **go dearfa** certainly

dearfach *adj* affirmative, positive
déarfaidh, déarfaimid, déarfair *vb see abair*

448

deastógáil

dearg *vt, vi* blush; light; glow; redden
♦ *nm1* (*pl -a*) red ♦ *adj* red; lit; glowing; (*wound*) raw; intense; (*luck*) real; **dearg te** red hot

dearg- *prefix* red; utter; real

deargbhréag *nf2* barefaced lie

dearmad *vt, vi* forget; overlook ♦ *nm1* forgetfulness; omission; mistake; lapse; **de dhearmad** by mistake; **dearmad a dhéanamh ar or de dhuine/rud** to forget about sb/sth

dearmadach *adj* forgetful; absent-minded

dearna¹ *vb see déan²*

dearna² *nf* palm (of the hand)

dearnáil *nf3* darn(ing) ♦ *vt* darn

dearóil *adj* wretched; miserable; (*weather*) chilly; bleak; frail, puny; poor; needy

dearóile *nf4* misery, wretchedness

dearscnaitheach *adj* excellent

deartháir (*gs dearthár, pl -eacha*) *nm* brother; **deartháir céile** brother-in-law;

deartháireacha agus deirfiúra siblings

dearthóir *nm3* designer

deas¹ *n*: **ó dheas** south(wards)

deas² *n*: **de dheas do, i ndeas do** near to, close to; **an baile is deise duit** the town nearest to you

deas³ (*gsm deas*) *adj* nice; kind

deas⁴ *adj* (*position*) right; **an chos dheas** the right leg; **an taobh deas** the right-hand side

deasaigh *vt, vi* dress; arrange

deasbord *nm1* starboard

deasc *nf2* desk

deasca¹ *nm4* dregs, sediment; yeast

deasca² *nm4* consequence; (ill) effects

deascán *nm1* deposit, sediment

deasghnách *adj* formal; ceremonial; ritual

deasghnách (*gsf, pl -a*) *nm3* formality; ceremony; rite; ritual

deaslabharta *adj* eloquent, articulate; witty

deaslabhra *nf4* elocution

deaslámhach *adj* right-handed; handy; skilful, deft

deastógáil *nf3* assumption; **Deastógáil**

deatach

na Maighdine Muire the Assumption of the Virgin Mary

deatach *nm1* smoke

deataigh *vt* (fish etc) smoke

deataithe *adj* smoked

dea-thoil *nf3* goodwill

débhrioch (*gsm* débhrioch) *adj* ambiguous

débhriocht *nf3* ambiguity

décharbónáit *nf2* bicarbonate

déchéileachas *nm1* bigamy

déchiallach *adj* equivocal, ambiguous

dédhlús *nm1* (COMPUT) double density

défhíúsach *adj* ambivalent

défhócasáigh *nmp1* bifocals

défhoghar *nm1* diphthong

déghloiniú *nm* double glazing

deic *nf2* (NAUT) deck; deic caiséad cassette deck; deic eitilte flight deck

deich *num, nm4* ten; a deich a chlog ten o'clock; céad is a deich a hundred and ten; deich gcapall/bpunt/n-acra ten horses/pounds/acres

deichiú *num, adj, nm4* tenth

deichniúr *nm1* ten (people); (REL, of rosary) decade; tuairim is deichniúr some ten people

déideadh *nm1* toothache

deifir (*gs* deifre) *nf2* hurry, rush; haste; rud a dhéanamh faoi dheifir to do sth in a hurry; tá deifir orm I am in a hurry; déan deifir! hurry up!; tá deifir leis it's urgent

deifreach *adj* hasty, hurried

deifriugh *vt, vi* hurry, rush; hasten

deighil (*pres* deighleann) *vt* divide; separate; (POL) partition

deighilt *nf2* division; separation; (POL) partition; (fig) rift; split

deil (*pl* ~eanna) *nf2* lathe; ar deil in (working) order

deilbh (*pl* ~eacha) *nf2* appearance, shape; (of body) figure

deilbhcháipéis *nf2* framework document

deilbhíocht *nf3* accident

déileáil *nf3* dealing • *vi* deal

déileálaí *nm4* dealer

deif (*pl* ~eanna) *nf2* dolphin

deireadh

deilgneach *nf2* chickenpox • *adj* prickly, thorny; barbed

deilín *nm4* rigmarole; (for advert) jingle

deiliúsach *adj* impudent

deimheas *nm1* shears

deimhin (*gsf, pl, compar* deimhne) *adj* sure, certain, definite; deimhin a

dhéanamh de rud to make sure of sth; go deimhin indeed

deimhneach *adj* certain; (also ELEC) positive

deimhneacht *nf3* certainty

deimhnigh *vt, vi* assure; certify; confirm; verify

deimhniú *nm* certificate; confirmation; assurance

deimhníuil *adj* affirmative

déin¹ *n*: faoi dhéin to meet; to fetch; dul faoi dhéin an dochtúra to go to fetch the doctor

déin² *see* dian

déine *nf4* severity; hardness; intensity; *see also* dian

deinim *nm4* denim

deir¹ *etc* *vb see* abair

deir² *nf2* shingles

déirc *nf2* charity

déirceach *adj* charitable

deire *vb see* abair

deireadh¹ (*pl* deirí) *nm1* end; conclusion; termination; rear, back; stern; ending; all; deireadh an leabhair/na míosa/an lae the end of the book/the month/the day; deireadh a chur le rud to finish sth; tús agus deireadh beginning and end; tá deireadh leis an tsraith sin that series is over; tá deireadh réidh everything is ready; d'ith siad deireadh they ate the whole lot; bheith ar deireadh le rud to be behind with sth; faoi dheireadh thiar thall at long last; i ndeireadh an lae at the end of the day, finally; an oíche faoi dheireadh the other night; deireadh loinge stern of ship; roth/suíochán deiridh back wheel/seat; cosa deiridh hind legs; solas deiridh taillight

deireadh² *vb see* abair

Deireadh Fómhair

Deireadh Fómhair *nm* October
deireanach *adj* last; final; late; recent; go
deireanach aréir late last night; **an chóip is deireanaí** the latest copy
deireanaí *nf4* lateness; **le deireanaí** recently
deireanas *nm1*: **le deireanas** recently
deirfiúr (*gs* deirfiúr, *pl* ~acha) *nf* sister;
deirfiúr céile sister-in-law
deirí *see* deireadh¹
déirí *nm4* dairy
deiridh *adj* *see* deireadh¹
deiridís, deirimid *etc vb* *see* abair
déiríocht *nf3* dairying
deirmitíteas *nm1* dermatitis
deirteá, deirtear, deirtí *vb* *see* abair
deis *nf2* right, right hand (side);
opportunity; means; good condition;
casadh ar or **faoi dheis** to turn right; **ar dheis Dé** at God's right hand; **deis a fháil ar rud** to get an opportunity to do sth; **deis a thapú** to grasp an opportunity; **deis iompair** means of transport; **deis cócaireachta** cooking facilities; **deis a chur ar rud** to repair sth; **tá deis mhaith ar mhuintir Sheáin** John's people are well off; **deis istigh** innings; **deis a labhartha** way with words
deisbhéalach *adj* witty
deisceabal *nm1* disciple
deisceart *nm1* south; southern part; **an Deisceart** (*GEOG*) the South
deisceartach *adj* southern
déise *see* dias
deiseal *adv* clockwise
deisigh *vt* mend, repair; renovate
deisitheoir *nm3* repairer, mender
deisiú *nm* repair; renovation
deismíneach *adj* refined; prim
deismíneachtaí *nfpl3* niceties
deismir *adj* neat, tidy; refined; exemplary
deismireacht *nf3* neatness; neat illustration
déistin *nf2* distaste; disgust; **déistin a chur ar dhuine** to disgust sb
déistineach *adj* disgusting; distasteful; revolting

450

dhéanfainn

déithe *see* dé¹; **dia**
den = **de** + **def art an**
dénártha *adj* binary
deo *n*: **go deo** for ever, always; (*in negative*) never; **níl deireadh go deo leis** it is never-ending
deoch (*gs* dí, *pl* ~anna) *nf* drink; beverage
dé-ocsaíd *nf2*: **dé-ocsaíd charbóin** carbon dioxide
dé-óid *nf2* diode
deoin (*pl* deonta) *nf3* consent; will; **dá deoin féin** of her own free will
deoir (*pl* deora, *gpl* deor) *nf2* tear; drop;
deoir anuas (*in roof*) leak; **deoir fhearhainne** raindrop; **tháinig na deora leis** he began to weep; **deoir ar dheoir** drop by drop; **bhain an ceol na deora aisti** the music moved her to tears
deoirghás *nm1* tear gas
deolchaire *nf4* gratuity
deonach *adj* voluntary; willing
deonaigh *vt* grant; consent; **rud a dheonú** (**do dhuine**) to grant sth (to sb)
deonta *see* deoin
deontas *nm1* grant
deontóir *nm3* donor; **deontóir fola** blood donor
deonú *nm* grant, concession
deor, deora *see* deoin
deorach *adj* tearful
deoraí *nm4* exile
deoraíocht *nf3* exile
deoranta *adj* strange, unusual; alien; withdrawn
déshúiligh *nmpl1* binoculars
détente *nm4* détente
déthaobhach *adj* bilateral
déthreo *adj* two-way
d'fhaighinn *etc vb* *see* faigh
d'fheicfinn *etc vb* *see* feic
dh (*remove "h"*) *see also* d...
dhá (*after article, aon or céad dá*) *num* two;
dhá chloch mhóra two large stones; **an dá dhoras ghorma** the two blue doors;
mo dhá lámh my two hands
dháréag *nm4* twelve people
dheachaigh *etc vb* *see* téigh
dhéanfainn, dhearna, dhein *vb* *see*

déan

dj *see de; do*²dj *see deoch*dia, Dia (*gs dé, pl déithe*) *nm* god; God;dia beag (*pop star etc*) idol; Dia duit!good day!, hello!; Dia linn! (*after sneeze!*)

bless you!; Dia ár sábháil! God save us!;

buíochas le Dia! thank God!

diabhal *nm1* devil; fiend; an Diabhal the Devildiabhalta *adj* mischievousdiabhlaocht *nf3* mischief; witchcraftdiaga *adj* divine; theologicaldiagacht *nf3* divinity; divine nature;

piety; theology

diaganta *adj* piousdiagram *nm1* diagramdiaibéiteach *adj, nm1* diabeticdiaibéiteas *nm1* diabetesdiaidh *n: i ndiaidh + gen* following, after;

i ndiaidh na nuachta following the

news; i ndiaidh an chluiche after the

match; seachtain ina dhiaidh sin a week

later; trí lá i ndiaidh a chéile three days

in a row; tá cumha air i ndiaidh an

bhaile he is homesick; tháinig an madra

i mo dhiaidh the dog came after me; nil

mé ina dhiaidh air I don't blame him, I

don't hold it against him; fiche i

ndiaidh a trí twenty past three; ina

dhiaidh seo after this, from now on; ina

dhiaidh sin afterwards; nevertheless;

diaidh ar ndiaidh gradually; ina dhiaidh

sin is uile despite all that

dial (*pl ~eanna*) *nf2* dial , *vt* dialdialligh *vt* dialdí-áirithe *adj* innumerable, countlessdialann *nf2* diary; personal organizerdiallait *nf2* saddle; diallait a chur ar

(horse) to saddle; dul sa diallait to

mount; an diallait a chur ar an each

cóir to place the blame where it belongs

diamant *nm1* diamonddiamhair (*pl diamhra*) *adj* dark, obscure;

eerie, creepy; mysterious; weird

diamhasla *nm4* blasphemydiamhaslaigh *vi* blasphemediamhracht *nf3* mysteriousness, mystiquedian (*gsm déin, gsf, compar déine*) *adj*

intense, intensive; severe, gruelling;

difficult

dian- *prefix* intensive, intense; hard, severedianas *nm1* intensity; severitydianchúrsa *nm4* intensive coursedianmhachnamh *nm1* concentration;

dianmhachnamh a dhéanamh ar rud to

think long and hard about sth

dí-armáil *vt, vi* disarmdias (*gs déise*) *nf2* ear of corn; (BOT) spike;

(of weapon) point; (TENNIS) deuce

diasraigh *vt* gleandíbeartach *nm1* outcastdíbh *see de*díbhe *nf4 (LAW)* dismissaldíbheán *nm1* divandíbheirg *nf2* wrath, vengeancedíbheo *adj* lifeless, listlessdíbhinn *nf2* dividenddíbhirce *nf4* zealdíbhirceach *adj* eager; zealousdíbhíonach *adj* mutualdíbhoilsciú *nm (FIN)* deflationdíbholaíoch *nm1* deodorantdíbhog *vt* deflatedíbir (*pres díbríonn*) *vt* expel, drive out;

banish; deport

díbert (*gs díbeartha*) *nf3* expulsion;

banishment; deportation

díblí *adj* decrepit; dilapidated; worn outdícháiligh *vt* disqualifydícheall *nm1* best effort; do dhícheall a

dhéanamh to do one's best; bheith ar

do dhícheall ag déanamh ruda to be

working flat out at sth

dícheallach *adj* hard-working,

industrious; earnest

díchéillí *adj* senselessdíchóimeáil *vt* dismantledíchora *nm4* discorddíchorn *vt* unwinddíchreideamh *nm1* disbelief; lack of faithdíchuimhne *nf4* obliviondide *nf4 (ANAT)* nipple; (on bottle) teatdídean *nf2* shelter; refuge; asylum; (fig)

haven; dídean a thabhairt do dhuine to

give shelter to sb

dídeanaí

dídeanaí *nm4* refugee

dífear *nm1* difference; **is beag an difear é** it matters little

dífhabhtaigh *vt* (COMPUT) debug

dífhostaíocht *nf3* unemployment; **lucht**

dífhostaíochta the unemployed

dífhostaithe *adj* unemployed

dífhostú *nm* dismissal

difríocht *nf3* difference

difriúil *adj* different; various

diftéire *nf4* diphtheria

dígeanta *adj* obdurate

díghalraigh *vt* disinfect

díghalrán *nm1* disinfectant

díghreamaigh *vt* unstick

digit *nf2* digit

díl *adj* dear, beloved

díláraithe *adj* decentralised

dílárú *nm* decentralization, devolution

díle (*gs* ~ann, *pl* díl) *nf* flood, deluge, torrent; **díle bháistí** downpour

díleá *nm4* digestion; dissolution

díleáigh *vt* digest; dissolve

dílis (*gsf*, *pl*, *compar* dílse) *adj* loyal; dear; genuine; proper; **bheith dílis do dhuine** to be faithful to sb; **a mháthair dhílis**

dear mother; **cóip dhílis** genuine copy;

ainm dílis proper name

díleachta *nm4* orphan

díleachtlann *nf2* orphanage

dílse *nf4* loyalty; allegiance; pledge; *see also* dílis

dílseacht *nf3* allegiance, loyalty

dílseánach *nm1* (COMM) proprietor

dílseoir *nm3* loyalist

díluacháil *vt* devalue, *nf3* devaluation

díluchtaigh *vt* unload; discharge

dímheabhrach *adj* forgetful;

dímheabhrach (ar) oblivious (of)

dímheas *nm3* contempt; disrespect

dímheasúil *adj* contemptuous;

disrespectful; derogatory

dínáisiúnaigh *vt* denationalize

ding (*pl* ~eacha, *nf2* wedge; *dent*, *vt* wedge; pack; ram

dinimiciúil *adj* dynamic

dinimít *nf2* dynamite

dínit *nf2* dignity

452

díolúine

dín *see* **de**

dinnéar *nm1* dinner

dinnireacht *nf3* dysentery

dinnseanchas *nm1* topography

dintíúir *nmpl1* (references) credentials; **tá a dintíúir aici** she's fully qualified

díobh *see* **de**

díobhach *nm1* remover; **díobhach**

vearnais iongan nail polish remover

díobháil *nf3* damage; harm; want; loss; **de dhíobháil airgid** for want of money;

tá saoire de dhíobháil orm I need a holiday; **díobháil a dhéanamh do rud/do dhuine** to harm sth/sb

díobhálach *adj* harmful; spiteful

díocasach *adj* (keen) eager

díochlaon *vt* (LING) decline

díochlaonadh (*gs* **díochlaonta**, *pl* **díochlaontaí**) *nm* declension

díochra *adj* passionate, fervent; intense

díog *nf2* ditch; trench; drain

díogáil *nf3* trim, cut

díogha *nm4* worst; **díogha na bhfear** the worst of men; **rogha an dá dhíogha** a choice of two evils; **díogha agus deireadh** the worst thing possible

díograis *nf2* zeal; fervour; kindred bond

díograiseach *adj* enthusiastic; keen; zealous

díograiseoir *nm3* enthusiast

dí-oighreán *nm1* de-icer

dí-oighrigh *vt* de-ice

dí-oighrithoir *nm3* de-icer

díol *nm3* sale; payment; (of emotion) object; enough, *vt*, *vi* sell; pay; "le díol" "for sale"; **díol agus ceannach** buying and selling; **i ndíol ruda** in payment for sth; **díol trua** pitiful case; **díol beirte** enough for two

díolachán *nm1* sale

díolaim (*pl* **díolaimaí**) *nf3* collection; compilation

díolaíocht *nf3* payment

díoltas *nm1* revenge, vengeance; **díoltas a imirt ar** to take revenge on

díoltasach *adj* vindictive, vengeful

díoltóir *nm3* seller; dealer

díolúine (*pl* **díolúintí**) *nf4* exemption,

díom

immunity; (COMM) franchise; licence

díom *see de*

díomá *nf4* disappointment; **díomá a chur ar dhuine** to disappoint sb

díomách (*gsm* **díomách**) *adj* disappointed; disappointing; sorry

diomachróíoch *adj* dejected

diomail *vt* squander, waste

diomailt *nf2* waste, extravagance

diomailteach *adj* wasteful, extravagant

diomaíoch (*gsm* **diomaíoch**) *adj* ungrateful

diomaite *adv*: **diomaite de** apart from; besides

díomas *nm1* arrogance, pride; contempt

díomasach *adj* arrogant; contemptuous

díomhaoín *adj* idle; redundant; unmarried, single; vain; worthless

díomhaointeas *nm1* vanity; idleness

díomú *nm4* dissatisfaction, displeasure

diomua *nm4* defeat

diomúch (*gsm* **diomúch**) *adj* dissatisfied

díon (*pl* ~**ta**) *nm1* roof; shelter • *vt* protect; shelter; make watertight; **díon**

gréine (*AUT*) sunroof

díonach *adj* protective; impermeable;

díonach ar proof against

díonbhrat *nm1* awning

díonbhrollach *nm1* preface

díongbháilte *adj* firm, staunch;

determined; positive; decided; secure, fixed; steadfast

díongbháilteacht *nf3* resolve; firmness; decisiveness; staunchness

díonmhar *adj* waterproof

díonteach (*gs* **díontí**, *pl* **díontithe**) *nm* penthouse

dioplóma *nm4* diploma

díorma *nm4* troop; band; posse

díorthach *nm1* derivative

díosal *nm1* (also *vehicle*) diesel

díosc *vi* creak; grate, grind

diosca *nm4* disk; **diosca bog** (*COMPUT*)

floppy (disk); **diosca córaís** (*COMPUT*) system disk

dioscaireacht *nf3* household chores

díoscán *nm1* creaking; grating, grinding

dioscó *nm4* disco

453

díspeagadh

dioscólann *nf2* discotheque

dioscthiomáint *nf3* disk drive

d'íosfainn *etc vb* *see* **ith**

díospóid *nf2* dispute; **díospóid thionsclaíoch** dispute

díospóireacht *nf3* debate; discussion

díot *see de*

díotáil *nf3* indictment • *vt* indict

díoth, díotha *see* **díth**

díothaigh *vt* exterminate, eliminate, eradicate; annihilate

díothóir *nm3* eliminator; destroyer

díothú *nm* destruction, elimination, extermination, annihilation

dip *nf2* dip

dírbheathaisnéis *nf2* autobiography

díreach *adj* straight, erect; direct • *adv* just; exact(ly); **caint/ceist/líne dhíreach**

straight talk/question/line; **díreach**

anonn straight across; **anois díreach** just

now; **díreach ansín** right there; **a dó go**

díreach exactly two; **go díreach mar a**

d'íarr tú just as you asked; **go díreach!** exactly!

díréireach *adj* disproportionate

díriigh *vt* straighten; **rud a dhírú ar** to

direct sth towards; **d'aire a dhírú ar**

fhadhb to direct one's attention to a

problem; **dhírigh sí ar an obair** she set

to work

dís *nf2* pair

dísc *nf2* dryness; barrenness; **dul i ndísc**

to run dry, run out

díscéad *nm1* (*COMPUT*) diskette

dísciplín *nm4* discipline

díscithe *adj* dried up; consumed; spent; eliminated

díscréid *nf2* discretion

díscréideach *adj* discreet; reserved

díscríobh *vt* (*COMM, INS*) write off

díscéad *nm1* duet

díseart *nm1* retreat; hermitage; hideaway

díshealbhaigh *vt* evict; dispossess

díshealbhu *nm* eviction; dispossession

díshíoch *vt* defrost

dísle *nm4* die; **dísil** dice

díspeag *vt* belittle

díspeagadh (*gs* **díspeagtha**) *nm*

belittlement; (*LING*) diminutive;

díspeagadh cúirte contempt of court

dispeipse *nf4* dyspepsia

díth (*pl díotha, gpl díoth*) *nf2* loss; deprivation; lack; need; **dul ar díth** to go to loss; **rud a bheith de dhíth ort** to need sth; **díth céille** foolishness; **de dhíth a mhalairte** for want of anything else

dithneas *nm1* haste, hurry, urgency

dithneasach *adj* urgent

dithreabh *nf2* wilderness

díthreabhach *nm1* hermit, recluse; homeless person

díthruailligh *vt* decontaminate

diúc *nm1* duke

diúg *vt* drink; drain; sponge on

diúgaire *nm4* leech, sponger

diúgaireacht *nf3* drinking; draining; sponging, cadging

diúilcín *nm4* mussel

diúité (*pl ~ithe*) *nm4* duty; **bheith ar diúité** to be on duty

diúl *vt* suck

diúlach *nm1* guy, fellow; lad, chap

diúiltach *adj, nm1* (also *ELEC, LING*) negative

diúiltaigh *vt* deny; refuse, turn down; **diúltú do** renounce, reject; **diúltú rud a dhéanamh** to refuse to do sth

diúltú *nm* refusal; denial; rejection; renunciation

diúnas *nm1* stubbornness

diúracán *nm1* missile; projectile

diúraic *vt* cast, throw; launch

diurnaigh *vt* drain; swallow; hug

diúscairt *nf3* disposal

dlaíóg *nf2* wisp; lock; **an dlaíóg mhullaigh a chur ar rud** to crown sth, put the finishing touches to sth

dlaoi (*pl ~the*) *nf4* (of hair) lock, strand; tuft, wisp

dleacht (*pl ~anna*) *nf3* (lawful) right; tax, duty; (on books etc) royalty

dleachtach *adj* lawful; due; proper

dleathach *adj* lawful, legal; genuine; valid

dlí (*pl ~the*) *nm4* law; **dlí na tíre/Dé/an nádúir** the law of the land/God/nature; **dlí canónta/míleata** canon/martial law;

an dlí a chur ar dhuine to bring legal action against sb

dlí-eolaí *nm4* jurist

dlíodóir *nm3* lawyer

dlísteanach *adj* lawful; legitimate; rightful; faithful

dlíteanas *nm1* liability

dlíthairiscint (*gs dlíthairisceana*) *nf* legal tender

dlíthe *see dlí*

dlíthiúil *adj* legal, lawful; judicial

dlús *nm1* density; compactness; speed;

dlús a chur le rud to speed sth up

dlúsuil *adj* industrious

djúth *adj* dense; compact; close; tight;

bearrtha go dlúth closely shaven

dlúthchaidreamh *nm1* close relations; intimacy

dlúthdhiosca *nm4* CD, compact disc

dlúthpháirtíocht *nf3* solidarity

do¹ (before vowel or fh + vowel = d') *poss adj* (singular) your

EOCHAIRFHOCAL

do² (*prep prons* = dom, duit, dó, di, dúinn, daoibh, dóibh) (*lenites; when followed by vowel or fh + vowel = d'; when followed by def art an = don; when followed by ár = dá, dár*) *prep* to; for **1** (*indicating indirect object*) to; for; **rud a ofráil/thabhairt do dhuine** to offer/give sth to sb; **rud a dhéanamh do dhuine** to do sth for sb; **bheith mhaith/dílis do dhuine** to be good/loyal to sb; **gar a dhéanamh do dhuine** to do sb a favour; **truea a bheith agat do dhuine** to have pity on sb

2 (*relation*): **is aintín dom í** she is an aunt of mine; **bheith gaolmhar do dhuine** to be related to sb

3 (*proximity*): **bheith gar or cóngarach do rud** to be close to sth

4 (*with greetings*): **Nollaig shona daoibh** Merry Christmas to you

5 (*with verbal noun phrases*): **ag imeacht dó** as he was leaving; **ar imeacht dó** when he had left

6 (*existence, condition*): **is ann dóibh**

they exist; **is fíor duit** you're right; **nach méanar di** isn't she lucky; **is amhlaidh dom féin** I'm in the same boat
7 (*signifying effect*): **tá an t-aer úr maith duit** the fresh air is good for you; **is cuma dóibh anois** it doesn't matter to them now
8 (*with questions*): **cad is ainm duit?** what's your name?; **cárb as di?** where's she from?

do³ *vb particle*: **d'iarr sé pionta** he asked for a pint; **d'ólfadh sí bainne** she would drink milk

do- *prefix* very difficult to; impossible to; evil-, ill-

dó¹ *see do²*

dó² (*pl -nna*) *num, nm4* two; **a dó dhéag** twelve

do-amhraí *adj* unmistakable

Dobhar *nm1* Dover

dobharcheantar *nm1* (*of river*)
 catchment area

dobharchú *nm4* otter

dobhardhroim *nm3* (*GEOC*) watershed

dobhareach *nm1* hippopotamus

dobharlíne *nf4* waterline

dobhrán *nm1* otter; (*person*) idiot, imbecile

dobhréagnaithe *adj* (*facts, evidence*)
 undeniable, indisputable

dobhriathar (*pl dobhriathra*) *nm1* adverb

dobhríste *adj* unbreakable

dobhrón *nm1* grief, sorrow; affliction

dócha (*compar dóichí*) *adj* likely, probable; **is dócha (go)** it is likely (that); **ní dócha go dtiocfaidh sí** it is unlikely that she will come; **chomh dócha lena athrath** as likely as not

dochar *nm1* harm, hurt; damage; debit; **dochar a dhéanamh do dhuine/do rud** to harm sb/sth; **níl dochar déanta** there's no harm done; **sochar agus dochar** profit and loss

dóchas *nm1* hope; expectation; trust; **tá dóchas agam (go)** I hope (that); **dóchas a bheith agat asat féin** to be self-confident

dóchasach *adj* hopeful; optimistic; confident

docheansaithe *adj* untameable; uncontrollable

dochloíte *adj* invincible; tireless; irresistible

dochorraithe *adj* impassive, imperturbable

dochrach *adj* harmful; damaging

dochreidte *adj* incredible; unbelievable
docht (*gsm docht*) *adj* close; tight; rigid; strict

dochtúir *nm3* doctor

dóchúil *adj* likely, probable; promising

dóchúlacht *nf3* likelihood, probability

dócmhainneach *adj* insolvent

dócúl *nm1* discomfort

dodach *adj* sullen; furious; (*animal*)
 restive, obstinate

dodhéanta *adj* impossible

do dhearmadta *adj* unforgettable

do-earraíde *n gen as adj* infallible

do-fhaighte *adj* unobtainable; (*book etc*)
 rare

do fheicthe *adj* invisible

do fhulaingthe *adj* unbearable; intolerable

doghafa *adj* impregnable

doghrainn *nf2* distress

dóibh *see do²*

doicheall *nm1* reluctance; inhospitality

doicheallach *adj* unwelcoming; reluctant; grudging; stand-offish

dóichí *see dócha*

doiciméad *nm1* document

doiciméadaigh *vt* document

do-ídithe *adj* inexhaustible

dóigh¹ *nf2* way, manner; method; condition; **dóigh oibre** method of working; **sa dóigh go** in such a way that; **ar dhóigh nó ar dhóigh eile** (in) one way or another; **níl an dara dóigh air** there is no alternative; **tá a dhóigh féin aige** he's his own man; **tá dhóigh mhaith orthu** they are well off; **cén dóigh atá ort?** how are you keeping?; **bheith gan dóigh** to be in a bad way; **dóigh a chur ar rud** to fix sth; **ar dóigh**

dóigh

excellent, wonderful

dóigh² *nf*2 probability; **is dóigh liom (go)** I think (that); **de mo dhóigh féin** in my own opinion

dóigh³ *vt* burn; scorch; cremate

dóighiúil *adj* handsome; good-looking

doiléir *adj* dim; obscure, vague; ambiguous

doiléirigh *vt* blur, obscure; darken

doiligh (*gsf, pl, compar doilí*) *adj* difficult, hard; tough

doilíos *nm*1 remorse; melancholy; sorrow

doilíosach *adj* remorseful, contrite; sorrowful

doimhne, doimhneacha *see* domhain

doimhneacht *nf*3 depth

doineann *nf*2 bad weather; storm

doineanta *adj* (*weather*) foul, terrible; stormy

doinsiún *nm*1 dungeon

do-inste *adj* untold; indescribable

Doire *nm*4 Derry

dóire *nm*4 burner

doirne *see* dorn

doirse *see* doras

doirseoir *nm*3 doorkeeper; porter;

doirseoir oíche night porter

doirt *vt* pour; spill; (*tears*) shed; (*colour*)

run; **doirt amach** pour out; **tá siad**

doirte dá chéile they are head over heels in love

doirteadh *nm* spilling; pouring; effusion;

doirteadh ola oil slick; **doirteadh fola** bloodshed

doirteal *nm*1 (kitchen) sink; washbasin

do-ite *adj* inedible

dóite *adj* burned, scorched; withered; dry;

bitter; **seanduine dóite** decrepit old

man; **gáire dóite** dry laugh; **bheith**

dubh dóite to be fed up

dóiteán *nm*1 blaze, fire; **inneall dóiteáin**

fire engine

dol (*gs, pl ~a*) *nm*3 snare, trap; noose;

loop; batch; (*FISHING*) cast; haul

dól *nm*1 dole

dola *nm*4 charge, expense; toll, tax; **an**

dola a dhíol to pay the bill; (*fig*) to

suffer the consequences

456

donas

dolabhartha *adj* unspeakable

dólás *nm*1 sorrow; contrition; **gníomh**

dóláis act of contrition

doléite *adj* illegible

dollar *nm*1 dollar

doloicthe *adj* reliable

dolúbtha *adj* inflexible; unbending; rigid

dom *see* do²

domhain *nf*2 (*gs doimhne, pl*

doimhneacha) depth • *adj* (*gsf, pl,*

compar doimhne) deep; profound; serious

domhan *nm*1 world; earth; **ar fud an**

domhain all over the world; **an Tríú**

Domhan the Third World; **an Domhan**

(*planet*) the Earth; **an Domhan Thoir** the

Orient; **bhí fearg an domhain air** he

was extremely angry

domhanda *adj* worldwide; global;

worldly; terrestrial

domhanfhad *nm*1 longitude

domhanleithead *nm*1 latitude

domhantarraingt *nf* (*PHYS*) gravity

domheanma (*gs ~n*) *nf* low spirits,

despondency, depression

domheanmnach *adj* downhearted;

dejected, despondent, depressed

domheasta *adj* immeasurable

Domhnach (*pl ~aí*) *nm*1 Sunday; **ar an**

Domhnach on Sundays; **Dé Domhnaigh**

on Sunday

domholta *adj* inadvisable

domlas *nm*1 bitterness

domlasta *adj* unpalatable, unsavoury,

bitter

domplagán *nm*1 dumpling

don = do² + def art an

dona *adj* bad; miserable; unfortunate; **is**

dona an scéal é it's a bad state of affairs;

tá sí go dona le seachtain she has been

very sick this last week; **loite go dona**

badly wounded

donacht *nf*3 badness; **dá dhonacht iad**

however bad they are; **athrú chun**

donachta a change for the worse

donas *nm*1 bad luck, misfortune; misery;

mischief; **dul chun donais** to get worse;

is é donas an scéil (go) the worst of it is

(that); **tá an donas air le falsacht** he's

donn

- the world's worst for laziness
donn *adj* brown
donnbhúí *adj* buff
do-oibríthe *adj* unworkable
dó-ola *nf* fuel oil
doras (*pl doirne*) *nm* door; doorway;
doras cúil back door; **doras éalaithe**
emergency exit; **duine a chur ó dhoras**
to put sb off with an excuse
dorcha *adj* dark; (*water*) murky, shadowy;
(*meaning*) obscure
dorchacht *nf* darkness
dorchadas *nm* dark, darkness; **bheith sa**
dorchadas faoi rud to be in the dark
about sth
dorchaigh *vt, vi* darken
dorchla *nm* passage, passageway
dord *nm* drone; buzz; hum; (*MUS*) bass
♦ *vi* drone; buzz; hum
dordán *nm* drone; buzz; hum
dordánaí *nm* buzzer
dordghuth *nm* bass (voice)
dordveidhil *nf* cello
doréitithe *adj* (*of problem*) insoluble
doriartha *adj* unruly; intractable;
uncontrollable
dorn (*pl doirne*) *nm* fist; punch; handle,
grip; **dorn a thabhairt do dhuine** to
punch sb; **dorn a tharraingt ar rud** to
thump sth; **dul sna doirne le duine** to
come to blows with sb
dornaic *nmp*1 handcuffs
dornálaí *nm* boxer
dornálaíocht *nf* boxing
dornán *nm* handful; **dornán airgid**
some money; **dornán daoine** a few
people
dórtúr *nm* dormitory
dorú *nm* (fishing) line; **dorú pluma**
plumb line; **as dorú** out of alignment
dos (*pl ~anna*) *nm* tuft; bush; (*of flowers*)
bunch; (*of trees*) cluster; (*of bagpipes*)
drone
dosaen (*pl ~acha*) *nm* dozen
doscaí *adj* extravagant
doscéala *nm* unwelcome news
doshamhlaithe *adj* unthinkable;
inconceivable, unimaginable

457

drámata

- dosháraithe** *adj* unbeatable; unmatched;
inviolable
dosháraitheacht *nf*3 (*of life*) sanctity
dosheachanta *adj* inescapable;
inevitable, unavoidable
doshéanta *adj* irrefutable, undoubted;
undisputed
doshrianta *adj* uncontrollable,
unmanageable
dosmachtaithe *adj* uncontrollable;
ungovernable
dóthain *nf*4 enough, sufficiency; **do**
dhóthain a ithe to eat one's fill; **ní mór**
a dhóthain he's easily satisfied
dothrasnaithe *adj* impassable
dothuigthe *adj* unintelligible,
incomprehensible; inscrutable
dothuirsithe *adj* tireless
dóú *num, adj* second; **an dóú**
duine/háit/rogha the second
person/place/choice
drabhlás *nm*1 debauchery; **bheith ar an**
drabhlás to be on the tear *or* the binge;
dul chun drabhlais to go to the bad
drabhlásach *adj* wild; dissipated; prodigal
drabhlásaí *nm*4 waster; boozier; reprobate
draein (*gs draenach, pl draenacha*) *nf*
drain
draenáil *nf*3 drainage ♦ *vt* drain
dragan *nm*1 dragon; tarragon
draid (*pl ~eanna*) *nf*2 mouth; grin;
grimace; set of teeth
draidgháire *nm*4 grin; **draidgháire a**
dhéanamh to grin
draighneamh *nm*1 blackthorn
draíocht (*gs, pl ~a*) *nf*3 (magic) spell;
witchcraft; charm; romance; **draíocht a**
chur ar to enchant; **duine a chur faoi**
dhraíocht to cast a spell on sb
draíochta *n gen as adj* magic(al)
draíodóir *nm*3 magician, wizard;
draíodóir mná witch
dram (*pl ~anna*) *nm*3 dram
dráma *nm*4 drama; play; **dráma grinn**
comedy
drámadóir *nm*3 dramatist, playwright
drámaíocht *nf*3 drama; dramatic act
drámata *adj* dramatic

dramhaíl

- dramhaíl** *nf3* refuse, trash; waste
drandaí *nm1* (ANAT) gum(s)
drann *vi* snarl; **drannadh le rud** to go near sth, touch sth
drantaigh *vi* growl
draoi (*pl* -the) *nm4* magician; sorcerer; druid
draoibeach *adj* mucky; muddy
draoidín *nm4* (person) shrimp, midget
draothadh *n*: **draothadh gáire** faint smile
drár *nm1* drawer
dreach (*gs, pl* -a) *nm3* face, expression; appearance, aspect, look
dréacht *nm3* draft; tract; composition; **dréacht ceoil** piece of music; **dréacht conartha** draft of contract
dréachtaigh *vt* draft
dream *nm3* group (of people); crowd; **an dream óg** the young people; **seachain an dream sin** avoid that crowd; **an dream a tháinig** those who came
dreancaid *nf2* flea
dreap *vt, vi* climb, scale
dreapa *nm4* stile; (*of cliff*) edge
dreapadh (*gs dreaptha*) *nm* climb
dreapadóir *nm3* climber
dreapadóireacht *nf3* climbing
dreas (*gs, pl* -a) *nm3* spell, while; turn; (*of talks*) round; (*SPORT*) round, heat; (*TENNIS*) rally; **dreas oibre** stint of work; **dreas a chodladh** to sleep a while
dreasacht *nf3* incentive
dreasú *nm* incentive
dréim *nf2* aspiration; expectation; contention • *vt, vi* aspire to; strive after; expect; **bheith ag dréim le rud** to expect sth; to strive for sth
dréimire *nm4* ladder; **dréimire taca** stepladder
dreoigh *vi* decompose; rot, decay
dreoilín *nm4* (ZOO) wren; **dreoilín teaspaigh** grasshopper
dreoite *adj* decayed, withered; mo(u)ldy; stale
dríodar *nm1* dregs, slops; sediment
driog *vt* distil
drioglann *nf2* distillery

- driopás** *nm1* hurry; **driopás a bheith ort** to be in a fluster
dris (*pl* -eacha) *nf2*: **dris chosáin** stumbling block
driúir *nm1* dresser
drithle *nf4* sparkle
drithleach *adj* sparkling
drithleog *nf2* spark
drithligh *vi* sparkle, gleam, glint; glow; twinkle
drithlín *nm4* bead; shudder, thrill
droch- *prefix* bad, poor, evil, un-;
droch-chaint bad language; **droch-chlú** slur; bad name
drochamhras *nm1* distrust; misgivings; **drochamhras a bheith agat ar dhuine** to distrust sb
drochaoibh *nf2*: **drochaoibh a bheith ort** to be in a bad mood
drochbhail *nf2* poor condition; **drochbhail a thabhairt ar dhuine** to ill-treat sb
drochbharúil *nf3* poor opinion
drochbhéas *nm3* vice, bad habit; **drochbhéasa** bad manners
drochbhéasach *adj* rude, ill-mannered
drochbhlas *nm1* distaste; bad taste
droch-chroí *nm4* ill will, malice
drochfhéachaint (*gs drochfhéachana*) *nf3* evil look; glare, glower
drochiarraidh (*gs drochiarrata, pl drochiarrataí*) *nf* indecent assault
drochíde *nf4* abuse; **drochíde a thabhairt do dhuine** to abuse or ill-treat sb; **drochíde do pháistí** child abuse
drochiontaoibh *nf2* distrust
drochmheas *nm3* disdain, contempt; **drochmheas a bheith agat ar** to look down on
drochmheasúil *adj* disparaging, contemptuous
drochmhisneach *adj* discouragement; **drochmhisneach a chur ar dhuine** to dishearten sb
drochmhuinín *nf2* distrust
drochmhúinte *adj* rude, ill-mannered; (*animal*) vicious
drochobair (*gs drochoibre*) *nf2* mischief

drochshaol *nm1* hard times; **An Drochshaol** (*HIST*) the (Great) Famine
drochthuar *nm1* foreboding; bad omen
drochthuar *nf2* crisis; **an drochthuar a chur tharat** to pull through, survive an ordeal; **ar an drochthuar** unfortunately
drogall *nm1* reluctance
drogallach *adj* reluctant
droichead *nm1* bridge; **droichead coisithe** the footbridge; **droichead crochta** suspension bridge; **droichead tógála** drawbridge
droim (*pl dromanna*) *nm3* back; (*of hill*) ridge; (*of coin*) tail; **droim dubhach** (*mood*) depression; **rud a iompar ar do dhroim** to carry sth on your back; **bheith ar dhroim duine** to be out to get sb; **bheith sa droim ag duine** to nag at sb; **droim ar ais** back to front; **droim coise** instep; **ar dhroim an domhain** on the face of the earth; **ar dhroim na mara** on the surface of the sea; **ligean le do dhroim** to take a rest
droimneach *adj* rolling, undulating
droimnocht *adv* bareback
droimscríobh (*vn droimscríobh*) *vt* (*cheque*) endorse
drólann *nf2* (*MED*) colon
droma *n gen as adj* spinal
dromán *nm1* camber
dromchla *nm4* surface
dromlach *nm1* spine, spinal column
drong *nf2* group; gang; mob; pack
dronn *nf2* hump; **dronn a chur ort féin** to arch one's back
dronuilleog *nf2* rectangle; oblong
dronuilleogach *adj* rectangular; oblong
dronuillinn (*pl -eacha*) *nf2* (*MATH*) right angle
drualus *nm3* mistletoe
drúcht *nm3* dew
druga *nm4* drug; **bheith ag caitheamh drugaí** to be on drugs
drugadóir *nm3* pharmacist, druggist
drugáil *vt* drug; (*horse etc*) dope
druglann *nf2* chemist, drugstore
druid¹ (*vn -im*) *vt* close, shut; shut (down); **druid le** approach, move close

to; **doras/cuntas a dhruidim** to close a door/an account; **druid do bhéal!** shut up!; **druidim leis an tine** to move close to the fire; **dhruid sí uaim** she moved away from me; **druidim i leataobh** to move aside
druid² (*pl ~eanna*) *nf2* starling
druidte *adj* closed, shut
druil (*pl ~eanna*) *nf2* drill; **druil aeroibríthe** pneumatic drill
druilleáil *vt* drill
druilire *nm4* (*tool*) drill
drúis *nf2* lust
drúisiúil *adj* lustful, lecherous; randy
drama *nm4* drum
drumadóir *nm3* drummer
druncaeir *nm3* drunk
drúthlann *nf2* brothel
dt (*remove "d"*) see t...
dtí *adv*: **go dtí to**, until; **go dtí seo** so far, up to now, as yet; **go dtí an siopa** as far as the shop; **go dtí gur imigh sé** until he left; **comhaireamh go dtí a deich** to count to 10; **níor chaoineadh go dtí é** you never heard such crying
dua *nm4* toil, labour, effort; trouble, difficulty
duáilce *nf4* vice, evil
duairc *adj* dismal; gloomy; grim
duairceas *nm1* gloominess
duais *nf2* (*pl ~eanna*) prize; reward; gift
duaiseoir *nm3* prizewinner
duaisiúil *adj* difficult, trying, troublesome
duaithnigh *vt* camouflage
duaithníocht *nf3* camouflage
dual¹ *nm1* lock; tuft; wisp; strand; dowel; (*in wood*) knot; **dual grauige** lock of hair; **an dual is faide siar ar do choigeal** the least of your worries
dual² *nm1*: **is dual dó bheith tostach** it's in his nature to be quiet; **ní dual di an tsaint** it's not like her to be greedy; **is dual athar duit é** you took after your father in that respect; **an chéim is dual dó** his proper standing
dualgas *nm1* duty, obligation; onus; **ar dualgas** on duty; **dualgas a bheith ort le rud** to be bound by duty to do sth, be

duan

lumbered with sth

duan (*pl -ta*) *nm1* poem; song; **duan Nollag** carol

duán¹ *nm1* hook

duán² *nm1* (ANAT) kidney

duánaí *nm4* angler

duanaire *nm4* anthology (of poems)

duanta *see duan*

duántacht *nf3* angling

duarcán *nm1* dour person

duartan *nm1* downpour

dúbail (*pres dúblaíonn*) *vt* double

dúbailte *adj* double; dual; **seomra**

dúbailte double room

dubh *adj* black; dark; black-haired;

dismal; (with people) swarming ♦ *nm1*

black; darkness; **bheith dubh dóite** to be

fed up; **dubh dorcha** pitch-black; **an**

Mhuir Dhubh the Black Sea; **tá an baile**

dubh le turasóirí the town is full of

tourists; **an dubh a chur ina gheal ar**

dhuine to pull the wool over sb's eyes;

bheith ag obair ó dhubh go dubh to

work from dawn till dusk

dubhach *adj* downcast; melancholic;

dismal; gloomy, sombre

dubhachas *nm1* gloom

dubhaigh *vt* blacken, darken; sadden

dubhfhocal *nm1* enigma; conundrum

dúblach *adj*, *nm1* duplicate

dúblaíonn *see dúbail*

dúch *nm1* ink

dúchais *n gen as adj* native; **cainteoir**

dúchais Fraincise a native speaker of

French; **tír dhúchais** mother country

dúchas *nm1* heritage; instinct; **rud a**

bheith sa dúchas ag duine to have sth

in the blood; **is Éireannach ó dhúchas é**

he is Irish by birth

dúchasach *adj* hereditary; ancestral;

native; innate ♦ *nm1* native, inhabitant

dúcheist (*pl -eanna*) *nf2* puzzle, riddle

Dúchrónach *nm1* Black and Tan

dufair *nf2* jungle

duga *nm4* dock

dúghorm *adj* navy(-blue)

duibheagán *nm1* depth(s); abyss;

duibheagán an éadóchais depths of

460

dúisigh

despair; **poll duibheagáin** bottomless
pit; quicksand

duibheagánach *adj* deep

dúiche *nf4* (native) land; district; region;
area; **an Chúirt Dúiche** the District Court

dúil *nf2* desire; expectation; (*for thing*)

liking, urge; **tá dúil aici ann** she is fond

of him; **dúil a bheith agat i nduine** to

have a soft spot for sb; **tá an-dúil aici**

ann she likes it very much; **tá mé ag**

dúil le ... I can't wait to ...; **dúil dhóite a**

bheith agat rud a dhéanamh to yearn

to do sth; **bhí dúil as Dia agam go**

ndéanfadh sé é I willed him to do it; **tá**

dúil sa bhia agaih you enjoy your

food; **dúil gan fháil** pipe dream; **mar**

dhúil (go) on the off chance (that)

duileasc *nm1* dulse

duille *nm4* leaf, lid

duilleachán *nm1* (POL, REL) leaflet

duilleog *nf2* leaf; **duilleog bháite** water

lily

duillín *nm4* docket

duilliúr *nm1* foliage; greenery

duine (*pl daoine*) *nm4* man; mankind;

person; (*of persons*) one; **daoine** people,

ordinary people, folk; **duine óg/tinn/**

saibhir a young/sick/rich person;

cearta/nádúr an duine human

rights/nature; **duine fásta** adult; **duine**

usal gentleman; **fiche duine** twenty

people; **caint na ndaoine** ordinary

speech; **le cuimhne na ndaoine** in living

memory; **duine de na banaltraí** one of

the nurses; **d'ímigh siad ina nduine is**

ina nduine they left one by one; **fuair**

siad deich bpunt an duine they got a

tenner each; **duine éigin** someone; **mo**

duine (thall úd) your man (over there);

duine ar bith anybody; nobody; **gach**

duine everybody

dúinn *see do²*

dúirt *etc vb see abair*

dúiseacht *nf3* awakening; **bheith i do**

dhúiseacht to be awake or wakened

dúisigh *vt, vi* wake (up), awake; rouse;

(*memories*) evoke; set off; (*engine*) start

(up)

dúisire *nm4* (AUT) starter

duit *see do*²

duitse *pron* (emphatic) you

dul *vn* of téigh ♦ *nm3* departure; going; method, way; arrangement, style; ní **dul agam** air I can't manage it; ní **dul aici** bheith ann she is unable to be there; **tá dul Muimhneach** air it is in a Munster idiom; **tá dul eile ar an scéal** there is another version of the story; **dul chun cinn** progress; **dul ar ceal** disappearance; **dul i léig** decline; ní **aon dul** as there is no way of avoiding it; **dul síos/suas** descent/ascent; **ar an gcéad dul síos** in the first instance; **dul ar bord**

embarkation

dúlra *nm4* nature; the elements

dulta *vadj* *see téigh*

dúmas *nm1* pretence; le **dúmas bréige** under false pretences

dúmhál *nm1*, vt blackmail

dumpáil vt dump

Dún *nm1*: an Dún Down

dún¹ (*pl* ~ta) *nm1* fort, fortress

dún² vt close, shut; shut down; shut up;

(coat) fasten; **dún an doras** close the

door; **dún do chlab** shut up

dúnadh (*gs* dúnta) *nm* closure

dúnáras *nm1* reserve; reticence

dúnárasach *adj* reserved, tight-lipped;

aloof

Dún Éideann *nm* Edinburgh

dúnmharaigh vt murder

dúnmharfóir *nm3* murderer

dúnmharú *nm* murder

Dún na nGall *nm* Donegal

dúnorgain *nf3* manslaughter

dúnpoll *nm1* manhole

dúnta *adj* closed, shut; *see also* dún¹

dúr *adj* dour; stupid; grim, sullen, moody

dúradán *nm1* speck, mote; domino

dúradh, dúramar *vb* *see* abair

durdáil *vi* coo

dúrud *nm3* a lot, loads; an dúrud airgid loads of money

dúshaothrú *nm* (over)exploitation

dúshlán *nm1* challenge; defiance;

dúshlán duine a thabhairt to defy sb, challenge sb

dúshlánach *adj* challenging

dúshraith (*pl* ~eanna) *nf2* base,

foundation; basis

dusma *nm4* blur; haze

dusta *nm4* dust

dustáil vt dust

dúthomhas *nm1* enigma

dúthracht *nf3* diligence; commitment;

zeal; earnestness

dúthrachtach *adj* diligent; devoted;

zealous; earnest

E

E nm4 E

EOCHAIRFHOCAL

- é 3rd person msg pron he; him; it 1 (as direct object): **tóg é** lift him/it; **chonaic mé inné é** I saw him yesterday
 2 (with copula): **nach iontach é!** isn't it great!; **is maith an rud é** it's a good thing; **buachaill breá is ea é** he's a fine boy; **is é an fear is ábalta é** he's the most able man; **cé hé féin?** who is he?; (with fem noun): **áit ghalánta (is ea) é** it's a lovely place; **ní hé an dea-cháil a bhí air** he did not have a good reputation; **sin é an uair ..** that's when ... (ironical): **is deas an chaoi é!** that's a fine way for things to be!
 3 (with autonomous of verbs): **déantar go minic ar an chaoi sin é** it's often done like that; **cailleadh inné é** it was lost yesterday; he died yesterday
 4 (with agus indicating manner, way): **tháinig sé abhaile agus é fliuch báite** he came home soaking wet; **bhí mise agus é féin ann go minic** he and I were there often
 5 (with ach): **ní raibh sa teach ach é** he was the only one in the house; **ní raibh acu ach é** that's all they had
 6 (with ná): **tá Seán bliain níos sine ná é** John is a year older than him
 7 (with certain preps): **gan é** without him/it; **mar é** like him/it
 8 (with preps and conjs + vn): **i ndiaidh or tar éis é imeacht** after he left; **le é a fheiceáil** to see him; **mar gheall ar é a bheith tinn** because he's sick; **ainneoin é a bheith anseo** although he's here
 9 (referring to previous or subsequent clause): **cad é a dúirt sé?** what did he say?; **is é a dúirt sé ...** what he said was ...; **is é rud a shiúil sé amach an doras** what he did was to walk out the door; **is é mo bharúil go** it is my opinion that;

an é nach bhfuil a fhios agat? do you mean that you don't know?

10 (in phrases): **pé scéal é, pé acu sin é** in any case; **is é sin** that is; namely

EOCHAIRFHOCAL

- ea 3rd person sg neuter pron (with copula only) 1 (noun, pron as indefinite predicate): **dliódóir is ea Tomás/é** Thomas/he is a lawyer; **múinteoir ba ea iad** they were teachers; **is dóigh liom gur dliódóir (gurb ea) é** I think he is a lawyer; **dúirt sé gur mhúinteoirí (gurbh ea) iad** he said they were teachers
 2 (adj as predicate): **"an tuirseach atá tú? - "is ea"** "are you tired?" - "yes"
 3 (adv, adv phrase or clause as predicate): **"nach inné a tháinig sé?" - "is ea"** "wasn't it yesterday he came?" - "yes (it was)"; **"an ar an mbord a chuir sí an bainne?" - "is ea"** "did she put the milk on the table?" - "yes (she did)"; **"an agól atá siad?" - "ní hea, ach ag ithe"** "are they drinking?" - "no, they're eating"
 4 (referring to sth subsequent): **an ea nach dtuigeann tú céard a dúirt sí?** do you mean to say you do not understand what she said?
 5 (in reply to classification questions): **"an madra maith é sin?" - "Is ea/ní hea?"** "isn't that a good dog?" - "yes (it is)/no (it isn't)"; **is madra maith é sin, nach ea?** that's a good dog, isn't it?; **"ar bhád mór í?" - "ba ea/níorbh ea"** "was it a big boat?" - "yes (it was)/no (it wasn't)"; **ba bhád mór í, nárbh ea?** it was a big boat, wasn't it?
 6 (in fuller negative corrective): **"an capall é sin?" - "ní hea ach bó or ní hea, bó is ea í"** "is that a horse?" - "no, it's a cow"; **creidim, ní hea, táim cinnte de go ...** I believe, no, I am certain that ...
 7 (conciliatory): **is ea (anois), a**

Ghearóid, céard seo a bhíomar a rá?
 now, Gerard, what is it we were saying?
8 (*in phrase más ea*) even so; **tháinig sé go luath, ach más ea (féin) níor fhan sé i bhfad** he came early, but even so, he did not stay long

éabann *nm1* ebony
eabhar *nm1* ivory
éabhlóid *nf2* evolution
Eabhrach *adj, nm1* Hebrew
Eabhrais *nf2 (LING)* Hebrew
each *nm1* horse, steed
each-chumhacht *nf3* horsepower
eachma *nf4* eczema
éacht *nm3* feat; achievement; stunt
éachtach *adj* sensational, extraordinary; (*blow*) powerful
eachtarmhúrach *adj* extramural
éachtóir *nm3* stunt(wo)man
eachtra *nf4* adventure; expedition; event; experience
eachtrach *adj* external
eachtránaí *nm4* adventurer
eachtrannach *nm1, adj* foreign, alien
eachtrúil *adj* adventurous; eventful
eacnamaí *nm4* economist
eacnamaíoch *adj* economic(al)
eacnamaíocht *nf3* economy; economics
eacnamúil *adj* economic
eacstais *nf2* ecstasy
Eacuadór *nm4* Ecuador
éacúiméineach *adj* ecumenical
éad *nm3* envy; jealousy; **éad a bheith ort (le duine)** to be jealous (of sb)
éadach (*pl éadaí*) *nm1* cloth, fabric; clothing, clothes; (*NAUT*) sail; **éadach soitheach** dishcloth; **éadach boird** tablecloth; **éadach leapa** bedclothes; **éadaí olla** woollens; **do chuid éadaigh a chur ort** to put on one's clothes
éadáil *nf3* gain; wealth; (*fig*) bonus
éadaingean (*gsf, pl, compar éadaingne*) *adj* insecure, unsteady
éadálach *adj* prosperous; (*work*) lucrative
éadan *nm1* face; front; nerve, impudence; **in éadan + gen** against; **bualadh in éadan ruda** to bump into sth; as **éadan**

indiscriminately; **cur in éadan duine** to contradict sb; object to sb; oppose sb; **clár éadain** forehead; **nach dána an t-éadan atá uirthil** the cheek of her!; **in éadan mo thola** against my wishes
eadarlúid *nf2* interlude
éadathach *adj* colourless
eadhon *adv* namely
éadlúth *adj (air)* rare
éadmhar *adj* envious; jealous
éadóchas *nm1* despair; **dul in éadóchas** to fall into despair
éadóchasach *adj* despairing, hopeless
éadóigh *adj* unlikely; **is éadóigh go** it's unlikely that
eadóirigh *vt* naturalize
éadomhain *adj* shallow
eadra *nm4* late morning; **codladh go headra** to sleep in until late in the day
eadraibh *see* **idir**
eadráin *nf3* arbitration; intervention; **eadráin a dhéanamh (in dispute)** to mediate, intervene; **talamh eadrána** no man's land
eadrainn *see* **idir**
eadránaí *nm4* mediator; arbitrator
éadrocaireach *adj* merciless
éadroime *nf4* lightness; levity
éadrom *adj* light; lightweight
éadromaigh *vt, vi* lighten
éadromán *nm1* balloon; float
éadromchroíoch *adj* light-hearted
éadrom-mheáchan *nm1 (BOXING)* lightweight
éadruach *adj* pitiless
éadulangach *adj* intolerant
éag *nm3* death • *vi* die, perish; **go héag** till death; **dul in éag** to expire, die out
éagach *nm1 (LAW)* deceased
eagal *adj*: **is eagal liom go** I am afraid that; **ní heagal duit** you're in no danger
éaganta *adj* giddy; scatterbrained
éagaoin *nf2* moan; **éagaoin a ligean asat** to moan • *vi* moan
eagar *nm1* arrangement, order; condition, state; **in eagar ceart** properly arranged; **rudaí a chur in eagar** to arrange things; **eagar a chur ar leabhar**

to edit a book
eagarfhocal *nm1* editorial
eagarthóir *nm3* editor
eagarthóireacht *nf3* editing; **foireann eagarthóireachta** editorial staff
eagla *nf4* fear; **eagla a bheith ort (roimh rud)** to be afraid (of sth); **eagla a theacht ort** to get afraid; **eagla a chur ar dhuine** to scare sb; **ní ligfeadh an eagla dó léim** he was afraid to jump; **ar eagla na heagla** just in case, (just) to be on the safe side
eaglach *adj* fearful; apprehensive
eaglais *nf2* church; **an Eaglais** the Church; **seirbhís eaglaise** church service
eaglaiseach *nm1* clergyman
eaglasta *adj* ecclesiastical
éagmais *nf2* lack; absence; **déanamh in éagmais ruda** to do without sth
eagna *nf4* wisdom; **eagna chinn** intellect, intelligence
éagnach *nm1* groan, moan
eagnaí *adj* wise; intelligent
éagóir (*pl éagóir*) *nf3* injustice; wrong; **éagóir a dhéanamh ar dhuine** to wrong sb; **bheith san éagóir (ar dhuine)** to be in the wrong (about sb)
éagoiteann *adj* uncommon, unusual
éagórach *adj* unjust, unfair
éagothroime *nf4* imbalance; inequality
éagothrom *adj* uneven; unfair, unjust
eagraí *nm4* organizer
eagraigh *vt* organize; arrange
eagraíocht *nf3* (*political etc*) organization
eagrán *nm1* edition; number, issue
eagras *nm1* (*political etc*) organization
eagrú *nm* (*layout etc*) organization
éagruthach *adj* shapeless; deformed
éagsamhalta *adj* inconceivable; extraordinary
éagsúil *adj* different; various; diverse
éagsúlacht *nf3* dissimilarity; difference; (*of things*) variety
éagsúlaigh *vt* vary; diversify
éagúimeach *adj* disproportionate; immoderate
éagumas *nm1* incapacity; impotence
éagumasach *adj* incapable; impotent

eala *nf4* swan
éalaigh *vi* escape; slip away or out; abscond; elope
ealaín (*pl ealaíona*, *gpl ealaíon*) *nf2* art; skill; antics, caper; **na healaíona uaisle** the fine arts; **tá siad ar an ealaín chéanna arís** they are at the same carry-on again
ealaíonta *adj* artistic; skilful
ealaíontacht *nf3* artistry
ealaíontóir *nm3* artist
éalaitheach *adj* elusive • *nm1* fugitive; survivor
éalang *nf2* flaw; weakness; **gan éalang** flawless; **éalang a fháil ar dhuine** to catch sb at a disadvantage
éalangach *adj* flawed, defective; (*person*) debilitated
eallach (*pl eallaí*) *nm1* cattle; livestock
ealta *nf4* (*of birds*) flock
éalú *nm* escape; elopement
éalúchas *nm1* escapism
éamh *nm1* cry, scream
éan *nm1* bird; fowl; **éan corr** odd man out; **éan creiche** bird of prey; **éin tí** domestic fowl
éanadán *nm1* (bird) cage
Eanáir *nm4* January
éaneolaí *nm4* ornithologist
éanfhairtheoir *nm3* bird-watcher
eang *nf3* nick, notch; trace; gusset; **eang a chur i rud** to nick sth
eangach¹ *nf2* net, netting; grid; network
eangach² *adj* jagged; indented
eanglach *nm1* numbness; pins and needles
éanlaith *nf2* birds, fowl
éanlann *nf2* aviary
earc (*pl -a*) *nm1* lizard; **earc luachra** newt
earcach *nm1* recruit
earcaigh *vt*, *vi* recruit
éard = **é** + **rud**; **is éard a bhí uaidh (ná)** ... what he wanted was ...
éarlais *nf2* deposit, part payment; token; **éarlais a chur ar rud** put down a deposit on sth
éarlámh *nm1* patron (saint)
éarlámhacht *nf3* patronage

earnáil *nf3* category; (*COMM*) sector
earra *nm4* commodity; merchandise, goods; **earraí** *npl* goods; wares; **earraí gloine** glassware; **earraí tomhaltais** consumer goods
earrach *nm1* spring, springtime; **san earrach** in spring
earráid *nf2* error, mistake; lapse; **earráid cló** typing error; **earráid a dhéanamh** to make a mistake
earráideach *adj* erroneous, incorrect
earralann *nf2* warehouse
éarthach *nm1*, *adj* repellent
eas (*pl* -anna) *nm3* waterfall, cascade
easaontaigh *vt*, *vi* disagree; **easaontú le duine** to disagree with sb
easaontas *nm1* disagreement; discord
éasc *nm1* (*GEOL*) fault
éasca *adj* easy; nimble; ready
eascaine *nf4* swearword, curse
eascainigh (*vn* **eascainí**) *vt*, *vi* curse, swear
eascair (*pres* **eascairinn**) *vi* sprout (up), spring; **eascairt ó rud** to derive from sth
eascairdeas *nm1* antagonism, enmity
eascairdiúil *adj* unfriendly; hostile
eascaire *nm4* writ
eascann *nf2* eel
eascra *nm4* beaker
eascrach *etc* see **eiscir**
easláinte *nf4* ill health
easlán *nm1* invalid • *adj* sickly, infirm
easna (*pl* -cha) *nf4* rib
easnamh *nm1* shortage; lack; **easnamh ruda a bheith ort** to lack sth; **in easnamh** missing
easnamhach *adj* deficient; incomplete
easóg *nf2* (*ZOOL*) stoat; weasel
easonóir *nf3* dishonour, indignity
easpa¹ *nf4* lack; absence; deficiency; shortfall; **tá easpa taithí air** he lacks experience
easpa² *nf4* (*MED*) abscess
easpach *adj* lacking; deficient; missing
easpag *nm1* bishop; **dul faoi lámh easpaig** (*REL*) to be confirmed
easpórtáil *vt* export • *nf3* exportation
easpórtálaí *nm4* exporter
eastát *nm1* estate; **eastát réadach** real

estate; **eastát tionsclaíoch** industrial estate; **eastát tithíochta** housing estate
Eastóin *nf2*: **an Eastóin** Estonia
easuan *nm1* insomnia
easumhal (*pl* **easumhla**) *adj* disobedient; insubordinate
easumhlaíocht *nf3* disobedience, insubordination
easurraim *nf2* disrespect
easurramach *adj* irreverent, disrespectful
easurrúsach *adj* presumptuous
eatarthu see **idir**
eatramh *nm1* (*between showers*) interval, lull; cessation
eatramhach *adj* intermittent; interim
eibhear *nm1* granite
eibhleacht *nf3* emulsion
éiceachóras *nm1* ecosystem
éiceolaíoch *adj* ecological
éiceolaíocht *nf3* ecology
éide *nf4* clothes; uniform; **faoi éide** uniformed; **éide spóirt** sportswear
éideannas *nm1* (*POL*) détente
éideimhin *adj* uncertain, unsure
éideimhne *nf4* uncertainty
eidhneán *nm1* ivy
éidreorach *adj* feeble, puny; helpless
éifeacht *nf3* effectiveness; effect; significance; **éifeacht a dhéanamh le rud** to do well at sth, do sth with great effect; **teacht in éifeacht** to become successful (in life etc)
éifeachtach *adj* effective; efficient; telling; (*person*) capable
éifeachtacht *nf3* efficiency
éigean *nm1* force, violence; outrage; rape; necessity; distress; **ar éigean** hardly, barely; **in am an éigin** in time of need; **b'éigean dom imeacht** I had to leave
éigeandáil *nf3* emergency; crisis
éigiantach *adj* compulsory
éigeart *nm1* injustice, wrong
éigeas *nm1* poet; scholar
éigh *vi* cry, scream
éigialta *adj* irrational
éigin *adj* some; approximately; **duine éigin** someone; **lá éigin** some day; **ar dhóigh éigin** somehow; **míle éigin punt**

about a thousand pounds
éiginnte *adj* uncertain; vague; undecided;
 (also GRAM) indefinite
éiginnteacht *nf3* uncertainty; indecision;
 vagueness
éiginntitheach *adj* indecisive,
 inconclusive
éigíontach *adj* innocent
éigíontacht *nf3* innocence
Éigipt *nf2*: **an Éigipt** Egypt
Éigipteach *adj, nm1* Egyptian
éigneach *nm1* outrage, violation
éigneasta *adj* insincere
éigneoir *nm3* violator, rapist
éignigh *vt* rape; violate; (MIL) storm
éigniú *nm* rape
éigríoch *nf2* infinity
éigríochta *adj* endless; infinite
éigríonna *adj* unwise; ill-advised
éigse *nf4* poetry; learning
eile *adj, adv, pron* other; another;
 different; else; **cé eile?** who else?; **duine**
amháin eile one more person
éileamh *nm1* claim, demand; request;
 accusation; **tá éileamh ar an leabhar**
 the book is in demand
eilifint *nf2* elephant
éiligh *vt* claim, demand; complain; ail;
rud a éileamh to demand sth; **bheith ag**
éileamh to be ill
eilimint *nf2* (ELEC, BIOL) element
eilit *nf2* doe
éilitheach *adj* demanding
éilitheoir *nm3* plaintiff; claimant
éill, éille *see* iall
éillín *nm4* clutch, brood
Eilvéis *nf2*: **an Eilvéis** Switzerland
Eilvéiseach *adj, nm1* Swiss
Éimin *nf4* the Yemen
éindí *n*: **in éindí (le)** together (with)
éineacht *n* together; at the same time;
dul in éineacht le duine to go along
 with sb
eipeasóid *nf2* episode
eipic *nf2* epic
eipidéim *nf2* epidemic
eire *nm4* burden
Éire (*ds* **Éirinn**, *gs* ~**ann**) *nf* Ireland, Eire;

Muir Éireann the Irish Sea; **in Éirinn** in
 Ireland; **muintir na hÉireann** the Irish
 people; **Poblacht na hÉireann** the
 Republic of Ireland
eireaball *nm1* tail; tail end; **treabhadh as**
d'eireaball féin to fend for oneself
Éireann *see* Éire
Éireannach *adj* Irish ♦ *nm1* Irish person
eireog *nf2* chicken
eirgeanamaíocht *nf3* ergonomics
éirí *nm4* rising, rise; ascent; **éirí amhach**
 revolt, uprising; **éirí na gréine** sunrise;
éirí in airde arrogance, snobbishness; *see*
 also **éirigh**
éiric *nf2* revenge; retribution; **éiric a**
bhaint as duine to get one's own back
 on sb; **cic éirice** (SPORT) penalty(-kick)
eiriceach *nm1* heretic
eiriceacht *nf3* heresy
éirigh (*vn* **éirí**) *vi* rise, arise, get up; grow;
 become, get; **tá sé ag éirí fuar** it's
 getting cold; **éirí as rud** to resign from
 sth, quit sth; **d'éirigh leis** it or he
 succeeded; (*in exam etc*) he passed;
d'éirigh eatarthu they fell out; **cad é**
mar atá ag éirí leat? how are you
 getting on?; **éirí amach** to rise (in
 revolt); **cad é a d'éirigh dó?** what
 happened to him?
éirim *nf2* intellect, wit; talent, aptitude;
 (*of story*) gist, tenor
éirmiúil *adj* talented; intelligent, brainy
Éirinn *see* Éire
eirleach *nm1* slaughter, carnage
eirimín *nm4* ermine
éis *n*: **d'éis + gen, tar éis + gen** after; **tar**
éis an tsaoil after all; **fiche tar éis a trí**
 twenty past two
eisbheartach *adj* (clothes) skimpy, scant;
 (person) scantily clad
éisc *see* iasc
eisceacht *nf3* exception; **eisceacht a**
dhéanamh (de rud) to make an
 exception (of sth)
eisceachtúil *adj* exceptional
eisceadúnas *nm1* off-licence
eiscir (*gs* **eascrach**, *pl* **eascracha**) *nf*
 (terrain) ridge, esker

eisdíritheach

eisdíritheach *adj, nm1* extrovert
eiseachadadh (*gs eiseachadta*) *nm*
 extradition
eiseachaid (*pres eiseachadann*) *vt*
 extradite
eiseachas *nm1* (PHIL) existentialism
eiseadh *nm1* existence
éisealach *adj* squeamish; fastidious
eiseamláir *nf2* example, model, paragon;
eiseamláir duine a leanúint to follow
 sb's example
eiseamláireach *adj* exemplary
eisean *emphatic pron* he; him; himself;
eisean a bhí ann it was HIM
eisiach *adj* (rights etc) exclusive, sole
eisiaigh *vt* exclude
eisiatacht *nf3* exclusion
eisigh *vt* issue
eisilteach *nm1* effluent
eisimirce *nf4* emigration
eisimirceach *adj, nm1* emigrant
eisint *nf2* (PHIL) essence
eisioc *nm3* outlay
eisiúint (*gs eisiúna*) *nf3* (of shares etc)
 issue; (of film etc) release
eispéaras *nm1* (PHIL) experience
eisreachtai *nm4* outlaw
eisreachtai *vt* outlaw, proscribe
eisréimnigh *vi* diverge
éist *vt, vi* listen; hear; heed; **éisteacht le**
duine to listen to sb; **éist!** look (here)!;
éist do bhéal! shut up!; **cás a éisteacht**
 to hear a case
éisteacht *nf3* hearing; **as éisteacht** out of
 earshot; **lucht éisteachta** audience
éisteoir *nm3* (RADIO) listener
eite *nf4* (gen, POL) wing; (of fish) fin; an
eite chlé the Left (wing)
eiteach *nm1* refusal; **eiteach dearg** a flat
 refusal; *see also* **eitigh**
eiteán *nm1* spool, bobbin; (SPORT)
 shuttlecock
eiteog *nf2* (of bird) wing
éitheach *nm1* lie; **mionn éithigh** false
 oath, perjury; **mionn éithigh a**
thabhairt to perjure o.s.
eithne *nf4* kernel; nucleus
eithneach *adj* nuclear

eitic *nf2* ethics
eiticiúil *adj* ethical
eitigh (*vn eiteach*) *vt* refuse; **duine a**
eiteach faoi rud to refuse sb sth
eitil (*pres eitíonn*) *vi* fly
eitilt *nf2* flight; flying
eitinn *nf2* tuberculosis
eitleán *nm1* aeroplane, plane
eitleog *nf2* (toy) kite; (TENNIS etc) volley
eitlíocht *nf3* aviation
eitneach *adj* ethnic
eitneolaí *nm4* ethnologist
eitpheil *nf2* volleyball
eitre *nf4* groove, furrow
eitseáil *nf3* etching
Elastoplast *nm4* Elastoplast
eochair (*gs eochrach, pl eochracha*) *nf*
 key; (MUS) clef
eochairbhuille *nm4* (COMPUT, TYP)
 keystroke
eochairchlár *nm1* keyboard
eochraí *nf4* (fish) roe
eol *nm1*: **is eol dom (go) ...** I know (that)
 ...; **mar is eol duit** as you know
eolach *adj* knowledgeable; learned;
 informed; **bheith eolach ar cheantar** to
 know an area
eolaí *nm4* (gen) expert; scientist; (book)
 directory, guidebook
eolaíoch *adj* scientific
eolaíocht *nf3* science
eolaire *nm4* directory
eolas *nm1* knowledge; information; **níl**
aon eolas agam faoi I have no
 knowledge of it; **bheith ar an eolas** to
 be in the know; **rud a bheith ar eolas**
agat to know sth; **de réir m'eolais** as far
 as I know; **duine a chur ar an eolas faoi**
rud to brief or inform sb about sth; **eolas**
an bhealaigh a chur to ask directions;
oifig eolais information office
eorachárta *nm4* eurocard
Eoraip *nf3*: **an Eoraip** Europe
eoraiseic *nm4* eurocheque
eorna *nf4* barley
eornóg *nf2* barley sugar
Eorpach *adj, nm1* European
eotanáis *nf2* euthanasia

F

F nm4 F

fabhal *nf2* fable

fabhalscéal (*pl* ~*ta*) *nm1* fable

fabhar *nm1* favour; **bheith i bhfabhar le rud/duine** to be in favour of sth/sb

fabhcún *nm1* falcon

fabhlach *adj* fabled; fabulous

fabhra *nm4* (eye)lash; (eye)brow

fabhrach *adj* favourable; partial

fabhraigh *vi* form; develop

fabhraíocht *nf3* favouritism

fabht *nm4* defect; fault; weakness; (*COMPUT*) bug; **an fabht san éide** the chink in the armour

fabhtach *adj* defective, faulty; treacherous

fabraic *nf2* fabric

fách *n*: **bheith i bhfách le rud/duine** to be in favour of sth/sb

fachtóir *nm3* (*MATH*) factor; **fachtóirí coiteanna** common factors

facs *nm4* fax

facsaíl *vt, vi* fax

fad *nm1* length; duration; distance; extent; **fad a bhaint as rud** to make sth last, draw sth out; **ar a fhad** lengthwise; **fad saoil duit!** bravo!; **fad is nach mbeidh tú mall** as long as you're not late; **ar fad** altogether; in full; **an lá ar fad** all day; **sé mhéadar ar fad** 6 metres long; **i bhfad ró-bheag** far too small; **i bhfad ó shin** long ago; **dul a fhad le duine** to approach sb; **cá fhad?** how far/long?; **faoi fhad láimhe** or **sciatháin de rud** within reach of sth

fada (*compar faide*) *adj* long, lengthy; **scéal/bóthar fada** a long story/road; **le fada (an lá)** for a long time past; **is fada ó ...** it's a long time since ...

fadaigh (*vn fadú*) *vt, vi* (*fire*) kindle; (*anger*) incite; **fadú le rud** to add to sth

fadálach *adj* slow; tedious

fadbhreathnaitheach *adj* far-seeing

fadchainteach *adj* long-winded

fadcheannach *adj* astute, shrewd

fadcheirnín *nm4* LP, long-playing record
fadfhulangach *adj* long-suffering;

enduring

fadharcán *nm1* (*on foot*) corn

fadhb (*pl* ~*anna*) *nf2* problem; (*in timber*) knot; **fadhb a fhuascaill** or **a réiteach** to solve a problem

fadhbach *adj* problematical

fadiascaireacht *nf3* offshore fishing

fadlíne *nf4* (*CEOG*) meridian

fadó *adv* long ago; once upon a time

fadradharcach *adj* long-sighted

fadraoin *n gen as adj* long-range

fadsaolach *adj* long-lived

fadtéarmach *adj* long-term

fadtonn *nf2* (*RADIO*) long wave

fadtréimhseach *adj* long-term

fadú *nm* extension

fág (*vn* ~*áil*) *vt, vi* leave; depart; **rud a fhágáil ag duine** to leave sth to or with sb; **slán a fhágáil ag duine** to say goodbye to sb; **rud a fhágáil amach** to leave sth out; **rud a fhágáil ar dhuine** to attribute sth to sb; **rud a fhágáil faoi dhuine** (*decision*) to leave sth up to sb;

rud a fhágáil uait to leave sth aside

fágálach *nm1* weakling; (*inf*) runt

faghairt (*gs faighartha, pl* ~*í*) *nf3* mettle, spirit; (*in eyes*) look of anger or determination

faí (*pl* ~*the*) *nf4* voice; cry; (*LING*) voice; **an fhaí chéasta/ghníomhach** the passive/active (voice)

faibhile *nm4* beech (tree)

faic *nf4* (*with neg*) nothing; **faic na fríde** nothing at all; **ní dhéanann sé faic** he does nothing

faiche *nf4* green, lawn; (*SPORT*) ground, (playing) field

faichill *nf2* care, caution; **bheith ar d'fhaichill roimh** or **ar dhuine/rud** to be wary of sb/sth; **faichill a thóna féin ar gach fear** every man for himself

faichilleach *adj* careful, cautious;

non-committal, wary

faide *see fada*

faideog *nf2* candle; taper; wick

fáidh (*pl fáithe*) *nm4* prophet

fáidhiúil *adj* prophetic; wise

faigh (*vn fáil, vadj ~te, past fuair, fut*

gheobhaidh) *vt* get; find; discover;

receive; (*advantage etc*) gain; **rud a fháil**

ar ais to get sth back; **duine a fháil**

clontach (*LAW*) to find sb guilty; **rud a**

fháil déanta to get sth done; **ní bhfuair**

mé labhairt leis I didn't get to speak

with him; **fáil amach faoi rud** to find

out about sth; **locht a fháil ar rud** to

find fault with sth; **ar fáil** available; **níl**

fáil air he cannot be found; he is

unavailable

faighin (*gs faighne, pl faighneacha*) *nf2*

vagina

faighneog *nf2* pod; shell

faighteoir *nm3* recipient; receiver

fáil *see faigh*

fáilí *adj* stealthy, sneaky; affable; **teacht**

go fáilí ar dhuine to sneak up on sb

faill (*pl ~eanna*) *nf2* chance, opportunity;

time; **ag faire na faille** waiting for an

opportunity; **níl faille suí agam** I don't

have time to sit; **faill a bhreith ar**

dhuine to take sb at a disadvantage; **an**

fhail a fhreastal to seize an

opportunity; **faill a thabhairt do dhuine**

(**rud a dhéanamh**) to give sb time (to

do sth)

faillí (*pl ~ocha*) *nf4* oversight; **faillí a**

dhéanamh i rud to neglect sth

faillitheach *adj* negligent, remiss

fáilte *nf4* welcome; **fáilte romhat!**

welcome!; **fáilte a chur roimh dhuine** to

welcome sb

fáilteach *adj* welcoming, hospitable

fáilteoir *nm3* receptionist

fáiltigh *vi* welcome; **fáiltiú roimh**

rud/dhuine to welcome sth/sb

fáiltiú *nm* reception

fainic *nf2* caution • *vt, vi* take care,

beware; **fainic thú féin ar an mhadra**

beware of the dog

fainleog *nf2* (*bird*) swallow

fáinne *nm4* ring, circle; halo; (*hair*)

ringlet; **fáinne lochtach** vicious circle

fáinneach *adj* ring-like; (*hair*) ringleted

fáinneáil *nf3*: **ag fáinneáil** circling,

loitering

fair *vt* watch; observe; guard; (*corpse*) wake

fáir *nf2* (*pl ~eacha*) roast • *vi* roast

fairche *nf4* diocese; (*HIST*) parish, monastic

territory

faire *nf4* watch; lookout; surveillance; (*for*

dead) wake; vigil; **fear faire** sentry; **focal**

faire password

faireach *nf2* booing; **faireach a**

dhéanamh faoi dhuine to boo sb

faireog *nf2* gland

faireogach *adj* glandular

fairis *see fara*

fairsing *adj* wide, extensive; spacious;

plentiful; (*measures etc*) sweeping

fairsinge *nf4* breadth; abundance;

expansiveness

fairsingigh *vt, vi* broaden

fairsingiú *nm* expansion

fairtheoir *nm3* sentry, watchman;

fairtheoir oíche night watchman

fáisc (*vn fáscadh*) *vt* squeeze; squash;

wring; press; tighten

fáisceán *nm1* (*TECH*) press; (*MED*) bandage;

(*of zip*) slider

fáiscín *nm4* clip; fastener; **fáiscín páipéir**

paper clip; **fáiscín gruaige** hair clip

faisean *nm1* fashion; style; (*custom*)

habit; **san fhaisean** or **i bhfaisean** in

fashion; **as faisean** out of fashion

faiseanta *adj* fashionable; stylish; popular

faisisteach *adj* Fascist

faisisteachas *nm1* fascism

faisnéis *nf2* information; (*MIL etc*)

intelligence; (*GRAM*) predicate; **faisnéis**

duine a chur to inquire about sb;

faisnéis na haimsire weather report

faisnéiseach *adj* informative, revealing;

(*GRAM*) predicative

faisnéiseoir *nm3* informant; **faisnéiseoir**

aimsire weatherman

faisnéisiú *nm* disclosure

fáistine *nf4* prophecy

fáistineach *adj* prophetic; (*GRAM*) future

♦ *nm1* (GRAM) future
faiteach *adj* timid, nervous, shy
faiteachán *nm1* timid or shy person
faiteadh *nm1*: **i bhfaiteadh na súl** in the blink of an eye
fáithe *see* fáidh
fáithim *nf2* hem
faithne *nm4* wart
faitíos *nm1* fear; shyness; **ar fhaitíos go** for fear that
fál (*pl* ~ta) *nm1* hedge; fence, fencing; wall; enclosure; **fál a chur ar rud** to fence sth (in or off)
fala (*pl* falta) *nf4* grudge; spite; **fala a bheith agat do dhuine** to bear a grudge against sb
fálaigh *vt* fence, enclose; (*pipes*) lag
fallaing (*pl* ~eacha) *nf2* cloak; robe; **fallaing folctha** bathrobe, robe; **fallaing sheomra** dressing gown
fallás *nm1* fallacy
fálróid *nf2* stroll(ing); **fálróid ar chapailíní** pony trekking
falsa *adj* lazy; false
falsacht *nf3* falseness; laziness
falsaign *vt* falsify, fake
falsaitheoir *nm3* forger
falsóir *nm3* lazy person
falta *see* fala
fálta *see* fál
faltanas *nm1* spite; vindictiveness; grudge
faltanasach *adj* spiteful; vindictive
fáltas *nm1* (FIN) receipt; return; **fáltais** (*nom pl*) proceeds; **fáltas pá** pay packet
fámaireacht *nf3* sightseeing; strolling about
fan (*vn* ~acht) *vi* stay, remain, wait; **fanacht le duine/rud** to wait for sb/sth; **fanacht ag duine** to stay or lodge with sb; **fanacht as an bhealach** to stay out of the way; **fan go fóill!** hold on!; **fan nóiméad** or **bomaite!** wait a minute!
fán *nm1*: **ar fán** astray, wandering; **imeacht ar fán** to wander off; **lucht fán** vagrants, wanderers
fána *nf4* slope; incline; **dul le fána** (*fig*) to decline
fánach *adj* (attempt) futile, vain;

(occurrence) occasional; (*matter, cause*) trivial; (*meeting*) chance; (*sample, number*) random; (*person*) wandering
fanacht *nm3* wait, stay
fánaí *nm4* rambler
fanaiceach *nm1* fanatic ♦ *adj* fanatic(al)
fanaile *nm4* vanilla
fánán *nm1* slope; ramp; slipway
fann *adj* faint, feeble; wan; limp
fannchlúmh *nm1* (eider)down
fannléas *nm1* glimmer
fanntais *nf2* faint, swoon; **dul i bhfanntais** to faint
fánsruth *nmsg3* rapids
fantaisíocht *nf3* fantasy
faobhar *nm1* (sharp) edge; **faobhar a chur ar rud** to sharpen sth; **faobhar a bheith ar do theanga** to have a sharp tongue
faobhrach *adj* sharp-edged; (*person*) eager
faobhraigh *vt* sharpen, whet

EOCHAIRFHOCAL

faoi (*prep* *prons* = **fúm, fút, faoi, fúithi, fúinn, fúilbh, fúthu**) (*lenites*; followed by *def art an* = **faoin**; followed by *poss adj a, ár* = **faoina, faoinár**; followed by *rel part a, ar* = **faoina, faoinar**) *prep* under, below; about, around; by, near; within 1 (*underneath*) below, under; **faoin tábla/ngrian** under the table/sun; **faoi aois** under-age
 2 (*topic, matter*) about; **labhairt/fiafraí faoi rud** to talk/ask about sth; **bheith ar buile/mishásta/imníoch faoi rud** to be furious/annoyed/worried about sth; **is cuma faoi** that doesn't matter
 3 (*time*) within; by; at; **faoi choicís Nollaig** within a fortnight of Christmas; **faoin am a bhfuair sé amach** by the time he found out; **faoi láthair** at the moment
 4 (*distance, area*) within; around; **faoi mhíle den teach** within a mile of the house; **chuaigh sé faoi orlach den spríoc** it went within an inch of the target; **faoin teach** about the house; **faoin tuath** in the country(side)

5 (with numbers) by; under, less than; **faoi dheich** by ten, ten times; **fiche faoin gcéad** twenty percent; **bhí faoi chaoga acu ann** there were less than fifty of them there
 6 (condition, state): **faoi bhrú** under pressure; **faoi ghruaim** despondent; **faoi onóir** esteemed; **bheith faoi gheasa ag duine** to be under sb's spell
 7 (intention): **cad (é) atá faoi a dhéanamh anois?** what does he intend to do now?; **tabhairt faoi rud** to attempt sth
 8 (responsibility, charge): **rud a fhágáil faoi dhuine** to leave sth in sb's care; **is fúithí féin atá sé** it's up to herself; **tá an teach fúthu féin acu** they have the house to themselves
 9 (location): **suigh fút** sit down; **chuir siad fúthu cois an chladaigh** they settled by the shore
 10 (appearance): **faoi éadaí galánta** dressed in fine clothes; **faoi bhláth** in flower; **faoi ainm bréige** under a false name
 11 (encircling) around; **chuir sé a lámh faoina colm** he put his arm around her waist
 12 (collision) against; **do cheann a bhualadh faoi rud** to bang one's head against sth

faoileán *nm1* gull, seagull
faoileoir *nm3* glider
faoileoireacht *nf3* gliding
faoin = **faoi** + *def art an*
faoina = **faoi** + *poss adj a*; **faoi** + *rel part a*
faoinar = **faoi** + *rel part ar*
faoinár = **faoi** + *poss adj ár*
faoiseamh *nm1* relief; reprieve;
faoiseamh a thabhairt do dhuine (ó) to relieve sb (from); **faoiseamh a fháil (ó)** to get relief (from)
faoiste *nm4 (CULIN)* fudge
faoistin *nf2 (REL)* confession; **faoistin a dhéanamh i rud** to confess sth
faoitín *nm4 (fish)* whiting
faoichú (*pl ~nna*) *nm4* wolf; wild dog

faoimh *vt (decision etc)* accept; consent to
faoimhach *adj (GRAM)* concessive
faoimhadh (*gs faofa*) *nm* acceptance; concession
faoin *adj* limp; supine
faoinach *nm*: **bheith san fhaopach** to be in a fix
fara (*prep prons = faram, farat, fairis, farae, farainn, faraibh, faru*) *prep* along with; as well as, besides
farae *nm4* fodder
farantóireacht *nf3* ferrying; **bád farantóireachta** ferry
faraor *excl* alas
farasbarr *nm1* excess, surplus
farat *see fara*
fardal *nm1* inventory
fargán *nm1* ledge
farraige *nf4* sea; **dul or cur chun farraige** to set to sea; **An Fharraige Mhór** the Atlantic Ocean
faru *see fara*
fás *vt, vi* grow ♦ *nm1* growth; **fás aníos** to grow up
fasach *nm1 (LAW)* precedent
fásach *nm1* desert, wilderness; (*of plants*) wild growth
fáscaidh (*pl fáscaí*) *nm1* squeeze; clasp; *see also fáisc*
fáschoill *nf2 (in forest etc)* undergrowth
fásra *nm4* vegetation
fásta *vadj* grown(up); **duine fásta** adult
fáth (*pl ~anna*) *nm3* cause, reason; **cén fáth?** why?
fathach *nm1* giant
fáthchiallach *adj* figurative; allegorical
fáthmheas *nm3* diagnosis ♦ *vt* diagnose
fáthscéal (*pl ~ta*) *nm1* parable
feá¹ (*pl ~nna*) *nf4* beech
feá² (*pl ~nna*) *nm4* fathom
feabhas *nm1* improvement; excellence; **ar fheabhas** excellent; **feabhas a chur ar rud** to improve sth; **dul i bhfeabhas or feabhas a theacht ort** to improve
Feabhra *nf4* February
feabhsaigh *vt, vi* improve, get better
feabhsaitheoir *nm3* conditioner
feabhsú *nm* improvement

feac¹ *nm4* (of spade) handle

feac² *nm3*: do chos a chur i bhfeac to put one's foot down

feac³ *vt, vi* (knee) bend

féach (*vn* ~aint) *vt, vi* look; see; observe;

féachaint ar rud to look at sth, watch sth;

éadaí a fhéachaint ort to try clothes on; **féachaint le rud** to attempt sth;

féach ar look at, watch; **féach ort** (clothes) try on; **féach leis!** have a go!, try it!

féachadóir *nm3* observer; onlooker

féachaint (*gs féachana*) *nf3* look; test;

lucht féachana spectators; onlookers; viewers

feachtas *nm1* campaign

fead (*pl* ~anna) *nf2* whistle; **fead ghlaice**

finger-whistle; **fead a ligean (le duine)**

to whistle (at sb)

féad (*vn* ~achtáil) *aux vb* be able to, can;

should; ní fhéadfaí é a dhéanamh it

couldn't be done; **féadaim a rá go ...** I

can safely say that ...; **féadann tú**

imeacht you may go; **d'fhéad tú a rá**

leis you should have told him

feadaíl *nf3* whistling

feadair *defective vb*: ní fheadar I don't

know; **an bhfeadraís?** do you know?

feadán *nm1* tube; duct

feadh *nm3* length; extent; duration;

feadh an bhóthair along the road; **ar**

feadh a ndearna sé de mhaith duit for

all the good it did you; **ar feadh sé mhí**

for 6 months; **ar feadh scathaimh** for a

while; **ar feadh a shaoil** all his life; **ar**

feadh m'éolais as far as I know

feadhain (*gs, pl feadhna*) *nf3* troop, band

feadóg *nf2* whistle; **feadóg mhór** flute

feag (*pl* ~acha) *nf3* (BOT) rush

feall *nm1* deceit; failure; betrayal; (SPORT)

foul * *vi*: **fealladh ar dhuine** to let sb

down; betray sb; **feall ar iontaobh**

betrayal of trust; **tá an feall ann** he's

treacherous by nature

feallmharaigh *vt* assassinate

feallmharú *nm* assassination

fealltach *adj* treacherous; deceitful

fealltóir *nm3* traitor

fealsamh (*pl fealsúna*) *nm1* philosopher

fealsúnach *adj* philosophical

fealsúnacht *nf3* philosophy

feamainn *nf2* seaweed

feamainneach *adj* clustered; wavy

fean (*pl* ~anna) *nm4* fan

feann *vt* (also *inf*) skin; (criticise) slate; (rob) fleece

feánna *see* feá^{1,2}

feannóg *nf2* scald or grey crow

feannta *adj* sharp, severe

feanntach *adj* (wind) piercing; (cold)

biting; (criticism) sharp

fear¹ (*gs, pl fir*) *nm1* man; husband; **Fear**

Buí Orangeman; **fear buile** madman;

fear céile husband; **fear dóiteáin**

fireman; **fear ionaid** deputy; (SPORT)

substitute; **fear an phoist/bhainne**

postman/milkman; **fear singil** bachelor;

fear sneachta snowman; **fir** (HIST) race;

"Fir" "Gents"

fear² *vt* (war) wage; (welcome) accord; perform

féar (*pl* ~a) *nm1* grass; hay

féarach *nm1* pasture

fearacht *prep* (+ *gen*) as, like

fearadh *nm*: **fearadh na fáilte** a hearty welcome

féarálite *adj* fair

fearann *nm1* land, grounds; **baile**

fearainn townland

fearas *nm1* appliance, apparatus;

equipment, kit; order; **rud a chur i**

bhfearas to put sth in (working) order;

fearas deisiúcháin/garchabhrach

repair/first-aid kit

fearb *nf2* weal, welt

fearchat *nm1* tomcat

fearg (*gs feirge, ds feirg*) *nf2* anger; (*in*

wound etc) irritation; **fearg a bheith ort**

to be angry; **fearg a chur ar dhuine** to

make sb angry

fearga *adj* male; manly

feargach *adj* angry; irate; (wound etc)

inflamed

feargacht *nf3* manhood; masculinity;

virility

Fear Manach *nm* Fermanagh

fearr *see* maith

fearsaid *nf2* spindle, shaft; sand-ridge; **An**

Fhearsaid (*ASTROL*) Orion's belt

feart *nm3* miracle; **A Rí na bhFeartí**

Almighty God!

fearthá, fearthaí *see* fearadh

fearthailte *nmpf* or *npl* prairies

fearthainn *nf2* rain; **ag cur fearthainn**

raining

feartlaoi (*pl ~the*) *nf4* epitaph

fearúil *adj* manly, manful

feasa *see* fios

feasach *adj* (well-)informed;

knowledgeable

feasachán *nm1* (*TV, RADIO*) bulletin

féasóg *nf2* beard

féasógach *adj* bearded

féasrach *nm1* muzzle

feasta *adv* from now on; henceforth; **lá**

ar bith feasta any day now

féasta *nm4* feast; banquet; party

feic¹ *vt, vi* (*vn ~eáil, vadj ~the, past*

chonaic) *see*; seem; **le feiceáil** visible;

feictear dom go ... it appears to me that

...; **fan go bhfeicfidh mé** let me see

feic² *nm4* (sorry) sight, spectacle

feiceálach *adj* noticeable; striking,

eye-catching, attractive

féich *see* fiach¹

féichiúnaí *nm4* debtor

féidearthacht *nf3* possibility

feidhm (*pl ~eanna*) *nf2* function; use; **dul**

i bhfeidhm ar dhuine/rud to influence

sb/sth; **as feidhm** out of order, obsolete;

dlí a chur i bhfeidhm to enforce a law;

níl feidhm leis it isn't necessary; **níl**

feidhm orm I don't have to, I don't

need to; **feidhm a bhaint as rud** to use

sth

feidhmeach *adj* applied

feidhmeannach *nm1* official; agent;

executive

feidhmeannas *nm1* service, function;

position; office

feidhmigh *vt, vi* function; (*REL*) officiate;

enforce; **feidhmíú mar mholtóir** to act

as adjudicator or referee

feidhmítheach *adj* executive

feidhmíú *nm* operation; application

feidhmíúcháin *n gen as adj* (committee

etc) executive

feidhmíúil *adj* functional; efficient

féidir *n* (*with copula*): **b'fhéidir** maybe; **is**

féidir é a fheiceáil it is possible to see it;

an féidir liom caitheamh? may I

smoke?; **chomh mór agus is féidir** as big

as possible; **más féidir** if possible; **ní**

féidir liom teacht I cannot come

feighil *nf2* care; vigilance; **bheith i**

bhfeighil ruda/duine to look after

sth/sb, be in charge of sth/sb

feighlí *nm4* watcher; overseer; (*of*

building) caretaker; **feighlí páistí**

baby-sitter

feil (*vn ~iúint*) *vi* suit, fit; **feiliúint do**

dhuine/rud to suit sb/sth

féil, féile¹ *see* fial²

féile² (*pl féilte*) *nf4* festival; (*REL*) feast

(*day*); **Lá Fhéile Pádraig** St Patrick's Day;

Lá Fhéile Vailintín St Valentine's Day

féile³ *nf4* generosity; hospitality

féileacán *nm1* butterfly

féileadh (*pl féilí*) *nm1*: **féileadh beag** kilt

feileastram *nm1* (*plant*) iris

feileon *nm1* felon

feileonacht *nf3* felony

féilire *nm4* calendar

feiliúint *see* feil

feiliúnach *adj* suitable; appropriate;

(*person*) obliging

feiliúnacht *nf3* suitability, fitness

feilt *nf2* felt

féilte *see* féile²

féiltiúil *adj* festive; periodic; regular

féimheach *nm1* bankrupt

féimheacht *nf3* bankruptcy

feimineachas *nm1* feminism

feiminí *nm4* feminist

EOCHAIRFHOCAL

féin *emphatic and reflexive pron, adv 1* (*with*

pron) self; **mé féin** myself; **tú féin**

yourself; (**s**)**é féin** himself; (**s**)**í féin**

herself; **muid** or **sinn féin** ourselves; **sibh**

féin yourselves; (**s**)**iad féin** themselves

2 (*with prep pron*) self; **tháinig sí léi féin**

she came by herself; **coinnigí eadraibh féin é** keep it to yourselves

3 (with proper noun) self; **Brid féin a d'inis dom é** Bridget herself told me

4 (with poss pron and noun) own; **mo leabhar féin** my own book; **do theach féin** your own house; **a bróga féin** her own shoes

5 (with copula and prep le denoting ownership) own; **is leo féin an t-airgead** it's their own money

6 (with verb): **"oscail an doras, a Sheáin"** - "oscail féin é" "open the door, John" - "open it yourself"; **rinneamar féin é** we did it ourselves

7 (emphatic pron referring to sth previous): **"cá bhfuil peann Mháire?"** - "tá sé aici féin" "where's Mary's pen?" - "she has it herself"

8 (referring to important member of group): **tháinig sé féin isteach timpeall a naoi** himself or the husband or the man of the house came in about nine; **an bhfaca tú í féin sa siopa?** did you see herself or the wife in the shop?; **bhí mé ag fanacht léi féin teacht abhaile** I was waiting for herself or the wife to come home; **an tú féin atá ann?** is it yourself there?

9 (as reflexive pron): **ghortaigh sí í féin** she hurt herself; **bhí mé do mo bharradh féin** I was shaving (myself); **nigh siad iad féin** they washed themselves

♦ *adv.* **mar sin féin** even so, nevertheless; **go deimhin féin** indeed; **cheana féin** already; **má tá sé fuar féin níl sé flíuch** even though it's cold it's not wet; **anois féin** even now; **ní hé sin féin é** that's not quite the whole story; to be more precise

féin- prefix auto-, self-
féinchaomhnú *nm* self-preservation
féinchosaint *nf3* self-defence
féinchúiseach *adj* self-interested, egocentric
féinfhostaithe *adj* self-employed

feiniméan *nm1* phenomenon

féiniobairt *nf3* self-sacrifice

féiniúlacht *nf3* (separate) identity; individuality

féinmharú *nm* suicide

féinmhuinín *nf2* (self-)confidence

féinmhuinte *adj* self-taught

Féinne *see* **Fiann**

féinriail (*as féinrialach*) *nf* autonomy

féinrialaítheach *adj* autonomous, self-governing

féinseirbhís *nf2* self-service

féinsmacht *nm3* self-control, self-discipline

féinspéis *nf2* egotism

féinspéisí *nm4* egoist

féintrua *nf4* self-pity

féir *see* **fiar**

féirc *nf2* tilt; (*of dagger etc*) hilt; (*cap*) peak

féire *see* **fiar**

féirg, féirge *see* **fearg**

féirín *nm4* present, gift

féirm (*pl -eacha*) *nf2* farm

féirmeoir *nm3* farmer

féirmeoireacht *nf3* farming

feis (*pl -eanna*) *nf2* festival; feis; Irish

language festival; **Ard-Fheis** (*POI*)

National Convention, National

Conference

Feisire *nm4* (*in Britain: also: Feisire*

Parlaiminte) MP, member of Parliament;

Feisire Eorpach Member of the

European Parliament, MEP

feisteas *nm1* furnishings, fittings; outfit,

dress; (*THEAT*) costume; **seomra feistis**

changing-room

feisteoir *nm3* fitter; outfitter

feistigh (*vn feistiú*) *vt* arrange; equip, fit;

dress; secure; (*ship*) moor, tie up; **tábla a**

feistiú to set a table

feistiú *nm* décor; (*on car*) trim; (*of jewel*)

setting; (*HAIRDRESSING*) set

feith *vt, vi: bheith ag feitheamh le rud* to

be waiting for sth, be expecting sth

féith (*pl -eacha*) *nf2* vein; muscle; (*GEOG*)

seam; (*personality*) trait; talent;

féitheacha borrrtha varicose veins; **féith**

na filíochta poetic talent

féithchrapadh (*gs féithchraptha*) *nm*
(*MED*) contraction

feithealann *nf2* waiting room

feitheamh *nm1* wait; anticipation;

seomra feithimh waiting-room

féitheog *nf2* sinew; muscle; vein

féitheogach *adj* sinewy; beefy; muscular

feitheoir *nm3* invigilator; supervisor

feitheoireacht *nf3* supervision

feithicil (*gs feithicle*, *pl feithiclí*) *nf2*
vehicle

feithid *nf2* insect

feithidicíd *nf2* insecticide

féithleann *nm1* honeysuckle

féithleog *nf2* vine

feitis *nf2* fetish

feochadán *nm1* thistle

feod *nm1* (*HIST*) fief

feodach *adj* (*HIST*) feudal

feigh *vi* decay, wither

feoil (*pl feolta*, *gs feolta*) *nf3* flesh; meat

feilséantach *adj* vegetarian

feilséantóir *nm3* vegetarian

feoite *vadj* withered, decayed

feola, **feolta** *see feoil*

feolamán *nm1* fat person, fatty

feolmhar *adj* flabby; fleshy

feothan *nm1* breeze; gust

fh (*remove "h"*) *see f...*

fhaca *etc vb see feic*

fí *nf4* (*hair*) plait(ing)

fia (*pl -nna*) *nm4* (roe) deer; **fia rua** (red)
deer • *adj* wild

fíabheatha *nf4* wildlife

fiabhras *nm1* fever; **fiabhras**

léana/dearg hay/scarlet fever; **fiabhras breac** typhoid

fíabhrasach *adj* feverish

fíacail (*pl fíacla*) *nf2* (*ANAT, TECH*) tooth;

fíacla bréige false teeth, dentures; **fíacail**

forais wisdom tooth; **rud a rá faoi** or **trí**

d'fhíacla to mutter sth; **rud a rá gan**

fíacail a chur ann to say sth bluntly

fíach¹ (*gs féich*, *nom pl -a*, *gpl fíach*) *nm1*
debt; obligation; offense; **fíach a**

ghlanadh to pay off a debt; **bheith i**

bhfíacha to be in debt; **fíacha a bheith ag duine ort** to be in sb's debt; **fíacha a**

bheith ort rud a dhéanamh to have to do sth

fíach² *nm1* hunt(ing), chase • *vt* hunt, chase

fíach³ (*gs fíaign*, *nom pl -a*, *gpl fíach*) *nm1*
raven

fíachais *nmpl1* liability

fíachas *nm1* (*COMM*) liability

fíachóir *nm3* debtor

fíacla *see fíacail*

fíaclach *adj* toothed; serrated

fíaclóir *nm3* dentist

fíaclóireacht *nf3* dentistry

fiadhúlra *nm4* wildlife

fíafheoil *nf3* venison

fíafraí (*gs, pl fíafraithe*) *nm* inquiry, question

fíafraigh (*vn fíafraí*) *vi, vt* inquire, ask;

rud a fhiafraí de dhuine to ask sb sth;

fíafraí faoi rud to inquire about sth

fíafraitheach *adj* inquisitive

fiagai *nm4* hunter

fíaille *nf4* weed(s)

fíailnimh *nf2* weedkiller

fíáin *adj* wild; primitive, savage;
(*behaviour*) riotous; (*land*) uncultivated

fial¹ *nm1* veil; screen; veil

fial² (*gsm féil*, *gsf, compar féile*) *adj*
generous; lavish

fíamh *nm4* grudge; spite; **fíamh a bheith agat le duine** to have a grudge against sb

fíanaise *nf4* evidence, testimony; **fíanaise a thabhairt** to testify; **i bhfíanaise duine** in the presence of sb

fíancé *nm4* fiancé(e)

Fiann (*gs Féinne*, *gpl Fiann*, *pl -a*) *nf2*
(*HIST, MYTHOLOGY*) the Fianna; **cothrom na**

Féinne fair play; **Fianna Fáil** Fianna Fáil political party

fiannaíocht *nf3*: **An Fhíannaíocht**

(*MYTHOLOGY*) The Fenian Cycle

fiannaíochta *n gen as adj* (*MYTHOLOGY*) Fenian

fíánta *adj* wild; fierce, savage

fíántas *nm1* wildness; wildness

onóir (*pl onóracha*) *nf3* honour; **a Onóir** Your Honour; **ar m'ónóir** upon my honour; **in onóir duine** or **le honóir do dhuine** in sb's honour; **céim onóracha** (*UNIV*) honours degree
onórach *adj* hono(u)rable; honorary
onóraigh *vt* honour; worship
onórú *nm* worship; reverence
optach *adj* optic
ór *nm1* gold; **ar ór ná ar airgead** not for any money; **Is fiú ór í she's** as good as gold; **ór Muire** marigold
oraibh *see ar*¹
óráid *nf2* speech; talk; address; **óráid a thabhairt** to make a speech
óráidí *nm4* orator, speaker
óraigh *vt* gild
orainn *see ar*¹
oraíste *nm4* (*fruit, colour*) orange • *adj* orange
Oráisteach *nm1* Orangeman • *adj* (*POL*) Orange
Orc *n*: **Inse Orc** the Orkneys
órcheardaí *nm4* goldsmith

ord¹ *nm1* sledgehammer
ord² *nm1* order; sequence; (*ADMIN, LAW*) procedure; **in/as ord** in/out of order; **ord aibítire** alphabetical order; **ord crábhaidh** religious order; **ord uimhreacha** numerical order; **ruadaí a chur in ord** to put things in order
ordaigh *vt* order; prescribe; **ordú do dhuine rud a dhéanamh** to order sb to do sth
ordaitheach *adj, nm1* (*GRAM*) imperative
ordaná *nm1* ordnance
órdhonn *adj* auburn
ordóg *nf2* thumb
ordú *nm* command; order; **ordú cúirte/béil** court/verbal order; **ordú poist** postal order; **pointe ordaithe** point of order
ordúil *adj* orderly, neat
orduimhir (*gs orduimhreach, pl orduimhreacha*) *nf* ordinal number
ordúlacht *nf3* tidiness, neatness; orderliness
órga *adj* golden
orgán *nm1* (*MUS, BIOL*) organ; **orgán béil** mouth organ
orgánach *adj* organic • *nm1* organism
orgásam *nm1* orgasm, climax
orla *nm4* vomiting; vomit
orlach (*pl orlaí*) *nm1* inch
orm *see ar*¹
ornáid *nf2* ornament; trinket
ornáideach *adj* ornamental; ornate
ornáidigh *vt* embellish; ornament
órnite *vadj* gilt
órphlátáilte *vadj* gold-plated
órsnáithe *nm4* gold braid
órshúlach *nm1* golden syrup
ort *see ar*¹
ortaipéideach *adj* orthopaedic
ortha *nf4* charm; spell
órhaisce *nf4* (*FIN*) gold reserve
orthu *see ar*¹
os *prep* over, above; **os ard/iseal** loud/low; **os cionn** + *gen* above, more than; in charge of; **os coinne, os comhair** + *gen* opposite, in front of
ós = **ó**¹ + **is**¹

ósais

ósais *nf2* oasis

oscail (*pres osclaíonn*) *vt, vi* open (up);

doras/do shúile a oscailt to open a door/one's eyes

oscailt *nf2* opening; **oscailt súl**

eye-opener; **bheith ar oscailt** (*door etc*) to be open

oscailte *vadj* open

oscailteacht *nf3* candour; openness

osclóir *nm3* opener

osna *nf4* sigh; **osna a ligean** to sigh

osnádúrtha *adj* supernatural

osnaigh *vi* sigh

ospidéal *nm1* hospital

osréalach *adj* surreal, surrealist

ósta *nm4* lodging; **teach ósta** inn, public house

óstach *nm1* host/hostess

555

Ostair *nf2: an Ostair* Austria

óstán *nm1* hotel

Ostarach *adj, nm1* Austrian

osteilgeoir *nm3* overhead projector, OHP

óstlann *nf2* hotel

óstlannaí *nm4* hotelier

ostrais *nf2* ostrich

otair *adj* gross, vulgar; obese

oth *n: is oth liom (go)* I regret (that), I'm sorry (that)

othar *nm1* patient; invalid; **othar**

seachtrach/cónaitheach

outpatient/inpatient

otharcharr (*pl ~anna*) *nm1* ambulance

otharlann *nf2* hospital, infirmary

othras *nm1* ulcer; illness

ózón *nm1* ozone

ózón

P

pá *nm4* pay; wages; wage; earnings
pábháil *vt* pave ♦ *nf3* paving, pavement;
loch phábhála paving stone
paca *nm4* pack; packet; **paca cártaí** pack
of cards; **do lámh a chur i bpaca** to
throw in one's hand
pacáil *vt, vi* pack ♦ *nf3* packing
pacáilte *vdj* packed
pacáiste *nm4* package
Pacastáin *nf2*: **an Phacastáin** Pakistan
Pacastánach *adj*, *nm1* Pakistani
pachaille *nf4* bunion
págánach *nm1* pagan, heathen
págánta *adj* pagan, heathen
págántacht *nf3* paganism
paicéad *nm1* packet
paidir (*gs paidre, pl paidreacha*) *nf2*
prayer; **an Phaidir** the Lord's Prayer;
paidir chapail a dhéanamh de scéal to
drag a story out; to make a hash of a
story
paidrín *nm4* rosary; rosary beads; **an**
Paidrín the Rosary
Páil *nf2*: **an Pháil** (*HIST*) the Pale
pailéad *nm1* palette
pailín *nf2* pollen
paillíun *nm1* pavilion
pailm (*pl ~eacha*) *nf2* palm (tree)
pailnigh *vt* pollenate
pailniú *nm* pollination
paimfléad *nm1* pamphlet; brochure
paincréas *nm1* pancreas
paindiach *adj* pantheist
paindiachas *nm1* pantheism
painéal *nm1* panel; (*AUT*) dashboard
painéaladh (*gs painéalta*) *nm* panelling
páipéar *nm1* paper; **páipéar balla**
wallpaper; **páipéar bán** (*POL*) white
paper; **páipéar carbóin** carbon paper;
páipéar leithris toilet paper; **páipéar**
litreacha notepaper; **páipéar nuachta**
newspaper; **páipéar scríbhneoireachta**
writing paper; **páipéar súite** blotting
paper

páipéarachas *nm1* stationery
páipéir *n gen as adj* paper; **mála páipéir**
paper bag
páirc (*pl ~eanna*) *nf2* park; field; **páirc**
imeartha pitch, playing field; **páirc**
théama theme park
páirceáil *vt, vi* park ♦ *nf3* parking
páircíneach *adj* (*material*) checked
pairifín *nm4* paraffin
pairilis *nf2* paralysis
pairiliseach *adj* paralytic
páirín *nm4* sandpaper
páirt (*pl ~eanna*) *nf2* part; role;
association; **páirt a dhéanamh** to act a
part; **páirt a ghlacadh i rud** to take part
in sth; **dul i bpáirt le duine** to join *or*
side with sb; **níl baint ná páirt aga leo** I
have nothing whatsoever to do with
them; **páirteanna spártha** spare parts
páirtaimseartha *adj* part-time
páirteach *adj* participating; sharing;
sympathetic; **bheith páirteach i rud** to
be involved *or* participate in sth
páirteachas *nm1* participation
páirteagal *nm1* (*LING*) particle
páirtí *nm4* (*also POL*) party; partner; **An**
Páirtí Glas the Green Party; **Páirtí an**
Lucht Oibre Labour, the Labour Party
páirtíneach *nm1* partisan
páirtíocht *nf3* partnership
páis *nf2* (*REL*) passion, suffering; **Páis**
Chríost the Passion of Christ; **Seachtain**
na Páise Passion Week, Holy Week
paisean *nm1* (*emotion*) passion
paiseanta *adj* passionate
paisinéir *nm3* passenger
paiste *nm4* patch; **paiste a chur ar rud** to
patch sth
páiste *nm4* child; youngster; infant;
páiste aonair an only child
paisteáil *vt* patch
paistéartha *vdj* pasteurized
paistil *nf2* pastille
páistiúil *adj* childish, infantile

páistiúlacht *nf3* childishness
paiteanta *adj* patent; precise, correct; **rud a dhéanamh go paiteanta** to do sth expertly
paiteolaí *nm4* pathologist
paiteolaíoch *adj* pathological
paitín *nm4* clog
paitinn *nf2* patent; **cearta paitinne** patent rights
paitinnigh *vt* patent
Palaistín *nf2: an Phalaistín* Palestine
Palaistíneach *adj, nm1* Palestinian
pálás *nm1* palace
paltóg *nf2* blow, thump; **paltóg a bhualadh ar dhuine** to wallop sb
pána *nm4* pane; **pána fuinneoige** window pane
pancóg *nf2* pancake
panda *nm4* panda
panna *nm4* pan
pantaimim *nf2* pantomime
pantar *nm1* panther
pantrach *nf2* pantry
pápa *nm4* pope
pápach *adj* papal
pápacht *nf3* papacy
pápaire *nm4* papist
pár *nm1* parchment; **rud a chur ar pár** to record sth
parabal *nm1* parable
paradacsá *nm4* paradox
paradacsúil *adj* paradoxical
paragraf *nm1* paragraph
Paragua *nm4* Paraguay
paráid *nf2* parade
parailéal *nm1* parallel; **i bparailéal le** parallel with
parailéalach *adj* parallel
paramíleatach *adj, nm1* paramilitary
paraisiút *nm1* parachute
paranáia *nf4* paranoia
paranáiaich *adj* paranoid
Páras *nm4* Paris
Párasach *adj, nm1* Parisian
parasól *nm1* parasol
paratrúipéir *nm3* paratrooper
pardóg *nf2* pad; pannier
pardún *nm1* pardon; **tugadh pardún**

dóibh they were pardoned; **gabhaim pardún agat!** pardon me!, I beg your pardon!
parlaimint *nf2* parliament; **teachta parlaiminte Hove** the MP for Hove;
Parlaimint na hEorpa European Parliament
parlaiminteach *adj* parliamentary
parlús *nm1* parlour, sitting-room
paróiste *nm4* parish
paróisteach *nm1* parishioner • *adj* parochial
párolla *nm4* payroll
parthas *nm1* (*REL, also fig*) paradise; **Gairdín Parthais** the Garden of Eden
parúl *nm1* parole; **ar parúl** on parole
pas (*pl ~anna*) *nm4* pass; permit; passport;
pas a fháil (*SCOL*) to pass; **pas a thabhairt do dhuine** (*SPORT*) to pass to sb; **pas láimhe** hand-pass • *as adv* rather, somewhat; **pas beag ró-mhór** a shade too large
pasáil *vt, vi* (*SCOL, SPORT*) pass
pasáiste *nm4* passage; corridor; gangway
pasleabhar *nm1* passbook
pasta *nm4* pasta
pastae *nm4* pasty
pataire *nm1* tot
páté *nm4* pâté
patraisc *nf2* partridge
patról *nm1* patrol; **patról a dhéanamh** to patrol
patrólcharr *nm1* patrol car
patrún *nm1* pattern, design
pátrún *nm1* patron; (*REL*) pattern
pátrúnach *nf3* patronage
patuar *adj* lukewarm, tepid; (*person*) apathetic
pé *pron, adj, conj* whoever; whatever; whichever; whether; **pé scéal é** anyhow;
pé hiad féin whoever they are; **pé ann nó as é** whether he's there or not; **pé acu a rinne é** whichever of them did it; **pé ar bith duine** whatever person
péac *vt, vi* sprout, shoot; **germinate** • *nf2* point, peak; prod; effort; **beith i ndeireadh na péice** to be on one's last legs

peaca *nm4* sin; **peaca**
marfach/solathach mortal/venial sin;
peaca an tsinsir original sin; **peaca a dhéanamh** to commit (a) sin; **is mór an peaca** é it's a crying shame
peacach *nm1* sinner • *adj* sinful
peacach *adj* colourful; gaudy, flashy
peacaigh *vi* sin
peacán *nm1* (BOT) shoot, sprout
peacóg *nf2* peacock
peacúil *adj* sinful
peann *nm1* pen; **peann**
gránbhiorach/tobair ballpoint/fountain pen; **peann luaidhe** pencil
peannaid *nf2* penance; pain
peannaideach *adj* penal; painful
péarla *nm4* pearl
pearóid *nf2* parrot
pearsa (*gs, gpl ~n, pl ~nna*) *nf* person; (*lit.*, *THEAT*) character
pearsanaigh *vt* impersonate
pearsanra *nm4* personnel
pearsanta *adj* personal
pearsantacht *nf3* personality
pearsantaigh *vt* personify
pearsantú *nm* personification
péas (*pl péas*) *nm4* policeman; **na péas** the police
peasghadaí *nm4* pickpocket
peata *nm4* pet; **peata a dhéanamh de dhuine** to pamper sb; **peata an mhúinteora** teacher's pet
péatar *nm1* pewter
péicínéach *nm1* (DOG) Pekin(g)ese
péidiatraic *nf2* paediatrics
peil *nf2* football; **cluiche peile** game of football; **peil mheiriceánach** American football
peilbheach *adj* pelvic
peilbheas *nm1* pelvis
peileacán *nm1* pelican
peileadóir *nm3* footballer
péindlí (*pl ~the*) *nm4* penal law; **Na Péindlíthe** (*HIST*) the Penal Laws
peíne¹ *see* pian
peíne² *nm4* (TREE) pine
peíneas *nm1* penis
peinicillin *nf2* penicillin

peínt *nf2* paint; “**peínt úr**” “wet paint”
peinteagán *nm1* pentagon
peínteáil *nf3* painting; paintwork • *vt, vi* paint
peíntéir *nm3* painter
peíntéireacht *nf3* (ART) painting
péire *nm4* pair
peireacót *nm1* petticoat
peiriméadar *nm1* perimeter
peiriúic *nf2* wig
Peirs *nf2*: an **Pheirs** Persia; **Murascaill na Peirse** the (Persian) Gulf
péirse *nf4* (FISH) perch
Peirseach *adj, nm1* Persian
peirsil *nf2* parsley
Peirsis *nf2* (LING) Persian
peirspéacs *nm4* Perspex
peirspictíocht *nf3* perspective
péist (*pl ~eanna*) *nf2* worm; reptile; monster; **péist chapail** or **chabáiste** caterpillar; **péist ribíneach/talún** tapeworm/earthworm
peíteal *nm1* petal
peitreál *nm1* petrol; **peitreál gan luaidhe** unleaded petrol
peitriliam *nm4* petroleum
péitseoig *nf2* peach
ph (*remove “h”*) *see* p...
 pí *nm4* (MATH) pi
piachán *nm1* hoarseness; **tá piachán i mo sceadamán** I'm hoarse
piachánach *adj* hoarse; husky
pian (*gs péine, pl ~ta*) *nf2* pain, ache; **pian a bheith ort** or **bheith i bpian** to be in pain; **pianta fáis** growing pains; **duine a chur as pian** to put sb out of his/her misery
pianmhar *adj* painful
pianmhúchán *nm1* painkiller
pianó (*pl ~nna*) *nm4* piano
pianódoir *nm3* pianist
pianpháis *nf2* anguish; **i bpianpháis** in agony
pianúil *adj* penal; painful
piardán *nm1* prawn
piardóg *nf2* (SALTWATER) crayfish
piasún *nm1* pheasant
píob (*pl píoba, gpl píob*) *nf2* (MUS) pipe;

(throat) windpipe; **píob mhála** bagpipe;
píob uilleann uilleann pipe(s)
píblíne *nf4* pipeline
pic *nf2* (tar) pitch
píce *nm4* (MIL) pike; (AGR) fork; (of cap) peak; **píce féir** hayfork
picéad *nm1* picket
picéadaigh *vt, vi* picket
píchart *nf2* pie-chart
picil *nf2, vt* pickle; **picilfí** pickles; (as condiment) pickle
picnic *nf2* picnic
pictiúr *nm1* picture; painting; scene; (PHOT) picture, shot; (CINE) movie, show;
pictiúr a thógáil or **a ghlacadh de rud** to take a picture of sth; **dul chuig an pictiúr** to go to the cinema; **pictiúr le Picasso** a painting by Picasso
pictiúrlann *nf2* cinema, movie house (US)
pictiúrtha *adj* picturesque
píle *nm4* (CONSTR) pile
piléar *nm1* bullet; pillar; **piléar a scaoileadh** to fire a bullet
píleár *nm1* cop
píleardhíonach *adj* bulletproof
píilirín *nm4* pinafore
píliúr *nm1* pillow
píllín *nm4* pad; small cushion
pílséar *nm1* pilchard
pinc *adj, nm4* pink
pingin (*pl -í, pl with nums ~e*) *nf2* penny; **níl pingin rua agam** I'm totally skint; **ar an phingin is airde** at the highest price
pinniúr *nm1* gable end; (SPORT) alley
pinse *nm4* (of salt etc) pinch
pinsean *nm1* pension; **dul ar pinsean** to retire; **bheith i dteideal pinsin** to be eligible for a pension
pínsinéir *nm3* pensioner; senior citizen
piob, píoba *see píob*
piobaire *nm4* piper
piobaireacht *nf3* piping; pipe music
piobán *nm1* (ANAT) pipe; windpipe; throat; tube; hose; **piobán gairdín** garden hose; **greim piobáin a fháil ar dhuine** to grab sb by the throat
piobar *nm1* pepper
pioic *vt* pick; select, choose; **piocadh ar**

rud (food) to nibble at sth; **piocadh ar dhuine** to pick on sb; (eyebrows, musical instrument, bird) pluck • *vi* pick; (bird) preen
pioic *nm4* iota; bit; **tá sí gach pioic chomh cliste leis** she's every bit as clever as him
piocadh (*gs* **pioctha**) *nm* pick, picking
piocaire *nm4* picker; **piocaire pócaí** pick-pocket
piochán *nm1* pore
piochánach *adj* porous
Piocht *nm3* Pict
piocóid *nf2* (tool) pick, pickaxe
piocúil *adj* neat; smart; quick on the uptake
pióg *nf2* pie; **pióg úil/mhionra** apple/mince pie
piollaire *nm4* pill; pellet; bung
piolóid *nf2* pillory; torture
piolóideach *adj* agonizing; tormenting
piolón *nm1* pylon
piolóta *nm4* pilot
piolótach *adj* pilot
piolótaigh *vt* pilot; fly
pioncás (*pl ~anna*) *nm1* pincushion
piongain *nf2* penguin
pionna *nm4* pin; peg; **pionna éadaigh** clothes peg; **pionna gruaige** hairpin
pionós *nm1* penalty; punishment; **pionós a chur ar dhuine** to punish or penalize sb; **pionós báis** death penalty, capital punishment; **pionós corpartha** corporal punishment
pionósach *adj* punitive
pionósaigh *vt* punish; penalize
pionsoireacht *nf3* (SPORT) fencing
pionsúirín *nm4* tweezers
pionsúr *nm1* pincers
pionta *nm4* pint
piopa *nm4* pipe; **do phíopa a dheargadh** to light one's pipe; **piopa sceite** (*in sink*) overflow
pioráid *nm4* pirate
pioráideacht *nf3* piracy
piorra *nm4* pear; **piorra abhcóide** avocado
piosa *nm4* piece, bit; (of rope etc) length;

(packed) lunch; **píosa páipéir/talaimh** piece of paper/land; **píosa den tráthnóna** part of the evening
piostal *nm1* pistol
piotón *nm1* python
Piréiní *nmpl*: **na Piréiní** the Pyrenees
piréis *nf2* pyrex
pirimid *nf2* pyramid
pis (*pl* ~eanna) *nf2* pea; **pis talún** peanut;
pis chumhra/mhór sweet/marrowfat pea
pisicín *nm4* kitten
pišeán *nm1* pea
pišeánach *nm1* (*CULIN, AGR*) pulse; chickpea
pišeog *nf2* charm; superstition
pišeogach *adj* superstitious
pit *nf2* vulva
piteog *nf2* sissy; effeminate man
piteogach *adj* effeminate
pitseámaí *nmpl4* pyjamas
piúratánach *adj, nm1* puritan(ical)
pixel *nm4* pixel
pizza *nm4* pizza
plá (*pl* ~nna) *nf4* pest; plague
plab *nm4, vt, vi* bang; slam
plac *vt, vi* guzzle, devour
plaic (*pl* ~eanna) *nf2* bite; (*trophy*) plaque;
plaic a bhaint as rud to take a bite out of sth
pláigh *vt* plague, pester
pláinéad *nm1* planet
pláinéadach *adj* planetary
plaisteach *adj, nm1* plastic
plait (*pl* ~eanna) *nf2* bald patch; scalp
plaiteach *adj* bald; patchy
pláitín *nm4* kneecap; small plate; (*of microscope*) stage
plámás *nm1* flattery, sweet-talk; **plámás a dhéanamh le duine** to flatter sb
plámásach *adj* flattering; cajoling
plámásaí *nm4* flatterer
plána *nm4* (*ART, MATH etc, tool*) plane;
plána mín a chur ar rud to smooth or gloss over sth
plánach *adj* plane
plánáil *vt* plane
planc *nm1* plank • *vt* beat; **rud a phlancadh síos** to plank sth down
plancstaí *nm4* plankxty

planctón *nm1* plancton
planda *nm4* plant
plandaigh *vt* (*AGR*) plant
plandáil *nf3* plantation • *vt* (*HIST*) plant, settle; **Plandáil Uladh** (*HIST*) the Ulster Plantation
plandlann *nf2* (*for plants*) nursery
plandóir *nm3* planter
plandúil *adj* vegetable, vegetal
plánna *see plá*
plás *nm1* level area; (*fish*) plaice; (*in street names*) place
plásaíocht *nf3* flattering, sweet-talk(ing)
plásánta *adj* smooth-talking
plásóg *nf2* lawn; green; **plásóg amais** putting green
plástar *nm1* plaster; **plástar Pháras** plaster of Paris
plástráil *vt, vi* plaster
pláta *nm4* plate; **pláta anraith** soup plate; plate of soup; **pláta te** hotplate
plátáil *nf3* armour; plating • *vt* plate; armour
plátáilte *adj* (*car, tank*) armoured
platanam *nm1* platinum
plátghloine *nf4* plate glass
plé *nm4* discussion; dealings; **níl aon phlé agam leo** I don't have any dealings with them
pléadáil *vt, vi* plead; dispute • *nf3* plea
plean (*pl* ~anna) *nm4* plan; design; **plean baile** town plan
pleanadóir *nm3* planner
pleanáil *vt, vi* plan • *nf3* planning;
pleanáil clainne family planning;
pleanáil baile town planning
pleanálaí *nm4* (*urban etc*) planner
pléaráca *nm4* revelry, romp; reveller
pléasc *nf2* (*pl* ~anna) bang, explosion
 • *vt, vi* explode, blow up; set off; go off; burst
pléascach *adj, nm1* (*LING*) plusive; explosive
pléascadh *nm* explosion
pléascán *nm1* explosive; bomb
pléasc-cheann *nm1* warhead
pléascóg *nf2* cracker; **pléascóg Nollag** Christmas cracker

pléata

pléata *nm4* pleatpléatach *adj* pleatedpléatáil *vt* pleatpleidhce *nm4* fool, idiotpleidhciócht *nf3* clowning, foolingpleidhciúil *adj* foolish, sillypléigh *vt, vi* debate, discuss; **rud a phlé** to discuss sth; **plé le rud/duine** to deal with sth/sbPléimeannach *adj* FlemishPléimeannais *nf2 (LING)* Flemishpléineáilte *adj* plainpléiseam *nm4* foolery; foolpléisiúr *nm1* pleasure; treat; **pléisiúr a bhaint as rud** to enjoy sth; **is mór an pléisiúr dul ann** it's a pleasure to go therepléisiúrtha *adj* pleasant, enjoyable, jolly; agreeablepleist (*pl ~eanna*) *nf2* splashpleota *nm4* fool, idiotplimp (*pl ~eanna*) *nf2* crash, bang; (*of thunder*) roar; **plimp thoirní** thunder clapplionta *nm4* plinthplobaire *nm4* blubberer, babblerplobaireacht *nf3* blubbery; babblingplobarnach *nf2* splashing; bubbling; gurglingplocóid *nf2* plug, bung; (*ELEC*) plugplód *nm1* crowdplódaigh *vt* crowd, mob ♦ *vi*: **plódú isteach** (*people*) to pour in, throngplódaithe *adj* crowded, busy, packedplódú (*gs plódaithe*) *nm* crush, jam; (*traffic etc*) congestionplota *nm4* plotpluais (*pl ~eanna*) *nf2* cave; denpluc *nf2* cheek; bulge; puckerplucaich *adj* chubby; puckerredplucaireacht *nf3* cheek; impudenceplucamas *nm1* mumpsplúch *vt* suffocate, asphyxiate; smother, stifle ♦ *vi* (*snow*) fall heavily; **bhí sé ag plúchadh sneachta** it was snowing heavilyplúchadh (*gs plúchta*) *nm* suffocation; asthma; **plúchadh sneachta** heavy snowfall

561

póilínigh

plúchtach *adj* stifling; (*room*) stuffypluda *nm4* mud; slushpludach *adj* muddy; slushypludchlár *nm1* dashboardpludgharda *nm4* mudguard, fender (*US*)pluga *nm4* plug; **pluga cluaise** earplugpluid (*pl ~eanna*) *nf2* blanketpluiméir *nm3* plumberpluiméireacht *nf3 (trade)* plumbingplúirín *nm4* little flower; indigo; **plúirín sneachta** snowdroppluis *nf2* plushpluma *nm4* plum; plumbplúr¹ *nm1* flower; blossom; **plúr na mban** the choicest of womenplúr² *nm1* flourplus (*pl ~anna*) *nm4* plus (sign)Plútó *nm4 (planet)* Plutopobal *nm1 (POL)* people; population; community; (*congregation*) parish; **an pobal** the public; **os comhair an phobail** in public; in the limelightpobalbhreith (*pl ~eanna*) *nf2* opinion poll; plebiscitepobalscoil (*pl ~eanna*) *nf2* community schoolpoblacht *nf3* republic; **Poblacht na hÉireann** the Republic of Irelandpoblachtach *adj, nm1* republicanpoblachtachas *nm1* republicanismpoc *nm1* buck, stag; strike; butt; (*SPORT*) puck; **poc saor** free puck; **poc amach** puck-out; **poc sleasa** side-line (cut)póca *nm4* pocketpocáil *vt* puck, strikepocán *nm1* he-goat, (small) bag, basketpócar *nm1 (CARDS)* pokerpocléimneach *nf2* frolickingpóg *nf2* kiss ♦ *vt, vi* kiss; **póg a thabhairt do dhúine** to kiss sbpoibleog *nf2* poplarpoiblí *adj* public; **go poiblí** publiclypoibligh *vt* publicize; make publicpoiblíocht *nf3* publicitypóigin *nm4 (kiss)* peckpóilín *nm4* policeman; **na póilíní** the policepóilínigh *vt* police

poimp *nf2* pomp
poimpéiseach *adj* pompous
pointe *nm4* point; dot; stage; **a dó pointe a trí** 2 point 3 (2.3); **pointe fócasach** focal point; **pointe cumhachta** power point; **pointe fiuchta** boiling point; **pointe imeachta** starting point; **pointe teicniúil** technicality; **ar an bpointe boise** immediately
pointeáil *vt* point, aim
pointeáilte *adj* fussy, particular; (*place*) tidy; (*dress*) smart
poipín *nm4* poppy
poír *nf2* (*BIOI*) pore
poirceallán *nm1* porcelain; **soithí poircealláin** china
poirín *nm4* small potato; pebble
poirse *nm4* porch
poirseáil *nf3*: **bheith ag poirseáil timpeall** to rummage or grope about
poirseálaí *nm4* prowler
poirtéir *nm3* porter
poistineacht *nf3* (doing) odd jobs
poit (*pl* ~eanna) *nf2* excessive drink(ing); hangover; **poit a bheith ort** to have a hangover; **poit a dhéanamh** to drink too much; **leigheas na póite a hól arís** the hair of the dog (that bit you)
poiteach *adj* (*person*) alcoholic, heavy-drinking
poitigéir *nm3* pharmacist, chemist
poitin *nm4* poteen
poitiúil *adj* intoxicating
poitseáil *nf3* poaching
poitseálaí *nm4* poacher
pol *nm1* (*GEOG, ELEC*) pole; **an Pol Theas/Thuaidh** The South/North Pole
polach *adj* (*GEOG, ELEC*) polar
polagán *nm1* polygon
polaimiailíteas *nm1* polio
Polainn *nf2*: **an Pholainn** Poland
Polainnis *nf2* (*LING*) Polish
polaitéin *nf2* polythene
polaitoír *nm3* politician
polaitíocht *nf3* politics; **polaitíocht na heite deise** right-wing politics
polaitiúil *adj* political
Polannach *adj* Polish • *nm1* Pole

polasaí *nm4* policy; **polasaí árachais** insurance policy; **polasaí uile-ghabhálach** (*INS*) comprehensive policy
polca *nm4* polka
poll *nm1* hole; pit; aperture; puddle; (*in tyre etc*) puncture; (*in road*) pothole • *vt* hole; penetrate; puncture; **poll cnaipe** buttonhole; **poll eochrach/amhairc** keyhole/peephole; **poll gainimh** sandpit; **poll móna** boghole; **poll sróine** nostril; **poll a chur i or ar rud** to make a hole in sth; **dul go tóin poill** to sink
polla *nm4* pole, pillar
polladh (*gs pollta*) *nm* perforation
polláire *nm4* (*ANAT*) nostril; buttonhole
polltach *adj* piercing, penetrating
póló *nm4* polo
pomagránait *nf2* pomegranate
pónaí *nm4* pony
pónaire *nf4* bean(s); **pónaire fhrancach/leathan** French/broad bean; **pónaire reatha** runner bean; **pónaire shoighe** soya bean
ponc (*pl* ~anna) *nm1* dot; point; full stop; **bheith i bponc** to be in a fix
poncaigh *vt* point, dot; punctuate
poncaíocht *nf3* punctuation
Pónán *nm1* Yank
Poncánach *adj* Yank(ee)
poncloisc (*vn* **poncscadh**) *vt* cauterize
poncúil *adj* punctual
poncúlacht *nf3* punctuality
pop *excl* pop
popcheol *nm1* (*MUS*) pop (music)
pór (*pl* ~tha) *nm1* seed; breed
póraigh *vt, vi* breed; propagate
pórghlan *adj* purebred
pornagrafaíocht *nf3* pornography
port *nm1* port, harbour; (*NAUT*) station; bank, embankment; **port a ghabháil** to make port
port *nm1* tune; (*kind of tune*) jig; **port béil** lilt; **port a sheinm** to play a tune; **do phort a athrú** to change one's tune; **tá mo phort seinnte** I'm done for
portach *nm1* bog
Portaingéalach *adj, nm1* Portuguese

Portaingéil *nf2*: an Phortaingéil Portugal
 Portaingéilis *nf2* (LING) Portuguese
 portaireacht *nf3* (MUS) lilting
 portán *nm1* crab; **An Portán** (ASTROL)
 Cancer
 pórtar *nm1* (drink) porter
 pórtfhíon *nm3* (wine) port
 pórtha *see* pór
 pórtheastas *nm1* pedigree
 Port Láirge *nm* Waterford
 portráid *nf2* portrait
 pós *vt, vi* marry, get married (to), wed
 pósadh (*gs* pósta, *pl* póstaí) *nm* marriage;
 (ceremony) wedding; **ceiliúr pósta a chur**
ar dhuine to propose to sb
 pósaí (*pl* ~tha) *nm4* posy
 posóid *nf2* (medicinal) concoction
 post¹ *nm1* post, mail; **An Post** the Irish
 Postal service; **post saor** Freepost; **le**
casadh an phoist by return (of post);
fear an phoist the postman; **oifig phoist**
 post office; **litir a chur sa bpost** to post a
 letter
 post² *nm1* post; appointment, job,
 position
 pósta *nm* married; marital; **stádas pósta**
 marital status; *see also* pósadh
 póstaer *nm1* poster
 póstaí *see* pósadh
 postaigh *vt* (MIL etc) post
 postáil *vt* (letter) post
 postas *nm1* postage
 postdiól *nm3* mail-order
 postmharc *nm1* postmark
 postoifig *nf2* post office
 postúlacht *nf3* conceit, self-importance
 pota *nm4* pot; (child's) potty; **pota calfe**
 coffeepot
 potaire *nm4* potter
 pótaire *nm4* drunk(ard)
 potaireacht *nf3* pottery
 pótaireacht *nf3* drunkenness; heavy
 drinking
 potbhiathag *vt* spoon-feed
 potrálaí *nm4* potterer; (*pej: doctor*) quack
 prácás *nm1* mess; a leithéid de phrácás!
 what a mess!
 praghas (*pl* praghsanna) *nm1* price;

praghas a chur ar rud to price sth
 praghasliosta *nm4* price list
 pragmatach *adj* pragmatic • *nm1*
 pragmatist
 pragmatachas *nm1* pragmatism
 práib *nf2* mush; (of mud) lump • *vt* daub
 práinn¹ (*pl* ~eacha) *nf2* urgency; hurry,
 rush; **tá práinn leis** it's urgent; **práinn a**
bheith ort to be in a rush
 práinn² *nf2* liking, affection; delight;
 pride; **práinn a bheith ort i or as rud** to
 be fond of sth, take pride in sth
 práinneach¹ *adj* urgent; imperative;
 pressing
 práinneach² *adj*: **bheith práinneach as**
or i rud to be fond of sth, be delighted
 with sth
 práisc *nf2* mess
 práiscín *nm4* apron
 praisciúil *adj* messy
 praiseach *nf2* mess, hash; thin porridge
 praiseachán *nm1* messer
 praiticiúil *adj* practical
 praiticiúlacht *nf3* practicality
 praitinniúil *adj* astute, clever; wise
 pram (*pl* ~anna) *nm4* pram, baby carriage
 (US)
 pramsáil *vi* prance (about)
 prap *adj* sudden; abrupt
 pras *adj* prompt; rapid; (*slogan*) snappy
 práis *nm1* brass
 práisach *adj* brazen, brassy
 práisóg *nf2* marzipan
 práta *nm4* potato
 preab *vt, vi* bounce; (*light*) flicker, jolt;
 (*heart*) pound, pulsate; throb • *nf2*
 bounce; jolt; spring, leap; **preab a**
bhaint as duine to make sb jump;
liathróid a phreabadh to bounce a ball;
éirí de phreab to jump up; **bheith i**
ndeireadh na preibe to be on one's last
 legs
 preabán *nm1* patch
 preabánach *adj* patched
 preabanta *adj* lively
 preabarnach *nf2* throbbing; jumping
 preabchlár *nm1* springboard
 preabshábh *nm1* (tool) jigsaw

préachán

préachán*nm1* (*bird*) rook, crow
préacht*avdj* freezing; perished
preas(*pl ~anna*) *nm3* press
preasagallamh*nm1* press conference
preasáil*vt* iron, press
préimh*nf2* premium
Preispitéireachd, *nm1* Presbyterian
príacal*nm1* risk, peril; **ar do phríacal féin** at one's own risk
príaclach*adj* risky; anxious
príbhéad*nm1* privet
príbhéid*nf2* privilege
príbhéideach*adj* privileged; articulate
printéir*nm3* (*machine*) printer
printíseach*nm1* trainee, apprentice
printíseacht*nf3* apprenticeship
príobháid*nf2* privacy
príobháideach*adj* private
príobháideacht*nf3* intimacy, privacy
príobháidiúnm privatization
príoc*vt* prick; prod, poke, goad
príocadh(*gs príoctha*) *nm* prick, prickle; prod
príocaire*nm4* (*tool*) poker
príoll*nf2* (*fool*) jerk
príomh-*prefix* chief, leading, main, major, prime, principal; (*food etc*) staple; (*in rank*) top
príomha*adj* prime, primary; premier
príomhach*adj*, *nm1* (*HIST, BIOL*) primate
príomháidh*nm4* (*REL*) primate
príomh-aire*nm4* (*POL*) prime minister, premier
príomhaisteoir*nm3* leading man/lady
príomhalt*nm1* editorial
príomhamhránaí*nm4* lead singer
príomhbheann*nf* first lady
príomhbhóthar*nm1* main road; major road
príomhchathair(*gs príomhchathrach*, *pl príomhchathracha*) *nf* capital (city)
príomhchócaire*nm4* head chef
príomhchonstáblan*nm4* chief constable
príomhfhrestalaí*nm4* head waiter
príomhlíonran*nm4* (*ELEC*) mains
príomhoide*nm4* head, headmaster, principal
príomhoifig*nf2* head office

564

promhadh

príomhpháirt*nf2* (*THEAT*) lead
príomhphíopa*nm4*: **príomhphíopa uisce** water main; **na príomhphíopaí** the mains
príomhscannán*nm1* feature film
príomhshráid*nf2* high street, main street
prionsa*nm4* prince; **Prionsa na Breataine Bige** the Prince of Wales
prionsabal*nm1* principle
príonta*nm4* print; type
príontáil*vt* print
príos(*pl ~anna*) *nm3* press, cupboard
príosún*nm1* prison, jail, penitentiary; imprisonment; **príosún a ghearradh ar dhuine** to sentence sb to prison; **príosún saoil** life sentence
príosúnach*nm1* prisoner
príosúnacht*nf3* imprisonment
prít*nf2* (*tool*) punch
prócan*nm4* urn; jar; **próca tae** tea urn; **próca suibhe** jam jar
prochóg*nf2* den; cave; hovel; recess
profan*nm4* (*TYPE*) proof
prognóis*nf2* prognosis
próibhinsen*nf4* (*REL*) province
próifíil*nf2* profile
proifisiúnta*adj* professional
proifisiúntacht*nf3* professionalism
proinn*nf2* meal
proinnseomran*nm4* dining room
proinnteach(*gs proinntí*, *pl proinntithe*) *nm* canteen; refectory; restaurant
Proinsiasach*adj*, *nm1* Franciscan
próiseáil*vt* process •*nf3* processing;
próiseáil focal word processing
próiseálaí*nm4* processor
próiseálán*nm1* processor; **próiseálán bia** food processor; **próiseálán focal** word processor
próiseas*nm1* process
próitéin*nf2* protein
promanád*nm1* (*by sea*) promenade
promh*vt* prove; test; try
promhadán*nm1* test tube
promhadh*nm1* proof; test; (*LAW*) probation; **bheith ar promhadh** to be on probation

prompa

- prompa** *nm4* rump
prós *nm1* prose
prótacal *nm1* protocol
Protastúnach *adj, nm1* Protestant
Protastúnachas *nm1* Protestantism
prúna *nm4* prune
pub *nm4* pub
puball *nm1* tent; **puball a chur suas** to pitch a tent
púca *nm4* ghost
púdál *nm1* poodle
púdar *nm1* powder; dust; **púdar bÁCála** baking powder; **púdar gallúnaí/níocháin** soap/washing powder; **púdar gunna** gunpowder
púdráil *vt* powder
púic (*pl ~eanna*) *nf2* blindfold; covering; scowl; **púic tae** tea cosy
púicín *nm4* blindfold; blinkers; scowl
puilpid *nf2* pulpit
puimcín *nm4* pumpkin
puinn *n* (*with neg*) not much; **níl puinn eolais aige** he hasn't a clue
puins (*pl ~eanna*) *nm4* (*drink*) punch
puipéad *nm1* puppet
púir (*pl ~eanna*) *nf2* flue; (*of smoke*) pall; (*of insects*) swarm
púirin *nm4* hovel; hutch

565

putóg

- puirtleog** *nf2* fluff; **puirtleog girsí a** chubby girl
puisín *nm4* kitten, pussy cat
puiteach *nm1* mud
puiti *nm4* putty
púitse *nm4* pouch
púl *nm4* (*game*) pool
pulc *vt, vi* gorge; crowd; (*scot*) cram
pumpa *nm4* pump
pumpáil *vt, vi* pump
punann *nf2* sheaf; (*COMM*) portfolio
punc *nm4* punk
punt *nm1* (*weight, money, enclosure*) pound; **punt steirling** pound sterling; **punt milseán** a pound of sweets
punta *nm4* (*boat*) punt
púrach *adj* calamitous; grief-stricken
purgadóir *nf3* purgatory
purgóid *nf2* laxative, purgative
púróg *nf2* pebble; (*MED*) stone
pus (*pl ~a*) *nm1* face; pout; snout; **pus a bheith ort** to sulk
pusach *adj* pouting; moody, huffy
puslach *nm1* muzzle
puh *nf2* puff
putóg *nf2* gut, intestine; **putóg dhubh** black pudding, blood pudding (*US*)

rá *nm4* saying; *see also abair*
rábach *adj* dashing; (*money etc*)
 extravagant; (*growth*) rank; (*victory*)
 rampant
rabairne *nf4* extravagance
rabhadh *nm1* warning; alarm; alert;
rabhadh a thabhairt do dhuine to warn
 sb; **clog rabhaidh** alarm clock
rabhán *nm1* (*of speech*) outburst; (*of*
coughing, laughter etc) fit
rabhartá *nm4* spring tide; flood
rabhchán *nm1* (*signal*) warning, alarm;
 beacon
rabhlaer *nm1* overall
rabhlóg *nf2* tongue twister
rac *nm4* rock (music)
raca *nm4* (*for guns, tools*) rack
ráca *nm4* (*tool*) rake
rácáil *vt* rake
racán *nm1* racket, row; rumpus;
 pandemonium; **racán a thógáil** to cause
 trouble
racánach *adj* rowdy, unruly
rachadh, rachaidh, rachainn *vb see*
téigh
ráchairt *nf2* demand; **bhí ráchairt ar ...**
 there was a run on ...
rachmas *nm1* wealth; (*FIN*) capital
rachmasach *adj* wealthy, well-off
racht (*pl -anna*) *nm3* (*of anger*) fit; (*of*
emotion) rush; outburst; **racht**
casachtaí/sciotáíola fit of
 coughing/giggles; **do racht a ligean**
 (**amach**) to let off steam
rachta *nm4* rafter; beam
rachtúil *adj* impassioned; vehement
racún *nm1* rac(c)oon
rad *vt, vi* throw, fling; (*horse*) rear, kick
radacach *adj* radical
radadh (*gs radta*) *nm1* showering; (*of*

Q

Q, q no letter "q" in Irish

R

horse) kick
radaighníomhach *adj* radioactive
radaíocht *nf3* radiation
radaitheoir *nm3* radiator
radar *nm1* radar
radharc *nm1* view, look; sight; (*THEAT*)
 scene, spectacle; **teacht i radharc** to
 come in sight; **dul as radharc** to
 disappear; **seomra a bhfuil radharc**
uaidh a room with a view; **radharc na**
súl eyesight; **radharc a fháil ar rud** to
 get a look at sth
radharcach *adj* visual, optical
radharceolaí *nm4* optician
radharcra *nm4* (*THEAT*) scenery; set
radúil *adj* radial-ply, radial
rafar *adj* thriving, prosperous
ráfla *nm4* rumour
rafta *nm4* (life) raft
ragairne *nm4* spree; revelry; **dul ar**
ragairne to go on the tear
ragobair (*gs ragoibre*) *nf2* overtime
ráib (*pl -eanna*) *nf2* sprint; swoop; (*BOT*)
 rape
raibh *etc vb see bí*
raibí *nm4* rabbi
raic¹ (*pl -eanna*) *nf2* wreckage; **adhmad**
raice driftwood
raic² *nf2* row, racket; uproar; **raic a**
thógáil to cause a row
raicéad *nm1* (*SPORT*) racket, racquet;
raicéad leadóige tennis racket
raiceáil *vt* wreck
raiceáilte *adj* ramshackle, run-down,
 dilapidated
raicíteach *adj* (*MED*) rickety
raicíteas *nm1* (*MED*) rickets
raicleach *nf2* (*inf?*) bitch
raidhfil *nm4* rifle
raidhse *nf4* plenty, profusion

raidhsiúil

raidhsiúil *adj* plentiful, abundant
raidió *nm4* radio; wireless; **ar an raidió** on the radio
raidis *nf2* radish; **raidis fhiáin** horseradish
ráig (*pl* ~eanna) *nf2* (of disease etc) outbreak; spurt; (of violence etc) spate
ráigi *nm4* bum, hobo, vagrant
raílí *nm4* rally
ráille *nm4* rail; railing; (*RAIL*) track, rail; **ráille tuáillí** towel rail; **ráillí** banisters
raiméis *nf2* nonsense; kidology; rigmarole
raimhre *nf4* fatness, thickness; **dul i raimhre** to become fat; *see also ramhar*
raingléis *nf2* wreck; **raingléis tí** ramshackle house
ráinigh *defective vb* reach; arrive; happen; **ráinigh le** succeed
rainse *nm4* ranch
ráite *vadj* said; *see also abair*
ráiteachas *nm1* saying, expression
ráiteas *nm1* statement
raiteog *nf2* hussy, tart
ráithe *nf4* season; (of year) quarter
ráitheachán *nm1* quarterly
ráithiúil *adj* quarterly
rraithneach *nf2* bracken; fern
ramallach *adj* slimy
ramallae *nm4* slime
ramás *nm1* doggerel, bad poetry
rámh *nm3* oar
rámhaigh *vt, vi* row
rámhaille *nf4* raving; delirium; fancies, notions; **rámhaille na hóige** youthful fancies; **bheith ag rámhaille** to rave
rámhailleach *adj* raving, delirious
rámhainn *nf2* spade
rámhaíocht *nf3* rowing
ramhar (*gsf, compar raimhre, pl ramhra*) *adj* fat, thick, plump; **cloigeann ramhar** hangover; **ramhar sa réasún** unreasoning
rámhcheol *nm1* rave music
ramhraigh *vt, vi* fatten
rancás *nm1* frolicking
randamrochtain *nf3* random access
rang (*pl* ~anna) *nm3* rank; (*SCOL*) class; (*line*) row
rangabháil *nf3* participle
rangaigh *vt* classify; grade; sort

567

rathaigh

rangú *nm* category; classification; grading
rann¹, **ranna** *see roinn²*
rann² *nm1* verse, rhyme; **rann páistí** nursery rhymes
rannach *adj* departmental
rannán *nm1* sector; (*MIL*) division
ranniocaíocht *nf3* contribution
rannóg *nf2* section; (*postal*) sector
rannóir *nm3* container; dispenser; **rannóir airgid** cash dispenser
rannpháirt *nf2* participation, involvement
rannpháirteach *adj* partaking; involved; contributory; **bheith rannpháirteach i rud** to be involved in sth
rannpháirteachas *nm1* participation
rannpháirtí *nm4* participant, partaker; subscriber
rannnta *see roinnt*
ransaigh *vt* ransack; rummage through; rifle through
raon (*pl* ~ta) *nm1* range; path; (*SPORT*) track; **raon faoi bhéal** point-blank range; **raon rásaí** race track; **raon cluas** earshot; **as raon** out of range
raonchulaith *nf2* tracksuit
rapcheol *nm1* rap music
rás *nm3* race
rásáil *vt, vi* (*engine*) race
rásaíocht *nf3* racing
rásáanta *adj* facetious
ráschúrsa *nm4* racecourse
raspa *nm4* rasp, file; **raspa ingne** nailfile
rásúr *nm1* razor
ráta *nm4* rate; **ráta bainc/malairte/úis** bank/exchange/interest rate; **rátaí** (*tax*) rates
rath *nm3* success; prosperity; good; **tá rath ar an ngnó** the business is thriving; **rath a ghuí ar dhuine** to wish sb well; **de rath Dé** by the grace of God; **rud a chur ó rath** to render sth useless
ráth¹ *nm3* (*IRL: HIST*) ring fort, rath; **ráth sneachta** snowdrift
ráth² *nm3* guarantee
ráth³ *nf3* (*of fish*) shoal
rathaigh *vi* thrive, succeed ♦ **vt** bring success to

ráthaigh *vt* guarantee
ráthaíocht *nf3* guarantee; **faoi ráthaíocht** under guarantee
ráthóir *nm3* guarantor
rathúil *adj* successful; thriving; prosperous
rathúnas *nm1* prosperity, fortune; abundance
re *adj*: **gach re lá/fear** every second day/man
ré¹ (*pl* ~**anna**) *nf4* (period of) time, age; life span; era; moon; **roimh ré** in advance; **an Ré Órga** the Golden Age; **le mo ré** in my lifetime; **uair sa ré** once a month
ré² *nf4* flat land
ré³ *nm4* (*MUS*) re
réab *vt* tear, rip up; shatter; violate
réabhlóid *nf2* revolution
réabhlóideach *adj* revolutionary
réabhlóidí *nm4* revolutionary
reacaire *nm4* seller, vendor; gossip, scandalmonger
recht (*pl* ~**anna**) *nm3* statute; law; **an recht diaga/scríofa** the divine/written law; **riail agus recht** law and order
reachtach *adj* legislative
reachtaigh *vt, vi* legislate; decree; enact
reachtáil *nf3* (*of business etc*) running * ♦ *vt, vi* run; operate
reachtaíocht *nf3* legislation
reachtaire *nm4* steward; rector; administrator
reachtas *nm1* administration; stewardship
reachtúil *adj* statutory
readach *adj* real; **eastát readach** real estate
readaigh *vt* (*scheme, dream*) realize
readán *nm1* woodworm
readlann *nf2* observatory
readóir *nm3* teetotaller, Pioneer
readú *nm* (*COMM*) realization
readúil *adj* real, realistic
readuimhir *nf* real number
real *vt* (*PHOT*) develop
realachas *nm1* realism
realadh *nm* (*PHOT*) processing, development
realai *nm4* realist

réalaíocht *adj* realistic
realóir *nm3* (*PHOT*) developer
réalt- *prefix* star-; astro-; stellar
réalta *nf4* star; (*TYPE*) asterisk; (*celebrity*) star; **réalta reatha** shooting star; **réalta scuaibe** comet; **an réalta thuaidh** the north star
réaltach *adj* starry; astral
réaltacht *nf3* reality; clarity
réaltbhuíon *nf2* constellation
réalteolaíocht *nf3* astronomy
réaltóg *nf2* (small) star
realtra *nm4* galaxy
réama *nm4* catarrh; phlegm
réamh- *prefix* pre-, ante-, fore-, in advance
réamh-aire *nf4* precaution
réamhaisnéis *nf2* forecast; **réamhaisnéis na haimsire** the weather forecast
réamhaithris *vt* predict
réamhbheartaigh *vt* premeditate
réamhbheartaithe *adj* premeditated
réamhbhlaiseadh (*gs* **réamhbhlaiste**) *nm* (*CINE, TV*) trailer
réamhbhllas *nm1* foretaste
réamhcheannach *nm1* preemption
réamhcheol (*pl* ~**ta**) *nm1* (*MUS*) overture
réamhchinneadh (*gs* **réamhchinnte**) *nm* predestination
réamhchlaonadh (*gs* **réamhchlaonta**) *nm* prejudice
réamhchlaonta *adj* prejudiced
réamhchogaidh *n gen as adj* prewar
réamhchoinníol *nm1* precondition
réamhchúirt *nf2* forecourt
réamhchúram (*pl* **réamhchúraimí**) *nm1* precaution
réamhdhátaigh *vt* backdate
réamhdhéanta *adj* prefabricated; ready-made
réamhdhéantán *nm1* prefab
réamhdhréacht *nm3* rough copy; (*MUS*) prelude
réamheolaire *nm4* prospectus
réamhfhéachaint *nf3* foresight
réamhfhios (*gs* **réamhfheasa**) *nm3* foreknowledge
réamhfhocal *nm1* preposition
réamhghabh *vt* anticipate

réamhíoc

réamhíoc *vt* prepay
réamhíocaíocht *nf3* advance payment
réamhíoctha *adj* prepaid
réamhleagan *nm1* premise
réamhléiriú *nm* (THEAT) rehearsal;
 réamhléiriú feistithe dress rehearsal
réamh-mheastachán *nm1* (estimate)
 projection
réamhordú *nm* advance booking
réamhphósta *adj* premarital
réamhrá (*pl* ~ite) *nm4* introduction;
 preface
réamhráite *adj* aforementioned; *see also*
 réamhrá
réamhriachtanas *nm1* prerequisite
réamhscoile *n gen as adj* pre-school
réamhshampla *nm4* precedent
réamhstairiúil *adj* prehistoric
réamhthaispeántas *nm1* preview
réamhtheachtaí *nm4* predecessor; (GRAM)
 antecedent
réamhthoghchán *nm1* (election) primary
reann, reanna *see* rinn^{1,2}
réanna *see* ré
reasún *nm1* reason; sense; cause; **tá or**
 luonn sé le reasún (go) it stands to
 reason (that); **dul chun reasún le duine**
 to reason with sb; **reasún a thabhairt le**
 rud to give a reason for sth
reasúnach *adj* rational
reasúnachas *nm1* rationalism
reasúnaigh *vt* reason; rationalize
reasúnaíocht *nf3* rationale, reasoning
reasúnta *adj* reasonable; moderate;
 reasúnta mór reasonably big
reatha *see* rith
reathaí *nm4* runner
reathaíocht *nf3* running
réchas *vt, vi* (engine) idle, tick over
réchúiseach *adj* easy-going, laid-back;
 unconcerned
reibhe *see* riabh
reibiliún *nm1* rebellion
reibiliúnach *adj* rebellious
reic (*pl* ~eanna) *nm3* sale; recital ♦ *vt, vi*
 sell; peddle; recite; betray
reiciúil *adj* degenerate, dissolute
reicneáil *nf3* reckoning

569

réise

réidh *adj* smooth; level; easy; ready, set;
bheith réidh i rud to be indifferent to
sth; **is réidh agat a bheith ag caint** it's
easy for you to talk; **bheith réidh le rud**
to be finished with sth; **níl sé réidh go**
fóill it is not finished yet; **réidh le**
himeacht ready to go
réidhe *nf4* smoothness; levelness;
 easiness; readiness
Reifirméisean *nm1*: **an Reifirméisean**
 the Reformation
reifreann *nm1* referendum
réigiún *nm1* region
réigiúnach *adj* regional
réileán *nm1* level area; (SPORT) green
reilig *nf2* graveyard, cemetery
reiligire *nm4* gravedigger
reiligiún *nm1* religion
reiligiúnach *adj* religious
réiltín *nm4* asterisk; (CINE) starlet
réim (*pl* ~eanna) *nf2* régime; career;
 range, bracket; (fig) field; **teacht i réim**
 to take office; **bheith i réim** to be in
 power; **gnás atá faoi réim** a usage that
 prevails; **réim praghasanna** scale of
 charges; **réim bia** diet; **bheith i mbarra**
 do réime to be at one's peak
réimeas *nm1* reign; regime
réimír (*pl* ~eanna) *nf2* prefix
réimnigh *vt* sort, arrange; (GRAM)
 conjugate
réimniú (*gs* réimnithe) *nm* (GRAM)
 conjugation
réimse *nm4* range, scope; gamut; (of river
 etc) reach; (of sand etc) stretch; (GEOG)
 tract; (COMPUT) field
Réin *nf2*: **an Réin** the Rhine
réinfhia (*pl* ~nna) *nm4* reindeer
reiptíl *nf2* reptile
réir *nf2* will; wish; **de réir a chéile**
 gradually; **bheith faoi réir duine** to be at
 sb's service; **de réir + gen** according to;
 dá réir accordingly; **agus dá réir sin** and
 so on; **de réir an sceidil** on schedule;
 faoi réir ready, available; **bheith faoi**
 réir an dlí to be subject to the law
réisc *see* riasc
réise *nf4* span

reismint *nf2* regiment
reismintiúil *adj* regimental
réiteach *nm1* (of problem) solution, answer; (of dispute) settlement; clearance, clearing; preparation; **teacht chun réitigh le duine** to come to an agreement with sb; **vóta réitigh** casting vote
réiteoir *nm3* referee; umpire; arbitrator
reithe *nm4* ram; **an Reithe** (*ASTROL*) Aries
réitigh *vt* (problem, difficulty) solve, resolve; iron or straighten out; (*dispute*) settle; (*path etc*) clear; prepare; **ní réitíonn an bia sin liom** that food does not agree with me; **do scornach a réiteach** to clear one's throat; **réiteach le duine** get on with sb; make peace with sb; **tú féin a réiteach** to get ready
reitine *nf4* retina
reitric *nf2* rhetoric
reo *nm4* frost
reoán *nm1* icing
reoánta *adj* (cake) iced
reogh *vt, vi* freeze; congeal
reoitheog *nf2* ice cream
reiteoir *nm3* freezer; icebox
reophointe *nm4* freezing point; **trí chéim faoi bhun an reophointe** 3 degrees below freezing
ré-uimhir (*gs ré-uimhreach, pl ré-uimhreacha*) *nf* even number
rí¹ (*pl ~the*) *nm4* king, sovereign, ruler, lord; **rí rua** chaffinch
rí² (*pl ~theacha*) *nf4* forearm
rí- *prefix* extremely, very; ultra-; royal
riabh (*gs réibhe*) *nf2* stripe; streak
riabhach *adj* striped; streaked; dull, dismal
riachtanach *adj* necessary; essential; vital
riachtanas *nm1* necessity; need; must; requirement; **in am an riachtanais** in time of need; **cuid an riachtanais** the bare essentials
riail (*gs rialach, pl rialacha*) *nf* rule; regulation; order, authority; **rialacha iompair** rules of conduct; **bheith faoi riail duine** to be ruled by sb; **an riail a chur ar rud** to run the rule over sth

riailbhéas (*gs, pl ~a*) *nm3* discipline; regular habit
riailaigh *vt* rule; reign, govern; regulate; control
riailitheoir *nm3* (*TECH*) controller
rialóir *nm3* (*for measuring*) ruler
rialta *adj* regular; (*order*) religious; **bean rialta** nun; **go rialta** regularly
rialtacht *nf3* regularity
rialtais *n gen as adj* (*POL*) governmental
rialtas *nm1* government; (*POL*) administration; **rialtas áitiúil** local government
rialtóir *nm3* (*sovereign etc*) ruler
rialú (*gs rialaithe*) *nm* rule, regulation; (*LAW*) ruling; control; **bord rialaithe** governing body
riamh *adv* ever; always; never; **níos lú ná riamh** less than ever; **bhí sé riamh lag** he was always weak; **ní fhaca mé riamh í** I never saw her; **an chéad lá riamh** the very first day
rian (*pl ~ta*) *nm1* mark; trace; track; (*of bullet etc*) trajectory; **rian fola** bloodstain; **dul ar ceann rian** to set the pace
rianaigh *vt* trace, draw
rianpháipéar *nm1* tracing paper
rianúil *adj* methodical; systematic
riar *vt* manage; give out, distribute; administer; (*food etc*) serve • *nm4* share, enough; administration; distribution; provision, supply; **riar ar or do** to provide for; **riar an iomláin** enough to go round; **riar cirt** administration of justice; **riar do cháis a fháil** to get enough for one's needs; **riar agus éileamh** supply and demand
riarachán *nm1* administration
riaráiste *nm4* arrears; backlog
riarthóir *nm3* administrator
riasc (*gs réisc, pl ~a*) *nm1* marsh
ribe *nm4* (strand of) hair; (*of grass*) blade; (*of beard*) bristle; (*ELEC*) filament; **ribe róibéis** shrimp
ribeach *adj* hairy; bristly
ribeog *nf2* shred; (small) hair; wisp
ribín *nm4* ribbon; band, string; (*SPORT*)

tape; **ribín tomhais** tape measure; **rud a stróiceadh ina ribíní** to cut sth to shreds
ríchathaoir (*gs* ~each, *pl* ~eacha) *nf* throne
rídhamhna *nm4* crown prince; royal heir
ridire *nm4* knight; (*in titles*) Sir
ridireacht *nf3* knighthood; chivalry
ridiriúil *adj* chivalrous; knightly
rige *nm4* (*also: rige ola*) (oil) rig
rigin (*gsf, pl, compar righne*) *adj* tough; stubborn; stiff; (*walk*) slow, sluggish
righneas *nm1* toughness; stubbornness; slowness
righnigh *vt, vi* toughen; stiffen
rigín *nm4* (NAUT) rigging; (KNITTING) rib
